Na Laoidigh, athair agus mac

Pádhraig Ó Giollagáin, B.Soc. Sc., B.A. T.T.G., PhD

PhD

Fiontar agus Scoil na Gaeilge

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

An Dr Uáitéar Mac Gearailt, Ollamh Comhlach le Gaeilge,
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

(stiúrthóir tráchtais)

An Dr. Gearóidín Uí Laighléis

(stiúrthóir tánaisteach)

Meán Fómhair 2021

Dearbhú

Dearbhaím leis seo gurb é mo shaothar féin amháin an t-ábhar seo atá á leagan isteach agam i gcomhair measúnaithe ar an gclár staidéir le haghaidh na dámhachtana PhD, agus go bhfuil gach cúram réasúnach glactha agam a dheimhniú, ar feadh m'eolais, gur saothar bunaidh é seo nach sáraíonn aon dlí cóipchirt, agus nár baineadh as saothar aon duine eile é ach amháin agus a mhéid go luaitear agus go n-aithnítear an saothar sin laistigh de théacs mo shaothairse.

_____

Pádhraig Ó Giollagáin

Uimhir aitheantais 16211773

5 Lúnasa 2021

Declaration

I hereby certify that this material, which I now submit for assessment on the programme of study leading to the award of Doctor of Philosophy, is entirely my own work, and that I have exercised reasonable care to ensure that the work is original, and does not to the best of my knowledge breach any law of copyright, and has not been taken from the work of others save and to the extent that such work has been cited and acknowledged within the text of my work.

Patrick Gilligan
Student Number 16211773

5 August 2021

Buíochas

Tá mé faoi chomaoin mhór ag na scoláirí a chuir cuntais le chéile faoi na Laoidigh agus faoi ghníomhaithe agus athbheochanóirí a linne, ina measc Énrí Ó Muirgheasa, Ciarán Bairéad, Séamas Ó Mórdha, Proinsias Mac Aonghusa, agus inár lá féin ach go háirithe, ag Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, ag an Ollamh Máirtín Ó Murchú agus ag an Ollamh Liam Mac Mathúna.

Is mian liom cuidiú fial na leabharlannaithe sa Leabharlann Náisiúnta, san Acadamh Ríoga agus i Leabharlann Uí Chriagáin a admháil. Tá mé buíoch mar an gcéanna d'Fhiontar do na suíomhanna idirlín, *ainm.ie* agus *logainm.ie*, atá faoina chúram, agus don Dr Pádraig Ó Cearbhaill, An Brainse Logainmneacha.

Ar na daoine a sholáthair bunábhar tábhachtach dom bhí Cuan Ó Seireadáin, Coimeádaí Chonradh na Gaeilge agus, ag tús an fhiontair, Mairéad Ní Chinnéide, *Comhar*. Ní mór dom Joan Lloyd Gallagher a lua go speisialta mar spreag sise an tráchtas sa chéad áit agus ar ndóigh chuir sí ábhar riachtanach ar fáil.

Thar aon duine eile tá mé faoi chomaoin ag an Dr. Uáitéar Mac Gearailt, dá scoláireacht, dá stiúradh, dá mheantóireacht, dá spéis agus dá dhíograis i leith ár dtaighde, dá thuiscint agus dá chairdeas, agus mar an gcéanna don Dr. Ríona Ní Chongáil agus don Dr. Gearóidín Uí Laighléis a bhí linn céimeanna ríthábhachtacha den aistear.

Mo bhuíochas do mo bhean chéile Monica agus dár gclann, gach duine den chúigear acu, a chuidigh liom go pearsanta, go hacadúil agus go teicniúil. Buíochas ar leith do mo Laoidigh féin, do Joan arís, do Lionel, do Phádhraig Óg, do Darina, d'Aengus, do Róisín, do Chormac agus d'Oscar. Do na scoláirí an taighde, tá súil agam, ach is dóibh siúd an scéal.

Clár an Tráchtais

		Leathanach
	Leathanach teidil	i
	Dearbhú	iii
	Buíochas	v
	Clár an tráchtais	vii
	Liosta giorrúchán	xi
	Míreanna grafacha	xii
	Achoimre	xix

Caibidil 1

Na Laoidigh: Forléargas

1.1	An tsaincheist taighde	1
1.2	Creatlach thráchtais	1

Cuid 2:

Léirbhreithniú litríochta agus foinsí ar líne

1.3	Foinsí ar líne	4
1.4	An Laoideach, eagarthóir IG	5
1.5	Na cuntais bheathaisnéiseacha	5
1.6	An Dr. Lloyd	5
1.7	Conradh na Gaeilge	6
1.8	Béaloideas	11
1.9	Drámaí	13
1.10	Oiriúnú ‘chaint na ndaoine’ don chlóchultúr.	14
1.11	Léirbhreithniú beathaisnéisí	17
1.12	Protastúnaigh ar son na Gaeilge	19
1.13	Athbheochanas agus Poblachtachas	20
1.14	Iriseoireacht na Gaeilge	22

Cuid a 3

I dtreo modheolaíochta

1.15	An mhodheolaíocht chartlainne.	22
1.16	‘An chartlann’	23
1.17	An ‘tost cartlainne’	23
1.18	Súil siar	24

Caibidil 2

Na Laoidigh

2.0	An cúlra i Londain agus in Éirinn.	26
2.1	Londain	27
2.2	Baile Átha Cliath	31
2.3	Anna Phair	33
2.4	Clann an Dr. J.H. Lloyd agus Anna Phair	36
2.5	An Dr. Joseph Henry Lloyd (ar lean)	37
2.6	Na cumainn léannta ina raibh an Dr. J.H. Lloyd cláraithe	42

2.7	Dr.J.H. Lloyd M.R.I.A.	44
2.8.	‘Professor of Languages	45
2.9	Yola	47
2.10	An cháilíocht LL.D	48
2.11	Scolaíocht Sheosaimh	48
2.12	Iar-bhunoideachas an Laoidigh	49
2.13	*Easy Lessons, or Self-Instruction in Irish*, le Uileag de Búrca.	50
2.14	Cár fhoghlaim an Laoideach a chuid Gaeilge?	52
2.15	Dr. J.H. Lloyd agus an Canónach Uileag de Búrca	54
2.16	Seosamh Laoide & Comhlacht Mórbhóithre Iarainn an Tuaiscirt	55
2.17	Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge	58
2.18.	An Dr. Lloyd agus Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge	62
2.19	Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge mar athbheochanóirí.	72
2.20	Seosamh Laoide i gCumann Buan-Choimeádta na Gaeilge	74
2.21	Coláiste na Tríonóide	81
2.22	Súil siar	84

Caibidil 3

An Laoideach agus *Irisleabhar na Gaedhilge,* 1891-1899

3.0	Réamhrá	86
3.1	IG i gcló: a shaolré go hachomair	87
3.2	Laoide agus Charles Percy Bushe	88
3.3.	Litir ón gCraoibhín.	92
3.4	Turais taiscéalaíocha eile	93
3.5	Toghairm Mhic Néill	94
3.6	Taiscéalaíocht in Ulaidh	96
3.7	An Dall Mac Cuarta	98
3.8	Seosamh Laoide, Conraitheoir	100
3.9	Gaeilge na Mumhan	101
3.10	Eagarthóireacht shealadach in 1894	101
3.11	*Séadna a*gus an Laoideach	102
3.12	Fearnaigh agus Énrí Ó Muirgheasa	105
3.13	Comhfhreagras an Laoidigh agus Énrí Uí Mhuirgheasa	108
3.14	Ar son na Gaeilge	110
3.15	Cruinnléargas ar Énrí Ó Muirgheasa	112
3.16	Dún na nGall: Pádraig Ó Gallchobhair	113
3.17	Greann na Gaedhilge 1897	115
3.18	Pádraig Ó Laoghaire.	116
3.19	Súil siar	118

Caibidil 4

An Laoideach, eagarthóir irise

4.0	Réamhrá	120
4.1	IG i gcúram an Laoidigh	120
4.2	An soláthar	121
4.3	An soláthar cruthaitheach	122
4.4	Prós cruthaitheach, úrscéalta	125
4.5	An drámaíocht agus an fhilíocht	127
4.6	Prós tras-scríofa	128
4.7	Soláthar Eoin Mhic Néill	128
4.8	Laoithe Fiannaíochta	131

4.9	An oidhreacht chlasaiceach: píosaí ilchineálacha.	131
4.10	Soláthar Kuno Meyer agus Whitley Stokes	133
4.11	Amhráin ó Co. na Mí	134
4.11.1	'Poll Tighe Liabáin'	135
4.12	Scéalta Fearnaí	137
4.13	Ó Méith: Eibhlín Ní Anluain, Droim Mullaigh.	138
4.14	Muintir Uí Fhaircheallaigh agus an Cabhán	140
4.15	Ard Mhacha: Gaeilge na bhFeadha	142
4.16	Ard Mhacha: Mac Cobhthaigh agus Ó Doirnín	144
4.17	An soláthar ó Dhún na nGall: D.Ó.M.	145
4.18	Béaloideas Chonnacht	154
4.19	Béaloideas na Mumhan	157
4.20	Pádraig Ó Laoghaire	158
4.21	Iarthar Chorcaí	160
4.22	Tuamhain	164
4.23	An Laoideach, léirmheastóir	167
4.24	*Cormac Ua Conaill*	168
4.25	*Grádh agus Crádh*	172
4.26	*An tÚrghort*	173
4.27	*Fíor Chláirseach na h-Éireann*	173
4.28	Paimfléid	175
4.29	Tréimhseacháin	177
4.30	An Gréasán Ceilteach	178
4.31	An Ghaeilge	180
4.32	An Laoideach mar eagarthóir irise	180
4.33	Conclúid	181
4.34	IS: Eagarthóireacht IG, Deireadh Fómhair 1902	182
4.35	'Caibidlí 5,6,7,' aistrithe go hAguisíní F, G, H	184

Caibidil 5

Ceann aistir

5.0	'Críoch an scéil ar iarraidh' agus an Ardfheis i gCill Airne	185
5.1	Díoltas an Bhráithreachais:	188
5.2	Ardfheis 1915 i nDún Dealgan	193
5.3	An Laoideach i ndiaidh na hArdfheise, 1915.	200
5.4	Foilsitheoireacht ar fionraí	202
5.5	An chomhaltacht in Illinois	203
5.6	Scéal an Laoidigh go Meán Fómhair 1939.	205
5.7	Oifig an Ardchuntasóra Ginearálta	205
5.8	An pósadh i Christ Church, Ealing.	209
5.9	Muintir Sharp	210
5.10	Everard W. Digby	214
5.11	Easláinte an Laoidigh	215
5.12	'An Dara Pearsain den Treodhathaidh Naomhtha'	219
5.13	'Éile'	221
5.14	Líomhain na spiaireachta	223
5.15	Líomhain na spiaireachta: an fhírinne.	227
5.16	Alt Uí Mhuirgheasa agus an comhfhreagras sa 'Leader', 1939	230
5.17	Comhfhreagras an Laoidigh agus Énrí Uí Mhuirgheasa.	237
5.18	Breith chóir ar Énrí Ó Muirgheasa.	239
5.19	An Laoideach ar scor:'Tadhg Ó Céin' agus blúiríní eile	241

5.20 Eipeagrafaíocht an Laoidigh, 245
5.21 Iarracht ar gearrscéal a scríobh 248
5.22 Stiofán Bairéad 250
5.23 An Laoideach agus na leabhair i 1920 agus ina dhiaidh 252
5.24 Leabhair an Chonartha agus an Laoidigh i ndiaidh 1916 253
5.25 Scéal na bhFáinní 253
5.26 'Comhráite le spioraid shean-Ghaeilgeoirí?' 264
5.27 Cuireadh chuig Áras an Uachtaráin 266
5.28 'Kingstown' agus ceann aistir 268

Caibidil 6

Conclúidí

6.1 An tsaincheist 278
6.2` Na Laoidigh 278
6.3 *Irisleabhar na Gaedhilge* agus an Laoideach 283
6.4 Leabhair an Chonartha 285
6.5 An Chomharthaíocht Phoiblí 287
6.6 An Laoideach agus éabhlóid na Nua-Ghaeilge liteartha. 288
6.7 Bailchríoch 290

Clár na nAguisíní

Aguisín A Scéal na Laoideach: creatlach thráchtais 291
Aguisín B Clann an Dr J.H. Lloyd agus Anna Phair 292
Aguisín C Na hAcadaimh Státseirbhíse 300
Aguisín D Clár Míreanna IG 1899 go 1902 302
Aguisín E Liosta Léirmheasanna as Innéacs Liam Mhic Pheaircín *Gníomh Dóchais IG 1882-1909* 316
Aguisín F An Laoideach, eagarthóir leabhar,1903-18 318
Aguisín G An Laoideach, saoririseoir 420
Aguisín H An Laoideach: dinnseanchas agus an chomharthaíocht phoiblí 438
Aguisín I Leabhair an Chonartha—cad a tharla dóibh? 483
Aguisín J Áireamh an Laoidigh ar a shaothar féin. 487
Aguisín K 'Gur chuireas foclóirí 7 tagartha leo: 36' 490
Aguisín L As a liostaí féin is féidir 89 leabhar a shonrú go bhféadfaí a rá gur chuir an Laoideach in eagar iad. 491
Aguisín M Aistí agus ailt SL 494
Aguisín N Litir SL chuig Ardfheis 1915 i nDún Dealgan 500

Leabharliosta an Tráchtais 515

Innéacsanna 534

Suíomhanna Idirlín 534

Cartlanna 534

Liosta Giorrúchán

ACS	An Claidheamh Soluis
ARÉ	Acadamh Ríoga na hÉireann
NLI	Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
IG	Irisleabhar na Gaedhilge
GJ	Gaelic Journal
SL	Seosamh Laoide
BÁC	Baile Átha Cliath
lch.	leathanach
lgh.	leathanaigh
Uimh.	Uimhir
NLI	Leabharlann Náisiúnta
vocab.	vocabulary
SPIL	Society for the Preservation of the Irish Language
IT	The Irish Times
DIB	Dictionary of Irish Biography, Acadamh Ríoga na hÉireann
Sr.	Sráid
ÉÓM	Énrí Ó Muirgheasa
F. an I.	Fear. an Irisleabhair
DFómhair	Deireadh Fómhair
MFómhair	Meán Fómhair
Fch	Féach
Ath.	Athair
Urr.	Urramach
ls	Lámhsgríbhinn
lss	Lámhsgríbhinní
GNRI	Great Northern Railway, Ireland

Míreanna grafacha

Caibidil 2

		Leathanach
1.	Sliocht as *The Wexford Independent*, 18 Nollaig 1875	27
2.	Teastas breithe Joseph Henry Lloyd, 14 Iúil 1840	28
3.	Sliocht as *A Dialect of Donegal* (Quiggin 1906:30)	30
4.	Sliocht as litir S.L. chuig ACS, 16 Aibreán 1910	31
5.	Teastais bhaiste chlann J.H. agus Anna Lloyd	32-33
6.	Teampall Peadar Naofa, Sráid Aungier, BÁC.	34
7.	Sliocht (Laoide) as Foirm A den Daonáireamh, 1901	34
8.	Teampall Naomh Finghin, Bóthar Adelaide, BÁC.	35
9.	Teastas pósta J.H. Lloyd agus Anna Phair	36
10.	Sliocht (lch. 102) as *Idioms of the German Language, together with the Proverbs (Lloyd, 1875)*	37
11.	Sliocht (lch. 89) as *Idioms of the German Language, together with the Proverbs (Lloyd, 1875)*	38
12.	Sliocht (lch. 2) as *Idioms of the German Language, together with the Proverbs (Lloyd, 1875)*	38
13.	Sliocht (lch. 8) as *Idioms of the German Language, together with the Proverbs (Lloyd, 1875)*	39
14.	Dán aistrithe (lch. 175) as *Idioms of the German Language, together with the Proverbs (Lloyd, 1875)* (The landlady's daughter)	41
15.	Dán aistrithe (lch. 184) as *Idioms of the German Language, together with the Proverbs (Lloyd, 1875)* (Sleep on, my heart)	41
16.	Lch. teidil leabhair an Dr. Lloyd	43
17.	Sliocht as liosta comhaltais sa *Journal of the Society of Arts*, 26 Meitheamh 1874	44
18.	Teastas ballraíochta an Dr. Lloyd mar bhall d'ARÉ (M.R.I.A.)	45
19.	Tuairisc san *Irish Times* 10 Samhain 1884	47
20.	Léarscáil leithinis Fhothart agus Ó Bairrche	47
21.	Clúdach *Easy Lessons, or Self-Instruction in Irish,* le Uileag de Búrca	50
22.	Sliocht (lch. 40) as *Easy Lessons, or Self-Instruction in Irish,* le Uileag de Búrca	51
23.	Sliocht (lgh. v, vi) as an réamhrá d'eagrán 1865 de *Easy Lessons, or Self-Instruction in Irish,* le Uileag de Búrca	52
24.	Barrtheideal *Irish Fireside* 6, Uimhir 133	53
25.	Sliocht as The Nation: tuairisc ar chruinniú SPIL	54
26.	Sliocht as tuairisc IT ar shochraid an Dr. Lloyd	55
27.	Ceannáras an GNR, Sr. Amiens	58
28.	Alt an Laoidigh sa DIB (ARÉ)	63
29.	Clár na mball as *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne*	64
30.	Clúdach *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne* 1, agus sonraí díolacháin priméar SPIL, as an tuairisc bhliantúil do 1879	65
31.	Dealbh Dhónaill Uí Chonaill, Sr. Uí Chonaill, BÁC.	68
32.	Síntiúsóirí agus síntiúis i gcabhair ar Anna Lloyd, IT 10 Samhain 1884	72
33.	An Dr. P.W. Joyce	75
34.	Clúdach *Oidhe Chloinne Uisnigh,*SPIL, eagrán 1911	80
35.	Coláiste na Tríonóide	81
36.	Fógra i bhFéilire Choláiste na Tríonóide, 1893	83

Caibidil 3

37. Litir C.P. Bushe chuig Seán Pléimeann, Meán Fómhair 1890, agus sampla d'aithris Brian Shaffery breactha síos ag S.L. 90
38. Véarsa as leagan Béarla de 'Cómhrádh idir an bás agus an cláiríneach' 90
39. Sliocht as an réamhrá do Imleabhar a hAon de *Simple Lessons in Irish* le hEoin Ó Gramhnaigh 92
40. Dréachtlitir thoghairme Mhic Néill, 12 Meitheamh 1893 95
41. Véarsa as *Cailín Deas Crúite na mBó*, IG Feabhra 1892 97
42. 'Allaidh Beirneach', (Ard Mhacha), IG Márta 1893 97
43. 'Sgaball Mhuire', (ortha, Ard Mhacha) IG Bealtaine1893 98
44. Tagairt ag ÉÓM, *Dánta Diadha Uladh*, (1933:122-123) 98
45. Véarsa as 'Rós bhán dheas' (Ard Mhacha), IG Samhain 1893 99
46. 'Coillte glasa an Triúcha', (Oiriallach) IG Meitheamh 1895 104
47. ÉÓM: clúdach a bheathaisnéise, 1974 105
48. 'An Fear ar an Roth'. 1895 106
49. Leathanach samplach as innéacs Fhrainc Uí Mhuirgheasa de na litreacha a sheol SL chuig ÉÓM. 109
50. Stad na traenach i nDún Dealgan 111
51. Niall Mac Giolla Bríde agus, ar dheis, an Piarsach, aturnae 114
52. Sliocht as dréachtlitir SL chuig an Coiste Gnótha, 1914 114

Caibidil 4

53. Leagan foghrúil Uí Annáin agus leagan ortagrafach Mhig Eacháin (Béaloideas 2011:70) de shliocht as 'Murchadh Beag agus Murchadh Mór' (Ard Mhacha) 143

Caibidil 5

54. Sliocht as tuairisc ACS ar imeachtaí na hArdfheise 1914 185
55. Sliocht as tuairisc ACS ar imeachtaí na hArdfheise 1914 186
56. Cartún, 'An Bigearach', ACS 29 Lúnasa 1914, agus, ar dheis, an Laoideach agus filleadh beag air i gCill Áirne 186

57. Nóta SL chuig Stiofán Bairéad, 12 Eanáir 1915 188
58. Alt as tuairisc an Ardrúnaí d'Ardfheis 1915, leathanach 18. 189
59. Cuntais airgid chuntasóra (3) do leabhair an Chonartha don bhliain a chríochnaigh 28 Feabhra 1915 189-190
60. Cuntas SL ar sholáthar na leabhar ó Oireachtas 1914 go hOireachtas 1915, ar leathanaigh 30-32 de 'Leabhar na hArdfheise', 1915 194
61. Suimiú an chuntasóra, Domhnall Ó Conchobhair, ar theacht isteach agus ar dhíol amach na leabhar, Ardfheis 1915 196
62. Imeachta na hArdfheise 1915, mar a tuairiscíodh in ACS iad. 199
63. Fógraí na leabhar in ACS 200
64. An píosa deiridh a d'fhoilsigh SL in iris, ACS, 15 Iúil 1916. 201
65. Sliocht as aiste Gertrude Schoepperle i *Studies*, Márta 1918 204
66. Cuid de nóta ceana a scríobh SL chuig Esther ó Oifig Ardchuntasóra Ghinearálta Oifig an Phoist ar 22 Meitheamh 1918 206
67. Sliocht as *Eolaí na hOifige Poist* don bhliain 1918 208
68. Telephone House i Temple Avenue, Londain EC 208
69. Teastas pósta SL agus Esther Sharp 209
70. Eaglais Chríost, Ealing Broadway, Londain 209
71. Tagairt d'uacht Robert Sharp i gClár na nUachtanna sa Chlárlann Phrobháide, BÁC, 16 Eanáir 1919 210

72. Foirm A, Daonáireamh, 1901, do Robert Sharp agus a chlann 211
73. Teastas Pósta Robert Sharp agus Jane Julia Wharton 212
74. Teastas baiste Esther Sharp, 1873 212
75. Grand Avenue, Muswell Hill, Londain 214
76. Armas Digby 215
77. Nótaí William Lloyd ar lch. 229, *The Leader*, 7 DFómhair 1939 216
78. Geata Ospidéal Hanwell in Ealing 216
79. Cormac Lloyd, garnia SL 218
80. Teach Ósta Uí Lásaigh, i mBrí Chualainn 220
81. Píosa a scríobh SL i dTeach Ósta Uí Lásaigh, i mBrí Chualainn, 30 M. Fómhair 1922 220
82. An Trídhathach, bratach an tSaorstáit 222
83. William Lloyd, deartháir SL 224
84. Nóta lámhscríofa William Lloyd in eagrán 14 Deireadh Fómhair 1939 de *The Leader* 225
85. Nóta le William Lloyd in eagrán 14 Deireadh Fómhair 1939 de *The Leader* 226
86. Liosta daoine a bhí ag obair don Chinsire in MI7 (b) i rith an Chogaidh Mhóir 229
87. Captain J. Lloyd 229
88. Nótaí William Lloyd,lch. 229, *The Leader*, 7 D.Fómhair 1939 232
89. Sliocht as litir Uí Mhuirgheasa in eagrán 14 Deireadh Fómhair 1939 de *The Leader* 235
90. An tAthair Frainc Ó Muirgheasa, SMA (1924-1980) 237
91. Sleachta as innéacs chomhfhreagrais ÉÓM, An Coláiste Ollscoile, BÁC 238
92. Tiomnú *Seanfhocla Uladh* le ÉÓM dá athair, Lúcas 238
93. ÉÓM: clúdach a bheathaisnéise, 1974 239
94. Dréachtlitir SL chuig 'Tadhg Ó Céin' 242
95. Léaráid as dréachtlitir SL chuig 'Tadhg Ó Céin' 242
96. Seoladh ar dhréachtlitir SL chuig 'Tadhg Ó Céin' 243
97. Ceann de na nótaí ilchineálacha i bhfillteáin SL sa Leabharlann Náisiúnta 243
98. Ceann de na nótaí ilchineálacha i bhfillteáin SL sa Leabharlann Náisiúnta 244
99. Ceann de na nótaí ilchineálacha i bhfillteáin SL sa Leabharlann Náisiúnta 244
100. Ceann de na nótaí ilchineálacha i bhfillteáin SL sa Leabharlann Náisiúnta 245
101. Clocha agus scríbhinní orthu 245
102. Liosta SL de na teangacha ar na clocha a bhailigh sé 246
103. Láthair Mhainistreach Nendrum ar oileán Mahee i Loch Cuan 248
104. Iarnóta do ghearrscéal Béarla SL 249
105. Fógra báis Stiofáin Bairéad, i Misneach, Aibreán 2 1921 251
106. Dleachtanna iníoctha ag Hodges Figgis ar dhíol *Eachtra Mhacaoimh an Iolair Mhic Ríogh na Sorcha* 253
107. Litir chuig SL ó Everard Digby, 2 Feabhra 1921 254
108. Dréacht de chárta poist le SL chuig Everard Digby dar dáta 11 Bealtaine 1922 256
109. Dréacht de litir le SL chuig Everard Digby dar dáta 17 Meitheamh 1922 258
110. Dréacht de litir le SL chuig Everard Digby dar dáta 14 Iúil 1922 260
111. Dréacht de litir le SL chuig Everard Digby dar dáta 19 Iúil 1922 261

112. Sliocht as alt sa Sunday Independent, dar dáta 25 Meán Fómhair 1938 266
113. Tuairisc ag Quid Nunc san IT Dé hAoine 24 M.Fómhair 1938 267
114. Sliocht as aoi-liosta an Uachtaráin sa *Sunday Independent.* 267
115. An tUachtarán agus a iníon, Úna Sealy 268
116. Nóta William Lloyd ar chóip den Leader, lch. 229, 7 D.Fómhair 1939 269
117. Fógra báis Esther Lloyd, IT 17 Feabhra 1936 270
118. Ascal Mellifont, Dún Laoghaire, agus 1 Royal Terrace, Dún Laoghaire 270
119. Taifead oifigiúil i gClár na nUachtanna d'eastát Esther Lloyd 271
120. Sliocht as alt ÉÓM sa Leader 7 D.Fómhair 1939 272
121. Teastas báis an Laoidigh, 22 M.Fómhair 1939 273
122. Fógra báis an Laoidigh, 23 M.Fómhair 1939 274
123. Tuairisc ar shochraid SL, IT 25 M.Fómhair 1939 274
124. Fógra reachtúil maidir le heastát SL 275
125. Meamram reachtúil den socrú riaracháin d'eastát SL 275
126 Nóta méala ag Leac Logha (Seán Ó Ciarghusa) sa *Leader*, 30 Meán Fómhair 1939. 276
126A Seosamh Laoide (1865-1939) ó phictiúr san Acadamh Ríoga 277

Aguisín B

Clann an Dr J.H. Lloyd agus Anna Phair

127. Teastas baiste Frances Marian Lloyd 292
128. Teastas pósta Frances Marian Lloyd & Richard Huggard 293
129. 'North Strand Church', láthair an phósta 293
130. Leifteanant Hewitt Huggard, nia le SL. 294
131. Faisnéis adhlactha an Captaen Lewis Huggard 295
132. Teastas pósta Robert Phair Lloyd & Kathleen Violet McGrane 296
133. Sonraí Robert agus Kathleen Phair, Daonáireamh 1901 297
134. Sliocht as liosta na bpaisinéirí ar an 's.s. Virginian, Learpholl go Quebec, Iúil 1905 299

Aguisín C

Na hAcadaimh Státseirbhíse

135. Mícheál Ó Cíosóig 300
136. Liosta síntiúsóirí don bhailiúchán a eagraíodh d'Anna Lloyd agus fógra san IT 5 Eanáir 1889 301

Aguisín F (Caibidil 5 cheana)

An Laoideach mar eagarthóir leabhar, 1903-1918

137. Litir ó SL chuig an bPiarsach, 24 Lúnasa 1902 319
138. Cuntas na Laoideach, Foirm A, Daonáireamh 1901 320
139. Litir ó SL chuig an bPiarsach, 1 MFómhair 1902 321
140. Tagra don fhoclóir do *Fionn agus Lorcán* (1903) 326
141. Leathanach as *An Chéad Léightheoir Gaedhilge*, 1902 329
142. Clúdach agus leathanach as An Treas Leabhar, 1906 330
143. Véarsaí as 'Árd Tighe Cuain' in *An Ceathramhadh Leabhar*, 1908, (lgh 130-132) 331
144. Clúdach, *Réalta den Spéir* (1915) & sliocht as clár an leabhair 332
145. Clúdach *An Léightheoir Gaedhealach*, 1907. 334
146. *Mion-Chomhrádh*, 1904, le Tomás Ua Concheanainn 336
147. Leathanach as *Mion-Chaint na Midhe agus Uladh*, 1905 337
148. Fógra i *The Handbook of Irish Teaching* (1902) le Peadar Mac Fhionnlaoich 339

149. Clúdach *Gramadach Dhá-Theangthach,* 1906 340
150. Clúdach *A Handbook of Modern Irish* (1910) le S.P. Mac Énrí 341
151. Clúdaigh *Éire* (Ó Séaghdha) agus *Stair na hÉireann* 1 (Breathnach) 343
152. Sliocht as léirmheas ar *The Irish Battle of the Books* 346
153. Samplaí den leagan amach *i Miondrámanna* le Peadar Mag Fhionnlaoich (1902) 347
154. Clúdach cláir *Eithne—Éan an Cheoil Bhinn*, ceoldráma 349
155. Máire Nic Shiúbhlaigh, aisteoir 350
156. Clúdach *An tSnaidhm,* script dráma 353
157. Litir a scríobh SL chuig an bPiarsach, 6 Samhain 1902 354-355
158. Litir a scríobh SL chuig an bPiarsach. 26 Eanáir 1902 355
159. Clúdach *Annála na Tuatha*, Cuid 2 (1905-1907) 356
160. Clúdach *Poll an Phíobaire* (1912) le Colm Ó Conaire (Pádraig Mac Piarais) 358
161. Sliocht as na profaí gaille (24 leathanach) de *Poll an Phíobaire* atá sa Leabharlann Náisiúnta 358
162. Sliocht as réamhrá an Phiarsaigh do *Iosagán agus Sgéalta Eile,* 1907, agus pictiúr as an leabhar 360
163. *An Chéad Chloch,* clúdach, leagan Mercier Press,1978 362
164. *Caoimhghin Ó Cearnaigh* le Liam P. Ó Riain, eagrán caighdeánaithe Coiscéim, BÁC, 2014 364
165. Admháil buíochais an tSeabhaic do SL sa réamhrá do *An Baile Seo Againne,* 1913 365
166. Nóta leis an bhfoclóir i *An Baile Seo Againne,* 1913 365
167. Clúdach, *Beirt Ghaedhilgeoirí 'na gComhnaidhe 'sa Chathair,* 1915. 381
168. Píosa faoi *Sgéalta Goiride Geimhridh* (1915) in ACS 369
169. Colm de Bhailis, file 370
170. Clúdach *Sgéaluidheacht Chúige Mumhan* 1. Sampla den téacs 371
171. Scéalta *Sgéaluidheacht Chúige Mumhan* 1, curtha in eagar ag SL mar leabhairíní ar leith 372
172. Tús *Páidín Ó Dálaigh,* curtha in eagar ag SL 373
173. Sliocht as réamhrá *Oileán na gCúig mBeann* 374
174. Clúdach *Sgéalaidhe Óirghiall* (1905) 376
175. Clúdach *Cruach Chonaill,* leabhar le SL (1913) 377
176. Sliocht as an aguisín 'Lucht innste na sgéal &rl.', *Tonn Tóime* (1948) lch. 135 379
177. Clúdach *Eachtra Mhacaoimh an Iolair,* (1912) 380
178. Fógra do *Eachtra Mhacaoimh an Iolair* in *Iris Chumainn Seandalaíochta Lú,* Nollaig 1912 381
179. Clúdach, *Mac Mic Iasgaire Bhuidhe Luimnighe* (1909) 382
180. Léirmheas ar *Lúb na Caillighe agus Sgéalta Eile* in ACS 22 DFómhair 1910 383
181. Leacht Mhic Ruaidhrí i bhFochaill, Maigh Eo, áit a rugadh é 384
182. Clúdach *Fian-Laoithe* (1917) 385
183. Leagan canta ó Albain de laoi Fhiannaíochta, 'Dún Fraoich' 387
184. Clúdaigh *Bodach an Chóta Lachtna,* 1906 agus 1926 388
185. Sliocht as Mír a Dó, *Troid Bhaile an Droichid,* in ACS, 18 Meitheamh 1904 390
186. Sliocht as léirmheas in ACS ar *Cath Fionntrágha* 390
187. *Eachtra Fhinn Mhic Cumhaill le Seachrán na Sál gCam* (1906)—Clúdach 391
188. *An Ceithearnach Caoilriabhach leis* 'An Seabhac', 1910 392
189. *Brisleach* (1915) agus *Deargruathar*(1907) SL 393

190. Leabhair Rúraíochta Thomáis Uí Nualláin 394
191. Réamhrá SL do *Giolla na Tána* 395
192. *Conchubhar Mac Neasa* le Peadar Mhag Fhionnghaile 395
193. *Dánta Sheáin na Ráithíneach* (1907) & *Bolg an tSoláthair* (1904) 397
194. *Amhráin Chlainne Ghaedheal* (1905), clúdach 399
195. Abhráin Ghaedhilge an Iarthair Cuid 1. 400
196. Leabhráin 'An Gruagach Bán', 1905,1911 401
197. Comaoin Choilm Uí Ghaora do SL 402
198. *Filidheacht Sheagháin Uí Neachtain* 1 (1911) 403
199. 196. *Seachrán Chairn tSiadhail* (1904), clúdach agus véarsa 404
200. *Seachrán Chairn tSiadhail*, an ceol, 'gléasta' ag SL 406
201. *Bliadhain na bFranncach* (1907), le Seághan Ó Ruaidhrí 408
202. Mícheál Mac Ruaidhrí, garradóir Scoil Éanna 409
203. *Beatha Aodha Uí Néill* (1905), le Mícheál Mac Ruaidhrí 409
204. *Alasdair Mac Colla* (1914) 411
205. Marquis Montrose agus (ar dheis) Mac Colla 412
206. *Eachtra na nArgónátach,* aistrithe ag Donncadh Pléimeann 413
207. Sliocht as *Eachtra na nArgónátach* 414
208. Leathanach as *Eachtra Robinson Crúsó*, 1915 415
209. *Cnoc na nGabha* agus an t-údar, *Charles Kickham* 417

Aguisín G (Caibidil 6 cheana)

An Laoideach, saoririseoir

210. Sliocht as cuntas Strachan in *Zeitschrift für Celtische Philologie,* I, ar a chuairt ar Oileán Mhanann. 421
211. An fonn do 'Moll Roone' 424
212. 'An Trácht ar Shíothcháin' le SL, ACS, 9 Lúnasa 1913: 428
213. Sampla as lámhscríbhinn le SL 429
214. 'Three fragments' le John O'Donovan, as *Annála na hÉireann* 430
215. Fir dhíolta oinniún Roscoff 432
216. *Gadelica*, 18 Bealtaine 1912, clár na n-ábhar 435
217. Sliocht as 'Mid-eighteenth-century conversation', aiste le SL 436

Aguisín H (Caibidil 7 cheana)
An Laoideach: dinnseanchas agus comharthaíocht

218. Sliocht as 'Magh Dumha agus na Lochlannaigh', sraith alt le SL in ACS 440
219. Teach Tábhairne 'Brian Ború' i mBaile Phib, BÁC 441
220. Sliocht as alt SL, 'Taisteal Mhíleadh', ACS, 31 Lúnasa, 1912 444
221. Sliocht as 'Cuanta na Féinne', alt le SL, IG Lúnasa 1903 445
222. Clúdaigh *Post-Sheanchas Cuid 1*, 1905, AGUS *Post-Sheanchas Cuid 2, 1911* 449
223. Sliocht as réamhrá *Post-Sheanchas Cuid 1* 449
224. Sliocht eile as réamhrá *Post-Sheanchas Cuid* 1 450
225. Sliocht aorach as Réamhrá *Post-Sheanchas* 1 455
226. Clár na n-ábhar in *Post-Sheanchas* 1 455
227. Sliocht as Réamhrá *Post-Sheanchas*: dúichí na hÉireann 456
228. Samplaí as Réamhrá *Post-Sheanchas*:seoltaí 456-7
229. Sliocht as Réamhrá *Post-Sheanchas* 2 458
230. Clár na n-ábhar do 'Seoladh Litreach', *Post-Sheanchas Cuid 2* 459
231. Ag scríobh i nGaeilge chuig ríochas agus uaisle na hEorpa 459
232. An clár logainmníochta in *Post-Sheanchas* 2 460
233. Iontráil do Sonnach Gó /Sandycove in *Post-Seanchas* 2. 461
234. Samplaí d'ainmchláir shráide Bhaile Átha Cliath 462

235. Leagan Risteáird Uí Fhoghlú do ‘Leeson Street Lower’ 462
236. Cárta do ‘Lower Leeson Street’ i dtaifid an Choimisiún Logainmneacha 464
237. Cárta do ‘Manorhamilton’ i dtaifid an Choimisiún Logainmneacha 466
238. Eagrán 1922 de *Post-Sheanchas* 2, agus an fógra faoi i *Misneach* 467
239. An Condae Riabhach (Loch Garman) sa chéad léarscáil Ghaeilge 469
240. Lulu Burley (née Lloyd) agus Joan Lloyd Gallagher 470
241. Clúdach léarscáile SL, Uí Aodha, Uí Achair, i gColáiste na Tríonóide 471
242. Tagairt do léarscáil SL 7rl in alt le Brian Mac Giolla Pádraig 473
243. Caitríona McHale agus an Dr Mathew Staunton ag lainseáil na léarscáile 474
244. Dréacht-léarscáil SL, Uí Aodha, Uí Achair 475
245. Cuid de léarscáil G.W. Bacon, an léarscáil bhunaigh 476
246. Co. Uíbh Fháilí gan ainm fós 476
247. Leagan atlais scoile den léarscáil chéanna le Comhlacht Oideachais na hÉireann Teo. 477
248. Siorramachta (contaetha) na hAlban, de réir SL 480

Aguisín I

Leabhair an Laoidigh agus an Chonartha—cad a tharla dóibh?

249. Fógra na leabhar Gaeilge i *Misneach*, 19 Nollaig 1920 483
250. Fógra na leabhar Gaeilge i *Misneach*, 25 Nollaig 1920 484
251. Fógra d’Fhéile Mháire Ní Raghallaigh, Droim Conrach, 2018 485

Aguisín J

252. Liosta pearsanta SL: ‘Books brought out by self’ 488

Aguisín L

253. Liosta pearsanta SL: ‘Books read and edited for other writers’ 495

Aguisín M

254. Liosta pearsanta SL : Contributions to learned journals and to the periodicals on historical, topographical and grammatical questions etc. 496
255. Liosta pearsanta SL : Original sketches, articles, letters 499

Aguisín N

256. Leagan féinscríofa litir SL chuig Ardfheis 1915 (Ls. 590 NLI) 505-514

Achoimre

Na Laoidigh, athair agus mac

Pádhraig Ó Giollagáin

Cuireann an tráchtas seo roimhe cur leis an bhfaisnéis bheathaisnéiseach a bhí ar fáil faoin Dr. Joseph Henry Lloyd agus faoina mhac, Seosamh Laoide, agus míthuiscintí áirithe buanaithe sna cuntais reatha a cheartú. Scrúdaíodh cúlra cultúrtha agus teangeolaíoch na beirte agus na róil a bhí acu, duine ar dhuine, i gCumann Buan-Choimeádta na Gaeilge, agus, i gcás Seosaimh, i gConradh na Gaeilge, ar chuidigh sé é a bhunú. Pléitear tionchar an athar ar an mac, teangeolaíoch agus eile, a ciorraíodh le bás anabaí an athar in 1884.

Léirítear mar a shealbhaigh Seosamh an Ghaeilge, an méid a chuir sé i gcrích mar sholáthraí d'*Irisleabhar na Gaedhilge* agus ina dhiaidh sin mar eagarthóir ar an iris. Feictear mar a d'fhás a chlú, náisiúnta agus idirnáisiúnta, mar bhéaloideasaí agus mar scoláire, agus mar a d'fhorbair sé mar eolaí ar na canúintí agus mar údarás ar cheartúsáid na Nua-Ghaeilge scríofa. Taispeántar mar a chothaigh sé córas ceartúsáide a leanadh go forleathan go dtí go raibh foclóir an Duinnínigh agus *Graiméar na mBráithre* ar fáil—dhá shaothar ina bhfuil sé ainmnithe mar chuiditheoir. Ba é a bhua gur fheidhmigh sé uaschaighdeán don phrós nua a cheadaigh tréithíocht na gcanúintí ar leith.

Léirítear mar dhuine d'ailtirí na teanga liteartha nua é agus mar cheannródaí a d'fhorbair cultúr cló do Ghaeilge an phobail. Meastar mar eagarthóir sciliúil leabhar agus mar údar bisiúil é. Taispeántar gur thapaigh sé an borradh i bhfoilsitheoireacht leabhar Gaeilge a tharla idir 1900 agus 1915. Léirítear a thionchar ar chomharthaíocht na Gaeilge mar logainmneoir agus mar chartagrafaí.

Rinneadh measúnú ar a dhílseachtaí, polaitiúil agus eile, mar shíochánaí i measc náisiúnaithe míleatach. Glacadh leis an dúshlán na ráflaí faoi sa chomhthéacs seo a dheimhniú nó a bhréagnú. Toisc go bhfuil an oiread sin ábhair bainteach leis an Laoideach i gcartlanna éagsúla, braitear gur síolchur an tráchtas seo a chomharthaíonn breis taighde faoi.

Caibidil 1

Na Laoidigh: Forléargas

Cuid 1: Réamhrá

1.1 An tsaincheist taighde

Is iad an Dr. Joseph Henry Lloyd agus a mhac, Seosamh Laoide, a saol agus a saothar, a gcúlraí cultúrtha agus polaitiúla agus a róil in athréimniú na Gaeilge mar theanga labhartha agus liteartha in Éirinn, ábhar an tráchtais.

Tá comhthéacs pearsanta leis an saothar seo. Ba í Joan Lloyd Gallagher, máthair chéile mo mhic, a spreag an fiosrú. Chuala mé faoi thuras in aisce a thug sí ar Scoil Éanna i Rath Fearnáin ag lorg eolais faoina seanuncail, Seosamh Laoide. D'fhás an tráchtas as m'iarrachtaí cur leis an eolas a bhí aici, a tháinig as 'A forgotten patriot', aiste le Henry Morris (Énrí Ó Muirgheasa) sa *Leader* i 1939, as cóip eile den iris chéanna ina raibh comhfhreagras faoin alt seo, agus ó chuimhní cinn sa chlann.

Ba laoi mholta alt Uí Mhuirgheasa sa *Leader* ar an gcéad amharc ach bhí dhá líomhain ann faoi Sheosamh a ghoill go mór ar chlann Laoide thar na glúine agus a bhí ag déanamh tinnis dóibh i gcónaí: ráfla gur chuidigh sé leis an tseirbhís fhaisnéise in Oifig an Chogaidh le linn an Chogaidh Mhóir ag aistriú litreacha Gaeilge don Chinsire, agus gur iompaigh sé i gcoinne na Gaeilge agus a chairde le teann searbhais nuair a briseadh as a phost é mar eagarthóir ginearálta foilseachán an Chonartha i 1915. D'fhág débhríocht neamhchruthaithe Uí Mhuirgheasa scáil an tréigtheora faoi dhó ar chuimhneamh an Laoidigh.

1.2 Creatlach thráchtais

Ghin alt Uí Mhuirgheasa raon téamaí agus saincheisteanna nár mhór plé leo ag cur cuntais ar na Laoidigh le chéile gan a thuilleadh a lorg. Chuir litríocht ábhartha, foinsí idirlín agus fianaise eile leis na téamaí agus na saincheisteanna sin. Cé nach raibh ach abairt amháin faoin athair ag Ó Muirgheasa, mar shampla, nochtadh sraith téamaí inti, ina measc tionchar an athar i gcoitinne ar a mhac.

Preabann Énrí an Laoideach inár láthair mar bhall fíorghníomhach de Chonradh na Gaeilge. Tugann sé fathach i measc Athbheochanóirí air, 'a big imponderable force', a spreag agus a mhisnigh na céadta. Bhí sé le tuiscint óna alt gur mhair

an caidreamh leis an gConradh níos mó ná scór bliain agus, i dtuairim Uí Mhuirgheasa, gur chríochnaigh sé go tragóideach. I gcaitheamh na mblianta ina raibh sé gafa le gnó an Chonartha, tugann an t-alt le fios dúinn gur imigh a stádas sa Chonradh in olcas de réir mar a theann na poblachtaigh a bhfáisc ar an eagraíocht.

Ba mar Chonraitheoir a tháinig Seosamh go Fearnaigh i gCo Muineacháin, baile dúchais Uí Mhuirgheasa. Is fíor gur thug Ó Muirgheasa beophictiúr dúinn den Laoideach mar bhéaloideasaí i mbun oibre. D'aithin sé mar chaomhantóir é, arbh é 'the preservation of living Irish for succeeding generations' a chuspóir. Thug sé aitheantas dá shaothrú mar bhéaloideasaí ar fud Éireann, ag rá go raibh sé 'ubiquitious' sna blianta seo. Luann sé na leabhair nótaí cáiliúla inar bhreac sé a shonraí teangeolaíocha.

Níor fhan an t-ábhar sna leabhair nótaí, ar ndóigh. Déanann Ó Muirgheasa tagairt do sheanchas agus scéalta Fhearnaí a bhí i gcló in *Irisleabhar na Gaeilge* (IG). Níor mhór an Laoideach a mheas mar sholáthraí don iris seo agus mar eagarthóir uirthi ar ball. Bheadh gá ann an soláthar féin a scrúdú chomh maith leis na heagráin de IG a chuir an Laoideach in eagar. Ceapadh mar eagarthóir ginearálta ar fhoilseacháin an Chonartha é i 1903. Ní phléann Énrí eagarthóireacht na hirise ná eagarthóireacht na leabhar. Léimeann sé ar aghaidh go cliseadh tionscadail fhoilsitheoireachta an Chonartha nuair a fhágtar Seosamh dífhostaithe.

Bhí tuireamh gonta le Leac Logha (Seán Ó Ciarghusa) san eagrán den *Leader* a tháinig amach an tseachtain díreach roimh fhoilsiú 'A forgotten patriot' ina ndúirt sé gur chuimhin leis an seandream 'an t-am nuair ná bíodh leabhar ná iris Gaedhilge ag teacht amach gan ainm Sheosaimh ina thosach mar eagarthóir'. Ba léir go mbeadh eagarthóireacht na leabhar ina téama lárnach chomh maith leis an eagarthóireacht irise.

Chuir Leac Logha an bhéim ar eagarthóireacht na Gaeilge ó thaobh na ceartúsáide de agus ar údarás an Laoidigh san earnáil seo—mar a d'fheidhmigh Seosamh caighdeán do leagan scríofa de 'chaint na ndaoine' san eagarthóireacht.

Mheabhraigh Ó Muirgheasa dúinn gurbh údar leabhar an Laoideach ina cheart féin:

> He published a book of Oriel stories and one of Donegal stories, an English-Irish and Irish-English list of Irish post-towns, and an Irish folk poem of ten pages with 140 pages of notes, vocabulary and indexes, a wonderful piece of editing, German-like in its exhaustive completeness.

Ainmneacha Gaeilge na mbailte poist ar fud an oileáin a bhí san eolaí sin, *Post-Sheanchas*, a bhí chomh maith ina threoir logainmníochta, dhinnseanchais agus chomharthaíocta. Maidir le scéalta 'Oriel', chuir sé sé scéal déag ó Fhearnaigh i gCo. Mhuineacháin i gcló a fuair sé ó Thomás Ó Corragáin, agus dhá scéal a d'inis Tomás Mag Ruadair dó, in IG idir Mhárta 1900 agus Iúil 1901. Foilsíodh scéal eile a dheachtaigh Ó Corragáin dó, 'Parrach Mha'l Bhrighde 's a mhac', in *Zeitschrift für Celtische Philologie* 2 (1899:156-159). Leathnaigh sé an cuardach ar fud Oiriall. Bhí míreanna in IG aige ón Mí, ó Bhreifne, ó chlann Uí Anluain in Ó Méith**,** i nGaeilge na bhFeadha ó Sheán Ó hAnnáin agus ó dhaoine eile in Ard Mhacha. Bhailigh sé cuid mhór den ábhar go pearsanta sna dúichí seo. Ar ball sruthaíodh an t-ábhar do dhá leabhar, *Sgéalaidhe Fearnmhuighe* (1901) agus *Sgéalaidhe Óirghiall .i. Sgéalaidhe Fearnmhuighe agus tuilleadh leis* (1905). Is é 'Seachrán Chairn tSiadhail' an dán, ar amhrán dáiríre é, atá i gceist ag Ó Muirgheasa sa sliocht thuas agus is é *Seachrán Chairn tSiadhail* (1904) leabhar an Laoidigh faoi. (Féach Aguisín F, lch. 404).

Tugann Énrí le fios dúinn gur imigh Seosamh go Londain, go bhfuair sé post ansin ag aistriú litreacha i nGaeilge go Béarla don Chinsire in Oifig an Chogaidh mar a dúramar, gur phós sé i Londain, gur bhuail taom meabhairghalair nó cliseadh néarógach é a chuir ó mhaith é, gur thug sé a chúl don Ghaeilge agus do lucht na Gaeilge. Tá mioneolas aige faoi shochraid Sheosaimh i nGráinseach na Déin. Taispeánfar gur shéan William Lloyd, deartháir Sheosaimh, go raibh Seosamh ag obair don Chinsire. Níor réitigh sé le ráitis eile de chuid Uí Mhuirgheasa ach an oiread.

Tá achoimre ghonta ar na caibidlí in Aguisín A. B'éigean dúinn ranna tábhachtacha den tráchtas, 'Eagarthóireacht na leabhar', 'Saoririseoireacht an Laoidigh', agus 'Dinnseanchas agus comharthaíocht an Laoidigh,' a sholáthar mar Aguisíní F, G agus H do Chaibidil 4, i dtreo is go gcloífí le líon na bhfocal ceadaithe.

Cuid 2: Léirbhreithniú litríochta agus foinsí ar líne

1.3 Foinsí ar líne

Níor aimsíomar cuntas cuimsitheach ar bith, fad leabhair ann, abair, faoi na Laoidigh ná faoi cheachtar acu, ar an Idirlíon. Bhí sonraí scaipthe faoin athair agus faoi chlann Laoide ar an suíomh ginealaigh *Irishgenealogy.ie*. D'aimsíomar *Idioms of the German language together with the proverbs,* cóip fhíorúil den leabhar a d'fhoilsigh an Joseph Henry Lloyd, M.A., Ph.D., i Londain sa bhliain 1875 ar *archive.org*. Tugaimis an Dr. Lloyd air feasta. Bhí go leor ar líne faoi shaothar Sheosaimh Laoide, scaipthe arís ar fud raon leathan suíomhanna. Bhí an taisce ba shuntasaí, ríomhleaganacha de leabhair a chuir sé le chéile nó a chuir sé in eagar, sa suíomh *archive.org* agus tuilleadh sa chló Rómhánach ar shuíomh an Acadaimh Ríoga (ARÉ), *corpas.ria.ie*.

Ba 'cré na cille' fíorúil an suíomh *ainm.ie*, leagan feabhsaithe ar líne den tsraith *Beathaisnéis,* Imleabhair 1–9 le Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú ina raibh cuntais duine ar dhuine ar go leor as an gcomhluadar ina n-oibrigh na Laoidigh, na saothraithe i ngort na Gaeilge lena linn. Ba neach beo Seosamh Laoide chomh maith sa suíomh *logainm.ie*, ina raibh tionchar *Post-Sheanchas* ar logainmníocht na Gaeilge ríshoiléir.

Luaigh Bairéad gur thosaigh Seosamh ag scríobh do IG sa bhliain 1891. 'Is mó dá shaothar a chonaic solas an lae san *Irisleabhar* ná de shaothar aon duine eile' dúirt sé. Deimhnítear an saothar sin sna hinnéacsanna don iris, an t-innéacs ar líne atá ag Acadamh Ríoga na hÉireann, agus *Gníomh Dóchais, Irisleabhar na Gaedhilge 1882-1909* le Liam Mac Peaircín (2018).

Tá digitiú déanta ar na hailt Ghaeilge amháin mar chuid den obair do Chorpas na Gaeilge, 1882-1926, ag foireann Fhoclóir na Nua-Ghaeilge san Acadamh. Tá soláthar imleabhar de IG ar *archive.org*, gan iad ar fad a bheith ann. Tá réimse bearnaithe eagrán ar shuíomh Ollscoil Villanova. D'éirigh linn, tá súil agam, teagmháil le gach ar scríobh an Laoideach nó ar chuir sé in eagar, ach amháin saothar leis atá caillte, agus le gach a raibh ábhartha dá scéal. Ba mhór an chabhair innéacs Uí Chollatáin do ACS san obair seo freisin.

1.4 An Laoideach, eagarthoír IG

Ba é ceapachán Eoin Mhic Néill mar eagarthóir ar ACS a chruthaigh an folúntas d'eagarthóir seasmhach do IG. Rinneamar scagadh ar an soláthar ó mhí na Bealtaine 1899 go mí Mheán Fómhair 1902 i gcatagóirí, an soláthar cruthaitheach, an oidhreacht chlasaiceach, an oidhreacht bhéil. Bá é dúshlán an Laoidigh mar eagarthóir IG a choinneáil ar siúl mar iris liteartha ardchaighdeáin. I láimhseáil an ábhair seo bhí sé srianta ag riachtanais na ceartúsáide, sé sin ag an gcomhthuiscint neamhfhoirmiúil a bhí sroichte faoin litriú, faoin ngramadach, faoin téarmaíocht, faoin gcomhréir, comhthuiscint a mbeadh feidhm chaighdeáin aici le foilsiú Fhoclóir Uí Dhuinnín agus Ghraiméar na mBráithre Críostaí. Ní raibh sé i gceist aige go mbeadh Gaeilge lárnach ann a bheadh beag beann ar na canúintí féin ach go bhfeidhmeofaí cleachtas litrithe, comhréire agus gramadaí nár mhill leithleachas canúna ar leith. Is é a bhí uaidh don phrós nuascríofa ná téacs inléite i nGaeltacht ar bith.

1.5 Na cuntais bheathaisnéiseacha

Ní raibh scríofa faoi na Laoidigh ach dorn beag aistí: 'A forgotten patriot', le Henry Morris (Énrí Ó Muirgheasa), in *The Leader*, Deireadh Fómhair 1939, atá pléite againn thuas; 'Seosamh Laoide' le Ciarán Bairéad, in *Béaloideas* 15 (1945); alt gearr le Diarmaid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú in *Beathaisnéis a hAon* (1986), atá, méadaithe roinnt, ar fáil ar *ainm.ie* freisin. Bhuail mé le Liam Mac Mathúna ag Seimineár John McGahern i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, agus thug sé cóip de *Studia Hibernica* 31 (2000-2001) dom ina raibh a aiste 'Seosamh Laoide, eagarthóir' agus cóip di i mBéarla a chuir mé ar aghaidh chuig Joan Lloyd Gallagher. Nocht an aiste seo foinse thábhachtach eile dúinn, páipéir an Laoidigh sa Leabharlann Náisiúnta, nach raibh ar fáil do Bhairéad, sílim. Mar is léir, is le Seosamh Laoide is mó a bhain na haistí seo, rud a d'fhág mar dhúshlán againn sonraí breise a aimsiú faoin Dr. Lloyd.

1.6 An Dr. Lloyd

Bhí mioneolas luachmhar beathaisnéiseach faoin Dr. J.H. Lloyd agus faoina chúlra in aiste uileghabhálach Bhairéad. Bhí eolas ginealaigh aige a fhréamhaigh cúlra an Dr. Lloyd, mac seodóra, Joseph Henry Lloyd freisin, i Londain, agus a

mháthair, Mary Ann Crean, i Loch Garman. D'aimsigh Bairéad gnó seodóireachta agus seolta cónaithe na Laoideach i mBaile Átha Cliath. Dhearbhaigh, cheartaigh agus d'iomlánaigh seirbhísí idirlín na sonraí sin. Thug sé achoimre fhaisnéiseach dúinn ar *Idioms of the German language together with the proverbs.* Ba léir ón saothar seo go raibh léargas foirfe teangeolaíoch ag an Dr. Lloyd mar a bheadh ag a mhac ina dhiaidh.

Tá mioneolas ag Bairéad faoi bhallraíocht Dr. Lloyd i gCumann Buanchoimeádta na Gaeilge 'beagnach ó bunaíodh an Cumann sin', agus faoinar chuir sé i gcrích mar bhall. Tá cáilíochtaí acadúla Dr. Lloyd aige, agus sonraí faoina thréimhse ar an Mór-roinn, ina raibh sé ina mhac léinn agus ina 'thuairisceóir coigríche do pháipéir i Sasana'. B'fhéidir linn cur le cuntas Bairéad faoi bhallraíocht Dr. Lloyd i gCumann Buanchoimeádta na Gaeilge leis na tagairtí dó atá i leabhar an Ollaimh Mháirtín Uí Mhurchú, *Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge: tús an athréimnithe* (2001).

Deimhníonn cuntas Uí Mhurchú go raibh an Dr. J. H. Lloyd lánpháirteach in obair cheannródaíochta an Chumainn go dtí gur sciob an bás gan choinne é in aois a 44. Feictear mar réiteoir sna haighnis a chráigh an eagraíocht sin é. Ba thaidhleoir cumasach é sna toscaireachtaí chuig na forais rialtais agus oideachais ag iarraidh ionadaíochta a fháil don Ghaeilge sna curaclaim. Thacaigh sé, an méid a d'fhéadfadh sé, le foilsitheoireacht sa Ghaeilge, mar a thaispeánfar i gCaibidil 2.

Bhí Bairéad dall cuid mhaith ar óige Sheosaimh, agus go háirithe ar a oiliúint sa Ghaeilge. Luaigh sé leabhar, *Easy Lessons or Self-Instruction in Irish,* leis an gCanónach Uileag de Búrca, ar leis an Laoideach é, a chuireann leis an tuairim go raibh sé féinoilte sa teanga sin. Bhí sé eolach faoina bhunoideachas agus faoina fhreastal ar Choláiste na Tríonóide.

1.7 Conradh na Gaeilge

Tugann Liam Mac Mathúna, agus an ceart aige, 'duine de bhunaitheoirí Chonradh na Gaeilge' ar an Laoideach (2000/2001:87). Saolaíodh Conradh na Gaeilge in 1893 nuair a bhí Seosamh fós sa Choláiste. Tá go leor ag Bairéad

faoina ghníomhaíocht sna blianta tosaigh, mar chomhchisteoir, mar mhúinteoir ranga san Ardchraobh agus mar theachta chuig na craobhacha, ach ní luann sé a ról i mbunú na heagraíochta. Don eolas sin chuardaíomar stair an Chonartha, *Ar son na Gaeilge* (1993), le Proinsias Mac Aonghusa, an t-aon stair iomlán den Chonradh atá ann. Tugann sé scéal an Chonartha go 1993. Taispeánann sé gurb é Eoin Mac Néill, an tAthair Eoghan Ó Gramhnaigh agus Seosamh Laoide a bhunaigh an Conradh, cé nach raibh den triúr ach Mac Néill i láthair ag an gcruinniú lainseála.

Choinnigh Mac Aonghusa súil ar an Laoideach go hArdfheis 1915. Ghlac sé gurb é easpa airgid a chuir deireadh le foilsiú na leabhar. Thug sé 'dream beag comhchealgairí nach bhféadfadh iad féin a dhath a dhéanamh ach a bhí de shíor ag fanacht lena ndeis le húsáid a bhaint ar son prionsabail phoblachtacha as dream mór éigin' ar bhaill an Bhráithreachais.

Scríobhadh leabhair roimh *Ar son na Gaeilge* faoi ghnéithe éagsúla de scéal an Chonartha. 'Sé Donncha Ó Súilleabháin is mó agus is fearr a rinne sin', dúirt Mac Aonghusa ina réamhrá dá leabhar féin. Leabhar amháin a scríobh Donncha ba ea *Scéal an Oireachtais 1897-1924* (1984). Luaitear an Laoideach sa leabhar seo mar mholtóir ar réimse leathan comórtas, ar a raibh an ceol. 'Sampla an-mhaith den stair institiúidiúil' a thug Pádraig Ó Snodaigh ar *Cath na Gaeilge sa Chóras Oideachais 1893-1911* (1988), le Donncha Ó Súilleabháin, i léirmheas in *Comhar*, Iúil 1989. Bhí ról nár bheag ag an Laoideach i gcath na Gaeilge sa chóras oideachais ó 1903 ar aghaidh mar eagarthóir na leabhar.

Stair an-spéisiúil eile ó lámh Uí Shúilleabháin ba ea *Conradh na Gaeilge i Londain* 1894-1917 (1989). Chuidigh an leabhar seo linn ar bhealach contrártha—dá mb'amhlaidh go ndearna an Laoideach teagmháil le Conradh na Gaeilge i Londain 'fhad a bhí sé sa chathair sin bheadh sé luaite sa leabhar seo. Níl tagairt ar bith mar sin dó.

Is dócha gurb í *Tuarascáil Dheiridh an Choimisiúin um Athbheochan na Gaeilge* (1963) an forléargas is iontaofa atá againn ar ghluaiseachtaí na Gaeilge i saolréanna na Laoideach. Baineann Caibidil 24 (lch. 324) den tuarascáil le hábhar léitheoireachta. I dtús an chéid, deir siad, is ea a thosaigh na leabhair

Ghaeilge ag teacht ar an margadh ina sruthán, sruthán a bhí caol go maith an lá ba láidre a bhí sé, dar leo. Tá an bhreith seo, ar bhreith indíreach ar an Laoideach í chomh maith, cruinn. Ba sholáthar ar dóigh foilsitheoireacht an Chonartha i gcomparáid le líon na leabhar Gaeilge a bhí ann in 1893 ach 'i gcomparáid leis an soláthar leabhar a mbeifí ag coinne leis i dtíortha Eorpacha eile, fiú sa tír is lú orthu, ba shuarach é soláthar na leabhar Gaeilge ó thaobh a lín agus a gcineálacha'. D'ainneoin dícheall an Chonartha agus na bhfoilsitheoirí príobháideacha, faoin bhliain 1922, de bhreis ar riachtanais reatha, bhí 'riaráistí ceithre chéad bliain d'fhoilsitheoireacht na Gaeilge le slánú'.

B'athbheochanóirí iad na Laoidigh agus mar sin tá 'athbheochanas,' mar a shainmhínigh Fiontán de Brún é in *Revivalism and Modern Irish Literature* (2019), i gceist. Ní chasfainn an maoithneachas, ar chuid d'athbheochanas de Brún é, leo. D'fhéadfaí an t-útóipeachas, mar atá sé ag Ríona Nic Congáil in *Úna Ní Fhaircheallaigh agus an Fhís Útóipeach Ghaelach*, a tharraingt anuas freisin. Arís, ní oireann an téarma 'útóipeach', a chiallaíonn 'aislingeach', do na Laoidigh. Bhíodar réalaíoch agus praiticiúil.

Ba é IG agus an Conradh a thug an tAthair Peadar Ó Laoghaire agus Seosamh le chéile. Déanann Bairéad tagairt do chomhfhreagras an Laoidigh atá i dtaisce san Acadamh Ríoga. Roghnaigh sé litreacha ón Athair Peadar agus ó Phádraig Ó Laoghaire as Béarra mar shamplaí den chomhfhreagras sin. Cheadaigh an tAthair Peadar ann gurb é Seosamh a thug an bunsmaoineamh do *Séadna* dó. Tá an comhfhreagras athbhreithnithe ag Liam Mac Mathúna sa réamhrá dá leagan críochnúil de *Séadna* (1987), ina scrúdaíonn sé stair fhoilsithe agus cúlra an scéil.

'Mar rúnaí ar Choiste Foilsitheoireachta an Chonartha, thug sé (an Piarsach) cuidiú mór do Sheosamh Laoide leis an ollsaothar foilsitheoireachta a thuill an oiread sin moladh ar an gConradh....' scríobh Mac Aonghusa (1993:69). Ní dóigh liom go n-aontódh an Laoideach go bhfuair sé an oiread sin cabhrach uaidh. Is fíor go raibh ardmheas ag an bPiarsach ar Laoide agus gur léirigh sé an meas sin i gcló níos mó ná uair amháin ach bhí gaol casta eatarthu. Ba chuid leanúnach de scéal an Laoidigh an Piarsach, fiú nuair a bhog sé siúd amach go Rath Fearnáin. Níl ach tagairt amháin do Sheosamh sa bheathaisnéis

chonspóideach den Phiarsach a scríobh Ruth Dudley Edwards, *Patrick Pearse, the triumph of failure* (1977/2006:44), sa roinn 'The Publications Committee'. 'He had a great deal of help from colleagues, including....J.H. Lloyd'.

Tugann tráchtas Bhriain Uí Chonchubhair, *Fin de siècle na Gaeilge: Darwin, an Athbheochan agus smaointeoireacht na hEorpa, 2009,* comhthéacs níos doimhne agus níos leithne don Chonradh, fiú más léireasc é ráiteas Uí Chonchubhair (2009:6) gurb é an *fin de siècle* '.... an comhthéacs ceart cuí chun conspóidí, argóintí, coimhlintí na hAthbheochana a phlé agus a mheas'. Is é atá i gceist aige gur mhúnlaigh an mórbhrúcht náisiúnachais chultúrtha a bhí ag tarlú san Eoraip agus níos faide i gcéin, agus sruthanna smaointeoireachta eile ag deireadh an 19ú haois, feachtas athbheochana na Gaeilge.

Tháinig sruth suntasach amháin smaointeoireachta ó Charles Darwin, as *The Descent of Man* (1871) níos mó ná ó *On the Origin of Species* (1859). Níl leid ar bith agam gur léigh na Laoidigh saothar Darwin ná gur tháinig siad faoi thionchar an Darwineachais, ach bhí an léargas céanna acu ar éabhlóid, ar chlaochlú agus ar athshíolrú teangacha is a bhí ag Darwin. B'fhéidir a áitiú gur tráchtas Darwineach leabhar an Dr. Lloyd, *Idoms of the German Language together with the Proverbs* (1875). Rómhaith a thuigeadar téis Darwin faoi fhorlámhas na dteangacha ceannasacha agus éagumas na mionteangacha ina leith. Más cuid de mhachnamh Darwin an cinnteachas nach féidir dúshlán na héabhlóide a thabhairt, e.g. sa chomhthéacs seo go bhfuil díleá na mionteanga ag an mórtheanga dosheachanta agus do-athraithe agus gur amaidí gluaiseachtaí athbheochana, is léir óna saol agus óna saothar nach n-aontóidis leis sin.

Ba sa *fin de siècle* a tháinig na Laoidigh chun cinn. Chaith an Dr. Lloyd tréimhse ag obair ar an Mór-roinn. Ba ann a fuair sé a chéimeanna. Ba chomhfhreagraí nuachtán ann é. Bhí an Fhraincis agus an Ghearmáinis aige. Thaobhaigh sé an dátheangachas agus bhí sé eolach ar an oideachas dátheangach san Eoraip. B'ollamh le teangacha ar ball é. Maidir le Seosamh, ba scoláire é, dar le Mac

Mathúna (2000/2001:87), ‘a raibh idir 15 theanga agus 20 teanga ar a thoil aige’.[1] Níl dabht ar bith ann ach go rabhadar níos oscailte don smaointeoireacht Eorpach ná formhór na n-athbheochanóirí.

Ní thógann sé ach sracfhéachaint ar chlár an ábhair le fáil amach nárbh ionann *Handbook of the Irish Revival*, curtha in eagar ag Declan Kiberd agus P.J. Mathews (2015) agus ‘Lámhleabhar Athbheochan na Gaeilge’. Baineann an díolaim seo, píosaí ó údair éagsúla, leis an athbheochan a tharla sna healaíona trí chéile agus sa spórt, sa pholaitíocht agus sa Ghaeilge in Éirinn idir 1891 agus 1922. Is é dearcadh na díolama gur mar chuid den bhorradh cultúrtha seo a tharla athbheochan na Gaeilge, argóint atá ag Ó Concubhair, mar a chonaiceamar. Tá rannóg sa leabhar, ‘Section 4’, dar teideal ‘Language revival’. Is í tuairimíocht na bunaíochta, George Moore, Robert Atkinson, J.M. Synge, Stephen Gwynn, is mó atá sa rannóg.

Is úsáidí i bhfad don taighdeoir ar athbheochan na Gaeilge leabhar a d’fhoilsigh Kiberd i mbliain chomórtha an chéid den Chonradh i 1993, *Idir Dhá Chultúr*. Leagann sé amach na dioscúrsaí a bhain le Gaeilge an phobail mar mheán scríbhneoireachta ina chaibidil ‘Caint na ndaoine mar bhonn liteartha’. Taispeánann sé go raibh ar na seanfhilí ‘caint na ndaoine’ a ghlacadh chucu féin ón seachtú haois déag ar aghaidh nuair a chaill siad a stádas sa tír. Is é tuairim Kiberd go ndearnadh an rogha mhícheart—dá nglacfaí leis an nGaeilge chlasaiceach mar fhréamhshamhail, bheadh stíl amháin a leanfaí ar fud na tíre, beag beann ar chanúintí; bhuanaigh an rogha ‘caint na ndaoine’ an canúnachas sa litearthacht nua. Bhuaigh an tAthair Peadar an cath, dúirt sé, ach chaill sé an cogadh. Is é a dhéanann Kiberd arís sa leabhar ná complacht renaissance an Bhéarla in Éirinn a chur inár láthair ag trácht ar agus níos minice ag clamhsán faoi cheist na Gaeilge. Rómhinic bhíodh an Piarsach sa chomplacht seo.

Ar ndóigh, tá léargais eile amuigh ansin ar an athbheochanas agus ar an gConradh, mar shampla mar a chonaic an Captaen Hugh Bertie Campbell Pollard, preasoifigeach Chonstáblacht Ríoga Éireann i 1920. an eagraíocht, a

[1] Chuir Joan Lloyd Gallagher an nóta seo chugam, 26 Lúnasa 2021: ‘I remember my mother Signe (arbh Danmhargach í) saying great uncle Seosamh wrote her a letter in Danish and that he was attempting to study Egyptian hieroglyphics at the time’.

rangaigh sé mar chumann leathrúnda ina leabhar, *The Secret societies of Ireland: their rise and progress* (1922:104):

> In the main, unconsciously, the Gaelic League did a great deal of harm.... and no one realised that one generation of its work was going to undo the civilising progress of two or three generations of popular education.... The tragedy of the Gaelic League was that it resuscitated not only the worthy things that were buried in a dead past but disentombed and resurrected national hatreds and revivified old grievances which had passed into limbo.

1.8 Béaloideas

Tá an aiste le Ken Ó Donnchú, 'Status quo Choimisiún Béaloideasa Éireann agus gné dá thionchar', sa chnuasach ómóis don Ollamh Nollaig Mac Congáil, *Ag Siúl an Bhealaigh Mhóir* (2016). Bhí trí chuspóir ag an gCoimisiún, a bunaíodh i 1935: bailiú; clárú agus caomhnú; foilsiú. Is don bhailiú agus don chaomhnú a chuaigh na hacmhainní; níor fhoilsigh siad ach dhá leabhar anuas go 1979, *Studies in Irish and Scandinavian folktales* (1959) le Reidar Christiansen agus *The Festival of Lughnasa* (1962) le Máire Mac Néill. I gcodarsnacht le saothar foilsithe an Choimisiúin, is léir ónár leabharliosta (Laoide, Seosamh) gur chuir an Laoideach 27 leabhar béaloidis nó miotaseolaíochta i gcló idir 1901 agus 1918 faoi choimirce an Chonartha.

Bhí Liam Mac Mathúna (2000/2001:96) den tuairim go raibh 'idir ionannas agus leamhas áirithe' le brath ar an soláthar leabhar, 'scéalta béaloideasa nach raibh aon rud suaithinseach ag baint leo...' agus 'nárbh aon ábhar iontais é gur beag díol a bhí ar a leithéidí'. Ní raibh Ó Céilleachair agus Ó Conluain (1958:212) ar aon tuairim leis:

> Chuir Coiste na bhFoilseachán dlús le bailiú an bhéaloideasa nuair ba bheag an meas ag lucht léinn air. Ba é *Scéalaí Fearnmhaighe*, cnuasach seanchais a bhailigh Seosamh i ndeisceart Mhuineacháin, an chéad leabhar de shraith a raibh an-ráchairt uirthi.

Níos luaithe (1958:210), bhí tagairt déanta acu do 'leabhair luachmhara mar *Bhrisleach Mhór Mhaighe Mhuirtheimhne. Dearg-Ruathar Chonaill Chearnaigh, Alastair Mac Colla* agus *Scéal Chúchulainn ag Cuan Cárn* a chuir Seosamh Laoide in eagar'. Dúirt Máirín Nic Eoin an rud céanna faoi *Scéalaí Fearnmhaighe* (1982:27) agus deir sí gur éirigh leis na Conraitheoirí 'an gnáthdhuine de chuid na Gaeltachta a chur os comhair an phobail agus cultúr an duine sin a léiriú tríd an mbéaloideas agus an ceol a bailíodh uaidh.'

B'fhíor nárbh í an mhargaíocht a bhí ar aigne an Chonartha. Fiú le gluaiseanna agus nótaí, ba théacsanna scolártha don mhionlach oilte na scéalta béaloidis nó na téacsanna tras-scríofa nó athscríofa a d'fhoilsigh an Conradh. Rinne Leon Ó Broin (1935:126) tagairt do na 'more or less scholarly first editions of the poets of the previous centuries and of volumes of folklore'. Sé sin, d'aithin sé scoláireacht an tsoláthair. Ba phráinní caomhnú ná díol do na húdair seo. Bhí tagairt ábhartha ag Tony Farmar (2018:121).

> There was no market for books in Irish; people in the Gaeltacht did not buy books because they were so few, and partly for the same reasons as people elsewhere did not buy books in English....

Mar bhailitheoir béaloidis, ba é an Laoideach an droichead idir an Craoibhín agus Ó Duilearga, nár fhoilsigh *Leabhar Sheáin Uí Chonaill* go dtí 1948. Bhí modh oibre eolaíoch agus teangeolaíoch ag an Laoideach a bhí níos foirfe ná cur chuige na beirte eile. Bhí an ceol, riachtanach do bhailitheoir amhrán, aige, rud nach raibh ag Ó Duilearga.

Ba é *The prose literature of the Irish Revival, 1881-1921,* ollsuirbhé criticiúil Philip O'Leary ar phrós na hAthbheochana, an saothar ba ghaire agus ba chomhthreomhaire dár dtráchtas féin ó thaobh ábhair. Phléigh O'Leary an tréimhse chéanna, leis na téacsanna céanna, cuid mhór, agus leis an bpobal céanna údar. Cé nár chuir sé fócas ar leith ar an Laoideach, rinne sé thart ar thríocha tagairt dó. Bhain an chuid is mó de na tagairtí seo lena shaothar mar bhéaloideasaí. Bhain cuid eile le léargas an Laoidigh ar an stair. Tá tagairtí freisin do na téacsanna a thras-scríobh sé ó lámhscríbhinní.

I bhfad roimh O'Leary scrúdaigh Alan Titley, Aisling Ní Dhonchadha agus Máirín Nic Eoin an sciar cruthaitheach den soláthar céanna in *An t-úrscéal Gaeilge, An gearrscéal sa Ghaeilge* agus *An litríocht réigiúnach* faoi seach. Tá dorn beag tagairtí ag Ní Dhonnchadha agus ag Nic Eoin don Laoideach. Ní luaitear é in *An t-úrscéal Gaeilge*. Cuireann Titley, Ní Dhonnchadha agus Nic Eoin na téacsanna cruthaitheacha a chuir an Laoideach in eagar ag fíorthús stair na nualitríochta.

As ré eagarthóireachta an Laoidigh roghnaigh Titley dhá úrscéal inmharthana, *Caoimhghin Ó Cearnaigh* le Liam P. Ó Riain agus *Deoraidheacht* le Pádraig Ó Conaire. Ar ndóigh is é an pobal uirbeach atá lárnach don dá úrscéal seo. Ba

dhúshlán mór na téamaí uirbeacha don Laoideach agus don Chonradh ó thaobh téarmaíochta agus comhréire. Luaitear an Laoideach sa chaibidil 'Urban life in the new prose' i *The prose literature of the Irish Revival, 1881-1921*, ina bpléann O'Leary an Ghaeilge uirbeach.

Bhí Titley chomh tógtha le *Caoimhghin Ó Cearnaigh* gur scríobh sé réamhrá spreagúil d'athchló air a chuir Coiscéim amach, caighdeánaithe, i 2014. I 2019 d'fhoilsigh Arlen House úrscéal eile le Liam P. Ó Riain nár lig Coiste an Airgid do Sheosamh a fhoilsiú, *An Bhóinn agus an bhóchna*, a bhí in ACS mar shraithscéal. Ba é Philip O'Leary a d'aistrigh agus a chuir *An Bhóinn agus an bhóchna* in eagar do Arlen House.

Taispeánann an litríocht chriticiúil seo cuid den fhorstruchtúr a tógadh ar iarrachtaí ceannródaíochta an Laoidigh mar eagarthóir, mar éascaitheoir agus mar fhoilsitheoir, suas go tús na 1980í i gcás Ní Dhonnchadha agus Nic Eoin agus go 1990 i gcás Titley. Tá an dá leabhar chéanna, *Deoraidheacht* agus *Caoimhghin Ó Cearnaigh*, idir chamáin arís in *Úrscéalta na Gaeilge*, cnuasach léachtaí ó sheimineár ar úrscéalta a tionóladh i mBaile Átha Cliath i mí Aibreáin 2015, curtha in eagar ag Ronan Doherty, Brian Ó Conchubhair agus Philip O'Leary. I nóta bolscaireachta in *Comhar*, chuir Brian Ó Conchubhair in iúl go raibh níos mó ná 350 úrscéal Gaeilge ann i 2015 a d'fhéadfaí a phlé. Tá anailís chríochnúil eile fós, le hAisling Ní Dhonnchadha, ar *Caoimhghin Ó Cearnaigh* in *An t-úrscéal sa Ghaeilge, Léachtaí Cholm Cille* 21 (1991), curtha in eagar ag Pádraig Ó Fiannachta.

1.9 Drámaí

Bhí Éadaoin Ní Mhuircheartaigh ina comheagarthóir, le Nollaig Mac Congáil, ar *Drámaí thús na hAthbheochana* (2008). Scríobh sí an aiste eolais atá mar réamhrá acu do scripteanna ocht ndráma dhéag ó thús na hAthbheochana, maille le léirmheasanna comhaimseartha agus eolas eile. Tá an staidéar seo sárluachmhar mar níor chaith Pádraig Ó Siadhail an oiread sin ama le drámaí thús na hathbheochana in *Stair dhrámaíocht na Gaeilge, 1900-1970* (1993), ná níor fhoilsigh sé na scripteanna. Ag léamh na scripteanna seo, pé lochtanna atá orthu, is léiriú iad ar ealaín nach raibh i dtraidisiún na Gaeilge roimh an *fin de siécle*.

B'fhoirm shiamsaíochta nua an dráma a d'fhoghlaim lucht na Gaeilge go hantapa, idir scríobh agus stáitsiú.

Tá scripteanna sé dhráma ar ar chuir an Laoideach eagar mar leabhráin sa soláthar seo: na trí dhráma le Peadar Mhag Fhionnlaoich, *An dochtúir* le Séamus Ó Beirne, *An Deoraidhe* le Lorcán Ó Tuathail agus *Creideamh agus gorta* leis an Athair Ó Duinnín. '*Miondrámanna*' an cnuasainm a bhí ar dhrámaí Mhic Fhionnlaoich.

Luamar spéis Philip O'Leary (1994) in idé-eolaíocht agus dioscúrsaí na ndrámaí seo. Dar le Mícheál Mac Liammóir, ina aiste ar thodhchaí na drámaíochta Gaeilge in *Ceo Meala Lá Seaca* (1952:227-240), ba é an Rómánsachas sainghné na ndrámaí Gaeilge go 1940. Tá léargas i bhfad níos leithne ag Éadaoin Ní Mhuircheartaigh ina haiste eolais. Cíorann sí feidhmeanna agus aidhmeanna na drámaíochta i bpobal na Gaeilge ag an am. Ina tuairimse tá fuinneamh an náisiúnachais chultúrtha níos soiléire iontu ná in achair eile de shaothar an Chonartha. Ba mheán í an drámaíocht a lig don chomplacht a bheith forpholaitiúil agus frithchoilíneach gan neamhpholaitiúlacht an Chonartha a shárú ar an gcéad amharc.

B'fhiú freisin scripteanna drámaí do dhaoine óga ó thús na hathbheochana a athfhoilsiú. Tá na dioscúrsaí cuid mhaith cosúil leis na cinn atá sa phlé faoi dhrámaíocht do dhaoine fásta, an idé-eolaíocht náisiúnaíoch chéanna, an frithchoilíneachas, mar a léiríonn Ríona Nic Congáil i 'Drámaíocht Ghaeilge don aos óg i dtréimhse na hAthbheochana (1900–1920)', i gcnuasach léi féin dar teideal *Laethanta gréine & oícheanta sí* (Leabhair *Comhar,* 2013), ach tá an t-achar seo léinn i bhfad níos conspóidí. Tá cur síos aici, mar shampla, ar na haighnis sheicteacha faoi dhráma Nollag an Chraoibhín, 'Breith Chríost'.

1.10 Oiriúnú 'caint na ndaoine' don chlóchultúr

Is dioscúrsa leanúnach an fhoirm liteartha de Ghaeilge an phobail sa tráchtas seo ach léirítear go háirithe na gnéithe praiticiúla a bhain le hoiriúnú 'caint na ndaoine' do chultúr an chló agus mar a cuireadh clóchultúr na Gaeilge 'nua' chun cinn. Is forléiriú an tráchtas ar chéim ar leith i bpróiseas athchóirithe na Gaeilge go meán nua, an cló coitianta. Bheadh céimeanna eile sa phróiseas in imeacht ama, athchóiriú do na meáin fhuaime, do na meáin fhíse, do chórais dhigiteacha.

Níorbh fholáir clóchultúr na Gaeilge a thapú sna 1890í agus i dtús an chéid seo caite. Ba é Seosamh Laoide (an Laoideach) thar aon duine eile a rinne é seo, san iriseoireacht (idir eagarthóireacht irise agus údarú alt agus aistí) agus i gcruthú leabhar (mar údar, mar eagarthóir, mar fhoilsitheoir). B'iad an soláthar, an maoiniú, an caighdeánú, an eagarthóireacht, an cholúnaíocht, an promhadh, maisiú, clóbhualadh, foilsiú, margaíocht, dáileachán, léirmheastóireacht, cruthú agus cothú pobail léitheoireachta, agus an iomaíocht, na dúshláin leanúnacha a bhí in earnáil na foilsitheoireachta Gaeilge agus i saol agus i saothar na Laoideach, mar bhí an fhoilsitheoireacht ar phríomhchúraimí Chumann Buanchoimeádta na Gaeilge chomh maith.

Dá mhéad a rinne Seosamh, níor leor é go luafaí é i litríocht an chlóchultúir in Éirinn, i leabhair mar *The history of Irish book publishing* (Farmar, 2018), *The Irish Book in the Twentieth Century* (Hutton, 2004), in *Iriseoireacht na Gaeilge* (Ó hUiginn, 1990) nó in *Iriseoirí Pinn na Gaeilge* (Uí Chollatáin, 2008).

Mar a fheicfear, bhain an Laoideach leas go rialta as an srathú agus sruthú ó IG agus ó ACS go leabhair. Chríochnaigh an-chuid ábhair a céadfhoilsíodh san ACS idir 1903 agus 1915 mar leabhair a chuir an Laoideach in eagar. Ba straitéis é seo a chuir ar a chumas líon na leabhar Gaeilge a mhéadú go tapa mar bhí an téacs cuid mhaith ullamh don chló san iris. Chuidigh sé leis freisin a ainm d'fháil mar údar nó mar eagarthóir ar réimse leathan leabhar.

Bhain obair an Laoidigh tríd is tríd le hoiriúnú Gaeilge an phobail don chló in irisí agus i leabhair. Don léargas seo chuidigh leabhair Regina Uí Chollatáin, *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae, 1899-1952* (2004) agus *Iriseoirí Pinn na Gaeilge, an cholúnacht liteartha: critic iriseoireachta* (2008). Ní luaitear Seosamh in *Iriseoirí Pinn na Gaeilge,* ach dáiríre is mar iriseoir a fheictear é in *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae, 1899-1952*. Cuireann Uí Chollatáin os ár gcomhair é mar scríbhneoir a rinne a dhícheall ábhar na hirise sin a fheabhsú agus mar dhuine a sheas do chearta a chomhscríbhneoirí.

Saineolaí atá i mbun taighde ar chlóchultúr na Gaeilge ar bhonn leanúnach is ea an Dr. Niall Ó Cíosáin. In 'Print and Irish, 1570-1900, (exceptional among the Celtic languages)', aiste in *An Radharc* (Iml.5/7, 2004-2006:106), dúirt sé agus é ag trácht ar *An Gaodhal*:

> If, as an immigrant group, the Irish were exceptional in their linguistic behaviour, becoming monoglot English speakers more rapidly than other ethnic groups, this is surely relevant to the weakness of Irish print culture in Ireland itself, and its consequent weakness abroad also.

D'fhoghlaim siad an Béarla go sciobtha mar bhí an Béarla clóbhuailte os comhair a súl an t-am ar fad. A mhalairt a bhí fíor i gcás na Gaeilge. Ba í an laige seo i gclóchultúr na Gaeilge a bhí an Laoideach thar aon duine eile ag iarraidh a leigheas.

Sa naoú céad déag cuireadh suas le 10,000 leabhar i gcló as Breatnais, 1,200 nó mar sin as Gáidhlig agus níos lú ná 150 as Gaeilge, deir Ó Cíosáin linn in aiste atá aige in Imleabhar 1 de *Litríocht na Gaeilge ar fud an Domhain* (2015), dar teideal 'Pobal, teanga, cló: Gaeilge, Gáidhlig agus Breatnais ar fud an domhain sa naoú céad déag'. Taispeánann a chonclúid, thíos, staid chlóchultúir na Gaeilge agus na scileanna nach raibh ar fáil sa *fin de siécle* agus ag tús an chéid seo caite nuair a thosaigh Seosamh Laoide ar a chuid eagarthóireachta:

> Ar an mbealach seo, bhí múnlaí agus cleachtais chló seanbhunaithe sa Bhreatnais go háirithe, agus sa Gháidhlig ar scála níos lú, ar shlí go bhféadfadh na himircigh iad a thabhairt leo, go Meiriceá nó go dtí an Astráil, agus cultúr cló Breatnaise nó Gáidhlig a chruthú ansin chomh maith. Bhí pobal léitheoireachta ann, ...tréimhseacháin á scaipeadh sna teangacha sin....clódóirí tréanáilte ....scríbhneoirí agus eagarthóirí.... Ní raibh ceann ar bith de na heilimintí seo ann sa Ghaeilge, ar fud an domhain nó sa bhaile.

Tá forléargas úsáideach ar fhoilsiú leabhar in Éirinn in *The History of Irish Book Publishing* le Tony Farmar (2018) cé nach féidir a rá go bhfuil mionscrúdú ar bith ar fhoilsitheoireacht na Gaeilge déanta aige. Is féidir clódóireacht na Gaeilge in Éirinn a rianú siar go dtí an 16ú haois. 'Ag an Eaglais Bhunaithe agus ní ag Caitlicigh a bhí tús clódóireachta i mBaile Átha Cliath agus tús clódóireachta in Éirinn', deir Donn S. Piatt linn. Tá caibidil shuimiúil aige ar chlódóireacht na Gaeilge ina imleabhar *Mhaireadar san Ardchathair* (1957: 22-27). Rinne Nicholas Williams forbairt ar an téama seo in *I bPrionta i Leabhar: na Protastúin agus Prós na Gaeilge, 1567-1724*, (1986). B'fhéidir a rá gur fhan clódóireacht na Gaeilge san earnáil eaglasta den chuid is mó go dtí iarrachtaí foilsitheoireachta Chumann Buanchoimeádta na Gaeilge. Tá achoimre ábhartha ag Liam Mac Mathúna i gCaibidil 6 den imleabhar leis féin *Béarla sa Ghaeilge* ar éabhlóid chlódóireachta na Gaeilge ó lár an 18ú haois ar aghaidh.

1.11 Léirbhreithniú beathaisnéisí

De réir a liostaí pearsanta féin, léigh Seosamh roimh ré agus chuir sé eagar ar sé leabhar le Pádraig Ó Conaire, na leabhair is mó a thuill clú dó mar údar. Ní luaitear é, áfach, in *Pádraic Ó Conaire, Scéal a Bheatha* (1995), tráchtas 485 leathanach leis an tSiúr Eibhlín Ní Chionnaith, ná in *Pádraic Ó Conaire agus aistí eile* le Seosamh Mac Grianna.

Tugann *An Duinníneach* (Ó Céileachair agus Ó Conluain, 1958), léargas uileghabhálach ar an laoch eapainmneach, mar fhoclóirí, mar údar agus mar shaoi. Tá dóthain ann le léiriú go raibh dlúthghaol idir an sagart agus an Laoideach, ach ónár dtaobhna de tá easnaimh air; ní thaispeántar ról an Laoidigh in ullmhú an fhoclóra agus níl tagairt ar bith don sceanairt gan taise a rinne sé mar léirmheastóir ar *Cormac Ua Conaill* in IG. Tá admháil fhial an Duinnínigh féin againn sa réamhrá don fhoclóir do phrofléamh cruinn an Laoidigh ar an lámhscríbhinn iomlán, tasc a rinne sé, sílimid, ní mar chara cuiditheach, ach *ex officio* mar eagarthóir leabhar an Chonartha.

Leabhrán a thug go croí ár scéil muid ba ea *Énrí Ó Muirgheasa (1874-1945)*, curtha le chéile d'Éigse Fhearnmhaí i 1974, ina bhfuil aiste ó nia le hÉnrí, an tAthair Frainc Ó Muirgheasa, a léirigh go grinn an gaol a bhí idir Énrí agus Laoide, agus a thug an treoir dúinn do thaisce 164 litir ar a laghad a scríobh Laoide chuig Ó Muirgheasa agus atá i gCartlann Uí Mhuirgheasa i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Beathaisnéis a chuidigh linn líomhain na spiaireachta i leith an Laoidigh a chur ar neamhní ba ea *Portrait of an Irishman* (1939), cuntas a scríobh Commander C.H. Rolleston, R.N. ar a athair, T.W. Rolleston, inar dhearbhaigh sé gurb é T.W. Rolleston a ceapadh mar aistritheoir agus mar chinsire ar chomhfhreagras i nGaeilge i Roinn na Cinsireachta in Oifig an Chogaidh ar £5 in aghaidh na seachtaine.

In *Diarmuid Lynch, a forgotten Irish patriot* (2013), le Eileen McGough, feicimid mar a shealbhaigh Bráithreachas na Poblachta an Conradh agus mar a réamhshocraigh Lynch agus Tomás Ághas go mbeadh móramh ag teachtaí a raibh an Bráithreachas lánmhuiníneach astu ag an Ardfheis stairiúil i nDún Dealgan, 1915. Dearbhaítear freisin polasaí an Bhráithreachais an ruaig a chur,

i bhfocail Ághais, ar 'some of the old women and some of the fossils that control it at present.' Ba iad seo, ar ndóigh, na baill ar theastaigh uathu an Conradh a choinneáil ar siúl mar eagraíocht athbheochana teanga amháin, agus bhí an Laoideach ar thús cadhnaíochta orthu siúd.

Sa chomhthéacs seo, scríobh an Craoibhín ina chuimhní cinn neamhfhoilsithe:

> 'The Gaelic League.... began to lose its charm when it became powerful. It was then worth capturing and people, notoriously Arthur Griffith, set about to do so'. (Edwards 1977/2006:88)

Ó 1909 ar aghaidh, mar a thug Ó Muirgheasa le tuiscint ina alt sa *Leader*, bhí an Conradh ar fiar. Bhí an Piarsach agus Mac Néill, agus an Craoibhín cuid mhaith freisin, bailithe leo ar a gconair féin. Fágadh an Laoideach aonarach agus scoite mar athbheochanóir tiomanta den seandéanamh i ngluaiseacht a bhí á bpolaitiú de réir a chéile ag Sinn Féin ón taobh amuigh agus ag Craobh an Chéitinnigh ón taobh istigh.

Tá toisí Meiriceánacha le scéal an Laoidigh, cé nár leag sé cos san Oileán Úr riamh. Tá an tagairt seo dó ag Fionnuala Ní Fhlannagáin in *Mícheál Ó Lócháin agus an Gaodhal* (1990:60):

> Faightear an tagairt do bhunú Chonradh na Gaeilge in Éirinn i mí Feabhra 1894. Tharla gur scríobh duine de na cisteoirí, Seosaph H. Laoide, chuig an iris, ag cur in iúl do na léitheoirí faoin gcumann, 'an nidh do bhí do dhíth ar chúis na Gaedhilge go dtí seo.'

Ba é an Laoideach, mar sin, a thionscain an t-agallamh idir an Conradh agus Gaeil Mheiriceá, a shroich barr díochrachta, is dócha, i gcuairt an Chraoibhín ar na Stáit Aontaithe, 1905-1906, nuair a bhailigh sé $50,000 don Chonradh. Cuirtear síos ar an turas sin i leabhar an Chraoibhín, *Mo Thurus go hAmerice* (1937), ath-eisithe i 2019 ag Preas Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, curtha in eagar ag Liam Mac Mathúna, Brian Ó Conchubhair, Niall Comer, Cuan Ó Seireadáin agus Máire Nic an Bháird. Thug Mac Mathúna comhthéacs an turais i réamhrá spreagúil.

Is seoidleabhar maisithe ealaíonta *My American Journey*, éacht leabhardéanaimh. Ba shodarnaíl i ndiaidh na n-uaisle agus na nGael toiciúil thall an turas seo. Ní léir gur theagmhaigh an Craoibhín leis an Athair Ó Murchadha (D.Ó.M) ná le Seán Ó Laighin ná leis na mianadóirí ó Éirinn a thug na hamhráin

dóibh a foilsíodh in IG, cé go raibh sé i Philadelphia. Ní léir ach an oiread go raibh Gertrude Schoepperle thart nuair a thug sé cuairt ar Ollscoil Illinois. Bhí go leor ar siúl ar an turas nár bhain le maoiniú an Chonartha. Rinneadh 'Meisias' polaitiúil den Chraoibhín a raibh d'fheidhm aige b'fhéidir na Gaeil-Mheiriceánaigh a chomhtháthú agus a láithriú mar aicme acmhainneach, cumasach agus cumhachtach. Níor mhéadaigh fáltas an Chraoibhín líon na leabhar a chuir Seosamh amach; mar a mhínigh Liam Mac Mathúna sa Réamhrá do *My American Journey*, caitheadh an chuid is mó den $50,000 ar an bhfeachtas chun an Ghaeilge a dhéanamh éigeantach sa scrúdú máithréanach d'Ollscoil Náisiúnta na hÉireann.

Chreid Seosamh go n-éireodh le feachtas sna Stáit Aontaithe teacht i gcabhair ar fhoilseacháin Ghaeilge. Chuir sé deireadh leis an litir a scríobh sé chuig an gCoiste Gnó ar 4 Nollaig 1914 mar seo:

> I suggested long ago that you should have a Publications fund. It will bring in more money than any other. Father Flanagan—a splendid man—told you plainly that far more money could be got for Publication purposes in America than for any other purpose.

Choinnigh sé a shúil ar *An Gaodhal* agus d'fhoilsigh sé píosaí as anois is arís in IG.

Tá cnuasach tairbheach aistí faoi shaothrú na Gaeilge i Meiriceá agus in áiteanna eile thar lear le fáil in *Litríocht na Gaeilge ar Fud an Domhain, Cruthú, Caomhnú agus Athbheochan*, Imleabhar 1 (2015) agus Imleabhar 2 (2016). Bhaineamar úsáid as dhá aiste as Imleabhar 1, 'Sagart gan Iomrádh: an tAthair Domhnall Ó Morchadha (1858-1935) agus Amhráin Pennsylvania', le Deirdre Ní Chonghaile, agus 'Pobal, teanga, cló: Gaeilge, Gáidhlig agus Breatnais ar fud an domhain san naoú céad déag' le Niall Ó Cíosáin, luaite thuas.

1.12 Protastúnaigh ar son na Gaeilge

Déantar iontas go rialta sa litríocht de Phrotastúnaigh a fhaightear i mbun saothrú na Gaeilge. Rinne Proinsias Mac Aonghusa é sin ina chaibidil 'Oibrithe ar leith'. (1993: 198-216). Tá an Laoideach aige sa liosta fada de na Protastúnaigh a rinne obair mhór ar son an Chonartha agus ar son na Gaeilge, ach, toisc nár fhulaing sé in eachtra sheicteachais, ní bhíonn scéal faoi. Tá sé ar liosta Risteárd Uí

Ghlaisne ina leabhar ar an gCraoibhín, *Dubhghlas de hÍde (1860-1949),* (1991:174) agus arís i *De Bhunadh Protastúnach* (2000: 495) leis an údar céanna. Tá an machnamh b'uileghabhálaí a rinne Ó Glaisne ar na Protastúnaigh in Éirinn san alt a scríobh sé don *Crane Bag*, an tEagrán Gaelach, iml. 5, 1981, 'Irish and the Protestant tradition'.

Nuair a tháinig Earnán de Blaghad aduaidh go Baile Átha Cliath ar dtús, léimid in *Trasna na Bóinne* (1957:93), níor inis sé dá chomhfhoghlaimeoirí i rang Gaeilge an Chonartha gur Protastúnach a bhí ann ar eagla go gcaithfí amach as an rang é. Níor chuir sé aithne ar Phrotastúnach ar bith eile sa Chonradh go dtí gur thug sé faoi deara nár ardaigh a chomhbhailitheoir do Chiste na Teanga, Seoirse Ó hÉireamhain, a hata agus é ag dul thar an Leas-Ardeaglais i Sráid Mhaoilbhríde. D'éirigh an Blaghdach aspalda[2] agus leis an Seoirse seo, le Seán Ó Cathasaigh agus le Séamas Deakin, thosaigh sé feachtas chun soiscéal an Ghaelachais a leathadh i measc bhaill Eaglais na hÉireann.

De réir gach cosúlachta bhí an Laoideach ina bhall dílis d'Eaglais na hÉireann ach ní raibh sé 'aspalda' i leith na Gaeilge i measc a chomhreiligiúnach mar a bhí an Blaghdach. Níor roinn sé a phobal ar bhonn reiligiúnach. Ní léir gur fhulaing sé ó eachtra sheicteach ar leith ar bith, ach is dócha, sa simpliú idé-eolaíoch 'dubh agus bán' a tharla de réir mar a threisigh an náisiúnachas míleata, go bhfacthas mar chuid den bhunaíocht é a bhí ina constaic do thionscadal na saoirse polaitiúla agus gur tháinig na líomhaintí a rinne dochar dá chlú ón dearcadh sin.

1.13 Athbheochanas agus Poblachtánachas

Chaith Leon Ó Broin tamall ina chléireach i gComhlacht Mhórbhóthar Iarainn an Deiscirt ag stáisiún Droichead an Rí. Fear ildánach cumasach, agus poblachtach, a bhí ann agus chuaigh sé chun cinn go tapa i gcórais éagsúla an stáit nua. Bhunaigh sé an Gúm leis na cigirí Mícheál Breathnach agus Seoirse Mac Niocaill. B'údar bisiúil sa Ghaeilge é féin. Cosúil leis an Laoideach bhain sé leas as an meán foilsitheoireachta a bhí ar lámh aige:

> I confess that I, as a young writer, found the terms for both original work and for translations very attractive; so that, in those early days at An Gúm, I handed in, and had speedily

[2] *ainm.ie* s.n. de Blaghad, Earnán (1889-1975).

> published for me, two books of short stories, and translations of Stephenson's *Kidnapped*, Wells' *War of the Worlds* and Jerome's *Three Men and a Boat*. This kept the wolf from the door as my family began to arrive.... (1986:67)

Castar a lán dá lucht aitheantais orainn ina dhírbheathaisnéis a bhí ag obair ar ardleibhéal sna forais stáit. Bhí an Conradh agus an Ghaeilge mar chúlra acu go minic. Rud eile a bhí coitianta acu sa *curriculum vitae* ba ea seal i mbraighdeanas in Éirinn nó i Sasana i ndiaidh 1916. Taispeánann cuntas Leon Uí Bhroin go raibh gluaiseacht na Gaeilge súite isteach ar fad san fheachtas míleatach faoi theacht an tSaorstáit agus go raibh glactha le himeachtaí na Cásca 1916 mar chuid ghlórmhar de stair na hAthbheochana.

Tá sé sin le sonrú freisin in *Luíse Ghabhánach Ní Dhufaigh: Ceannródaí* (2018) le Celia de Fréine. Bhunaigh Ní Dhufaigh Scoil Bhríde i 1917 agus dúirt sí i 1968: 'Má tá Scoil Bhríde ann inniu is iad Pádraig agus Liam Mac Piarais a chuir ar siúl agus a chothaigh í.....Is iad patrúin na scoile iad agus cuireadh faoina n-aire agus faoina gcoimirce í le súil go mairfeadh spiorad na nGael inti' (2018:190). Bhí sí in Ard-Oifig an Phoist seachtain na Cásca 1916. Chuir an Piarsach ag obair sa chistin í.

Tá sé sin luaite i leabhar spéisiúil dea-dhéanta, *The GPO:200 years of history* (2015) le Stephen Ferguson, ach díomách go leor níl focal sa leabhar faoin bhfeachtas stairiúil ag tús an chéid seo caite go nglacfadh an tseirbhís phoist le litreacha agus bearta agus seoltaí i nGaeilge orthu.

Tá go leor téamaí ábhartha in anailís nua-aoiseach Fhiontáin de Brún ar nádúr an athbheochanais, *Revivalism and Modern Irish Literature: The anxiety of Transmission and the Dynamics of Renewal* (2019). Pléann sé leaganacha den útóipeachas, e.g. gur sa tóraíocht agus nach sa duais atá an sprioc, nó an t-athbheochanas mar uirlis agus mar chuspóir, nó nádúr dhá éadan fhrithráiteach an athbheochanais a éilíonn féachaint siar chun dul ar aghaidh, léargas b'fhéidir a bheadh úsáideach i measúnú logainmníochta an Laoidigh.

Ag Ardfheis Dhún Dealgan i 1915 roghnaigh an Conradh an t-athbheochanas mar uirlis phoblachtach. Fágadh an Laoideach ar an taobh uaigneach den rún sin. Is léir ó Chaibidil 4 i leabhar de Brún go raibh an rogha seo déanta ag Pádraig

Mac Piarais blianta fada roimhe sin agus gur gléas ina phlean útóipeach pearsanta an Conradh.

Tá de Brún géarchúiseach ag sainaithint feitiseachais neamhshrianta ‘Gaeilgeoirí’ i leith na nGaeltachtaí, aortha chomh diabhalta sin ag Myles na gCopaleen in *An Béal Bocht*. Ní raibh an Laoideach saor ar fad ón bhfeitiseachas seo agus, corruair, ag tabhairt amach dó do chainteoirí dúchais faoin mBéarla a úsáid, mar a rinne sé i dTeileann ag tóraíocht ‘Pholl Tí Liabáin’ agus thíos i mBéarra freisin, d’fhéadfaimis bheith i gCorca Dorcha Myles na gCopaleen ag éisteacht leis.

1.14 Iriseoireacht na Gaeilge

Tá rannóg, Cuid 2, ‘Irisí agus nuachtáin na Gaeilge’, sa chnuasach aistí ómóis don Ollamh Nollaig Mac Congáil, *Ag Siúl an Bhealaigh Mhóir* (2016), atá curtha in eagar ag John Walsh agus Peadar Ó Muircheartaigh. Tá ‘Irisí agus colúin réamh-Athbheochana’ le Dorothy Ní Uiginn agus ‘Meáin Ghaeilge agus 1916: clúdach agus cinsireacht’ le Regina Ní Chollatáin ann. Ní raibh ach ‘meán’ amháin i gceist in alt Uí Chollatáin, ACS. B’fhiú an aiste seo a scríobh agus is fiú í a léamh, cé nach bhfuil an focal deiridh ráite faoin ábhar. Tá saothar an Laoidigh sna heagráin ar fad a scrúdaíonn sí, sna colúin ‘Ceist agus freagra’; láthair ina raibh sraith nótaí aige ó mhí an Márta roimhe sin ar *Beirt Ghaedhilgeoirí ’na gcomhnaidhe sa chathair* le Domhnall Ó Murchadha, gan a ainm ach amháin leis an sliocht deiridh a bhí in eagrán 15 Iúil 1916. Bhí a ainm, áfach, le feiceáil go rialta i dteidil agus i bhfotheidil a leabhar féin i bhfógraí Chomhlacht Oideachais na hÉireann sna heagráin chéanna.

Cuid a 3

I dtreo modheolaíochta

1.15 An mhodheolaíocht chartlainne

Léirigh scéal na Laoideach é féin mar stair chultúrtha. Ar na gléasanna a mbaineann an staraí cultúrtha leas astu tá ‘an mhodheolaíocht chartlainne’. Is gléas ilfheidhmeach, ilúsáide an modh seo, ar féidir leis bunachair ollmhóra sonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhainistiú agus ag an am céanna forléargas

léirsteanach a thabhairt ar chnuasach chomh coitianta leis na grianghraif in albam bainise.[3]

Bhí leagan den mhodh seo in úsáid againn cuid mhaith i ngan fhios dúinn féin. Ransaítear na cartlanna atá ar fáil don fhianaise agus don eolas is gá chun an cuntas a dhéanamh iontaofa agus san iarracht cruthaíonn an taighdeoir cartlann nua tiomnaithe don ábhar staidéir atá idir lámha aige nó aici. Is féidir breathnú ar an mbunachar sonraí a chuirtear le chéile sa tslí seo mar chartlann fhíorúil. Driogtar an tráchtas as an gcartlann tiomnaithe fíorúil nua seo sa tsúil go líonfaí cuid de na bearnaí sa chuntas agus go gceartófaí roinnt den mhífhaisnéis.

1.16 'An chartlann'

Is téama ilbhríoch 'cartlann' a chiallaíonn go bunúsach cnuasach taifead i meán ar bith, na meáin chlóite, fhíse, fhuaime agus digiteacha san áireamh. Is féidir 'an chartlann' a úsáid go fíorúil freisin sa chaoi go seasann an téarma don eolas ar fad atá ar fáil i stórais nó don stóras eolais iomlán atá ar fáil faoi ábhar ar leith nó faoi chartlann phearsanta nach bhfuil ar fáil go poiblí.

Is meán inti féin í an chartlann, lena féiniúlacht agus a hidé-eolaíocht agus a claontacht féin. Beidh roghnú ábhair i gceist, agus síorbhreithiúnas faoi cad is fiú a choinneáil agus a chlárú agus faoi cad ba cheart a thoirmeasc.

1.17 An 'tost cartlainne'

D'fhéadfadh 'tost cartlainne' a bheith san imirt nuair atá clú duine nó aicme ag fulaingt ó dhíchuimhne nó neamhaird. Is feidhm í den mhodheolaíocht chartlainne an 'tost cartlainne', sé sin na sonraí nach bhfuil sa chartlann ar chúis amháin nó ar chúis eile, a shainaithint (Manoff, 2016). Tá an coincheap seo ábhartha ach go háirithe i bplé faoin gcoilíneachas (Gopal, 2020:9-40).[4] Beidh cartlanna na bpobal faoi chois easnamhach i gcomparáid le cartlanna na bpobal a bhí nó atá in uachtar. Beidh mionteangacha faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le mórtheangacha. Níl cartlannaíocht na Gaeilge chomh foirfe le cartlannaíocht an Bhéarla agus is féidir é seo a cheangal freisin leis an dioscúrsa iarchoilíneach. D'féadfadh cinsireacht a bheith i gceist, claoninsint, mífhaisnéis, clúmhilleadh,

[3] Féach Carville, (2011:154-159).
[4] *Insurgent Empire: anticolonial resistance and British dissent*, London: Verso, 2019

ceartaiseacht pholaitiúil, cinneadh dáiríre nó fo-chomhfhiosach go ndéanfaí dearmad ar aicme, ar dhuine, ar dhioscúrsa dúshlánach.

D'fhéadfaí a fhiafraí an raibh an 'tost cartlainne' ann i gcás na Laoideach agus má bhí cé a thionscain an tost seo? Cé chomh cruinn is atá teideal aiste Uí Mhuirgheasa faoi Sheosamh, 'A forgotten patriot' agus cén fáth ar ligeadh i ndearmad é? An leor fonótaí ar a fheabhas mar chur síos ar ról an Laoidigh in athbheochan na Gaeilge?

'.....I think what they want is my silence', dúirt Edward Said i gcomhthéacs eile le David Barsamian (2003: 82). Níor fhan an Laoideach ina thost. Ba iad na poblachtaigh ar ar chuir Laoide olc a dheachtaigh an cuntas agus níor fheil seisean dá leagan den stair mar a d'fheil an Piarsach agus Mac Néill. D'fhéadfadh breith mar seo a theacht ón gcineál machnaimh a chleacht Foucault agus Derrida.

Tá litríocht ollmhór, ar leibhéal fealsúnach (eipistéimeolaíocht) ó údair mar Michel Foucault (*L'archeologie du savoir* (1969) agus Jacques Derrida (*Mal d'Archiv*e, 1995), ar leibhéal tuairimeach ó staraithe agus ó shocheolaithe (Bosi and Reiter, 2015), ar leibhéal praiticiúil ó chartlannaithe agus ar leibhéal bunúsach ó thaighdeoirí faoin mhodheolaíocht chartlainne (Featherstone, 2006). Pléann Foucault eagrú agus bainistiú eolais mar ghné den chumhacht agus is uaidh a thagann coincheap an tost cartlainne. Téann Derrida mórán an treo céanna ach go bhfuil dul Freudach ar a mhachnamh; d'athmhúnlaigh sé coincheap Freud mothúcháin agus cuimhní a bhrú faoi chois chun bearnaí áirithe i gcartlanna a mhíniú.

1.18 Súil siar

Sa chaibidil seo leagamar amach an tsaincheist taighde agus thugamar an comhthéacs pearsanta don tráchtas. Is léir gur cur síos réasúnta cruinn ar ár modh oibre an mhodheolaíocht cartlainne. Thaispeánamar nach bhfuil cuntas cuimsitheach uileghabhálach ar shaol agus ar shaothar na Laoideach ar fáil ach go bhfuil eolas fúthu i réimse leathan láithreacha a thagann le chéile i gcorpas fíorúil nua atá mar bhun dár dtráchtas. Tá sé soiléir freisin go dtéann an corpas seo cuid den tslí ar a laghad chun na bearnaí sa chuntas a líonadh agus an mhífhaisnéis a cheartú.

Thaispeánamar go bhfuil bunfhoinsí agus foinsí tánaisteacha ár ndóthain againn chun cuntas na Laoideach a iomlánú go suntasach. De bhreis ar sin is léir go bhfuil litríocht chuimsitheach ábhartha ann a chaitheann solas ar shaolréanna agus cúinsí comhaimseartha na Laoideach. Tháinig téamaí áirithe chun suntais thuas, dícheall an Dr. Lloyd ar son na teanga i gCumann Buanchoimeádta na Gaeilge, dul chun cinn Sheosaimh Laoide mar eolaí ar chanúintí agus ar ball i bhfeidhmiú caighdeáin. Sonraítear chomh maith mar bhéaloideasaí suntasach é. Feictear go raibh sé lárnach in oiriúnú 'caint na ndaoine' don chlóchultúr. Feictear gur chuir sé bonn le logainmníocht nua-aimseartha na Gaeilge lena eolaí poist, *Post-Sheanchas*.

I gCaibidil 2 pléifear cúlra na Laoideach i Londain agus i mBaile Átha Cliath. Beidh an bhéim ar an Dr. Joseph Henry Lloyd, mar sheodóir, mar ollamh le teangacha agus mar athbheochanóir.

Caibidil 2

Na Laoidigh

2.0 An cúlra i Londain agus in Éirinn.

De réir Woulfe, *Sloinnte Gaedhal is Gall* (1923/1992:303-304), is sloinne Breatnaise Lloyd, focal a chomhfhreagraíonn do 'liath' na Gaeilge nó do *llwyd* ('liath') sa Bhreatnais. Tugann Woulfe trí leagan Gaeilge den sloinne, Lóid, Lúid agus Laoide. Is léir ó thaighde Chiaráin Bairéad (1945:129) gur thriail Seosamh Laoide 'LLóid' mar leagan Gaeilge den sloinne agus é ag foghlaim na teanga ar dtús in aois 21 dó , ach ar ball shocraigh sé ar 'Laoide'.

Scríobh Bairéad (1945:129-130):

> Tá an chóip de *Easy Lessons, or Self-Instruction in Irish*, leis an gCanónach Uileog de Búrca, a bhí ag an Laoideach, i mo sheilbh-se anois agus tá na focla seo scríofa aige ar an duilleóig taobh istigh de'n chlúdach: *Le Seosaph Hannraoi Llóid, Baile Átha Cliath, an leabhar lóghmhar seo. Go gcuiridh Dia rath ar an nGaedhilige agus ar ghach duine a ghrádhuigheas í. An seiseadh lá fichead de mhí Auguist, 1886*. Tá an méid sin curtha síos i ndubhach, ach tá an t-ainm mar a atá sé ann sgriosta amach, agus *Seosamh Laoide* sgríofa ós a chionn le peann luaidhe agus tá '*Lughnasa*' sgríofa ós cionn '*Auguist*' le peann luaidhe. De réir deallraimh, is i bhfad ina dhiaidh sin, nuair a bhí eólas níos fearr ar an teangaidh aige, a rinne sé an ceartú seo.

B'ainmneacha baiste traidisiúnta Joseph Henry i gclann Laoide nó Lloyd. Tá triúr Joseph Henry Lloyd sa scéal seo, Joseph Henry Lloyd an seodóir, a chleacht a cheird i Londain agus b'fhéidir i mBaile Átha Cliath, a mhac siúd an Dr. Joseph Henry Lloyd, a rugadh i Londain, seodóir freisin, teangeolaí agus ollamh le teangacha chomh maith, agus a mhac sin, J. H. Lloyd nó Seosamh Laoide, cléireach cuntas i Roinn na bPaisinéirí, An Oifig Iniúchta, Mórbhóithre Iarainn an Tuaiscirt, mórscoláire na Gaeilge, athbheochanóir, Conraitheoir, béaloideasaí, eagarthóir, scríbhneoir, iriseoir, teangeolaí, logainmneoir. Leasaigh sé 'Anraí' go 'Hanraí' ina dhiaidh sin ach b'annamh dó úsáid a bhaint as.

2.1 Londain

Ba i Londain a chleacht Joseph Henry, an seodóir, a ghairm. Mary Ann Crean b'ainm dá bhean chéile. B'as Loch Garman di. Tugann Bairéad (1945:127) roinnt mioneolais faoi chlann Crean i Loch Garman dúinn. Bhí deartháir ag Mary Ann, Robert Joseph Crean, a bhí ina dhochtúir leighis, fear a bhain clú amach dó féin sa ghairm sin, mar a bhain a mhac, John, ina dhiaidh.

Ar oileadh Robert Joseph Crean mar dhochtúir ar an Mór-Roinn, i Jena nó i Freiberg? Shíl Bairéad (1945:127) go mb'fhéidir gur i 'Jena nó i Freiburg a fuair an Dr. J.H. Lloyd na céimeanna a bhí aige'. Ba i gColáiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn a oileadh John Crean, col ceathrair Sheosaimh. Tá an giota seo as nuachtán, *The Wexford Independent*, 18 Nollaig 1875, greamaithe do leathanach de léirmheasanna agus d'ábhar eile a bhain le leabhar an Dr. Lloyd, i gcartlann an Laoidigh san Acadamh Ríoga. Dearbhaíonn an blúirín seo cuntas Bhairéad a thuilleadh agus is fianaise é ar dháimh idir an Dr. Lloyd agus muintir Crean.



DECEMBER 18, 1875

THE MEDICAL PROFESSION.

Only a short time back we had the pleasure to announce, that Mr. John Crean, son of our excellent and worthy fellow-townsman, Dr. Crean, had passed his first half examination for the medical profession. It is now our pleasing duty to supplement that statement by the fact, that on Tuesday last he succeeded with marked honour and credit in achieving the second half, or final examination, at the Royal College of Surgeons, Dublin. Thus, Wexford-men of the present day, at home and abroad, fully sustain the prestige of those who have gone before them in the devious paths of literature and profes-

1. Sliocht as *The Wexford Independent*, 18 Nollaig 1875

DECEMBER 18, 1875

The Medical Profession

Only a short time ago we had the pleasure to announce that Mr. John Crean, son of our excellent and worthy townsman Dr. Crean, had passed his first half examination for the medical profession. It is now our pleasing duty to supplement that statement by the fact that on Tuesday last he succeeded with marked honour and credit in achieving the second half, or final examination at the College of Surgeons, Dublin....

Trí mheán FamilySearch, seirbhís ghinealaigh de chuid na Mórmanach, d'aimsigh mé dáta breithe Dr. Joseph Henry Lloyd, mac le Joseph Henry Lloyd, seodóir, agus le

Mary Ann Crean as Éirinn, ar an Idirlíon. Ar fhianaise an teastais bhreithe thíos, rugadh an Joseph Henry Lloyd seo i Londain, i lár na cathrach sin, sa 'City of London Union', ar an 17ú lá de Mheitheamh sa bhliain 1840. Is é '97 London Mall' atá sa seoladh. Joseph Henry a bhí mar ainmneacha baiste ar an athair freisin. Ba sheodóir é. Ba í Mary Ann Crean a mháthair. Tá an teastas seo ar fáil ó Chláraitheoir Ginearálta Shasana, uimhir iarratais 284477-1. Ba é an t-athair a chláraigh an bhreith ar an 14ú lá de Iúil, 1840. Treisíonn Bairéad an teastas lena ráiteas go bhfuair an Dr. Lloyd bás i ndeireadh 1884, in aois a cheithre bliana is dá fhichead, rud a dhearbhaíonn gur rugadh é sa bhliain 1840.



CERTIFIED COPY OF AN ENTRY OF BIRTH

GIVEN AT THE GENERAL REGISTER OFFICE

Application Number 2844774-1

REGISTRATION DISTRICT CITY OF LONDON UNION

1840 BIRTH in the Sub-district of The City of London Union in the County of Middlesex

Columns:- 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10

No. | When and where born | Name, if any | Sex | Name and surname of father | Name, surname and maiden surname of mother | Occupation of father | Signature, description and residence of informant | When registered | Signature of registrar | Name entered after registration

CERTIFIED to be a true copy of an entry in the certified copy of a Register of Births in the District above mentioned.

Given at the GENERAL REGISTER OFFICE, under the Seal of the said Office, the 6th day of December 2010

BXCE 824831

CAUTION: THERE ARE OFFENCES RELATING TO FALSIFYING OR ALTERING A CERTIFICATE AND USING OR POSSESSING A FALSE CERTIFICATE © CROWN COPYRIGHT

WARNING: A CERTIFICATE IS NOT EVIDENCE OF IDENTITY.

GMB

GENERAL REGISTER OFFICE ENGLAND

2. Teastas breithe Joseph Henry Lloyd, 14 Iúil 1840

An bhfuil an teastas breithe thuas iontaofa? Bhí go leor fear den ainm agus den sloinne Joseph Henry Lloyd i Londain sa chéad leath den 19ú haois. Cúis iontais domsa, ag cuardach ar an Idirlíon, go raibh go leor ban den ainm agus den sloinne Mary Ann Crean sa chathair sin freisin. Laghdaítear an lamháil earráide nuair a aimsítear Lloyd pósta le Crean, agus níos faide fós nuair is seodóir an Lloyd sin, agus níos faide fós arís nuair a bhíonn mac acu ar Joseph Henry a bhí air freisin.

'97 London Mall' atá sa seoladh. Níor éirigh liom London Mall ar bith a aimsiú sa City of London Union ná in áit ar bith eile. Sílim gur earráid sa scríbhneoireacht atá anseo. Is seoladh dleathach 97 London Wall, i bparóiste All Hallows sa City of London Union, gar d'ardeaglais Naomh Pól, agus d'féadfadh

gur anseo a bhí cónaí ar an gclann. Is sliocht é seo as liosta na bparóistí sa City of London Union ón Wikipedia:

> ……. All Hallows, Barking; All Hallows, Bread Street; All Hallows, the Great; All Hallows, Honey Lane; All Hallows, the Less; All Hallows, Lombard Street; All Hallows, London Wall; All Hallows, Staining; Christchurch, Newgate Street (2)….

Más ag 97 London Wall a bhí cónaí orthu ní rófhada a d'fhan siad ansin, mar ba é Stephen Taylor, báicéir, a bhí ina chónaí ag an seoladh sin ó 1841 ar aghaidh, ar fhianaise *Eolaí an Phoist* an cheantair don bhliain sin. Sin a bhfuil d'fhaisnéis nó de thuairimíocht againn faoi Joseph Henry Lloyd, seanathair agus athair, i Londain an tráth seo. An chéad tagairt iontaofa eile atá againn ná teastas pósta Joseph Henry Lloyd, an mac. Pósadh i mBaile Átha Cliath é faoi cheadúnas le hAnna Phair ar 14 Nollaig 1861. Bliain is fiche d'aois a bhí sé. Ar tógadh i Londain nó in Éirinn é? Tá an freagra ag Ciarán Bairéad (1945:128):

> Rugadh Dr. Lloyd i Lonndain, acht is i Loch Garman, marar tugadh é agus é an-óg, is ea a tóigeadh é.

Tá Bairéad lánmhuiníneach as an abairt sin. Cén cor a thitfeadh amach i saol na Laoideach a thabharfadh orthu Joseph Henry óg a sheoladh go Loch Garman agus é a fhágáil le muintir Crean? Pé rud a tharla, ní raibh drochshaol ar fad ag Joseph Henry óg. Nuair a pósadh é le hAnna Phair, a bhí mórán ar comhaois leis, ní raibh gairm bheatha luaite leis; is é 'gentleman' a bhí sa cholún faoi ghairmeacha ar an teastas pósta. 'Since society assumed that gentlemen did not do manual labour, the term gentleman eventually came to mean a man in a profession that did not involve manual labour,' de réir FamilySearch.

B'fhéidir go raibh de ghustal ag Joseph Henry Lloyd, seodóir agus trádálaí ar an London Mall nó ar an London Wall, a mhac a choinneáil díomhaoin agus galánta go leor chun é a cháiliú mar 'uasal', agus é a chur ar ollscoil de bhreis air sin, ach sílim gurb iad a bhéasa agus a mhodh iompair a cháiligh é don teideal sin i súile an mhinistir a scríobh an teastas. Deir Bairéad (1945:127):

> Chaith sé cuid dá shaol ar an Mór-Roinn, agus is i n-Ollsgoileannaibh ann, b'fhéidir i Jena agus Freiburg, a fuair sé na céimeanna a bhí aige. Bhí sé ina thuairisceoir coigchríche ag páipéir i Sasana nuair a bhí sé ar an Mór-Roinn.

Sa ráiteas sin tá Bairéad lándearfa gur sa Mhór-Roinn a fuair sé a chéimeanna. Bhí M.A. mar cháilíocht aige agus Ph.D. agus an cháilíocht LL.D chomh maith.

Tá sé inchreidte go mbeadh na cáilíochtaí seo aige faoin am a phós sé Anna Phair i mBaile Átha Cliath i 1861. Mar a fheicfear, áfach, níor thuill sé an dá chéim dochtúra a bhí aige, Ph.D. agus LL.D., go dtí na 1870í. Ó Eanáir 1883 ar aghaidh thugtaí J.H. Lloyd. Ph.D, LL.D, MRIA air i rollaí tinrimh Chumann Buan-Choimeádta na Gaeilge (Ó Murchú, 2001:99 *et seq*.) ach níor éirigh liom a dheimhniú cá bhfuair sé an chéim LL.D.

Bhí sé 'ina thuairisceoir coigchríche ag páipéir i Sasana nuair a bhí sé ar an Mór-Roinn', deir Bairéad. Tá sé sin an-spéisiúil ach theip orm sampla ar bith den iriseoireacht seo a aimsiú. Mar a fheicfear in Aguisíní G agus H, chruthaigh Seosamh Laoide breá ábalta mar shaoririseoir i gcolúin ACS. Ní ón ngaoth a thóg sé é.

Tá fianaise a mhic, Seosamh, againn gur chaith a athair cuid dá shaol sa Fhrainc agus sa Ghearmáin, agus go raibh clú air ina lá i ngeall ar a líofacht sa Fhraincis agus sa Ghearmáinis. Scríobh Seosamh litir spéisiúil chuig ACS a foilsíodh in eagrán 16 Aibreán 1910, á chosaint féin ar ionsaí, dar leis, a rinne an teangeolaí clúiteach E.C. Quiggin air ina leabhar *A Dialect of Donegal* (1906:30). Ba é seo an t-ionsaí:



30

described by Lloyd (G. J. 1896 p. 146), who states that "adh, agh appear to have three sounds, viz. that of eu in French, ö in German, or that commonly given to ae". Lloyd evidently did not know the French and German sounds he mentions but one of his three sounds is doubtless my ø:. The last mentioned pronunciation is that of the younger people in Donegal, for a description of which see § 95. O'Donovan in his Grammar p. 9 makes ø: and ɣ: identical in North Ulster, whilst for South Ulster and Meath he gives the pronunciation of ø: as ɛə. It may be noted that both ɣ: and ø: have the same sound in some dialects of Scotch Gaelic though in this case it is a low-front and not a high-back sound (ZCP. iv 99).

3. Sliocht as *A Dialect of Donegal* (Quiggn 1906:30).

'Lloyd evidently did not know the French and German sounds he mentions...' a chuir olc air. Is fiú a rá go raibh saothar an Laoidigh ar an bhfoghraíocht i gCúige Uladh tríd is tríd ina fhoinse phríomha ag Quiggin. Rinne sé deich dtagairt dó. Seo sliocht as litir Sheosaimh:



At p. 27 he makes the very bold assertion that I have " probably never heard " the sound of " German ö in böse," and at p. 30 he carries this to the extreme of temerity by asserting that I " evidently " (!) did not know the sounds of French eu and German ö.

Now, as a matter of fact, I know both the sounds he mentions from childhood. I learnt them with the other French and German sounds from my father who had spent part of his life in both France and Germany. His fame as a thorough speaker and scholar of French and German was so well known in his time that it is scarcely necessary for me to allude to the fact.

4. Sliocht as litir S.L. chuig ACS, 16 Aibreán 1910

Chaith a athair cuid dá shaol sa Ghearmáin agus sa Fhrainc. Bhí clú air lena linn dá chumas mar chainteoir Gearmáinise agus Fraincise agus mar scoláire sna teangacha sin. Is féidir linn fírinne eile a bhaint as an sliocht: bhí lámh aige in oideachas a mhic. Bhí Quiggin ar scoláirí móra na dteangacha Ceilteacha, an Ghaeilge ina measc. 'B'fhéidir gurbh é an t-aon duine amháin lena linn é ag a raibh eolas scolártha ar na beotheangacha Ceilteacha go léir,' a scríobh Breathnach agus Ní Mhurchú ina bheathaisnéis ar *ainm.ie.*

2.2 Baile Átha Cliath

Níl fianaise dhíreach ar bith againn gur tháinig an seodóir Joseph Henry Lloyd go hÉirinn mar imirceach ach chreid Bairéad gur tháinig agus gur oscail sé gnó seodóireachta i Sráid Anglesea i mBaile Átha Cliath. Scríobh Bairéad (1945:127-128) é seo:

> Seodóir ab eadh athair an Dr. Lloyd. De réir Thom's Directory bhí J. H. Lloyd, Wholesale Jeweller, ag 7, Anglesea St., Baile Átha Cliath ó l868 go dtí 1872, agus teach comhnuithe aige ag 5 Chalgrove Terrace. Sth. Circular Road. Is dóigh liom gurb é seo an seodóir arbh athair don Dr. Lloyd é...Sna blianta 1873-5, tá 'J. H. Lloyd, Wholesale Jeweller' ag uimhir 24 de'n tsráid, agus fós ag Chalgrove Terrace. Sa mbliain 1876 sé 'Dr. Lloyd, Professor of Modern Languages' atá ag Chalgrove Terrace, agus níl an t-ainm le fáil chor ar bith i Sr. Anglesea.

Tá sé soiléir ón sliocht sin gur cheap Bairéad gur dhá dhuine ar leith J.H. Lloyd, an seodóir agus 'Dr. Lloyd, Professor of Modern Languages'. Fuair mé na teastais bhaiste seo thíos ar an suíomh idirlín *www.irishgenealogy.ie*,[5] suíomh atá maoinithe agus reáchtáilte ag an Roinn Chultúir Oidhreachta agus

[5] Ceadaithe 26 Eanáir 2019

Gaeltachta. Tá na teastais bhaiste tógtha as taifid na dteampall Protastúnach i mBaile Átha Cliath, mar atá teastas pósta Joseph Henry Lloyd agus Anna Phair. Ní cheartaíonn siad cuntas Chiaráin Bairéad ach sa mhéid go ndeimhníonn siad gurb é an duine céanna J.H. Lloyd an seodóir agus Dr. Lloyd, Professor of Modern Languages. Ba thaistealaí tráchtála é, áfach, nuair a baisteadh Seosamh in 1865 agus b'Ollamh le Teangacha é nuair a baisteadh Mabel Annie May in 1876.

Bainim as an méid sin gur bhain an Dr. Lloyd a ardchéimeanna amach mar aosach sna 1870í, agus gur athchruthaigh sé é féin mar ollamh le nuatheangacha nuair a foilsíodh a thráchtas i 1875. Bhí sé cúig bliana agus tríocha d'aois ag an am, óg go leor chun tabhairt faoi ghairm beatha úrnua.

Tá Chalgrove Terrace ar an gCuarbhóthar Theas, i gceantar Dhún Uabhair, gar do Chúinne Lionaird. Ba é seo seoladh na Laoideach ó bhreith Robert Phair in 1868 go breith Mabel Annie May in 1876 ar a laghad.



Area - DUBLIN (COI) ,
Parish/Church/Congregation - ST. PETER

Baptism of FRANCES MARIAN LLOYD of 5 1/2 LENNEX STREET on 8 April 1863

Back to search results

Name FRANCES MARIAN LLOYD
Date of Birth 8 February 1863
Address 5 1/2 LENNEX STREET
Father JOSEPH HENRY LLOYD
Mother ANNA LLOYD

Further details in the record

Father Occupation JEWELLER

About the record

Book Number	Page	Entry Number	Record_Identifier	Image Filename
N/R	138	N/R	DU-CI-BA-205946	d-45-2-14-138

Area - DUBLIN (COI) ,
Parish/Church/Congregation - ST. PETER

Baptism of JOSEPH HENRY LLOYD of ANNAVILLA on 25 June 1865

Back to search results

Name JOSEPH HENRY LLOYD
Date of Birth 24 May 1865
Address ANNAVILLA
Father JOSEPH HENRY LLOYD
Mother ANNA LLOYD

Further details in the record

Father Occupation COMMERCIAL TRAVELLER

About the record

Book Number	Page	Entry Number	Record_Identifier	Image Filename
N/R	74	N/R	DU-CI-BA-206566	d-45-2-15-082



Parish/Church/Congregation - ST. JAMES

Baptism of ROBERT PHAIR LLOYD of 5 CHALGROVE TERRACE on 24 January 1869

Back to search results

Name ROBERT PHAIR LLOYD
Date of Birth 1 December 1868
Address 5 CHALGROVE TERRACE
Father JOSEPH HENRY LLOYD
Mother ANNIE

Further details in the record

Father Occupation JEWELLER

About the record

Book Number	Page	Entry Number	Record_Identifier
6	12	94	DU-CI-BA-81603

The church register page containing this record has not yet been imaged.

Area - DUBLIN (COI) ,
Parish/Church/Congregation - ST. JAMES

Baptism of WILLIAM JONES LLOYD of 5 CHALGRAVE SOUTH CIR. RD. on 19 October 1873

Back to search results

Name WILLIAM JONES LLOYD
Date of Birth 9 August 1873
Address 5 CHALGRAVE SOUTH CIR. RD.
Father JOSEPH LLOYD
Mother ANNA

Further details in the record

Father Occupation JEWELLER

About the record

Book Number	Page	Entry Number	Record_Identifier
6	28	222	DU-CI-BA-81729

The church register page containing this record has not yet been imaged.

Area - DUBLIN (COI) ,
Parish/Church/Congregation - ST. JAMES

Baptism of MABEL ANNIE MAY LLOYD of 5 CHALGROVE TERRACE on 16 July 1876

Back to search results

Name MABEL ANNIE MAY LLOYD
Date of Birth 12 May 1876
Address 5 CHALGROVE TERRACE
Father JOSEPH HENRY LLOYD
Mother ANNIE

Further details in the record

Father Occupation PROFESSOR OF LANGUAGE

About the record

Book Number	Page	Entry Number	Record_Identifier
6	39	309	DU-CI-BA-81814

The church register page containing this record has not yet been imaged.

5. Teastais bhaiste chlann J.H. agus Anna Lloyd

2.3 Anna Phair

Ar fhianaise a theastais phósta, bhí Joseph Henry Lloyd ina chónaí ag 30 William Street i mBaile Átha Cliath ar an 14ú lá de Mhí na Nollag 1861 nuair a phós sé Anna Phair i dTeampall Pheadair Naofa, Sráid Aungier, teampall Protastúnach nach bhfuil ann a thuilleadh. Deirtear ar an teastas go raibh ‘full age’ bainte amach ag an ngrúm; ní raibh Joseph Henry Lloyd ach bliain is fiche nuair a phós sé, mar rugadh i Londain é, mar a chonaiceamar, ar an 17ú lá de Mheitheamh 1840. Bhí Anna Phair, a bhean chéile, dhá bhliain is fiche. Tagaim ar an aois seo mar bhí 62 bliain ar fhoirm an Daonáirimh i 1901. Bhí cónaí uirthi siúd ag 7 Sráid Lennox, An Cuarbhóthar Theas. Áitreabh na nGiúdach a bhí sa cheantar

seo. Thugtaí ‘Little Jerusalem’ air. Ba é an tOirmhinneach Cole Coghlan an t-eaglaiseach a phós iad.



6 Teampall Peadar Naofa, Sráid Aungier, nach bhfuil ann a thuilleadh.

Mhair an teampall seo go dtí nóchaidí an 19ú céad. Is ann a baisteadh Seosamh Laoide, leis, i 1865, ach baisteadh na páistí eile de chlann Laoide i dTeampall Shéamais Naofa, nach bhfuil ann a thuilleadh ach atá slogtha ag grúdlann Guinness. Tá an teastas pósta, nó taifead an phósta, ar fáil go réidh ar shuíomh idirlín *genealogyireland.ie,* suíomh a sholáthraíonn cáipéisí báis, breithe agus pósta ó fhoinsí eaglasta don tréimhse sula raibh clárú oifigiúil a leithéidí éigeantach.



7. Sliocht (Laoide) as Foirm A den Daonáireamh, 1901

Ba Phrotastúnaigh iad na Laoidigh de réir Foirm A den Daonáireamh, 1901, a líon Seosamh Laoide trí Ghaeilge, ach mar atá ráite cheana féin againn, bhain Anna Phair, a bhí ina baintreach faoin am sin agus í in aois a 62, leis an Eaglais Chaitliceach Aspalda, seict an-bheag easaontach a raibh séipéal acu ar Bhóthar Adelaide. Tá an séipéal ann fós, Teampall Naomh Finghin. Is le hEaglais

Liútarach na hÉireann (Evangelisch-Lutherische Kirche in Irland) anois é. Bíonn seirbhísí an Domhnaigh as Gearmáinis ann go hiondúil. Is seod-fhoirgneamh é, ar na liostaí turasaíochta agus ailtireachta, ina luaitear an nasc leis an Eaglais Chaitliceach Aspalda go rialta, mar shampla BuiltDublin.[6] Ghlaoití na Irivingites ar lucht leanúna na heaglaise seo chomh maith.

8. Teampall Naomh Finghin, Bhóthar Adelaide

Bhí athair Anna, Thomas, atá ainmnithe ina dteastas pósta, ina dheagánach 'Irvingite' san Eaglais Chaitliceach Aspalda céanna. Cuirtear síos air ansin mar 'Deacon of the Irvingite Church, Dublin'. Mar dheagánach níor ghá go mbeadh Thomas Phair ina mhinistir lánaimseartha den Eaglais; d'fhéadfadh go raibh post agus slí bheatha taobh amuigh den Eaglais aige. D'fhan Anna Phair dílis don Eaglais seo go dtí 1901 ar a laghad, ar fhianaise Foirm A den Daonáireamh, 1901, thuas. Is é a éiríonn as an gcúlra sin nár chuid den bhunaíocht Éireannach Phrotastúnach, cuid acu buanaithe sa tír ó Reifirméisean Anraí a hOcht, na Laoidigh áirithe seo.

Toisc gur eaglais easaontach a bhí ann, faoi fhorálacha Acht Hardwicke, 1753, ní raibh cead ná údarás ag an eaglais a bpóstaí féin a reáchtáil; b'éigean na póstaí a cheiliúradh faoi cheadúnas speisialta i séipéal de chuid Eaglais na hÉireann, faoi mhinistrí de chuid Eaglais na hÉireann. Sa chás seo ba é an tOirmhinneach

[6] *http://builtdublin.com/catholic-apostolicst-finians-lutheran-church-adelaide-road-du*blin-2/, ceadaithe 25 Márta 2020.

Cole Coghlan an t-eaglaiseach cuí. Níl leid againn faoin mbaint a bhí ag an ngrúm sa chás seo leis an Eaglais Chaitliceach Aspalda má bhí baint ar bith.

Bhí finné an duine ag an ngrúm agus ag an mbrídeog—Alexander Blyth i gcás an ghrúim. Joseph Hayes a sheas don bhrídeog. An lá céanna, phós an tOirmhinneach Cole Coghlan lánúin eile, tiománaí cairr agus baintreach, beirt Phrotastúnach, faoi bhannaí, ach mar a fheicimid is faoi cheadúnas a pósadh Joseph Henry agus Anna, mar ba bhall d'eaglais eile Anna. Ní raibh aon ghairm bheatha luaite le hAnna. Ní raibh gairm bheatha luaite le Joseph Henry ach an oiread. 'Gentleman' a bhí ann—teideal atá pléite againn. Sa cholún 'Husband's Father's Occupation' scríobhadh 'Jeweller'.



Page 27.

1861. Marriage solemnized at the parish Church in the parish of St. Peter in the city of Dublin

No.	When Married.	Name and Surname.	Age.	Condition.	Rank or Profession.	Residence at the Time of Marriage.	Father's Name and Surname.	Rank or Profession of Father.
53	1861. Dec. 14	Joseph Henry Lloyd	Full	Bachelor	Gentleman	30 William St.	Joseph Henry Lloyd	Jeweller
		Anna Phair	Full	Spinster	—	7 Exmoor St.	Thomas Phair	Clerk of the Irongate Church Dublin

Married in the parish Church according to the Rites and Ceremonies of the United Church of England and Ireland, by licence by me, Nicholas Coghlan

This Marriage was solemnized between us, Joseph Henry Lloyd, Anna Phair

In the Presence of us, Alexander Blyth, Joseph Hayes

9. Teastas pósta J.H. Lloyd agus Anna Phair

Ar fhianaise Chiaráin Bairéad níor dhuine uasal díomhaoin é Joseph Henry Lloyd ina shaol. Bhí sé ina iriseoir, ina sheodóir nó ina stiúrthóir ar ghnó seodóra, ina ollamh le teangacha in amanna. Faoin am a phós sé caithfidh go raibh céim ollscoile aige. D'fhéadfaí tosú ar an ollscolaíocht go han-óg ag an am. Thosaigh Edward Irvine, atá luaite thuas, ag freastal ar Ollscoil Dhún Éideann in aois a 13.

2.4 Clann an Dr. J.H. Lloyd agus Anna Phair

Tá gearrchuntais ar chlann ar Chlann an Dr. J.H. Lloyd agus Anna Phair, Frances Marian, Seosamh, Robert Phair, William agus Mabel Annie May, in Aguisín B.

2.5 An Dr. Joseph Henry Lloyd (ar lean)

Foilsíodh *Idioms of the German Language, together with the Proverbs, compiled and translated by Joseph Henry Lloyd, M.A., Ph.D., etc.* ag Williams and Northgate, Covent Garden, London sa bhliain 1875. Is i Jena a clóbhuaileadh é, ag comhlacht Ed. Frommann, clódóirí agus foilsitheoirí Goethe. Is mar seo a chuireann Bairéad síos ar ábhar an leabhair (1945:128):

> Is é an cuspóir a bhí ag an údar ná cora cainnte na Gearmáinise nach bhféadfaí a fhoghlam as na gnáth-leabhair a chur ar eolas do'n mhac léinn. Tá trách tas ar stair na teangan i dtosach an leabhair. Chomh maith leis na cora cainnte tá bailiú sean-fhocal ann agus leagan Béarla ortha. Nuair a bhí sean-fhocal leis an mbrí céadna le fáil as na teangacha seo Hollandais, Pléimionais, Sualannais, Danmhargais, Frainncis, tá sé curtha síos le cois an tsean-fhocail Ghearmáinigh, agus rud is inspéise, tá roinnt sean-fhocla Gaeilge ann freisin. Ag deireadh an leabhair tá dréachtaí gearra as mór-údair na Gearmáine, agus roinnt filíochta maille le haistriú Béarla. Is é leagan Béarla Clarence Mangan atá ar chuid de na dánta.



102 SPRÜCHWÖRTER, PROVERBS. A.

Arbeit macht uns frohe Tage;
Trägheit wird uns selbst zur Plage.
Labour sweetens our days, but idleness is its own tormentor.
Labour gives us happy days,
Idleness many plagues.
Diom haoineas mian amadain *(Irish)*.
Idleness is the desire of a fool.
Wie den Arbeit lief heeft, die komt tot ere, He who loveth labor cometh to honor.
Armuth wehe thut, Poverty is a sharp weapon.
Armuth macht keine Schande, Poverty is no disgrace.
Fattigdom är, et skarpt swärd. Poverty is a sharp weapon.
Fattigdom är ingen synd *(Swedish)*.
Pauvreté n'est pas vice.
Loin des yeux, loin du coeur.
Aus den Augen, aus dem Sinne, Out of sight, out of mind.
Uit het oog, uit het hert *(Flemish)*.
Undan ögonen utur minnet *(Swedish)*.
An te Chidheann amiúgh fuaruigheann a chuid *(Irish)*.
He who is out, his supper cools.
Auf dumme Fragen gebührt keine Antwort, A foolish question deserves no answer.
Briathar baoth baothantacht *(Irish)*. A foolish word is folly.
A sotte demande, point de réponse.

10. Sliocht (lch. 102) as *Idioms of the German Language, together with the Proverbs* (Lloyd, 1875)

Bhí ionadh orm a fháil amach go raibh neart cóipeanna den leabhar seo, athchlóite go leictreonach, ar fáil ó dhíoltóirí leabhar tríd an Idirlíon agus go raibh gach uile chosúlacht ann go bhfuil sé á léamh agus in úsáid fós. Tá an téacs

féin ar ‘Leabhair Google’ agus ar *archive.org*. Is í ‘caint na ndaoine’ i réimse leathan teangacha, an Ghaeilge ina measc, atá faoi chaibidil ag an Laoideach seo ina thráchtas. Seo sleachta as gnáthleathanach sa leabhar:



IDIOMS. S. 89

Geld iſt die Seele von allem, Money is the principle, or (nerve) of all.
Sich ſehen laſſen, To appear. To make a show.
Er ſieht nicht weiter, als ſeine Naſe geht, He sees no further than his nose.
Mit ſehenden Augen blind ſein, To connive at anything.
Sich ſehr übel befinnen, To be extremely ill.
Das thut mir ſehr weh, That hurts me very much.
Sollte er es auch noch ſo ſehr verlangen, Should he desire it ever so much.
Er wird nicht viel Seide dabei ſpinnen, He will not profit (or gain much) by it.
Alles zu ſeiner Zeit, Everything in good time.
Er hat das Seinige verthan, He has spent all his property.
Er lebt für ſich ſelbſt, He lives by himself, singly, alone.
Um ſein ſelbſt willen, For the sake of himself.
Das widerfährt mir nicht ſelten, That frequently happens to me.
Seinen Senf dazu geben, To mix in conversation, unsolicited.
Sich ſetzen (häuslich niederlaſſen), To establish (set up) a business.
Das trübe Bier ſetzt ſich, The beer settles (becomes clear).
Dem ſei wie ihm wolle, Be it as it will.

11. Sliocht (lch. 89) as *Idioms of the German Language, together with the Proverbs (Lloyd, 1875)*

Is comparáid í seo thíos idir leaganacha Eorpacha den fhoclóir bunúsach daonna:



62 TO THE READER.

ENGLISH.	GERMAN.	DUTCH.	FLEMISH.	SWEDISH.	DANISH.	NORWEGIAN.
God	Gott	God	God	Gud	Gud	Gud
Heaven	Himmel	Hemel	Hemel	Himmel	Himmel	Himmel
Hell	Hölle	Hel	Hell	Helvete	Helvede	Helvede
Sun	Sonne	Zon	Zon, Zonne	Sol	Sol	Sol
Moon	Mond	Maan	Maen	Måne	Maane	Maane
Fire	Feuer	Vuur	Vuer	Eld	Fyr, Ild	Fyr, Ild
Air	Luft	Lucht	Lucht	Luft	Luft	Luft
Earth	Erde	Aarde	Aerde	Jord, Land	Jord	Jord
Water	Waſſer	Water	Water	Vatten	Vand	Vand
House	Haus	Huis	Huis	Hus	Huus	Huus
Man	Mann / Menſch	Man / Mensch	Man / Mensch	Man / Menniska	Mand, Menniske	Mand, Menniske
Woman	Frau	Vrouw	Vrouw	Quinna	Fru, Frue	Frue
Child	Kind	Kind	Kind	Barn	Barn	Barn
Head	Kopf / Haupt	Kop / Hoofd	Kop / Hoofd	Hufvud	Hoved	Hoved
Eye	Auge	Oog	Oog	Öga	Oie	Oie
Nose	Naſe	Neus	Neus	Näsa, Nos	Næse	Næse
Mouth	Mund / Maul	Mond	Mond	Mun	Mund	Mund
Hand	Hand	Hand	Hand	Hand	Haand	Haand

12. Sliocht (lch. 2) as *Idioms of the German Language, together with the Proverbs (Lloyd, 1875)*

Tá colún d’uimhreacha na Gaeilge sa chomparáid idir na bunuimhreacha thíos aige.

*ENGLISH.	WELSH.	CORNISH.	ARMORICAN —or— BRETON.	IRISH.	GAELIC SCOTCH.	MANKS.
One	Un	Onan	Unan	Aon	Aon	Unnane
Two	Dau	Deu	Daou	Do	Dhà	Dhaa
Three	Tri	Try	Tri	Tri	Tri	Tree
Four	Pedwar	Peswar	Pevar	Ceathar	Ceithin	Kiare
Five	Pump	Pymp	Pemp	Cùig	Cuig	Queig
Six	Chwech	Whe	Chuech	Sè	Se	Shey
Seven	Saith	Seyth	Seiz	Seacht	Seachd	Shiaght
Eight	Wyth	Eath	Eiz	Ocht	Ochd	Hoght
Nine	Naw	Naw	Nao	Naoi	Naoi	Nuy
Ten	Deg	Dek	Dec	Deich	Deig	Jeih
Twenty	Ugain	Ugenis	Ugent	Fitche	Fichead	Feed
Hundred	Cant	Cant	Cant	Ceàd	Cend	Keead.

13. Sliocht (lch. 8) as *Idioms of the German Language, together with the Proverbs (Lloyd, 1875)*

Tá an chuid is mó de na seanfhocail Ghaeilge atá ar fud an téacs sa liosta thíos:

Briathar baoth baothantacht
Féadann cat dearcadh ar righ
Sgeitheann fion fírinne
Dearc sul leimir
Caomhann dochas an t-ingreamach
Saruigheann Eagna gach saibhreas
Saibhreas sior subhailce
Buaine clu na saol
Is eagnach deaghdhuine
Beal eidhinn a’s croi cuilinn
Tos maith leath na hoibre
Cnuasaigh an am oireamhnach
Fearr dreoilin sa tor na corr ar cairde
Is dall an gradh baoth
Dearg aniar is ionann as grian
Beidh adh air amadan
Luidheann proimpeallan for otrach
Or iodhal na santach
Iomhaigh an bháis codhla
Beatha an staraidhe firinne
Is dall an gradh baoth
An tseod dho-fhaghala is ailne
Soightheach folamh is mo torann
Umhlacht d’uaisleacht
Ni thuigeann an Sathach an seang
Is eagnach deaghdhuine
Fearr clú ná conach
Air li ni breith fear gan suilibh
Dearbh caraid roimh riachtanas
Liaigh gach boicht bas
Foighid leigheas sean-ghalair
Luigheann cruadhtan for diomhaoineas
Diomhaonas mian amadain
Gan lón gan charaid

> Ni uaisleacht gan subhailce
> Foghalim mian gach eagnaidhe
> Gach nidh ghabhtar go h-olc imthigheann go h-olc
> Is treise gliocas na neart
> Caoin re ceansa
> Foillsightear gach nidh re haimsir

Bhí tagairt aige do na seanfhocail Ghaeilge ar leathanaigh 99 agus 100:

> Starting originally with German proverbs, I have added Swedish, Danish, Dutch, and though last, not least, in the grand old Milesian irish tongue, a noble expressive language; rich in grandeur of ideas; alas! how sadly neglected, because, forsooth, it is not fashionable, mirabile ditcu! Sic transit &c. O'Donovan says: '.... The peculiar veneration which the Irish have for their ancient proverbs has given rise to a wellknown assertion: *ní féider (sic) an sean-fhocal do shárughadh.* It is impossible to contradict the old word.

Níor dhúirt sé cá bhfuair sé na seanfhocail ach thug an tagairt do O'Donovan leid dom. Thóg sé gach uile cheann, *verbatim*, as aiste dhá leathanach, 'Irish proverbs', a scríobh John O'Donovan (1832:158-159) i *The Dublin Penny Journal*, Imleabhar 1, Deireadh Fómhair 1832. Admhaíonn O'Donovan gur bhain sé as *Hardiman's Irish Minstrelsy* iad. B'fhéidir go gcaithfeadh an sliocht seo le Ciarán Bairéad (1945:127) solas ar cá bhfuair Lloyd a chóip den *Dublin Penny Journal* 1832:

> De réir Thom's Directory bhí J. H. Lloyd, Wholesale Jeweller, ag 7, Anglesea St., Baile Átha Cliath ó l868 go dtí 1872, agus teach comhnuithe aige ag 5 Chalgrove Terrace. Sth. Circular Road....Ag an am sin bhí Páraic Ó Cinnéide, údar *The Bardic Stories of Ireland* ina chomhnuí ag 6½ Sr. Anglesea, agus Seán Ó Dálaigh, an sgoláire Gaedhilge, ag Uimhir a 9.

Tugann Bairéad le fios go raibh siopa leabhar agus scoláire Gaeilge ina bhun ar gach taobh geall leis d'áitreabh seodóireachta Lloyd i Sráid Anglesea. Ba bhéaloideasaí Ó Cinnéide as Co Loch Garman. Bhí siopa leabhar ag an Déiseach Seán Ó Dálaigh freisin.

Rinne an Dr. Lloyd dhá aistriúchán sa Bhéarla ar dhánta Gearmáinise atá sa leabhar féin, agus chruthaigh sé réasúnta cumasach mar dhéantóir véarsaí. Is é an file Gearmánach Ludwig Uhland a scríobh an bundán do *'The Landlady's Daughter'* agus an cumadóir iomann ón 16ú céad Konrad Hubert a scríobh an dán cráifeach nó an t-iomann gurb é *'Sleep On, My Heart'* an leagan Béarla a rinne Lloyd de.

The Landlady's daughter.

Across the Rhine came students three.
And turned they in to a hostelry,
Good landlady! Beer and wine has she;
Thy daughter fair; we do not see.

My beer and wine are fresh and clear,
My daughter, alas! Death, has been here,
And as they stepped in the chamber near,
There lay she in her funeral bier.

The first then off the grave veil took
And gazed on her face, with sorrowful look;
Ah! hadst thou lived sweet maid of mine
I'd love thee ever; from this time.

The second covered that face so wan
And turned him away in tears therefrom
Ah! that thou liest on thy death bier,
I've loved thee, aye, this many a year.

The third drew up with footstep light
And kissed her on those lips so white;
I've loved thee ever, I love thee to-day,
I'll love thee for ever and ever, and aye.

J. H. Lloyd.

14. Dán (lch. 175) as *Idioms of the German Language, together with the Proverbs (Lloyd, 1875)*

Sleep on, my Heart.

In peace, my Heart, sleep on,
The weary eyelids close;
Night's soft dew falls upon
The floweret's sweet repose.

Sleep on, my Heart, in peace,
Life inward slumbers deep;
The Moon's still splendour sees
HIS watchful care in sleep.

Sleep on, my Heart, in peace,
From fear and grief apart;
HIS love can never cease,
HIS power protects the heart.

Sleep on, my Heart; thy rest,
From dreams of evil free,
By power of faith refreshed,
Hope joyous smiles on thee.

True Heart, thy slumber take,
And when thy lot is cast,
By faith thou'lt THERE awake,
When Life's short day is past.

J. H. Lloyd.

15 Dán (lch. 184) as *Idioms of the German Language, together with the Proverbs (Lloyd, 1875)*

Is léir go raibh an-eolas aige ar an nGearmáinis agus an-chur amach aige ar theangacha thuaisceart na hEorpa. Chuir sé seo ar a chumas comparáid a dhéanamh idir na teangacha sin agus a chruthú agus a thaispeáint gur ball de ghrúpa teangacha atá gaolmhar dá chéile an Ghaeilge, agus fosta gur baill d'fhoghrúpa teangacha ó fhréamh amháin na teangacha Armaracha agus Ceilteacha, na teangacha atá faoi scrúdú aige, an Ghaeilge ina measc. Is í seo an teangeolaíocht chomparáideach a bhí ag fáil aitheantais mar bhrainse léinn san Eoraip ó thús an chéid. Tá sé dearfach i leith na Gaeilge agus eolach uirthi.

Cruthaíonn an leabhar go raibh suim sa Ghaeilge aige agus eolas uirthi sular chláraigh sé i gCumann Buan-Choimeádta na Gaeilge, fiú más breaceolas féin é. D'fhéadfadh go raibh an Ghaeilge ag a mháthair, agus d'féadfadh fosta go raibh teagmháil aige féin leis an nGaeilge ina óige. Sin ráite, ar fhianaise na nDaonáireamh, níorbh é Loch Garman an contae ba Ghaelaí ó thaobh teanga de sa 19ú haois.

Tugann an leabhar tacaíocht do thuairim Chiaráin Bairéad agus Énrí Uí Mhuirgheasa gurb é a mhúin an Ghaeilge dá mhac Seosamh an chéad uair. Léirigh Dr. Lloyd buneolas ar an teanga liteartha ina thráchtas. Fuair sé na samplaí as na teangacha i dtéacsanna freisin. Bheadh sé níos cruinne a rá, sílim, gur spreag a dhearfacht i leith na Gaeilge agus a dhíograis i gcúis athréimnithe na Gaeilge suim Sheosaimh sa teanga. D'fhág sé oidhreacht eile aige. Ar éigean gur de thaisme a tharla sé gur amplaigh agus gur fhorbair an mac an léargas teangeolaíoch agus fileolaíoch a bhí go soiléir ag an athair, léargas nach raibh teoranta don Ghaeilge. I leith Sheosaimh, dúirt Bairéad é seo (1945:140):

> Chuidigh sé le Olai Skulerud ag cur le chéile Catalogue of Norse Manuscripts in Edinburgh, Dublin and Manchester, rud a dheallróchadh go raibh eólas aige ar theangthacha Thuaiscirt na hEórpa. Deir Skulerud i mbrollach an chláir gur cumasach an congamh a thug an Laoideach dó.

2.6 Na cumainn léannta ina raibh an Dr. J.H. Lloyd cláraithe

Sa leathanach teidil dá leabhar fógraítear gur Fellow of the Royal Society of Literature (F.R.S.L.) agus gur Fellow of the Royal Society of Arts (F.S.A) an Dr. Lloyd. Chomh maith, ba 'Member of the Philological Society' é.



IDIOMS

OF THE

GERMAN LANGUAGE,

TOGETHER WITH THE PROVERBS:

COMPILED AND TRANSLATED

BY

JOSEPH HENRY LLOYD, M.A., Ph.D., F.R.S.L., F.S.A.,

MEMBER OF THE PHILOLOGICAL SOCIETY.

Von allen Sprachen in der Welt
Die deutsche mir am besten gefällt,
Ist freilich nicht von Seiden:
Doch wo das Herz zum Herzen spricht,
Ihr nimmermehr das Herz gebricht,
In Freuden und in Leiden.
Deutsches Lied.

BIBLIOTHECA REGIA MONACENSIS

WILLIAMS AND NORGATE,

14, HENRIETTA STREET, COVENT GARDEN, LONDON;
AND 20, SOUTH FREDERICK STREET, EDINBURGH.

1875.

16. Lch. teidil leabhair an Dr. Lloyd

Ba chumann céimiúil an Royal Society of Literature, a raibh baill oirirce as earnáil na litríochta go líonmhar ann. De réir na Vicipéide (Royal Society of Literature)[7], níor mhór saothar tromchúiseach a bheith foilsithe ag iarrthóirí ar bhallraíocht sa Chumann agus dhá chomhalta den Chumann féin a bheith acu mar urraithe agus mar mholtóirí. Caithfidh gur shásaigh an Dr. Lloyd na coinníollacha sin. Bhíodh ar bhaill triall go Londain agus rolla na mball a shíniú le peann Byron nó Dickens.

Dhearbhaigh Rebecca Short, taighdeoir de chuid an Royal Society of Arts, gur toghadh an Dr. Joseph Henry Lloyd mar Chomhalta den eagraíocht sin sa bhliain 1874. Tháinig an t-iarratas ar bhallraíocht ó 24 Sráid Anglesea, áit a raibh gnó an tseodóra suite. Seo thíos a chomhaltas fógartha in ord aibítreach in *Journal of the Society of Arts*, 26ú Meitheamh, 1874, tógtha as leathanach a sheol Rebecca Short chugam. Bhí a cháilíocht Ph.D. aige faoi nó roimh Mheitheamh, 1874, is léir.

[7] Ceadaithe 7 Nollaig 2020


Kynaston, Josiah W., St. Helen's, Lancashire
Liveing, G. D., M.A., Cambridge.
Lloyd, J. H., Ph.D., 24, Anglesea- street, Dublin.
Maynard, G. P. H., Grosvenor-hill, Wimbledon, Surrey.
Oxland, Dr. Robert, 8, Portland-square, Plymouth.
Page, Frederic James M., 8, Lisle-street, Leicester-square, W.

17. Sliocht as liosta comhaltais sa *Journal of the Society of Arts*, 26 Meitheamh 1874

Sa bhliain 1874 chláraigh an Dr. Lloyd mar bhall de The Philological Society (London). B'eagraíocht oirirc eile é seo a chothaigh suim san fhocleolaíocht, idir chlasaiceach agus comhaimseartha. B'iad a rinne an fhréamhobair d'fhoclóir mór Béarla Oxford. Bhíodh go leor aistí acu ar na teangacha Ceilteacha ina mbliainirisí.

Bheadh tuiscint uileghabhálach ag an Dr. Lloyd ar an bhfileolaíocht chomhaimseartha má bhí sé páirteach in imeachtaí na heagraíochta sin agus eolach ar a litríocht. Níor aimsigh mé tagairt don Dr. Lloyd ina nInnéacs, ach luaitear saothar le Seosamh Laoide as *Ériu,* as *Gadelica,* as *Revue Celtique* agus as *Zeitschrift für celtische Philologie,* as *Miscellany presented to Kuno Meyer, 1912,* agus as IG in innéacs eile de litríocht ábhartha don fhocleolaíocht. Pléitear aistí an Laoidigh in Aguisín G.

2.7 Dr. J. H. Lloyd, M.R.I.A.

Tá sé deacair aon fhostaíocht rialta a fheiceáil i *curriculum vitae* an Dr. Lloyd, seachas 'seodóir' agus 'taistealaí trádála'. Cuma cé chomh cáilithe is a bhí sé, bhí blas den 'fear uasal' a luaitear ar a theastas pósta ag roinnt leis agus chomh maith leis sin rinne sé an oiread sin staidéir agus taistil dá chéimeanna gur deacair a shamhlú go mbeadh am aige don saghas oibre rialta a thuillfeadh crústa dó féin is dá chlann. Ach níl ansin ach tuairimíocht. Ag amanna éagsúla aithníodh mar thaistealaí trádála agus mar sheodóir é. Ó 1875 amach glacadh leis mar fhear léannta ag na daoine ba léannta sa tír. Ní féidir a shéanadh go raibh ciorcal mór cairde céimiúla agus lucht aitheantais aige a bhain leis an dream ba chumasaí a bhí ag forbairt an náisiúnachais agus na féiniúlachta Éireannaí—daoine ar nós P.W. Joyce, AE, Michael Cusack, Maxwell Close—ná go raibh meas ag na daoine seo air idir acadúil is phearsanta. Ghlacadar mar bhall de ARÉ é in 1876.

Ar 8 Samhain 1875, shínigh P.W. Joyce agus ceathrar eile ball den ARÉ moladh go nglacfaí le Joseph Henry Lloyd mar bhall. Powell, Bailey, Frazer agus O'Donovan ba shloinnte do na baill eile; tá na sínithe ar an moladh doiléir. Síníodh an teastas ballraíochta ar 7 Nollaig, 1875.

Bhí na cáilíochtaí ar fad a bhí bailithe aige ag an am ar an teastas. Bheadh an chéim LL.D leis na cáilíochtaí sin dá mbeadh sí aige. Caithfidh go ndeachaigh sé ar ais go dtí a sheanollscoil don chéim sin mar níl a ainm san fhéilire cuí i gColáiste na Tríonóide.


ROYAL IRISH ACADEMY.

Certificate of Candidate.

(Name) Joseph Henry Lloyd M.A.T.C.D. F.R.S.L.

(Title or Designation) F.S.A. Member Philological Soc[y] London

(Profession or Occupation) Professor of Languages / Author of "Idioms of the German Language together with the Proverbs"

(Usual Place of Residence) Thalgrove, S. Circular Road Dublin.

being anxious to promote the objects for which the ROYAL IRISH ACADEMY was founded, and desirous of becoming a Member, we the undersigned propose and recommend him as deserving that honour, and as likely to prove a useful and valuable Member.

Dated this 8th day of November 1875

Read to the Academy 8 of Nov 1875 — Certified 7th of Dec[r] 1875

18. Teastas ballraíochta an Dr. Lloyd mar bhall d'ARÉ (M.R.I.A.)

2.8 'Professor of Languages'

Luaitear a ghairm ar an bhfoirm iarratais freisin: 'Professor of Languages'. Taobh leis sin tá 'Author of *Idioms of the German Language, together with the Proverbs'*. Bhí an teideal ceirde 'Professor of Languages' coitianta go leor sna fógraí ar na nuachtáin ag an am. Teagasc ranganna ar tháille i seomraí ar cíos sa Fhraincis agus sa Ghearmáinis agus san Iodáilis a bhíodh i gceist go hiondúil. Níl leid ar bith againn go raibh an Dr. J.H. Lloyd fostaithe mar léachtóir nó mar

ollamh i gColáiste na Tríonóide seachas an tagairt a rinne Énrí Ó Muirgheasa do ghairm an athar ina alt cuimhneacháin sa *Leader* i 1939.[8] Má bhí post aige i gColáiste na Tríonóide, seans gur post páirtaimseartha, ócáideach a bhí ann, mar ní luaitear Coláiste na Tríonóide sna fógraí a bhain lena bhás. Níor shéan William, deartháir Sheosaimh, an ráiteas thuas, cé nár ghlac sé le pointí eile san alt agus i gcomhfhreagras ó Énrí sa *Leader* i ndiaidh an ailt, mar a fheicfear i gCaibidil 8. Theip orm fianaise d'fháil sa Choláiste féin faoina cheapachán agus theip ar Chiarán Bairéad freisin mar chuardaigh seisean eolas faoi na Laoidigh i dtaifid an Choláiste, mar is léir óna aiste (1945).

D'fhéadfadh freisin go raibh sé fostaithe ag Ollscoil Ríoga na hÉireann, a bhí ina thús lena bheo, nó sa Choláiste Traenála do Mhúinteoirí ar Shráid Maoilbhríde, cé nach bhfuil aon deimhniú againn go raibh. Tá an tuairim seo bunaithe ar an gcaidreamh deimhnithe a bhí aige leis an gColáiste Oiliúna, le P.W. Joyce agus leis an Mhodhscoil a ghabh leis an gColáiste Oiliúna ina raibh a pháistí ar scoil.

Bhí Pádraig Seoigheach, nó Patrick Weston Joyce, ina phríomhoide ar an Modhscoil atá luaite thuas ó 1854, agus ina dhiaidh sin—in 1874—bhí sé ina Uachtarán ar an gColáiste Oiliúna féin. Ba dhlúthchara leis an Dr. J.H. Lloyd Patrick Weston Joyce. Mhol sé do bhallraíocht in Acadamh Ríoga na hÉireann é sa bhliain 1876. Ba bhaill iad araon de Chumann Buan-Choimeádta na Gaeilge. Nod eile atá againn go raibh baint ar leith ag an Laoideach leis an gColáiste Oiliúna ná go raibh bailiúchán speisialta a thiomsaigh £4 don Chiste a d'eagraigh cairde an Laoidigh le dul i gcabhair ar bhaintreach an Dr. Lloyd agus a mhuirín sa Mhodhscoil sa bhliain 1884 nuair a fuair an Dr. Lloyd bás gan choinne—féach an sliocht thíos as an tuairisc san *Irish Times* ag an am. Ba é L. J. Ryan, a thug £2 sa bhreis as a phóca féin, an bailitheoir. Bhí Ryan ina phríomhoide ar an Mhodhscoil i ndiaidh P.W. Joyce.

[8] 'The son of a Trinity College professor, who was also a member of the Society for the Preservation of the Irish Language, J. H. Lloyd must have got the beginning of his love for Irish from his father.' (Morris, 1939:227).



The Irish Times - Monday, November 10, 1884

THE LATE DR. J. H. LLOYD, M.R.I.A.

The following Subscriptions have been received by the Committee towards a Fund now being raised for the Benefit of the Widow and Orphans of the above much-lamented Gentleman, who are left destitute :—

Rev. Maxwell H. Close	£10	0	0
Rev. [illegible]	1	0	0
Patrick Shiels, Esq.	5	0	0
Professor Galloway	5	0	0
George Porte, Esq., M.R.I.A.... ...	2	0	0
Major M'Enlry	2	0	0
I. Sandheim, Esq.	3	0	0
L. J. Ryan, Esq.	2	0	0
Hamilton Bell, Esq.	2	0	0
Subscription from Central Model Schools, per Mr L. J. Ryan	4	0	0

19. Tuairisc san *Irish Times* 10 Samhain 1884

2.9 Yola



20. Léarscáil leithinis Fhothart agus Ó Bairrche

Tá fianaise againn ó aiste Bhairéad gur chuir an Dr. Lloyd suim sa Yola. B'shin teanga a chleacht na coilínigh a shíolraigh ó lucht taca na Normannach Strongbow agus Fitzstephen i gcúinne iargúlta de Loch Garman, barúntachtaí Fhothart agus Ó Bairrche [9]. Deir Bairéad (1945:128):

> Tá láimhsgribhinn, 12B6, in Acadamh Ríoghamhail na hÉireann a bhronn cara as Loch Garman air. Chaill Seósamh Laoide (airgead) le ceangailt a chur ar an láimhsgríbhinn, agus seo é an tiodal atá ar an gclúdach: 'Vocabulary of the Forth and Bargy Dialect Presented to Dr. J. H. Lloyd, F.R.S.L., M.R.I.A., Memb. Phil; Soc., By Edmund Hore, 1875'…. Tá cur síos ar stair an dá bharúntacht, ar a gcanúintí., agus ar nósanna na ndaoine ionnta i dtús na láimhsgríbhinne.

Bhí Edmund Hore, an fear a bhronn an scríbhinn seo ar an Dr. Lloyd, ar na daoine deireanacha a labhair an Yola i gCo. Loch Garman, de réir Kathleen A. Browne, a scríobh alt i *Journal of Royal Society of Antiquaries of Ireland* (Vol. 17, No. 2, 1927:127-137), leathanach 127. Bhí Hore tráth ina eagarthóir ar an *Wexford Independent.* Bhí de chlú air gur fháiltigh sé roimh an Tiarna Ionaid sa

[9] Féach *The Dialect of Forth and Bargy*, Santschi-Cooney (2019).

bhliain 1836 nuair a thug a Shoilse cuairt ar Loch Garman le haitheasc i Yola. Bhí de mheas ag Seosamh Laoide ar an lámhscríbhinn seo a bhronn Edmund Hore ar a athair gur 'chaill sé' as ceangal speisialta a chur air.

2.10 An cháilíocht LL.D

Is dochtúireacht sa dlí an chéim LL.D. Ní raibh sí aige nuair a glacadh isteach san Acadamh Ríoga é sa bhliain 1876, mar a chonaiceamar thuas. Thug mé cuairt ar Leabharlann Berkely i gColáiste na Tríonóide ag iarraidh a dheimhniú an bhfuair an Dr. Lloyd an chéim LL.D. sa choláiste sin. Tugadh *A Catalogue of the Graduates of the University of Dublin* (Hodges Figgis & Co., 1896) dom. In dhá imleabhar liostáiltear gach céimí de chuid Choláiste na Tríonóide ó thús go dtí 1895. Bhí P.W. Joyce ann, agus LL.B. agus LL.D aige, agus Dubhghlas de hÍde, a fuair an dá chéim chéanna. Níl aon chuntas ar an Dr. J.H. Lloyd sa leabhar sin.

Tá an chéim LL.D. luaite i bhfógra báis Sheosaimh Laoide a foilsíodh san *Irish Times* ar 23 Meán Fómhair, 1939. Caithfidh gurb é deartháir agus oidhre Sheosaimh, William Lloyd, a chuir an fógra seo isteach agus bheadh sé aisteach dá mbeadh dul amú air siúd faoin dara dochtúireacht:

> LLOYD-September 21, 1939, at 1 Royal Terrace. West, Dun Laoghaire, Joseph Henry, eldest son of the late J. H. Lloyd, LL.D., Ph.D., M.R.1.A., Dublin. Funeral to Dean's Grange, 10.15 a.m., to-day.

Luaitear an LL.D. arís sa tuairisc nuachta faoi shochraid Sheosaimh Laoide dhá lá ina dhiaidh sin.

2.11 Scolaíocht Sheosaimh

D'admhaigh Bairéad (1945:130) nár éirigh leis mórán eolais d'fháil faoi scolaíocht Sheosaimh ná faoi mar a d'fhoghlaim sé an Ghaeilge. Scrúdaigh sé 'croinicí na scoile' sa Mhodhscoil i Sráid Maoilbhríde, áfach:

> An t-aon rud atá cinnte, is é sin go raibh sé san Módh-Sgoil, Sr. Mhaolbhírde, Baile Átha Cliath, ó Eanáir 1879 go deireadh mí Feabhra, 1880. Deirtear i gcroinicibh na sgoile gur 'Teacher of Languages' a bhí san athair, agus is dócha go raibh lámh aige i n-oideachas Sheosaimh.

Caithfidh gur i Sráid Maoilbhríde a oileadh na Laoidigh óga eile mar bhí trí mhodhscoil ann, ceann do bhuachaillí, ceann do chailíní agus ceann do naíonáin, agus P.W. Joyce i gceannas orthu ar fad. Bunscoil a bhí sa Mhodhscoil agus ó

rugadh Seosamh ar 24 Bealtaine 1865, bhí sé trí bliana déag agus beagnach ocht mí i bhFeabhra na bliana 1879 agus 14 bliana agus tuairim is seacht mí an Eanáir dár gcionn. Tá bearna le líonadh agus ceist le réiteach againn má bhí sé sé bliana déag nuair a thosaigh sé ag obair in Oifig an Iniúchóra am éigin sa bhliain 1881.

2.12 Iar-bhunoideachas an Laoidigh

Ní dhéanann Bairéad ná Breathnach agus Ní Mhurchú ná Ó Muirgheasa ná Mac Mathúna tagairt ar bith don mheánoideachas. Fuair Seosamh meánoideachas thar cionn, bíodh sé féinoilte nó scoiloilte nó múinte go príobháideach, nó in acadaimh. Is eol dúinn go raibh ardchumas sa Ghréigis, sa Laidin, agus sna teangacha Eorpacha aige go luath ina shaol; bheadh ardchumas sa mhatamaitic ag teastáil do phost in Oifig an Iniúchóra i gComhlacht Iarnród an Tuaiscirt; bhí ardchumas sa Bhéarla riamh aige. Shealbhaigh sé an Ghaeilge go mall. Níor mhór dó cáiliú sa Ghréigis agus sa Laidin sa scrúdú Máithréanach do Choláiste na Tríonóide, agus scrúdú a dhéanamh gach bliain den chúrsa céime sa dá ábhar sin. Dheimhnigh Ciarán Bairéad (1945:130) gur éirigh leis '…sa sgrúdú iontrála tuairim an ama chéadna, 18/6/1890 **(**i.e. nuair a ghnóthaigh sé Sadhsóireacht na Gaeilge) agus d'fhan sé ag freastal ar an gColáiste go dtí 1894.'

Tá nóta ag bun an leathanaigh ag Bairéad (1945:130): 'Do réir na 'Matriculation Records' i gColáiste na Tríonóide, is ó 'private tutor' a fuair sé a chuid oideachais.' Bhí a athair básaithe le breis agus cúig bliana nuair a shuigh Seosamh don scrúdú Máithréanach. Luíonn sé le ciall go raibh teagascóir eile aige a d'ullmhaigh do scrúdú iontrála 1890 é.

Tá fianaise nó tuairim Bhairéad againn thuas go raibh lámh dhíreach ag an Dr. Lloyd in oideachas a mhic. Chonaiceamar, sa sliocht thuas as ACS**,** 16 Aibreán 1910, gur mhúin a athair fuaimeanna na Fraincise agus na Gearmáinise dó. Ní foláir nó gurb é an t-athair fosta a chothaigh meon an teangeolaí ann ar dtús, léargas a bheadh chomh tábhachtach agus chomh riachtanach ina dhiaidh sin in athbheochan na Gaeilge. Chonaiceamar freisin go raibh leabhar Uileag de Búrca, *Easy Lessons, or Self-Instruction in Irish* aige sa bhliain 1886.

2.13 *Easy Lessons, or Self-Instruction in Irish,* le Uileag de Búrca.



21. Clúdach *Easy Lessons, or Self-Instruction in Irish,* le Uileag de Búrca**.**

Thosaigh an Canónach de Búrca ag foilsiú ceachtanna Gaeilge sa nuachtán, *The Nation,* i mí Lúnasa, 1859. Faoi Shamhain na bliana sin bhí dóthain do leabhar aige, mar is ar Lá na Naomh Uile 1859 a shínigh sé an Réamhrá don chéad eagrán de *Easy Lessons, or Self-Instruction in Irish* (Bourke, 1860). Tháinig an chéad eagrán amach an bhliain dár gcionn, 1860, agus ba é John Mullany, 'printer and publisher of Catholic Books', Baile Átha Cliath, an clódóir/foilsitheoir. Ba leabhar Caitliceach é (Bourke,1873:118). Bhí na gnáthphaidreacha, na leaganacha Gaeilge a d'fhoghlaim cuid mhaith againn agus atá dá múineadh fós, sa leabhar seo. Bhí sé dírithe ar na sagairt mar chreid De Búrca gurb iad ab fhearr a chuirfeadh athréimniú na Gaeilge chun cinn, rud a chreid Eoin Mac Néill agus an Craoibhín freisin. Míle cóip a bhí i ngach eagrán; eisíodh an ceathrú heagrán in 1865. Foilsíodh an séú heagrán i Nua-Eabhrac in 1876.

Lámhleabhar féinteagaisc a bhí ann. Bhí beagnach ceithre chéad leathanach san eagrán a foilsíodh in 1865. Bhí seasca aonad ceachta ann. I ngach aonad míníodh an ghramadach go mion agus tugadh an comhthéacs teangeolaíoch den ghramadach i gcleachtadh. Ansin léiríodh an mhír ghramadaí roghnaithe in abairtí simplí gonta nó i bhfrásaí nó i bhfocail. I ngach aonad bhí thart ar scór go leith abairtí i nGaeilge le haistriú go Béarla, agus an oiread céanna sa Bhéarla le

haistriú go Gaeilge. Níos faide ar aghaidh sa leabhar bhí na heochracha feasa nó na freagraí do na ceisteanna. I ngach aonad bhí foclóir agus go minic níos mó ná foclóir amháin. Níorbh annamh don Chanónach leaganacha comparáideacha a thabhairt sna foclóirí, e.g. fear, man, vir, Latin.



Airde, height; from ard, high.
Baoc, vain, silly.
Beidhmid, we will be.
Caorach, sheep.
Da, two; as, da fear, two men.
Déag, teen—the decimal ending; from deich, ten; Greek, δεκα; Fr. *dix;* ocht-déag, eighteen; seacht-déag, seventeen.
Déan, do; make.
Gnath, custom.
Maraidh, to-morrow.
Namhaidh, inimical, hostile; (from namhaid, an enemy.)
Pós, marry; as it were—bó, from bo, a cow, because in kine the dowry was usually paid.
Pósta, married.
Romham, before me; compound pronoun; from roimh, before; and me, me.
Romhat, before thee (you).
Roimhe, before me.
Roimpi, before her.
Spré, a dowry given with females.
Suidh, sit.

22. Sliocht (lch. 40) as *Easy Lessons, or Self-Instruction in Irish,* le Uileag de Búrca.

Níor bhain sé úsáid as an bhfogharscríobh mar a bhain Ó Gramhnaigh, ach nuair ba ghá chaith sé an-dua ag cur síos ar fhuaimeanna na Gaeilge, ó léargas na foghraíochta teangeolaíche, ina nótaí mínithe. Bhí an ortagrafaíocht sna habairtí Gaeilge fónach, áfach, agus foghair Chonnacht a bhí iontu. Ar ndóigh, ní raibh litriú caighdeánach ar fáil don Chanónach ag an am do 'chaint na ndaoine', mar is í sin a bhí ina leabhar. Scéilíní Aesóp agus a leithéidí a bhíodh mar shleachta próis aige, agus amhráin Thomáis Uí Mhórdha, aistrithe ag an Ardeaspag Mac Héil, a ghaol féin, a bhíodh aige mar fhilíocht. Tá aistriúcháin go Gaeilge ar shleachta as an Íliad a rinne Mac Héil nó b'fhéidir de Búrca féin i measc na gceachtanna.

Mar gur thosaigh na heagráin den leabhar seo ag teacht amach chomh fada siar le 1860, d'fhéadfadh gur leis an Dr. Lloyd i dtús báire an leabhar a bhí ag Seosamh. Tá ionannas tuairimíochta faoin nGaeilge i leabhar an Dr. Lloyd, *Idioms of The German Language, Together with the Proverbs*, i réamhráite Uileag de Búrca do na *Easy Lessons* . Tá ionannas áirithe freisin sna táblaí comparáide teangacha atá i *The Aryan Origin of the Gaelic Race and Language*, leabhar leis an gCanónach de Búrca a tháinig amach in 1876, agus na táblaí comparáide teangacha atá i saothar an Dr. Lloyd. Tá an léargas céanna faoi chúlra agus faoi fhoinsí na Gaeilge sa dá leabhar ach níl leid ar bith i gceachtar acu, tagairt ná admháil fiú, go raibh na húdair faoi chomaoin ar bith ag a chéile

nó ag obair le chéile bealach ar bith. Bhí na tosaíochtaí difriúil, an Ghearmáinis faoi chaibidil ag an Dr. Lloyd agus an Ghaeilge ag an gCanónach de Búrca.

2.14 Cár fhoghlaim an Laoideach a chuid Gaeilge?

Seans maith gurb é an leabhar seo, *Easy Lessons, or Self-Instruction in Irish,* freagra na ceiste cár fhoghlaim Seosamh a chuid Gaeilge. Cúrsa cuimsitheach féinteagaisc a bhí ann, agus, cé nach raibh sé gan locht, níl dabht ar bith ann, dá leanfadh Seosamh na ceachtanna ar fad, nó an chuid is mó díobh, go mbeadh an bhunsraith sa Ghaeilge aige do chúrsa nó do shaothar ar bith sa teanga ina dhiaidh sin. Ní hionann sin agus a rá nach mbeadh cabhair ar fáil dó i gceann de na hacadaimh ina múintí an Ghaeilge, leithéidí acadamh Bell agus Uí Chíosóig. Tá plé faoi na hacadaimh seo againn in Aguisín C, 'Na hacadaimh státseirbhíse'.

Cruthaíonn na réamhráite sna heagráin éagsúla go raibh forléargas ag an gCanónach de Búrca ar shuim na dteangeolaithe Eorpacha sa Cheiltis agus sa Ghaeilge. Luann sé (Bourke 1965, réamhrá) Kaspar Zeuss, agus an teoiric Ind-Eorpach, agus sa réamhrá d'eagrán 1865, luann sé a thuilleadh:

> This little work, and the "COLLEGE IRISH GRAMMAR," of which it is the complement, are prized in an especial manner by the *savants* in English and German universities. Scholars and men of mind in countries beyond the Irish shore, are more alive to the value of Gaelic, than Irishmen in Ireland seem to be. Witness Pritchard, Latham, Blackie professor of Greek in the University of Edinburgh; Newman (London), Donbavand, Sir G. C. Lewis, Englishmen all; Pictet, of Geneva; Zeüss, Herr Glück, Bopp, Leo, Korner, Sparschuh, Hermann Ebel, Görres, and Holtzman, Germans; with Edwards and others, Frenchmen.

23. Sliocht (lgh. v, vi) as an réamhrá d'eagrán 1865 de *Easy Lessons, or Self-Instruction in Irish,* le Uileag de Búrca.

Ar ndóigh, chuaigh sé isteach go domhain i bhfoinsí na teanga agus na nGael ina mhórthráchtas a chéadfhoilsigh Longmans i Londain sa bhliain 1876, *The Aryan Origin of the Gaelic Race and Language*.

Ba í an bhéim a chuir sé ar an ngrá don teanga ar a son féin an bhraistint a bhain Seosamh Laoide as nuair a scríobh sé taobh istigh den chlúdach: 'Go gcuiridh Dia an rath air an nGaedhilg agus air gach duine ghrádhuigheas í' (Bairéad 1945:128-129.). An litriú sin 'air' do 'ar' is leid é ar bhealach gur fhoghlaim Seosamh cuid dá Ghaeilge ón leabhar sin, mar is é sin an litriú a d'úsáid Uileag de Búrca (mar shampla, Ceacht XXXI, 2, 1865:106, 'Beidh sé ann so air ball) do 'ar'.

Faoin am a scríobh sé na habairtí thuasluaite bhí Seosamh athcláraithe le sé mhí i gCumann Buan-Choimeádta na Gaeilge. D'athcláraigh sé i mí an Mhárta 1886. Ní raibh an Canónach de Búrca sa Chumann a thuilleadh—bhí sé ar an dream a d'fhág é chun Aondacht na Gaedhilge a bhunú—ba 'scoilteoir' é. Bhí sé ar bhunaitheoirí Chumann Buan-Choimeáta na Gaeilge in 1876, Aondacht na Gaeilge in 1880 agus *Irisleabhar na Gaedhilge* sa bhliain 1882. Bhí cearta aige fós ar *An Cheud Leabhar Gaedhilge*, *An Dara Leabhar Gaedhilge* agus *An Treas Leabhar Gaedhilge*, priméir de chuid an Chumainn ar a raibh an-díol, agus ó bhí Seosamh ar an gcoiste foilsitheoireachta beagnach ó thús, d'fhéadfadh go raibh plé aige leis. D'éag de Búrca gan choinne sa bhliain 1887 in aois a 58.

Bhí an dáta 'an seiseadh lá fichead de mhí Aguist, 1886,' sa chóip de *Easy Lessons in Irish* a luaigh Bairéad thuas. Bhí Seosamh bliain is fiche d'aois nuair a scríobh sé an meamram sin. An bhliain chéanna, d'athcláraigh sé i gCumann Buan-Choimeádta na Gaeilge.

Tá cruthú eile againn ón mbliain chéanna, 1886, go raibh suim Sheosaimh sa Ghaeilge múscailte. Mar a chuir an Dr. Ríona Mac Congáil ar mo shúile dom, reáchtáil an iris náisiúnaíoch, *The Irish Fireside*, comórtas ar a raibh duais de thrí ghine don liosta is fearr d'ainmneacha baiste Gaeilge. Níor bhuaigh Seosamh an duais ach fuair sé ardmholadh ó na moltóirí dá iarracht. Ba é Francis A. Fahy as Cinn Mhara, a raibh cáil air ina dhiaidh sin mar Chonraitheoir i Londain agus mar chumadóir amhrán, a bhuaigh na trí ghine. Seo sliocht as an gcuntas a bhí i *Irish Fireside* 6, Number 133, a foilsíodh ar 2 Eanáir, 1886 :


GRAT IRISH REVIVAL NUMBER—THIRTY-TWO PAGES.

IRISH FIRESIDE

ENTERED AT STATIONER'S HALL. JAN. 2. 1886. VOL. VI. No. 133. ONE PENNY

24. Barrtheideal *Irish Fireside* 6, Uimhir 133

> We publish to-day the first of the lists of Irish baptismal names sent us in response to the offer of a prize of three guineas which appeared in the *Fireside* some time ago.... In selecting the list compiled by Mr. Fahy as that most deserving of the prize, the judges felt somewhat embarrassed by the large number of those whose lists ran very closely to his...They have thought it only just to offer a special word of commendation to Mr. J. Rogers, of London; Mr. Dermod

O'Meagher, of Dublin; Mr. J. H. Lloyd, of Dublin; and Mr. Hugh O'Donnell, of Leixlip.[10]

An t-aon bhlúirín eolais eile atá againn faoi óige Sheosaimh Laoide ná, ar fhianaise an *Nation***,** gur chláraigh sé é féin, ar chostas £1, i gCumann Buan-Choimeádta na Gaeilge sa bhliain 1879: Seo an tuairisc as an *Nation*:



Publication: Nation 1842-1897; Date: Jan 25, 1879; Sec

The Irish Language.

The council of the Society for the Preservation of the Irish Language met on Tuesday, at four p.m., Captain R. M'Enery in the chair. There were also present—Revs. M. H. Close, M.R.I.A.; John Nolan, D.D.C.; Dr. Ryding, W. J. Doherty, C.E.; L. J. Ryan, Esq.; M. Corcoran, Esq.; and J. J. Mac-Sweeney, secretary. Minutes of last meeting were read and confirmed. The correspondence having been read, the following subscriptions were handed in:—Captain R. M'Enery, £1; "Carndonagh," Blackhall-street, 10s; Patrick Traynor, Esq., 29 Essex-quay, 10s; Rev. F. M'Enerney, C.C., Wicklow, 10s; M. Corcoran, Esq., £1; Joseph Henry Lloyd, Ph.D., 10s; Joseph Henry Lloyd, jun., £1; Rev. J. B. Barter, Rectory, Coolkenno, county

25. Sliocht as The Nation: tuairisc ar chruinniú SPIL.

2.15 Dr. J.H. Lloyd agus an Canónach Uileag de Búrca

Cinnte bhí plé ag a athair, an Dr. J.H. Lloyd, leis an gCanónach, faoi fhoilsiú *An Cheud Leabhar Gaedhilge, An Dara Leabhar Gaedhilge* agus *An Treas Leabhar Gaedhil*ge, agus plé leis freisin mar scoilteoir i dteannta Uí Choimín agus Uí Nualláin nuair a bhí sé ag iarraidh na scoilteoirí a mhealladh ar ais go dtí an Cumann. Cíorann Máirtín Ó Murchú (2001:241-54) foilsitheoireacht an Chumainn go mion. Is é a bhí sa *Chéad Leabhar* agus sa *Dara Leabhar* ná ceachtanna as an *Easy Lessons or Self-Instruction in Irish*, mionathraithe roinnt ag an gCoiste Foilsitheoireachta. D'ullmhaigh an Canónach de Búrca féin ábhar ar leith don *Treas Leabhar* ach leasaigh an Coiste an t-ábhar seo go mór.

Nuair a d'fhág sé an Cumann, scríobh an Canónach go príobháideach chucu ag iarraidh soiléiriú ar a chearta féin i leith an ábhair a bheadh sna leabhráin. I ndeireadh dála. foilsíodh iad gan údar ar bith a bheith ainmnithe. Bhí an-díol orthu, ach ní raibh *An Cheud Leabhar* ach dhá mhí ar an margadh nuair a thosaigh comhfhreagras beoga i gcolúin an *Irish Times* faoi chaighdeán na Gaeilge ann. Dáiríre, cogadh na gcanúintí a bhí anseo, canúint Bhéarra i

[10] 'The revival of Irish names*', Irish Fireside* 6, Uimhir 133, lch 27.

gcomórtas le canúint Mhaigh Eo. Ba é James E. Murphy ó leithinis Bhéarra, sadhsóir nó mac léinn ar scoláireacht speisialta, i gColáiste na Tríonóide ag an am, an comhfhreagróir ba ghlóraí. B'fhuath leis an priméar. Bhuaigh an fear seo ollúnacht na Gaeilge ina dhiaidh sin nuair a bhí Dubhghlas de hÍde ag cur isteach air. Tá cuid mhór den chomhfhreagras a bhí san *Irish Times* ag Máirtín Ó Murchú sna haguisíní ar chúl a leabhair (2001:331-359).

2. 16 Seosamh Laoide agus Comhlacht Mórbhóithre Iarainn an Tuaiscirt

D'fhéadfadh go raibh ciall cheannaigh ag Anna ar bhochtaineacht an léinn ó sholáthar an Dr. Lloyd dóibh mar ollamh le teangacha, mar is ag obair a chuaigh Seosamh in ionad freastal ar an Ollscoil. Fuair sé post in aois a sé déag mar chuntasóir i dtraenáil i Roinn na bPaisinéirí, An Oifig Iniúchta, Mórbhóithre Iarainn an Tuaiscirt, ag Sráid Amiens. Ar ball fuair Uilliam post cléireachais i gComhlacht Mhic Aonghusa, na grúdairí, agus fuair Máible post sa chomhlacht céanna mar chlóscríobhaí. Bhí post cléireachais ag Robert freisin i gComhlacht na Canála Móire, mar a chonaiceamar.



The Irish Times - Tuesc

FUNERAL OF DR. J. H. LLOYD, M.R.I.A.

The burial of this much lamented gentleman took place at Mount Jerome this morning, and was attended by many friends of the deceased. It having been notified by the Rev. J. S. Fletcher, who read the burial service, that Dr. Lloyd's death has left his large family destitute, a committee was at once formed for the purpose of raising some funds for the widow and orphans. It consists of the Rev. J. S. Fletcher, Rev. Maxwell Close, Mr Patrick Shells, Mr Hamilton Bell, Mr Sandheim, Mr Leonard, Mr Kirkland, Mr Jones, Mr Toelink, Mr Phaire, with Mr J. O. Ball and Mr L. J. Ryan as hon. secs.

The following subscriptions were at once an-

26. Sliocht as tuairisc IT ar shochraid an Dr. Lloyd

Ní gan chúis, is dócha, a rinne an tUrramach Fletcher an achainí sin ag sochraid an Dr. Lloyd nuair a d'impigh sé go bhfóirfeadh an pobal a bhí i láthair ar an mbaintreach agus ar an mhuirín mhór a d'fhág an Dr. Lloyd ina dhiaidh. Ní dóigh liom go raibh siad chomh bocht dealbh sin, mar bhí Seosamh ag obair ar feadh trí bliana sula bhfuair an t-athair bás, cé nach dócha gur thuill sé mórán mar gur phrintíseach a bhí ann dáiríre. Bhí Francis Marian bliain is fiche; ar ndóigh, d'fhéadfadh sí bheith ina sclábhaí don teaghlach mar a bhí a lán, ach is cosúil go raibh sí áit éigin nó i bhfostaíocht éigin a sheol an tOirmhinneach Richard Huggard ina treo; b'fhéidir i scoil. Mar a scríobh Ciarán Bairéad faoi Sheosamh:

> Ar fhágáil sgoile dhó, is é an posta a fuair sé a bheith ’na chléireach i Roinn na bPaisinéirí den Audit Office ar Mhór-bhóithre an Tuaiscirt, Sr. Amiens, Baile Átha Cliath. Bheadh sé tuairim is sé bliana déag san am sin.

Chuaigh sé ag obair leis an GNRI sa bhliain 1881. Mar chléireach bhí saorthaisteal ar na traenacha aige, faoiseamh a mbainfeadh sé leas as ar ball nuair a bheadh sé ag dul timpeall na tíre ag timireacht do Chonradh na Gaeilge, cé nár thimire oifigiúil *per se* riamh é, agus ag iarraidh na loig ina raibh an Ghaeilge beo fós a aimsiú agus a chlárú.

An bhearna sin de bhliain agus níos mó i gcuntas Chiaráin, idir 14 bliana agus 16 bliana, d’fhéadfadh gur líon Seosamh í sin le freastal ar mheánscoil. D’fhéadfadh freisin gur thóg sé conair eile, b’fhéidir an Cúrsa Idirmheánach, an bunghrád ar a laghad, a dhéanamh go páirtaimseartha. Seo sliocht as beathaisnéis an Athbheochanóra pholaitiúil, Liam Ó Maolrúnaidh (1893-1901), atá ar an suíomh *ainm.ie*, fear a raibh an mianach céanna ann is a bhí i Seosamh:

> Bhí Liam ar scoil ag na Bráithre Críostaí i Sráid na Trá agus i Scoil Uí Chonaill. In aois trí bliana déag dó fuair sé post in oifig dlíodóra i Sráid an Dáma ach théadh sé ar ais ar scoil chuig na Bráithre roimh agus i ndiaidh oibre.....In 1887 d’éirigh leis i scrúduithe an Ghráid Shóisearaigh. Ba ghairid go raibh post cléirigh aige sa Midland Great Western Railway. Bhí an saorthaisteal mar bhuntáiste aige ann.[11]

Ceithre bliana déag, is cosúil, a bhí ag Liam Ó Maolrúnaidh nuair a fuair sé an post, a bhí lonnaithe i mBaile Átha Cliath, sa Midland Great Western Railway. Bhí sé ag obair ó bhí sé a dó dhéag. Chuir na Bráithre Críostaí ar a chumas an t-oideachas ba ghá a fháil go páirtaimseartha chun an bunghrád sa Chúrsa Idirmheánach a bhaint amach. D’fhéadfadh go raibh cabhair theoranta mar seo ar fáil freisin do Sheosamh Laoide sa Mhodhscoil i Sráid Maoilbhríde.

Go bhfios dom, bhíodh scrúdú cáilithe le déanamh ag cléirigh Mhór-Iarnróid an Tuaiscirt agus bhíodh an Ghréigis, an Laidin, an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Mhatamaitic agus, faoin Saorstát, an Ghaeilge, ar na hábhair roghnacha inar cuireadh páipéir scrúdaithe ar fáil. Seo sliocht as alt/léacht le Tim Moriarty, céimí de chuid Roinn na gClasaicí, Ollscoil Mhá Nuad, agus leabharlannaí den

[11] *ainm.ie, s.n.* Liam Ó Maolrúnaidh, ceadaithe 12-12-2020.

Irish Railway Record Society, faoin Laidin agus na Bóithre Iarainn. Baineann an buneolas le 1920; ní bheadh an oiread sin athruithe, is dócha, ó 1880:

> Entry into the clerical grades on the railways was by competitive examination. Formerly optional language papers were offered including Irish (compulsory following the Railways Act of 1924) and Latin. We give here by way of example the optional Latin paper for the GS&WR examination for 1920... Greek was at one time also an optional subject and in the 1910 exam candidates were required to have knowledge of Xenophon's *Hellenica*. …. The compulsory subjects i.e. English, Mathematics, Algebra and Geography….both languages (e.g. Latin, Greek) reflected the curriculum in our post-primary education system at a time when the railways regarded the schools as "clerk factories" and looked to them for educated labour.[12]

Ba é aois a 16 an ghnáthaois iontrála do chléirigh sna comhlachtaí iarnróid cé gur chosúil go raibh Liam Ó Maolrúnaidh níos óige ná sin. £25 in aghaidh na bliana a bheadh ag Seosamh ar promhadh. Mhaireadh an promhadh bliain. Mhéadódh an tuarastal go rialta. Post seasmhach agus post saoil a bhí ann agus bheadh pinsean ar fáil dó in aois a 60. Nuair a d'éirigh Seosamh as a phost i 1903 bheadh tuairim is £140 in aghaidh na bliana aige. Ní raibh ach £100 aige mar Eagarthóir na Leabhar ón gConradh, gan seasmhacht oibre ná pinsean—féach Aguisín F.

Bhí borradh as cuimse faoi earnáil an chléireachais i ré Victoria, sa státseirbhís, sna forais stáit, in Oifig an Phoist, sa loingseoireacht, sna comhlachtaí iarnróid, ar fud na hImpireachta. Toisc go raibh an t-oideachas acu d'fheictí mar meánaicmeach iad. Bhain cléirigh iarnróid leis an tsraith íochtarach den leibhéal meánaicmeach. De riachtanas, mar bhí an tuarastal gortach go leor, bhíodar cúramach agus caomhach, ag maireachtáil de réir na dtuairimí cearta poiblí, ach uaillmhianach dá bpáistí. Toisc go raibh siad éirimiúil agus fuinniúil bheidís gníomhach i réimsí eile, cultúrtha go minic. Bheadh go leor acu sa Chonradh ar ball, agus sna hÓglaigh i 1916 agus i gCogadh na Saoirse. Bhíodar tábhachtach don ghníomhaíocht fhaisnéise agus fhrithfhaisnéise; ar na traenacha a bhíodh na saighdiúirí, na póilíní agus na málaí poist. Mar sin níorbh iontas amach is amach

[12] 'Latin's place in railway history', Tim Moriarty, *Irish Railway Record Society Journal 183*, February 2014

é go mbeadh duine mar Sheosamh i measc na gcléireach iarnróid ná go mbeadh sé gníomhach i réimsí eile de bhreis ar a phost.



27. Ceannáras an GNRI, Sr. Amiens

2.17 Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge

Bhí Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge ríthábhachtach i ngluaiseacht na hAthbheochana. Is annamh a admhaítear chomh mór is a bhí Conradh na Gaeilge faoi chomaoin ag Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge. Tá cuid mhaith den fhírinne i bhfotheideal Mháirtín Uí Mhurchú dá leabhar faoin gCumann—gurb é tús athréimniú na Gaeilge é. Thíos tá sliocht as miontuairisc ón gcéad chruinniú foirmiúil a bhí ag bunaitheoirí Chumann Buan-Choimeádta na Gaeilge. (Ó Murchú, 2001:14):

> A meeting was convened at No. 4 Bacheler's Walk, December 29th, 1876, 'To take the necessary steps for the formation of a Society for the Preservation and Cultivation of the Irish Language and Literature'. There were present: Charles Dawson Esq., High Sheriff of Limerick; William Dillon Esq., Barr.; T D. Sullivan Esq., Editor of 'The Nation'; Bryan O'Looney M.R.IA., Professor of Irish Language, Literature and Archaeology C.U.; Rev. H. P. Kelly O.D.C.; H.J. Gill Esq. MA. TC.D.; P. W Joyce LL.D. TC.D.; Rev. J. E. Nolan O.D.C.; D.'Comyn....
>
> After some discussion, the meeting became unanimously of opinion that it is possible and desirable to preserve the Irish Language in those parts of the Country where it is still spoken, with a view to its further extension and cultivation. To carry out these objects the meeting resolved themselves into a Society, which pro tem. is called 'The Society for the Preservation of the Irish Language'....
> SIGNED: H. P. Kelly O.D.C. in the Chair *5hl7l*

Tugaimis sracfhéachaint níos grinne ar na daoine a bhí i láthair ag an gcruinniú seo. Bheadh Charles Dawson, Ard-Shirriam Luimnigh, ina theachta parlaiminte

do Cheatharlach ar ball, agus ina dhiaidh sin ina Ardmhaor ar Bhaile Átha Cliath. D'fhéadfaí náisiúnaí bunreachtúil nó measartha a thabhairt air agus d'fhéadfaí an cuntas céanna a thabhairt ar T.D. Sullivan agus ar Henry J.Gill.

Bhí T.D. Sullivan ina fhile agus ina pholaiteoir chomh maith le bheith ina iriseoir. Bhí sé ina Fheisire Parlaiminte don Iarmhí agus do Bhaile Átha Cliath ina dhiaidh sin, agus ba dhílseoir de chuid Parnell é. Bhí Kevin O'Higgins, aire conspóideach i Rialtas an tSaorstáit, ina gharmhac dó. Bhí sé caoga bliain d'aois sa bhliain 1876, ach i súile Dhaithí Uí Choimín, nach raibh ach fiche a dó, ba sheanóir é. Bhí T.D. Sullivan ina úinéir agus ina eagarthóir ar an *Nation,* iris ina raibh ceachtanna Gaeilge scríofa ag an Athair Uileag de Búrca á bhfoilsiú in aghaidh na seachtaine.

Bhí Annraoi Gill, ball de chlann na bhfoilsitheoirí M. H. Gill, i láthair. Chiallaigh a bhallraíocht siúd go raibh ceangal ag an gCumann le clódóirí agus foilsitheoirí ó thús, nasc a chruthaigh ríthábhachtach ina dhiaidh sin. Bhí an chéim M.A. sna nuatheangacha ó Choláiste na Tríonóide ag Annraoi Gill; b'fhear léannta é agus chaith sé dhá sheal mar Fheisire Parlaiminte, seal don Iarmhí idir 1880 agus 1993, agus seal do Luimneach i 1885. Is léir gur thuig an triúr seo, Charles Dawson, T.D. Sullivan agus Annraoi Gill, go raibh gné pholaitiúil ag an nGaeilge mar shuaitheantas don náisiúnachas.

Bhí Brian Ó Luanaigh ina Ollamh le Gaeilge, le Litríocht agus le Seandálaíocht san Ollscoil Chaitliceach a bhunaigh an Cairdinéal Newman. Ba Ghaeilgeoir ó dhúchas é. Gaeilgeoir eile ó dhúchas ba ea P. W. Joyce. Scríbhneoir cumasach faoi chultúr na hÉireann a bhí ann agus is léir gur dhuine é a chuaigh i bhfeidhm go mór ar Sheosamh Laoide ina dhiaidh sin, mar bhí suim ghairmiúil i logainmneacha aige agus suim sa cheol Gaelach.

Bhí beirt shagart Chairmilíteacha ann, an tAth. Ó Ceallaigh agus an tAth. Ó Nualláin. Chruthódh an tAthair Eoin Ó Nualláin conspóideach agus achrannach sula i bhfad. Cúpla nóiméad sular chríochnaigh an chéad chruinniú, tháinig Daithí Ó Coimín isteach. Bhí seisean ina chléireach sa Bhanc Náisiúnta. Foghlaimeoir Gaeilge a bhí ann. Bhí suim aige i scríobh agus i bhfoilsiú na Gaeilge, mar a bhí ag an Athair Ó Nualláin. Bhí scileanna taighde agus scríbhneoireachta aige agus in imeacht ama chuirfeadh sé díolaim fhiúntach

foilseachán le chéile. Bheadh an Coimíneach agus an tAthair Ó Nualláin ina gcomhchealgairí amach as seo, nuair a bhunóidís Aondacht na Gaedhilge.

Dream acmhainneach fuinniúil cumasach meánaicmeach ba ea na bunaitheoirí. Bhaist siad a gCumann le mana dúshlánach, suimiúil, i.e. 'to preserve the Irish Language in those parts of the Country where it is still spoken, with a view to its further extension and cultivation'**.** Ba bheag a rinne siad, nó a d'fhéadfaidís a dhéanamh, faoi shlánú na Gaeilge sna Gaeltachtaí. Ní rabhadar geanúil go leor ar an nGaeilge mar mheán cumarsáide chun na cruinnithe a reáchtáil tríd an meán sin, nó b'fhéidir nach rabhadar muiníneach go leor as a gcumas labhartha sa mheán sin. Is i mBéarla a reáchtáladh na cruinnithe; ba é an Béarla an meán riaracháin agus an meán cumarsáide leis na baill agus leis na nuachtáin. Thosaigh an Cumann mar chlub compordach a phléifeadh cúrsaí teanga ach nach gcaithfeadh mórán dua le feachtas ar bith—agus is iomaí club mar sin a bhí san Ardchathair ag an am.

Ba bheag a dteagmháil leis na Gaeltachtaí. Go deimhin, go dtí gur chuir Seosamh Laoide suim sa scéal ar ball, is beag eolas cruinn a bhí ar fáil faoi chainteoirí dúchais na Gaeilge nó faoi na Gaeltachtaí féin ná faoi labhairt na Gaeilge mar an chéad teanga sa tír. Fiú Dubhghlas de hÍde, chuir Seosamh Laoide ionadh air nuair a chruthaigh sé dó go raibh an Ghaeilge dhúchasach beo fós in áiteanna cosúil le Muineachán, Lú agus Ard Macha agus Cill Chainnigh.

Dar le Dáithí Ó Coimín, ba chlub do sheanóirí an Cumann:

> We must deal with younger men. One of the old coves told me that I should not be writing in Irish when I could not speak it and I dare say he is right, as it is terribly uphill work for one not familiar with it. Why can't those who speak it write for us also in it, of which they seem to reject the notion entirely and thus leave it, as Father O'Nolan says, to men 'half-educated' in the language, like himself and myself...[13]

Scríobh sé an méid sin i litir atá foilsithe san alt a scríobh Breandán Ó Conaire in *Comhar,* mí Aibreáin, 1980, dar teideal 'Daithí Ó Coimín agus bunú Irisleabhar na Gaeilge'.

[13]Ó Conaire, Breandán, *Comhar,* Aibreán 1980. (10-15)

Cé go raibh suas le leathchéad ball ann, ní bheadh ach idir cúigear agus deichniúr i láthair ar an meán ag cruinniú ar bith den Chomhairle. Theip orthu an phríomhsprioc a bhí acu, slánú na Gaeilge labhartha, a bhaint amach. Ina dhiaidh sin is uile, d'éirigh leo cuid mhaith a chur i gcrích, go háirithe sa réimse atá ciallaithe sa dara cuid den mhana: 'its further extension and cultivation'. D'aimsíodar, mar shampla, an t-achar gníomhaíochta nó an margadh atá comharthaithe sa litir thuasluaite a scríobh Dáithí Ó Coimín—ábhar foghlama agus léitheoireachta a sholáthar do dhaoine ar mhian leo an Ghaeilge a fhoghlaim nó a gcuid Gaeilge a fheabhsú. D'éirigh leo ionad a bhuachan don Ghaeilge i ngach leibhéal den chóras oideachais. Is iad a thionscain an díospóireacht faoi athbheochan na Gaeilge mar theanga phobail. Chuadar i ngleic le hortagrafaíocht nó ceartlitriú na Gaeilge, le comhréir na Gaeilge, le cló na Gaeilge agus le foilsiú na Gaeilge sa nua-aois. I litir eile a scríobh an Coimíneach, ón bhfoinse thuasluaite, nocht sé an deighilt mhór a bhí le sonrú i saothrú na Gaeilge:

> I do not expect much from *na saoithe*. I would rather do without them if I could as very few of them care for the living language but are loud about those old manuscripts! What a pity the Danes did not burn what is left along with the rest!..They hate the living speech and would gladly see it die and then go into ecstacies over its relics. But I hope it won't yet be made a mummy to gratify their antiquarian taste for poking over its ashes and dry bones...[14]

I litir eile fós cuireann sé síos ar dhearcadh 'seandálaithe' na Gaeilge mar 'antiquarianism, anti-deluvianism, anti modern...'.

Léiríonn litreacha Uí Choimín nach bhfaca sé ach neamhshuim nimhe sa Ghaeilge bheo. Bhain saothrú na Gaeilge chomh fada is a bhí sé ann le tochailt sna lámhscríbhinní ar mhaithe le saibhriú an Bhéarla. Nuair a neartaigh an tsuim sa teanga bheo faoi dheireadh an chéid, lean Yeats, Lady Gregory, Synge agus a leithéidí den tochailt, ag saibhriú a gcuid Béarla féin le híomhánna, le téamaí, le frásaí agus le friotal cainte as béaloideas na Gaeilge, ag cur bonn leis an léargas nach raibh saothrú na Gaeilge ann ach chun an Béarla a shaibhriú.

Is é a bhí ag teastáil ón gCoimíneach ná cabhair mar fhoghlaimeoir. Bhí éileamh amuigh ansin d'fhóirithint dá leithéid, agus thug an t-éileamh seo *raison d'etre* do

[14] Ó Conaire, Breandán, *Comhar*, Aibreán 1980 (10-15)

.

Chumann Buan-Choimeádta na Gaeilge. Is léir go ndeachaigh dearcadh Uí Choimín agus Uí Nualláin i bhfeidhm ar an gCumann, mar in 1877 chuireadar paimfléad faisnéise amach (Ó Murchú 2001:130) ina raibh léargas praiticiúil agus clár oibre indéanta. D'aithin siad go raibh an Ghaeilge ag cúlú, agus an Béarla ag forleathnú, agus go raibh pobal na Gaeilge ag cúngú, agus theastaigh uathu stop a chur leis an meath. Chuige sin chuireadar rompu:

- Daoine a raibh an Ghaeilge acu a ghríosú chun í a labhairt de ghnáth; Duaiseanna a bhronnadh ar dhaoine a dhéanfadh staidéar cumasach ar an nGaeilge;
- Ranganna a chur á mbunú;
- A dheimhniú go mbeadh an Ghaeilge á teagasc i scoileanna na hÉireann.
- Bunleabhair shaora teagaisc a chur ar fáil;
- Nualitríocht sa Ghaeilge a chur á foilsiú
- Irisleabhar a chur amach.

D'éirigh leo dóthain den chlár seo a chur i gcrích chun ár meas a thuilleamh. Is féidir cnámha chlár oibre an Chonartha a shonrú san achoimriú thuas, agus agenda na bhforas eile a tháinig ina dhiaidh, anuas go dtí an lá atá inniu ann.

2.18 An Dr. Lloyd agus Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge

Seo mar a chuireann Bairéad síos ar an mbaint a bhí ag an Dr. J.H. Lloyd le Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge:

> De réir na gcunntas ar imtheachtaí an Chumainn seo atá le léamh sa *Freeman's Journal,* ba nós leis a bheith i láthair go minic ag cruinnithe seachtainiúla na Comhairle, rud a chruthuigheas go raibh suim mhór aige i n-obair na Gaeilge. Chuir an Cumann Comhdháil (Congress) ar bun i mBaile Átha Cliath ar an 15ú, 16ú, agus ar an 17ú lá de mhí Lúnasa, 1882 '*to consider the present position of the Irish Language as a vernacular and how its use might be promoted'*. Bhí daoine i láthair as a lán áiteacha i Éirinn, agus pléidheadh an cheist go mion. Ghaibh Dr. Lloyd páirt sa díospóireacht ar chuid de na ceisteanna a bhí ós comhair na Comhdhála, agus léigh sé féin páipéar ar 'A Bilingual System of Education.'

Bhí tuairiscí san *Freeman's Journal* faoi chruinnithe an Chumainn agus bhíodar san *Irish Times* agus sa *Nation* chomh maith. Ba pháipéar nuachta an *Nation* a mhair ó bhunaigh Davis, Duffy agus Dillon é sa bhliain 1842 go dtí gur slogadh isteach san *Irish Weekly Independent* é thart ar 1900. Bhí T.D. Sullivan ina eagarthóir agus ina chomhúinéir ar an *Nation.* Tá cuid mhaith mioneolais faoi imeachtaí an Chumainn sna tuairiscí a bhí san *Freeman's Journal*, san *Irish*

Times agus sa *Nation*, ach bhí de bhuntáiste ag Máirtín Ó Murchú go raibh miontuairiscí oifigiúla na gcruinnithe féin aige. Tá cuid mhór acu i dtaisce anois sa Leabharlann Náisiúnta ar mhicreascannáin (P9173-76, 9482). Tá miontuairiscí na Comhairle in Acadamh Ríoga na hÉireann freisin.

An chéad tagairt a d'aimsigh mise do bhallraíocht an Dr. J.H. Lloyd, is sa *Nation* a bhí sé, in eagrán 25 Eanáir 1879. Tá mé ag ceapadh gurb é seo an chéad uair a bhí an Dr. Lloyd i láthair ag cruinniú den Chumann. Rinneadh ball den Chomhairle de láithreach bonn. Admhaíonn an tuairisc an dá chéim dochtúra a bhí aige. Tá an cuntas seo sa *Nation* spéisiúil ar chúis eile; léiríonn sé go ndearnadh ball den Chumann de Joseph Henry Lloyd, Jun.—b'shin a mhac, Seosamh Laoide—agus gur íocadh isteach £1 thar a cheann. Ní raibh Seosamh Laoide ach trí bliana déag ag an am, mar rugadh é ar an 24ú Bealtaine, 1865. Níl aon tuairisc eile ar Sheosamh óg go dtí gur chláraigh sé é féin sa Chumann as an nua tar éis bhás a athar, ach is leide an tagairt seo san *Nation* faoi thionchar an athar in oiliúint Sheosaimh Laoide mar theangeolaí, nó ar a laghad mar fhear teangacha. Mar a deir an cuntas atá ar Sheosamh sa Dictionary of Irish Biography (in alt a scríobh an Dr. Eoghan Ó Raghallaigh), 'He was educated privately, probably by his father, and at the Model School on Marlborough St., Dublin.'



LLOYD, Joseph Henry (Laoide, Seosamh) (1865–1939), folklorist and Gaelic Leaguer, was born 24 May 1865 at 7 Annaville Lower, Ranelagh, Dublin, eldest son of Joseph Henry Lloyd, language scholar, and Anne Lloyd (née Phair). He was educated privately, probably by his father, and at the Model School on Marlborough St., Dublin. He studied Greek, Latin and Irish at TCD from 1890 to 1894, winning awards every year but not graduating due to other commitments. He was later among the first students to attend the School of Irish Learning in Dublin (founded 1903).

28. Alt an Laoidigh sa DIB (ARÉ)

Ní dóigh liom, áfach, go raibh suim, ní abraim cumas, ag Seosamh sa Ghaeilge ag an aois sin mar níor fhill sé ar na cruinnithe go dtí 1886.

Taispeánann an leathanach thíos as na réamhleathanaigh do *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne* an déanamh a bhí ar Chomhairle Chumann Buan-Choimeádta na Gaeilge sa bhliain 1880. Tá J.H. Lloyd ar an liosta. Is faide liosta a cháilíochtaí ná liosta aon bhaill eile:



COUNCIL.

Ali, Mir Anlad, Professor of Oriental Languages, T.C.D.
Barry, Patrick, Esq., Dublin.
Blackie, John Stuart, Professor of Greek, University of Edinburgh.
Barry, Michael, M.D., M.R.I.A., Brighton.
Burns, John, Esq., Dublin.
Casey, John, LL.D., F.R.S., Vice-President, R.I.A.
Close, Rev. M. H., Treasurer of the R.I.A.; President, R.G.S.I.
Cox, Michael F., M.D., B.A., M.R.I.A.
Dawson, C., T.C., M.P.
Dillon, W., A.B., M.R.I.A.
Doherty, William J., C.E., M.R.I.A.
Duffy, Richard J., Esq., Dublin.
Errington, George, Esq., M.P.
Fitzgerald, Most Rev. W., D.D., Bishop of Ross.
Fleming, John, Esq., Rathgormac, Carrick-on-Suir.
Foley, J. W., Esq., M.P., Kingstown.
Franklin, Wm., Esq., G.P.O., Dublin.
Gargan, Rev. Denis, D.D., Pro. Eccl. History, Maynooth.
Gill, H. J., M.A., T.C., M.P.
Graves, Rev. James, A.B., Kilkenny.
Grace, Br. J. A., Christian Schools, Dublin.
Hart, Charles H., A.B., T.C.D.
Hennessy, W. M., M.R.I.A.
Joyce, P. W., LL.D., M.R.I.A.
Leamy, Edmund, Esq., M.P., Waterford.
Lloyd, J. H., M.A., Ph. D., LL.D., M.R.I.A., F.R.S.L., F.S.A., Mem. Philol. Soc.
MacDevitt, Rev. J., D.D., All Hallows College, Dublin.
MacDonnell, Col. W. E. A., M.R.I.A., New Hall, Ennis.
MacEniry, Capt. R., R.I.A., Dublin
Macllwaine, Rev. W., D.D., M.R.I.A., Belfast.
MacSweeney, J. J., Esq., R.I.A., Dublin.
Madden, R. R., F.R.C.S.E., M.R.I.A.
Mahon, Col., The O'Gorman, M.P., Ennis.
Moffet, T. W., LL.D., President, Queen's College, Galway.
Mulcahy, Rev. D. B., Ballinafeigh, Belfast.
Murray, Æneas J., Esq., Head Master, West Dublin Model Schools.
Norreys, Sir Denham Jephson, Bart., The Castle, Mallow.
O'Hanlon, Rev. John, C.C., M.R.I.A.
O'Hara, Thomas, Esq., Inspector of National Schools, Portarlington.
O'Looney, Brian, M.R.I.A., F.R.H.S., Prof. of Irish Lang., Lit. and Archæology, C.U.I.
Plunkett, George N., Esq., Harcourt-street.
Reeves, Very Rev. William, D.D., LL.D., M.R.I.A., Dean of Armagh.
Rhys, John, M.A., Professor of Celtic Languages, University of Oxford.
Ryan, L. J., Esq., Head Master, Central Model Schools.
Ryding, F., Lic. S.D., R.C.S.E.
Shearman, Rev. John, C.C., Howth.
Sigerson, George, M.D., M. Ch., F.L.S., M.R.I.A.
Smythe, Lieut.-General W. J., R.A., F.R.S., M.R.I.A., White Abbey, Belfast.
Sullivan, T. D., Esq., M.P.
Zimmer, Dr. Heinrich, Prof. Sanscrit and Comparative Philology, University, Berlin.

29. Réamhleathanach, clár ball Ardchomhairle SPIL, do *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne* (1880)

Ball is caoga atá ar an gComhairle. Tugtar na cáilíochtaí acadúla agus eile atá acu, chun go nglacfaí leis an gCumann mar eagraíocht a mheall tacaíocht na ndaoine b'éirimiúla sa tír. Níl bean ar bith ar an gComhairle seo. Ní raibh na baill seo uile gníomhach, ach ba dhaoine céimiúla iad agus d'fhéadfaí a rá go raibh dea-mhéin acu ar a laghad, agus ag an aicme lenar bhain siad, don Ghaeilge.

Is é tionchar ARÉ an tréith is fusa a shonrú; tá ocht mball déag den eagraíocht sin ar a laghad ar an gComhairle seo. Tá seisear Teachta Parlaiminte luaite. Tá easpag amháin agus seachtar sagart agus roinnt ministrí liostaithe. Tá seachtar

saineolaí teanga ann. Tá triúr saighdiúir ar a laghad ar an liosta, agus dorn láidir oideachasóirí. Duine gur fiú suim a chur ann, b'fhéidir, b'ea William Franklin ó Ard-Oifig an Phoist. Bheadh sé réasúnta a cheapadh gur spiaire a bhí ann, nó ar a laghad go raibh sé ansin chun faisnéis a sholáthar don Rialtas faoi cad a bhí ar siúl. Nuair a bhris an Chéad Chogadh Domhanda amach bhí Franklin ina Phríomh-Oifigeach sa Phost-Seirbhís agus é i mbun na scéime cinsireachta poist teoranta a bhí dírithe ar náisiúnaithe gníomhacha a raibh amhras oifigiúil fúthu.

Bhí an Cumann tosaithe ar an bhfoilsiú, le trí bhunleabhar d'fhoghlaimeoirí. Sa tuairisc bhliantúil do 1879 thíos, feicimid chomh maith is a d'éirigh le díol na leabhar sin.

In ionad Leabhar a Ceathair a fhoilsiú, chinneadar ar leabhar próis a chur amach. Brian Ó Luanaigh a bhí i mbun an tionscadail seo. Shocraíodar leagan de scéal a bhí curtha amach cheana ag an Ossianic Society a athfhoilsiú, *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne, Cuid a hAon*, maille le haistriúchán ar an scéal seo le Standish O'Grady. Fiú sular tháinig an leabhar amach, bhí d'ádh orthu gur chuir an Bord Oideachais ar chlár an Chúrsa Idirmheánaigh é.


TÓRUIGEACT DIARMUDA
AGUS
GRÁINNE.

THE
PURSUIT OF DIARMUID
AND
GRAINNE.

PUBLISHED FOR THE
Society for the Preservation of
the Irish Language.

PART I.

DUBLIN:
M. H. GILL & SON, 50 UPPER SACKVILLE-ST.
1880.

The Society's series of elementary books continues in great demand. During the year ending the 31st December, 5,071 copies of the First Irish Book have been sold, making a total issue of 31,071 copies; 2,075 copies of the Second Irish Book, making a total issue of 14,075, and the copy-book, for writing the Irish language in the Irish character, has had a sale of 1,209.

During the year the Society published a Third Irish Book, of which a first edition of 2,000 copies has been already sold, and a second edition of 3,000 copies is now almost exhausted.

30. Clúdach *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne* 1, agus, ar chlé, sonraí díolacháin priméar SPIL, as an tuairisc bhliantúil do 1879

Tá an chéad tagairt don Dr. J.H. Lloyd ar leathanach 42 dá leabhar ag Máirtín Ó Murchú. Anailís is ea é seo ar an bhfreastal ar na cruinnithe sa bhliain 1879. Luaitear go raibh an Dr. Lloyd sa chathaoir dhá uair i rith na bliana. Bhí 43 cruinniú i rith 1879 acu agus naonúr ar an meán a bhí i láthair.

An dara tagairt a d'aimsigh mé don Dr. J.H. Lloyd mar bhall de Chumann Buan-Choimeádta na Gaeilge i leabhar Mháirtín Uí Mhurchú, ba ar leathanach 60 í, i dtuairisc ar chruinniú a tionóladh ar an 4ú Feabhra, 1879, ina dtráchtar ar ghnásanna an toghcháin bhliantúil. Bhí tuarascáil an Choiste os comhair na mball agus mhol an Dr J. H. Lloyd go nglacfaí léi. Ag cruinniú a tuairiscíodh san *Irish Times* ar an 12ú Márta, 1879, phléigh na baill na 105 tuairisc a bhí acu ó bhunscoileanna ar fud na tíre faoi staid na Gaeilge sa scoil féin agus sa cheantar máguaird. Ar an 21ú lá de mhí an Mhárta bhí an Dr. J.H. Lloyd ar choiste toghchánaíochta an eagrais (Ó Murchú, 2001:63).

Comhthoghadh Dr. Lloyd, mar aon le hAE (George Russell), mar bhall den Chomhairle ag cruinniú ar 22 Aibreán, 1879. Bhí dhá eite sa Chumann faoi seo, an eite chaomhach agus an bhuíon mhífhoighneach thart ar an Ath. Ó Nualláin agus ar Dháithí Ó Coimín. D'éirigh an tAth. Ó Nualláin as an rúnaíocht, agus luaitear an Dr. Lloyd ar leathanach 68 a bheith ag iarraidh rúnaí nua a fháil. Is léir faoi seo go raibh an Dr. Lloyd gafa i bpolaitíocht na gluaiseachta, ach mar réiteoir níos mó ná mar chlampróir.

Ar leathanach 74 tuairiscítear é ag déanamh moltaí faoi na foilseacháin. Ba chuid lárnach í de dhúnghaois an Chumainn bunleabhair shaora teagaisc a chur ar fáil. Ceapadh fochoiste foilsitheoireachta go luath sa bhliain 1877 agus foilsíodh an priméar *An Cheud Leabhar Gaedhilge*, i 1877, an priméar *An Dara Leabhar Gaedhilge* i 1878, agus an priméar *An Treas Leabhar Gaedhilge* i 1879. Bhí an-éileamh ar na bunleabhair seo; mar shampla, díoladh níos mó ná 35,000 cóip den chéad phriméar sa bhliain 1881. Bhí siad bunaithe ar na ceachtanna Gaeilge a chuir an tAth. Uileag de Búrca i gcló roimhe sin sa *Nation*. Ach anois bhí moladh nua os comhair an Chumainn go bhfoilseofaí leabhar próis mar ábhar léitheoireachta.

Bhí moladh acu ó P.W. Joyce go bhfoilseoidis, in áit an cheathrú leabhar, sliocht 15,000 focal as *Foras Feasa ar Éirinn*, agus é féin ina eagarthóir air. Chuir an Cumann an cinneadh ar athlá; bhíodar amhrasach faoin téacs seo agus faoina oiriúnacht d'fhoghlaimeoirí. D'fhógair an Dr. Lloyd go mbeadh rún á mholadh aige ag an gcéad chruinniú eile go nglacfaí le tairiscint P.W. Joyce, ach faoin am seo, bhí an tairiscint tógtha siar ag Joyce (30-3-1880). Ar 18 Márta 1881 bhí moladh cláraithe ó Dr. Lloyd go bhfoilseofaí eagrán scoile de *Oidhe Chloinne*

Lir ar eiseamláir *Tóruigheacht Dhiarmada agus Gráinne*. Faoin am seo bhí scoilt san eagraíocht—d'fhág an tAth. Ó Nualláin agus Daithí Ó Coimín an Cumann chun Aondacht na Gaedhilge a bhunú.

Faoi Iúil 1880, bhí an Dr. Lloyd ar fhochoiste a raibh de chúram air fiosrú a dhéanamh faoi shraith litreacha san *Freeman's Journal* faoi ainmneacha bréige ina raibh géarcháineadh déanta ar an gCumann. Arís, ag deireadh 1882, cuireadh an cúram ar an rúnaí, ar mholadh ón Dr. Lloyd, dul chun cainte le heagarthóir an *Freeman's Journal*, agus iarracht a dhéanamh a fháil amach cérbh é 'Patrick'. Ghoill litir 'Patrick' níos mó ná na cinn eile mar cháin 'Patrick' láimhseáil an airgid. Ar ndóigh, b'iad na heasaontóirí, a bhí ar tí an Cumann a thréigean chun Aondacht na Gaedhilge a bhunú, a bhí taobh thiar de na litreacha.

I mí Iúil, 1882, (18ú lá) feicimid Dr. Lloyd ag moladh go ndéanfaí Mícheál Cíosóg a chomhthoghadh mar bhall de Chomhairle an Chumainn. Glacadh leis an moladh, ach b'éigean dóibh Cusack a dhíbirt ón gCumann taobh istigh de bhliain de bharr an mhíchlú a tharraing sé air taobh amuigh de na cruinnithe. Chuaigh Cusack le hAondacht na Gaeilge agus ina dhiaidh sin bhí sé ina bhall den Chonradh.

Sa bhliain 1883, bhí Aondacht na Gaedhilge ina neart agus bhí an Dr. Lloyd páirteach in imeachtaí chun an dá eagraíocht a athnascadh. Ní tharlódh sin, ná ní fada a mhairfeadh Aondacht na Gaeilge ach an oiread, ach ba thoradh suntasach ar dhícheall Uí Choimín agus Uí Nualláin an iris, *Irisleabhar na Gaedhilge*, a tháinig as an scoilt, iris a mhairfeadh go 1909, agus bheadh Seosamh Laoide ina eagarthóir uirthi ar ball. Níos déanaí sa bhliain bhí an Dr. Lloyd gafa fós le hiarrachtaí Aondacht na Gaeilge agus Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge a chónascadh. Sna miontuairiscí aithnítear an dá chéim dochtúra atá ag J.H. Lloyd, agus fós a bhallraíocht in Acadamh Ríoga na hÉireann.

Thionól an Cumann Mórchomhdháil idir an 15ú lá agus an 17ú de Lúnasa, 1882, ag Uimhir a 9 Sráid Chill Dara, teach an Dr. Ryding, fiaclóir a thacaigh leis an gCumann go fial. Ba é smaoineamh Marcus Ward agus Risteárd Uí Dhubhthaigh go mbeadh an chomhdháil seo acu. Ceapadh coiste eagrúcháin agus bhí an Dr. Lloyd ina bhall den choiste sin. D'aon ghnó socraíodh dátaí na comhdhála le

bheith comhaimseartha le nochtadh oifigiúil dhealbh Dhónaill Uí Chonaill ar Shráid Sackville, Baile Átha Cliath, dealbh atá ann fós.

31. Dealbh Dhónaill Uí Chonaill, Sr. Uí Chonaill, BÁC.

Cúig sheisiún a bhí sa chomhdháil. Léadh trí pháipéar sa chéad seisiún—ar mheath na Gaeilge, ar an nGaeilge sa chóras oideachais, agus ar oideachas cuí do chainteoirí Gaeilge. Sa dara seisiún leanadh den phlé ar oideachas cuí do chainteoirí Gaeilge agus ghlac an Dr. Lloyd páirt sa díospóireacht ar an ábhar seo. Bhain an dara páipéar, ó Dhomhnall Ó Loinsigh, le cothú na Gaeilge sna scoileanna náisiúnta. D'fhorbair Risteárd Ó Dubhthaigh an plé ar an nGaeilge sa chóras oideachais sa chéad pháipéar den tríú seisiún. Ag éirí as an díospóireacht a lean an páipéar seo mhol Mícheál Cíosóg agus an Dr. Lloyd ag cuidiú leis, 'go n-iarrfaí ar éarlaimh agus ar bhainisteoirí scoileanna náisiúnta béim ar leith a chur ar chumas sa Ghaeilge a bheith ag iarrthóirí ar phoist mhúinteoireachta, 'go háirithe sa Ghaeltacht'. Sa cheathrú seisiún bhí plé ar chomhfreagras agus ar staidrimh faoi úsáid na Gaeilge sa tír a bhí faighte ag an gCumann. Sa dara cuid den cheathrú seisiún labhair Marcus J. Ward agus mhol sé go mbunófaí irisleabhar ina mbeadh:

> Eagarfhocal, achoimriú nuachta, úrscéal nua-aimseartha, nua-eolaíocht, seantéacsanna sothuigthe, bailéid, dánta, béaloideas, saibhreas cainte, comhfhreagras, léirmheasanna.

Ghlac an Dr. J. H. Lloyd páirt sa díospóireacht seo agus nuair a cuireadh mar rún é glacadh leis d'aon ghuth. Socraíodh tionscadal na bhfoilseachán a fhágáil faoi

choiste na Mórchomhdhála nuair a bheadh an chomhdháil thart, agus faoi dheireadh Mheán Fómhair bhí an coiste sin i mbun oibre arís. Bhí an Dr. Lloyd ar Choiste na Comhdhála, agus mar sin bhí sé ar choiste na hirise. Thugadar faoi go postúil, cumasach, dúshlánach; d'fhoilsigh siad réamheolaire a bheartaigh caipiteal de £5,000 agus thosaigh siad ag díol scaireanna agus ag glacadh réamhíocaíochtaí isteach. Faoin am a bhí cuntas bainc oscailte acu bhí an chéad uimhir d'*Irisleabhar na Gaeilge* curtha amach ag Aondacht na Gaedhilge. Thit feachtas an irisleabhair a bhí beartaithe ag an gCumann as a chéile diaidh ar ndiaidh agus thosaigh an Cumann ag smaoineamh ar fhoclóir Béarla-Gaeilge, a bheadh maoinithe ag na síntiúis a bhí acu, ina ionad. Sa tríú cuid den cheathrú seisiún labhair Brian Ó Luanaigh go cumasach gan nótaí faoi ionad na Gaeilge in oiliúint múinteoirí. Tháinig sraith moltaí as an bplé a lean an chaint seo agus lean an díospóireacht isteach sa chúigiú seisiún.

Bhain fuílleach an cúigiú seisiún leis an dátheangachas. Thug an tUrr. Maxwell Close an chéad chaint, ag maíomh gur buntáiste mór do pháiste a bheith oilte sa dara teanga chomh maith leis an gcéad cheann. Sa tríú cuid den tríú seisiún thug an Dr. Lloyd a léacht féin ar an dátheangachas, é lán d'fhaisnéis, deir Máirtín Ó Murchú, é ag trácht ar an oideachas dátheangach i raon tíortha—Alsace-Lorraine, An Bhriotáin, an Bhreatain Bheag, An Eilvéis, An Fhionlainn, an Ísiltír, An Pholainn agus an Ungáir. Mhol an Dr. Lloyd go gcuirfí oideachas dátheangach ar siúl sna ceantair Ghaeltachta. Bhí plé fada ar an dá pháipéar sa seisiún, plé a chuaigh chun seachráin, ba dhóigh le Máirtín Ó Murchú. Ag deireadh an phlé seo, mhol Maxwell Close, agus J. J. MacSweeney ag cuidiú leis, go bhféachfaí le lánleas a bhaint as an dátheangachas sna ceantair Ghaeilge. Glacadh leis an moladh d'aonghuth.

Bhíodh an Dr. Lloyd ar thoscaireachtaí go rialta. Ar an 19ú lá de Dheireadh Fómhair, 1880, bhí sé ar thoscaireacht chuig ceannasaí na mBráithre Críostaí, an Bráthair Maxwell, ag éileamh ar an Ord an Ghaeilge a chur á múineadh ina gcuid scoileanna siúd, a bhí ag feidhmiú taobh amuigh de chóras na gCoimisinéirí Oideachais. D'éirigh thar barr leis an toscaireacht seo agus chuaigh an Bráthair Maxwell i mbannaí go gcuirfí an Ghaeilge á múineadh i scoileanna na mBráthar. 'B'fhear dá fhocal é', deir Máirtín Ó Murchú.

Ar 2 Samhain 1880, bhí an Dr. Lloyd ar thoscaireacht chuig Ollscoil Ríoga na hÉireann. Bhí aighneacht ullmhaithe acu do Sheanad na hOllscoile go dtabharfaí comhionad don Ghaeilge a chuirfeadh an teanga sin ar aon bhonn leis an bhFraincis agus leis an Ghearmáinis sa chóras nua ollscolaíochta a bhí le teacht i bhfeidhm sa bhliain 1882. Bhí rath ar an aighneacht seo freisin, agus ní fada go raibh ar chumas an Chumainn siollabas iomlán Gaeilge na hOllscoile Ríoga, ón Máithréanach go dtí céim Mháistir, a fhoilsiú.

I Samhain na bliana 1880, tamall gearr ina dhiaidh sin, bhí an Dr. Lloyd ar choiste chun a phlé leis na Comisinéirí Oideachais go gcuirfí deireadh leis an táille de 2/- sa ráithe a bhí le híoc ag scoláirí bunscoile gur mian leo an Ghaeilge a fhoghlaim. Gearradh an táille seo toisc gur ábhar breise agus roghnach an Ghaeilge ar an gcuraclam. D'éirigh leis an aighneacht seo freisin.

An tagairt dheireanach a d'aimsigh mé don Dr. Lloyd agus é ag gníomhú mar bhall de Chumann Buan-Choimeádta na Gaeilge, ba é san *Irish Times* a bhí sé, san eagrán a foilsíodh ar 3 Meán Fómhair 1884. Ag an gcruinniú sin phléadar litir ó Michael Cox, M.R.I.A., a tháinig ó LLandudno, faoin mBreatnais agus an Ghaeilge, agus faoi Ollscoil Learphoill ina raibh cúrsaí sa Cheiltis á reáchtáil ag Kuno Meyer. Bhí idir an Bhreatnais agus an Ghaeilge sna cúrsaí seo. Ag an gcruinniú chuidigh an Dr Lloyd le rún buíochais do Maxwell Close, cisteoir an Chumainn, as ucht a fheabhas is a choinnigh sé na cuntais. Ocht seachtaine ina dhiaidh sin bhí an Dr. Lloyd marbh.

Bhí sé ina chónaí ag Uimhir a 3 Seaview Avenue, Church Road, East Wall nuair a fuair sé bás gan choinne ansin, 31 Deireadh Fómhair 1884, in aois a 44. Bhí a bhean chéile, Anna Phair, i láthair ag a bhás.'Dysentry' nó an dinnireacht a thugtar mar chúis éaga ar an teastas báis. De réir an teastais ní raibh sé tinn ach le trí seachtaine. 'Professor of Modern Languages' a thugtar sa cholún do ghairm nó slí bheatha an té a bhí marbh ar an teastas.

Cuireadh an Dr. Joseph Henry Lloyd i reilig Mount Jerome, Cros an Araldaigh, Baile Átha Cliath, ar 4 Samhain 1884, in uaigh 'chomónta' atá cláraithe mar Uaigh B32-177 i dtaifid na reilige. Níl cloch chuimhneacháin ná comhartha cuimhneacháin ar bith ar an uaigh. Bhí an fógra seo thíos san *Irish Times* ar an Mháirt, 4ú Samhain. Ba é an tUrr. J. S. Fletcher a léigh an tseirbhís, agus ba é a

dhírigh aire ar an mbaintreach agus ar an mhuirín, a rá gur fágadh dealbh iad. Bhí a aitheasc chomh háititheach sin gur bunaíodh coiste láithreach chun teacht i gcabhair orthu, agus ardaíodh suas le tríocha punt láithreach bonn.

Funeral of Dr. J. H. Lloyd, M.R.I.A.

> The burial of this much-lamented gentleman took place at Mount Jerome this morning and was attended by many friends of the deceased. It having been notified by the the Rev. J. S. Fletcher, who read the burial service, that Dr. Lloyd's death has left his large family destitute, a committee was at once formed for the purpose of raising some funds for the widow and orphans. It consists of the Rev. J. S. Fletcher, Rev. Maxwell Close, Mr Patrick Shiels, Mr. Hamilton Bell, Mr Sandheim, Mr Leonard, Mr. Kirkland, Mr. Jones, Mr Toelling, Mr Phair with Mr. J. C. Hall and Mr L. J. Ryan as hon. secs. [*Irish Times* 4 Samhain 1884]

Níor éirigh liom a chruthú go raibh clann an-mhór ag an Dr. Lloyd agus Anna Phair. Tá mo chuidse eolais faoin gclann ag brath ar theastais bhaiste a bhfuair mé ar *irishgenealogy.ie* agus ar na foirmeacha a líon Seosamh Laoide trí Ghaeilge sa bhliain 1901 don Daonáireamh. Bhíodh bailiúcháin dá leithéid coitianta go leor. Ba sheift ómóis don té a bhí marbh go minic iad. Ar chaoi ar bith ghlac cairde Dr. Lloyd le moladh an Urr. Fletcher. Bhunaíodar coiste láithreach. D'fhoilsigh siad ainmneacha na síntiúsóirí agus an méid a thug siad sna páipéir nuachta ar feadh cúpla seachtain. Bhailíodar £60 ar a laghad. Tháinig an síntiús ba mhó ón Urr. Maxwell Close—£10. Tá líne spéisiúil i bhfógra na n-admhálaithe san *Irish Times*—sin admháil go bhfuarthas £4 mar shíntiús ó The Central Model Schools, per Mr L. J. Ryan, leide b'fhéidir go mbíodh an Dr. Lloyd ag obair ansin nó sa Choláiste Traenála, nó go mbíodh ranganna príomháideacha aige ansin.



The Irish Times - Monday, November 10, 1884

THE LATE DR. J. H. LLOYD, M.R.I.A.

The following Subscriptions have been received by the Committee towards a Fund now being raised for the Benefit of the Widow and Orphans of the above much-lamented Gentleman, who are left destitute :—

Hon. Maxwell H. Close ...	...	£10	0 0
Rev. W. H. Fletcher ...	...	1	0 0
Patrick Shiels, Esq. ...	...	5	0 0
Professor Galloway ...	...	5	0 0
George Porte, Esq., M.R.I.A....	...	3	0 0
Major M'Enlry	...	2	0 0
I. Sandheim, Esq.	...	3	0 0
L. J. Ryan, Esq.	...	2	0 0
Hamilton Bell, Esq. ...	...	2	0 0
Subscription from Central Model Schools, per Mr L. J. Ryan ...	...	4	0 0
Messrs Barton	...	3	0 0
J. J. M'Sweeney, Esq. ...	...	1	0 0
Irish Times	...	1	0 0
Peter Phair, Esq.... ...	...	1	0 0
F. Smith, Esq.	...	1	0 0
J. Kirkland, Esq.	...	1	0 0
Wm. Biggs, Esq.	...	1	0 0
Robert Phillips, Esq., ...	...	1	0 0
M. Sweeney, Esq.	...	1	0 0
W. Tesling, Esq.	...	1	1 0
Captain Williams	...	1	0 0
J. C. Ball, Esq.	...	1	0 0
Mr H. C. Ball	...	0	10 0
Mrs Wheeler	...	0	10 0
G. B. Millar, Esq.	...	0	10 0
Peter Hurst, Esq.	...	0	10 0
P. Sabbe, Esq.	...	0	10 0
S. Reid, Esq.	...	0	10 0
R. Jones, Esq.	...	0	10 0
Thos. Reddin, sen., Esq. ...	...	0	10 0
Thos. Reddin, jun., Esq. ...	...	0	10 0
John Sheehy, Esq.... ...	...	0	10 0
R. Chalmers, Esq.... ...	...	0	5 0
R. E. Byers, Esq.	...	0	5 0
James O. Flanagan, Esq. ...	...	0	5 0
C. Smith, Esq.	...	0	5 0

32. Síntiúsóirí agus síntiúis i gcabhair ar Anna Lloyd, IT 10 Samhain 1884

Tugadh tuairisc bháis an Dr. Lloyd go foirmiúil do Chomhairle Chumann Buan-Choimeádta na Gaeilge ar 11 Samhain 1884. Moladh agus ritheadh an rún comhbhróin seo a leanas:

> That the Council expresses its deepest regret at the death or Dr. J. H. Lloyd, M.R.I.A. who for many years was a most valuable member of Council and gave much of his time to the interests of the Society, and that the sympathy of the Council be tendered to Mrs. Lloyd and her family in their sad bereavement.

2.19 Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge mar athbheochanóirí

Sa bhliain 1910, chaith an Cumann súil siar go dtí bliain a bhunaithe i 1876 agus rinneadar liosta (Ó Murchú 2001:404-405) de na gaiscí a bhí déanta acu, ar mhaithe le síntiúis bhreise a mhealladh isteach.

Nuair a thosaíodar bhí an Ghaeilge faoi smál sóisialta le blianta fada. Teanga mharbh a bhí inti, chomh fada is a bhain sé leis an aicme a bhí i réim. Is é an t-éacht a rinne an Cumann ná athréimniú na Gaeilge beo.

Taobh istigh de dhá bhliain den dáta a bunaíodh an Cumann, d'éirigh leo an Ghaeilge a chur ar chlár an Bhord Náisiúnta Oideachais, ó 1878 amach, agus an íocaíocht de 10s a fháil don mhúinteoir do gach dalta a bhainfeadh pas amach sa Ghaeilge, lamháltas a bhí ar fáil do na hábhair eile. D'éirigh leo áitiú ar an mBord Oideachais an táille 2/- in aghaidh na ráithe, iníoctha ag daltaí ar mhian leo an Ghaeilge a fhoghlaim, a chur ar ceal. Cuireadh an Ghaeilge ar chomhchéim leis an bhFraincis maidir le pribhléidí sna scoileanna clochair sna Gaeltachtaí. Bhuadar aitheantas ón Bhord Náisiúnta Oideachais don Ghaeilge mar ábhar a thabharfaí san áireamh agus múinteoirí ag cur isteach ar an Ardteastas Múinteoireachta. D'éirigh leo an Ghaeilge a chur ar chlár na scrúduithe do Chigirí agus do Chigirí Cúnta. D'éirigh leis an gCumann a áitiú ar na córais Mheánscolaíochta agus Ollscolaíochta an Ghaeilge a chur ar a gcláir theagaisc. Ó 1913 amach bheadh an Ghaeilge mar ábhar riachtanach do Mhaitreánach na hOllscoile Ríoga. Bhí Comhdháil rathúil faoin nGaeilge acu sa bhliain 1881, agus cuireadh na páipéir i gcló in aon imleabhar amháin. Chuireadar bunleabhair theagaisc ar fáil, agus rinneadar athscríobh i nGaeilge sholéite ar sheanscéalta cosúil le *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne* agus *Oidhe Chloinne Lir*, agus chonaic siad foilseacháin an Chumainn curtha ar chláir oifigiúla teagaisc an Bhord Náisiúnta Oideachais.

Ní hamháin gur éirigh leis an gCumann ionad a bhuachan don Ghaeilge ar churaclaim na dtrí mórchóras oideachais sa tír seo, dála an scéil sa dá chontae is tríocha, ach chuir an Cumann 357,394 bunleabhair i gciorclaíocht, chomh maith leis na mílte tuarascálacha, paimfléid agus bileog a bhain leis an nGaeilge. Is iad a thionscain an plé faoin nGaeilge bheo a bhí chomh tábhachtach sin sa tréimhse idir 1876 agus 1923, agus go deimhin, d'éirigh leis an dream beag seo níos mó aitheantais agus stádais institiúidiúla a bhuachan ó Rialtas Shasana, don oileán seo ina iomláine, ná mar a d'éirigh leis an gConradh a bhuachan ón Stát dúchasach do na sé chontae is fiche.

Ba dhream creidiúnach, measúil iad, a bhí inghlactha sna ciorcail gur ghá dóibh dul ag plé leo chun faoiseamh a fháil don Ghaeilge. Taidhleoireacht ar ardchéim, agus stádas na dtaidhleoirí a bhuaigh an t-aitheantas suntasach don Ghaeilge a bhain siad amach. Bhí an Dr. J. H. Lloyd ar na toscaireachtaí ar fad, geall leis, a

fhad is a bhí sé sa Chomhairle. Ba thaidhleoir agus b'abhcóide den scoth é ar son na Gaeilge. Ach shaothraigh sé go dícheallach sna mionchúrsaí freisin, sna cruinnithe, mar réiteoir sna haighnis, agus i ngnáthobair an Chumainn ó sheachtain go seachtain.

Is é a mhac an oidhreacht ba luachmhaire a bhronn sé ar ghluaiseacht na Gaeilge., Ní raibh na céimeanna dochtúireachta nó ballraíocht sna forais léannta a shoilsigh clú an athar ag Seosamh Laoide. Ba chléireach umhal in Oifig na gCuntas i gComhlacht Mórbhóithre Iarainn an Tuaiscirt é, agus cúram an teaghlaigh air anois ó bhí an t-athair marbh. Oilte ag a athair mar a bhí sé, ar a chonlán féin, chruthódh sé ina scoláire agus meas idirnáisiúnta air dá thuiscint ar an gCeiltis; d'aithneofaí mar scoláire caomhach coinsiasach é a chuir bonn iontaofa leis an staidéar ar ortagrafaíocht agus comhréir na Gaeilge, mar bhéaloideasaí ceannródaíoch, mar logainmneoir, mar sháreagarthóir ar théacsanna Gaeilge, mar dhuine cruthaitheach ann féin, mar thimire, mar ghríostóir agus mar riarthóir ildánach nach raibh a hiontamhail i ngluaiseacht na Gaeilge roimhe ná ó shin.

2.20 Seosamh Laoide i gCumann Buan-Choimeádta na Gaeilge

D'aimsigh Ciarán Bairéad dáta athcláraithe an Laoidigh i gCumann Buan-Choimeádta na Gaeilge, Dé Máirt, 30ú Márta, 1886, i dtuairisc sheachtainiúil a foilsíodh faoi chruinnithe an Chumainn san *Freeman's Journal*, 1 Aibreán, 1886. 'Tá cuid mhaith de na cuntais i dtaoibh cruinnithe na comhairle, a bhíodh sa *Freeman's Journal* ó'n am úd go dtí gur bunaíodh Connradh na Gaedhilge (1893) agamsa,' scríobh Bairéad (1945:129), 'agus is annamh gan ainm an Laoidigh le fáil i measg an líon beag daoine a thagadh le chéile gach seachtain'.

I gcionn míosa, de réir an *Nation***,** 1 Bealtaine, 1886, bhí Seosamh ar Choiste na bhFoilseachán. In éineacht leis bhí James Goodman as Coláiste na Tríonóide, a bheadh ina ollamh aige ar ball nuair a bheadh sé cláraithe don chúrsa Ceiltise sa choláiste sin agus a bheadh ina fhíorchara dó, agus ceathrar ball den Acadamh Ríoga, Count Plunket agus an Dr. Sigerson ina measc.

Ní raibh ach trí thagairt ag Máirtín Ó Murchú do Sheosamh Laoide i gcorp a thráchtais ar an gCumann, ar leathanaigh 267, 272, 276. Ar choistí atá sé gach aon uair, agus is é J. Lloyd a theideal. Baineann an chéad tagairt, ar leathanach

267, leis an *Book of Irish Music and Song*, a bhí molta ag an Dr. P.W. Joyce. Baineann na tagairtí ar leathanach 272 agus ar 276 le *hOidhe Cloinne Uisnigh*.

Seo iad na hamhráin a bhí i leabhar Joyce, de réir shuíomh Chomhaltas Ceoltóirí Éireann, ITMA.

‘Dán-mholadh na Gaedhilge’
'Bé'n Éirinn í’
‘Eoghan cóir’
‘Eibhlín a rúin’ [
‘An raibh tú ag an gcarraig?’
‘As truagh gan peata an mhaoir agum’
‘An róis geal dubh’
‘Páistin fionn’
‘Jimmy mo mhíle stór’
‘Seaghan Ó Duibhir an ghleanna’
‘Dia-Luain, Dia-Márt, agus Dia-Céadaoin’
‘Ar Éirinn ní 'neosainn cé hí’
‘Binn lisín aerach an bhrogha’
‘Gráinne Mhaol’
‘Fáinne geal an lae’
‘Tighearna Mhaigheo’
‘Ban-chnoic Éireann ógh
‘A chuisle mo chroidhe créad í an ghruaim sin ort?
‘Druimfhionn donn dílis’
‘Móirín Ní Chuillionáin’
‘Máire Bhéil-Átha-Hamhnais’



33. An Dr. P.W. Joyce

Bhí leagan Béarla, le ceol, de gach amhrán sa leabhar. Ba leabhar fíorluachmhar d’athréimniú na Gaeilge an leabhar seo, ina raibh cnuasach amhrán traidisiúnta a chruthódh ina phríomh-repertoire do lucht na Gaeilge go ceann céad bliain agus níos mó. Ar ndóigh foilsíodh cuid mhaith acu cheana féin, agus ní nach ionadh, bhí an Cumann gafa i dtranglam cóipchirt láithreach bonn mar

d’athscríobh Joyce roinnt den cheol ó leabhar ina raibh an cóipcheart faoi cheangal fós. Réitíodh an fhadhb seo ar ball trí idirbheartaíocht (Ó Murchú, 2001:270).

Ag an gcruinniú den 1 Bealtaine 1886, iarradh ar an rúnaí scríobh chuig Dr. P.W. Joyce, le fáil amach uaidh an dul chun cinn a bhí déanta aige ar an gceol a ghabhfadh leis an gcnuasach amhrán i nGaeilge a bhí curtha le chéile aige. D’fhreagair an Seoigeach ar 10 Bealtaine go raibh dosaen amhrán ullamh aige. Ar 20 Iúil 1886, ainmníodh Seosamh, J. Lloyd, mar bhall de choiste a raibh de chúram air ‘moltaí a dhéanamh faoin chóiriú ab oiriúnaí’ do shaothar Joyce, atá luaite thuas (Ó Murchú, 2001:267).

Cé go raibh an plé le *Irish Music and Song* achrannach, liosta, cráite go minic, b'iontach an oiliúint don Laoideach é san amhránaíocht thraidisiúnta féin agus san fhoilsitheoireacht. Chuidigh an ról a bhí aige mar choisteoir 'moltaí a dhéanamh faoin chóiriú ab oiriúnaí' do na hamhráin i gcnuasach Joyce bonn réalaíoch lena thuiscint ar na ceolta traidisiúnta agus ar na dúshláin intuigthe ina bhfoilsiú. I ndeireadh thiar ba leabhar rathúil é. In athbhreithniú ar fhoilseacháin an Chumainn a rinne coiste faoi stiúradh Shéamais Ua Casaide sa bhliain 1911, bhí an tagairt seo do *Irish Music and Song*:

> Go raibh *Irish Music and Song* ar an leabhar ba mhó spéis agus ab fhearr déantús dár fhoilsigh an cumann. Agus nár mhiste a thathaint ar Bhord an Oideachais Náisiúnta agus ar údaráis eile, aitheantas a thabhairt dó.

Luaim *Irish Music and Song* freisin mar fhianaise ar an tionchar a bhí ag P.W. Joyce ar Sheosamh Laoide. Ar ball d’fhoilseodh Seosamh Laoide a bhailiúchán féin, *Cláirseach na nGaedhal*, i dteannta Bhreandáin Mhic Ruairí, agus ar ndóigh, chruthódh Seosamh ina shaineolaí údarásach ar na háitainmneacha Gaeilge mar a chruthaigh Joyce ina údarás ar áit-ainmneacha Béarla na hÉireann.

Duine eile ar chuir Seosamh aithne air thart faoin am seo ba ea Everard William Digby, fear a bheadh ina dhlúthchara aige ar feadh a shaoil, agus a bheadh ina fhinné ag a phósadh i Londain sa bhliain 1918. Iorard de Teiltiún a thugadh Everard air féin nuair a scríobhadh sé as Gaeilge.

Sa bhliain 1886 dhírigh baill an Chumainn a n-aird ar na coláistí oiliúna múinteoirí agus threisíodar an feachtas a bhí ar siúl le cúpla bliain roimhe sin

chun staid na Gaeilge a neartú iontu. Chinneadar ar scríobh chuig gach coláiste. Is é a bhí san aighneacht a sheol siad chucu ná go gceapfaí ollúna Gaeilge i ngach coláiste, ionas go n-oilfí na múinteoirí nua, agus bhí na céadta ag dul amach go dtí na scoileanna gach aon bhliain, sa Ghaeilge féin agus i modhanna teagaisc na Gaeilge. Bhí flúirse dea-thola ann, ach bhí na coláistí mall ag cur na Gaeilge ar na cláir theagaisc.

Fuair an Cumann an litir seo, mar shampla, ó Uachtarán Choláiste Phádraig, Droim Conrach, litir a foilsíodh sa *Nation* ar 10 Iúil 1886:

> Dublin, 4th June 1886
>
> Dear Sir,
>
> I beg to acknowledge receipt of your letter of the 17th inst., enclosing a copy of resolutions passed by the Society for the Preservation of the Irish Language.
>
> Sympathising as I do with the members of your Society in their efforts to preserve our national language, I will have much pleasure in assisting as far as I can in the removal of the obstacles, financial and otherwise, which lie in the way of carrying out these resolutions as far as this college (St. Patrick's) is concerned.
>
> I have the honour to remain yours very faithfully, P. Byrne

Chuidigh Seosamh le rún[15] go bhfiafrófaí den Uachtarán, P. Byrne, lom amach an raibh sé sásta ollamh le Gaeilge a cheapadh. Níl an freagra a fuair siad sna miontuairiscí, ach chreid Máirtín Ó Murchú nach bhfuair siad freagra sásúil ón gcoláiste. Go deimhin níor ceapadh ollamh le Gaeilge i gColáiste Phádraig, Droim Conrach go dtí 1897. Ba é Eoin Mac Néill an fear a ceapadh. Dáiríre, ceapadh an Niallach do dhámh na staire sa Choláiste ach mhúin sé an Ghaeilge.

Ba bheag an sásamh a fuair an Cumann ó Bhord na gColáistí Traenála, Sráid Mhaoilbhríde, ach an oiread. Níor thoiligh an Bord ollamh le Gaeilge a cheapadh sa choláiste sin riamh, go bhfios dom. Sa bhliain 1886, chuir na hábhair mhúinteoireachta fireann i Sráid Mhaoilbhríde aitheasc chuig na Coimisinéirí Oideachais ag iarraidh orthu go gcuirfí an Ghaeilge le clár na n-ábhar sa choláiste. D'iarr na Coimisinéirí ar an mBord a dtuairimí faoin aitheasc, agus d'iarr an Bord tuairimí na n-ollúna, Dr. O'Sullivan, Dr. Corbett, Dr. P.W. Joyce, agus Mr. Doherty. Bhí an freagra giorraisc. Toisc nach raibh Gaeilge na hAlban á múineadh i gcoláistí traenála na hAlban, ná an Bhreatnais á múineadh i

[15]Ó Murchú 2001:391 (Aguisín--Oiliúint Mhúinteoirí).

gcoláistí traenála na Breataine Bige, ní raibh argóint ar bith ar son na Gaeilge mar ábhar teagaisc sa choláiste i Sráid Mhaoilbhríde. Ar chaoi ar bith, scríobhadar, bhíodar amhrasach nach aitheasc cneasta é seo, ach aitheasc spreagtha ag duine ón taobh amuigh a bheadh mar iarrthóir don ollúnacht Ghaeilge dá gceadófaí a leithéid.

Tá an litir thuasluaite mar aguisín ar leathanach 392 de leabhar Mháirtín Uí Mhurchú (2001). Chuir an tOllamh Ó Murchú nóta leis:

> Níor den uasalaicme leathghallda na hollúna céanna, Pádraig Seoigheach ina measc, ach de shíolradh na gnáthmhuintire. Ba sholaoid chruinn iad ar an gcalcadh aigne agus gnáis a bhí le sárú, sula ngéillfí stádas cuí Ghaeilge sa chóras oideachais. Níorbh ionadh lagmhisneach a bheith ar an gCumann.

Faoin am seo bhí Aondacht na Gaedhilge ag titim nó tite as a chéile, ach le cabhair eagarthóireachta gan tuarastal ó Sheán Pléimeann, agus le cabhair airgid ón Urr. Maxwell Close, agus, ar scála i bhfad níos lú, ó Euseby Digby Cleaver, d'éirigh leis an gCoimíneach IG a choimeád beo.

Bhí Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge gnóthach sna blianta seo ag iarraidh ionadaíochta don Ghaeilge sna córais oideachais trí chéile a mhéadú. D'fhéadfaí a shamhlú nach mbeadh an obair thur seo spreagúil amach is amach d'fhear óg i dtús na bhfichidí mar a bhí Sheosamh Laoide an tráth sin. Ach lean sé air ag freastal ar na cruinnithe trí 1887, 1888, agus 1889, mar is léir ó na tuairiscí a foilsíodh sna nuachtáin gach aon seachtain.

Is léir ó na miontuairiscí nach raibh mórán a bhí nua nó spreagúil á dhéanamh ag an gCumann sna blianta sin. Mar a dúirt Seán Pléimeann go minic ba iad na scoilteoirí na hoibrithe. Faoi dheireadh na n-ochtóidí bhí dearcadh nua agus breis fuinnimh de dhíth go géar i ngluaiseacht na Gaeilge. Shásófaí an t-éileamh don nuaíocht cuid mhór trí bhunú Chonradh na Gaeilge sa bhliain 1893.

Thosaigh clár foilsitheoireachta an Chumainn le *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne*. Bhí baint ag an Dr. J.H. Lloyd leis seo mar bhall den Choiste Foilsitheoireachta agus foilsíodh é i 1890. Ba é féin agus Risteárd Ó Dubhthaigh a mhol eagrán d'*Oidhe Chloinne Lir* ar eiseamláir na *Tóruigheachta,* mar fheachtas foilsitheoireachta nua. Glacadh leis an rún seo agus tháinig *Oidhe Chloinne Lir* amach in 1883. *Ba é Oidhe Chloinne Tuireann* an tríú leabhar.

Tháinig seo amach sa bhliain 1887. Bhí rath ar na leabhair seo, agus bhí an-éileamh orthu.

Theastaigh uathu 'Trí Thrua na Scéalaíochta' a chríochnú agus cinneadh ar *Oidhe Chloinne Uisnigh* a fhoilsiú. Cromadh ar an tionscadal seo in 1887. Thugadar cuireadh do Risteárd Ó Dubhthaigh, an t-innealtóir agus an scoláire Gaeilge a chuir *Oidhe Chlainne Tuireann* agus ar *Oidhe Chlainne Lir* in eagar, tabhairt faoin eagarthóireacht, agus thairg siad £20 dó. D'iarr sé £30. Ní raibh an méid sin acu. Ní raibh Ó Dubhthaigh sásta an obair a dhéanamh ar £20. Theip ar an gCumann teacht ar réiteach leis ina dhiaidh sin. Cheapadar coiste eagarthóireachta de réir ghnáis oibre an Chumainn agus bhí Seosamh ar an gCoiste seo. Bhí Ó Dubhthaigh ar an gCoiste chomh maith agus is cosúil gur chuidigh sé leo go deonach. Níor tháinig *Oidhe Chloinne Uisnigh* amach go dtí deireadh 1898. Cuireann Máirtín Ó Murchú síos (2001:280) ar na cúiseanna a bhí leis an moill:

> Bhí breis agus naoi mbliana caite ar an leabhar ag an gCumann. Ba léiriú maith é ar na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag aon chumann deonach, agus iad ag iarraidh tionscnamh tromaí a chur i gcrích: cheal cothrom stiúrach, gan é a bheith ar a gcumas leanúint de chuspóirí comhaontaithe; ilchúraimí ar na baill ab fhearr scil, agus iad uaireanta faillitheach, an dream ba mhó flosc gan a bheith cumasach go leor chun an obair a dhéanamh go sásúil, iontaoibh as a chéile i gcaitheamh an ama á scrios ag an luaidreáil mhailíseach lasmuigh….

Bheadh sé ródhóchasach, is dócha, bheith ag súil le toradh ar bith eile ó eagarthóireacht choiste. Bhí níos mó ná eagarthóireacht i gceist. Níor mhór athscríobh inléite a dhéanamh ar an mbuntéacs, aistriúchán a chur ar fáil, gluaiseanna agus nótaí a ullmhú. Bhí scríbhinn le chéile acu faoi thús mhí na Nollag, 1893. Ceapadh Seosamh ar fhochoiste nó ar mheitheal eile ansin a mbeadh de chúram air 'féachaint chuige go mbeadh an téacs, an t-aistriúchán, agus an ghluais chomh saor ó mháchail agus ab fhéidir'. Thuairiscigh Ó Néill Ruiséal don Chomhairle ar 5 Nollaig 1893 gur mheas an mheitheal go raibh gach aon ghné den obair an-sásúil go raibh Séamas Ó hAllagáin tar éis an téacs Gaeilge a thabhairt leis chun léirchóip a dhéanamh de, agus go raibh súilfhéachaint eile á caitheamh ar an ngluais ag Seosamh Laoide. B'iomaí gluais a d'ullmhaigh Seosamh ina dhiaidh sin d'fhoilseacháin an Chonartha, mar a fheicfear in Aguisín F.

Bhíodar sásta anois an téacs a sheoladh chuig na clódóirí, M. H. Gill, Baile Átha Cliath. Nuair a tháinig na profaí ar ais ní raibh an Dr. McCarthy, ná an Dr. P.W. Joyce, sásta leis an ngluais, ná le súilfhéachaint Sheosaimh Laoide, is cosúil, agus rinneadar leasuithe. Leanfaí den leasú, ar an téacs agus ar an gcló, agus bheadh cúig bliana eile ann sula bhfoilseofaí é, ach nuair a foilsíodh *Oidhe Chloinne Uisnigh* faoi dheireadh i 1898 bhí margadh réidh dó agus éileamh réasúnta air.


oıδe ɛloinne uısnıʒ

FATE

OF

THE CHILDREN OF UISNEACH

PUBLISHED FOR THE

SOCIETY FOR THE PRESERVATION OF THE IRISH LANGUAGE

WITH

TRANSLATION, NOTES, AND VOCABULARY

SECOND EDITION

DUBLIN

M. H. GILL & SON, LTD.

50 UPPER O'CONNELL STREET

1914

PRICE ONE SHILLING AND SIXPENCE NET

34. Clúdach *Oidhe Chloinne Uisnigh,*SPIL, eagrán 1911

Ag deireadh 1893, mar sin, fuair Seosamh a chéad bhlas den eagarthóireacht. Bhí de mheas ag an gCoiste agus ag an gComhairle ar chaighdeán a chuid Gaeilge gur iarradar air mionscrúdú a dhéanamh ar na foclóirí in *Oidhe Chloinne Uisnigh.* B'shin dul chun cinn don fhoghlaimeoir. Bhí Conradh na Gaeilge faoi lán seoil faoin am seo; bhí Seosamh ina chomhchisteoir le Seán Ó hÓgáin san eagraíocht nua; bhí a phost aige in Iarnród an Tuaiscirt agus bhí sé fós i gColáiste na Tríonóide. Leanfadh sé dá chaidreamh le Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge, mar a lean An Craoibhín, Torna agus Conraitheoirí eile, ach go stadach. 'Chonnaiceas a ainm ar liosta Choiste an Foillseacháin a toghadh i 1896. Acht ní dóigh liom gur thóig sé mórán páirt i n-imtheachta an Chumainn ó chuaidh sé isteach sa gConnradh, cé go mbíodh sé i láthair ag an gComhairle corr-uair' scríobh Bairéad (1945:129).

Níl dabht ar domhan ach go bhfuair Seosamh tumadh san fhoilsitheoireacht agus é ina bhall de Chumann Buanchoimeádta na Gaeilge, mar a fuair a athair roimhe.

Fuair sé a chéad bhlas freisin de na fadhbanna a bhaineann le foilsitheoireacht an cheoil. Tríd is tríd, is cuma cé chomh hamscaí, ciotrúnta is a bhí an cur chuige, bhí rath a bheag nó a mhór ar fhoilseacháin an Chumainn, na *Priméir*, na *Trí Thrua* ceann ar cheann, an *Tóruigheacht*, mar bhí margadh réidh dóibh ar na cúrsaí Gaeilge a ceadaíodh sna scoileanna den uile leibhéal trí áitiú agus trí thaidhleoireacht an Chumainn. D'éirigh go maith freisin le *Irish Music and Song*. Ní hionann sin agus a rá go raibh Seosamh sásta leis an gCumann. Níor dhírigh siad ar thábhacht na Gaeilge mar theanga bheo. Bhí fáithe amuigh ansin go raibh léargas níos leithne acu ar athréimniú na Gaeilge agus bhí Seosamh réidh éisteacht leo.

2.21 Coláiste na Tríonóide

Sa bhliain 1890 tháinig cor nua i saol an Laoidigh. Thosaigh sé ag freastal ar Choláiste na Tríonóide. Bhí sé cúig bliana ar fhichead d'aois. Níor mhac léinn lánaimseartha é mar bhí sé ag obair i gcónaí do Mhórbhóithre Iarainn an Tuaiscirt. Rinne sé an scrúdú iontrála ar 18 Meitheamh 1890, fuair Ciarán Bairéad amach ina thaighde. Tá tuairimíocht déanta againn cheana féin sa chaibidil seo faoina chuid oideachais iar-bhunscoile, cé gur bheag an fhianaise a bhí againn faoi.

35. Coláiste na Tríonóide

Bhí rogha eile ar fáil don Laoideach maidir le hoideachas tríú leibhéal. Bhí an Ollscoil Ríoga faoi lán seoil faoin am seo, agus teagasc sa Ghaeilge le fáil go príomha ó na hÍosánaigh i gColáiste Ollscoile Átha Cliath in Ardán an Iarla, an foirgneamh ina bhfuil an Ceoláras Náisiúnta faoi láthair. Bhain Eoin Mac Néill leas as an deis seo, cé gurb iad an stair, an dlí agus an eacnamaíocht pholaitiúil ábhair a chéime. Rinne sé staidéar sa Ghaeilge faoin Athair Éamonn Ó hÓgáin,

C.Í.. Níorbh ollscoil le léachtanna an Ollscoil Ríoga ach foras a leag cúrsaí amach agus a reáchtáil scrúduithe.[16]

Insíonn Bairéad dúinn (1945:130) gur

> ....ghnothuigh sé an Irish Sizarship an mhí chéanna a chláraigh sé i gColáiste na Tríonóide…. rud a thugas le rádh go raibh dul 'un cinn mór déanta aige sa nGaedhilg faoi'n am sin, mar bhí caighdeán an sgrúduithe seo ard go maith. Bhí Gramadach Uí Néill agus Gramadach Ui Dhonnabháin ar an gclár, agus b'éigin do'n iarrathóir na Soisgéil a thionntódh ó Ghréigis go Gaedhilg.

Ba Sizar nó Sadhsóir[17] i gColáiste na Tríonóide James E. Murphy, an comhfhreagróir ba ghlóraí sa chonspóid faoin gcéad phriméar a chuir Cumann Buanchoimeádta na Gaeilge amach agus an fear, freisin, a bhuaigh ollúnacht na Gaeilge ina dhiaidh sin nuair a bhí Dubhghlas de hÍde ag cur isteach uirthi. Sa chomhfhreagras a bhí san *Irish Times***,** tugadh James E. Murphy *Siz., Bedell Irish Sch*. air féin ag deireadh na litreacha. Sílim go raibh dhá ghradam ag Murphy, an tSadhsóireacht agus an Scoláireacht. Ní dóigh liom go raibh Scoláireacht Bhedell ag Seosamh, cé go raibh sí ag Dubhghlas de hÍde. Bhí seans ann go gcríochnódh de hÍde ina mhinistir cosúil lena athair, agus bhí an scoláireacht seo d'ábhair mhinistir a d'fhéadfadh seanmóirí a thabhairt trí mheán na Gaeilge. Ag an am céanna ba é an Canónach Goodman a bhí i bhfeighil na ndeontas seo agus ba i Scoil na Diagachta a bhí Dámh na Gaeilge lonnaithe.

B'fhiú an braon fola san ullmhúchán, mar chinntigh an tSadhsóireacht saoirse ó tháillí dó, agus 'Commons' saor in aisce, sé sin, bia saor sna bialanna, agus seomra aíochta saor sa Choláiste. De bhreis ar sin fuair sé premium—íocaíocht ar leith—ón ollamh le Gaeilge, an Canónach Séamus Goodman, gach bliain ó 1890 go dtí 1894, ar a fheabhas a chruthaigh sé sa teanga. Bronntaí an premium ar chaighdeán na n-aistí a chuirtí isteach chuig an ollamh. Ar ndóigh bhí an Canónach Goodman, ministir ó Dhaingean Uí Chúis, agus sárphíobaire agus bailitheoir ceoil, ina bhall de Chumann Buan-Choimeádta na Gaeilge chomh maith leis an Laoideach féin, mar a chonaiceamar. Tá mioneolas faoi na híocaíochtaí seo le fáil sna Féilirí. Mar shampla, fógraítear i bhFéilire an Choláiste don bhliain 1893, gur bhuaigh Joseph Henry Lloyd an duais

[16]Coolahan, 1981:106-107
[17] Mac léinn i gColáiste na Tríonóide agus scoláireacht speisialta aige

shinsearach don Ghaeilge agus gur bhuaigh John Millington Synge an duais shóisearach don Ghaeilge don bhliain 1892:[18]



Prizemen in Irish, 1892.

Senior Class.	*Junior Class.*
Lloyd, Joseph Henry. O'Clery, Charles Alexander. Ward, Thomas.	Synge, John Millington.

36. Fógra i bhFéilire Choláiste na Tríonóide, 1893.

'Bhí bua thar cuimse ag Seosamh Laoide i bhfoghlaim na dteangacha', scríobh Ciarán Bairéad, 'agus bhí an Laidin agus an Ghréigis mar ábhair aige i ngach scrúdú dá ndearna sé sa Choláiste.' (1945:130)

Bhí an Ghaeilge ina hábhar staidéir agus taighde sa choláiste ag an am ach ní raibh sí ina hábhar céime. Bunaíodh Cathaoir na Gaeilge i Scoil na Diagachta sa bhliain 1840 agus bhí sí faoi scáth na Scoile sin anuas go dtí an bhliain 1918. Bhain an chúis go raibh an Ghaeilge ar chúrsaí léinn an choláiste ar chor ar bith le ról na hollscoile sin i dtraenáil ministrí d'Eaglais na hÉireann. Chuaigh an traidisiún chomh fada siar le Bedell agus Marsh. Ní hé go mbíodh an oiread sin Protastúnach ann ar chainteoirí Gaeilge ó dhúchas iad, ach go mbíodh ar mhinistrí plé le cainteoirí dúchais i bparóistí na Gaeltachta. Ar ndóigh, bhí cuspóirí misinéireachta ag na cúrsaí freisin—an dóchas go n-iompófaí Caitlicigh óna gcreideamh cliabháin go dtí an Protastúnachas, dóchas a comhlíonadh minic go leor ar chúis amháin nó ar chúis eile. Deir Mac Aonghusa (1993:84):

> Ní miste a mheabhrú gur Gaeilge agus Gaeilge amháin a bhí á labhairt ag furmhór mór phobal na tíre san am (aimsir Bhedell a bhí ina Phropaist idir 1627 agus 1629) agus gur cinnte Gaeilge a bheith ag neart de mhic léinn Choláiste na Tríonóide. Ar feadh i bhfad bhí ceangal idir an Ghaeilge agus Roinn Diagachta an Choláiste; bhítí ag múineadh Gaeilge d'ábhair mhinistéirí le go bhféadfaidís a ngnó teagaisc creidimh a dhéanamh go héifeachtach.

Bhí Seosamh Laoide i gColáiste na Tríonóide go dtí 1894. Níor thóg sé céim ar bith as an gColáiste, deir Bairéad linn,[19] agus Senior Sophister a bhí ann nuair a

[18]Trinity Calendar, 1893:127

[19] Ní gá go bhfuil Ciarán Bairéad cruinn anseo mar d'fhéadfadh gurb é an Senior Sophister an scrúdú céime an bhliain sin agus gur éirigh le Seosamh céim d'fháil. D'fhéadfadh gur theip air freisin, nó go raibh céim eile sa phróiseas nár chomhlíon sé. B'fhiú taifid bhreise a lorg i gColáiste na Tríonóide, shílfinn.

rinne sé an scrúdú deireanach a bhain sé amach (sa Hilary Term 1894). Scríobh Bairéad (1945:130):

> Níor lean sé de'n chúrsa go seasmhach, acht is le Gaedhilg is mó a chaith sé a dhúthracht...Ní raibh an Ghaedhilg ar chúrsa an B.A. an t-am sin, agus is cinnte gurab é an méid ama a chaith sé léithe ba chúis nach ndeachaigh sé chomh fada leis an gcéim. Ní mór smaoiniú freisin go raibh sé ag obair i n-oifig an Bhóthair Iarainn i gcaitheamh an ama seo go léir, agus go raibh sé go saotharach i gConradh na Gaedhilge ó Fhóghmhar 1893.'

Ina ainneoin go raibh sé ag obair go lánaimseartha agus gur dhírigh sé ar an nGaeilge, bhí seans maith ann go mbainfeadh sé céim amach murach gur seoladh Conradh na Gaeilge ar 31 Iúil 1893. Ní ó Choláiste na Tríonóide ná ón gcúrsa B.A. sa choláiste sin a fuair sé an léann a thuill meas scoláirí Ceiltise na hEorpa agus na Stát Aontaithe dó, mar a fheicfear, ach óna shaothar féin i ngort na Gaeilge beo.

2.22 Súil siar

Nuair a chuirtear scéal an athar agus scéal an mhic i gcóimheas lena chéile, feictear comhréir, comhionannas, iomchuibheas eatarthu a chuireann in iúl gur lean an mac d'obair an athar mar theangeolaí agus gur iomlánaigh sé í. Freisin, cuireann an chomparáid in iúl gur ullmhaigh an t-athair an mac, le sampla ar a laghad, don ról a bheadh aige ina dhiaidh sin. Bheadh sin fíor i bpáirt. Níl ach cúpla tagairt againn sa chuntas seo, áfach, a thaispeánann an t-athair agus an mac i dteannta a chéile. Ní féidir a rá ach an oiread gur fíordheisceabal don athair an Laoideach óg. Dá mba leantóir díograiseach é bheidís sa Chumann le chéile ar feadh tamaill, mar bhí Seosamh naoi mbliana déag nuair a fuair an t-athair bás in 1884. Bheadh sé úsáideach sa Chumann. Is cosúil go ndearna sé athmhachnamh ar a mheon i leith na Gaeilge agus i leith oidhreacht an athar agus de bharr an mhachnaimh sin gur chláraigh sé as an nua sa Chumann sa bhliain 1886.

Ní fhaca sé an fiúntas céanna sna céimeanna ollscoile is a chonaic a athair. Ní raibh an Ghaeilge ina hábhar scrúdaithe sa Choláiste ach is léi a chaith sé a dhúthracht. Níl fianaise ar bith againn gur chuir an dua a chaith sé leis an nGaeilge isteach ar an staidéar ar na hábhair ba ghá dó a dhéanamh don chéim B.A; is cosúil go raibh ag éirí go maith leis ach nach raibh an t-am aige freastal ar ghnó an Chonartha, ar riachtanais a phoist laethúil agus ar éilimh an Choláiste

ag an am céanna agus go ndearna sé íobairt dá chúrsa céime. Chonaic sé freisin is dócha nach cumas acadúil a bhí de dhíth ar chúis na Gaeilge ach cur chuige praiticiúil.

Bhí níos mó uaidh ná mar a bhí ón athair. Bhí an t-athair sásta leis an gCumann. Ní léir gur thug an Dr. Lloyd cuairt riamh ar Ghaeltacht ar bith. Chreid an mac i dteagmháil díreach leis an teanga bheo agus chuir sé dlúthaithne ar na Gaeltachtaí agus na breac-Ghaeltachtaí ar fad geall leis. Bhí an Cumann righin maidir le spriocanna a bhaint amach; ba scoilteoir an mac a chuaigh amach agus a chuidigh le bunú eagraíochta athbheochana nua. Tá difríocht eile; bhí cúlra san iriseoireacht ag an athair ina óige, ach stad sé den fhoilsiú nuair a tháinig a leabhar amach. Bhí féith na hiriseoireachta sa mhac, mar a chruthaigh sé mar eagarthóir agus le sraith fhada alt in irisí na Gaeilge agus in irisí eile. Tá a ainm ar shraith fhada leabhar.

Ag fágáil na caibidle seo dúinn, tá fear óg againn, réasúnta oilte ar an nGaeilge, le cúlra spreagúil clainne i dtéarmaí teangeolaíochta agus ardléinn agus é ina bhall d'eagraíocht le cumas teoranta cúis na Gaeilge a chur chun cinn. Tráthúil go leor tá saorthaisteal ar thraenacha a chomhlachta aige. Ní údar iontais é go gcuirfeadh sé suim sa Ghaeilge labhartha agus go mbeadh fonn air teagmháil léi agus torthaí a chuid fiosrúchán a fhoilsiú. Tráthúil go leor arís bhí iris ann ina raibh plé beo bríomhar leanúnach faoi ábhair dá leithéidí, iris a chuirfeadh cor nua ina shaol agus a bheadh ina cúram lárnach aige ar feadh deich mbliana ar a laghad. Sa chéad chaibidil eile beidh taithí an Laoidigh mar sholáthraí d'*Irisleabhar na Gaedhilge,* agus mar eagarthóir sealadach ar an iris, faoi scrúdú againn.

Caibidil 3

An Laoideach agus *Irisleabhar na Gaedhilge*, 1891-1899

3.0 Réamhrá

'Is mó dá shaothar a chonaic solas an lae san *Irisleabhar* ná de shaothar aon duine eile,' scríobh Ciarán Bairéad (1945:132). Tá sé soiléir ó innéacs Mhic Pheaircín (2018:23-28) gur sholáthair Seosamh Laoide níos mó ábhair do IG ná soláthraí ar bith eile a idir 1882 agus 1909.

Is in IG is fearr a fheicimid éabhlóid an Laoidigh mar bhéaloideasaí, mar thaighdeoir, mar eagarthóir, mar údarás ceartúsáide, mar scríbhneoir, mar léirmheastóir, mar logainmneoir, mar thionscnóir gluaiseachta, mar Chonraitheoir, agus mar thimire ócáideach don Chonradh. Ba é IG an chéad mheán inar foilsíodh a shaothar agus ba é an meán ba rialta aige é. B'ann a bhain sé aitheantas amach mar ghníomhaí i ngluaiseacht na Gaeilge. Níor imigh sé ar strae rófhada riamh ó thraidisiún, ó eisint, ó chroí-éiteas na hirise sin.

Níorbh é IG an iris ba chéimiúla a bhí dá foilsiú ina lá. Míosachán is mó a bhí ann nár tháinig amach gach aon mhí go minic ná fiú i ngach ráithe. Go hiondúil ní bhíodh ann ach 16 leathanach. Bhí fadhbanna maoinithe á chrá de shíor. B'annamh a sháraigh an chiorclaíocht míle cóip agus d'fhéadfadh sí dul síos go dhá chéad. Ní raibh ach dorn beag daoine sa tír in 1882 a raibh léamh agus scríobh na Gaeilge acu. Chiallaigh sin easpa léitheoirí d'ábhar i nGaeilge agus gorta scríbhneoirí oilte chun ábhar sa Ghaeilge a scríobh agus a sholáthar. An tábhacht a bhí leis ná go raibh sé ina mheán d'ábhar i nGaeilge nuair nach raibh meán ar bith eile dá leithéid ar fáil in Éirinn. Bhí *An Gaodhal* ar ndóigh dá fhoilsiú i Nua Eabhrac ó 1881. Go míorúilteach, chruthaigh an dá iris seo pobal léitheoireachta agus meithleacha scríbhneoirí agus soláthraithe dóibh féin.

'Bhí IG á fhoilsiú i mBaile Átha Cliath ó 1882 go 1909.... Cumann Buanchoimeádta na Gaedhilge a bhunaigh é agus ba é Daithí Ó Coimín an chéad eagarthóir'. Scríobh Caoilfhinn Nic Pháidín é sin in *Comhar,* eagrán na Samhna, 1982. Mhaithfí di a cheapadh gurb é an Cumann a bhunaigh IG mar rinneadh an chuid is mó den obair ullmhaithe taobh istigh den eagraíocht sin sular tharla an

scoilt a ghin Aontacht na Gaeilge, a chéadfhoilsigh an iris. Is cosúil ó chuntas Mháirtín Uí Mhurchú gurb í féinchúis an Choimínigh is mó a spreag an scoilt agus a thionscain IG. Bhí de chúram air ábhar a chur tríd an gcló, ach go raibh socrú ann go gcaithfeadh an Coiste Foilsitheoireachta a bheith sásta agus aontaithe faoin téacs ar dtús. Ba í an laincis seo thar cheann ar bith eile a chuir múisiam ar an gCoimíneach, shíl Ó Murchú. Theastaigh fiontar foilsitheoireachta uaidh ina mbeadh lánúdarás aige féin.

Sa bhliain 1882 bhí Seosamh Laoide seacht mbliana déag agus é ag obair mar chléireach i gComhlacht Iarnród an Tuaiscirt. Caithfidh gur chuala sé faoi chúrsaí IG sa bhaile mar bhí a athair gafa sa réamhullmhúchán. D'ainneoin na scoilte bhí dea-mhéin d'fhiontar an Choimínigh forleathan sa Chumann mar ní fada go raibh baill den Chomhairle, an Craoibhín, P.W. Joyce, Seán Pléimeann ach go háirithe, agus Seosamh ar ball, ag scríobh don iris nua.

3.1 IG i gcló: a shaolré go hachomair

Lainseáladar an chéad eagrán i mí na Samhna 1882. Lainseáladar ar cairde é, scríobhadh Seán Pléimeann go rialta san iris ina dhiaidh sin. Bhí IG, agus Aontacht na Gaeilge féin, i bhfiacha ó thús. Mar eagraíocht taca bhí an Aontacht lag, creathach, fabhtach. Níor mhair sí ach cúig bliana agus ó 1887 ar aghaidh bhí IG ar fán gan eagraíocht taobh thiar de, ach gur mhaoinigh an tOirmhinneach Maxwell Close é as a phóca féin, agus gur chinntigh díograis Sheáin Phléimeann agus Eoghain Uí Ghramhnaigh ar ball go mbeadh eagráin ag teacht amach, fiú go neamhrialta. Mar sin de go Feabhra 1892, nuair a ghlac Eoghan Ó Gramhnaigh cúram den iris mar bhainisteoir agus mar eagarthóir. D'fheabhsaigh cúrsaí go mór, go dtí go raibh air a chúram a ghéilleadh do Sheosamh Laoide ar chúinsí sláinte ar feadh tréimhse gairide in 1894 agus ar ball go lánaimseartha d'Eoin Mac Néill. D'áitigh Mac Néill ar Chonradh na Gaeilge cúram a ghlacadh den iris, rud a rinneadar in 1895.

Bhí cúrsaí socair go leor faoi chúram an Chonartha go 1906 nó mar sin, nuair a bhí an eagraíocht ag fulaingt gorta airgid toisc an oiread sin gníomhaíochta a bheith ar siúl agus gan dóthain maoinithe acu chuige. I ré eagarthóireachta Thórna, i mí Lúnasa 1909, nuair a thit an chiorclaíocht go tubaisteach, cuireadh deireadh le IG.

Mar is léir, bhí ceithre eagarthóir ag IG roimh an Laoideach: Daithí Coimín, Seán Pléimeann, Eoghan Ó Gramhnaigh agus Eoin Mac Néill. Bhí an iris faoi chúram Uí Choimín ón gcéad eagrán, Samhain 1882, go dtí eagrán Dheireadh Fómhair 1883. Ba é Séan Pléimeann a chuir eagrán an Mhárta 1884 in eagar. Mhair an Pléimeannach sa phost go heagrán Bealtaine 1891. Nuair a ceapadh mar eagarthóir é bhí sé seachtó bliain d'aois. Ní bhfuair sé tuarastal ar bith ón Aontacht. Bhí ag teip ar a shláinte faoi 1891 agus dhéanadh Eoghan Ó Gramhnaigh ionadaíocht dó. Nuair a d'éirigh an Pléimeannach as, ceapadh Ó Gramhnaigh ina áit. Bhí ag teip ar a shláinte siúd freisin. Rinne Seosamh Laoide eagarthóireacht ar dhá eagrán dó, Iúil agus Lúnasa 1894, ach ba é Eoin Mac Néill a chuir an chéad eagrán eile in eagar agus d'fhan seisean sa phost go dtí Bealtaine 1899, nuair a iarradh air bheith ina eagarthóir ar *An Claidheamh Soluis*.

Seosamh Laoide a ceapadh ina ionad agus d'fhan an Laoideach i mbun na hirise go dtí Meán Fómhair 1902. Do na heagarthóirí seo níor chothaigh na briathra na bráithre. Níor íocadh ach duine amháin acu, Tórna. Fuair seisean céad punt in aghaidh na bliana ó 1903 ar aghaidh.

Léirigh gach aon eagarthóir leithleachas, tréithe pearsantachta, aisteachas fiú; cruthaitheacht agus cumas. Choinnigh siad an iris ar siúl go dtí gur chlis misneach Choiste Ghnó an Chonartha faoin maoiniú. Thaispeáin siad fóirsteanacht an natha sin 'snámh in aghaidh easa' go beacht. Tharla tadhall an Laoidigh leis an iris den chéad uair san eatramh idir imeacht an Phléimeannaigh agus teacht Uí Ghramhnaigh.

3.2 Laoide agus Charles Percy Bushe

An chéad tagairt a fuair mé do Sheosamh Laoide mar thaighdeoir/bhailitheoir, bhí sé in IG Feabhra 1891. Ba é an tAth. Eoghan Ó Gramhnaigh an t-eagarthóir ionaid, ach ba é nóta Sheáin Phléimeann a bhí leis na scríbhinní a sheol Charles Percy Bushe isteach, 'Cómhrádh idir an bás agus an cláiríneach', 'Príosún Chluain Meala', 'An saighdiúirín singil', agus cnuasach seanfhocal agus cora cainte a thug Bryan Shaffery as Magh nEalta dóibh. Seo cóip den nóta:

2 St. Joseph's-Terrace,
Sandford-road, Dublin,
September 1890.

Dear Mr. Fleming,

I enclose the dialogue between Death and the Cripple, as recited by Bryan Shaffery, formerly a native of Moynalty, County Meath, and now of Stackallen Bridge in that county. This dialogue was composed by a poet named Patrick Tevlin, who lived at a place called The Cottage, Billywood, near Díog na Péiste, about half-a-mile from the town of Moynalty. He was himself a cripple. If you can find room for it in the Gaelic Journal, I shall feel much obliged.

Very sincerely yours,

Charles Percy Bushe.

Ba é an Pléimeannach a chuir an tagra seo thíos le litir Bushe:

> The following poem and notes, contributed by Mr. Bushe and Mr. Lloyd, are unique in a manner. They have been, as said, taken down from the dictation of a man who had been for a long time without hearing or speaking Irish. The fragment of poetry repeated by him for Mr. Lloyd is made up of three or more songs common in Waterford in my time, one of them, the 'Jail of Cluain Meala', Clonmel, in Tipperary, which the reciter thought to be Clonmellon, etc. He must have been an antiquary in his time. The contributors are young Irish scholars who will make their mark.

Ba scoláire óg Seosamh Laoide cinnte, ach bhí Charles Percy Bushe (1829-1898)[20] os cionn seasca ag an am. Scríobh Proinsias Mac Aonghusa alt cuimhneacháin céad bliain ag cur síos ar na chéad Chonraitheoirí sa *Sunday Press* ar 1 Lúnasa 1993. Dar leis go raibh Bushe gaolta le hEdith Somerville agus Violet Martin (Somerville & Ross) agus go raibh post aige sna Ceithre Chúirt mar Chléireach na bPléadálacha. Ba é an mac ba shine ag an bPhríomh-Bhreitheamh é nó Máistir Chúirt Bhinse na Banríona mar a ghlaoití air. D'fhoghlaim sé an Ghaeilge óna ghiollaí báid agus é ag iascaireacht i gConamara agus ó ghlantóir sráide i mBaile Átha Cliath. Ba dhuine den bhuíon é Bushe a bhunaigh Conradh na Gaeilge. Ar bhealach bhí Seosamh ag sodar leis na huaisle.

Cuidíonn an nóta 'Taken down from the recitation of Brian Shaffery (Brian Mac Seathfraith), of Moynalty, at Stackallen Bridge, Co. Meath, by J.H. Lloyd, 3rd

[20] *ainm.ie* s.n. Bushe, Charles Percy, (c.1829-1898) ceadaithe 14 Aibreán 2020

August 1890’ ag barr na cóipe den ‘Saighdiúirín singil’ thíos linn amlíne a leagadh amach.



“2 St. Josêph’s-terrace,
“Sandford-road, Dublin,
“September, 1890.

“DEAR MR. FLEMING,—I enclose the dialogue between Death and the Cripple, as recited by Bryan Shaffery, formerly a native of Moynalty, County Meath, and now of Stackallen Bridge in that county.

“This dialogue was composed by a poet named Patrick Tevlin, who lived at a place called The Cottage, Billywood, near Díog na Péirse, about half-a-mile from the town of Moynalty.

“He was himself a cripple.

“If you can find room for it in the *Gaelic Journal*, I shall feel much obliged.

“Very sincerely yours,
“CHARLES PERCY BUSHE.”

The following poem and notes, contributed by Mr. Bushe and Mr. Lloyd, are unique in a manner. They have been, as said, taken down from the dictation of a man who had been for a long time without hearing or speaking Irish. The fragment of poetry repeated by him for Mr. Lloyd is made up of three or more songs common in Waterford in my time—one of them, the Jail of Cluainmeala, Clonmel, in Tipperary, which the reciter thought to be Clonmellon, etc. He must have been an antiquary in his time. The contributors are young Irish scholars who will make their mark.



THE GAELIC

Taken down from the recitation of Brian Shaffery (Brian Mac Seaċfraiṫ) of Moynalty, at Stackallen Bridge, Co. Meath, by J. H. Lloyd, 3rd August, 1890:

An saiġoiur singil ro ċan.

Saiġoiur boċt singil me ċaiṫ seal tamaill
i ngárda an ríġ;
Diabal piġin agam do beurfainn ar ċárta
diġe;
Is fiar ag Cill-Ċoinne tá cuid 'de mo ṁuin-
tir féin,
Bláṫ bán na finne ar obair mo pósaḋ léi,
Tabair sgiala buaim ċuici má's minic a
póg me a beul,
Naċ b-pósfaiḋ me 'nois i mar' g-cuirfiḋ
siad mór-ċrióḋ léi.

NOTES.

pósaḋ, recte pósta, sgiala = sgeula, ċuici, pron. heckee, naċ, pron. na.
buaim (wooim) = uaim. So also in Old Irish.
mar' = mara = muna.
siad is here pronounced sead.
Cill-Choinne is said to be in Connaught, but perhaps = Cill-Chainnige, Kilkenny.

37. Litir C.P. Bushe chuig Seán Pléimeann, Meán Fómhair 1890, agus sampla d’aithris Brian Shaffery breactha síos ag S.L.

Bhreac siad síos ‘An saighdiúirín singil’ a bheag nó a mhór go fónach ach tugtar ceartlitriú na bhfocal sna nótaí. Chruthaigh Mac Seathfraith ina fhoinse rathúil sheanchais ina dhiaidh sin agus chuir Seosamh roinnt de na hamhráin a fuair sé uaidh ina dhíolaim, *Duanaire na Midhe* (1914). Bhí Mac Seathfraith (agus Seosamh) míchruinn faoi ‘Patrick Tevlin’, atá luaite i litir Bushe. File darbh ainm Séamas Ó Teibhlin a chum ‘An comhrádh’, de réir (a) *Céad de Cheoltaibh Uladh* (1915) agus (b) *Amhráin na Midhe, Cuid 1*, le hÉnrí Ó Muirgheasa (1933).



English Metrical Version of Death and the Cripple, as recited by Bryan Shaffery.

In the afternoon late, as I sat on my seat,
Death from a dark shade did visit me;
And as he drew near, I trembled with fear,
His ghastly cold sneer did frighten me.

Digitized by M

38. Véarsa as leagan Béarla de 'Cómhrádh idir an bás agus an cláiríneach’

An ghné is suimiúla den leagan de 'Cómhrádh idir an bás agus an cláiríneach’ ná an t-aistriúchán Béarla a bhí leis, a fuair an bheirt ó Mhac Seathfraith chomh

maith. I meadaracht an amhráin Ghaeilge atá sé, comhfhuaimeanna agus rím inmheánach agus eile sa véarsaíocht. Caithfidh gurb é Ó Teibhlin a chum an leagan sin—bhí an cumas sin ann.[21]

Níor foilsíodh 'Príosún Chluain Meala' faoin teideal sin ach faoin teideal 'An tréigtheoir'. Is léir ó théacs an dáin gur theifeach ón arm a bhí san fhear a bhí sa phríosún. D'fhoilsigh Seosamh leagan den 'Tréigtheoir' i *Duanaire na Midhe*.[22]. Ghéill sé sna nótaí don dán sa leabhar gurb é príosún Chluain Meala, Tiobraid Árainn, agus nárbh é 'Clonmellon' i gCo. na Mí, a bhí i gceist.

Gné shonraíoch den soláthar seo ba ea na nótaí. Fuair an bheirt taisce focal agus nathanna ó Mhac Seathfraith nach bhfuil ídithe leis an soláthar áirithe seo. Rinneadar tréaniarracht foghraíocht Mhic Sheathfraith a thabhairt leo agus tugann siad leaganacha fónacha de na focail chomh maith sa nóta 'Peculiarities of pronunciation'.

Fuair Brian Mac Seathfraidh bás i mí Aibreáin 1896. Bhí an nóta méala seo ag Seosamh in IG Meitheamh 1896:

> Is oil liom a rádh go bhfuaras sgéala ó'n mBuaiseach ar bhás Bhriain Mhic Sheathfraidh, .i. an Midheach ó a bhfuair an Buaiseach an 'Comhrádh idir an bás agus an Cláiríneach' do bhí fá chló insan Irisleabhar tá seal ó shoin ann. Fuair an Buaiseach litir ó chloinn Bhriain .i. ó n-a mhac, Tomás Mac Seathfraidh, agus ó n-a inghín, Brighid Ní Mhic Sheathfraidh, dá innsin dó go bhfuair a n-athair bás an treas lá déag de'n Aibreán. Nuair do chonnaic an Buaiseach Diardaoin roimhe sin é, ní raibh air acht slaghdán, agus ní dheárna sé gearán acht gan é bheith 'i gcruth maith'. Dar ndóigh, tig an bás gan choinne. Gaedheal geanamhail gleoite dob' eadh é, agus is iomdha 'comhrádh beag deas' do rinneas-sa agus an Buaiseach leis, agus is uaidh-sean do fuaramar an chuid ba mhó dár n-eolus ar Ghaedhilg na Midhe agus sinn ag caint leis ar bhruach na Bóinne i n-aice Thighe Cholláin. Bhíos féin ag brath ar chuairt eile do thabhairt air faoi ghoirid, acht faraor níor 'léig an bás an bogha uaidh,' agus sin mise gan an chuairt sin do dhéanamh feasda. Trócaire Dé ar a anam! S.L.

[21] Cf. S Mac Gabhann 2005, 83-104. Ba shampla Tevlin, dar leis, d'fhilí ag trasnú ón nGaeilge go dtí an Béarla sa 19ú haois.

[22] Laoide, 1914:49 (Dán XXVIII).

3.3. Litir ón gCraoibhín.

Scríobh Seosamh chuig Dubhghlas de hÍde in 1891 ag tabhairt tuairisce ar a chamchuairteanna fionnachtana Gaeilge. Shíl de hÍde go raibh an obair a bhí ar siúl aige fíorthábhachtach: níor shamhlaigh sé Gaeilge bheo Laighean a bheith ann ar chor ar bith:

> Dungar, Mí Deire an tSamhraidh '91.
>
> Tá aithne agam ort-sa chomh maith agus atá agat-sa orm-sa, ó do sgríbhínibh agus ó d'cháil. Dúbhairt tú mórán ann do litir air nach raibh aon fhios agam roimhe seo agus go speisialta nuair dhearbuigh tú go raibh Gaedhealg ag an aois óg i n-áiteachaibh de Chúige Laighean. Tá mé buídheach díot air son chomh poncamhail agus d'innis tú na h-áiteacha dhom ann a raibh sí fós d'a labhairt. Tá lúthgháire orm go ndeachaidh tú féin trid na h-áiteachaibh sin ag bailliúghadh gach nidh b'fhiú cruinniúghadh ionnta. Ní tig (sic) leat aon nídh b'úsáidighe do'n tír a dhéanamh ná sin, ó is fíor nach bhfuil aon eolas againn air mhodh cainte, air sgéulaigheacht agus air abhránacht Chúige Laighean, acht amháin an méud do chruinnigh Nioclás Ó Cearnaigh i dtuaisceart, agus beagán do fuair Seán Ó Dálaigh i ndeisceart na cúige, i gCill-Chainnigh: [23]

Tugann an litir trí chéile léargas dúinn ar a dhéine is a bhí Seosamh ag saothrú cheana féin ar son na Gaeilge beo, dhá bhliain sular tháinig an Conradh ar an saol.



To those who, in many ways, have assisted in the construction of these lessons, I offer my hearty thanks. The Archbishop of Dublin first suggested the bringing out of a series of lessons, in which the pronunciation of each word would be indicated in accordance with some simple phonetic system, and His Grace afterwards took a large share in developing and applying that system. I am also indebted to Mr. C. P. Bushe, Mr. John M'Neil, Mr. J. H. Lloyd, Father Hickey, Mr. MacC. Dix, and many others, for valuable suggestions.

EUGENE O'GROWNEY.

Maynooth College, 9th June, 1894.

39. Sliocht as an réamhrá d'Imleabhar a hAon de *Simple Lessons in Irish* le hEoin Ó Gramhnaigh

As an teagmháil le hEoghan Ó Gramhnaigh, eagarthóir IG, a d'fhás an comhoibriú a thuill admháil buíochais do Bushe agus Lloyd sa réamhrá a bhí in Imleabhar a hAon de *Simple Lessons in Irish***,** a d'fhoilsigh an Conradh mar

[23]Bairéad 1945:133.

leabhar in 1894. Chuir Seosamh suim ar leith sa léiriú ar an bhfuaimniú i *Simple Lessons in Irish*. Bhain sé úsáid as scéim fhoghraíochta a bhí bunaithe ar chóras Uí Ghramhnaigh chun fóineolaíocht fhilíocht/amhránaíocht na Mí a léiriú ina *Dhuanaire*. Tá anailís fhíorshuimiúil ag Nioclás Williams ar leaganacha fónacha Sheosaimh i *Studia Hibernica* (2000-2001: 277-291) faoin teideal 'Téacsanna foghrúla ó Cho. na Mí'**.** Beimid ag trácht ar an *Duanaire* ina áit féin in Aguisín F.

3.4 Turais thaiscéalaíocha eile

I mí na Bealtaine 1891, bhí Seosamh ar ais san *Irisleabhar* le litir an-fhada chuig an eagarthóir, a scríobh sé i mí Mheán Fómhair 1890, ina ndearna sé scagadh acadúil ar leaganacha éagsúla den rann aimsire ‘An ghaoth aduaidh’[24] a bhí ag Pádraig Ó Briain, an clódóir, i dtús báire in IG in 1888. Bhí leaganacha aige ó Phádraig Ó Laoghaire as Béarra agus leagan eile ó Mhaigh Eo a thug a chara C. P. Bushe dó. Deir sé áfach go raibh leagan níos fearr ná na cinn seo uile aige féin a fuair sé ó Bhrian Ó hAnnracháin, as Áth an tSléibhe, Co. Luimnigh ‘a long time ago’:

> I find that 1 obtained a long time ago what seems to me a much better one than either---from Mr. Bryan Hanrahan (Brian Ó hAnnracháin), a native of Athea, on the borders of the counties of Limerick and Kerry. I give it here just as I heard it:
>
> > An ghaoth a n-duaidh bíonn sí fuar agus baineann sí uain as caoirigh
> > An ghaoth a n-deas bíonn sí tais agus cuireann sí rath ar shíoltaibh;
> > An ghaoth anoir bíonn sí treis agus cuireann sí feilc ar dhaoinibh;
> > An ghaoth aniar bíonn sí fial agus cuireann sí iasg chun tíre.
>
> My reasons for thinking it a much better version are (1) The assonances are perfect.... (2) Two obsolete words occur in the line about the east wind, viz., 'treis' and 'feilc' which I think show that this version has received less corruption than any other....

B'fhéidir é, ach is ionann 'treis' agus 'láidir'. Seo míniú Uí Dhuinnín (1927) ar ‘feilc’:

> feilc, -e, -eanna, f., a trembling, a tremor (Clare); cf. *an ghaoth anoir, bíonn sí treis 7 cuireann sí feilc ar dhaoinibh*; a tombstone (G. J.).

[24] lG 3 (1888:85), Uimh. 30, sa scéal ‘Imirt na ndaoineadh maithe, nó siabhraidhe, air Ó Mathghamhna agus air a bhuachaill’.

Féach go n-admhaíonn an Duinníneach gur líne 3 as ceathrú an Laoidigh in IG (G.J.) atá aige sa sainmhíniú. Do thosaitheoir bhí cur chuige fíor-acadúil aige—scríobh sé nótaí ar phointí foghraíochta agus canúna agus gramadaí agus ar chiall na bhfocal agus na bhfrásaí, agus rinne sé comparáid idir na leaganacha iomadúla den rann atá ar fáil sna Gaeltachtaí agus sna hiarGhaeltachtaí éagsúla.

3.5 Toghairm Mhic Néill

Foilsíodh 'Toghairm Mhic Néill' in IG, eagrán Mhárta, 1893. Treoirphlean éiginnte do ghluaiseacht nua athbheochana a bhí ann. Is é an cúlra atá ag an Toghairm seo ná gur thug Dubhghlas de hÍde léacht chumhachtach spreagúil dar teideal 'On the necessity of de-Anglicising Ireland' i Meiriceá ar dtús ar a bhealach abhaile ó Cheanada in 1891, agus arís, leagan méadaithe, ar 25 Samhain 1892 don Literary Society i mBaile Átha Cliath. Spreag tuairimí de hÍde an Niallach chun alt i mBéarla a scríobh don *Irish Ecclesiastical Record* (Mac Néill, 1892: XX) 'Why and how the Irish language is to be preserved'. Ag tathant ar an gcléir páirt a ghlacadh in athbheoú na teanga a bhí sé.

D'iarr Eoghan Ó Gramhnaigh ar Mhac Néill leagan den alt d'athscríobh do IG. Ba é 'Toghairm agus gléus oibre chun gluasachta na Gaedhilge a chur ar aghaidh in Éirinn' an toradh. Lean leagan Béarla an mhír Ghaeilge. Níor chuir Mac Néill a ainm leis an alt ach thug sé le fios gurbh fhéidir teagmháil a dhéanamh leis an údar trí mheán an eagarthóra, Eoghan Ó Gramhnaigh.

I measc na litreacha a fuair Mac Néill ag moladh na Toghairme bhí ceann ó 'J.H. Lloyd'. Luann Mac Aonghusa (1993:10) an litir seo in *Ar Son na Gaeilge*. Mhínigh Seosamh gur léigh sé an leagan Gaeilge dá Thoghairm ar dtús agus an leagan Béarla ansin agus nach raibh a fhios aige cé acu ab fhearr ó thaobh leagan amach agus tuairimí. Bhí litir curtha aige, dúirt sé, chuig an Athair Ó Gramhnaigh a rá gur bhreá leis cuidiú ar bith a d'fhéadfadh sé a thabhairt don eagraíocht úr a bhí molta. Ba mhaith leis coinne a dhéanamh le hEoin Mac Néill Domhnach éigin, dúirt sé, le go rachaidís ag siúl agus go ndéanfaidís cur síos ar an tslí is fearr le meas agus onóir a tharraingt arís ar an nGaeilge.[25]

[25] Mac Aonghusa, 1993:10.

Gheall Seosamh cuidiú airgid. Tá sé suimiúil go mbeadh airgead le spáráil aige. Ní bheadh a phá ró-ard. Ba é an mac ba shine sa chlann é agus, go bhfios domsa, cúram a mháthar air:

Ní foláir nó gur casadh ar a chéile iad mar tá ainm Sheosaimh Laoide san imlitir a sheol Mac Néill chuig scata daoine ar dhóigh spéis a bheith acu ina raibh beartaithe aige.[26]



Hazelbrook, Malahide.
12 June, 1893.

Dear Sir,

It is proposed to arrange, by agreement among persons interested in the preservation of Gaelic as a spoken language, for a preliminary consultative gathering of a ~~not very~~ informal kind // to ~~discuss~~ initiate practical steps towards the formation, on the lines ~~The formation of a Society,~~ on the lines indicated in a recent ~~article in the Gaelic Journal~~, indicated in a recent article in the Gaelic Journal or otherwise as may be determined, of

An Organization to maintain and promote the use of Gaelic as a spoken language in Ireland:

Also to discuss the means by which the aim of such an organization may best be attained.

Your co-operation is very earnestly desired, as also that of any friends of the movement with whom you may ~~be in communication~~ have influence.

Kindly communicate early with Rev. E. O'Growney, M.R.I.A., Maynooth College, or with Mr. J. H. Lloyd, Audit Office, 8 Waterloo Place, 6 N. Parkway, Dublin, or with me at above address or at the Office of the Accountant-General, Four Courts, Dublin.

Yours very truly

40. Dréachtlitir thoghairme Mhic Néill, 12 Meitheamh 1893

Is pictiúr é seo thuas de dhréachtlitir atá le fáil i measc pháipéir Eoin Mhic Néill sa chartlann i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Níor athraíodh í mórán sa toghairm dháiríre, atá i gcló in *Ar Son na Gaeilge* (1993:10-11), a chuir Mac Néill amach an lá céanna ag iarraidh ar dhaoine a bhí ar aon mheon leis féin teacht le chéile chun eagras a bhunú a mbeadh de chuspóir aige an Ghaeilge in Éirinn a chothú agus a fhorbairt mar theanga labhartha:

[26] Idem, 1993:10.

Hazelbrook, Malahide,12th June 1893.

Dear Sir,

It is proposed to arrange, by agreement among persons interested in the preservation of Gaelic as a spoken language, for a preliminary consultative gathering of an informal kind to initiate practical steps towards the formation, on the lines indicated in a recent article in the *Gaelic Journal* or otherwise as may be determined, of an Organisation to maintain and promote the use of Gaelic as a spoken language in Ireland. Also to discuss the means by which the aim of such an organisation may be best attained.

Your cooperation is very much desired, also that of any friends of the movement with whom you may have influence. Kindly communicate early with Rev. E. O'Growney, M. R. I. A., Maynooth College, or with Mr. J. H. Lloyd, 8 Waterloo Avenue, Nth. Strand Road, or with me at the above address or at the Office of the Accountant General, Four Courts, Dublin.

Yours very truly.

Is léir ón ngairm thionscnaimh sin go raibh an Laoideach agus an tAthair Ó Gramhnaigh i gcomhairle le hEoin Mac Néill ó foilsíodh an Toghairm in eagrán Mhárta 1893 de IG. Ní luaitear ach an triúr san imlitir. Níl i gceist ach an triúr seo go fóill. Nuair a tharlódh an teacht le chéile a bhí molta, Dé Luain 31 Iúil 1893, ag a dó a chlog san iarnóin, bheadh Ó Gramhnaigh ar thuras i nGaeltacht na hAlban agus bheadh socruithe eile déanta ag Seosamh Laoide, mar a mhínigh Mac Aonghusa (1993:11-12). Chiallaigh an neamhláithreacht go nglanfaí as liosta na mbunaitheoirí iad beirt. [27]

3.6 Taiscéalaíocht in Ulaidh

Caithfidh go raibh Seosamh i gContae Aontroma roimh Shamhain 1892, mar dúirt an Craoibhín, sa léacht 'On the necessity of de-Anglicising Ireland' a thug sé don Literary Society ar 25 Samhain 1892 i mBaile Átha Cliath:

> .... I have myself spoken with men from Cavan and Tyrone who spoke excellent Irish…..My friend Mr. Lloyd has found numbers in Antrim who spoke good Irish....

In IG i mí Feabhra 1892, bhí véarsa amháin de leagan a d'aimsigh sé in Ard Mhacha de *Cailín Deas Crúite na mBó*:

[27] Is cosúil go raibh cruinniú eile roimhe sin ach níor cheapadh oifigí. Fch. lch. 175.



caılın deas cruıdhte na mbo.

(Mr. J. H. Lloyd sends the following Armagh version of part of this well-known song.)

Tá cailín i g-contae na Gaillimh'
A's tá cailín i g-contae Tír Eoġain,
A's tá cailín beag geal insan mbaile,
Níor deise ná a bfacas go fóill.
Is binne í ná an ċuaċ air na crannaib,
Is gile í ná neamha (an eala ?) faoi ḋó,
A's naċ aoibinn do'n té ġeoḃaḋ lé meallaḋ
Cailín deas crúiḋte na mbó.

41. Véarsa as *Cailín Deas Crúite na mBó*, IG Feabhra 1892

Chuirfeadh sé, mar eagarthóir, leagan níos iomláine i gcló in IG Márta, 1901. In eagrán Eanáir 1892 de *An Gaodhal,* Nua Eabhrac, bhí litir uaidh a bhain leis an nGaeilge in Oirthear Uladh. Níor éirigh liom cóip den eagrán sin d'fháil.[28]

San eagrán ina raibh *Toghairm* Uí Néill, IG Márta 1893, bhí véarsaí gearra amhráin aige maille le hanailís ar an gcanúint ar amhrán a fuair sé ó Fhrainc Mac Uinnseacháin, bailitheoir oilte, i gContae Ard Macha, faoi bhean arbh ainm di Allaidh Beirneach. Ba é an duine tosaigh de mhúinteoirí taistil Chonradh na Gaeilge Mac Uinnseacháin, an chéad 'fear ar an roth', *a la* Alice Milligan.



posted by me have often been stolen in the Post Office, subscribers who fail to get their copies should notify the fact

POPULAR GAELIC (ARMAGH.)

allaiḋ beirneaċ.

[Fuiṫ an t-aḃrán so i Lioslıaṫ Ċondae Árda-Ṁaċa, mar ar sgríoḃaḋ síos é le Frainc MagUinnseaċain ó ḃéal sean-ṁná darb sloinneaḋ Beirneaċ.]

I.

A plúir na m-ban óg is deise (ḋ'a) ḃ-fuil beo,
A's, a Ḋé, gan mé pósta ó'n ċléir leat,
A's neiṁċead d'a ḃ-fuil beo go meallfainn mo stóir
Ar leabaiḋ 's mé (ag) cóṁráḋ léiṫi ;
A ġruaiḋ mar an rós, a ḃéil tanaiḋ mar ḃrióḋ !
'Sí sgaṫan na fóille(*a*) an ṁaiġdean ;
Dá m-béiḋeaḋ mo ċáirde-se beo go n-áirsċainn(*b*) dóiḃ
Gur ḃárruiġ mo stóir ar Éirinn.

a The mirror of gentleness (?) ; cf. fóil, go fóil foirdionaċ, or for Foḋla, Erin.
b Arraiġ = tell ; ársaċainn = árḋóċainn ; tá tú 's árraiġe breug, you are telling lies (Armagh and Meath).

A ċuaċ ḃeag na nGaeḋal, má tá tú ar do léim,
Go Coilliḋ Ḋúinréiṁe(*e*) anonn uaim.
Taḃair beannaċt agus ceud uaim go Baile na g-cléireaċ,
Is ann a ċodlas sí, geug na ḃ-frainnsiḋ ;(*f*)
Agus árraiġ(*b*) do'n ġéig(*g*) go ḃ-fuil mé 'na déiġ,
A's go ḃ-fuilim i b-péin 'na timċioll,
A's naċ ḃ-fuil ar an t-saoġal a ḋéanfaḋ mo léiġeas,
Aċt Allaiḋ de ḟréiṁ sgoiṫ' Beirneaċ !(*h*)

c As recited ar leig mé mo rún leat.
d Pronounced *way-ir*.
e Dunrevy Wood, formerly existing in Armagh coill is declined in Armagh like teine, the gen. being coilleaḋ (-eaḋ = *oo*), and the dative coilliḋ, as in older Irish.
f Pronounced *vrinshce* ; cf. frainnseaċ in the Munster Poetry.
g Or innsiġ ḋí féin.
h Beirneaċ = Murphy.

S. H. L.

It is possible that a play upon words is intended in cuiṁa, which would correspond with cuiṁa, grief, and also to coiṁa, a bribe. Compare the piece in the story of Tomás Láidir, *Gaelic Journal*, vol. ii., p. 361. [Coiṁa, a bribe, is yet used in the phrases i gcoiṁa, *pron.* i g-cú = in exchange for ; ċuirfinn, £20, i gcoiṁa an ċapaill sin = I should not wish to lose that horse for £20. To express same idea, the verb ceaduiġ, permit, is also used, ní ċeadóċainn ar £20 é. In some places a corrupted form (?) of this verb, ceidniġ, or creidniġ, is heard.—E. O'G.]

Digitized by Microsoft®

42. 'Allaidh Beirneach', amhrán as Ard Mhacha, IG Márta 1893

[28] Tá tagairt don litir i mbunachar idirlín Chiaráin Uí Dhuibhín, 'Tagairtí do Ghaedhilg Oirthear Uladh' i.e. [Ps. J H Lloyd] *An Gaodhal* 9:1 (1/1892) 153 (Litir re East Ulster Irish; ref Nollaig Mac Congáil). *smo.uhi.ac.uk/~oduibhin/oirthear/biblio.txt,* ceadaithe 10 Aibreán 2020.

Síníonn sé é féin leis na litreacha S. H. L. In eagrán na Bealtaine 1893 tá píosa eile, dán diaga, ó Lios Liath in iar-Ghaeltacht Ard Mhacha, ‘Sgaball Mhuire’. Mar a deir an nóta, dheachtaigh seanfhear, Maitiú Maglaeid, an ortha dó. Léiríonn na nótaí go raibh eolas éigin ag Seosamh faoi Ghaeltacht Chuailgne agus faoi Ghaeltacht na Speiríní faoin am seo.



[We have much pleasure in transferring this characteristic article, written by one of the raciest Gaelic writers and speakers it was ever our privilege to know.]

ARMAGH GAELIC.

SGABALL MHUIRE, 7c.

[Ar n-a sgríobaḋ síos leis an sgríbneoir féin, i Lioslíaṫ Contae Árd-ṁaċa ó béal sean-ḟir dar bainm Maitiú Maglaeid.]

Ċuaiḋ Muire agus a Mac amaċ ’sa lá.
Ḃí an sgaball léiṫí in a láiṁ ḋeis. Ṫug sí é dó Ṡíomon.
“A Ṡíomoin,” ar sise, “ní’l éinneoċ fir ná mná,
D’a n-iomċarfaiḋ mo sgaball mar is cóir,
Nać m-béiḋ séala agam ar a anam ins an ġlóir.”

A Ṁaiġdean ġlórṁar, ṁoḋṁar, ṁaiseaċ,
Buḋ tú ar lón agus ar stór, agus ar seisgeál,
Agus ar réalt eoluis roṁainn gaċ bealaċ,
Ar ġleann na n-deor so tóg muinne fearsa.
Crios a d-tainic Dia as.

Ní’l éinneoċ fir ná mná,
D’a n-déarfaiḋ é gaċ tráṫ,
Naċ ḃ-feicfiḋ Muire trí h-oiḋċe roime le n-a m-bás;
Trí pianta Prugadoir’ ḃearfas sé mur n-anam dó Dia agus dó Ṁuire.

léiṫí = aici. éinneoċ (ayny’ō) = éinneaċ. seisgeál = soisgéal. muinne = sinne (emph. of muinn = sinn). aifrinn (ĕrhin) = aifrinn. ċaraiḋ = ċara. teana = déana, déan. ċasaiḋe = ċasaoiḋ. faosaiḋe = faoisidin. aige = ag. h-oiḋċe = h-oiḋċiḋ. roime le = roiṁ (so also dearc roime leat sol ma léimfiḋ tú = feuċ roṁat sol a léimfir). Prugadoir’ = Purgadóra. ḃearfas (vărhŭs) = ḃéarfas. dó = do. mur = ḃur. iomċarfaiḋ (umpŭree), *will wear.*

Pronunciation—ó, usual sound in ṁoḋṁar, lón, stór, eoluis, roṁainn, n-deor, tóg, treoir; like *a* in *fall* in dó, cóir, ġlóir, ġlórṁar (ghlaurŭr), ġlórṫaib, tóir.

Sh is silent in Shíomon, Shíomoin, and ḋ in ḋ’á.

éa = ia in séala, réalt.

Chuaiḋ = *fie* (more usually *foo-ee*, as in Connaught).

Termination : -aib = *ee* in ġlórṫaib, féilteaċaib.

Cheadaoine = ghĕdhĭnă. ṁaiseaċ = wŭshah. aon = ŭn.

Faosaiḋe almost like *foosĭdy’ă.* In the Irish still surviving in Oirġialla (Cuailgne), and also in Tyrone, ao has a very strange sound, somewhat like *oo*, which appears to be intermediate between ú and the French *u*, but is very distinct from both.* Oiḋ- of oiḋċe and ċoiḋċe has the same sound. á and a (long and short) all through as in the South and West, except ann = enn, and as = ess; -eál of seisgeál, like *-al* in *valley.*

S. H. L.

[* This sound of ao is the ordinary one in parts of Donegal, and in Scottish Gaelic.—Ed.]

43. ‘Sgaball Mhuire’, (ortha, Ard Mhacha) IG Bealtaine1893

Tá go leor leaganacha de ‘Sgaball Mhuire’ ar fáil, ceann acu in *Dánta Diadha Uladh*, díolaim Énrí Uí Mhuirgheasa (1933:122-123). Fuair seisean i dTír Chonaill é. Déanann sé tagairt don leagan thuas ach cuireann na ceannlitreacha S. H. L. mearbhall air. Seo sliocht as an tagra:



Cuireaḋ leagan ó Lios Liaṫ, Co. Árdmaċa, i gcló i n-Irisleaḃar na Gaeḋilge, Bealtaine, 1893. “S.H.L.” (An Laoideaċ?) a soláṫruiġ agus a d’ḟoillsiġ é; aċt tá cúpla ceaṫraṁa d’aṁrán eile measgṫa leis sa leagan sin.

44. Tagairt ag ÉÓM, *Dánta Diadha Uladh*, (1933:122-123).

3.7 An Dall Mac Cuarta

Bhí alt fada ar an Dall Mac Cuarta aige in IG Samhain1893 mar réamhrá don amhrán ‘Rós bhán deas’. Scríobh sé síos an t-amhrán ó bhéalaithris seanmhná,

Allaidh Nic Mhurchú, a thug amhráin eile dó chomh maith, ina measc ‘Allaidh Beirneach’, amhrán atá luaite thuas. Sa réamhrá don phíosa seo tá faisnéis luachmhar faoin bhfile. Is dócha gurb é an réamhrá don amhrán seo an chéad phíosa próis sa Ghaeilge a d'fhoilsigh sé. Seo sliocht as tús an ailt:

> Cia'r b'é an Dall MhacCuarta? File oirdhearc árd-chlúiteach dob' eadh é dar dúthaigh Cuailgne i g-Contae Lughmhaighe. Ba chara agus ba chompánach é do Thoirdhealbhach Ó Cearrbhalláin .i. an file ba mhó cáil agus clú i d-tosach na h-aoise ceo chuaidh thorainn. Ní thugthaoi Dall air ar d-tús. Dob' ainm dílis do Séamus (Mac Cuarta) agus níor chaill sé amharc a shúl nó gur imthigh air an tionóisg ar a n-déantar trácht geárr gann annso.

Ba ghnách an fleiscín a chur idir an t-urú agus an túslitir sa phrós nua ach éiríodh as an gcleachtadh níos déanaí sna 1890í, toisc b'fhéidir nár lean Atkinson de ina leagan de *Trí Biorghaoithe an Bháis*. Tá ársaíocht áirithe ag baint lena stíl scríbhneoireachta. Is follas go leanann sé córas gramadaí agus litrithe atá leanúnach agus cruinn tríd is tríd. Tráchtann sé go heolach ar leabhar Shéamais Uí Argadáin, *Irish Minstrelsy, or Bardic Remains of Ireland,* ina raibh an t-aon dán de chuid Mhic Cuarta a bhí i gcló ag an am.

Bheadh go leor leaganacha éagsúla de ‘Rós bhán deas’ i gcló ar ball. Cé go nglacfaí gur chum Mac Cuarta an dán bunúsach, shleamhnaigh véarsaí as amhráin eile isteach. ‘Caoin Róis’ an teideal atá ag Ó Muirgheasa air (1934:114). Ní dhearna sé tagairt ar bith don leagan seo, ná níor admhaigh sé gurb é Mac Cuarta a chum. Tá leagan eile fós ag Tomás Ó Máille (1915:217-218) ar ar thug sé ‘Róise Ní Raighilligh’. Ceadaíonn seisean gurb é an Dall Mac Cuarta a chum.


Ros bán deas.

Dall MacCuarta no can.

Si mo Rós bán deas
An naoide(1) is áille,
D'a b-faca mé(2) go póill,
S-a b-fuil naoi b-páille(3)
De chíoc na Páille
In a leacain mar an nós.

45. Véarsa as ‘Rós bhán dheas’ (Ard Mhacha), IG Samhain 1893

3.8 Seosamh Laoide, Conraitheoir

Bhí Seosamh ag obair i gcónaí in Oifig an Iniúchóra. Ag an dara cruinniú den Chonradh ceapadh é féin agus Seán Ó hÓgáin mar chomhchisteoirí. Bhí taidhleoireacht agus timireacht le déanamh chun craobhacha nua a bhunú thíos faoin tír. Bhí sé i mbliain na céime i gColáiste na Tríonóide chomh maith. Deir Bairéad (1945:130):

> Níor thóig sé aon chéim, agus b'é an Senior Sophister an sgrúdú deireanneach a bhain sé amach (sa Hilary Term 1894).

Tá Bairéad lándearfa nár thóg sé céim, ach, ag féachaint domsa ar na socruithe do scrúduithe an Senior Sophister ar leathanaigh 1 go 3 den Fhéilire don bhliain sin (Coláiste na Tríonóide, 1894:1-3), féilire atá ar *archive.org*, sílim go raibh na scrúduithe ar fad ba ghá do chéim idir Eanáir agus Aibreán sa Hilary Term.

Deir mo stiúrthóir tráchtais, an Dr. Mac Gearailt, i nóta: **'**B'shin an bhliain dheireanach den chlár BA, nó b'ea nuair a bhí mise sa choláiste. Má b'ea sna 1890í, bheifeása ag tagairt do scrúdú na céime, agus mar sin sin bheifí ag súil go mbeadh céim ag Seosamh?' Ar chaoi ar bith, bhí oideachas ollscoile go leibhéal céime aige, ach do shoiléiriú níor mhór féachaint ar thaifid an Choláiste arís.

Ina theannta sin ar fad, bhí obair gan teorainn le déanamh san Ardchraobh, ranganna a reáchtáil agus a mhúineadh, imeachtaí a eagrú, cainteanna a thabhairt. Tá an méid seo ag Bairéad:

> Bhíodh sé go dícheallach freisin ag cruinnithe seachtainiúla na craoibhe i mBaile Átha Cliath, agus tá sé curtha síos gur léigh sé páipéir ar 'Technical Terms' (Samhain 29 1895), agus ar 'Úr-Chill an Chreagáin, Ulster poem,' (Bealtaine 15, 1896) agus ar 'An tSean-Bhean Aosda' (Donegal Song)' (Meitheamh 12, 1896) ós a comhair. Bhí sé de bhuadh aige gur fhéad sé amhráin a ghabháil i nGaedhilg, agus ba nós leis sin a dhéanamh do'n chraoibh, agus 'Péarla an Bhrollaigh Bháin,' uaireannta aige (1945: 132).

In IG Feabhra 1894, bhí dhá cholún aige, e.g. 'Proverbs sent by Mr. Lloyd', de sheanfhocail agus sean-nathanna, mar Roinn V de ghné-alt de chuid Uí Ghramhnaigh, 'Popular proverbs'. Tháinig siad ó Ard Mhacha, ó Lú, ón Mumhain (Corcaigh agus Béarra), ó Chonnachta (Gaillimh agus Maigh Eo). Chiallaigh na foinsí, sílim, gur leathnaigh sé a thaisteal ó bunaíodh an Conradh, is dócha chuig na craobhacha nua.

3.9 Gaeilge na Mumhan

Ag ceann de na ranganna d'aithris Pádraig Ó Briain scéal Fiannaíochta, 'Eachtra ar Fhinn agus ar mhnaoi Bhearcháin'. Ba chlódóir agus foilsitheoir Ó Briain (c. 1848-1913) agus ba Ghaeilgeoir ó dhúchas as ceantar an Sciobairín é. Chuala sé an scéal agus é ina ghasúr. Dheachtaigh sé don Laoideach é thar Nollaig na bliana 1893. Foilsíodh é le nótaí ó Sheosamh in IG Márta 1894. Ba shampla den scoth é de Ghaeilge iarthair Chúige Mumhan.

In eagrán Meán Fómhair bhí nóta aige ar ordóg feasa Fhinn. Bhí sé ag cur aithne ar Ghaeilge na Mumhan le tamall anois. Deir Bairéad:

> I dteannta an méid eile a bhí ar siubhal aige, bhíodh sé ag sgríobhadh chuig daoine ar fud na tíre...Ortha seo bhí Pádraig Ó Laoghaire...Is mór an chuimse litreach a thriall idir an bheirt, agus chuaidh an Laoideach ar cuairt chuige ina bhaile dúthchais ar na h-Aodhairí, cúpla uair.

3.10 Eagarthóireacht shealadach in 1894

D'fhógair fógra in eagrán Iúil 1894 nach raibh an tAthair Ó Gramhnaigh ar fónamh agus go mbeadh 'Mr. J. H. Lloyd' ag feidhmiú ina ionad. Mhair an ionadaíocht ar feadh dhá eagrán, Iúil agus Lúnasa 1894. Ba ghné-ailt sheasmhacha agus leanúnacha, míreanna de shraitheanna, an chuid is mó den ábhar. Bhí scríbhneoirí nua agus athbheochanóirí nua ag teacht ar aghaidh. Chuir an tAthair Mícheál P. Ó hIceadha (1861-1916) dorn scéilíní i nGaeilge na nDéiseach isteach a bhailigh sé féin. Bhí samplaí de Ghaeilge na Mumhan i bhfoirm scéil, 'Diarmuid an Stoca', ag an Athair Peadar Ó Laoghaire i mí Iúil. In eagrán Lúnasa bhí scéal eile, 'Micheál na Buile', aige. Ba iad seo, go bhfios dom, na chéad phíosaí a chuir an sagart i gcló.

Ar an ábhar seasmhach agus leanúnach, a lean ó eagrán an Mheithimh, bhí 'Simple lessons in Irish' leis an Athair Eoghan Ó Gramhnaigh, 'Anecdota from Irish manuscripts' (as Leabhar Laighean) le Kuno Meyer, agus sraithscéal Gaeilge ('A story in Kenmare Irish') dar teideal 'Bearna Dhiarmada i gCiarraighe', nach luaitear aon údar leis ach gur dócha gur ó Phádraig Ó Briain, an clódóir, a tháinig sé. Bhí scéal béaloidis ó Chonnachta ann freisin a shín thar cúpla eagrán—'Dónall Dubh agus bradán mór Loch Rí'—a chuir bailitheoir darbh ainm Páidín Rua Ó Ceallaigh isteach.

Bhí amhrán grá nuadhéanta agus dea-dhéanta, ‘An chéad lá riamh’ san iris ag an gCraoibhín i mí Lúnasa. Bhí iarracht an-mhaith eile ann, aistriúchán a rinne ‘Pádhraic’ ar ‘When he who adores thee’, amhrán Moore. Bhí leagan fada den ‘Spailpín fánach’ in eagrán Iúil, a chríochnaigh mar seo, véarsa a seacht:

> Dá d-tigeadh an Franncach a nall thar chaladh
> ’S a champa daingean láidir,
> Agus Bóic Ó Gráda chugainn a bhaile
> ’s Tadhg bocht fial Ó Dálaigh,
> Do bheidh (sic) barracks an righ go leir dá leagadh
> Agus yeomen again dá g-carnadh,
> Clanna Gaedhil gach am dá d-treasgairt,
> Sin cabhair ag an Spailpín Fánach.

Iarsma den Seacóibíteachas, ar ndóigh, ach síolchur b’fhéidir chomh maith don réabhlóideachas a léireodh é féin scór bliain ar aghaidh! Níor athraigh mé téacs an véarsa ach an séimhiú a léiriú trí ‘h’ seachas trí phonc. Tabhair faoi deara ‘a nall’ do ‘anall’ agus ‘a bhaile’ do ‘abhaile’. An é seo ‘a’ agus feidhm ‘de’ nó ‘do’ aige?

Bhí leathanach nótaí ag Seosamh san eagrán céanna, 'Notes and Queries', ag freagairt ceisteanna a cuireadh isteach chuig Eoghan Ó Gramhnaigh, agus blúiríní nuachta faoi imeachtaí ar fud na tíre. Bhí go leor bailiúchán seanfhocal ag teacht isteach. Seachas ‘Notes and queries’, a bhí sa Bhéarla, níor fhoilsigh Seosamh ábhar ar bith a scríobh sé féin nó a bhailigh sé sna heagráin a bhí faoina chúram mar eagarthóir sealadach. ‘Ná déan nós, ná bris nós’ ba pholasaí dó san ionadaíocht sin.

3.11 *Séadna* agus an Laoideach

Sa dara leath de 1894 bhíodh caibidlí de *Séadna* leis an Athair Peadar Ó Laoghaire ag teacht isteach go rialta. Tá siad ann a dúirt gurb é *Séadna* an chéad úrscéal Gaeilge. An chonspóid sin i leataobh, d’éirigh leis saothar fada próis a chur le chéile, agus chuidigh eagráin rialta IG leis é sin a dhéanamh i mblúirí tathagacha mar a chuidigh tréimhseacháin eile úrscéalta mórscríbhneoirí an Bhéarla agus teangacha eile a shaolú.

Luann na cuntais léirmheastacha ar fad geall leis an bhaint a bhí ag Laoide le foinsí *Séadna*. Choimeád sé na litreacha a fuair sé ón Athair Peadar agus ó chomhfhreagraithe eile. Thaisc sé féin nó a dheartháir William iad san Acadamh

Ríoga. Tá sleachta as na litreacha ina aiste ag Ciarán Bairéad (1945:143-136), na cinn ina luaitear *Séadna* san áireamh (1945:134-136). Tá an comhfhreagras céanna ag Liam Mac Mathúna sa réamhrá dá eagrán criticiúil de *Séadna* (1987: xvi-xviii). Deir Bairéad (1945:134):

> Sgríobhadh iad ar fad ó Chaisleán Ua Liatháin, agus is inspéise an t-eolas a thugaid dúinn ar an gcaoi a dtáinig '*Séadna'* ar an saoghal.

Scríobh Seosamh chuig an Athair Peadar ag iarraidh téarma do 'Jack o' the Lantern', solas fosfarúil ar phortach nó ar riasc istoíche a bhogann ó áit go háit. Seo an freagra a sheol an sagart ar ais chuige:[29]

> Deardaoin 23/8/94.
>
> A Sheosaph, a chara,
> Tháinig chúgham do cheist i dtaobh Jack o' the Lantern. Do scrúduigheas mo chuímhne go ró-chruinn **7** seo duit dá bhár. Curuigheacht **7** dachad bliaghain ó shoin do chloiseas sgéal dá innsint aig duine gan Bhéurla. 'Seadhna' b'ainm do chura *(hero)* an sgéil sin. Do chríochnuig an t-eachtra leis na focalaibh seo 'D'imthigh sé ansan **7** d'arduigh sé tene leis agus tá sé 'na Jack o' the Lanther ó shoin. Nár dhóich leat, as san go raibh 'Seadhna' trath mar ainm air Jack?.... Bíodh do rogha agad de na trí hainimneachaibh-si: Seadhna, Rígh Solus, Measgán Mearaighe...

Ní bhfuair Seosamh an téarma a bhí uaidh ón Athair Peadar. De réir fhoclóir Uí Dhuinnín is ainm pearsanta Séadna nó is cineál aicille meadarachta é. Níl 'seadhna' aige ná ag Ó Dónaill. 'Seán na gealaí' agus 'Tine ghealáin' atá ag de Bhaldraithe. Thosaigh Seosamh a réamhrá do 'Páidín Ó Dálaigh' as *Sgéaluidheacht na Mumhan*, le Pádraig Ó Laoghaire, a chuir sé in eagar, mar seo:

> As a folk story, it is very popular in Munster. The most usual róle it fulfils amongst the Southern peasantry is as an explanation of the origin of the Jack o' Lantern... Father O'Leary's 'Séadna' is founded on a similar version of the tale—at least, although that genial sagart has woven other folk-tales also into his narrative—the story from which he started, and which may be described as the groundwork of 'Séadna'—is the Jack o' Lantern tale.

Mar a deir Liam Mac Mathúna (1987: xviii), 'níorbh annamh ina dhiaidh sin an tAthair Peadar ag admháil na comaoine a chuir Seosamh Laoide air'. Pé suáilcí a bhí ag *Séadna* mar litríocht agus ag *Simple Lessons* Uí Ghramhnaigh mar ábhar foghlama, bhíodar i dteannta a chéile in IG i ré eagarthóireachta Mhic Néill ó

[29] R.I.A. 4B 43(a) 6-7.

Fhómhar 1894 ar aghaidh agus chiorraigh siad an spás a bhí ar fáil d'ábhar eile go mór. Seans gur míniú é sin ar ghanntanas ábhair ón Laoideach san iris sa *fin de siècle* ach is fíor freisin go raibh a lán ar siúl aige, go háirithe in Ard Mhacha agus i gCo. Mhuineacháin.

I mí an Mhárta 1895 bhí nótaí aige ar an ‘Spailpín fánach’ ó Iúil na bliana roimhe sin nuair a bhí sé ina eagarthóir sealadach agus an mhí chéanna bhí anailís fhada aige ar an bhfrása nó an briathar easnamhach 'D'fhóbair'. I mí an Mheithimh chuir sé amhrán agus an ceol leis, ‘Coillte glasa an Triúcha’ isteach. Fuair sé an t-amhrán seo ó bhean san Iúr, Máire Nic Mhurchaidh. Ghléas P.W. Joyce an ceol dó, as cnuasach Bunting.



46. Amhrán Oiriallach: ‘Coillte glasa an Triúcha’, IG Meitheamh 1895

In eagrán Dheireadh Fómhair 1895, bhí aiste ag Eoin Mac Néill, ‘Irish in the Glens of Antrim’, faoi chuairt ghearr a thug sé ar na Gleannta. Bhí forbairt ar an aiste seo ag an Athair Eoin Mac Fhirléighinn agus ag Rose M. Young (Róis Ní Ógáin), a scríobh faoi Ghaeilge Reachlainn, agus ó Sheosamh (Mr. Lloyd) ar léacht Mhic Néill a lean ar aghaidh go heagrán na Nollag 1895. Bhí an Laoideach sásta gur chruthaigh Mac Néill gur leagan de Ghaeilge Uladh a bhíodh á labhairt sna Gleannta agus nár Ghaeilge Albanach í. I mí na Nollag freisin toghadh é mar chisteoir don Chonradh—post gan roinnt—ní raibh aon chomhchisteoir aige an turas seo.

3.12 Fearnaigh agus Énrí Ó Muirgheasa

Bhí Seosamh i mbun timireachta go hoifigiúil agus go neamhoifigiúil tamall fada sular thosaigh Tomás Bán Ó Concheanainn (1870-1961), an chéad timire oifigiúil, ar a chamchuairteanna i gConnachta, mar is léir ó mheamram in IG Eanáir-Feabhra 1896 faoi bhunú craoibhe den Chonradh i bhFearnaigh, Co. Mhuineacháin. Bhí sé ag an gcruinniú bunaithe thar ceann an Choiste Gnó.

Sa sliocht seo thíos, as léirmheas ar leabhar an Laoidigh, *Sgéalaidhe Oirghiall* .i. *Sgealaidhe Fearnmhaighe agus tuilleadh leis* (1905), IG Bealtaine 1906, mhínigh Énrí Ó Muirgheasa mar a tháinig Seosamh go Fearnaigh ar dtús:

> ..... I was almost beginning to despair when I got a letter from Mr. Lloyd whom I had not known before saying that Father O'Growney had informed him of my desire to get someone to collect the Irish folklore of Farney and that he was willing to undertake the work. Mr. Lloyd came and no more painstaking and diligent gleaner could be found....

47. ÉÓM: clúdach a bheathaisnéise, 1974

Mar a luamar i gCaibidil 1, d'ullmhaigh Peadar Ó Casaide agus an tAthair Frainc Ó Muirgheasa dhá leabhrán, ceann i nGaeilge agus ceann i mBéarla, d'Éigse Fhearnmhaí i 1974. Bhí an tuairisc thíos, a thugann beophictiúr dúinn den Laoideach i mbun oibre, sa leabhrán Béarla (Ó Muirgheasa/Ó Casaide, 1974:6-7). Scríobh sé an litir a luann Énrí thuas chuig 'Mr. Henry Morris, Cashlan East, Carrickmacross, Co. Monaghan'. Bhí an sráidbhaile seo tuairim is naoi míle ó Charraig Mhachaire Rois i dtreo Bhaile na Lorgan, agus níos lú ná dhá mhíle ó Lios Dúnáin, ina raibh an scoil ina raibh Énrí ag múineadh mar mhonatóir. Bhí feirm bheag ag athair Énrí, Lúcás, sa Chaisleán Thoir.

The letter from Mr. Lloyd began this way:

> Dear Sir,
> A few months ago, Mr. Patrick O'Leary* showed me a letter he received from you in reference to his forthcoming book and a few other matters. Among the latter I remember your mentioning that many of the people of the district in which you reside, especially the elderly people, spoke Irish. If we want to preserve a knowledge of all its peculiarities, we should note them down ere it disappears. If you could give me the names of people who speak Irish and especially those who have songs and stories, I would be much obliged to you. I would thank you also for information as to what place would be the best to stop at, so as to reach such people most conveniently.

*Féach gurb é Pádraig Ó Laoghaire a thaispeáin litir Énrí do Sheosamh. Leanann an cuntas ar aghaidh:

> This letter was dated October 16, 1895. Ten days later Lloyd arrived by train to Carrick and cycled to Cashlan where he stayed in Morris's till the following day. Soon after he arrived Thomas Martin and Owen Byrne ('The Navvy') came in and later Tom Corrigan. He wrote down two songs from Tom Corrigan and several pieces from Owen Byrne. The next day Henry brought him to Cairgeach Lios na nAirni where he took down two songs from Thomas McGroder before returning to Dublin. Lloyd came back the following weekend and this time Tom Corrigan told him the long story called 'An Bacach Mór.'
>
> On the Sunday morning he accompanied the Mass-goers to the chapel but did not go in as he was not a Catholic. During the day he met Tom Corrigan, Johnny Kinlin, Tom Martin and Neddy McGroder (Neidi Mhichil). In the evening Henry went with him as far as Carrick from which he travelled to Dundalk by bicycle to catch the 7.30 train.



48. 'An Fear ar an Roth', 1895

Seacht míle déag a rothaigh sé ó Charraig Mhachaire Rois go Dún Dealgan. Níor mhór é a áireamh ar 'Fhir na Rothar', na fir a bhí a bhí ina haigne ag Alice Milligan nuair a scríobh sí a dán faoin bhfear ar an roth.

> Lloyd must have been a really keen collector for he was back again in Cashlan the following Sunday to meet Thomas Ward, Henry's uncle, and Tom Corrigan. After leaving two Irish prayer-books and two of the previous year's reports of the Gaelic League he set out walking to Carrick to catch the mail car to Dundalk. What pleasure and satisfaction he must have got from meeting and recording the speech of those men, some of the last of the Gaelic speakers of Fearnmhaigh. He must have transmitted a lot of his enthusiasm to Henry and his neighbours for within two weeks the first meeting regarding the establishing of the Gaelic class was held in Lisdoonan School (Ó Muirgheasa/Ó Casaide, 1974:6-7).

Cuireann Séamas P. Ó Mórdha (1915-2005) síos ar na leabhair a tháinig as obair an Laoidigh i bhFearnaigh in aiste, 'Saothar Énrí Uí Mhuirgheasa', in *The Clogher Record* (1975:234)*:*

> .... Sa bhliain 1901 d'fhoilsigh Seosamh Laoide leabhar beag *Sgéalaidhe Fearnmhuighe* ina bhfuil le fáil bailiúchán de scéalta a scríobh sé síos ó bhéalaithris Thomáis Ui Chorragáin agus Thomáis Mhigruadair a raibh cónaí air i gCairgeach Lios na nAirne in aice le Cúl an Bhile. Sa bhliain 1905 d'fhoilsigh an Laoideach leabhar níos toirtiúla dar teideal *Sgéalaidhe Oirghiall* .i. *Sgéalaidhe Fearnmhaighe agus tuilleadh leis.* Sa leabhar seo tá le fáil arís bunús an ábhair a fuair sé ó Thomás Ó Corragáin agus ó Thomás Magruadair agus a foilsíodh cheana féin i *Sgéalaidhe Fearnmhuighe* mar aon le hábhar breise a bhreac sé sios ó dhaoine mar Lucás Ó Muirgheasa, athair Énri, i gCaisleán Thoir, ó Shéamas Ó Crualaíoch, Inis Caoin, ó Mhícheál Ó Cathaláin i gCaisleán Thoir, ó Eoghan Mac an Bhaird, Cúl Fuar, seanathair Enrí, ó fhear darbh ainm Fionnagáin de bhunadh Mhachaire Chluana. Lena chois sin tá ábhar sa leabhar a scríobhadh síos i ndeisceart an Chabháin, i ndeisceart Ard Mhacha, agus i dtuaisceart Lú.

Ar ndóigh bheadh na scéalta agus an seanchas seo i gcló ag Seosamh in IG nuair a bheadh sé féin ina eagarthóir ar an iris. Ba cheannródaí é i mbailiú eolaíoch an bhéaloidis. Mar a scríobh Bairéad (1945:132):

> Bhí sé ar na chéad daoine a thuig chomh tábhachtach a bhí sé na sgéalta agus na h-amhráin agus gach cineál béaloideasa a sgríobhadh síos ó na sean-Ghaedhilgeoirí sul a mbeadh sé ró-dheireannach.

Mar thoradh láithreach ar na turais seo go Fearnaigh bhí aiste an-fhada seacht leathanach aige in IG Feabhra/Márta 1896, eagrán dúbailte, agus an fuílleach in eagrán Mhárta, dar teideal 'Irish in Monaghan County'. Tá go leor tagairtí do Fhearnaigh agus a phobal aige san aiste sin agus gabhann sé a bhuíochas leo. Scrúdaigh sé canúint bharúntacht Fhearnaí agus go speisialta foghraíocht na canúna ansin. Leanann scéal samplach ó Thomás Ó Corragáin, 'Crann donóige', an grinnscrúdú. Is é an t-aistriúchán a rinne an Laoideach ar 'Crann donóige' ná

'The lot of a luckless woman'. Is téama idirnáisiúnta an óinseach (donóg) nach féidir léi meafar a chiallú. Seo sampla:

> '...Má bhíonn tú liom, tarraing an dorus in do dhéidh!' (an fear céile).
> D'imthigh siad leóbhtha go rabh siad ag dul trasna cloidhe. Nuair a chuaidh an bhean trasna, rinn an dorus torann mór.
> 'Goidé siúd?' adeir sé.
> 'Ó, an dorus,' adeir sí. 'Nár 'ubhairt tú liom an dorus a tharraint 'mo dhéidh?'

Ar ndóigh, bíonn an bua ag an óinseach ag ceann scríbe. Ní raibh an scéal seo i *Sgéalaidhe Fhearnmhaighe* ach tá sé i *Sgéalaidhe Oirghiall*. Bhí amhrán aige chomh maith ó fhile áitiúil, Aodh Ó Mallaile, a dheachtaigh Tomás Ó Corragáin dó dar tús 'A Dhia láidir....'. Is aoir chliste atá ann ina n-impíonn Ó Mallaile ar fhir óga gan pósadh róluath. Mar a deir sé faoi féin: 'Sé an fáinne a rinne tráill díom is a d'fhág mé caithte críon.'

I mí na Bealtaine bhí scéilín ó scéalaí eile, Mícheál Ó Cathaláin, 'darab áit chomhnuidhthe an Caisleán, i ngar do Charraig Mhachaire Rois' aige, 'Sáith agus fuighleach', faoi bheirt bhan a ghabhadh go tórraimh chun an bia d'fháil. Mhol siad 'cóir na marbh'.

3.13 Comhfhreagras an Laoidigh agus Énrí Uí Mhuirgheasa

'Níl a fhios agam cá mhéad litreacha a scríobh siad dá chéile,' scríobh an tAthair Frainc Ó Muirgheasa (1974:7), 'ach go dtí seo thángthas ar 164 dóibh, idir 1895 agus 1915....'. Tá na litreacha i gcartlann Uí Mhuirgheasa i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Rinne Frainc Ó Muirgheasa innéacs den chomhfhreagras. Bhí sé ina shagart d'ord misinéireachta Chill Téagáin. Chaith sé blianta fada i mBiafra sa Nígéir, ach chuir an cogadh cathartha sa tír sin abhaile é. Bhí scíth aige ansin le heagar a chur ar na páipéir iomadúla a d'fhág a uncail ina dhiaidh. Ní raibh an Ghaeilge aige, deir sé, ná níor sheandálaí é, an dá chatagóir is mó sna litreacha. Tá an leathanach samplach seo den innéacs ábharach don tráth atá á phlé againn:



Lloyd's Letters - 1895 (1) Box 2 Envelope 3 20.

Apart from Nos. 1 & 2 the remainder of the letters in this section are from J.H.Lloyd.

1	19-1	Henry	to P.W.Joyce sending him further dialectical words (2)
2	20-1	P.W.Joyce	thanking Henry for above.
3	16-10	Lloyd	his first letter expressing a wish to come about Irish.
4	21-10	Lloyd	proposes to come to Carrick and wnquires about Lodgings (2 sheets).
5	24-10	Lloyd	(3) suggest he stay at O'Neill's Hotel
6	24-10	Lloyd	thanking Henry for the offer to keep him in Cashlan
7	26-10	Lloyd	thanking Henry for kindness and hospitality at weekend.
8	4-11	Lloyd	Can we do the Crossmaglen side if I go to Culloville?
9	8-11	Lloyd	I wish to meet Corrigan, Kenealy (?) and Martin.
10	11-11	Lloyd	Question for Tom Corrigan on lines in his poems (2 sheets)
11	13-11	Lloyd	Thanks Henry for some sketch. Will stay next time at McGroder's (4)
12	27-11	Lloyd	Wants to meet Tom Corrigan (5) and get more songs.
13	27-11	Lloyd	Was with McGroder and has four versions of Iomann Inse Caoin that do not correspond so must get more versions.
14	11-12	Lloyd	Letter after the inaugural meeting of the Farney Branch of the Gaelic League.
15	21-12	Lloyd	The word "tarsann". MacNeill will speak to the Branch if he is asked.
16	24-12	Lloyd	I'll be down on the 26th. and stay at Cashlan.

49. Leathanach samplach as innéacs Fhrainc Uí Mhuirgheasa de na litreacha a sheol SL chuig ÉÓM.

LLoyd's letters – 1895 (1) Box 2, Envelope 3 20

1	19-1	Henry	to P.W Joyce, sending him further dialectical words
2	20-1	P.W Joyce	thanking Henry for above
3	16-10	Lloyd	His first letter, expressing a wish to come about Irish.
4	21-10	Lloyd	proposes to come to Carrick and enquires about lodgings.
5	24-10	Lloyd	suggest(s) he stay at O'Neill's hotel
6	24-10	Lloyd	thanking Henry for the offer to keep him in Cashlan.
7	26-10	Lloyd	thanking Henry for kindness and hospitality at weekend
8	4-11	Lloyd	Can we do the Crossmaglen side if I go to Culleville?
9	8-11	Lloyd	I wish to meet Corrigan, Kennealy (?) and Martin.
10	11-11	Lloyd	Question for Tom Corrigan on lines in his poem (2 sheets)
11	13-11	Lloyd	Thanks Henry for some sketch. Will stay next time at McGroders.
12	27-11	Lloyd	Wants to meet Tom Corrigan (5) and get more songs
13	27-11	Lloyd	Was with McGroder and has four versions of Iomann Inse Caoin that do not correspond so must get more versions.
14	11-12	Lloyd	Letter after the inaugural meeting of the Farney branch of the Gaelic League.
15	21-12	Lloyd	The word 'tarsann'. McNeill will speak at the branch if he is asked.
16	24-12	Lloyd	I'll be down on the 26th and stay at Cashlan.

Tá ‘tarsann’ (15) ag Ó Duinnín agus ‘(Mon.)’, .i. ‘Muineachán’, taobh lena chiallú; sampla beag eile de thionchar an Laoidigh ar an bhfoclóir sin.

Bhí beartaithe ag Seosamh fanacht ag teach ósta Uí Néill, i gCarraig Mhachaire Rois ach thug Énrí agus a mhuintir cuireadh dó fanacht leo ina dteach féin. Ghlac sé leis an gcuireadh go buíoch, mar bhíodh costais ag déanamh imní dó go rialta. Chuir sé aithne ar shean-Ghaeilgeoirí an cheantair. Dhoimhnigh a chuid eolais faoi Ghaeltacht Oiriall, ina raibh ceantair as Contae na Mí, as Lú, as Muineachán agus as Ard Mhacha.

‘Ní raibh cairdeas mór eatarthu—is minic a bhídís ag troid. Ach arís chuaigh an fear seo i bhfeidhm go mór ar Énrí....’. Sin an bhreith a thug Frainc Ó Muirgheasa (1974:7) ar fhianaise an chomhfhreagrais. Léirigh Énrí féin a chomaoin don Laoideach ina alt sa *Leader* (1939:227).

> He came, and the first effect was on myself, for hitherto I had been learning Irish from books, and, finding such a big difference between the local dialect and the ‘book Irish’, I concluded that the local Irish was as corrupt and ungrammatical as I knew the local English to be. But when I saw Seosamh Laoide, note-book in hand, inquiring about and noting down the Irish for the most commonplace things and actions in a country kitchen, and heard him declare that my neighbour Thomas Corrigan was one of the most grammatical Irish speakers he had ever heard, I began to regret I had let so much opportunity go by of becoming acquainted with *caint na ndaoine.* So I too got a note-book, and from that visit dates the beginning of my collection of proverbs, folk-tales, and songs, of which half a dozen volumes have since appeared in print. I unhesitatingly accord to the late Mr. Lloyd the credit for switching me on to this activity which has ever since coloured a great part of my life.

3.14 Ar son na Gaeilge

Mar chomhfhreagraí bhí Seosamh béasach, foirmiúil, ach oscailte a dhóthain chun solas a chaitheamh ar a shaol oibre in Oifig an Ardchuntasóra i Sráid Amiens, ar a shaol mar scoláire sa Ghaeilge agus mar athbheochanóir. Bhí uaireanta fada oibre aige in Oifig an Ardchuntasóra; bhí air leathlá oibre a chur isteach Dé Sathairn. Nuair nach raibh laethanta saoire aige ní raibh aige ach an Domhnach chun plé leis na seanchaithe i bhFearnaigh. Ar a chostas féin, agus ní bheadh ach tuarastal íseal aige mar chléireach cuntas, a rinne sé an obair seo ar fad ar son na Gaeilge. In 1895 bhí sé tríocha bliain d’aois agus b’fhear singil é.

D’admhaigh sé sna litreacha go raibh de bhuntáiste aige ar athbheochanóirí eile go raibh saorthaisteal aige ón gComhlacht Iarnród mar fhostaí. Bhí traenacha rialta go leor idir Bhaile Átha Cliath agus Dún Dealgan, ach gann go leor idir Dhún Dealgan agus Carraig Mhachaire Rois. Dá mbainfeadh sé Carraig Mhachaire Rois amach, bhí naoi míle eile ar dhrochbhóithre le cur de chun teach Uí Mhuirgheasa sa Chaisleán nó i Cashlan a bhaint amach. Is léir go mbeireadh sé a rothar leis ar an traein go rialta. Fiú nuair a bhíodh carr ar fáil, agus ní gluaisteán a bhí i gceist ach carr cliathánach, dá mbeadh an t-ádh air, nó cairt feirme, bheadh dua nár bheag leis an aistear seo. Go minic bhí siúl fada i gceist. Ba mhinic fliuch báite é agus a bhróga súite tríd is tríd. Freisin, dá mbeadh an t-ádh air suíochán d’fháil ar thraein a bheadh ag rith ó Charraig Mhachaire Rois, d’fhéadfadh moill fhada a bheith i ndán dó i nDún Dealgan.

Ní raibh ciste taighde aige ná maoiniú de shaghas ar bith ach b’fhéidir deontas beag ó am go chéile ón gConradh, nach raibh ar a chosa mar eagraíocht ach dhá bhliain. Níorbh ionadh é gur nocht na litreacha seo a shíorimní faoi chúrsaí airgid. As a phóca féin, seachas taisteal ar an traein, a d’íoc sé costas taistil bhreise agus lóistín nuair ba ghá. Bhí ciste pearsanta aige chun luach saothair beag a thabhairt do na seanchaithe a thug amhráin nó scéalta nó béaloideas de chineálacha eile dó.

50. Stad na traenach i nDún Dealgan

Ba mhór aige an saorlóistín, agus an saoriompar, a chuir Énrí agus Lúcás Ó Muirgheasa ar fáil dó. I litir amháin d’iarr sé comhairle ar Énrí faoi cad a bheadh inghlactha mar bhronntanas ag a mhuintir. Smaoinigh sé féin ar leabhar Gaeilge agus bhí trí cinn ar lámha aige: *Searc-Leanamhain Chríost*, leabhar Thomas á Kempis, aistrithe i 1822, *Eachtra Thoirdhealbhaigh Mhic Stairn*, leabhar

nuafhoilsithe (1893), athinsint ar sheanscéal le Mícheál Ó Coimín agus Pádraig Ó Briain, clódóir, agus *Trí Bior-ghaoithe an Bháis*, leabhar cráifeach le Seathrún Céitinn. Mhol sé *Eachtra Thoirdhealbhaigh Mhic Stairn* dóibh; caint na ndaoine a bheadh ann, i gcomparáid le Gaeilge chlasaiceach an dá leabhar eile.

3.15 Cruinnléargas ar Énrí Ó Muirgheasa

Níl sé cóir amach is amach cur síos ar Énrí mar dhalta an Laoidigh. Bhí an tosaíocht ag Énrí ag fionnachtain na Gaeilge dúchasaí i Muineachán. Mar shampla, i 1895 dheachtaigh Tomás Ó Corragáin 100 líne den 'Dán Breac' leis an Dall Mac Cuarta dó nuair a cheap an seanchaí go raibh sé i mbaol a bháis agus go gcaillfí an laoi seo (Ó Corragáin 1974:38). Bhí Énrí i dteagmháil le maithe agus móra na Gaeilge i mBaile Átha Cliath roimh theacht Sheosaimh go dtí An Caisleán Thoir. Cé go raibh léamh agus scríobh na Gaeilge aige in aois a hocht sa bhunscoil bhí sí ar fad dearmadta aige sna déaga dó, agus b'éigean dó í a fhoghlaim arís ó leabhairíní Uí Ghramhnaigh, deir an tAthair Frainc, a nia, linn (1974:6). Tháinig Laoide chuige ó Bhaile Átha Cliath mar scoláire agus mar údarás ar bhéaloideas, ar cheartscríobh na Gaeilge, agus mar shaoi ar chúrsaí teanga. Is mar fhoghlaimeoir Gaeilge a chuir sé aithne ar Énrí.

Is dócha gur le dea-mhéin agus le fonn cuidithe a cheartaigh Seosamh an Ghaeilge sna litreacha a scríobh Énrí chuige. Tá an chosúlacht ar an scéal nár bhreathnaigh Énrí ar an gceartú mar chabhair ach mar cháineadh agus mar dhíspeagadh. Mar an gcéanna leis na téacsanna a chuireadh Énrí chuige. Ní raibh Énrí buíoch den eagarthóireacht. Bhí Seosamh róbheadaí maidir le cruinneas. Ina ainneoin seo, d'admhaigh Énrí go minic go raibh sé go mór faoi chomaoin ag Seosamh agus gur fhoghlaim sé a lán uaidh. Scríobh Frainc Ó Muirgheasa (1974:8)*:*

> Ó Lloyd d'fhoghlaim sé conas beocht a chur i dteanga a bhí ag fáil bháis, chomh tábhachtach is a bhí sé seo, conas í athbheochan, agus murarbh fhéidir é seo a dhéanamh conas caomhnú a dhéanamh uirthi. Chaithfí an rud a scríobh díreach mar a déarfá é, an chanúint a bheith fíor, an bhrí, an comhthéacs. Nuair a bhíodh Lloyd ag scríobh bhíodh na mílte ceisteanna aige do Tom Corrigan agus do na daoine eile. Cheartaigh sé na litreacha a scríobh Énrí chuige agus chuir sé ar ais iad. Áit-ainmneacha—chaithfí iad seo a chur ar fáil, go mór mór iad siúd a bhí sna scéalta agus sna hamhráin.

Fiú leis an saorthaisteal ón Iarnród, ní raibh sé ar chumas Sheosaimh an oiread ama agus ba mhaith leis a chaitheamh i bhFearnaigh. Bhí an-dua ag baint le bailiú an ábhair; cé nach raibh ach dorn beag seanchaithe i gceist bhí stór mór Gaeilge acu agus bhí Énrí i bhFearnaigh ag giollacht go leanúnach, d'fhéadfaí a rá, do Sheosamh agus é i mBaile Átha Cliath. Cinnte, chuir Seosamh abhaile ar Énrí chomh luachmhar is a bhí an oidhreacht thraidisiúnta i bhFearnaí agus d'oil sé é go críochnúil chun an saibhreas seo a bhailiú agus a chaomhnú ach d'fhéadfadh ag an am céanna gur bhreathnaigh Énrí ar Sheosamh mar chreachadóir, mar dhuine ón Ardchathair a tháinig isteach agus a ghoid ábhar trí leabhar agus na scórtha ailt as an oidhreacht áitiúil. Ar chaoi ar bith chonacthas d'Énrí ar ball beag go bhféadfadh sé féin an obair seo a dhéanamh. D'fhás an dalta as smacht an mháistir. De réir mar a bhí sé ag fáil aitheantais ina cheart féin sea is lú ama agus foighne a bhí ag Énrí bheith ag giollacht do Sheosamh i bhFearnaigh.

Ní hé go raibh bris fhoirmiúil riamh eatarthu. Ba í breith Fhrainc Uí Mhuirgheasa go raibh gaol briosc, sceiteach, sobhriste eatarthu tríd is tríd. Bhí an comhfhreagras achrannach ó am go chéile, is fíor. Laghdaigh an teagmháil de réir mar a bhí cúraimí úra ag brú orthu duine ar dhuine agus mar a chuaigh an saol ar aghaidh.

Maireann an cheist fós: ar mhair cuil éigin a bhí ag Énrí do Sheosamh, go coinsiasach nó go fo-chomfhiosach, na blianta sin ar fad go 1939, cuil a thug ar Énrí, d'aon ghnó nó i ngan fhios dó féin, an oiread sin damáiste a dhéanamh go díreach agus go hindíreach do chlú Sheosaimh san alt sin sa *Leader*, i gcló a mholta?

3.16 Dún na nGall: Pádraig Ó Gallchobhair

Bhí Seosamh ag cruinniú poiblí i mbaile Dhún na nGall ar an 9ú lá de Bhealtaine, 1896. Toghadh Pádraic Ó Gallchobhair, dlíodóir, ina rúnaí ar an gCraobh nuabhunaithe. Bhí an fear seo ina chara dílis do Sheosamh ag an am agus bheadh ina dhiaidh sin, go háirithe sna 1920í tar éis do Sheosamh filleadh ó Shasana. Scríobh Bairéad (1945:132) gur i dteach Uí Ghallchobhair a bhreac Seosamh síos an chuid is mó dá bhailiúcháin de bhéaloideas Thír Chonaill. Sholáthair sé scéal Fiannaíochta,' An triúr gaisgidheach agus na Fianna', do IG Samhain 1896.

Bhí an nóta seo leis:

> I dtig Phádraig Uí Ghallchobhair, dligheadóir, i nDún na nGall, sea sgríobhas síos an sgéal seo de réir mar d'aithris Eoin Maigiantaigh, fear seanchuis, dúinn é. S.L.

Ba é Pádraig Ó Gallchobhair an dlíodóir a d'fhostaigh Pádraig Mac Piarais, B.L. abhcóide, chun Niall Mac Giolla Bríde a chosaint. Cúisíodh an fear seo mar bhí a ainm doléite, i.e. bhí sé i nGaeilge, ar a chairt. Gearradh fíneáil dhá scilling air agus is don achomharc a fostaíodh an Piarsach. An Conradh a d'íoc na costais. Chailleadar an chúis. Ba é seo tús agus deireadh ré an Phiarsaigh mar abhcóide.



51. Niall Mac Giolla Bríde agus, ar dheis, an Piarsach, aturnae

Chosain cúis Mhic Giolla Bríde £100 ar an gConradh, airgead mór sa bhliain 1905. Níor aontaigh Seosamh leis an gcaiteachas sin. Tá sé mar Uimhir a 4 de na bearta de chuid an Chonartha a cháin sé ina dhréachtlitir chuig an gCoiste Gnó sa bhliain 1914. B'fhearr, dar leis, an fhíneáil a fhágáil go héiginnte mar a bhí sé, mar bhonn agóide, ná aitheantas a thabhairt do chóras dlí na Sasanach.


(4) The wasting of £100 or more on the McBride's car business when the matter could easily have been left as it was, in a state of uncertainty & contest. Why recognise English law at all in such a thing?

52. Sliocht féinscríofa as dréachtlitir SL chuig an gCoiste Gnó, 1914

> 4. The wasting of £100 or more on the McBride's car business, when the matter could easily have been left as it was, in a state of uncertainty and contest. Why recognise English law at all in such a thing?

Bhí an chéad tagairt do Thamhnach a' Mhullaigh in IG Bealtaine 1897. Breac-Ghaeltacht soir ó thuaidh ó Leitir Cheanainn ar bhruach Loch Iascaigh a bhí ann. Bhíodh Seosamh anseo mar thoscaire ón gConradh. B'as Tamhnach a' Mhullaigh

do Chonall Mag Eanntaigh. Thug seisean scéilín do Sheosamh a thosaigh mar seo:

> Sifín siubhail do chuaidh thré Éirinn: Geall do bhí idir Domhnall Ó Conaill agus fear os cionn Oifige an Phosta i mBaile Átha Cliath go gcuirfeadh sé sgéala fa chionn ceithre n-uair bhfichead thríd Éirinn ó chionn go cionn...

Bheadh a lán eile ag teacht ó Thamhnach a' Mhullaigh agus as Tír Chonaill trí chéile. Ag deireadh mí na Bealtaine 1896, bhí an Laoideach ag cruinniú i dTrá Lí. Diaidh ar ndiaidh bhí sé ag fáil léargais chuimsithigh ar an nGaeilge mar a bhí sí i gcleachtadh ar fud na hÉireann sna 1890í, agus ag méadú a chuid eolais ar na canúintí éagsúla, go céim a d'fhág níos eolaí é sna gnéithe seo ná duine ar bith eile sa Chonradh ag an am.

3.17 Greann na Gaedhilge 1897

Bhí eagarfhocal ó Eoin Mac Néill in eagrán Eanáir 1897 leis an gceannteideal 'Greann na Gaedhilge'. Thosaigh sé mar seo:

> Atá súil againn, as so amach, go gcuirfimid ós comhair luchd léighte an Irisleabhair, gach mí má's féidir, giotaidhe gearra geura grinn Gaedhilge, idir phrós agus dán...An ríogh-sgoláire sin, Seosamh Laoide, do chuir chugainn na sgéilíní so thíos mar thionnsgnamh ar a gcuirimid rómhainn, ar n-a gcur síos dó ó bheul-aithris daoine éigin i dtuaisceart na hÉireann.

Ba é Seosamh mar sin a chuir tús leis an ngnécholún ócáideach seo, 'Greann na Gaedhilge', a thosaigh láithreach le trí scéilín a fuair sé ó Bhrian Mac Seathfraidh: 'An Connachtach agus an muileann gaoithe', 'Oidhche na seacht síon', agus 'Leac le lighe'. Tá an réamhrá seo ag Seosamh roimh an 'An Connachtach agus an muileann gaoithe':

> Is minic muintir gach cúigidh ag magadh fá mhuintir na gcúigeadh eile, agus gach condae ag magadh fá chéile ar an nós ceudna. An Laighneach atá ag maghadh fá 'n gConnachtach de'n chor so.

Seo an scéilín:

> Bhí Connachtach lá ag baint choirce i bpáirc i bhfogus do Bhaile an Gháire, go bhfaca sé uaidh an muileann gaoithe. Shaoil sé gur crois ár Slánaightheóra bhí ann. 'Fan annsin,' ars' eisean, 'go dtabhra mé póg dhó.' Chuaidh an roithleán thart, agus gheárr an puisín dó. 'Ní crois ar Slánaightheóra seo,' ars' é, acht crann tochairdte (e.g. tochais) an Diabhail!'

Bhain an dá scéal eile le leasmháithreacha. Sliocht as nóta Sheosaimh: 'Ughdar Greugach a thug ‘leas-mháthair na long’ ar chuan garbh éigin. Ní fearr an cháil atá ag Gaedhealaibh ar na leas-mháithreachaibh.' An leasmháthair in ’Oidhche na seacht síon’, b’ae ar fad í; ní raibh croí ar bith aici. An buachaill sa tríú scéal, gheobhadh sé ‘leac le lighe’ in ionad suipéir óna leasmháthair siúd.

Bhí an colún sin ann fós nuair a chrom sé féin ar eagarthóireacht IG. D'fhoilsigh an Conradh sraith leabhrán den teideal céanna idir 1901 agus 1907. Ba é Énrí Ó Muirgheasa a chuir le chéile iad. Bhí an léirmheas seo ag Seosamh ar an gcéad cheann (IG Meán Fómhair, 1901]:

> Is mór is ionmholta fear an leabhair seo. Ní fada ó bhí sé (Ó Muirgheasa) 'na thosnuightheoir agus anois atá sé 'na sgriúdaire Gaedhilge. Caint íochtair na hÉireann atá 'san leabhrán so agus í fá eagar mhaith. Tá foclóir i n-aghaidh gach éin sgéilín i ndeireadh an leabhair fhuigfeas furusda é ag lucht Gaedhilge d'fhoghluim. Tá leabhráin bheaga do'n chineál so go mór ó'n tsluagh, agus tá súil aca leo.

Bhí foinse ar lámh ag Énrí do na scéilíní; ba sin an búistéir Aindrias Ó Marcaigh (c. 1840–1924). I mbeathaisnéis Aindrias ar *ainm.ie* deir Breathnach agus Ní Mhurchú gurb é Aindrias 'a sholáthair an chuid is mó de na scéalta a chuir Ó Muirgheasa i gcló in *Greann Na Gaedhilge*, idir 1901 agus 1907’.

3.18 Pádraig Ó Laoghaire.

Sa bhliain 1897 bhí Seosamh san Acadamh Ríoga ag ullmhú leagain den laoi fhiannaíochta, ‘Teacht Laighne Mhóir ar an bhFéinn’. Thras-scríobh sé ó lámhscríbhinn de chuid na Longán í. Is laoi fhada í, dhá scór ceathrúna ann, agus bhí leagan an Laoidigh (mar ‘Mac Tíre’), lena nótaí, in IG Eanáir 1898. Tosaíonn an laoi sin leis an gceathrú thíos:

> Lá dá rabhamar i nDún Baoi,
> Fianna Éireann, líon ár gcuraoi,
> Ag coimeád an chuain, gér dheacair,
> Ó Chairbre lonn Lifeachair.

I nóta faoi Dhún Baoi scríobh sé é seo:

> Dún Baoi: I n-aice Bhaile an Chaisleáin Bhéara atá an dún-sa; mo chradh géar! nach ró-chuimhin liom Pádraig Ua Laoghaire (beannacht Dé le n-a anam!) dom' thabhairt-se

leis dá fheicsin lá breághdha foghmhair, agus sinn araon ag déanamh iongantais de na clochaibh móra atá ann.

Nuair a mheabhraigh an tagairt do Dhún Baoi bás Uí Laoghaire do Mhac Tíre, chrom sé ar tuireamh a scríobh, d'ainneoin go raibh tuirimh i gcuimhne air scríofa agus foilsithe cheana ag Tórna agus ag Osborne Ó hAimhirgín:

> Ar mbeith do'n déantúsaidhe ag cur Laoidhe Laighne Mhóir i n-eagar i gcomhair an Irisleabhair, tháinig uaigneas agus an-chumhaidh air, agus thuit sé comh mór sin i mbrón do dhíth a bhioth-charad agus a bhuan-choigéile gur ghlac a pheann i n-a láimh, agus do ghabh ag deachtughadh dáin go ndeárna an laoi.

Bhí 'Tuireamh Mhic Tíre ar Phádraig Ó Laoghaire' in eagrán Mhárta, 1898. Is deis í seo an Laoideach a mheasúnú mar bhard:

> Och! a bháis ón och! a bháis,
> Nach dtug dá anam iomad spáis:
> D'fhuaduighis leat i lár a lae
> An fear ó n-a bhé, a bháis.

Tá sé seo i mbeathaisnéis Uí Laoghaire ar *ainm.ie*: 'In 1895 phós Pádraig Eibhlín Ní Néill ón gCrompán. Rugadh iníon dóibh timpeall Iúil 1896. Truamhéalach le hinsint, fuair an naíonán Bláthnaid bás cúpla lá roimh Phádraig. D'imigh a bhean Eibhlín go Meiriceá ach ba ar éigean ann í nuair a sciobadh ise chun siúil freisin'.

> Ionmhuin cuairt dúinn ar Dún Baoi,
> Ar a léightear linn 'san laoi:
> Och ón! nár bh'iongnadh linn gach leac,
> Gér mhór, mar do cheap i gcaoi.

Ba mhinic a thagair Seosamh don turas a thug sé le Pádraig go Dún Baoi, fothrach caisleáin in aice le Baile Chaisleáin Bhéarra.

> Ionmhuin lámh ón ionmhuin lámh;—
> Minic do bhreacadh damh an bán:
> Is iomdha sin amhrán binn
> Do sgríobh le n-a linn an lámh.

Mar a chiallaítear sa véarsa seo, bhailigh Pádraig a lán amhrán do Sheosamh. Beimid ag trácht ar chuid acu níos faide ar aghaidh. Seo an ceangal don tuireamh.

> A chara dhil dár radas-sa mo ghrádh go buan,
> Ba thaitneamhach do pheannaireacht ar pár le stuaim,
> S dá cleachtadh agat an teanga shuilt fuair bárr is buaidh
> Le healadhnaibh na seanchadh, na ndámh 's na ndruadh.[30]

[30] Bhuaigh Laoide an chéad duais, £5, le 'A Oisín fhéil is binne glór', laoi Fhiannaíochta dá chumadóireacht féin a chuir sé isteach ar cheann de na comórtais fhilíochta sa chéad Oireachtas in 1897. Tá an laoi agus an fógra seo i gcló in *Imeachta an Oireachtais,*

Tá 43 litir ó Phádraig Ó Laoghaire go dtí an Laoideach i gCartlann an Laoidigh (4B42) san Acadamh Ríoga. Bhí a lán curtha i gcrích aige ina shaol ciorraithe. Deis ar bith a fuair Seosamh mar eagarthóir, chuir sé saothar Uí Laoghaire i gcló. Ba é a chuir atheagar ar na scéalta i *Sgéaluidheacht Chúige Mumhan. Cuid a hAon*, agus a chuir i gcló iad mar leabhráin sa tsraith Leabhairíní Gaedhilge le hAghaidh an tSluaighe.

3.19 Súil siar

I gCaibidil 3 chonaiceamar láithriú an Laoidigh óig mar bhéaloideasaí. Cé nach raibh ann ach tosaitheoir, nocht sé bunsraith dhúchasach Ghaeilge i gCo. na Mí, a d'athbheoigh mar choincheap 'Gaeilge Laighean' agus a leathnaigh an fheasacht go raibh glúin cainteoirí dúchais fágtha fós i dtuaisceart Laighean agus i ndeisceart Uladh. Leanamar a thaiscéalaíocht ar fud na tíre ag cur eolais ar na canúintí éagsúla, agus ag cruinniú ollstóir ábhair a chuirfeadh sé i gcló de réir a chéile in IG agus i leabhair.

Chaitheamar amhras ar ráiteas Bhairéad gur fhág Laoide Coláiste na Tríonóide gan chéim. Is é is dóichí, sílimid, gur shuigh sé na scrúduithe céime in Earrach na bliana 1894 agus gur éirigh leis.

Thaispeánamar go raibh sé ar bhunaitheoirí Chonradh na Gaeilge. Tá cur síos againn ar a thimireacht, ar a shaothar i gCo. Mhuineacháin inar chaomhnaigh sé taisce shuntasach sheanchais ó scéalaí amháin ach go háirithe, Tomás Ó Corragáin. Léiríomar a chaidreamh casta le hÉnrí Ó Muirgheasa.

Chonaiceamar a éabhlóid mar sholáthraí do IG agus, ina nótaí, a fhás agus a fhorbairt mar údarás ar 'chaint na ndaoine'; idir cheartúsáid, chiallú, chomhréir agus fhoghraíocht. Bheadh dreas gearr aige mar eagarthóir ionaid ar an iris i 1894.

I mí Feabhra na bliana 1899 sholáthair sé amhrán, 'Maidin Bhealtaine', a bhreac sé síos ó Eibhlín Ní Fhéaráin as Collann i gCo. Lú. I mí an Mhárta bhí scéal do pháistí, 'Mórnaic Ó Smuilc' aige, nó faoina ainm cleite Mac Tíre. An mhí

1897:'The prize in Competition II was awarded to Mr. J.H. Lloyd for his fine Ossianic poem *'Sealg Beinne Gulbain',* portions of which were read by the author'.

chéanna bhí fógra in IG faoi pháipéar nua dátheangach a bhí le teacht ar an saol go luath, *An Claidheamh Soluis*. Bheadh Eoin Mac Néill ina eagarthóir ar an bpáipéar nua. Faoi Bhealtaine 1899 bheadh Seosamh Laoide ina eagarthóir ar IG.

In Aguisín D (lgh. 302-315), ‘Clár míreanna IG ó Bhealtaine 1899 go Meán Fómhair 1902’, tá miondealú déanta ar an soláthar do gach eagrán ar leith i dtréimhse eagarthóireachta an Laoidigh

Caibidil 4

An Laoideach, eagarthóir irise

4.0 Réamhrá

Ba é saolú ACS in Earrach na bliana 1899 agus ainmniú Eoin Mhic Néill mar eagarthóir a theilg Seosamh Laoide isteach in eagarthóireacht IG. Bhí go leor i gcló aige. Bhí sé údarásach maidir leis na canúintí, agus le cúrsaí gramadaí agus litrithe. Bhí sé i dteagmháil le daoine ar fud na tíre a d'fhéadfadh ábhar a sholáthar don iris. Níos tábhachtaí, ní bheadh íocaíocht i gceist. Tá fianaise i litir[31] a scríobh sé chuig an bPiarsach dar dáta 26 Eanáir 1903, nuair a bhí sé ag iarraidh táille do chnuasach scéalta le 'Conán Maol' a chur in eagar, gur 'i-n aisgidh' a rinne sé eagarthóireacht IG ar feadh dhá bhliain agus trí ráithe:

> 26 den Ghionbhar, '03
> A Phiarsaigh, a chara,
>
> *'An Buaiceas'* a bheas faoi thrácht agam anois. Tá fhios agat gur chaitheas mórán aimsire leis d'á chur in eagar.... Dá mbarr so uile, ceapaim nach ndíolfaidhe as mo shaothar mé—agus an *tIrisleabhar* ar siúl agam san am chéanna i-n aisgidh—ar ní ba lugha na £25—agus iarraim an méid sin ar Choisde na Leabhar mar thuarastal.
>
> Do chara g.b.
> Seosamh Laoide.

4.1 IG i gcúram an Laoidigh

'Tháinig cor i gcinniúint an Laoidigh sa bhliain 1899 nuair a d'éirigh sé as a phost cuntasaíochta agus d'iompaigh i dtreo na Gaeilge mar ghairm. Ní foláir nó bhí sé ar na chéad daoine a chuaigh i mbun obair na hAthbheochana ar bhonn lánaimseartha', scríobh Liam Mac Mathúna (2000/2001:91). Bhí Mac Mathúna ag brath ar alt Énrí Uí Mhuirgheasa sa *Leader* (1939:228), dá thuairim go ndeachaigh Seosamh ag obair go lánaimseartha don Chonradh mar eagarthóir ar IG in 1899. Taispeánfar in Aguisín F nár fhág sé a phost in Oifig an Iniúchóra go dtí Lá Caille 1903. Thosaigh an eagarthóireacht le IG Bealtaine 1899. Bhí treoir san eagrán sin comhfhreagras agus ábhar eagarthóireachta a sheoladh feasta chuig J.H. Lloyd ag 'An Chúil Cham', Binn Éadair.

[31] Letters of Patrick Pearse: NLI MS 21,046-21,097

Rinne sé eagarthóireacht ar eagrán agus dhá scór san iomlán, an dá eagrán a chuir sé in eagar in 1894 san áireamh. Bhí dhá mhí ina thréimhse sheasmhach nuair nár tháinig eagrán amach, Lúnasa 1899 agus Feabhra 1900. Chosain an míosachán réal. Bhí sé leathanach déag ann go hiondúil, dhá cholún i ngach leathanach. Sa chló Gaelach a cuireadh i láthair é. Níor theanga eisiach an Ghaeilge ann ná níor chló eisiach an cló Gaelach. Ní raibh fógraíocht tráchtála inti. Chuaigh na fógraí go dtí ACS. Bheadh imeachtaí an Chonartha á dtuairisciú ag ACS feasta. Bhí comhbhainistíocht ann do IG agus ACS. D'fhág sin nach raibh ar Sheosamh é féin a bhuaireamh faoi dhíol ná faoi sheachadadh na hirise, ná le cúrsaí airgeadais. Tá staidrimh ag Liam Mac Peaircín (2016: 304) a fuair sé i leabhar Chaoilfhinn Nic Pháidín (1998:149):

> Thit ciorclaíocht an *Irisleabhair* ó 657 in 1899 go dtí 460 in 1905.
> Thit sé siar ar fad ar fad chuig 280 in 1909, an bhliain deiridh.

Bainim as na staidrimh sin gur díoladh tuairim is 500 cóip gach mí de na heagráin de IG a chuir Seosamh in eagar. Níor mhéadaigh sé an chiorclaíocht mórán ach níor thit an díol go tubaisteach ina ré ach oiread.

4.2 An soláthar

Mar a chuireamar in iúl i gCaibidil 1, is féidir teacht go furasta ar fhormhór mór na míreanna Gaeilge in IG sa tréimhse atá faoi scrúdú againn, eagráin Bhealtaine 1899 go Meán Fómhair 1902, trí mheán innéacs ARÉ (*irisleabharnagaeilge.fng.ie)*. Tá na téacsanna sa chló Rómhánach agus uimhriú an Chorpais ar na línte.

Feicfear gurb é an Laoideach féin an príomhsholáthraí don iris sa tréimhse seo. Ba é an t-ábhar traidisiúnta, amhráin agus scéalta a bhreac sé síos ó bhéalaithris cainteoirí dúchais ar fud na tíre, croí an tsoláthair. Ba é freisin a thras-scríobh na heachtraí as na scéalta Fiannaíochta agus Rúraíochta. É féin a rinne na léirmheasanna. Ba é thar aon duine eile a nocht seoda na hoidhreachta clasaicí a bhí folaithe i lámhscríbhinní na Longán agus i lámhscríbhinní eile san Acadamh Ríoga agus i leabharlann na bProinsiasach, Cé na gCeannaithe. Bhí soláthraithe agus comhfhreagróirí aige san Ardchathair agus ar fud na tíre agus thar lear. Ní bhíodh leisce ar bith air píosaí feiliúnacha a bhí i gcló cheana in irisí mar *An Gaodhal* (Nua Eabhrac), *Fáinne an Lae* agus an *United Irishman* a athfhoilsiú.

Ní bhíodh eagarfhocail *per se* in IG, cé go mbíodh tráchtaireacht go leor ón Laoideach i nótaí agus i dtagairtí sínithe ag ‘F. an I.’. Ó am go chéile bheadh air alt a scríobh a mbíodh feidhm eagafhocail aige. Bhí scéal faighte ag an gConradh, mar shampla, ó California go bhfuair Eoghan Ó Gramhnaigh bás ansin, scéal a tháinig ‘....'na theachtaireacht teintrigh tríd an gcábla’. Seo sliocht as an nóta méala a bhí aige in eagrán na Samhna, 1899 (v. X:33):

> Faoi cheann lae nó dhó i ndiaidh tuairisge a bháis do léigheadh dhom i bpáipéar laetheamhail seadh fuaras ó'n bposta cóib de ‘Donahoe's Magazine, September’, agus an seoladh sgríobhta (sic) aige féin uirre. Is dearbh liom gur ar leabaidh a bháis do bhí sé, 'gá sgríobhadh dhó. Is é fá ndeara dhó í chur chugam alt do cuireadh innte uaidh féin .i. ‘The House that Jack built’, agus bhí cnaipe shuaicheantais le Connradh na Gaedhilge san Oileán Úr i bhfastódh innte dhá chomharthughadh, agus a lámh mhín gheal ghrádhach féin do chuir an chnaipe sin innte. Is amhlaidh dob' fhiú leis Béarla do chur ar ‘Murchadh Beag agus Murchadh Mór’ sgéilín leanbuidhe do cuireadh i gcló 'san Irisleabhar so, agus m'ainm féin do luadh 'na leith. Mo mhíle truagh nár fhéadas mo bhuidheachas do thabhairt dó tré litir! Tá sin thiar orm go lá na leac! Is deimhin gur sgríobh sé go bás.

Bíodh gur bréagársaíocht stíl fhadálach an Chéitinnigh mar a léirigh sé í, b’fhéidir leis a bhraistintí agus a mhothúcháin a chur in iúl go críochnúil i gcló. Shínigh sé an píosa le 'An tEagarthóir'. Athfhoilsíodh é i *Leabhar an Athar Eoghan* (Ní Fhaircheallaigh 1904:149), gan a nochtadh cérbh é 'An tEagarthóir'.

4.3 An soláthar cruthaitheach

D'fhoilsigh Seosamh ceithre dhuais-scéal as comórtais an Oireachtais le Pádraig Ua Séaghdha, ‘Conán Maol’, in IG sa bhliain 1899, ‘Bean an leasa’ i mí na Bealtaine, ‘An míol mara do leag cíos’ i mí an Mheithimh, ‘Eachtra Risteáird’ i mí Iúil, agus ‘Seaghán agus Mícheál’ i mí Mheán Fómhair. Foilsíodh i gcnuasach iad mar *An Buaiceas* (1903), curtha in eagar ag an Laoideach mar a chonaiceamar thuas. Tosaíonn anailís Aisling Ní Dhonnchadha (1981:30-1) ar ghearrscéalta na Gaeilge leis na ceithre ghearrscéal sin. Ba iad bunchloch na gearrscéalaíochta liteartha iad ina tuairim, an chéad chnuasach ‘gearrscéalta’ dár foilsíodh sa Ghaeilge, mar a chuir sí é (1981:29).

Admhaíonn Ní Dhonnchadha gur dócha go raibh réimsí sásamh léitheoireachta sna scéalta sa bhliain 1899, an draíocht, an mhéaldrámaíocht, rianta an bhéaloidis fiú, an tsamhlaíocht, an deisbhéalaí, an fhadálacht, ríomhadh

gabhlánach an scéil. Ó thaobh na foirme de, dar léi, b'fhíor go raibh modh nua á chleachtadh ag Conán Maol. Luann sí moladh an Laoidigh i réamhrá *An Buaiceas* sa chonchlúid: 'Go deimhin féin, is deacair cuid acu do shárughadh le feabhas inste agus brigh smaointe'. Tá sí deimhin, áfach, 'nach féidir gearrscéalta a thabhairt orthu de réir na tuisceana atá againn ar an bhfocal sin anois'. (1981:41)

Roinn Ní Dhonnchadha gearrscéalaithe na Gaeilge in dhá chuid (1981:9), iad siúd 'a chleacht *rôle* an tseanchaí liteartha', agus iad siúd 'a chaith dua le ceardaíocht na litríochta'. I ndeireadh dála, ba é a measúnú ná gur seanchaíocht liteartha atá i 'gearrscéalta' Chonáin Mhaoil. Tá scéalta iomadúla den seánra seo sa soláthar i dtréimhse an Laoidigh, sé sin scéalta nuachumtha scríofa nó b'fhéidir deachtaithe ag cumadóirí Gaeltachta, ach nach mbeadh saor go leor ó mhodh agus ó insint an bhéaloidis i súile criticeoirí chun iad a chlárú mar ghearrscéalta liteartha. Scríobhadh an chuid is mó acu mar iarrachtaí i gcomórtais an Oireachtais agus na bhFeiseanna áitiúla. Ó Chúige Mumhan iad ar fad. Bhuanaigh Laoide na scéalta sa chatagóir seo ina leabhair Mhuimhneacha, *Measgán Músgraighe* (1907), agus *Tonn Tóime* (1915).

Scéal taibhsí ba ea 'An táilliúir meanmnach' (IG Nollaig 1901) le Mícheál Ó Murchadha as Baile Bhuirne, d'ainneoin nach raibh fíorthaibhse ar bith ann. Tugann táilliúir dúshlán a phrintísigh dul agus blaosc dhaonna a bhreith leis as reilig Ghobnait Oíche Shamhna. Má dhéanann sé amhlaidh maithfidh a mháistir trí bliana printíseachta dó agus beidh a dhintiúir aige ar maidin.

Luann Ní Dhonnchadha an scéal áirithe seo mar shampla den scéal béaloidis (1981:15). Níor mhór a admháil gur scéal cruthaitheach é, áfach, bíodh is go bhfuil stíl agus móitífeanna an scéil bhéaloidis aige. Tá an modh inste tíosach agus taitneamhach. Tá an struchtúr éifeachtach. Tá carachtair an táilliúra agus an phrintísigh iomlánaithe go sásúil.

I 'Síos amach' (IG Deireadh Fómhair 1901)**,** a dheachtaigh Conchubhair Ó Deasmhumhna do Mhícheál Ó Briain, Baile Bhuirne, tá buachaill óg faoi dhraíocht ag seanchas agus ag pleidhcíocht na spailpíní a bhíodh ag gabháil an bhóthair 'síos amach', síos na mílte fada i dtreo Cheann Tuirc, agus amach ansin chuig na goirt prátaí nó eile. Ní mian leo é a thabhairt leo mar is eol dóibh gurb í an sclábhaíocht is cráite amuigh an spailpínteacht, ach leanann sé iad ar chúl lá

dá n-ainneoin. Nuair a thagann sé suas leo i bhfad thíos cuireann siad ceangal na gcúig caol air agus fágann siad sa díog é chun fáil réidh leis. Léargas beo ar shaol na spailpíní is ea *Síos Amach.* Is scéal é fosta atá fíréanta do charachtar déagóra ag tús na haoise seo caite:

> Do théidheadh an bheirt seo chómh siúráltha leis an mbarún síos amach ag baint na bprátaí gach aon bhliadhain a bheireadh ortha agus nuair a thigidís a bhaile ba dhóich leat ortha gur ag Tír na nÓg a bhíodar... i dtreó gur mhinic a ghuidhinn an lá fheicsint go mbeinn críonna láidir mo dhóthain chun go raghainn síos amach 'n-a dteannta.

Tháinig ‘An slán déidheanach’ (IG Aibreán, 1902) ó Mhícheál Ua Raghallaigh, 1487 5th Avenue, N.Y. City, ach is scéal réigiúnach é, áitiúil do cheantar an Daingin. Dúisítear an scéalaí ag cnag ar a dhoras. Aithníonn sé an cnag. A dheirfiúr atá ann, deirfiúr a chónaíonn trí scór míle uaidh. Ach níl aon duine amuigh.

Scéal eile fós sa chatagóir seo ba ea ‘Figheadóir an Ghleanna Chaim’ (IG Meán Fómhair 1901), scríofa ag Donnchadh Ó Laoghaire ó Bhaile Bhuirne. Tá dul an ghearrscéil liteartha air.

> An fhaid do bhí an sean-bhuachaill ag gabháil d'fhígheadóireacht níor casadh leithéid an bhuachalla leis. Do dheineadh sé oiread le haon triúr fear, do oibrigheadh sé chómh dúthrachtach sain. Do bhí aon inghean amháin ag an bhfígheadóir....

Léiríonn ‘Feirmeoir agus buachaill’ le Donnchadh Ó Laoghaire céim bheag ar aghaidh ón modh inste traidisiúnta i dtreo na hiriseoireachta agus i dtreo na hinste liteartha. Is scéal é faoi fheirmeoir sprionlaithe a chúisíonn a ghiolla sa chúirt faoina leisciúlacht:

> ‘Dar ndóigh,’ ars' an giúistís (leis an mbuachaill), ‘níl éinne i n-Éirinn do thabharfadh milleán duit de dheasgaibh do chuid díomhaointis.’
>
> Do órduigh sé do'n bhfeirmeóir dul abhaile 's an buachaill do ghlacadh arís 'na sheirbhís, is gléas fóghanta oibre d'fhághail dho 's a dhóithin le n’ithe is le n'ól.....,

Is scéal fada (2,300 focal) é ‘Lá Mhuiris an Phréacháin’ (IG Eanáir 1902) le Mícheál Ua Briain. Ba é an 15ú Samhain ‘Lá Mhuiris an Phréacháin’. Bheadh na prátaí sábháilte ón sioc, deirtí, go ceann coicíse i ndiaidh an lae sin. Cuimhnítear sa phobal ar an eachtra a rinne ceap magaidh den fheirmeoir, Muiris, tré 'lá féile' a thiomnú dó. Chuir Muiris dhá shobhran i bpráta amh chun

an mheirg a bhaint astu agus d'fhág sé an práta ar chloch. Sciob préachán an práta agus na sobhrain ann. Chaith Muiris an lá ar fad ar thóir an phréacháin. Bhí buachaill aimsire aige a leath an scéal grinn ar fud an bhaile:

> .... agus i dtaobh Muiris do dhírigh gach éinne ar bheith ag magadh fé, agus ba gheárr 'n-a dhiaidh sain gur chuir sé ceant ar a fheirm agus gur dhíol sé amach í. Annsain d'aistrigh sé féin agus a mhuintir síos i dtreo Chondae Luimnigh....

Scéal fada eile (3,500 focal) leis an Mícheál Ua Briain céanna, as Baile Mhic Íre, ba ea ‘Sgannradh Sheághain na bhFiacal’ (IG Márta 1902). Bhí buanna ag Mícheál mar scríbhneoir a mhaiseodh scríbhinn liteartha ar bith d’ainneoin go gcuireann a sheift inste, an seanchaí agus an scéal taobh istigh de scéal, moill ar an gcuntas. Tá na gasúir ag fiach coiníní i bhfad ó bhaile. Seo chucu an díle, toirneach, tintreach, tuilte. Neadaíonn an t-údar na carachtair agus na himeachtaí go luath sa scéal a shábhálfadh na gasúir i ndeireadh thiar. Tá an líofacht Ghaeilge aige a chuireann ar a chumas an t-atmaisféar agus an scéin a chruthú.

Ba chruthú iad na scéalta tuaithe seo go raibh méadú tagtha ar líon na ndaoine arbh fhéidir leo an Nua-Ghaeilge a scríobh go muiníneach agus í a húsáid go cruthaitheach gan úire na canúna a chailliúint. ‘Níl aon dabht ná gur réitigh IG an tslí go cumasach d’fhorbairt agus d’aibiú na nualitríochta’, cheadaigh Ní Dhonnchadha (1981-20).

Is léir óna taighde go raibh ról ceannródaíochta ag an Laoideach, mar eagarthóir irise agus mar eagarthóir leabhar, in éabhlóid ghearrscéal na Gaeilge, fiú murar shásaigh na scéalta seo na critéir a leag sí síos don ghearrscéal liteartha nua-aimseartha.

4.4 Prós cruthaitheach, úrscéalta

Foilsíodh *Sgéal Thomáis na Claise* in IG i gceithre chuid idir Eanáir agus Aibreán 1901. Ba é 'Mac Mic Mhairéide Ní Thaidhg' an t-údar. Deir Philip O’Leary (1994:273) gur imirceach ó Éirinn i San Francisco a bhí ann. Is iad na dioscúrsaí is suim le O’Leary. 'A young emigrant becomes rich in Boston and in Los Angeles', deir sé mar achoimre, 'but does so at the expense of his nationality, his language, and, most important, his faith.' (1994:147). Ba i *Fáinne an Lae*, eagráin Mhárta, 1900 et seq., a bhí na míreanna a léigh seisean; mar sin b'athchló an leagan a d'fhoilsigh Seosamh in IG.

Is úrscéal i bhfoirm shraithscéil irise *Sgéal Thomáis na Claise.* Níl sé luaite ag Alan Titley in *An tÚrscéal Gaeilge* (1991), toisc nár leabhar é. Níl slí do Thomás ar an bhfeirm. Is mian leis an athair é a chur amach ag obair, ach is mian leis an mháthair go gcuirfí ar scoil é chun an Béarla a fhoghlaim. I mír a dó tá Tomás 18 mbliana agus Béarla den scoth aige; níl sé sásta fanacht sa bhaile agus baineann sé 'Bostún, Mass.' amach. Castar fear dubh air ag spalpadh Gaeilge. Is comharsa ó bhaile é, dubh le gual as an mianach ina bhfuil sé ag obair. Cuireann seisean i dteagmháil leis an gcol ceathrar i bhfad amach, Mícheál Ó Buachalla, é. Ní Mhícheál Ó Buachalla anois é ach M.D. Johnston. D'athraigh sé a ainm mar nach raibh meas ar na Gaeil sa chathair Shasanach seo. Thug sé cúl le creideamh agus teanga. Ba bhall de na Másúin anois é. D'éirigh chomh maith sin leis go raibh sé ina iarrthóir ar ardmhéaracht Bhostúin. D'fhill sé ar Aifreann agus ar an dúchas mar bhí vótaí na nGael uaidh.

Faigheann sé post suarach mar phrintíseach garraíodóra do Thomás. Bronnann ‘M.D. Johnston’ eiseamláir ar Thomás; tuigeann sé siúd anois conas dul chun cinn a dhéanamh i mBostún. Is í breith an scéil go n-éireodh go maith leis sa saol thall ach go gcaillfidh sé a chultúr dúchasach agus a chreideamh. Bhíodh na dioscúrsaí seo ag déanamh buartha do gach pobal tuaithe agus cathrach in Éirinn ag an am. Ní cháintear an imirce. Is deis agus is buntáiste í ach a bheith dílis don dúchas agus don chreideamh. Tosaíonn an mhír dheiridh de leagan IG le Tomás ar leaba a bháis i gCalifornia ag impí ar an gcailín aimsire an sagart d’fháil dó.

B’fhéidir maoithneachas, bolscaireacht, bréagchráifeacht, for-idéalachas a chasadh leis an údar seo ach léirigh sé dála an imircigh óig i gcathair aduain thar lear go cruinn. Thóg sé an scéal seo go réimsí agus go téamaí nár bhain an Ghaeilge amach roimhe sin. Cé go bhfuil *Sgéal Thomáis na Claise* báite gan náire sna dílseachtaí a bhí faoi ghradam i bpobal na Gaeilge ag an am, bhain an t-ábhar le dioscúrsaí an lae. Thug siad léargas, dá theoranta é, ar an saol i Meiriceá.

Deir O’Leary (1994:150) faoi chríoch an scéil i leagan *Fáinne an Lae* (24 Márta-7 Aibreán 1900), a bhaineann leis an deartháir Seaghán na Claise, nach raibh puinn Béarla aige ach gur éirigh an saol go maith leis thall:

> Positive images of Irish-Americans or depictions of Irish success in the United States are, as has been noted, rare. In *Sgéal Sheagháin na Claise*.... the protagonist becomes wealthy and is elected to Congress, accomplishments, it is suggested, he owes to his fidelity to the faith, homeland, and native language his apostate brother and so many other emigrants renounced.

D'fhéadfaí a rá le roinnt cruinnis, *a la* Ó hÁinle, gurb é an cuntas seo ar eachtraí Thomáis agus Sheagháin na Claise, ina bhunsmaoineamh ar a laghad, 'an t-úrscéal nár tháinig'.

Ba scéal fada 'Grádh agus crádh' (IG Aibreáin 1901), le hAignéas Ní Fhaircheallaigh, ceithre mhíle cúig chéad focal ar a laghad. Tháinig an 't-úirsgéilín' seo amach mar an chéad leabhrán sa tsraith 'Leabhráin an Irisleabhair' 'le cúpla beag athrú gramadaí'[32], níos déanaí sa bhliain 1901. Rinne Seosamh léirmheas críochnúil[33] ar an leabhrán, a phléifear níos déanaí sa chaibidil seo.

4.5 An drámaíocht agus an fhilíocht

Ba é *Na Díbeartaigh* (IG Meitheamh 1901) 'an chéad dráma bolscaireachta stairiúil' dar le Pádraig Ó Siadhail i *Stair Dhrámaíocht na Gaeilge 1900–1970*.[34] Táimid i bhfíorthús ré na drámaíochta i nGaeilge, ach is dráma fiúntach instáitsithe é seo. Tá a lán le láimhseáil ag an drámadóir, titim an chórais Ghaelaigh agus bris phearsanta athar, Aodh Mór Ó Néill, nach mór dó seasamh i leataobh go héagumasach agus an mac leis ina raibh dóchas theach Uí Néill ag fáil bháis ón maláire. Ar stáitse ní gá gur duáilcí an maoithneachas agus an bholscaireacht.

D'ainmnigh Mac Peaircín níos mó ná 900 amhrán agus dán a foilsíodh in IG idir 1882 agus 1909 ina innéacs (2018). Díobh seo chuir Laoide suas le 150 isteach, an chuid is mó acu ina thréimhse eagarthóireachta. B'éacht caomhnaithe é seo ag IG, a chruthaigh, b'fhéidir a rá, bunús na díolama traidisiúnta agus clasaicí, agus den repertoire amhránaíochta, do phobal foghlama na Gaeilge go dtí ár lá féin. Bhí beagán sa soláthar seo go bhféadfaí filíocht nua-aimseartha, den chineál a scríobh an Craoibhín nó an Piarsach, abair, a thabhairt uirthi, ach níl sampla dá

[32] Nic Congáil (2010:120)
[33] IG Mheithimh 1901, V. xi:111
[34] *ainm.ie* s.n. Ó Néill, Éamonn (1876–1946); ceadaithe 14 Aibreán 2020

leithéid againn ó thréimhse eagarthóireachta an Laoidigh. Is fíor go raibh píosaí nuachumtha aige, tuirimh den chuid is mó a scríobh sé féin nó Tórna sa mhúnla traidisiúnta, ach ba bheag iad. San earnáil thraidisiúnta, ní cuimhin liom ach dánta file beo amháin sa soláthar, saothar an Déisigh Riobard Bheldon.

4.6 Prós tras-scríofa

Bhí an chéad mhír de 'Teacht agus imtheacht an Ghiolla Dheacair agus tóruigheacht Chonáin agus a chuideachtan' in eagrán Eanáir 1900. B'iad an Laoideach agus Seán Ó hÓgáin, a chomhchisteoir tráth sa Chonradh, na soláthraithe. Sa réamhrá do leagan an leabhair (1905) leagann Seosamh amach cé mar a roinn sé féin agus Ó hÓgáin an obair:

> ....do bhain Seaghán Ua hÓgáin ar dtúis é as lámhscríbhinn le Mac Uí Chearmada darab ionad comhnuidhe Cill Rosantaigh i nDéiseachaibh agus do chuir chugamsa le haghaidh 'Irisleabhar na Gaedhilge'. Dá bharr soin fuair an téacs a chéad-sgrúdughadh agus a cheartughadh bunaidh uainn araon. Fúmsa do fágadh an cló ar fad dá éis sin agus an foclóir, agus cibé locht atá orthu soin, ní hairs-sean is tógtha é ach orm féin im' aonar.

Bhraith sé nár leor a chumas fileolaíoch do théarmaíocht na *hEachtra*:

> Tá a lán focal in *Eachtra an Ghiolla Dheacair* nár cuireadh riamh faoi ghluais agus tagra; dár ndóigh tá sé lomlán díobh. Ar uairibh ni fhuaras de lom orthu so acht buille fá thuairim.

Chríochnaigh *Eachtra an Ghiolla Dheacair* i mí na Samhna 1900. Bhí Seosamh réidh tús a chur le sraithscéal nua tras-scríofa an mhí dár gcionn, scéal Rúraíochta, 'Deargruathar Chonaill Chearnaigh'. Chríochnófaí an 'Deargruathar' i mí Aibreáin 1901 agus chuirfí scéal Rúraíochta eile ina áit, 'Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne'. Maidir le hamlíne na *Tána*, tagann 'Brisleach Mhór' roimh 'Deargruathar'. Baineann 'Brisleach' le bás Chú Chulainn agus baineann 'Deargruathar' le díoltas Chonaill Chearnaigh ar fhir Éireann i ngeall ar an mbás sin. Ní raibh nótaí ná gluaiseanna ag Seosamh i leaganacha IG.

4.7 Soláthar Eoin Mhic Néill

D'fhoilseofaí an dá scéal mar dhá leabhar ar leith, 'Deargruathar'' i 1907 agus 'Brisleach' i 1915, agus is mar leabhair a dhéanfaimid leaganacha an Laoidigh de 'Deargruathar' agus de 'Bhrisleach' a mheasúnú in Aguisín F.

Bhíodh Eoin Mac Néill ('Mac Léighinn') ag cur píosaí chuig Seosamh, laoithe Fiannaíochta, dánta athscríofa ó Ghaeilge na hAlban, samplaí de Ghaeilge Uladh, go rialta. Seacht véarsa rannaíochta agus dhá scór atá sa laoi Fhiannaíochta ‘A chaorthain Chluana Fearta’ (IG Samhain 1899). San eagrán céanna bhí leagan Béarla de laoi eile aige, ‘The battle of Cronnmhoin or Cruinnmhoin’. Baineann an dá laoi leis an achrann nimhneach idir Goll Mac Morna agus Fionn. In IG Nollaig 1899 bhí ‘Fáisdine Fhinn’ aige. Diaidh ar ndiaidh bhí tús leabhair Mhic Néill, *Duanaire Finn* (1908), ag teacht le chéile ar leathanaigh IG.

Mar a mheabhraíonn Fionntán de Brún dúinn (2019:30), bhí gnéithe iomadúla ag an athbheochanachas i stair na Gaeilge. Ceann acu ba ea an teanga sin mar mheán soiscéalaíochta, sa chás seo ag na Cailvínigh agus ag Protastúnaigh eile in Albain. Tá cáipéis shuimiúil, leabhar admhálacha de chuid an 'Landed Estates Court', an roinn de na Ceithre Chúirt ina mbíodh Eoin Mac Néill ag obair, i seilbh Scoil an Léinn Cheiltigh, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath. Chuir Mac Néill dánta traslitrithe ó Ghaidhilg na hAlban go Gaeilge na hÉireann sa chéad 51 leathanach, lúide leathanaigh 1-4 a d'fhág sé bán. B’as *The Scottish Book of Fernaig*, athfhoilsithe i *Reliquiae Celticae* 2 (eag McBain, Kennedy, 1-129), na dánta traslitrithe. Deir Catalóg na Scoile:

> G 427 Scottish Gaelic Verse
>
> Late 19th cent. Printed receipt book (18 × 24 cms) of Landed Estates Court, Ireland, transliterated for the years 1850-59 bound in boards. Writing on recto only on the first 51 pages commencing at end. Scribe: *Eoin Mac Néill* (unsigned). Consists of poems transliterated from the Scottish Book of Fernaig, or more probably from the printed version in *Reliquiae Celticae*, ii 1-139. The poems on pp. 15, 45, 9 below were printed in the *Gaelic Journal* x, 28, 55 and xi, 26, respectively under Mac Néill's pseudonym `Mac Léighinn'. Textual corrections and additions in the manuscript (in pencil) in the hand of Seosamh Laoide were also incorporated in the printed versions by the latter, who was then editor of the Journal.
>
> (Bound in boards with ‘ceann de leabhraibh Sheosaimh Laoide, Séamus Ó Casaide 1939’ inside front cover. Ó Casaide ms (unnumbered)).

Fuair Séamas Ó Casaide, bailitheoir leabhar, seilbh ar an gcuid is mó de leabharlann Sheosaimh i ndiaidh a bháis.

Ba é Duncan McRae (Donnchadh Mac Raith) a chuir *Leabhar Fernaig* le chéile. Bhí an chéad dán as an leabhar admhálacha sin, ‘Aon eile do rinneadh le

Maighistir Seán Carsuail', a scríobh Eoin Carsuel, Easpag Oirir-Ghaedheal in Albain, i gcló in IG Deireadh Fómhair 1899. Scríobh Carsuel[35] i nGaeilge liteartha chlasaiceach, an stíl Ghaeilge a bheadh ag Eaglais na hAlban ina dhiaidh sin:

> A cholann, chugad an bás;
> Tuig féin go bhfuil tú i ndubhchás:
> Dáil chosmhail is cás duit;
> Tá 'n bás 'san ursain agut.

Tá 'Crosánacht do rinneadh le Fear na Páirce' in IG Eanáir 1901, leis an nóta seo:

> The above is a transliteration of a poem from *Dornlach laoidh do scríobhadh le Donnchadha Mac Raith* (McCrae), a Scottish ms. from 1688. It is the careful work of our contributor Mac Léighinn.

Is é is crosánacht ann, i measc rudaí eile, ná dán fada a ríomhann stair. An phríomhstair a ríomhtar anseo ná mealladh Ádhaimh agus Éabha sa ghairdín. Tá sé dhán a luaitear le 'Fear na Páirce', file Albanach darb ainm McCulloch, seanathair Mhic Chraith, a chónaigh i Park, atá in aice le Dingwall, Cromarty, Ross-Shire, i gcóipleabhar Mhic Néill. Tá 'De ghné amhráin do rinneadh le Fear na Páirce*'* leis an teideal *'*Moladh Íosa' in IG Meán Fómhair 1902, agus dán cráifeach eile, 'Laoidh do rinneadh leis an gríobhaire i n-am mulaid' le Donnchadh Mac Raith thuasluaite in IG Nollag 1899:

> Fóir orm-sa, a Mhic mo Dhé,
> Ná cuirthear leat mé ar dháil;
> Ó tá an saoghal-sa 'na léim,
> Teasairg mise, a Dhé, ó'n chás.

Thug Seosamh faoi dhán a thraslitriú as *Leabhar Fernaig* é féin, IG Iúil 1902, 'Díomhaoineas an tsaoghail'. Ciallaíonn 'díomhaoineas' baois. Tá sé seo san iarnóta:

> The above is an attempt at transliterating a poem from *The Book of Fernaig, Reliquiae Celticae,* II, 70-71.
>
> Díomhaoin ár gcaistéil fó bheadaighil is fó bhláth,
> Díomhaoin ár n-áitreibh d'á gcalcadh gach lá,
> Díomhaoin, dá aite libh, ár macnas le mná,
> Díomhaoin gach éin-ní nuair thiocfas an bás.

[35] Ba é a d'aistrigh *The Book of Common Order*, *Foirm na nUrrnuidheadh*, le John Calvin, go Gaeilge. Foilsíodh i nDún Éideann é i 1567.

Thuig an Laoideach saibhreas, fiúntas agus tábhacht na hoidhreachta Gaelaí Protastúnaí in Albain.

4.8 Laoithe Fiannaíochta

Fuair Seosamh na ceithre laoi Fiannaíochta a chuir sé i gcló in IG Nollaig 1899 i lámhscríbhinní na Longán in ARÉ. Ba laoi ‘Ar chruitire Fhinn Mhic Cumhaill’ (IG Nollaig 1899), ó bhéal Chaoilte Mhic Rónáin, faoi Chnó Dearóil, abhac a bhí ina chláirseoir ag Fionn. D’fhéadfadh ‘Buile Oisín i ndiaidh na Féinne’ (IG Iúil 1901) a bheith as *Agallamh na Seanórach*. Laoi eile a bhfuil blas an *Agallaimh* air is ea ‘Oisín agus an fuacht ag cur air’ (IG Márta 1902). Seo sliocht as nóta Sheosaimh:

> It is clear that Oisín, who would appear to be in Connaught at the time, is here made to complain about the cold of a severe winter, felt more especially as such because of his being old, and therefore unable to take the usual exercise of the Fianna.

I ‘Laoi na h-éan-mhná’, IG Lúnasa 1902, tagann beirt óglach an tslí agus bean chéile an taoisigh a mharaigh siad leo. Castar Diarmaid orthu. Is cosúil go bhfaca sí an ball seirce:

> Annsin gluaisid ó'n dtulaigh
> An triúr curaidh 's an éin-bhean :
> 'Sé comhrádh do chan sise,
> Sóraidh libh-se, a dhís tréin-fhear.

Ní bheadh ach ‘Ar chruitire Fhinn Mhic Cumhaill’ i *Fian-Laoithe* (1916), bailiúchán de laoithe Fiannaíochta a chruinnigh Seosamh agus a phléifear in Aguisín F.

4.9 An oidhreacht chlasaiceach: píosaí ilchineálacha.

Ba *débat* fileata ón ochtú haois déag ‘Acht an Phárlamaid A.D. 1709, an tan do cuireadh le hacht Phárlamaid na mionna chum na hEaglaise’ (IG Deireadh Fómhair 1899), ina dtagann Muiris Múinte Ó hEichthighearnáin, bard, Conchubhar Ó Briain, D.D., sagart, agus Eoin Ó Callanáin, lia, le chéile chun Acht Parlaiminte 1709 a chaoineadh agus a cháineadh. Léiríonn an cheathrú seo friotal an *débat*:

Muiris Múinte:

A Dhia na bhfeart fuair peannaid, páis is broid,
Thug iasg ar easaibh, teacht is trághadh ar muir,
Ar gCliar beir leat nó an glas atá orra bris,
Ó hiadhadh a gclaib le hacht an Phárlamaid.

Ba é 'Tadhg', Tórna is dócha, an soláthraí. Tá an chuma ar *An Gheilt* (IG Meitheamh 1899) a chuir 'Mac Tíre' isteach, gur ceapadóireacht nua é, bréagaithris ar *Buile Shuibhne*, b'fhéidir.

Do bhíosa lá aige bárr na gcuan,
Is do dhearcasa an stáidbhean mhánla uaim,
Ba chiúin tais cráibhtheach lán do ghuais,
Ag caoine a grádh' is ba ró-bhreágh a duain.

D'athfhoilsigh Seosamh an dán diamhair seo i *Réalta den Spéi*r (1915:86).

Sean-Ghaeilge an-doiléir atá i mbunábhar 'Crosánacht ó fhilidh de Laighnibh', IG Eanáir 1900, le Dubthach Mac Lugair. Rinne Eoghan Ó Comhraidh leagan Béarla de[36]. Chuir Seosamh Gaeilge ar aistriúchán Béarla Uí Chomhraidh. Seo véarsa ón mbunleagan agus traslitriú an Laoidigh air:

Andsu immarbáig ri Laignib,
Láthur ferda;
Labraid Longsech romarb Chobthach
I Tuaim Tenba.

Is doiligh iomarbhaidh (.i. dréim, troid) re Laighnibh,
Láthar (.i. neart, tréan) feardha;
Labhraidh Loingseach do mharbh Cobhthach
I dTuaim Teanbha.

An tábhacht atá le Mac Lugair i súile Sheosaimh ná gur Laighneach a bhí ann. Deir sé:

33.Ba i Leabharlann Choláiste na Tríonóide a fuair Seosamh an lámhscríbhinn seo agus aistriúchán Uí Chomraidhe uirthi. Is as Leabhar Laighean an bunleagan. Tá na sonraí ar an suíomh isos.dias.ie: 45a: Three poems ascr. to Dubthach húa Lugair : (1)*Andsu immarbáig ri Lagnib.* Ed. and transl. from this MS. by Eugene O'Curry (*ibid* p. 482-4) and by J. H. Lloyd, with modern Irish transl., *Crosánacht o filidh de Laighnibh* (Gaelic Journ. x. 469-70, 1900).

> Abram fós, Tomás Ó Ruiséal, duine uasal de Laighnibh thug grádh mór do ‘Leabhar Laighean,’ gur iarr seisean d'athchuinge orainn an dán so do chur 'san Irisleabhar.

Taispeánfar i gcúrsa na caibidle seo nár mhair an dea-mhéin idir T. Ó Néill Ruiséal agus an Laoideach rófhada.

D’aimsigh Seosamh foinse eile ábhair seachas ARÉ. Is lámhscríbhinn de 285 leathanach *Sgáthán Spioradálta* a bhí, i 1900, i mainistir na bProinsiasach ar Ché na gCeannaithe. Chuir 'bráthair bocht d'Ord Saint Proinsias', Tomás Mac Gabhráin, an lámhscríbhinn seo le chéile. Roghnaigh Seosamh sliocht (IG Nollaig 1900) as, cur síos i bhfoirm agallaimh idir 'An Deisciobal' agus 'An Máighistir' ar chúlra agus ar *raison d'etre* Phurgadóir Phádraig Naofa ar Loch Dearg.

Fuair sé seoid eile, an dán gearr *Tuirse,* i *Conciones Hibernicae* sa leabharlann chéanna:

> Tuirseach mé don tuirse se,
> Don tuirse cia táim tuirseach,
> Truagh, is méid mo thuirse-se,
> Mé ón tuirse go tuirseach.

'Dá mbeith a thuilleadh tuirse ann, do bheimís féin tuirseach de,' scríobh Seosamh san iarnóta. ‘Sa leabhar chéadna atá an Trácht do sgríobh Seathrún Céitinn ar an gCoróin Mhuire, mar aon le *Eochair-Sgiath an Aifrinn, Trí Biorghaoithe an Bháis***,** agus dornlach beag do dhántaibh diadha.’

4.10 Soláthar Kuno Meyer agus Whitley Stokes

Is é Kuno Meyer féin a sheol ‘Dirge for Niall Nóigiallach’ (IG Meán Fómhair 1900)**,** ón naoú céad, isteach. Tá nóta aige ag an tús:

> .... According to the Annals, Niall was King of Ireland from A.D. 379-405, when he was slain on an expedition abroad, some say in Gaul, others in Scotland....

Tá ceathrú shamplach as na trí ceathrú dhéag atá ann thíos:

> In tan no théigmis don dáil
> a mac nEchach Muigmedáin,
> buidithir sobairche nglé
> folt bói for cind maic Cairne**.**

Bhí píosa fada scolártha ó Meyer in IG Samhain1900, *The Song of the Sword of Cerball* (IG Samhain 1900), ina ríomhann an bard Dallán Mac Móire an dá scór cathanna inar throid Cerbal mac Murecáin (Rí Laighean, c. 885-909 A.D.).

> Mochen, a chlaidib Cherbaill!
> bát menic i mórenglaim
> Bát menic ac cur chatha,
> ac dichennad ardfhlatha.

Is scéal sa Mhéan-Ghaeilge 'Aithbheóchan Bhreasail Mhic Dhiarmada' (IG Lúnasa 1902) as *Leabhar Mhic Cárthaigh Riabhaigh*. Chuir Whitley Stokes an bunleagan in eagar i *Lives of the Saints from the Book of Lismore* (1890:xxvii-xxviii).

Chuir Stokes 'Sgéla an trír maccléirech' (IG Iúil 1902:98)*)*, tógtha as *Leabhar Mhic Cárthaigh Riabhaigh*, in eagar freisin i *Lives of the Saints from the Book of Lismore* (1890 viii-x). Sa Nua-Ghaeilge Mhoch atá sé scríofa:

> 'Bérat-sa in caitín,' ar fear dhíbh. Oro-siactadar formnai na fairce immorro, 'A n-ainm Críst, trá,'or iat, 'leicium ar ráimh is in mhuir uann agus fo-n-certam i leith ar Tigerna.'

Nó, mar a d'athscríobh Seosamh é sa Ghaeilge Nua:

> 'Béarfadsa an caitín liom,' arsa fear aca. Nuair do shroicheadar béal na fairrge, ámh, 'I n-ainm Chríost, anois,' ar siad, 'leigimís ár maidí rámha 'sa' bhfairrge uainn agus tugaimís ionntaoibh le trócaire ár dTighearna.'

4.11 Amhráin ó Co. na Mí

De réir Innéacs Mhic Pheaircín (2018:59), ní raibh ach dhá amhrán le Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin in IG idir 1882 agus 1909, 'Máible shéimh Ní Cheallaigh' (IG Nollag 1898) agus 'Ceataidhe Ní hEaghra' (IG Eanáir 1902). B'fhile as Contae na Mí é. Chaith sé a luathóige san Obair. Tá sé fíor-ait mar sin nach bhfuil saothar ar bith leis i *nDuanaire na Midhe* leis an Laoideach ná in *Amhráin na Midhe Cuid 1* le Ó Muirgheasa. Seans go raibh a liricí ró-éadrom, ró-aerach, chun meas criticiúil a thuilleamh. Tá sé seo ag Donal O'Sullivan (1958, iml.1:148):

> In truth Carolan hardly ranks as a poet at all and it is unfair to criticise his work by poetic standards. Save in a few cases, his verse is ancillary to his music, for which it was composed, and the

> criterion to be applied to him is that of a songwriter rather than that of a poet.

Inniu ba chritéir an-ard é sin; cuimhnímis gur bronnadh Duais Nobel don litríocht ar Bob Dylan, liriceoir, i 2016.

Ba é Seosamh a bhreac síos an gholtraí fhíorálainn ‘Ceataidhe Ní hEaghra’ ó bhéalaithris Eoghain Mhic an Bháird, seanathair Énrí Uí Mhuirgheasa. Chuir sé ‘Toirdhealbhach Ó Cearrbhalláin cct.’ faoin teideal. Tá an t-amhrán ag Tomás Ó Máille ina shaothar *Amhráin Chearbhalláin* (1916). Chreid sé gur bhain sé le Kitty O’Hara, Luighne, Co. Sligigh. Scríobh an Máilleach é seo (nótaí, Dán 34):

> The style does not resemble Carolan’s, but it is difficult to be certain. It’s obviously a West Sligo song on the death of one of the O’Hara’s of Leyney.

Níl tagairt ar bith dó i *Carolan, the life and times of an Irish Harper* (1958) ag Donal O’Sullivan, ar leis an t-eagrán is céimiúla, b’fhéidir, de cheol an chláirseora dhaill.

B’amhrán grá sa mhodh traidisiúnta ‘An déid-dheas cailín’ (IG Deireadh Fómhair 1899), leis an Athair Pól Ó Briain:

> Tá déid-dheas-chailín ’mo dhéidh i mBréachmhuigh;
> ’Sé fáth mo bhuaidhridh nach bhfuil sí liom,
> Ar uaigneas coilleadh nó i ngleanntán sléibhe
> Mar a mbéidhinn dá bréagadh fá bhruach na dtonn.

Dar lena phróifíl ar *ainm.ie*[37] bhí ainm an réice agus an phótaire ar an Athair Ó Briain. Ba scoláire cruthanta é, áfach, a chuir tús le ré na Gaeilge i gColáiste Mhá Nuad. Tá dhá dhán déag leis agus beathaisnéis chuimsitheach ag Énrí Ó Muirgheasa in *Amhráin na Midhe, Cuid a hAon*.

4.11.1 ‘Poll Tighe Liabáin’

I gcaint a thug sé don Ardchraobh ina stíl ársa ar 16 Aibreán 1902, athfhoilsithe in IG Bealtaine 1902, mhínigh Seosamh mar a chuir sé eolas ar ‘Poll Tighe Liabáin’, nath i ‘Cíos ná béasa’, amhrán a chas Brian Mac Seathfraith dó agus a bheadh aige i *nDuanaire na Midhe* 1914 (Uimh.XVII:31):

[37] Ó Briain, Pól (C.1763–1820), ceadaithe 21 Meitheamh 2019

> Lá n-aon d'á rabhas i gceartlár Chontae na Midhe agus mé ag siubhal le hais na Bóinne, cia casfaidhe orm acht fear de bhunadh na contae sin a raibh mórán Gaedhilge aige. … Do chrom sé ar ghabháil fhuinn, agus seo é an t-amhrán do bhí aige:
>
> > .... Dá ndeangbhainn Héabóig ar greim adhairce
> > Go Poll Tighe Léabáin badh chuma liom;
> > Cíos ná béasa, cha rabh mé 'dréim leis,
> > Fuair mé réim mhór 'gus chuaidh sé liom….

Dar le Mac Seathfraidh, ba phótaire mná an file. Ba chuma léi dá dtiomáinfeadh sí a bó, Héabóig, go 'Poll Tigh Léabáin'. Ba shofhriotal 'Poll Tigh Liabáin' d'Ifreann. Ba logainm é freisin d'uaimheanna scanrúla farraige nó do phoill bháite ar thalamh a bhféadfaí a shamhlú mar gheataí Ifrinn. Bhain an chaint san Ardchraobh le tóir dhíbhirceach an Laoidigh ar 'Pholl Tigh Liabáin' ar fud Éireann ach go háirithe i nDún na nGall. Tharla ansin é in éindí le Pádraig Ó Gallchobhair agus Roibeárd Bárrchoill, dlíodóirí, agus le Pádraig Ó Beirn, file aitheanta 'a bhí tar éis teacht abhaile ó'n Oileán Úr', agus Seán Mac a' Bháird as na Cealla Beaga. D'fhanadar sna Cealla thar oíche. Ar maidin sheoladar 'ar bhád breágh seóil agus fuireann mhaith shásta innti', go Teileann. Thaispeáin eachtra bheag i dTeileann nach raibh an Laoideach saor ón bpostúlacht a léirigh Conraitheoirí go minic i leith mhuintir na Gaeltachta—choimeádfaidís aonteangach iad dá mb'fhéidir leo. Mar a dúirt sé:

> .... Caidé is túisge chluinfinn ar an mbaile bhinn-Ghaedhilge seo acht bean dóigheamhail shlachtmhar i ndorus tighe agus í ag labhairt smid nó siollab de bhrúsgar Béarla le duine d'á cuid cloinne.

Thug sé fúithi, ar ndóigh.

D'fhanadar thar oíche sa Charraig. Ar maidin chuadar go Gleann Cholm Cille. As sin fuaireadar carr cliathánach a thug go Málainn Bheag iad. Sa cheantar seo thángadar ar Pholl Tighe Liabáin cineálach faoi dheireadh. Níorbh é cuspóir na haiste scéal taistil a aithris ach an príomhshamhaltas nádúrtha agus osnádúrtha a léirítear i seanchas na tíre mar 'Poll Tíghe Liabáin' a chíoradh.

Tá aiste in *Béaloideas* (Iml. 39/41, 1971-73: 206-211) le Máire Mac Néill, 'Poll na Seantuinne and Poll Tighe Liabáin', a thugann léargas cuimsitheach ar na poill sin agus an mhiotaseolaíocht a ghabhann leo. Luaitear an Laoideach agus na scéalta le Micheál Mag Ruaidhrí a chuir sé in eagar, 'Lúb na caillighe' agus 'Ó Leó tigh Liabáin', in aiste Mhac Néill.

Maidir le stíl na haiste seo, tá an bhréagársaíocht le sonrú i gcónaí inti, maolaithe roinnt b'fhéidir toisc gur chaint don Ardchraobh a bhí inti ar dtús.

4.12 Scéalta Fearnaí

D'fhoilsigh Seosamh na sé scéal déag a fuair sé ó Thomás Ó Corragáin, agus dhá scéal a d'inis Tomás Mag Ruadair dó, in IG idir Mhárta 1900 agus Iúil 1901.

1. 'Aodh beag Ó Leórtha', Ó Corragáin (IG Márta 1900)
2. 'Ridire Labhraidh Lorc', Mag Ruadair (IG Bealtaine 1900)
3. 'An dearbhráthair bocht agus an dearbhráthair saidhbhir', Ó Corragáin (IG Aibreán1900)
4. 'An fear a chuir cluain ar an mbás', Mag Ruadair (IG Bealtaine 1900)
5. 'Cailleach gan déirc', Ó Corragáin (IG, Bealtaine 1900)[38]
6. 'An bacach mór', Ó Corragáin (IG Iúil 1900)
7. 'Fathach mór an Reibhleáin', Ó Corragáin (IG Lúnasa 1900)
8. 'Parrach Mhac Ghiolla Riabhaigh', Ó Corragáin (IG Meán Fómhair 1900)
9. 'Toirdhealbhach', Ó Corragáin (IG Deireadh Fómhair 1900)
10. 'Fionn Mac Cumhaill agus a mháthair', Ó Corragáin (IG Samhain 1900)
11. 'Tigh na gann-choda', Ó Corragáin (IG Mí na Nollag 1900)
12. 'Gabha an tsoic' Ó Corragáin) (IG Eanáir 1901)
13. 'Manabhair Mór Mac Rí Lochlainn', Ó Corragáin) (IG Feabhra 1901)
14. 'Bréagóir Éireann', Ó Corragáin (IG Márta 1901)
15. 'Athbhaisteadh Chaoilte', Ó Corragáin (IG Aibreán 1901)
16. 'An tIarla Ruadh Magmhathamhna', Ó Corragáin (IG Bealtaine 1901)
17. 'Tiontódh Phádhraig', Ó Corragáin (IG Iúil 1901)
18. 'Parrach Mha'l Bhrighde 's a Mhac', Ó Corragáin (*Zeitschrift für Celtische Philologie 2*, 1899).

Tá sé cruinn a rá go raibh soláthar leanúnach den ábhar seo in IG fhad a bhí an Laoideach ina bhun, agus gurb é féin a chuir an chuid is mó de ar fáil. Ba thionscadal teangeolaíoch go príomha aige na scéalta a tharrtháil. Bhí sé dílis do leagan an tseanchaí, go háirithe san fhoghraíocht. Chláraigh sé an foclóir áitiúil, na míreanna gramadúla, agus an cleachtas gramadúil áitiúil. Thuig sé gnéithe idirnáisiúnta na scéalta. B'fhiú dó scéal amháin a thug Ó Corragáin dó, 'Parrach

[38] Sa cholún 'Greann na Gaedhilge'.

Mha'l Bhrighde', a fhoilsiú i *Zeitschrift für Celtische Philologie* 2 . Bhí an réamhnóta seo leis:

> Ins an gCaisleán i ngar do Charraig Mhachaire Rois ar mhachaire Fhearnmhuighe (Farney) is eadh do chuireas síos an sgeul-sa ó bheul-aithris Thomáis Ui Chorragáin.

Chuirfeadh Ernst Windisch, agus scoláirí Eorpacha eile, suim i 'Parrach Mha'l Bhrighde'. I litir a scríobh sé chuig Aontacht na Gaeilge dar dáta 3 Eanáir 1883, a foilsíodh in Uimh. 4, Iml. 1, lch. 129 de IG, dúirt Windisch:

> As far as I see, the Irish given in your journal is the modern language of the books, what we call 'die Schriftsprache.' Now it would be very interesting to get also an idea of the different popular dialects spoken in the different parts of Ireland, but as they are really spoken, e.g. in tales, not translated into modern literary Irish. I suppose that there are many scholars who would be very grateful for such specimens.

4.13 Ó Méith: Eibhlín Ní Anluain, Droim Mullaigh

Bhí Ó Méith i gCo Lú ina ionad soláthair tábhachtach don Laoideach agus do IG. Ag clann Uí Anluain, Droim Mullaigh, gar do Chorr an Chait, an baile fearainn a d'fhulaing aithis ón Dall Mac Cuarta, a bhí an Ghaeilge. Scéal amháin a thug Eibhlín dó ba ea 'Mícheál Ó Ceallaigh agus an corp' (IG Deireadh Fómhair 1901). Ba mhór ag Seosamh an casadh pearsanta agus áitiúil a chuir sí ann—tharla sé do chara lena hathair, mar dhea. Bhí scéal eile faoi thaibhsí aici, athinste mar stair phearsanta, 'An gearrán neamhshaoghalta' (IG Samhain 1900):

> Bhí mo mháthair, Máire Luimneach, agus mo dheirbhshiúr, Anna Ní Anluain, coinfheasgar shamhraidh 'g'ul suas chuig an pháirc sheimre bhí aca thuas aige lios Drom Mhullach, agus nuair a fuaidh siad suas, chonnaic siad gearrán bán, muighe bhán air agus iurball fada síos leis go dtí an talamh.

Ba é an púca an gearrán bán; bhí cailín ag fáil bháis i dtigh comharsan agus d'fhuadódh na sióga ar ball ar an ngearrán bán í.

Bhí 'Targaire Choluim Chille' (IG Eanáir 1902), aici freisin. Ba gheall le gasaitéar de shléibhte Chuailgne an leagan áitiúil seo den tairngreacht:

> Dubhairt Colum Cille gur'b é mac an Alb'naigh a chuideachadh le mac a' Ghaodhail [fá] Éirinn a bhaint agus go mbéidheadh mac an Alb'naigh chomh Gaodhalach le mac a' Ghaodhail agus go

> labhartaoi an Ghaedhealc eadar Alb'naigh agus Gaodhail sol mur dtiocfadh an t-am sin isteach.

Is dócha gur teacht Edward de Bruce atá tuartha anseo; maraíodh i gcath ag Fochairt é, gar di.

Tá an áitiúlacht le sonrú arís i 'Pádraig na bhfeart' (IG Bealtaine 1901). Bhí an naomh thall in Albain ag iarraidh creideamh a chur sna págánaigh. Chaith siad i bpríosún é agus rún acu é a mharú ar maidin. Ghuigh sé naoimh Oiriall. 'Thit sé 'na chodladh', lean Eibhlín uirthi, 'gus nuair a mhúsgail sé, fuair sé é fhéin i gCaisléan Fhachairt aige Brighid bheannuighthe'.

Fuair Seosamh mír stairsheanchais uaithi freisin dar theideal 'Na trí shaighdiúirí' (IG Samhain 1901), scéal atá suite i Loch Feabhail aimsir an Rí Seoirse 1. Scríobh Seosamh:

> Quasi-historical legends of this kind should have more attention paid to them as they are an interesting portion of folk-lore.

Fuair Eibhlín Ní Anluain bás ar 8 Eanáir 1909. Bhí alt méala in ómós di ó Sheosamh in ACS 30 Eanáir 1909:

> Faraor géar deacrach! Is beag do shaoileamar gurab é an sgéal cráidhte sin do bhí i n-oirchill orainn i dtaobh istigh den chlúdach agus sinn ag osgailt na litre. An bhean Ghaedhealach úd 'n-a raibh togha Gaedhilge Chuailnge Chonculainn aici agus í d'éis báis! An bhean úd ar chaitheamar mórán aimsire ag caint léi as Gaedhilg i n-a tigh bheag ar bhruach an bhóithrín bhig ar thaobh an tsléibhe! Is iomdha amhrán agus sgéal a fuaireamar uaithi agus is í do thug dúinn go fonnmhar iad. Ach munab é go raibh a leithéid-se ann badh bheag iad mo sgéala-sa agus sgéala Shéamuis Uí Cheallaigh ar 'Iomáin léana an Bhádhbhúin'….

B'as Baile na Scríne, Co. Dhoire Séamas Ó Ceallaigh, béaloideasaí agus dochtúir leighis. Ba é a fuair 'Iomáin léana an Bhádhbhdhúin' (IG Bealtaine 1900) ó Eibhlín:

> Bhí sé feara déaga de sgathfairíbh Ó Mhéith, ''S iad ag iomáil ar léana an Bhádhbhdhúin,
> O mhullaigh an mheadhóin lae go dtí tuitim dubh na gréine char chuir siad ar a'n taobh an báire.

Fuaireadar an ceol don amhrán sin agus d'amhráin eile uaithi, 'Úrchill an Chreagáin' ina measc.

4.14 Muintir Uí Fhaircheallaigh agus an Cabhán

Léirítear sa stair eaglasta, *The Diocese of Kilmore, c. 1100-1800* (2017), le Liam Kelly, chomh láidir is a bhí an traidisiún dúchasach i bhFairche na Cille Móire, fairche Bhedell, anuas go 1800. Thagadh iarsmaí den traidisiún sin chuig IG ó Úna Ní Fhaircheallaigh. Tá meantóireacht an Laoidigh go soiléir sna samplaí seo. Mír amháin uaithi ba ea 'An bóithrín buidhe' (IG Feabhra 1901), amhrán a chuala sí ó sheanbhean in aice baile**.** Bhí litir leis an amhrán:

> Sráid Hollais 3,
> Baile Átha Cliath,
> Eanáir 27, 1901.
>
> Seo dhuit, a dhíl-chara, an t-abhrán úd ar a rabhamar ag trácht an lá cheana.... Bhíos go h-an-chúramach 'gá sgríobhadh síos acht, maidir les na giotaíbh eile, ní fhuilim sásta im' aigneadh go bhfuil gach focal díobh sgríobhtha 'sa gceart agam. Ar an ádhbhar sin agus eile, b'fhearr liom an tseanbhean d'fheicsint arís, go mbéadh eólas cruinn agam orra.
> Beannacht ó'n rígh ort.
>
> Mise, do bhuan-chara, Aignéas Ní Fhaircheallaigh.

Bhí áthas ar an Laoideach an t-amhrán a fháil uaithi (IG Feabhra 1901:46):

> Is deas simplidhe an t-amhrán so fuair Aighnéis Ní Fhaircheallaigh. Chualas féin dhá cheathramhain de, II $_7$ IV.... Seo dóigh Thíre Conaill air:
>
> > Is truagh gan mé i Sasana
> > Is mé in mo cheannaidhe snáth,
> > Mo mhuirnín deas i n-aice liom,
> > Níor bh'fhada liomsa an lá;
> > Sgabfainn ór is airgead,
> > Dá ndíolfadh sin an cháin,
> > Is leanfainn ar an fhairrge
> > Mo chailín geanamhail bán.
>
> I gcríochaibh eile, do chualas 'Muineachán' i n-ionad 'Sasana' agus 'Dá ndíolfadh sise an reicnin, bhuailfinn sé féin an clár'. .... Acht ní raibh fhios agam riamh gur cheathramhna d'aon amhrán II agus IV, agus táim buidheach d'Aighnéis Ní Fhaircheallaigh do chuir iongnadh orm i n-a thaobh.... F(ear). an I(risleabhair.)

Is léir ón tráchtaireacht go raibh an Laoideach fíoreolach ar na hamhráin tíre agus tiomanta don chruinneas. Ag Feis Laighean, Aibreán 1901, bhreac Ní Fhaircheallaigh duais-scéal síos ón tseanbhean chéanna, Eibhlín Ní

Shúilleabháin as Mullach i mBreifne Ua Raghallaigh, 'Seaghán i n-Oileán an Óir*'* (IG Bealtaine 1901), In iarnóta mhínigh Ní Fhaircheallaigh a modh oibre:

> Do sgríobhas síos an sgéal so, focal ar fhocal, díreach mar d' innis Eibhlín Ní Shúilleabháin é. Rinneas mo dhícheall ar an bhfuaim chirt do chur i n-umhail agus gan bacadh leis an ngramadaigh ar chor ar bith. Do réir a mínighthe féin chuireas síos na nótaí.

Níor chloígh sí le Contae an Chabháin mar bhailitheoir. Bhí amhrán uaithi agus an nóta thíos leis in IG Iúil 1902:

> I dtigh na mbocht i nGaillimh chuala mé seanbhean ag gabháil an amhráin seo cóicthigheas ó shoin. Bean dall an-aosda a bhí innti ach ní misde a rádh go raibh guth maith aici. Ní raibh a fhios aici cé hé do scríobh.

Níor aithin sí 'Eanach Cuain' le hAntaine Ó Raiftearaí. Níor aithin Seosamh an t-amhrán ach an oiread nó d'ainmneodh sé an file ina nótaí. Ba é seo an chéad uair don amhrán a bheith i gcló, go bhfios dom. Níor fhoilsigh an Craoibhín *Abhráin atá leagtha ar an Reachtúire* go dtí 1903.[39]

Caithfidh gurb ó Úna Ní Fhaircheallaigh a fuair Seosamh lámhscríbhinn 'Beannacht Bóinne'. (IG Samhain 1901). Deir sé ina iarnóta:

> The above poem is from a MS. written at Raffany, Co. Cavan in 1811 by Pádhraig Ó Faircheallaigh.... The present owners of this MS. are the grandchildren of the writer of it....

Laoi mholta an-bhreá is ea é, dán a bheadh ina fhuaimrian feiliúnach do scannán faoin mBóinn:

> Ó Cheannannas na gcros, ó Dhroichead Átha,
> Go srathnaighe bláth mo bheannacht siar
> Agus roinneadh stiobhard Íosa an grádh
> Ar a bhfuil i nDroichead Átha lerab ionmhuin mé.

Thug Seosamh cúlra na lámhscríbhinne, 'Áluinn dún mhic Mhuire' (IG Bealtaine 1901)', ina nóta:

> The above represents the contents of what remains of a small paper found by Mr. William Sheridan, Boolies, Oldcastle, Co. Meath, on the roadside in Muintir Chonnacht, thrown out of some house as rubbish....

[39] Tá an scéal, an dán agus aistriúchán aige sa leabhar sin, leathanaigh 143 *et seq*. Bhí breis is dhá líne dhéag ag Ní Fhaircheallaigh nach raibh aige.

Tá barúntacht Mhuintir Chonnacht sa Chabhán. Tá sé véarsa agus tríocha sa leagan in IG. Bhí dhá leathanach stróicthe as an lámhscríbhinn nuair a tháinig Sheridan uirthi. Is dócha gurb é an duan seo an léargas is taitneamhaí ar Neamh agus is scanrúla ar Ifreann atá i bhfilíocht na Gaeilge, seachas na haistriúcháin de *La Divina Commedia.* In Ifreann, mar shampla:

> Ní cluintear ceól nó séise
> I n-ifrionn as géire teine;
> I n-ifrionn as leór do phianaibh
> Glór na ndiabhal mire.

Deir Seosamh:

> The manuscript gives no clue as to authorship but furnishes abundant evidence, through dialectic spelling, to prove that it was probably copied in the district in which it was found....

Tá leagan níos foirfe ag Énrí Ó Muirgheasa (1936:210-217), curtha le chéile ó rogha leathan lámhscríbhinní in ARÉ agus sa Leabharlann Náisiúnta. Chruthaigh Éamonn Ó Gallchobhair leagan gléasta de a chantar ag cóir ar fud na tíre.

4.15 Ard Mhacha: Gaeilge na bhFeadha

Mar a léiríomar i gCaibidil 2, bhí suim ag Seosamh i nGaeilge Ard Mhacha ó 1892. Bhí scéal do pháistí aige, 'Murchadh Beag agus Murchadh Mór', sa chéad eagrán de IG a tháinig faoina chúram, mí na Bealtaine 1899. Athfhoilsíodh é i *Sgéalaidhe Oirghiall* (1905:99). Admhaíonn an Laoideach sna nótaí sa leabhar sin gurb é 'Seaghán Ó hAnnabháin, darab áit chomhnuidhe Cros Mhig Fhloinn i bhFiodh Uladh', a thug an scéal dó:

> Ní'l i 'Murchadh Beag agus Murchadh Mór' acht sgéal leanbaidhe. Is furus fós a fhághail in gach éan-áird d'Éirinn. Ní'l de sgéalaidheacht againn i gcanamhaint an Fheadha acht é; sin an fáth ar leigeadh isteach é.

D'fhoilsigh Conchúr Mag Eacháin aiste faoi 'Murchadh Beag agus Murchadh Mór' (Béaloideas 2011:60–81). Míníonn sé ina réamhrá gur tógadh an scéal as cóipleabhar atá i measc pháipéir an Laoidigh i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Cuireann Mag Eacháin spéis ar leith sa leagan foghrúil den scéal a rinne Ó hAnnáin de réir an chórais fhoghraíochta i ngnáthlitriú an Bhéarla a cheap Ó Gramhnaigh chun fuaimniú gach uile fhocail sna *Simple lessons in Irish* a léiriú.



Leagan Foghraíochta	Leagan Ortagrafaíochta	
dhaul′ mŭr′-Koo beG′ ă' fee′-ōn. CHō-ĕe	D'ól **Murcadh** Beag an fion. **Chóidh**	1
mŭr′-Koo mōr′ ă-mah′ faa′ Lath′	Murcadh Mór amach fá shlat	
ă-var′-oo pae′ dhō wŭr′-Kŏo beG′ ă	**a bhearfhadh pé** do Mhurcadh Beag a	
dhaul′ ă CHŭd feen′-ă ĕr mŭd′-ĭn.	d'ól a chuid fíona ar **moidin.**	
'Gaa vel′ thoo Gŭl′?' ar′-să'n thlath′.	'Gá bhfeil tú **ag gul**?' arsa'n tslat.	5
'slath, slath′ ă-var′-oo pae′ dhō wŭr′-Koo	'Slat, slat a bhearfhadh pé do Mhurcadh	
beG′ ă dhaul′ mō CHŭd feen′-ă ĕr	Beag a d'ól mo chuid fíona ar	
mŭd′-ĭn.'	moidin.'	
'han-ōn′ thŏo mish′-ă,' ar′-să'n thlath′,	'Chan **fhoghann** tú mise,' arsa'n tslat,	
'Gō-wee′ thoo shgee′-ăn ă-yar′-hās mae'.	'go bhfuighe tú scian a ghearrthas mé.'	10
CHō′-ĕe shăe eg ăn shgaen′.	Chóidh sé 'uig an scéin.	
'Gaa vel′ thoo Gŭl′?' ar′-să'n shgee′-ăn.	'Gá bhfeil tú ag gul?' arsa'n scian.	
'shgee′-ăn ă-yar′-oo slath′, aGŭs slath′ ă	'Scian a ghearrfhadh slat, agus slat a	
var′-oo pae′ dhō wŭr′-Koo beG′ ă-dhaul′	bhearfhadh pé do Mhurcadh Beag a d'ól	
mō CHŭd feen′-ă ĕr mŭd′-ĭn.'	mo chuid fíona ar moidin.'	15
'han-ōn′ thŏo mish′-ă', ar′-să'n sgee′-ăn,	'Chan fhoghann tú mise,' arsa'n scian,	

53. Leagan foghrúil Uí Annáin agus leagan ortagrafach Mhig Eacháin (Béaloideas 2011:70) de shliocht as 'Murchadh Beag agus Murchadh Mór' (Ard Mhacha).

Thuas tá, ar chlé, leagan foghrúil Uí Annáin agus, ar dheis, leagan ortagrafach Mhig Eacháin (Béaloideas 2011:70). Thíos tá an sliocht céanna as leagan an Laoidigh i *Sgéalaidhe Óirghiall, (*1905:90).

> D'ól Murchadh Beag an fíon. Chuaidh Murchadh Mór amach fá shlait a bhearadh pé do Mhurchadh Beag a d'ól a chuid fíona ar maidin.
> "Gá bhfeil tú ag dul?" ars' an tslat.
> "Slat, slat a bhearadh pé do Mhurchadh Beag a d'ól mo chuid fíona ar maidin."
> "Chan fhoghann tú mise," ars' an tslat, "go bhfuighe.tú sgian a ghearrfas mé."
> Chuaidh sé 'uig an sgéin.
> "Gá bhfeil tú ag dul?" ars' an sgian.
> "Sgian a ghearrfadh slat, agus slat a bhearadh pé.do Mhurchadh Beag a d'ól mo chuid fíona ar maidin."
> "Chan fhoghann tú mise," ars' an sgian.

Cé go bhfuil tras-scríobh ortagrafach Sheosaimh dílis go leor don leagan foghrúil a rinne Ó hAnnáin, tá frásaí anseo is ansiúd nach leanann an leagan sin. Síleann Mag Eacháin go mb'fhéidir gur tháinig beadaíocht na heagarthóireachta i bplé sa tras-scríobh. Ba é Énrí Ó Muirgheasa a chuir an Laoideach agus Ó hAnnáin in aithne dá chéile, deir Mag Eacháin linn (2011:61:63)

Bhí trí mhír eile in IG ag Ó hAnnáin sa bhliain 1899. B'amhrán grá ó cheantar na bhFeadha ceann acu (IG Meán Fómhair 1899):

> Nach fada an lá ó mhaidin go dtí an oidhche,
> Mé 'sníomh mo roithneáil aige dorus na gaoithe,
> 'Féachaint a' bhfeicinn a' teacht thú, cúl trom díleas,
> A' gabháilt a' bhealaigh nó 'téanamh sgíste.

Gnáth-thuireamh a bhí dílis don mhodh traidisiúnta caointe ba ea ‘A Charaid Dhílis’ (IG Deireadh Fómhair 1899:28] agus ba thuireamh faoi shagart a d’fhreastail in Inis Chaoin, Co. Mhuineacháin, ag tús an naoú haois déag, ‘Caoineadh an Athar Éamonn Mhac Mhathghamhna’ (IG Mí na Nollag 1899).

4.16 Ard Mhacha: Mac Cobhthaigh agus Ó Doirnín

Bhí leagan le ceol, a fuair Seosamh, is dócha ó Eibhlín Ní Annluain, de ‘Aisling Airt Mhic Chobhthaigh’ in eagrán Dheireadh Fómhair 1899, le nóta: ‘Ar mbeith dhó ’na luighe cois Chuain Bhinne Éadair’.[40] Is dán é atá lán den chumha don Chreagán, deir Tomás Ó Fiaich (1973:156). Chuir seisean dánta Mhic Chobhthaigh in eagar d’Éigse Oiriall i 1973. Tá leagan IG difriúil leis an leagan a chuir Ó Fiaich i gcló, mar shampla:

> Ag Cuan Bhinne Éadair a chois bruach an t-sléibhe,
> Is mé le taobh tonn na bóchna ’mo luighe.

Agus leagan Uí Fhiaich:

> Ag cuan Bhinn Éadainn ar bhruach na hÉireann
> Agus mé ar thaobh tonn na bóchna ’mo luighe (1973:111).

Chuir Seosamh spéis freisin i saothar Pheadair Uí Dhoirnín. In eagrán na Samhna 1899 (42-47) bhí aonad cuimsitheach aige ina raibh ceithre chuid: a) téacs ‘Úrchnoc Chéin Mhic Cáinte’; b) freagra an Úcaire Mhic Ardghail ar an dán sin, ‘Dá dtiocfá liom, a Nuala, ba bhuan a bheadh m’aigne slán’; c) laoi chlasaiceach, ‘Ó Chian ainmneofar an cnoc’; d) trácht ar an scrios a rinneadh ar bhrú adhlactha Chéin Mhic Cáinte ag lucht bainte aolchloiche.

Maraíodh Cian Mac Cáinte i gcath le Clann Tuireann. Adhlacadh é ar bharr cnoic. Shíl Eoghan Ó Comhraidhe gur ar Ard Chéin in aice Dhroim Ineasclainn (Co. Lú) a adhlacadh é. Chuir Seosamh a mhuinín i dtairngire Lugha Lámhfhada mar atá sé in *Oidhe Chloinne Tuireann*: ‘Ó Chian ainmneofar an cnoc’. Tá Cnoc Chéin Mhic Cáinte dhá mhíle siar ó thuaidh ó Dhún Dealgan. ‘Comhalladh tairngire Logha Lámhfhada sin gan bhréag gan chlaon’, scríobh Seosamh:

> Ó Chian ainmneóchar an cnoc,
> Gé ‘tá ina ionad fhornocht;

[40] Bhí Art ina dheoraí i mBinn Éadair toisc gur dhíbir an sagart as paróiste an Chreagáin é nuair a phós sé sa séipéal Protastúnach.

> Mór an gníomh do rónadh ann,
> Fionghail ar Thuath Dé Danann (O'Duffy, 1901:21).

B'álainn an cnoc seo nuair a mhair Ó Doirnín. Bhí 'dún' ar a bharr agus 'uaimh' agus crainn go leor ag fás air. Is cosúil gur thug an Laoideach cuairt air agus gur cuireadh alltacht agus uafás air:

> Mo ghreadán cráidhte! Do truailligheadh agus do sladadh uaigh Chéin, agus do sgaipeadh a chuid cloch le fán, agus do leigeadh (má's é féin do hadhlacadh ann agus cad as nach é agus a ainm féin ar an áit?) a luaithre le gaoith! Ní'l mallacht dá mhéad nach cuirthe leis an danar dúr dána damanta do-eoluis do rinne a uathbhásaighe sin do chreich agus a aidhmhilltighe sin do sgrios ar uaigh ársanta do tháinig slán chugainn ó aimsir Thuath De Danann anuas (IG Samhain, 1899:43).

Thug sé an cúlra d'iomarbhá seo na bhfilí idir Ó Doirnín agus Mac Ardghaile:

> Seo é ádhbhar an cheoil, dar liom-sa: Peadar Ó Doirnín agus Mághnus MhacÁrdghaile beirt fhileadh do bhí i ngrádh le Nuala i n-éinfheacht. Rinneadar an t-suirghe i ndán, ag éad (nó ag formad) le n-a chéile, agus cibé aca dob' fhearr filidheacht, is deimhin gurab é an t-úcaire dob' fhearr le Nuala mar chéile, agus measaim féin gurab é dob' fhearr di mar nuachar.

4.17 An soláthar ó Dhún na nGall: D.Ó.M.

Bhí sé seo a leanas mar nóta ag Énrí Ó Muirgheasa (1934:400) le hamhrán beirte den teideal 'Conspóid idir Ultach agus Connachtach':

> In *Irisleabhar na Gaedhilge* Iúil 1901, chuir 'D.Ó.M'—níl fhios agam cé hé féin—i gcló ocht bhéarsaí a chuir sé le chéile 'ó ochtar daoine i dTír Chonaill'.

Cheap Énrí gur sholáthraí áitiúil 'D.Ó.M', ach is amhlaidh gurb i bPennsylvania, Stáit Aontaithe Mheiriceá, ag obair sna mianaigh, a bhí an t-ochtar sin. Ba shagart i Philadelphia 'D.Ó.M', an tAthair Domhnall Ó Morchadha, bailitheoir cumasach ceolta a chnuasaigh níos mó ná 1,200 amhrán ó imircigh as Dún na nGall agus as contaetha eile. Tá suim as an nua á cur sa sagart ó fuair Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, seilbh ar bhailiúchán de na hamhráin. 'Sagart gan iomrá' a thug Deirdre Ní Chonghaile, coimeádaí an bhailiúcháin, air in aiste léi (2015:191-214) faoi agus faoi chleachtas cultúrtha diaspóra na nGael.

Tháinig litir dar dáta 3 Lúnasa 1899 agus beart amhrán ón Athair Ó Morchadha chuig Seosamh go luath ina ré mar eagarthóir. Seoladh i dtús báire iad chuig

Eoin Mac Néill a bhí an iomarca faoi bhroid le plé leo. Cuireadh an litir i gcló in IG Nollaig 1899. Bhí clóscríobhán le clófhoireann Ghaelach ag an sagart.[41]

> A Charaid Ionmhuin:
>
> Cuirim chugad-sa agus chuig cairdibh na Gaedhilge, leis an teachtaireacht seo, beart beag eile de abhráin Thíre Chonaill. Is mór a' t-íongnadh liom nár 'úbhairt sibh dadaídh i dtaobh an mhéid a chuir mé chugaibh cheana...Cidh nach bhfuil siad críochnuighthe go ró-bhláthmhar go fóill, is iarraidh iad ar chuma ar bith. Agus tá port breágh deas fós lé gach uile abhrán acú; agus d'fhéadfadh fear ceoil na portannaí seo a thógbháil suas go réidh agus a n-ainmneachaí a fhághail amach dhúinn, dá dtéidheadh sé síos go Dún-na-nGall imeasc na sean-daoiní agus iarraidh orthú ceathramha nó dhó a ghabháil dhó, agus a bheith a' cur leotha é féin 'san am céadna... Duit-se go measamhail, Domhnall Ó Murchadha.

As an bhfáltas ó Philadelphia d'fhoilsigh Seosamh deich n-amhrán ó Dhún na nGall, bailithe ó mhianadóirí Pennsylvania, agus dán a tháinig ó Ghaillimh, 'An tslis'. I ndiaidh 'Máire mhór' (IG Nollaig 1899), bhí an nóta seo ag Seosamh:

> Fuaramar le goirid an litir agus beirtín amhrán ar a raibh 'Máire mhór' so thuas ó'n Niallach. Ní meas dúinn gur chuireamar ró-mhoill ar chuid ádhbhair chló an Athar Domhnall. Is mór is ionmholta fá n-a chuid saothair é ar aon chuma. — F. an I.

Cuireadh trí cinn i gcló faoi ainm an Athar Uí Mhorchadha agus na hamhráin eile faoi na ceannlitreacha 'D.Ó M.'

> 'Máire mhór' (IG Nollaig 1899)
> 'Amhrán an tsean-chapaill', Peadar Breathnach (IG Meán Fómhair 1899)
> 'Féidhlimidh Óg Ó Frighill' (IG Márta 1900)
> 'An t-uan brocach', Peadar Breathnach (IG Aibreán 1900)
> 'An t-éan bocht scaithtí' (IG Meán Fómhair 1900)
> 'An tslis', Pádhraig Ó Callanáin, Gaillimh (IG Deireadh Fómhair 1900)
> 'Conspóid idir Ultach agus Connachtach' (IG Iúil 1901)
> 'Isibhéal inghean Eoghain' (IG Lúnasa1901)
> 'Réalt eolais na Fánaidhe', Tadhg Ó Tiománaidhe (IG Feabhra 1902)
> 'Fan ar an bhaile 'mo chomhair', Peadar Breathnach (IG Bealtaine 1902)
> 'An óig-bhean gan bhéim', Tadhg Ó Tiománaidhe (IG Meitheamh 1902)

An moladh a rinne 'D.Ó M.' sa litir, go dtéadh 'fear ceoil.... síos go Dún-na-nGall i measc na sean-daoiní ag iarraidh orthu ceathramha nó dhó a ghabháil dhó', bhí sé comhlíonta cheana agus go minic ag Seosamh, go háirithe i lár agus in iardheisceart an chontae. Ba láithreacha tábhachtacha don chultúr traidisiúnta

[41] Ní Chonghaile, 2016:207.

Gleann Fhinne ar imeall na gCruach Gorm agus Mín na Gualann níos faide ó dheas.

Beirt fhile as an nGleann a luaitear níos mó ná uair amháin sna nótaí a chuir 'D.Ó.M.', agus an Laoideach níos déanaí, leis na hamhráin ba ea Tadhg Ó Tiománaidhe agus Peadar Breathnach. Filí gan iomrá liteartha fós iad. Tá ionad buan ag a n-amhráin, áfach, i repertoire amhránaithe gairmiúla.

Chumadh Peadar Breathnach amhráin antrapamorfacha, i bhfad sular fhoilsigh Anna Sewell *Black Beauty*, tús an tseánra sa Bhéarla, in 1877. Sampla breá ba ea 'An sean-chapall bán' (IG Meán Fómhair 1899):

> Nuair a bhí mise ag Tuathal 's mé óg, is againn bhí spórt is buaidh,
> Nuair a bheireadh sé leis mé 'un aonaigh i dtoiseach a bhínn gach uair;
> Ar philleadh 'na bhaile domh aríst, is ghníodh sé mo shlíocadh suas,
> Mar mheannán go gcorfainn le díomus ar maidin fá'n mhín sin thuas.

Sa nóta thíos (IG Meán Fómhair 1899), ba í Brighid Ní Bhaoighill, as na Gleanntacha, a mhínigh 'An mhín sin thuas' sa líne dheiridh den cheathrú dó, ach is leis an Laoideach féin an chuid den tagairt atá idir lúibíní, ina luann sé 'an tráth bhíomar ag buaint fúinn ar Mhín na Gualann':

> An mhín sin thuas .i. ailt bhán a bhí os cionn an tighe a dtugadh siad An Mhín air. (Ar an nGlaisigh atá teach Thuathail Uí Ghallchobhair, agus ní mór nach bhfuil sé os coinne tighe reaca Éamoinn Uí Mhuighe; do síneadh méar faoi dhúinn, an tráth bhíomar ag buaint fúinn ar Mhín na Gualann.)

Chuir D.Ó M. amhrán antrapamorfach eile le Breathnach ar fáil, 'An t-uan brocach' (IG Aibreán 1900). Bhí leagan le ceol d'amhrán beirte iomráiteach a chum Breathnach, 'Fan ar an bhaile 'mo chomhair', in IG Bealtaine 1902.[42] Deir Seosamh:

> Is iomdha duine ó' dtáinig an innsint atá ar na foclaibh .i. ó Eibhlín Breatnach, deirbhshiúr do'n fhilidh, ó Sheaghán Mhag Éantaigh dar treó Ailt i dTír Chonaill, agus ó'n Athair Domhnall Ó Murchadha do chuir an t-amhrán i gcló 'sa tsean-'Ghaodhal,' i mí na Bealtaine, 1888.... Brighid Ní Mhic (sic) Giolla Dhé, cailín fíor-Ghaedhealach do chomhnuigheadh i Dún-na-nGall, is uaithi-se fuarthas an fonn.

[42] IG Bealtaine 1902. Ba í Sibéal Mhig Éantaigh a ghléas.

Phós Peadar bean as Árainn Mhór. Níorbh í an bhean san amhrán í. Ba í siúd Nóra Hiúdáin, iníon tábhairneora, a d'iarr air fanacht ar an oileán 'na comhair. Tá cur síos ar theacht Pheadair go hÁrainn Mhór mar is cuimhin le Róise Rua Mhic Grianna é ó sheanchas an oileáin ag Pádraig Ua Cnáimhsí (2009:190-194). Bhuail Peadar bleid ar bheirt chailín a bhí ag carnadh feamainne. Bhí sé tógtha go mór le Nóra ach ní fhágfadh sí an t-oileán leis:

> Dá leanainnse thusa 'sa ród, badh ghoirid go dtógfá díom;
> Tráth bhuailfeá le himirt 's le hól, badh ghoirid badh lón an mhaoin;
> Acht fan ar an bhaile 'mo chomhair, agus bí ar aon nós liom fhéin—
> Gheobha tusa talamh go leór agus mise go deóidh mar mhnaoi.

Fuair sé 'Sorcha Ní Bhréanainn' (IG Eanáir 1901), amhrán eile le Breathnach, ón Seaghán Mag Éantaigh céanna agus ceann eile fós, 'Gleann Dómhain' ó Phádraig Ó Tiománaí i nGleann Fhinne (IG Lúnasa 1901). Dheachtaigh Brighid Ní Bhaoighill 'Ceithre ceathramhna an Bhogaigh (IG Aibreán 1902), le Breathnach, don Laoideach i mBaile Dhún na nGall. Amhrán imirce atá ann, mar is léir ón mbunscéal a bhreac sé síos uaithi:

> Ceathrar buachaillí bhí ar an Bhogach agus chuaidh siad go hAmerica agus bhí an cailín buartha i ndiaidh fir acu. Bhí Peadar ag obair ar an bhaile ansin agus rinne sé na ceithre ceathramhna go gcuirfeadh sise anonn go hAmerica d'ionnsuidhe ar a buachaill féin iad. Chuir an buachaill litir anonn agus a pasáisde fá choinne an chailín.

Pé eolas faoi Thadhg Ó Tiománaidhe atá againn is sna nótaí ar fhilí Ghleann Fhinne i *Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh* (295-298) atá sé. Tá sé amhrán leis sa chnuasach sin. Mhair 'Tadhg na mBan' i lár an ochtú haois déag. Ba sheoltóir beithíoch é. Bhí an clú air go raibh bean i ngach baile aonaigh aige. Ruaigeadh as Gleann Fhinne le leabhar, clog agus coinneal uair amháin ar a laghad é. Ní léir gur bhailigh Seosamh amhrán ar bith a chum 'Tadhg na mBan' ach chuir sé péire leis a chuir D.Ó M. chuige i gcló, 'Réalt eolais na Fánaidhe' (IG Feabhra 1902) agus 'An óig-bhean gan bhéim' (IG Meitheamh 1902). Ní luaitear cumadóir 'Réalt eolais na Fánaidhe' in IG. Tá an t-amhrán faoi theideal eile, 'Gráinne Fhanaid', ag Ó Muirgheasa (1934:324). Dar leis ba é Ó Tiománaidhe a chum agus gurb í Gráinne bean chéile Thaidhg.

'D'athruigh a bharamhail uirthi go mór le linn a shaoghail phósta.... Níl mórán de fhillidheacht Uí Thiománaidhe ag na seandaoinibh, de chionn nár mhaith leo na drochsmaointe a bhí ionntu. Ins an amhrán seo fhéin b'éigean dom dhá

cheathramhain a fhágáil ar lár,' scríobh Énrí sna nótaí (1934:325). Níor fhág D.Ó M. ná an Laoideach ar lár iad.

Toirdhealbhach Mac Monaguil as Gleann Fhinne a chum 'Mná Mhín na Sróna' (IG Lúnasa 1901). Bhain sé le heachtra a tharla le linn Chogadh na Talún. Chuir mná an bhaile stop leis na báillí a bhí ag iarraidh a mbeithígh a thiomáint ón talamh. Ina nóta, thug Seosamh dúshlán mhná Éireann sampla mná Mhí na Sróna a leanúint:

> Let us hope that, in regard to the language and similiar movements, in future all the native women will show the spirit of the women of Mín na Sróna, 'nach leigfeadh a gcuid airnéis le báillídh ná le tóraidhe'....
>
> .... Ó chruinnigh tú gárda gan grásta gan tróc're,
> Spailpíní Gállta ag árdughadh ar gcuid bó leo
> Acht míle altughadh dho'n Áirdrígh a cheangluigheas na dóirle(?),[43]
> Ná, gheobhaidh sibh bhar bpáidhe ó mhná Mhín-na-sróna.

Fear darbh ainm McGeehan as Gleann Fhinne a d'inis 'Pádraig na bhfeart agus a ghabhar' (IG Feabhra 1902) do Sheosamh, scéal a mhíníonn gur ghoid muintir Chonnacht gabhar an naoimh agus, mar phionós, gur bhain sé de a bhairéad agus gur iarr d'achainí ar Dhia 'gach éan-áit i rachadh siad, gach éan-duine bheith ar a gcoimheád ortha agus marc ar a dteangaidh....'. Dar le Seosamh, ag spochadh as an gConnachtach atá an finscéal Conallach seo, á rá nach bhfuil Connachtaigh iontaofa agus go bhfuil locht ar a gcuid Gaeilge toisc gur ghoid siad gabhar an naoimh. Mar a mheabhraíonn sé dúinn, is beostair é finsceál seo an ghabhair sna Sceirí i dtuaisceart Cho. Átha Cliath.[44]

Ba scéal nó gníomhchluiche do dhaoine óga 'An phléis am' (IG Meán Fómhair 1901), scéal slabhrúil ina ngreamaítear muintir an scéil le chéile le draíocht, a d'inis Paidi Ó Beirn, Mín na Gualann, do Sheosamh. De réir Fhoclóir Uí Dhuinnín, ciallaíonn 'pléiseam' pleidhcíocht nó iompar gan bun ná barr leis. Thug Paidi Ó Beirn trí scéal eile dó nach raibh in IG ach atá ina leabhar, *Cruach Chonaill* (1913).

[43] 'Carraig' is brí le 'dóirle', mhínigh Ó Tiománaí.

[44] *https://stairnaheireann.net/2015/11/21/the-legend-of-st-patricks-footprint-red-island-skerries-co-dublin/* ceadaithe 30 Lúnasa 2019.

Tá nóta ó Sheosamh freisin ag deireadh ‘Bean an fhir ruaidh’ (IG Iúil 1902), a deir gur scríobhadh síos an t-amhrán ‘ó bhéalaithris Bhrighid Ní Bhaoghaill (atá anois ar shlí na fírinne) i nDún na nGall’. Thug sí scéal an amhráin seo chomh maith—faoi tháilliúir a raibh iníon álainn aige, beirt tháilliúir cúnta fostaithe aige, duine acu rua, agus iad araon dóite ar an iníon. Milleann an táilliúir rua clú an duine eile trí rudaí luachmhara as an teach a chur i bhfolach ina mhála sa chaoi go gcuirtear i bpríosún é agus é cúisithe sa ghoid. Faigheann an fear rua an bhean agus an gnó. Blianta ina dhiaidh sin filleann an fear clúmhillte, anaithnid agus i mbréagriocht, go dtí an teach céanna mar tháilliúir taistil agus é fós i ngrá le bean an fhir rua.

Scéal eile a thug sí don Laoideach ba ea ‘Mór Ní Odhráin’ (IG Eanáir, 1900). Bhí Mór Ní Odhráin cúig chéad bliain d’aois. Nuair a fiafraíodh rún a haoise di, dúirt sí:

> Tá, níor ith mé aon ghreim ariamh go rabh ocras orm; níor ól me aon deoch go mbeidheadh tart orm; níor shuidh me riamh ag an teinidh gan a bheith ’g obair....

Béaloideas ceirde ó Dhún na nGall uaithi ba ea ‘Loch Bheil Séad agus a dhraoidheacht’ (IG Samhain 1901):

> Bhí cúipéaraidhe éigin ’na chomhnaidhe in-Albain uair agus buachaill ar aimsir aige.... Ligeadh abhaile go Dún na nGall é, agus d’iarr an cúipéaraidhe air na fonnsaidhe chur anonn d’ionnsuidhe air. Dubhairt an buachaill nach raibh a fhios aige goidé mar gheobhadh seisean anonn na fonnsaidhe go hAlbain. D’iarr an cúipéaraidhe air dornán maith a bhaint aca agus a gcaitheamh amach i Loch Bheil Séad agus go rachadh siad go hAlbain—go bhfuigheadh seisean i nAlbain iad.

Is iad na fonsaí na bandaí atá thart ar an mbairille. Is loch intíre é Loch Béal Séad; mar sin bhí draíocht i gceist.

Bhí cuntas i véarsaíocht agus i bprós ag Máire Máirtín dar teideal ‘Feis Thamhnaigh a’ Mhullaigh’ sa cholún ‘Caint chumaisg’ in IG Eanáir 1900. An scéal céanna a bhí sa dá chuntas, véarsa agus ansin insint i bprós gach ré seal:

> Lá amháin bhí mise ag siubhal thríd Thamhnach Mhullaigh
> ag dul chum tsléibhe,
> Agus chonnaic mé an sealbhán daoine cruinn a dtugann siad
> an Féis air.

Bhí siad ann, óg is sean, ó'n leanbh go dtí an liath;
Aniar ó Mháilinn Bhig ar fad 's anuas ó Bhaile Átha Cliath.

Lean an insint i bprós an cheathrú sin. Scríobh Seosamh an méid seo a leanas faoi Mháire Máirtín:

> Máire Ní Mhic (sic) Fhionnlaoigh is ainm agus sloinneadh ó cheart do'n té do chum, acht is í bean Phádraig Máirtín í, agus bean óg atá innte go fóill..... Tá sí gan eolas léighte ná sgríobhtha, acht má tá féin, tá teanga mhaith fhíor-bhlasda Gaedhilge aici, amhail dob' fhollus do'n té do bheidheadh ag éisdeacht léithi ar na Frasaibh.

Chuir Máire agus a comharsana roinnt mhaith ábhair ar fáil do IG agus Seosamh ina eagarthóir. Tá Tamhnaigh an Mhullaigh thoir thuaidh ó Leitir Cheanainn gar do Loch Iascaigh. Ní miste píosa suimiúil eile de chumadóireacht Mháire Máirtín a lua anseo, 'Dúshlán lucht an Bhéarla' (IG Iúil 1901), déanta sa mhodh céanna, insint i véarsaíocht agus insint i bprós gach re seal:

Óch! óch! budh é sin a' lá dubh dúinn
A bhfaca muid lucht a' Bhéarla;
Bhí mallacht ar a mbonnaibh, bhí nimh ar a bhfiacla,
Bhí faobhar mór ar a méaraibh;

Léirigh Tuathal Ó Sléibhín, as an gceantar céanna, chomh lárnach is a bhí teach na scoile do shaol an phobail ina alt 'Sgoil Thamhnach a' Mhullaigh' (IG Aibreán 1902). Bhí a mhíniú féin aige ar na seanamhráin a bheith gan tionlacan uirlise; ní raibh na huirlisí ceoil ag muintir an tsléibhe. Bhíodar róbhocht agus is mar sin a d'fhás an sean-nós. Bhí an iomarca measa ar an tionlacan ag an gConradh, chreid sé.

Bhreac Seosamh síos an t-iomann álainn 'An bhainis pósta bhí i gCána' (IG Aibreán 1902) 'ó bhéal-aithris Chonaill Mhig Eantaigh, i dTamhnach a' Mhullaigh i neasacht do Dhún na nGall'. Tá sé in IG mar iomann gléasta, cóirithe ag Maighréad Ní Bhuain sa mhodh Greagórach:

Bhí Íosa 'gus an Óigh nachar dhána
Ar bhainis pósta bhí i gCána.

Do theastuigh fíon ó fhear an fhéasta;
Do labhair a mháthair 's ba chiúin a béasa.

'A Mhic mo chroidhe, ó's tú tá críonna,
Tá'n áit seo buaidheartha dh'easbhaidh fíona.'

Rinne deirfiúr Mháire Máirtín, Bean Uí Iolfortaigh, ‘aistriúchán’ ar ‘Silent O Moyle’ dar teideal ‘Fionnghuala’ (IG Iúil 1902). Dáiríre ba dhán nua é agus mar dhán nua ba chumadóireacht fhiúntach é. Tá dhá oiread línte ann is atá i leagan Moore. Thriail deirfiúr Mháire Máirtín an t-aistriúchán freisin. Iarracht shuimiúil uaithi ba ea ‘An cogar’ (IG Nollaig 1900), leagan Gaeilge de ‘The stuttering lovers’:

> Chogair mé isteach i n-a cluais ar ais,
> Agus, leóga, bhí an cogar sin fíor;
> Tá sé iongantach deas ag tabhairt chogair do ghirrsigh
> Nár éist lé aon chogar ariamh,
> Ariamh, ariamh, aroimhe,
> Nár éist lé aon chogar ariamh;
> Tá sé iongantach deas ag tabhairt chogair do ghirrsigh
> Nár éist lé aon chogar ariamh.

Chuir Seosamh an t-iarnóta seo leis an téacs:

> Is féidir a rádh gur as a stuaim féin do bhain Máire an t-abhrán so. Má’s fíor gurab é rud budh bhun dó abhrán Ghaillbhéarla tugadh go Tamhnach an Mhullaigh ó hallaíbh an ain-cheoil i nGlaschú, nach amhlaidh d’fhág sí lorg glaine a cainte féin air? F. an I.

Léiríonn leagan Mháire pobal na Gaeltachta ag dul i ngleic leis an saol a bhí ann ar a bhealach féin. Chum an tAthair Tomás Ó Ceallaigh leagan Gaeilge freisin, ‘Na leannáin bhriotacha’.

Bhailigh Seosamh amhrán grinn ólacháin gur fiú é a lua, ‘Bean na táibhirne’ (IG Iúil 1901), ó Phádraig Ó Sléibhin i n-Éadan-Dhá-Ghabhal, sa cheantar seo. Chuir an fear céanna scéal ar fáil, a raibh leagan de freisin ag Tomás Ó Corragáin, ‘Athbhaisteadh Chaoilte’ (IG Lúnasa 1901).

Chuir Éamonn de hAlbha an t-amhrán grá breá ‘An gruagach uasal’ (IG Márta, 1902), a fuair sé ar Oileán Toraí, i gcló idir cheol agus fhocail in *A Celtic Christmas, 1901,* ar bhliainiris *The Irish Home-stead* é. Fuair Seosamh ansin é. Tá téama clasaiceach ag dul siar go Persephone ag ‘An gruagach uasal’, an neach mealltach osnádúrtha a bhréagann an bhean óg chun éalú leis, agus, níos bunúsaí, an fear óg a mheallann an bhean óg óna céile aosta. ‘Do dhearbhuigh na hoileánaigh go léir do de hAlbha gur cheól sídhe dáríribh an port, .i. gurb ó’n sluagh sidhe do foghluimeadh é oidhche éigin’, scríobh Seosamh.

Is scéal casta Fiannaíochta ina bhfuil tomhas agus cluiche infhite ‘Gaduigheacht Inisdubháin’ (IG Meán Fómhair 1902), a bhí i litir a scríobh Seumas Seaghán

Mac A' Bháird, Oileán Toraigh, chuig 'Fear Eagair an *Irisleabhair'* ar 17 Lúnasa, 1902. Bhí Fionn, ceathrar déag eile den Fhiann agus cúigear déag eile ar strainséirí iad ar bord loinge i bhfad ó thír nuair a d'imigh an bia gann orthu. Chinneadar ar dhuine den tríocha ar bord a mharú agus a ithe agus ansin duine eile de réir mar a bheadh gá le bia. Fágadh faoi iníon Fhinn na crainn a chur. Bhí rún aici nach marófaí duine ar bith den Fhiann.

Fuair Seosamh 'Colm Cille agus an duine bocht' (IG Meán Fómhair 1901) ó mháistir scoile, Mac Uí Ghallchobhair, as Tamhnaigh an tSalainn. Mhínigh an scéal seo an seanfhocal 'Ní théid fial go hIfreann'. Ba scéal é faoi ghadaí capall 'Énrí bradach Mag Fhinn' (IG Meán Fómhair 1901), agus ba scéinscéal uafáis faoi chailleach ghortach a réab reilig agus a bhain gríscín as más corpáin 'Taidhbhse na reilige' (IG Eanáir 1900). Chuir Énrí Ó Muirgheasa scéal atá fíor-Ultach, mar baineann sé le tionscal an línéadaigh, isteach chuige, 'An pisín breac' (IG Samhain 1901).

Is fiú cúpla amhrán eile a chuir sé i gcló a lua, 'An t-éan bocht scaithtí' (IG Meán Fómhair 1900) agus 'Donnchadha Ó Baoighill' (IG Márta, 1901). Ba í Nábla Ní Dháibhidh a chum 'An t-éan bocht scaithtí', deir Énrí Ó Muirgheasa, a raibh leagan níos iomláine den amhrán aige (1934:303). Fear óg as Connachta a chaill a bhean chéile (a chúl báire) agus a bhí ag buachailleacht eallach anois i nGleann Fhinne b'ábhar don amhrán. Eóin Óg Mac Niallghuis a chum an caoineadh binn 'Donnchadha Ó Baoighill', deir an Laoideach, a fuair an dán ó Éamonn Mac an Ghoill i nGlinn Gheis. Baintreach ag caoineadh a céile atá againn san amhrán sin. 'Scríobh mé an t-abhrán seo síos a réir mar chluin mé ó Liam Ó Domhnaill as Rann na Feairiste,' bhreac D.Ó M. mar iarnóta do 'Isibhéal inghean Eoghain', dán grá den ghnáthchineál, a bhí in eagrán Lúnasa 1901.

Is pobal i lár na Speiríní Muintir Luinigh. Ba é Eoin Mac Néill a bhailigh agus a chuir an scéal 'Cnachar rí Uladh'[45] ar fáil do IG. Tá an réamhnóta seo ag Seosamh:

> Cnachar .i. Conchubhar rí Uladh, sean-sgéal a d'aithris Brian Mac Conbhuidhe i gCurrachan tSearraigh (nó Corr an tSearraigh) i nGleann Fhoichle i Muinntir Luinigh i dTír Eoghain. Eóin Mac Néill

[45] (IG Nollaig 1900, v. XI:3).

> do sgríobh an scéal ó bhéal-aithris Bhriain réam-ráidhte, Dia Domhnaigh, an t-ochtmhadh lá de Mheitheamh, 1900.

Tá an scéal fíorluachmhar mar thaisce de Ghaeilge Thír Eoghain, mar atá 'An still a bhí ar coigríoch', luaite thíos. Chuir Seosamh dhá leathanach iomlána geall leis de nótaí leis an scéal. Tá canúint Thír Eoghain ar aon dul le canúint Uladh, deir sé, ach tá gnéithe de cosúil le Gaeilge Chonnacht.

Ní féidir a rá go bhfuil 'Cnachar rí Uladh' sa mhúnla traidisiúnta mar atá scéalta Thomáis Uí Chorragáin, cé go bhfuil 'ritheanna cainte' ann as repertoire an tseanchaí, agus athrá slabhrúil; is amhlaidh, mar a deir Seosamh, gur athshealbhaigh pobal Mhuintir Luinnigh an béaloideas seo as an nua agus rinne siad a gcuid féin de. Mar shampla, tá an Fhiann agus an Chraobh Rua le fáil le hais a chéile sa scéal seo.

Is cosúil ón amhrán bríomhar as Muintir Luinigh, 'An still a bhí ar coigríoch' (IG Deireadh Fómhair 1899) gur lonnaigh fear amháin stil phoitín ar thalamh a chomharsan faoi rún agus gur scrios an chomharsa an stil le grápa nuair a tháinig sé uirthi. Ba Phreispitéireach an chomharsa agus ba Chaitliceach an stiléir; tá olc acu chuig a chéile agus tá an bhagairt agus an maslú biogóideach agus seicteach. Seo ceathrú ón lár:

> B'fhurus domh aithniughadh nach raibh tú mar chóir duit,
> Nach rachthá-sa 'un aifrinn mar rachadh do chómharsain;
> 'Sé Urnaidhe na Maidne bhéidheadh agat Dia Dómhnaigh;
> Bréaga agus cúlchaint agus troid le do chómharsain.
>
> Is théim baile is théim bó.

4.18 Béaloideas Chonnacht

Bhí mír amháin ó Chonnachta againn cheana sa chaibidil seo, 'Eanach Cuain', a chuir Úna Ní Fhaircheallaigh ar fáil. Tháinig 'An tslis' (IG Deireadh Fómhair 1900), le litir dar dáta 12 Iúil 1900 chuig eagarthóir IG ó D.Ó M. i Philadelphia, ina bhfuil an sliocht seo:

> Cuirim chugad an t-abhrán clampair seo a fuair mé ó fhear as Condae na Gaillimhe. Deir sé gurb' é Pádhraic Ó Callanáin, file a bhí 'na chómhnaidhe tamall maith ó shoin i gCathair-an-Duibhín insan gcondae chéadna, a rinne é, ar shagart a thiontuigh leis an bPobul Gallda.....

Tugann sé 'abhrán clampair' air le ceart mar bhí muintir an tsagairt ina gcónaí

fós in aon pharóiste leis an bhfile, Peaitsí Ó Callanáin. Ba í an tslis an bata buailte lena bpasáladh na mná ní na héadaí ag an abhainn. De thaisme d'imigh slis an fhile le sruth agus scuabadh trí na paróistí i dtreo na farraige móire í. Amhrán fáthchiallach is ea 'An tslis'. Seasann sí don Athair Ruaidhrí Ó Ridire, séiplíneach sa Chreamhchoill, a thiontaigh ina mhinistir earcaíochta Protastúnach agus, mar a rinne an tslis, a chuaigh ar strae (Ó Ceallaigh 1967:101-102).

Ghabh Seosamh leithscéal a léitheoirí de bhrí gur fhág sé dhá véarsa, V agus VII, sa leagan a bhí á fhoilsiú san iris.

> We must apologise for allowing stanzas V and VII, but we do not like to mutilate the song.

Bhí véarsaí V agus VII cáinteach faoi na Protastúnaigh.

Seoirse Mac Ruaidhrí, Fó-choill, Leacain, Cill Alaidh, 'An Buachaillín Buidhe', a chuir 'An láirín shaoghalta' (IG Meitheamh 1902), isteach. Bhailigh sé an dán seo ó chomharsa a bhí 'suas le céad bliadhain d'aois anois'. Bhí an file láneolach ar chosmas casta na sióg. Ghoid Finbheara, rí na sióg, a láir shaolta:

> Sgiob Finbheara 'gus a shluaighte
> Mo chaiplín leis ó'n mára.
> Dá bhfágfadh sé agam an craiceann
> Gheobhfainn tobac ráithche

Nocht an soláthraí ina litir nach raibh sé róshásta le seoiníní Bhéal an Átha:

> Tá neart Gaedhilge ag muinntir na comhursanachta timcheall Cille Alaidh.... acht maidir le Béal an-Átha, ní facathas a leath oiread de sheoiníníbh agus de húmairíbh Gallda riamh agus tá le feiceál ins an mbaile mór so.... ?

Dúirt Seosamh:

> Tá lán an chirt ag 'An mBuachaillín Bhuidhe': caithfear cor do bhaint as na snagairíbh malluighthe úd an Bhéarla gan mórán moille, mar is iad is measa ar bith.

Bhí seanchaí nua faighte ag Seosamh, Mícheál Mhag Ruaidhrí as iarthuaisceart Mhaigh Eo, a bhíodh ag gíotáil oibre ar fud Bhaile Átha Cliath le tamall de bhlianta. Tosaíonn eagrán an Eanáir 1902 le scéal fada, 'Bréaga Éireann', 4,300 focal, a scríobh Seosamh síos óna bhéalaithris. Chuir sé dhá cholún nótaí leis.

Bhí leagan Oiriallach, ‘Bréagóir Éireann’, ó Thomás Ó Corragáin, in IG Márta 1901. Bhí ‘Rí na mbréag’ i *Sgéaluidheacht Chúige Mumhan* le Pádraig Ó Laoghaire. Is märchen idirnáisiúnta é ‘Bréaga Éireann’. De ghnáth, ba í iníon an rí an duais dá n-éireodh leis an mbréagadóir na focail 'thugais t'éitheach' a bhaint as an rí féin. D’athfhoilsigh an Conradh leagan Mhig Ruaidhrí mar leabhrán i 1906.

Fear a bhí ag scríobh do IG ó ré an Phléimeannaigh ba ea Seaghán Ó Ruaidhrí, arbh as Maigh Eo dó ach a bhí ina chónaí le fada i Barrow-on-Furness. Bhí sé go mór faoi anáil an bhéaloidis a shúigh sé isteach ina óige i gcomharsanacht Bhealach an Doirín. Sa scéal ‘A' d'téidheann ag dadaidh ar an gcinneamhaint?’ (IG Samhain 1900), saolaítear iníon don lánúin seo. Oíche na breithe tugann scoláire bocht eolas dóibh a dhéanann saibhir ar an toirt iad. Tugann sé litir agus séala uirthi dóibh chomh maith, ina bhfuil cinniúint an pháiste. Tá siad faoi gheasa gan í a oscailt go mbeidh sí fiche bliain d'aois. ’Sí breith an scéil gur féidir an chinniúint a chur ar neamhní trí chleachtadh na suáilcí.

D’inis seanbhean ‘Sgéal taidhbhseach ar Oidhche Shamhna’ do Ó Ruaidhrí in 1851 mar eachtra a tharla di féin (IG Deireadh Fómhair 1900). Shocraigh gasra na háite teacht le chéile 'i dteach le cleasaibh agus geasrógaibh Shamhna do dhéanadh'. Bhí Úna déanach ag teacht chun an tí. Tháinig fear ar bhromach, comharsa, shíl sí, suas léi ar an mbóthar. Ní fhaca sí cúis ar bith diúltú dó nuair a thairg sé cúlóg di.

Ba scéal ó Chontae Shligigh ‘Antoine Gabha’ (IG Iúil 1901). Mínítear an nós a bhíodh ag gaibhne an chéad bhraon den uisce a bhíodh ag dul isteach sa dabhach a chaitheamh ar an inneoin. Bhí bua ag braon na hinneonach draíocht dhrochmhéine a chealú. Luadh piseog eile i scéal Uí Ruaidhrí—an inneoin a chasadh in éadan drochdhuine nó droch-neacha. Ba scéal do pháistí ‘Toirtín Dhomnaillín’ (IG Meitheamh 1902), athchruthú den 'Gingerbread man’. Sa scéal ‘Cearrbhach na craoibhe’ (IG Eanáir 1900, v.X: 461) cuireann an Cearrbhach a anam i ngeall i gcluiche cártaí don Ard-deamhan chun a raibh i ngéibheann in Ifreann aige a scaoileadh saor.

Mhínigh ‘Chomh fial leis an bhfear do leag an tsnáthaid ar an gcoltar’ (IG Eanáir 1900) an bhrí atá leis an seanrá sin. Fuair fear a ghoid coltar agus fear a ghoid snáthaid bás. Bhíodar ‘ag dul go breitheamhnas’:

> ‘Is truagh liom,’ arsa fear an choltair, ‘tusa do bheith daortha mar gheall ar an rud beag sin. Tabhair dhamh-sa é agus leagfaidh mé ar an gcoltar so é....’.

Sé sin, ghlac fear an choltair pionós fhear na snáthaide air féin.

Scéal taibhsiúil eile le Seághan Ó Ruairí ba ea ‘Póilín’ (IG Deireadh Fómhair 1899), a bhain le '... díleachta bocht gan a sháith céille do fágadh ar fán do bhárr bliadhanta na ngorta (sic) ag iarraidh a choda, gur chrap sé faoi ar an mbaile s' againne....’. Shocraigh geaigíní an bhaile ar cleas a imirt air.

4.19 Béaloideas na Mumhan

Is fíor gur bhailigh an Laoideach béaloideas na Mumhan leis an díograis chéanna lenar bhailigh sé béaloideas na Mí, Oiriall agus Uladh. Bhí sé in Uíbh Ráthach, i gCorcra Dhuibhne agus i Múscraí. Níl a chosmharc mar bhailitheoir chomh soiléir sa Mhumhain is a bhí sé i dTír Chonaill. Bhí méadú mór tagtha ar líon na nGaeilgeoirí dúchasacha sa Mhumhain a raibh ar a gcumas an teanga a scríobh go muiníneach. Dá bharr sin mhéadaigh an soláthar ó chomhfhreagróirí.

Ní raibh ach scéal amháin ó Chiarraí in IG nuair a bhí Seosamh ina eagarthóir, ‘Inghean Ríogh Éireann’ (IG Aibreán 1902). Is i *Tonn Tóime* (1915) is fearr a léirítear dícheall agus críochnúlacht an Laoidigh mar bhéaloideasaí i gCiarraí. Mhínigh sé faoi ‘Inghean Ríogh Éireann’:

> The above story was related at Ballyferriter Co. Kerry by a boy whose name I cannot now recall, unless it be 'Máirtín'. It was written down in a great hurry and consequently shows some omissions, which appear in brackets... Míle fáilte roimh ceartughadh (sic) ó aon sgoláire i gCiarraighe Luachra.

An príomhthéama in ‘Inghean Ríogh Éireann’ is ea an ciorrú coil—Cineál 510B ar Innéacs Stith Thompson. Cuirtear fáinne i bhfolach. Tá an rí faoi gheasa an té a fhaigheann an fáinne a phósadh. Faigheann a iníon féin é:

> ‘Dia linn, mo ghrádh ghil! is dócha gur mar chros orainn a bhí sé; caithfir mise phósadh anois!’....

Cuireann sí moill ar an bpósadh tré rudaí a iarraidh air nach furasta a fháil. Iarrann sí capall óir air. Maidin an phósta téann sí i bhfolach i mbolg an chapaill. Glacann siad gur ídigh sí í féin. Éalaíonn sí go hÉirinn.

4.20 Pádraig Ó Laoghaire

Fuair Seosamh na samplaí de phrós Bhéarra a bhí uaidh do IG, an scéal ‘Na trí shraoth’ (IG Lúnasa 1901) agus ceithre fhabhalscéal le hAesop, ‘An sionnach agus an gabhar’ agus ‘An frog agus an damh’ (IG Lúnasa 1901) agus péire eile, ‘An mac tíre agus an t-uan’ agus ‘An coileach agus an seód’ (IG Samhain 1901), iad ar fad le Pádraig Ó Laoghaire, san *United Irishman,* an páipéar a bhunaigh Art Ó Gríofa agus Liam Ó Maolrúnaidhe. Is conclúid loighciúil í gur spreag na leaganacha seo an tAthair Peadar Ó Laoghaire chun an tsraith *Aesop a Tháinig go hÉirinn* (1909) a fhoilsiú.

Baineann ‘Na trí shraoth’ le fear atá fíorbhocht. Tagann lá nuair a bhíonn a pháiste agus a bhó tinn ag an am céanna. Faigheann sé teachtaireacht osnádúrtha go ligfidh an gasúr trí shraoth i lár na hoíche. Má deir an t-athair 'Dia linn', gheobhaidh an bhó bás ach tiocfaidh biseach ar an mbuachaill; má fhanann sé ina thost gheobhaidh an buachaill bás ach tiocfaidh an bhó slán. Déanann sé rogha an fhir bhoicht.

Sheol Ó Laoghaire cóip d’amhrán, ‘Na rásanna’, faoi rásaí farraige naomhóg a tionóladh ar chósta Bhéarra sna 1880í (IG Meán Fómhair 1900) chuig an Laoideach. Deir seisean:

> Ó thárla ar cuairt i mBéarra mé de bhárr na cóimhfhreagairte úd, is féidir liom a rádh go bhfacas an sgríob (nó an réim nó an cúrsa) do ‘rith’ (nó do rinne) na báid le linn na rásann....
>
> Dob' éigion dá chúrsa do rith ar Diardaoin -
> An céad lá gur dheachadar chum rás ann;
> Bhí ceathanna gránna 'niar-dtuaidh as gálaidhe
> Mar is gnáthach ar lá mhí na Márta;
> Bhí bléistidhe mór' árda ag gluasacht le gaoith,
> As 'na sluigeanna na tonnta d'á slugadh leó síos,
> Bhí na fairrgidhe gléigeal ag éirghe 'na dtímcheall
> Agus taoide ag dul suas ar na bántaibh.

As an gcomhfhreagras idir an Laoideach agus Ó Laoghaire tháinig aistriúchán meanmnach ar ‘The wearing of the green’ (IG Meán Fómhair 1902). Amhrán

eile a sheol Pádraig Ó Laoghaire chuige ba ea ‘Ag seoladh na ngamhna faoin bhfásach’ (IG Bealtaine 1902). Sa leagan neamhghnách seo, tharla cor duairc éigin san fhásach a éilíonn díoltas.

> Ar lorg na ngamhan 'seadh chuireas mo leanbh:
> Ceann ní bhfuair go lá 'ca;
> Do bhí Cormac roímpi ag poínte an gleanna
> Agus Peadar na Péice láimh léi,
> Dís atá riamh i ndiaidh na mbruinneall
> As srian níl chur go brách leó,
> Acht má [tá] dlighe le fághail ann san áit seo 'bhfuilim
> Gheóbhad-sa díol as Cáitín.

Mar eagarthóir na leabhar dhéanfadh Seosamh athchóiriú ar shaothar ceannródaíochta Uí Laoghaire, *Sgealaidheacht Chúige Mumhan, Cuid 1*, i seacht leabhrán, *Na Trí Préacháin, Rí na mBréag, An Chroch Gheal, An Fiolar Fealltach, Máire Ní Rógáin, Páidín Ó Dálaigh* agus *Oileán na gCúig mBeann*, a chuirfí amach idir 1904 agus 1906.

Bhí ceithre phíosa a bhailigh Tórna in IG nuair a bhí Seosamh ina eagarthóir. Caoineadh ealaíonta ar fheirmeoir saibhir ba ea ‘Tuireadh Phádraig Uí Shíothcháin’(IG Meán Fómhair 1901) le file dearmadta, Seaghán Ó Conchobhair. B’aisling cheolmhar í ‘Maidin aoibhinn tsamhraidh’ (IG Nollaig 1900:12), le Micheál Mac Pharthaláin Ó Caoimh, ina dtugann an spéirbhean le fios don fhile go bhfuil fórsaí ag teacht thar farraige a chuirfidh an ruaig ar na Sasanaigh. Tá an teachtaireacht sin níos soiléire in amhrán eile ‘Ar maidin’ (IG Lúnasa 1901:133) adeir go bhfuil Bónaí agus na Francaigh ag teacht thar sáile agus go ruaigfear Seoirse Buí. Ach faigheann an scéalaí eolas gur fealladh ar Bhónaí:

> Acht d'atharruigh ar spórt chum bróin gan stad
> Le gazette ó'n bpóist do sheól 'nár measg,
> Ag aithris sgeólta
> I bhfearannaibh Fódla,
> Gur breabadh le hór ar mBónaipeart.
> Agus ó bhean an tighe godí an bhuadhairt sin ort?

Níl tagairt ar bith ón Laoideach faoi ‘Dán molta an Athar Tiobóid Maitiú’ (IG Samhain 1901:184), ach tá réamhnóta ag Tórna féin:

> Mar d'aithris Máirtín Ó Murchadha é. Dubhairt sé gur 'san mbliadhain 1839 fuair sé é, as ‘ballad’ do cheannaigh sé ar leathphinginn istigh i gCorcaigh.

Bhí go leor bailéad sa Bhéarla a bhain leis an Athair Maitiú, á mholadh, nó ag spochadh as, cuid acu clóbhuailte ar bhileoga agus ar díol, ach seo an chéad uair a chuala mé go raibh a leithéid de bhileog i nGaeilge.

> Tá an t-Athair Tiobóid naomhtha séimh-ghlan eadrainn,
> Ag teagasg na dtréadta ó dhaor-bhreith damanta,
> Le grása an Athair-mhic tá ins na Flaitheasaibh;
> Ar nach bhfuil ins an tsaoghal so acht sgéimh nach leanann sinn:

Bhí an nóta seo ag an deireadh, a léiríonn meon Tórna agus Sheosaimh araon i leith an Bhéarla i dtéacs Gaeilge.

> Bhí 'Father Mathew' dhá uair ins an abhrán thuas ag Máirtín agus do chuireas síos 'An t-Athair Tiobóid' 'na n-ionad: Bhí 'Temperance' aige leis agus chuireas síos 'Measardhacht' 'na ionad.

4.21 Iarthar Chorcaí

Fuair Seosamh an t-amhrán beirte 'Cois tuinne' (IG Deireadh Fómhair 1900) ón Athair Peadar:

> The introductory remarks and the song above were dictated to me by Father O'Leary at Castlelyons when I was once on a visit there.

Gabhadh an fear ag a bhainis, daoradh é, cuireadh an loch amach mar chime é go dtí an Astráil; filleann sé i bhfad ina dhiaidh sin. Níl aithne ag a bhean air:

> Cár imthigh sé uait, a shuairc-bhean dheas,
> Go ndruideann a' chumha chomh dlúith sin leat,
> Nó an misde leat cúntas do thabhairt 'na bheart
> Nó ar imthigh sé anúnn uait, a chúilfhionn deas?

Tá 'Cois Laoi na sreabh' (IG Samhain 1900) difriúil le haislingí eile sa mhéid go bhfuil léargas cruinn ag an bhfile ar dhála na hEorpa ina lá.

> Tá an t-Impire lag, dhom' thuairim,
> Gan bhrígh 'ná neart 'na shluaightibh,
> Is bíd na Rusaigh bhuailte
> Do ghluais chuige ó Phául
> D'á ndíbirt as a mbruachaibh,
> Gan suim, ar easbaidh luadair
> Gan cloidheamh, gan bhrat, gan truagh ar bith,
> D'á ruagadh le fán.

'The above poem was published in the Brooklynn *Gael* of April 1891 by Capt. Thomas Norris from a Ms**.** source. It is so melodious that we cannot refrain from re-publishing it with some obvious corrections,' deir nóta an Laoidigh. Níor cheartaigh sé 'Seaghán Ó Nualáin cct. i mbl. 1800'. Seans nár léigh an Captaen

Norris ainm an fhile i gceart. Luaitear an dán sin le Seaghán Ó Mulláin, deir Scoil an Léinn Cheiltigh.[46]

B'as Droichead na Bandan do Thadhg Ó Loingsigh ach is ar leithinis Bhéarra atá an cnocán aoibhinn lena dhúlra aiceanta a spreag ‘An cnocán fraoigh’ (IG Feabhra 1901). Ba é ‘Morty Larry’ a chum. Ba mhian leis na húdaráis na háitreabhaigh a dhíbirt agus crainn a chur ar an gcnocán. Mar a mhíníonn an soláthraí ina litir:

> Ceann de na cnocaibh atá timcheall an Doirín is eadh ‘an Cnoicín Fraoigh’ ar a dtráchtann Morty chomh fialmhar, agus ní hiongnadh go mbiadh brón mór air ar eagla go gcaithfidhe amach é, mar áit aoibhinn áluinn is eadh é i ngiorracht do'n fhairrge, agus na cnuic is na sléibhte mór dtimcheall ort.

Litir an-fhada í, níos mó ná dhá cholún. Chuir an litir gliondar ar an Laoideach:

> Tar slán, a Thaidhg Ui Loingsigh. Táim ana-bhuidheach díot ar fad. Is maith gur chuiris d'ualach orm freagra do thabhairt i nGaedhilg. Ní'l aon rud is mó do chuir áthas orm ná do litir charannthach do léigheadh.

Seo véarsa samplach:

> Is ní hé sin féin is measa, gidh gur damanta mar cheárd é,
> Acht go measaid siad ár n-áitreabh, a lán de, a chur fá choill,
> Is sgeilimis ó ifreann go dtigidh sé ar ár námhadaibh
> Do chuirfidh iad go fánach ó chomáin an Chnoicín Fhraoigh.

Aisling cheolmhar ach bunúsach atá againn in ‘An smachtín crón’ (IG Bealtaine 1901). 'Tadhg' ó Chorcaigh a chuir isteach é. Ba é Séan Ó Coileáin a chum ‘Machnamh an duine dhoilíosaigh’ an file. Níl aon bhaint ag an teideal leis an ábhar ach amháin gur fonn aitheanta ‘An smachtín crón’ agus is dócha go n-oireann an tiúin sin do na véarsaí.

> Tráth indé 's me ar mearaighe
> Ag siubhal liom féin in ngarrdha,
> Do dhearcas uaim i nglas-choill
> Stuaire chailín óig;
> Ba ghlonnrach éin ar chrannaoibh,
> Puic is bruic ar stródh

[46] `Seaghán Ó Mulláin do can san bliadhain 1800’*(https://www.celt.dias.ie/G 250 (GL 186-203)*, ceadaithe 22 Aibreán 2020

Is éisg ag tíocht i nglaisíbh,
Ag éisteacht le n-a nglór.

Deachtú lochtach a rinne Bean Uí Thuama as Baile Mhic Aoire ar ‘An Gobán Saor’ (IG Iúil 1902), dúirt Seosamh, toisc nach raibh taithí aici ar mhoilliú don scríobhaí. Bheadh aithne fhorleathan ar ‘An craiceann agus a luach’, 'Giorraigh an bóthar dom' agus ar 'An cam agus díreach,' scéalta eile a fuair an Laoideach uaithi.

Tháinig ‘Dán-mholadh an tSúláin’(IG Bealtaine 1902), amhrán simplí áitiúil le Donnchadha Ó Laoghaire, leis an litir dhiansirtheach seo:

> A Chara,
> Seo é an t-amhrán do rug barra-dhuais ag Féile Bhaile Mhúirne, Lughnasa, 1901. 'Sé Domhnall Ó Laoghaire a chum é... Ní raibh an t-amhrán seo sgríobhtha ag ár gcarad ag an bhFeis acht seal ina dhiaidh sin do chuir sé go Tadhg Ua Scannaill, oide i mBéal Átha an Ghaorthaidh é, agus is ón bhfíorsgoláire cliste sin do fuaras é.... Le súil go bhfeicfead i gcló i n-uimhir na míosa seo é.
>
> Is mise do charad go buan, Mícheál Ó Murchadha.

Deir Seosamh faoi ‘Seaghán a' bhríste leathair (IG Meán Fómhair 1902), i ‘Tagra’:

> Do chuireas síos an t-amhrán seo ó bhéal-aithris Chonchubhair Uí Loinsigh, Cúil Aodha.... Is fíor nár thuig sé cuid de na focail Bhéarla san amhrán. Thugas an fonn liom go Beann Éadair, mar ar chuir cailín atá ina cómhnaigh sa tsráibhbhaile sin, Maighréad Ní Bhuain, síos é.

Bhí sinsearacht fhada ag an mbríste leathair mar théama in amhráin tíre an Bhéarla. Cuireadh bríste leathair déanta as craiceann reithe ar Sheán agus é ina pháiste; sheas sé i bhfad dó. Ar chúis éigin mheall an bríste leathair suim na mban agus ba é a fuair bean chéile dó, bean le 'veil is bonnet' as an teach mór:

> Nuair a bhíodh ag dul sna déaga théidhinn i measc na bhfear ann
> Níor mhór dam féin na dhéidh sin iompáil amach im ' ghaige
> Do bhíos ag suirghe le lady a raibh uirthi veil is bonnet
> Shaoileas go bhfaghainn gach aon bhean ó bhí orm bríste leathair

'Tá beagán de sean-abhráin (sic) agam do ghlan-mheabhair agus ní fheaca fós scríobhtha i n-aon-leabhar iad....,’ scríobh Mícheál Ó Buachalla as Droichead na Banndan a sheol ‘Faithche bhreágh aorach an cheoil’ (IG Feabhra 1902) chuig Seosamh. Seo ceathrú as:

> Mo shlán chum na habhann gan cham gan filleadh,
> S mo shlán chum na Banndan, is 'mdha reamhar-bhreac innte,
> Mo shlán chum an teampuillín úd Árda na Cuilce,
> Is mo chéad slán chum gach stád-bhruinneall óg.

Bhí scéilín ag Ó Buachalla san iarnóta faoi theampall Ard na Cuilce:

> Is béaloideas i measg na ndaoine 'san gceanntar so gur dhein na haingil an túr so 'san oidhche, agus nár bhfios cad é an aoirde bheidheadh sé, muna mbeidheadh bean áirighthe do chonnaic an obair ar siubhal, agus annsain do stop sí.

Mhínigh Seosamh gur 'sliocht leabhair de leabhraibh Phóil Uí Longáin (1801-1866) atá anois i dtaisgidh 'san ‘Acadaimh’ an aisling Sheacaibíteach ‘Fonn Ghráinne Mhaol*’* (IG Deireadh Fómhair 1900). Bhain sé ‘A bhéith na bhfód nglas’, le Uilliam Englis (IG Meitheamh 1901), as leabhar de chuid Phóil Uí Longáin atá in ARÉ freisin. Sagart d'ord Naomh Aibhistín ba ea Englis. Is aisling Sheacaibíteach ‘A bhéith na bhfód nglas’ nó ar a laghad amhrán meafarach ina bhfeiceann an file Éire mar mheirdreach, í ina bean luí anois ag 'Seoirse i mBreatain'. Impíonn sé uirthi Seoirse a thréigean, mar:

> Atá Caesar óg 'san Róimh 'na bheathaidh,
> Aon do'n phór úd phósais cheana,
> Ag gléas a shlóighte,
> Ag téacht tar bóchna,
> Is é nóchar Phóiní an Leasa.

Tá ‘Póiní an leasa’ ainmnithe ag Ó Longain mar fhonn a fheileann don amhrán.

Ní raibh an oiread sin de Ghaeilge na Déise in IG i ré eagarthóireachta an Laoidigh. Rinne an iris a cion don cheantar sin in aimsir Sheáin Phléimeann. Chuaigh seisean i bhfeidhm ar a lán, ina measc ar cheathrar sagart as na Déise, Risteárd de Hindeberg, Mícheál Ó hIcí, Pádraig Breathnach agus Marius Ó Faoláin. Rinne an ceathrar seo éachta ar son na Gaeilge ach níor oibríodar mórán tré IG.

Ní bhfuair mé leid ar bith gur thug Seosamh cuairt ar na Déise riamh. Bhíodh tuairimí aige faoi Ghaeilge na nDéise a léirigh sé ina léirmheas ar leabhar Kuno Meyer, *The Expulsion of the Dessi* (IG Lúnasa 1901). Ba iad na comórtais liteartha sna Feiseanna agus san Oireachtas a sheol saothar an fhile Roibeárd Bheldon, 'File an Chomaraigh', a bhealach. File traidisiúnta tíre ba ea Bheldon. Ar éigin gurb é féin a sheol an tuireamh ‘Caoineadh ar bhás an Athar Risteárd

Paor' isteach, mar, dar lena chara i Mainistir Mheilearaí, Marius Ó Faoláin, níor gnáthach dó a dhánta a scríobh síos (Ó Dálaigh: viii-ix).[47]

Fuair an tAthair de Paor bás den 'slaghdán gallda', an fliú, b'fhéidir, i Manchuin Shasana, cathair ina d'oibrigh sé mar shagart paróiste, sa chéad leath den bhliain 1900. Chuaigh an deirfiúr anonn go Manchuin le bheith leis:

> Ar imtheacht do dheirbhshéir tar srúill ar t-éiliomh
> Go cathach cumhach ar thonnaibh théasgach,
> B'fhurus di rádh go rabhais-se traochda,
> Is ar dhíth do mheabhrach is nár labhair tu léi-se.

'Roibeárd Bheldon no Balaton cct.,' scríobh Seosamh faoi theideal 'A chumainn 'sa stóir' (IG Deireadh Fómhair 1901), ag cur in iúl, sílim, nach raibh mórán eolais aige faoi ag an am:

> A chumainn 'sa stóir, cuirim gan gó
> Líne no dhó agus cáirt chughat
> Ar son an am' fad ó 'nuair bhíomair óg
> A's gheibhinn uait cuireadh 'gus fáilte.

In ainneoin an neamairt a chuirtear i leith an Chonartha i bhforbairt na filíochta, bhí nuafhilíocht á foilsiú in IG agus in ACS, filíocht mhaith fiú, cé gurb iad na modhanna traidisiúnta a chleacht na filí.

4.22 Tuamhain

Bhíodh Seán Clárach Mac Domhnaill (1691-1754) gníomhach sna cúirteanna filíochta i dTuamhain. D'aimsigh Seosamh aisling Sheacaibíteach leis, 'A chéibhfhionn bheag bhéaltana bhaoth' (IG Nollaig 1899), in ARÉ breactha síos ag Pól Ó Longáin. Chuir Pádraig Ó Duinnín an aisling liriceach seo ina bhailiúchán d'amhráin an fhile (1902:29). Deir sé i nóta gurb í Éire an Chéibhfhionn, gur 'baintreach' í, álainn cinnte ach go bhfuil a háille ag síothlú uaithi; í fann, uaigneach, tréigthe toisc go bhfuil a fear céile díbeartha:

> Mo léan-sa! cár éaluigh do ghné,
> Is do chlaon-rosg na spéir-gcriostal gcaoin;
> Do sgéimh-dhreach mar aon-tsneachta an tsléibhe
> Is caor-lasair thréan ag teacht tríd?

'Tuadh-Mhumha' a chuir 'Eibhlín a Rúin' (IG Deireadh Fómhair 1899) le Cearbhall Ó Dálaigh isteach. Tá 'Tuadh-Mhumha' bródúil go bhfuil leagan níos

[47] *Riobard Bheldon, file an Chomaraigh,* 1903 Pádraig Ó Dálaigh (Réamhrá:viii-ix).

dúchasaí agus níos iomláine aige ná an ceann san *Irish Minstresly* le Hardiman (Iml. 1, 1831:211):

> Tá sé 'sgríobhtha síos ó bhéal-aithris Gaedhilgeóra mhaith gan atharrughadh focail agus nuair chuirthear i gcoimhmheas leis an gcóib do cuireadh i gcló ag Ua hArgadáin chífear dhá rann ann nach bhfuil san gcóib chlóbhuailte agus difrigheact éigin idir líntibh annso agus annsúd....

Leis an amhrán seo do mheall Ó Dálaigh Eileanóir Caomhánach ón altóir agus í ar tí fear eile a phósadh.

Is é bunleagan ‘Pé'n Éirinn í’ le Liam Dall Ó hIfearnán, ‘I ngleanntaibh séimh’, nár foilsíodh riamh in IG, an leagan is mó a bhfuil tóir air. Tá go leor leaganacha eile ann, cuid acu a cumadh in ómós do Liam Dall. Tá meadaracht dhifriúil ag an gceann a cheap Seaghán Lloyd nó Lúid (IG Eanáir 1901):

> Is fada mé i dtámh-chruth tráighte tréith-lag tinn,
> Ar meara gach lá dom' chrádh 's dom' chéasadh i gclíbh,
> Le searc is le páirt do mhnámhail mhaordha mhín
> Do cheangail gan spás mé i ngrádh, pé in Éirinn í.

Deir an Laoideach faoin leagan seo:

> Seo amhrán do cheap Seaghán (no Seón) Lloyd ag moladh Éireann fá ainm béithe ar a dtug sé ‘Pé i nÉirinn í.’ Níor bh'fhéidir leis glaodhach ar Éirinn amach díreach, mar bhí na reachta píonúsacha go dian ar Chaitliceachaibh i nÉirinn an uair sin, agus is é rinne ná glaodhach uirre i bhfuirm bhéithe. Chuir sé an t-amhrán ag triall ar Dháithí Ó Cléirigh, file, i gcondae an Cláir.

Deir Brian Ó Dálaigh (2012:142-161) gur dócha go raibh cúirt filíochta faoi chúram Thomáis Uí Chatháin i gContae an Chláir, b'fhéidir i Sráid na Cathrach, agus nár mhór go raibh baint ag Lloyd leis an gCúirt sin. Is sa chomhthéacs sin, sílim, a chuir Lloyd an dán seo ag triall ar Dháibhí Ó Cléirigh. Tá iomarbhá ghreannmhar fhileata idir Dáibhí Ó Cléirigh agus Liam Dall Ó hIfearnáin ag Risteárd Ó Foghludha (1939:45-51).

Chum Pádraig Ó Lóighléis leagan eile fós, le meadaracht nua (IG Feabhra 1901):

> Is dealbh an cás 'na dtárla faon gan bhrígh;
> Im' sgramaire tráighte fán-lag aosda críon;
> Cé chaithfeam admháil os árd gur saegheadadh sinn
> Le taithneamh mar chách do'n bháib, pé i nÉirinn í.

Ba é Gearóid Mac Gearailt a chum ‘Ar magh ghlas na ngeal-mbánta’ (IG Lúnasa 1901). Tá go leor bailte fearainn in Éirinn agus an t-ainm Maigh Ghlas orthu, ceann acu i gContae an Chláir gar don Chroisín, áit a raibh Aindrias Mac Cruitín ina chónaí, nó inar chuir sé faoi.

Trí bliana is fiche a bhí Séamas Clainndiolúin nuair a chuir sé ‘Udhacht Pháidín Thoirdhealbhaigh’ (IG Nollaig 1901), 'amhrán ó chlár gheal Thuadhmhumhan’, isteach chuig IG, le nóta*:*

> A Laoidigh, a chara,
> Táim ag cur na línte so chughat le súil go mbfhiú a gcur i gcló iad. Fuair mé ó bhuachaill darbh ainm Pádraic Mac Conóil iad. Tá sé 'na chomhnuidhe i n-aice do Lios-dúin-bheárna i gCóndae an Chláir.
> Mise le meas, Seumas Clainndiolúin.

Is sampla maith de sheánra na huachta magúla ‘Udhacht Pháidín Thoirdhealbhaigh’ ach thairis sin is gléas cuimhneolaíochta é, gasaitéar fileata chun áit-ainmneacha an Chláir agus dheiscirt na Gaillimhe a mheabhrú do dhuine. Cheadaigh Seosamh roinnt focal Béarla i dtéacs an amhráin seo: 'taxes' faoi dhó, 'property' faoi dhó, agus 'practice'.

Tháinig ‘Sgéilíní ó Chill Choca’ (IG Nollaig 1901), píosaí seanchais ó thréimhse nuair a bhí an Ghaeilge ina príomh-mheán cumarsáide ag pobal na Líoda, míle go leith soir ó Shráid na Cathrach, ó mhúinteoir ón áit sin a bhí ag teagasc i scoileanna na mBráithre i gCill Choca. Bhí litir leo:

> A Fhir an Irisleabhair,
> D'iarradh (sic) orm na sgeulta beaga seo d'aith-sgríobhadh agus an litriughadh a dheasughadh. Táim dhá gcur chughat féachaint a' bhféadfá iad a chur 'san Irisleabhar. 'Sé Seághan Ua Briain, feirmeoir atá 'na chómhnuidhe ar na Líoda, tuairim míle go leith ar an dtaobh thoir de Shráid na Cathrach i gConntae an Chláir, a sgríobh ar dtúis iad. Dearbhráthair dómh-sa 'seadh é.... S. G. Ua Briain.

Seo scéilín samplach:

> Is beag áit a raibh tae dá ól an t-am sin, acht ó bhí an t-Athair Padraig ’san bhFrainc agus ins na tíorthaibh amach bhí taithighe aige ar an dtae agus thugadh sé blúire dhe leis go gach tigh i mbíodh sé ag léigheadh Aifrinn ann. An cheud lá ar thug sé leis é, dubhairt sé le bean (mnaoi) an tighe an tae seo a chur i gcóir dhó.... Do bheirigh sí é agus thug sí do'n tSagart bileoga (duilleoga) an tae ar phláta.

Ba é an feirmeoir céanna, Seághan Ua Briain, a chuir 'Cad a cham srón Fhirín?' (IG Márta 1900) isteach ar chomórtas ‘do bhí i bhFeis na Cathrach Oidhche Lae Coille'. Thosaigh sé mar seo:

> Bhí beirt sean-bhan déirce annso fad ó, bean aca de mhuintir Uí Bhriocáin —Máire Ní Mhurchadha—agus an bhean eile Brighid Ní Chonchobhair ós na Chonchobharaigh Corcomruaidh... Aon lá amháin bhí Máire Ní Mhurchadha istigh agus do bhí an madra—Firín a raibh mar ainm air—crosda, agus do bhuail Máire buille de'n tlúgh air do chuir cor cam na shróin....

Tharla clampar idir na mná a d’fhás go bataireacht fhaicsin idir na Conchobharaigh agus cine Uí Mhurchadha a mhair chomh fada sin nár chuimhin le haon duine cad ba chúis leis an aighneas sa chéad áit. Ba rá coitianta é ‘Cad a cham srón Fhirín?’ ag tagairt do naimhdeas dá leithéid.

Le tamall anuas bhí Seosamh ag athfhoilsiú ábhair a bhí san *United Irishman* cheana. Fuair sé scéal grinn san iris sin le Mícheál Ó Cíosóig, ‘Páipeár pósta Risteáird’ (IG Lúnasa 1901:131). Bhí Risteárd ag pósadh don tríú huair. Ní raibh an léamh aige. Scríobh a shagart féin litir charachtair a thug sé dó le tabhairt do shagart na brídeoige nua:

> Sin chughaibh Risteárd
> A's é go ceannárd
> Ar muin gearráin
> Nach bhfuil díolta as.
>
> Ní'l fiú an chorcáin
> Ar lic a theinnteáin
> 'S tá leath a bhotháin
> Gan díon air. &rl.

Caithfidh go raibh léargas teangeolaíoch le fada ag an Laoideach ar Thuamhain. Bhíodh sé nó bheadh sé ag obair le P.W. Joyce, le Daithí Coimín, le Brian Ó Luanaigh, le Mícheál ó Cíosóg, le Seán Ó hÓgáin, le Mícheál Ó Gríofa, le Tomás Ó hAodha agus le Pádraig ó hAchair, iad uile as an ríocht sin.

4.23 An Laoideach, léirmheastóir

Ba ghné rialta an léirmheas in IG ó 1884 ar aghaidh, mar is léir ó innéacs Mhic Pheaircín (2018:218-46). San innéacs seo liostáiltear trí scór go leith léirmheas do thréimhse eagarthóireachta an Laoidigh. Ba é an Laoideach féin a rinne an

léirmheastóireacht. Tréimhseacháin, nuachtáin agus irisí atá sa chatagóir is líonmhaire. Catagóirí eile is ea paimfléid, tuarascálacha, leabhair theagaisc, cnuasaigh amhrán agus filíochta, béaloideas agus miotaseolaíocht, úrscéalta agus drámaí.

Bhí géarchéim cheannairceach fós ann maidir leis an litriú agus leis an ngramadach. Ní raibh an Laoideach uathlathach faoin cheartúsáid, ach, ex officio agus mar ard-Chonraitheoir, ní raibh aon dul as aige ach an comhréiteach fúithi a bhí ann, bhraith sé, a fheidhmiú, agus earráidí i dtéacsanna a shonrú ina léirmheasanna, rud a chuir olc ar údair agus ar a gcairde go rialta. Bhí an comhréiteach seo fréamhaithe sa chóras litrithe a bhí ag Atkinson ina eagrán de *Trí Bior-Ghaoithe an Bháis* (1890),[48] córas a bhí bunaithe den chuid is mó ar litriú Chéitinn. Ba é an córas é a roghnaigh an Duinníneach dá fhoclóir (1904).[49]

4.24 *Cormac Ua Conaill*

Tagraíonn Brian Ó Conchubhair (2009:242-9) do léirmheas an Laoidigh ar *Cormac Ua Conaill* le Pádraig Ó Duinnín (IG Iúil 1901) agus é ag trácht ar an léirmheastóireacht chomhaimseartha. Phléigh an léirmheas 'trí chúis ghearáin de chuid an léirmheastóra, a bhfuil an chuma air b'fhéidir gurbh é Eoin Mac Néill é'.[50] Dáiríre bhí sé chúis ghearáin ag an léirmheastóir, an canúnachas, an Béarlachas, na hiarrachtaí filíochta, an charachtracht lochtach, an ghramadach agus an litriú. Ní Mac Néill ach an Laoideach a scríobh an léirmheas, dar ndóigh:

> Tá an dul ceart ar fághail ann gan amhras acht ní gan Béarlachas é 7 is deise shamhluigheadh sé dá madh nach mbeadh an oiread sain dúile ag an údar ins an chanamhaint ar a son féin… Fágamais an chanamhaint ag an sgéalaidheacht ghnáthaigh.... Ní ceart í sháthadh isteach i ngnó nach de í.

Shíl Ó Conchubhair gur spéisiúil 'tuiscint an léirmheastóra go n-oireann an chanúint don tseanchaíocht ach nach dtagann sé leis an bhficsean…' (2009:237-261). Tá suas le céad píosa filíochta fite fuaite leis an bprós i *Cormac Ua Conaill*.

[48] Réamhrá:iv, *Litriú na Gaeilge, Lámhleabhar an Chaighdeáin Oifigiúi*l, Rannóg an Aistriúcháin, 1947.

[49] Fch. Ó Conchubhair 2009:170-171, do shliocht as aiste le Daithí Ó hUaithne (Greene:1966:6-15).

[50] (2009: 242) Dealraíonn an mhithuiscint seo arís ar lch. 247 de leabhar Uí Chonchubhair. 'Tagraíonn Mac an Bhaird d'alt Norma Ní Bhortúic inar thug sí faoi Eoin Mac Néill mar eagarthóir *Irisleabhar na Gaedhilge'*.

> Ní oireann siad do réim an sgéil. Is é meas an léightheóra, tar éis a léighte dhó, nach bhfuil ionnta acht paistí nó preabáin 'sa bhreis...

'I gcead don léirmheastóir in *Irisleabhar na Gaedhilge*, dhein sé iarracht dul i ngleic le hábhar an téacs, rud a bhí neamhchoitianta go maith i bhformhór na léirmheasanna sa tréimhse seo, seachas díriú ar chúrsaí litrithe, canúna agus gramadaí,' dúirt Ó Conchubhair (2009:242). Ba bhogadán an laoch, chreid Seosamh:

> Ní'l brón ná imshníomh, tiubaiste (sic) ná mí-ádh d'á dtig air nach ''ag tál na ndeór' bhíos sé d'á dhruim, agus is minic iad ar sileadh leis 'na gcaisíbh nó 'na srothannaibh….

Liostáil sé beagnach trí scór sampla de na 'tuathail' sa leabhar. Seo ceithre cinn:

> L.2, 14. (Tuathal) ag sgríobhadh go mall agus go socair an rann so.
> (Ceart) Ag sgríobhadh an rainn seo go mall agus go socair.
> L.5, 10. (Tuathal) Go raibh sé féin ro-ullamh a thoil sin do leanmhaint
> (Ceart) Ba cheart 'chum' do bheith idir 'ró-ullamh' agus 'a thoil'.
> L.38, 6. (Tuathal) asmhuchán (.i. canamhnachas nach fiú a chur síos)
> (Ceart) achmhusán.
> L.61, 2. (Tuathal) Tar éis glacadh claidhimh dam níor sguir, etc.
> (Ceart) Tar éis glactha claidhimh dam, níor sgar, etc.

Bhí Ó Conluain agus Ó Céilleachair (1958:272-277) lán chomh criticiúil le Seosamh. Ní raibh, dar leo, 'tógáil ná forbairt' an úrscéil sa leabhar. Ní raibh an stair ann ná an tsamhlaíocht a chruthódh saol inchreidte i dtréimhse áirithe staire. De mhaide, a deir siad, a bhí na carachtair déanta. Fuair siad 'Gaeilge na leabhar' ann, botúin ghramadaí agus Béarlachas go leor.

Rinne an Laoideach ceap fonóide de Chormac, a d'áitigh 'Sgoláire Óg', comhfhreagróir ó Camberwell, Londain, i litir chuig an iris. Leag Seosamh amach a mheon measúnaithe ina fhreagra ar an gcáineadh seo: dá dtiocfadh leabhar isteach le haghaidh léirmheasa, scríobhfadh sé faoi go macánta. Bhí litir ghearánach freisin ó Shéamas Ua Dubhghaill[51] ina raibh an clabhsúr seo:

> Anois nuair a bhidheann duine a fagháil locht air an fhear thall i dtaobh a chuid sgríbhte ba cheart do féin bheith gan locht. Ba cheart go mbeadh a chuid sgriobhnóireachta soléir do chách. An féidir le cách é seo a thuisgint? 'Níor chuirthe do'n ughdar ann iad' Ní thuigim-se é….[52]

[51] (IG Lúnasa 1901:144).

[52] Deir an Laoideach i léirmheas ar *Leabhar Cainte*, cnuasach frásaí le Séamus Ua Dubhghaill (IG Márta 1902): 'As a new edition will probably be required before long, the following list will contribute thereto.' Ansin liostálann sé 172 earráid agus a cheartúcháin féin orthu.

Bhi an téacs níos glaine sa dara heagrán mar d'fhostaigh an Duinníneach Seán Ó Ceallaigh (Sgeilg) chun an scéal a ullmhú don chló.[53] Níor chuir an léirmheas olc ar an Duinníneach, is cosúil. D'iarr sé ar Sheosamh an phrofáil cheann scríbe a dhéanamh ar théacs a fhoclóra (1904).

Mhol an Laoideach an chanúint in *Creideamh agus Gorta*, téacs dráma leis an Duinníneach (IG Iúil 1901:128), in ainneoin a dúirt sé faoin gcanúnachas in *Cormac Ua Conaill*. Ní léir dom aon neamhréireacht anseo; comhrá ar fad atá sa téacs, mar is dual do dhráma. Baineann an dráma seo sprioc eile de chuid an Laoidigh amach, go dtuigfí é i nGaeltacht ar bith: '.... Ní baoghal nach bhféadfadh éan-duine, pé canamhaint atá air, í thuigsint go maith...' scríobh sé.

Bhí an Laoideach réasúnta dearfach ina léirmheasanna ar thrí leabhar eile leis an Duinníneach: *Amhráin Sheagháin Chláraigh Mhic Dhomhnaill* (1902), *Dánta Shéafraidh Uí Dhonnchadha an Ghleanna* (1902), agus *Beatha Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin* (1902). Ní raibh de locht le fáil aige ar *Dánta Aodhagáin Uí Rathaille* (Ó Duinnín 1900) ach an nós a bhí ag an Duinníneach fleiscín a chur idir urú agus túslitir an fhocail, e.g. 'i n-Éirinn' agus freisin 'a' a úsáid agus feidhm 'i' aige. I litir chuig IG Feabhra 1901, chuaigh an Duinníneach chomh fada siar le *Féilire Oenghusa* chun réamhshamplaí a fháil d'úsáid 'a' i gciall 'i'. Scríobh Seosamh sa fhreagra: '...we do not think anyone, except Fr. Dinneen, now uses 'a' for 'i'.'.

Cheadaigh Ó Conchubhair go coinníollach (2009:249) go raibh 'tús curtha leis an léirmheastóireacht mar is eol dúinn inniu í' leis an léirmheas ar *Cormac Ua Conaill*. Chuir sé spéis san aisfhreagra, go háirithe ionsaí Norma Borthwick ar an Laoideach, nó ar Mhac Néill a cheap sé féin a scríobh é, gan é a ainmniú, sa *Leader*, eagrán Iúil 14, 1901:

> I doubt if any reader of the *Gaelic Journal* will lay down his current number without a feeling of indignation. Among the book reviews we have first a notice of Father Dineen's *Cormac Ua Conaill*, at the end of which the editor draws up, in a double column, Father Dineen's 'blunders'and his own 'corrections'.... Is this criticism? Is it common courtesy to a man of the standing in Irish literature of Father Dineen's? The editor treats him as if he were a little schoolboy showing an exercise and he (the editor) were the schoolmaster going over it with a blue pencil... Have members of

[53] *Idem (1958:271).*

> the Gaelic League no authority to prevent his being insulted in their organ?

Treisíodh ionsaí Borthwick le litir ó Sheaghán Mac an Bháird, IG Samhain 1901, faoi mheasúnú an Laoidigh ar *An Teagasg Críostaighe fa choinne Díoghóise Rath Bhoth*[54] an mhí roimhe sin, litir inar thug sé faoin Laoideach i ngeall ar clúmhilleadh a dhéanamh ar an gclódóir agus i ngeall ar Ghaeilge lochtach Sheosaimh féin. Ba é gearán Mhic an Bháird nach raibh i gceist den chuid is mó sna botúin a luaigh sé ach an síniú fada os cionn an 'a' a bheith fágtha ar lár:

> .... Is goirid ó bhí tú ag fághail lochd ar Ghaedhilic an Athar Uí Dhuinín agus ar Ghaedhilic an Chraoibhín Aoibhinn agus is cosamhail go dearn tú dearmad de'n ghreadadh a thug an bhean uasal Ní Bortúic duit anns an *Leader* mar gheall ar sin. Acht glac cómhairle agus na bídheadh do pheann tomtha chomh minic i n-domblas agat, agus cuimhnigh go mbeirtear ar níos mó cuileog le mil 'ná le fíon geur, agus go gceannóchaidh níos mó daoine 'Irisleabhar na Gaedhilge' má sgríobhann tú ann go síbhíalta ná má bhídheann tú i d'Ismaeliteach, le do láimh an aghaidh gach duine.

Is cuid den alt deiridh den léirmheas (IG Iúil 1901) a rinne Seosamh ar *An Sgéaluidhe Gaodhalach, Cuid III* (1901) le de hÍde é seo:

> We fear that Dr. Hyde does not deal with Irish folklore as carefully as we would wish.... Some of the corruptions of the native phraseology could certainly never have come from the narrator's lips. Dr. Hyde himself even offends in this respect in his footnotes. Why 'tá sé féin as chonndae Mhuigh-Eo' for 'Is as Conndae Mhuigh-Eo dhó féin? ....

'I ask again, is this criticism? Or is it insolence?', a d'fhiafraigh Borthwick. Bhí tagairt eile d'eagarthóir IG aici san alt céanna sa *Leader*:

> .... When I gathered together a few Irish songs and sent them out in a penny booklet to the Irish-speaking districts, the editor devoted a column to 'correcting' me on various immaterial points....

Ba é an léirmheas (IG Márta:1900) ar an leabhrán *Ceól Sidhe* I a bhí i gceist aici:[55]

> Locht d'ár lochtaibh air, corr-dhul thar teórainn an litrighthe gnáith…. Ní thuigeann an bain-eagarthóir, dar linn, nach ceaduighthe dhi dul ina fhéagmhuis sin.

[54] Níor ainmníodh údar ar bith don téacs seo.

[55] Borthwick, Norma, *Ceól-sídhe, Irish songs*. I-VII Muintir na Leabhar Gaeilge. B.Á.C., 1901-1913.

Cuireann an frása sin 'nach ceaduighthe dhi' in iúl go raibh córas litrithe ann ar ar thug Seosamh 'an litriughadh gnáith'. Sceith an léirmheas coimhlint a bhí ar siúl faoi na córais éagsúla litrithe. De réir bheathaisnéisín Bhortwick ar *ainm.ie,*[56] chabhraigh sí le Shán Ó Cuív, le Risteard Ó Dálaigh agus le Tomás Ó Rathaile an Cumann um Leitriú Shimplí a bhunú.

4.25 *Grádh agus Crádh*

Déanann Ó Conchubhair comhthéacsú cuimsitheach ar *Grádh agus Crádh* (1901) le hÚna Ní Fhaircheallaigh sa dara cuid de Chaibidil 10 de *Fin de Siécle na Gaeilge.* Tá anailís chríochnúil déanta ag Ríona Nic Congáil ar an 'úirsgéilín' céanna ina staidéar beathaisnéiseach ar an údar (2010:119-141). Tá ról an Laoidigh i gcruthú an leabhair fágtha ar lár ar fad ag an mbeirt scoláire seo, in ainneoin nár dhócha go bhfoilseofaí *Grádh agus Crádh* ar chor ar bith murach é. Tháinig an buntéacs, a chuir sé in eagar go cinnte, go díreach ó IG. Is é 'Leabhráin an Irisleabhair—1' barrtheideal an leabhair. Tá sé seo aige ina léirmheas (IG Meitheamh 1901):

> Tá sgéilín beag eile fa'n úirsgéilín féin. A leithéid seo, do sgríobh Inghean Uí Fhaircheallaigh i gcomhair chóimhthionóil d'Árd-Chraoibh an Chonnartha é, agus is ar ár n-impidhe féin do thug sí dhúinne é le n-a chur 'san *Irisleabhar* so. Tá bród mór orainn as déantús ár gcéad-bhan-ughdair…..Seo chugainn leabhrán rígh-dheas do rinneadh de sgéal atá fa chló i n-uimhir an Aibreáin. Nach ait ár gcás anois! An ní do mholamar cheana le haghaidh an Irisleabhair, caithfimíd é do mholadh arís le n-a aghaidh féin. Acht ní misde linn é, mar is deimhin gur fiú gach aon mholadh an t-úirsgéilín foghanta so. Tá sé curtha le chéile go deas, na focail féin toghtha mar gheall ar a ndeise agus ar a simplidheacht agus dul ceart na Gaedhilge ar fághail ins gach aon bhreith.

Roghnaigh sé sleachta a thaitin leis, mar shampla:

> Dá áilneacht Loch Reamhair agus a chomharsanacht 'san ló le solas na gréine, bíonn an áit úd i bhfad agus i bhfad níos deise ist-oidhche nuair bhíos an ghealach 'sna spéarthaibh.....

'Aoibhinn do'n té mholas a dúthaigh féin', ba ea barúil an Laoidigh. Is léir arís anseo go raibh ar chumas an Laoidigh dul 'i ngleic le hábhar an téacs…' mar a d'airigh Ó Conchubhair i gcás léirmheastóir *Cormac Ua Conaill***,** arbh é an Laoideach é, cé gur shíl sé gurb é Mac Néill an léirmheastóir.

[56] *ainm.ie,* s.n. Borthwick, Norma (1862–1934), ceadaithe 4 Meitheamh 2019.

4.26 *An tÚrghort*

Thiocfadh dó gurb é *An tÚrghort* (1902), cnuasach scéalta le George Moore, aistrithe ag Pádraig Ó Súilleabháin agus ag Tórna, an saothar cruthaitheach ba thábhachtaí a foilsíodh sa Ghaeilge ó bunaíodh Conradh na Gaeilge. Ní léir admháil ar bith dá shaghas sa léirmheas gortach a chuir an Laoideach i gcló (IG Iúil 1902:112):

> Bhí súil mhór againn as an leabhar so.... Do mealladh sinn. Tá rian an Bhéarla ar gach éan-sgéal acht amháin 'An Gúna-Phósta,' b'fhéidir. Is minic locht ar ghléasadh na gramadaighe, agus ní hannamh tuathail litrighthe, mar sh. 'irrúineacht' i n-ionad 'oireamhnacht.' Tá sé buailte isteach 'n-ár n-aigneadh anois gur contabhairteach an rud sgéalta Béarla do chur i nGaedhilg.

'Ní raibh na Conraitheoirí ábalta an deis a tugadh dóibh in *An tÚrghort* a thapú,' dúirt Declan Kiberd (1993:136). Díbríodh Moore as an Athbheochan agus as corpas léirmheastóireachta na Gaeilge ach ghnóthaigh sé ionad leis an ábhar céanna i gcritic an Bhéarla in Éirinn nuair a foilsíodh na scéalta mar *The Untilled Field* (1903). B'é tuairim John McGahern gur tháinig suáilcí agus úire na scéalta seo ó mhodh a gceaptha:

> *Moore's* stories are seen to have foreshadowed *Joyce's*... The stories in the *The Untilled Field* are as fresh on the page today as when Moore wrote them to be translated into Irish in 1900. That he wrote them for translation may have much to do with their freshness and energy (2009:200-201).

Thaispeáin Kiberd (1993:123-139) go raibh an Conradh amhrasach agus preabach faoi Moore, a bhí glóirmhianach, taomach. Bhí an eagraíocht fuarchúiseach mar an gcéanna faoi dhaoine dea-thola eile ón mbunaíocht: Yeats, Synge, Rolleston agus Ó Néill Ruiséal.

'Cé nach raibh rath pearsanta ar iarrachtaí Mhoore,' scríobh Kiberd (1993:137), 'bhí an-tionchar ag an bhfeachtas a d'eagraigh sé ar dhaoine éifeachtacha a tháinig ina dhiaidh. Bunaíodh an Gúm i 1926 agus rinneadh clasaicí na Breataine agus na hEorpa a aistriú go Gaeilge bhlasta gan mhoill'.

4.27 *Fíor Chláirseach na h-Éireann*

Ar éigean gur thuill Tomás Ó Néill Ruiséal an sceanairt a rinne Seosamh ar a chnuasach amhrán, *Fíor Chláirseach na h-Éireann* (IG Iúil 1900):

> Prácás liteardha is eadh an leabhar so. Tá ceart agus tuathal, gaedhilgeachas agus béarlachas, Gaedheal-chruth agus Gall-chruth, filidheacht agus rámás ann béal le béal, leacain le leacain agus gualainn le gualainn le n-a chéile.

Iarrann sé ar léitheoirí 38 leathanach as an 136 atá sa leabhar a sheachaint ar fad 'ó nach leathanaigh fhilidheachta iad'. Faigheann sé na scórtha botún i mír amháin, an traslitriú a rinne Ó Néill Ruiséal ó *Leabhar Laighean*.

Bhí léirmheas an Laoidigh 'neamhchoitcheann agus náireach', dúirt an Ruiséalach i bhfreagra (IG Deireadh Fómhair 1900). B'ionadh leis go ligfeadh cumann chomh measúil leis an gConradh 'aon nidh chomh neamhghlan, chomh earráideach agus chomh searbh' isteach in aon fhoilseachán ar a mbeadh cumhacht acu. Tá sé rí-shoiléir, deir sé, nach in aghaidh an leabhair ach ina aghaidh féin a scríobhadh an léirmheas. Thug sé dúshlán na 'gceartúchán' a rinne Seosamh. Deir sé go neamhbhalbh go bhfuil an Laoideach aineolach agus gur mithid dó éirí as an léirmheastóireacht agus as eagarthóireacht na Gaeilge go dtí go mbeidh an teanga foghlamtha i gceart aige.

'Ní h-i n-a aghaidh féin do sgríobhamar, acht i n-aghaidh rámáis na Gall-Ghaedhilge. Ní raibh aon olc againn dó ar chor ar bith', scríobh Seosamh. Chrom sé ar a litir a cheartú go mion ansin (IG Deireadh Fómhair 1900). Bhí leabhar eile ón Ruiséalach, *An Boramha Laighean*, istigh ar ball le haghaidh léirmheasa. B'fhurasta lochtanna a fháil. Níor ghá ach féachaint ar an teideal. Líon an Laoideach dhá cholún le hearráidí (IG Márta 1901):

> The author should understand that we point out the above to him, not through a desire for hyper-criticism or fault-finding, but with hope of them being expunged in a future edition. They do not represent all the errors but only the really serious ones.

Spreag an léirmheas Tadhg Ua Murchadha, 'Seandún', chun litir fhada a sheoladh isteach ag ionsaí an Ruiséalaigh (IG Bealtaine 1901). Ba léir gur ghlac Ua Murchadha leis an Laoideach mar chosantóir agus mar eadránaí na Nua-Ghaeilge. Scríobh Pádraig Ó Briain, an clódóir, litir eile (IG Meitheamh 1901). Chuir litir bhruíonach Thaidhg Uí Mhurchadha díomá ar Ó Briain. Bhí leaganacha de chineál *An Boramha Laighean*, dhá ghinideach chinnte le chéile, botún a bhí luaite ag an Laoideach, le fáil i 'Passions and homilies' sa *Leabhar Breac*, dúirt sé. Scríobh Seosamh (IG Meitheamh 1901):

> Caidé adubhramar? Atá gur sgríobhamar mar so: ‘Certainly modern usage requires ‘Boramha Laighean’ (F. an I.)

Ní raibh sé sásta ach oiread a ligean le Pádraig Ó Briain gurb é an Ruiséalach a chuir an Conradh ar bun ina theach féin, tuairim a nocht Ó Briain ina litir:

> Cruinniughadh gan deimhniughadh gan cinnteacht an tionól do bhí i dtigh an Ruiséalaigh. Níor ceapadh éinní ann, agus d'á dhruim sin níor chóimhthionól de'n Chonnradh é. Pé sgéal é, do smaoin an Niallach ar an rud i bhfad roimhe sin… F. an I.

Má bhí *An Claidheamh Soluis* ceart bhí *An Boramha Laighean* ceart, mhaígh an Ruiséalach i litir eile fós (IG Lúnasa 1901). D’fhreagair Seosamh nárbh ainm dílis ‘solus’. Sa litir chéanna dúirt an Ruiséalach:

> You may suborn ignorant men to write me down in bad Irish in the Gaelic Journal, but neither ‘An Bhoramha Laighean’ nor myself will be the least hurt thereby....

Thuig Tadhg Ó Murchadha láithreach gurb é féin an dúramán le droch-Ghaeilge a fostaíodh chun an Ruiséalach a dhíspeagadh. Scríobh sé litir aorach cholgnimhneach, beagnach míle go leith focal, ag tabhairt faoin Ruiséalach arís (IG Meán Fómhair 1901):

> Acht, a bhráthair, cé fada dhuit ag tarraingt as tobar leamhnachta na Gaedhilge, níor rith leat an t-uachtar do thaisge; chuaidh sé go léir 'na ghruth is 'na mheidhg ort, id' chuid phrómhais is filidheachta.

Mar eagarthóir thuig an Laoideach go raibh an chonspóid spíonta (IG Meán Fómhair 1901):

> Is diocair a thuilleadh do chur leis an sgéal—tá sé fada a dhóithin anois—(F. an I.)

Ní luann Mac Aonghusa (1993) an cruinniú sin i dteach an Ruiséalaigh, a tharla cinnte, ach tá neart le rá aige faoin Ruiséalach, a bhí ar bhunaitheoirí oifigiúla an Chonartha agus Chumann Buanchoimeádta na Gaeilge araon, agus a chaith a shaol, b’fhéidir a rá, ar son na Gaeilge.

4.28 Paimfléid

De shaothar T.W. Rolleston ní chuimhnítear inniu ach ar ‘The dead at Clonmacnoise’.[57] Ghin a phaimfléad, *Ireland, the Empire and the War,* ar súil

[57] Poem 849 i The *Oxford Book of English Verse, 1250–1900,* Arthur Quiller-Couch, (1907:1025).

siar é ar an gcéad bliain a bhí caite ag Éirinn mar chuid den Ríocht Aontaithe, conspóid fhorleathan. Níor bhraith Seosamh gur cuí dó léirmheas a dhéanamh ar an bpaimfléad toisc gur tráchtas polaitiúil a bhí ann (IG Aibreán 1900):

> Ní haon chuid d'ár ngnó-na an phoilitidheacht agus ní oireann dúinn trácht uirthi. Má's áil le Mr. Rolleston bheith 'na impireán, cá misde dhúinne é?

Dáiríre cháin Rolleston an chaoi ar caitheadh leis an tír seo mar chuid den Ríocht Aontaithe, chomh suarach sprionlaithe fealltach sin go bhféadfadh an tolgadh náisiúnaíoch a sheol eagraíocht chultúrtha chomh lag éagumasach le Conradh na Gaeilge an nasc leis an mBreatain a scaoileadh:

> If these are not mere empty words—if they foreshadow serious action—then they mean that a tremendous rift has taken place in the fortress of the spiritual and intellectual ascendency of England in this country—the ascendency which we must destroy, or it will destroy us. And that rift has been made by the Gaelic League—(1900:1-23)

Thuig Rolleston cumhacht pholaitiúil agus inmhe mhuirthéachta an Chonartha.

B'annamh paimfléad a bheith i nGaeilge ach scríobh Eoghan Ó Neachtain ón Spidéal ceann, *I dTaobh na hOibre*, a d'fhoilsigh an Conradh i 1901. Bhain sé leis an Athbheochan. Cháin an Laoideach an canúnachas, cur i láthair na foclóireachta agus castacht na mínithe (IG Meitheamh 1901).

Phléigh Úna Ní Fhaircheallaigh staid na tíre tar éis céad bliain de riail Shasana faoi Acht na hAontachta, mar a rinne Rolleston, i *The Reign of Humbug*, caint a thug sí don Acadamh Liteartha, Coláiste Mhuire, in 1901 agus a d'fhoilsigh an Conradh láithreach mar phaimfléad. Ina ainneoin nár chuid dá ghnó an pholaitíocht, mar a dúirt sé faoi phaimfléad Rolleston, deir sé faoi Ní Fhaircheallaigh: 'Tuigeann sí an galar agus tuigeann sí an leigheas' (IG Bealtaine 1901). Ba é athGhaelú na tíre an leigheas. Ní aontaíonn sé léi nuair a thugann sí le tuiscint go mbíonn an imirce éigeantach i gcónaí.

Léirigh sé a dhearcadh i leith bhantracht ghalldaithe na tíre arís ina léirmheas[58] ar phaimfléad Mháire de Buitléir, *Two Schools, a Contrast.* Comparáid idir scoil ghallda agus scoil Ghaelach ar imeall Chathair na Gaillimhe ba ea an paimfléad seo. Déarfadh

[58] (IG Nollaig 1901:208)

na mná rialta go raibh siad ag cuidiú le saoirse na mban trí cailíní a ullmhú do ghairmeacha agus don ollscoil. Ach scríobh Seosamh:

> .... They (convent schools) are undoubtedly responsible for the miserable specimens of Anglicised Irishwomen that one meets nowadays....

Léiríonn sé dearcadh fornáisiúnaíoch i leith na mban arís i léirmheas ar *Ingheana na hÉireann (Ingheana Bhríghde, an Ardchraobh), First Annual Report, Session 1900-1901* (IG Meán Fómhair 1901). Ba í seo an eagraíocht a bhunaigh Maud Gonne.

> Ní'l éin-dream is mó atá loitthe ag an nGalldacht 'ná an bhanntracht shéimh shuairc d'fhás ó shíor-fhuil Ghaedhil Ghlais. Pé buidhean daoine chuireas rompa iad so chur ar bhealach a leasa, is mór is ionmholta iad.

4.29 Tréimhseacháin

Ba é an léirmheas ar an gcéad eagrán de *Banbha,* iris Chraobh an Chéitinnigh, an ceann b'iomláine is ba dhearfa a rinne Seosamh ar fhoilseachán ar bith. Chuir an t-ábhar, an cló agus an léiriú grafach gliondar air. Mar a thaispeánfar, bhí rún ag Craobh an Chéitinnigh ‘Banba’, iris mhóréilimh, a dhéanamh de IG, agus, de réir cosúlachta, Tórna a cheapadh mar eagarthóir uirthi in ionad an Laoidigh.

B'iris amharclainne *Samhain Uimhir 1.* Ba é Yeats an t-eagarthóir. Bhí script *Diarmuid and Grania*, dráma a chomhscríobh George Moore agus W. B. Yeats, le ceol a chum Elgar, agus script *Casadh an tSúgáin* leis an gCraoibhín, sa chéad eagrán seo. Stáitsíodh an dá dhráma in Amharclann an Gaiety, 21 Deireadh Fómhair 1901. Bhí an Laoideach i láthair. Ba é The English Shakespearean Company a léirigh *Diarmuid and Grania* an oíche sin. Tá script *Casadh an tSúgáin* agus tiomsú léirmheasanna ag Ní Mhuircheartaigh agus Mac Congáil in *Drámaí Thús na hAthbheochana* (2008:161-179). Tá léirmheas dearfach thar dhá eagrán (26-10-01 agus 2-11-01) den *Leader* acu chomh maith ar an léiriú céanna de *Casadh an tSúgáin* sa Gaiety (21-10-1901) is a chonaic Seosamh. Ba léirmheas déach a rinne seisean, ag trácht dó ar na scripteanna agus ar an léiriú stáitse. A leithéid seo atá le rá aige ann:

> Ar a shon sain agus uile, nach mór an truagh go bhfuil an sean-sgéal álainn fiannaidheachta úd, *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne*, truaillighthe thar fóir aca—le haghaidh lucht Béarla—mar is amhlaidh do rinneadar aisdeoireacht neamhghlan Londanda de...

Déanann siad leorghníomh le *Casadh an tSúgáin*:

> B'fhéidir gurab é an rud is feárr d'ár sgríobh an Craoibhín Aoibhinn riamh é. Tá ciall agus fuinneamh ann ó thúis go deireadh, agus gach gníomh go nádúrdha ann. Mar sin féin, dob' olc an rud an bob do bhualadh ar an bhfilidh bhocht. Ní ceart neimh-fhírinne do chur os comhair an tsluaigh, bíodh gur in aisde bhig a bheadh sí.

An bob a bhualadh ar an bhfile ná gur cuireadh amach an doras é le casadh an tsúgáin. Ní raibh leisce riamh ar Sheosamh saothar nó Gaeilge nó aisteoireacht an Chraoibhín a cháineadh. Rinne sé arís anseo é sa léirmheas seo le halt fada de thuathail litrithe agus gramadaí sa script:

> .... Dob fhíor-fhile ar seachrán Tomás Ó hAnnracháin an Craoibhín Aoibhinn, acht do bhí a chuid rannaigheachta rud beag Gallda.... agus maidir leis na mnáibh, rugadar bárr sgéimhe ar na ban-aisteoiríbh Sasanacha do bhí i n-'Diarmuid and Grania'.

4.30 An Gréasán Ceilteach

Ba é *An t-Európach,* iris ilteangach ó bhuíon mac léinn éirimiúil i gColáiste na Tríonóide, an chéad fhoilseachán a chuir Seosamh faoi léirmheas mar eagarthóir lánaimseartha (IG Deireadh Fómhair 1899). 'Teacht an tseagail a theacht', deir sé fúithi. Bhí na Draoithe, an cumann a d'fhoilsigh *An t-Európach,* for-Eorpach. Ní raibh a lá tagtha. Theip ar an iris tar éis bliana.

Bhíodh nótaí aige go rialta faoi *Transactions of the Gaelic Society of Inverness* agus *Am Bárd*; *Ar Tir agus ar Teanga*. Chuir sé *Lessoonyn ayns chengey ny mayrey Ellan Vannin,* le Edward Goodwin, bunchúrsa sa Mhanainnis, faoi léirmheas (IG Feabhra 1902). Shíl sé go bhféadfadh aon duine a thuigfeadh canúint Uladh an leabhar sin a léamh gan dua. Ba thrua leis, áfach, nach raibh struchtúr na gramadaí soiléir.

B'iris teangeolaíochta *Celtia,* a raibh d'aidhm aici aitheantas agus poiblíocht a thabhairt do theangacha agus cultúir na réigiún Ceilteach. Shamhlaigh *Celtia* comharghluaiseacht ina gcuideodh caomhnóirí agus athbheochanóirí sna réigiúin éagsúla lena chéile. Ba chiallmhar an smaoineamh é ach bhí amhras, fréamhaithe san aicmeachas, ar a lán Conraitheoirí faoin ngluaiseacht Phan-Cheilteach.

D'admhaigh Seosamh ina léirmheas ar an gcéad eagrán nach raibh sé in ann an Bhreatnais ná an Bhriotáinis a léamh ná a thuiscint. Bhí sé compordach go leor leis an nGaeilge Albanach, mar a bhí Mac Néill. Bhí teacht aige ar chiall na Manainnise d'ainneoin na hortagrafaíochta cráite agus aimhrialtacht na gramadaí, mar ba léir dó an Ghaeilge a bhí mar bhun di:

> Canamhna Tréfóid atá 'san Ghaedhilg iomláin, acht teangthacha atá 'san dá Bhreathnais.

Níl an focal 'Tréfód' i bhfoclóir ar bith; coincheap triadach atá i gceist aige; an t-aon teanga a d'fhorbair i dtrí bhealach dhifriúla, an Ghaeilge bhaile, an Mhanainnis, Gaeilge na hAlban.[59]

Ba bheag scoláire a chaith an oiread sin solais ar shaibhreas na seanlámhscríbhinní is a chaith Kuno Meyer. Thagadh *Otia Merseiana*, iris Dhámh na nEalaíon in Ollscoil Learphoill, curtha in eagar ag Meyer, isteach. Ag sracfhéachaint ar an léirmheas ar eagrán amháin (IG Meán Fómhair 1901), phléigh Seosamh scéalta agus amhráin ón tSean-Ghaeilge, ina measc *Orcuin Néill Naígíallaigh*, *Duan na Mara* le Ruman Mac Colmáin, agus *Scuap Crábhaid*, paidir ón ochtú céad, a thaispeánann, deir Kuno Meyer, 'that gentle, tender tolerant spirit of the early centuries of Irish Christianity'.

Bhí Alfred Nutt, Paternoster Row, Londain, foilsitheoir, taighdeoir agus scríbhneoir, lárnach do ghrúpa a rinne dianstaidéar ar na scéalta Artúracha agus ar an líonra scéalaíochta a bhí gaolmhar leo, an Rúraíocht agus an Fhiannaíocht san áireamh. Ar na leabhair a tháinig isteach i gcomhair measúnaithe uaidh bhí *Ossian and the Ossianic Literature, Cú Chulainn, the Irish Achilles,* agus *The Fairy Mythology of Shakespeare.* Cheistíodh Seosamh teoiricí Nutt ina thráchtaireacht. Ba chomhfhreagróir bisiúil Nutt a d'fhreagraíodh na léirmheasanna go mion.

[59] Tá an tagairt seo in *Onomasticon Goedelicum* (1910: 2754): trefóit i.e. Ériu, Manann and Albu.

4.31 An Ghaeilge

Ba é *Graiméar na Gaedhilge leis na Bráithreachaibh Criostamhla* an áis a bhí de dhíth ar fhoghlaimeoirí go dtí seo, chuir an Laoideach in iúl (IG Samhain 1901). Thóg sé sliocht ábhartha as an Réamhrá:

> The grammar of spoken Irish presents many difficulties owing to the forms peculiar to different places, but as the literary usage embraces the dialects current in different localities, save for a few archaic survivals, the literary usage has been adopted as the standard of this grammar.

'The foregoing has been quoted as it points out clearly the method grammarians who would treat of modern Irish should adopt', dúirt sé.

Admhaíonn na Bráithre an chomaoin a chuir *Trí Bior-ghaoithe an Bháis*, eagrán Dr Atkinson, orthu i dtaobh treoracha faoi na réamhfhocail. Bhí bród ar Sheosamh gur bhain siad leas as IG mar fhoinse do na rialacha a fheidhmíonn siad sa ghraiméar. 'Amongst the sources laid under contribution is mentioned the name of this journal,' deir sé, umhal go leor.

Luann siad Seosamh mar bhall den mheitheal chúnta. Ba sprioc ríthábhachtach an graiméar in ailtireacht litearthacht na Gaeilge Nua. D'fheidhmigh sé mar chaighdeán de facto ón gcéad chló, mar a fheidhmíonn a shliochtach, *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (An Gúm 1999) inniu.

4.32 An Laoideach mar eagarthóir irise

Faoi Dheireadh Fómhair 1899 bhí a stampa féin ag an Laoideach ar ábhar IG. Is léir ón 'Fuagra' seo lenar thosaigh sé eagrán na míosa sin gurb í ionadaíocht na gcanúintí ar fad, le béim ar leith ar Ghaeilge Laighean, an tosaíocht ba mhó a bhí aige:

> Badh mhaith linn a chur i gcéill d'ár lucht léighte go bhfuil altanna ó chúig cúigeadhaibh na h-Éireann agus ó Albain ins an uimhir seo... Measaid daoine nach bhfuil focal Gaedhilge i gCúigeadh Laighean. Maidir leis sin, léightear 'Marbhadh an Chait.'[60]

Thuig Seosamh an tiomantas a d'éiligh an post—iris liteartha a sholáthar gach mí do Ghaeilgeoirí liteartha. Más iris liteartha tréimhseachán ina bhfuil litríocht, aisghafa agus nuachruthaithe, aistí, critic liteartha, léirmheasanna leabhar agus

[60] Scéal le hEibhlín Uí Anluain, Ó Méith (IG Dheireadh Fómhair 1899).

drámaí, filíocht, amhráin, stair, béaloideas, logainmníocht agus dinnseanchas, teangeolaíocht agus saíocht teanga, is léir gur réitigh gach eagrán faoi chúram an Laoidigh a bheag nó a mhór leis an sainmhíniú sin.

4.33 Conclúid

Ba é an sruthú follasach ábhair ó iris go leabhar an ghné ba shuntasaí dá ré eagarthóireachta. Chríochnaigh níos mó ábhair a foilsíodh i gcéaduair in IG ó Bhealtaine 1899 go Meán Fómhair1902 idir chlúdaigh leabhar ná mar a tharla i gcás eagarthóra ar bith eile. Is féidir ocht leabhar ina n-iomláine a liostáil a réamhchruthaigh IG sa tréimhse ghearr seo, seacht leabhar béaloidis nó miotaseolaíochta agus *Grádh agus Crádh,* úrscéal. Bhí go leor ábhair eile a chríochnaigh i leabhair, mar shampla in *Measgán Músgraighe* (1907) agus in *Tonn Tóime* (1915) agus in *Cruach Chonaill* (1909).

Chuir an Laoideach síos air féin mar léirmheastóir cuiditheach nach raibh d'aidhm aige riamh ach measúnú ionraic a dhéanamh ar an téacs don athchló. Chonaic daoine eile mar léirmheastóir diúltach é nach mbíodh d'aidhm aige ach an t-údar a náiriú. Chothaigh an seasamh a ghlac sé i leith cheartúsáid na Gaeilge an chuil seo. Glacadh leis mar údarás iontaofa ina ainneoin sin.

Mar léirmheastóir chothaigh agus dhaingnigh sé caidreamh agus cairdeas leis an ngréasán ilréimseach Ceilteach, ag méadú an cháilmheasa náisiúnta agus idirnáisiúnta a chuir ar chumas Kuno Meyer Sgoil Árd-Léighinn na Gaedhilge a bhunú i mBaile Átha Cliath agus a choinneáil ar siúl.

Cé gur fheidhmigh sé an t-uaschaighdeán gan taise, bhí sé dearfach tríd is tríd i leith na samplaí cruthaitheacha a tháinig isteach. Bhí sé dearfach faoin drámaíocht a tháinig chuige i bhfoirm scripteanna. Tá sé ríshoiléir ó na samplaí a scrúdaíomar go raibh ar a chumas plé le hábhar na dtéacsanna. Níor mhór é a áireamh chomh maith ar léirmheastóirí amharclainne na Gaeilge. Mar léirmheastóir rinne sé teagmháil le meon an phobail i leith an náisiúnachais agus na polaitíochta sna paimfléid. Bhain sé leas as gach deis a thuairimí féin a nochtadh. Bhí intinn an iriseora ann chun conspóid a thionscnamh agus a choinneáil ar siúl.

Disciplín nár léirigh é féin mórán fós i speictream léinn na Gaeilge is ea staidéar ar an gcorpas comhfhreagrais scríofa sa teanga sin. Léiríodh sa mhír seo mar a ghin léirmheasanna an Laoidigh sruth corraitheach 'litreacha chuig an eagarthóir' a dhearbhaigh go raibh acmhainn sa Ghaeilge Nua na mothúcháin ba dhoimhne a chur in iúl go paiteanta.

Bhí an cur i láthair lom, gan léaráidí, gan phictiúir, gan mhaisiú ach ceannlitir Cheilteach anois is arís. Bhí an dearadh agus an leagan amach seasmhach ó mhí go mí agus bhí an iris so-aitheanta ina dealramh dá bharr sin. Bhí daoine sa Chonradh, áfach, nach bhfaca na gnéithe seo mar shuáilcí agus a bhí míshásta leis an gciorclaíocht. Ritheadh rún ag Ardfheis 1902 ‘that the Gaelic Journal be published as an illustrated monthly @ 3d.’ i dtreo go gceannódh níos mó daoine é. Ceapadh Tórna mar eagarthóir in ionad Sheosaimh chun an plean sin a fheidhmiú. Rinne Tórna a dhícheall ach bhí air admháil (1935:x) ‘go raibh an t-am mí-oiriúnach don athrú mór úd’ agus go mb’éigean dó ‘casadh ar an mbéaloideas arís agus ar thagraí ar scáth an aosa foghluma’, sé sin, ar an gcineál soláthair a dhéanadh Seosamh. Chiallaigh sin, sílim, gur thomhais an Laoideach a phobal léitheoireachta i gceart agus gur chuir sé an t-ábhar a bhí uathu ar fáil dóibh.

Ní mar eagarthóir irise ach mar eagarthóir leabhar a mheasúnaigh Liam Mac Mathúna an Laoideach, cé gur dhearbhaigh sé go raibh sé ‘dícheallach críochnúil i mbun eagarthóireachta ar irisí agus leabhar’ (2000-2001:102). As an tréitheachas a cheadaigh sé dó mar eagarthóir leabhar, bheadh an sliocht seo (2000-2001:93) cruinn faoi mar eagarthóir IG:

> Agus an obair seo á cur i gcrích aige is cinnte gur ghá dó mar eagarthóir an ghnáth-theagmháil leanúnach a dhéanamh leis na húdair agus leis na clódóirí, chomh maith leis na téacsanna féin a ullmhú agus na profaí a léamh.

Ní ionadh ar bith é gur iarradh air foclóir Uí Dhuinnín a phrofáil.

4.34 Eagarthóireacht IG, Deireadh Fómhair 1902.

B’alt é seo sa tuarascáil[61] d’Ardfheis 1902 a foilsíodh in ACS:

[61] ACS Meitheamh 7 1902: 232

> The report of the Papers Committee was next discussed, and was adopted, slightly amended. It recommended, among other things, that the Gaelic Journal be published as an illustrated monthly @ 3d.

Ba é eagrán Meán Fómhair 1902 an t-eagrán deiridh a chuir Seosamh in eagar. Ní raibh leid ar bith san eagrán sin go raibh sé ag éirí as an bpost. Seo cuid den alt tosaithe ó Thórna, an t-eagarthóir nua, a bhí ar an gcéad leathanach d'eagrán Dheireadh Fómhair:

> Thárla ag Áird-fheis na Bealtaine seo ghabh tharainn go ndubradh a lán cainnte i dtaobh chúrsaí 'Irisleabhair na Gaedhilge'. B'é brigh na cainnte go léir gur cuireadh 'n-a luighe ar an gCoiste Ghnótha gur cheart atharrachaí do chur san Irisleabhar i dtreó go gceannoghadh níos mó daoine é.... Chuige sin do cheapadh (sic) orainne féin chum eagarthóireacht an pháipéir seo do ghabháil ar láimh...

Níor ghabh sé buíochas an Laoidigh. Níor íocadh Seosamh riamh ach bheadh £100 in aghaidh na bliana ag Tórna don eagarthóireacht. Níor éirigh leis siúd 'atharrachaí do chur in IG i dtreó go gceannoghadh níos mó daoine é' go heagrán na Nollag 1902, ina raibh grianghraif agus leaganacha cóirithe d'amhráin.

Bíodh is go raibh réamheolas aige, ba léir gur baineadh tuisle as an Laoideach agus é ina sheanrith. Ba le Seosamh tromlach an ábhair a bhí in eagrán Dheireadh Fómhair 1902. I measc na bpíosaí bhí amhrán breá as Co. an Dúin, 'Bóthar an Mhaighre' agus an réamhobair do *Post-Sheanchas*, sé sin liostaí ainmneacha na sráidbhailte i raon leathan contaetha, agus mír scolártha, aitheasc 136 líne 'Do chum Donnchadha an Chúil, .i. Tighearna Músgraighe', a chum, dúradh in iarnóta, Aodh Buidhe Mac Cuirtín. Ní raibh ainm ná ceannlitreacha Sheosaimh leis an mhír, rud a chuir múisiam air, mar a chuir sé in iúl i litir chuig an eagarthóir a bhí in IG Samhain 1902:

> Sir, I cannot understand why the signature was omitted from my contribution to No. 145—'Do chum Donnchadha an Chúil, .i. Tighearna Músgraighe'. It was signed when it left my hands, even as this is signed. There is one error in the letterpress which I wish to see corrected, and I notice also a rather serious omission...

Tháinig Tórna ar ais leis an nóta seo:

> (Not having the original copy before us, we made no changes except very obvious ones in the proof. We noticed the omission of the line and our readers as well as ourselves will feel duly grateful at having it supplied. F. an I.)

Tá an teasaíocht sa bhabhtáil sin. Níor scar Seosamh le IG. Bhí go leor altanna, nótaí agus comhfhreagras aige ann go dtí gur theip ar an iris sa bhliain 1909.[62]

4.35 'Caibidlí 5, 6, agus 7' aistrithe go haguisíní

Mar a cuireadh in iúl i gCaibidil 1, lch. 3, b'éigean dom ranna tábhachtacha den tráchtas, 'Eagarthóireacht na leabhar' ('Caibidil 5'), 'Saoririseoireacht an Laoidigh'('Caibidil 6'), agus'Dinnseanchas agus Comharthaíocht an Laoidigh ('Caibidil 7'), a sholáthar mar aguisíní do Chaibidil 4, i dtreo is go gcloífí le líon na bhfocal ceadaithe. Tá an t-ábhar a bhí i 'gCaibidil 5' ar fáil anois in Aguisín F, an t-ábhar a bhí i 'gCaibidil 6' in Aguisín G agus an t-ábhar a bhí i 'gCaibidil 7' in Aguisín H.

[62] Féach Mac Peaircín 2018:23-28, s.n Laoide, Seosamh (Lloyd, Joseph).

Caibidil 5

Ceann aistir

5.0 ‘Críoch an sgéil ar iarraidh’ agus an Ardfheis i gCill Airne

Bhí an Laoideach i láthair ag an Oireachtas/Ardfheis i gCill Airne i mí Lúnasa, 1914, agus shocraigh sé ar thuras go Ceann Trá i gCorca Dhuibhne an deireadh seachtaine céanna. As an turas sin tháinig an tsraith fhadálach 8 mír ‘Mo cheann seachtaine i gCeann Trágha nó críoch an sgéil ar iarraidh’, a thosaigh in eagrán 22 Lúnasa 1914 de ACS agus a chríochnaigh in eagrán 24 Deireadh Fómhair 1914.

Bhí sé i gCeann Trá cheana i 1908, deir sé linn i mír 3, agus fuair sé scéal ó sheanchaí an tráth sin a shíl sé a bheith iomlán mar pósadh an lánúin sa scéal. Nuair a bhí sé ag dul amach an doras agus práinn air filleadh ar Bhaile Átha Cliath, sceith an scéalaí nár chríochnaigh scéal na lánúine ar chor ar bith leis an mbainis. Bhí an Laoideach ar ais i gCeann Trá sé bliana ina dhiaidh sin chun críoch an scéil sin a fháil ón seanchaí céanna, Tadhg Ó Ciabháin, siopadóir.

Seans gur ag éalú ó chomhluadar Chill Airne a bhí sé mar bhí cuairt achrannach aige ar an Ardfheis i ngeall ar litir ghearánach a scríobh sé chuig an gCoiste Gnó, mar a léiríonn na sleachta seo a leanas as tuairisc ACS ar imeachtaí na hArdfheise 1914:



Do coimairlig Lil nic Donncadha agus Seoirse mac Niocaill glacadh le cuntas Seosaim Laoide.

Do léig Micéal Ó Foghludha sliocht leitre do cuir an Laoideac go dti an Coiste Gnótha, inar mhaslaig sé Gaedil áirithe.

Ar coimirle Pádraic Uí Mháille agus Seoirse Mhic Niocaill do cuireadh an cuntas ar gcúlaibh go dti go mbeadh an Laoideac tagtha agus do hórdaigeadh telegram do cur go dti an Laoideac gá rádh leis teacht Diardaoin.

Do léigeadh leitir do scríobh an Laoideac i gcóir na hárdfheise.

54. Sliocht as tuairisc ACS ar imeachtaí na hArdfheise 1914.

Glacadh le cuntas an Laoidigh ar a shaothar mar eagarthóir ginearálta. Ansin léigh Mícheál Ó Foghludha, deartháir Risteárd, sliocht as litir a scríobh Seosamh Laoide go dtí an Coiste Gnó 'inar mhaslaigh sé Gaedhil áirithe'. Ba iad na poblachtaigh na Gaeil a mhaslaigh sé agus ba phoblachtach Ó Foghludha. Léadh litir ar leith a scríobh an Laoideach i gcomhair na hArdfheise freisin.

Ordaíodh dó bheith i láthair ar an Déardaoin chun an masla a phlé. Bhí sé ann agus tharraing sé siar an 'masla' a scríobh sé.

IMTEACTA NA hARDFEISE,
1914.

Do leigeadh isteach an tAthair Ó Madáin Ó Luimneach.

Do tharg Seosamh Laoide siar na neithe adubhairt i dtaoibh daoine áirithe i leitir áirithe do chuir sé go dtí an Coiste Gnótha

55. Sliocht as tuairisc ACS ar imeachtaí na hArdfheise 1914.

'Do thairg (sic) Seosamh Laoide siar na neithe adubhairt i dtaoibh daoine áirithe i leitir áirithe do chuir sé go dtí an gCoiste Gnótha', dúirt an tuairisc ar an Ardfheis a bhí in ACS, eagrán 29 Lúnasa 1914. Os cionn na tuairisce sin bhí an scigphictiúr de thíos ó lámh Liam O'Connor. Tugann an cartúnaí 'An Bigearach' air. Ba é Joseph Biggar M.P. (1828-1890) an feisire náisiúnaíoch a thuill clú bithbheo dó féin dá bhacóireacht sciliúil sa Pharlaimint trí óráidí fadálacha a thabhairt ar mhionphointí.

56. Cartún, 'An Bigearach', ACS 29 Lúnasa 1914, agus, ar dheis, an Laoideach agus filleadh beag air i gCill Airne

Is fíor gur chaith an Laoideach an filleadh beag i gCill Airne, mar a chaith roinnt daoine eile. Tá sé ar chlé ar fad sa phictiúr sin de na teachtaí thuas. Thosaigh sé mír 7 den chuntas ar a thuras go Ceann Trá mar seo:

> D'innseas cionnus mar a fuaras críoch an sgéil a bhí ar iarraidh uaim ar feadh bliadhanta. 'Sé chéad rud do rinneas i gCeann Trágha, ar shroichint na háite dham, an obair sin do chur trém lámhaibh. Nach léir as sin caidé a mhéid de dhúil a bhí agam san obair sin? Do rinneas go díreach mar a labhrann an Craoibhín Aoibhinn sa Chúigeadh Leabhar i n-a dhán deas 'An obair atá faoi d'láimh'. Muna mbeadh go bhfuil mo naimhde i mBaile Átha Cliath lán de fhuath agus de fhuasaoid dam do thuigfidís an sgéal sin go maith i dtaoibh rudaí nach é, agus a rádh gurabh é an DUINE atá i gceist i n-ionad na hoibre. Pé sgéal é, deismireacht mhaith ab' eadh é den dúthracht do-nímse le gach aon rud a bhíos idir lámhaibh agam.

Ba é Ardfheis 1914 i gCill Airne an comhthéacs don phíosa sin. Bhí sé sásta lena thuras go Ceann Trá. Fuair sé críoch an scéil a bhí uaidh. Ní fhéadfadh cúis ghearáin a bheith ag an gCoiste Gnó faoi maidir lena chuid oibre mar bhí an obair críochnúil, sásúil i gcónaí. Bheadh an port sin 'gurb é féin an marc acu' le cloisteáil arís uaidh mar a fheicfear ar ball—ba fhuath leo é toisc gur chosain sé tionscnamh na leabhar agus a n-údair agus gur cháin sé sealbhú an Chonartha ag na Poblachtaigh ar mhaithe le cuspóirí nár bhain leis an athbheochan ar chor ar bith.

Sa mhír chéanna chuaigh sé go dtí an tseanáit snámha a bhíodh aige an dá thuras eile a rinne sé go Ceann Trá ach bhí an fharraige rógharbh. Bheadh a shnámh aige an mhaidin dár gcionn roimh imeacht. In ionad snámha d'fhág sé slán ag a scéalaí, Tadhg Ó Ciabháin, a raibh siopa aige. Agus iad sa siopa chualadar trup na gcos. B'iad na 'Wolunteers' a bhí ann, cúigear is scór díobh 'dá n-aclughadh'. Scríobh sé:

> Ní bheidh 'Na hÓglaigh' ná 'Fianna Fáil' ag Gaedhilgeoirí na nGaedealtachtaí go deó na ndeór ná go lá an leic. Tá an Béarla os comhair a súl agus ina gcluasaibh i gcomhnuidhe, agus gan fághail ar bith acu ar a mhalairt, toisg gur fíor-chorr-dhuine dhíobh chíonn cló Gaedhilge, dá laighead is dá shaoire é.

Léiríonn an sliocht sin tosaíochtaí an Laoidigh mar athbeochanóir: an Ghaeilge i gcló a mhéadú agus cur leis an gcomharthaíocht phoiblí sa teanga. Ba thadhall leis an todhchaí an teagmháil sin leis na hÓglaigh. Ar éigean a bhí deich mí caite ó d'fhoilsigh Eoin Mac Néill a eagarfhocal 'The North Began' in ACS agus bhí cúigear is fiche Óglach ag máirseáil i gCeann Trá.

5.1 Díoltas an Bhráithreachais

Bhí an ceart aige nuair a thuar sé thuas ‘gurabh é an DUINE atá i gceist i n-ionad na hoibre’. Deimhníonn cuntais Dhiarmada Uí Loingsigh, Sheáin T. Uí Cheallaigh agus Liam Uí Bhriain do Bhiúró na Staire Míleata agus in áiteanna eile gurb í dúnghaois Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann daoine nach raibh ‘sábháilte’ i dtuairim an Bhráithreachais a ghlanadh as an gConradh. Ní raibh an Laoideach ‘sábháilte’ ná an Craoibhín ach bhíodar sásta an Craoibhín a fhágáil sa chathaoir mar cheannaghaidh stuama dá mb’fhéidir leo é a cheansú mar a cheansaigh siad Eoin Mac Néill.

Ní raibh sé i bhfad ag feitheamh ar a dteachtaireacht. Thugadar an fógra scoir dó i mí Dheireadh Fómhair 1914, agus stopadar a phá, mar is léir ón nóta thíos a scríobh sé chuig Stiofán Bairéad, 12 Eanáir 1915.

> Mr. S.J Barret will please note that the notice conveyed by him on behalf of a certain concern called the ‘Coiste Gnótha’ is null & void, as no payments of salary have been made to me (J.H. Lloyd) for over two months. A notice to be valid requires payments of salary payments to be made on the 1st of each month where monthly payment is the practice.



57. Nóta SL chuig Stiofán Bairéad, 12 Eanáir 1915

Bhí paragraf gonta ag Pádraig Ó Dálaigh, i dtuairisc an Ardrúnaí d'Ardfheis 1915, leathanach 18, i nDún Dealgan, a insíonn cad a tharla:



na leabair.

B'éigean do'n Coiste stad ar fad nach mór de bheit ag cur leabhra amach. Is deacair leabhra do sholáthar do dhíolfadh asta féin, agus ní raibh an t-airgead ag an gCoisde le cailleamhaint orthu. Dá bhrígh sin b'éigean dóibh fógra a thabhairt d'Eagarthóir na Leabhar dá chur i dtuiscint do ná beadh sé ag teasdáil uatha ó lá Bealtaine anuas. Ba thruagh leo sgaramhaint leis mar sgoláire maith is eadh é agus tá an-chuid déanta aige ar son na Gaedhilge.

58. Alt as tuairisc an Ardrúnaí d'Ardfheis 1915, leathanach 18.

> B'éigean do'n Choisde stad ar fad nach mór de bheith ag cur leabhra amach. Is deacair leabhra do sholáthar do dhíolfadh asta féin, agus ní raibh an t-airgead ag an gCoisde le cailleamhaint orthu. Dá bhrígh sin b'éigean dóibh fógra a thabhairt d'Eagarthóir na Leabhar dá chur i dtuiscint do ná beadh sé ag teasdáil uatha ó lá Bealtaine anuas. Ba thruagh leo sgaramhaint leis mar sgoláire maith is eadh é agus tá an-chuid déanta aige ar son na Gaedhilge.

Má scríobh siad chuige, níor aimsigh mé an litir. Ní bheadh sé ag teastáil uathu ó lá Bealtaine 1915 ar aghaidh. Bhí siad ag 'sgaramhaint' leis dáiríre.

Bhí na cuntais seo a leanas, a thagann as Leabhar na hArdfheise, 1915, leathanaigh 124-126, acu a dhearbhaigh an chailliúint ar na leabhair, arbh ionann é agus £559-6s. 11d. de réir mo thuisceana:



Clódanna teoranta.

(Mír na leabar).

Cúntas airgid na bliadhna darab críoch an lá deiridh de mí na Feabhra 1915.

Faighte.

	£	s.	d.
1915—Feab. 28—			
Díolaidheacht leabar	335	12	7
An méid a bí ag an mBannc ar Chlódanna Teoranta an lá so	461	5	3
	£796	17	10

Íoctа.

	£	s.	d.	£	s.	d.
1914—Márta 1—						
An méid a bí ag an mBannc ar Chlódanna Teoranta an lá so ..				240	14	11
1915—Feab. 28—						
Tuarastail	133	0	0			
Cló-bualadh leabar, agus Stereos ..	266	17	6			
Árachas	4	11	3			
Inphúcthóir	4	4	0			
Urrabeach do'n mBannc	9	10	0			
Airgead litreach	3	6	7			
Sgríobnóirí	15	0	0			
Costas i gcoitcinne	9	13	7			
Airíoc le Connradh na Gaedhilge ..	50	0	0			
				556	2	11
				796	17	10
1915—Márta 1—						
An méid a bí ag an mBannc ar Chlódanna Teoranta an lá so				£461	5	3

124



Clódanna Teoranta.

(Mír na Leabar).

Cúntas Socáir agus Docáir na bliadhna dárab críoch an lá deiridh de mí na Feabhra 1915.

Docar.

	£ s. d.	£ s. d.
1914—Márta 1—		
Luach na Leabar an lá ro ...	...1,648 11 10	
Luach na Stereos	... 186 6 6	
		1,834 18 4
1915—Feab. 28—		
Tuarastail na bliadna ...	... 197 0 0	
Cló-bualadh Leabar ...	... 668 3 2	
Árachar	... 4 11 3	
Inphúcóin	... 4 4 0	
Airgead Litreach	.. 3 6 7	
Sgríobhnóirí	... 15 0 0	
Dhaibheach do'n mBanne ...	... 9 10 0	
Comhairle dlíghteora ...	... 2 17 0	
Corcar i gcoitcinne ...	... 11 11 0	
Laighdiughadh ar Luach na Stereos ...	33 15 2	
	949 18 2	
	2,784 16 6	

Socar.

	£ s. d.	£ s. d.
1914—Feab. 28—		
Díolaidheacht Leabar	..	335 12 7
Luach na Leabar	.. 1,665 1 10	
Luach na Stereos	.. 224 15 2	
	1,889 17 0	
An bheit a bí ag an Docar ar an Soghar de láimh na bliadna ...	...	559 6 11
	£2,784 16 6	

125



Clódanna Teoranta.

(Mír na Leabar).

Clár Airim Fiacha 7 Saimhlaoidí mar do Bhíodar Lá Deiridh mí na Feabhra 1915.

Fiacha.

	£ s. d.	£ s. d.
Éilighteóirí	..	619 4 2
An Banne	...	461 5 3
An méid gurb fhú Clódanna Teoranta, do réir an Chláir Deimeannaigh ..	1,384 19 4	
Dáin ar, airgead do Chonnradh na Gaeilge i mbliadna ..	50 0 0	
	£1,334 19 4	
Dáin ar, an méid do caillead i mbliadna do réir cúntair an tSocáin agus an Docáin ..	559 6 11	
	775 12 5	
	£1,856 1 10	

Saimhlaoidí.

	£ s. d.	£ s. d.
Luach na Leabar	..	1,665 1 10
Luach na Stereos anuasta	186 6 6	
Stereos nuadha do deineadh i mbliadna	38 8 8	
	224 15 2	
Dáin ar, 15% mar laighdiughadh ..	33 15 2	
		191 0 0
		£1,856 1 10

126

Dearbhuighim gur fhíoruighear Cúntairí Mír na Leabar mar atá cuar, go bfuil cuasarfabáil fhíobha agam 'na dtaobh, agus aoeinm go bfuilid i gcóir agus i gceart, agus go dtairbeánann siad fáid Mír na Leabar lá deiridh Mí na Feabhra 1915 go cuimn do réir Leabar na gCúntairí.

Domhnall Ó Concobair,
Cúntaróir faoi Rún, Inphúcóin.

13 Sráid an Fheir-tighe,
Baile Átha Cliath, 16i a 14mhad, 1915.

59. Cuntais airgid chuntasóra (3) do leabhair an Chonartha don bhliain a chríochnaigh 28 Feabhra 1915

Ba é an Coiste Gnó a rinne an cinneadh seo i mí Dheireadh Fómhair. Is é a rinneadar ná Coiste na gClódhann a chur ar fionraí. Dá bharr sin cuireadh deireadh le post an Laoidigh. Shíleadar an ruaig a chur air láithreach bonn ach d'áitigh sé orthu gurb é gnó na hArdfheise deireadh a chur lena phost.

Caithfidh gurb iad Tomás Ághas agus Diarmuid Ó Loingsigh, baill den Bhráithreachas a bhí ar an gCoiste Gnó d'aon ghnó ag an am seo, a thionscain bris an Laoidigh. I litir a scríobh Tomás Ághas chuig John Devoy i mí Aibreáin 1914, dúirt sé:

> D. Lynch and I mean to do our utmost to re-model the Gaelic League to get it to preach strong, sterling nationality, and to rid it of some of the old women and of some of the fossils that conrol it at present' (McGough:39).

Ar 4 Nollaig 1914 sheol an Laoideach an freagra[63] seo chucu:

> Buaile na Gréine,
> Stillorgan Park,
> 4-12-14
> The Coiste Gnótha,
> Gaelic League,
>
> I desire to point out that the decision of the Coiste Gnótha against the Book Department is in direct violation of the object and constitution of the Gaelic League. If you will refer to the pamphlets in which these have been published year after year you will find that the two fundamental objects of the Gaelic League are (1) to save the Irish Language as a spoken one and (2) to bring out constant publications in the Irish language. Neither of these fundamental objectives can be abrogated without the consent of the supreme body of the organisation, viz., the Ardfheis. I therefore appeal to the Ardfheis as a higher tribunal to deal with your decision.
>
> Your resolution was not wise. What has been the prime factor in the decay of the Irish language? I know, because I have been in every kind of district in Ireland, Anglicised, almost Anglicised, half-Anglicised , and those in which the various degrees of the existence of vernacular Irish cause them to be called Irish speaking, some of them scarcely with truth. Well, the prime factor, as I have found, has been the existence of the language as a patois, (a language spoken but never written, except perhaps by a little knot of scholars). I have frequently found among the peasantry the notion that Irish could not be written at all, that it was only good enough for the horses, that it was a lowdown thing which really wasn't a language at all etc... What caused the great and rapid decay of Irish at its most vital and critical period, viz., the early 19th Century? Answer. Its existence solely as a patois, to all extents and purposes. What is causing it to decay still in the Irish-speaking districts? Answer, because it is not a written language in those districts---those who can write it there are at most a few scholars and a few schoolchildren---it is not a written language in popular use, whilst there are very few, except old people, in such places who can't read and write English, and, as I know, they commonly use it for their written business communication and to their relatives through the post
>
> Your decision is therefore a most dangerous one for the welfare of the language.
>
> To make matters worse, you have arrived at it for more personal reasons. The man is your aim, not the language. I did not expect anything else, considering how many enemies I have, and the probable irritation I have caused by boldly fighting my corner like Oisín mac Fhinn and Goll Mac Morna. As for myself, I feel indifferent about your hostile decision. It has caused me very little uneasiness. I shall probably be able to support myself by doing Irish work for others. If I have to starve, it won't be my fault but yours, from personal motives.

[63] An Leabharlann Náisiúnta: Ls G 590.

The vital matter is that your unwise decision will very probably be the final blow to the existence of the movement and the language. Even if the books don't pay it is vital to bring them out for the welfare of the movement. Let me ask what material profit do you get from the work of an organiser? None that I can see, as much of their work could be effected in other ways. I cannot see that money comes from their efforts and yet I do not wish to deny that they are necessary to keep the movement before the public. So with the books. Whether they pay or not, the Irish reading public must be supplied with reading matter or the loss of it will act most injuriously on the movement itself. Books are the chief and permanent advertisement of the existence of the movement. Truly does the proverb say: *littera scripta manet*. A common hostile argument is that there is no current literature in Irish.

I venture to say that the successive Coistí Gnótha have failed to understand their own movement. They have never felt the pulse of it properly or pushed it as it could have been pushed. Instead, so far as I can see, they have tried to do things that were really impossible of accomplishment even from their own supporters. They have always been sapped by materialism, as in the matter of the books. "We must get rid of things that don't pay" as it was voiced once. By getting rid of things of this kind one after another the foolish Coistí Gnótha, and even the Ardfheis, have sapped their foundations and lost one section of the public after another. I give a list of some of the foolish things they have done:

The stopping of the *Gaelic Journal*, always so bound up with the movement. It was deplored in the Continent when a French scholar, finding it necessary to compile an Index in Paris in order to complete it. Parsimony wouldn't allow this.

The loss of the Oireachtas choir when the Gaelic League was actually getting command of Irish music

The forcing of the so-called traditional method of singing on a public that didn't want it and couldn't stand it.

The wasting of £100 or more on the McBride's car business when the matter could easily have been left as it was, in a state of uncertainty and contest. Why recognise English law at all in such a thing.

The stopping of the Lantern Lectures, so vital to every moment I know of that is successful, Temperance, etc. Etc.

I suggested long ago that you should have a Publication fund. It will bring in more money than any other. Father Flanagan---a splendid man---told you plainly that more money could be got for Publication purposes in America than for any other purpose.

J. H. Lloyd.

5.2 Ardfheis 1915 i nDún Dealgan

Caithfidh go raibh sé ceart san argóint a chuir sé ar aghaidh sa chéad alt den litir, go raibh cinneadh an Choiste Gnó in éadan bhunreacht an Chonartha agus nár mhór é a chur faoi bhráid Ardfheis 1915, mar is é sin a tharla. Arís, mar a dheimhníonn cuntais Dhiarmada Uí Loingsigh, Sheáin T. Uí Cheallaigh agus Liam Uí Bhriain do Bhiúró na Staire Míleata agus in áiteanna eile, ní raibh seans dá laghad go gcaillfeadh an Coiste Gnó rún ag an Ardfheis mar chinntigh an Bráithreachas go mbeadh móramh dá dteachtaí féin ag vótáil. Scríobh Diarmaid Ó Loingsigh ina chuntas ar 1916, leathanach 27:

> Well in advance of the Ardfheis date I communicated with prominent Gaelic Leaguers—who were also I.R.B. men—urging that delegates who were favourable to our political views should without fail be selected to attend at Dundalk. (McGough:39)

Tionóladh an Ardfheis i Halla na Maor Coille, Dún Dealgan, ag 11.50 a.m., Dé Máirt, 27 Iúil 1915. Ní fada go raibh gnó na leabhar os comhair an chruinnithe. An chéad rud, ghlacadar le cuntas Sheosaimh ar sholáthar na leabhar ó Oireachtas 1914 go hOireachtas 1915, mar a bhí sé ar leathanaigh 30 go 32 de 'Leabhar na hArdfheise', an leabhar ina raibh tuairisc an Ardrúnaí, tuairiscí na gCoistí agus cuntais an iniúchóra.

I gcaitheamh na bliana ó Oireachtas go hOireachtas 1914-1915, foilsíodh 7 leabhar agus ba leis féin cúig cinn díobh seo. Tá siad ar fad pléite againn in Aguisín F. Bhí súil aige go mbeadh dhá cheann eile ar fáil roimh Oireachtas 1915 agus b'fhéidir go raibh: *Brisleach Mhór Mhuirtheimhne*, leis féin, agus *Sáimhín Sógh* le Seosamh Ó Cléirigh.

Bhí aon lámhscríbhinn déag aige 'nár leig Coiste an Airgid a gcur i gcló fós'. An t-aon teideal a foilsíodh díobh ina dhiaidh sin ná 'An Bhóinn agus an Bhóchna', le Liam Ó Riain, úrscéal a cuireadh i gcló mar shraithscéal in ACS. Bhí an chéad mhír in eagrán 11 Mheán Fómhair 1915 agus an mhír dheiridh in eagrán 13 Samhain.[64] Níor foilsíodh *An Bhóinn agus an Bhóchna* mar leabhar go dtí anuraidh, 2019. Arlen House, Baile Átha Cliath, a chuir amach é. Leagan ACS atá sa leabhar, cóirithe le réamhaiste agus 'aistriúchán dílis Béarla' ag Philip O'Leary. Go bhfios dom níor foilsíodh na cinn eile riamh.

[64] *An Bhóinn agus an Bhóchna*; le Liam ó Riain, curtha in eagar agus aistrithe ag Philip O'Leary, Arlen Press, BÁC, 2019.

Níor foilsíodh mar leabhair ach an oiread *Cainnt na Cathrach* le 'Beirt Fhear', *Déantúsaí Dhiarmada Dhuinn* le Tomás Ó Máille, ná *Seanfhocail agus Rainn* le Cormac Ó Cadhla. Moladh iad seo i gcomhair foilsithe agus bhí na húdair ag obair orthu fós. Bhí sé ag feitheamh ar fhoclóir do *Dánta Éamainn de bhFál* ón údar, Risteárd Ó Foghlugdha. Níor foilsíodh an leabhar seo go dtí 1946, ag Oifig an tSoláthair.


30

LEABAIR CONNARTA NA GAEḊILGE.

Cúrsam ceirte na leabar, ar Ċoirte an Airgid a bí fé i gcaiteaṁ na bliaḋna 1914-15. 'Siad so na leabair a táinig amaċ ó Oireaċtas go hOireaċtas .i. seaċt gcinn:

Alasdair Mac Colla (S. Laoide).
Duanaire na Miḋe (S. Laoiḋe).
Gut na mBárd (T. Ó Donnċaḋa).
Sgéalta Goirid Geiṁriḋ (S. Mac Meanman).
Tonn Tóime (S. Laoide).
Réalta de'n Spéir (S. Laoide).
Beirt Gaeḋilgeoirí 'na gcoṁnaiḋe 'sa Ċaṫair (D. Ó Murċaḋa ó Dairbre).

An dá ceann atá i dtosaċ agam, bíodar ar liosta na bliaḋna i n-uraiḋ aċt, fóiríor dóigte, do loit na clódóirí iad ⁊ dob' éigean cuid maiṫ ḋíoḃ do ċur i gcló arís. D'fág soin ⁊ gáirsi na gclódóirí ag cur moille orta moill deiċ mí ar "Alasdair Mac Colla" ⁊ moill bheis ⁊ ráite ar "Duanaire na Miḋe." Go deiṁin féin, do bíoḋ ceist "Alasdair Mac Colla" ag teaċt os comair Coiste i ndiaiḋ coisde ⁊ sinn ag iarraiḋ ár gceart d'fagáil ó na clódóiriḃ, rud naċ fuaramar sa deireaḋ ċiar ⁊ iad ag éileaṁ aċċorduirí ar ar loiteadar den leabar!

Is féidir go mbeiḋ dá leabar eile amuiġ i dtráṫ an Oireaċtais, aċt níor ċuireas ar an liosta tuas iad, ar eagla go dteipfeaḋ na clódóirí orainn fá mar do rinneadar le dá leabar eile i n-uraiḋ. 'Siad so iad: táid siad go maiṫ ċum cinn ⁊ iad i dtaoḃ leis na clódóiriḃ aṁáin d'obair orta fá láṫair:

Brisleaċ Ṁór Ṁaiġe Muirteiṁne (S. Laoide).
Sáiṁín Sóg (Seosaṁ Ó Cléiriġ).

Tá mór-ċuid den leabar so fá ċló, aċt ní féidir dó beiṫ amuiġ i gcóir an Oireaċtais ⁊ a bhfuil le déanaṁ leis fós .i. tagra ⁊ foclóir a ċur leis:

Fian-Laoiṫe (S. Laoide).

Seo aḋḃair ṁaiṫe leabar nár leig Coisde an Airgid a gcur i gcló fós .i.

Uirsgéalta ("Fearġus Finnbéil").
Eaċtra Toroilḃ Ṁic Stairn (S. Ó Muirṫile)

31

Céimseata 3 (E. Ó Neaċtain).
Algébar 2 (S. Mac Henrig).
Beaṫa Parnell (S. Ó Muirġeasa).
Draoiṫe na hÉireann (L. Ó Riain).
An Bóinn ⁊ an Bóċna (L. Ó Riain).
Geograiph na hÉireann (T. MacDoṁnaill).
Sgéalta (Seán Ó Dálaiġ).
Stair na hÉireann (S. Ó Ceallaiġ) ("Sgeilg").
Catechism of Irish History (Pádraig Ó Séagḋa .i. Pádraig na Léime).

Seo aḋḃair ṁaiṫe eile leabar do molaḋ, aċt nár ċuir na hugdair isteaċ fós .i.

Caint na Caṫraċ ("Beirt Ḟear").
Déantúsaí Ḋiarmada Ḋuinn (Tomás Ó Máille).
Seanḟocail ⁊ Rainn (Cormac Ó Caḋla).

Seo rud go bhfuil cuid de fá ċló, aċt nár ċeaduiġ an Coisde é ċur ċum cinn fós .i.

Eaċtrai ar Ḋéiṫiḃ Loċlann (S. Laoide).

Seo leabar go bhfuil a téx fá ċló aċt nár ṫug an t-ugdar a foclóir ċum críċe fós .i.

Dánta Éamainn do bhFál (R. Ó Foglaḋa).

Seo tairgsinti uaim féin gur ṁaiṫ liom a dtabairt amaċ, dá sgaoileaḋ Coiste an Airgid an glas so ar foillsiġteoireaċt atá ar bun aca .i.

Mag Duṁa.
Togail Bruiḋne Dá Ḋearga.
Tána Bó Geannáin.
Eaċtra an Ċaiptín Cuellar.
Siabarċarbad Ċonculainn.
Craobhsgaoileaḋ Gearaltaċ.
Foclóir le "Deoraiḋeaċt" (fá ċló).
Cláirseaċ na nGaeḋeal (rian-ċló d'fuiḋeall againn).

Do tagras tuas dá 34 de leabraiḃ nó d'aḋḃaraiḃ leabar, cuid ṁaiṫ aca go bhfuil cosg orta ó Ċoirte an Airgid. Níor ċeart a tuilleaḋ cosga orta, mar is é gnó mór Connarta na Gaeḋilge leabair do ċur i gcló ċum sgríbneoireaċt na Gaeḋilge do congḃáil beo. Littera scripta manet (.i. maireann an sgríbinn), a n-abair an seanfocal. Má sgaoiltear de bhrosdugaḋ ugdar ⁊ sgríbneoirí, beiḋ deireaḋ le


32

Connraḋ na Gaeḋilge i gceann cúig mbliaḋan. Níor ċeart beiṫ ag súil le tairḃe nó buntáiste baint as leabraiḃ Gaeḋilge i gcoṁnuiḋe, is naċ fuil inr an teangain féin aċt rud atá ag dul i n-éag ó bliaḋain go bliaḋain! An fad is beó í, bíoḋ deallraḋ agus drirleannaiġe litriḋeaċta agus léiġinn uaiti. Brosduiġmis ugdair ⁊ sgríbneoirí ⁊ díolaimis ar a saoṫar iad, nó ní ċuirfimid i n-éadan na hoibre i gceart iad. Ní'l i n-aon gnó eile, dá feabas é, aċt mar a beaḋ leagaḋ cubar na habann ann, fá láṫair ar aon ċuma.

Tearcuiġeann eagarṫaċ uaiḃ fós, pé olc maiṫ liḃ é. Do teip oireaḋ le cúigear ugdar glan orm i n-uraiḋ, ⁊ b'éigean dam féin an obair ar fad do déanaṁ. agus tá cuid eile díoḃ ag teip orm fós.

SEOSAṀ LAOIDE.

60. Cuntas SL ar sholáthar na leabhar ó Oireachtas 1914 go hOireachtas 1915, ar leathanaigh 30-32 de 'Leabhar na hArdfheise', 1915.

Déanann Seosamh tagairt do leabhar leis féin ansin, *Eachtraí ar Dhéithibh Lochlainn*, a raibh cuid de faoi chló ach nár cheadaigh an Coiste Gnó é a chur chun cinn fós. Níor foilsíodh riamh é agus tá an lámhscríbhinn ar iarraidh. Luaitear é sa litir a chuir Stiofán Bairéad chuig an Laoideach níos déanaí sa bhliain, agus a bheidh faoi phlé againn ar ball.

Tá liosta leabhar uaidh féin aige gur mhaith leis a thabhairt amach ‘dá sgaoilfeadh Coiste an Airgid an glas seo ar fhoillsightheoireacht atá ar bun acu’: *Magh Dumha, Toghail Bhruidhne Dá Dhearga, Tána Bó Geannáin, Eachtra an Chaiptín Cuellar, Siabharcharbad Chonculainn, Craobhsgaoileadh Gearaltach, Foclóir* le *Deoraidheacht’* (atá fá chló), *Cláirseach na nGaedheal* (cur leis atá i gceist).

Den liosta sin, bhí *Magh Dumha* agus *Eachtra an Chaiptín Cuellar* in ACS cheana. Níor foilsíodh leabhar ar bith ar an liosta seo mar leabhar. Den 34 téacs atá ainmnithe sa tuairisc sin, tháinig 12 ceann amach, ach plúchadh 22 nuair a bhí siad cuid mhaith réidh le foilsiú nó ar a laghad nuair a bhí sé soiléir go gcuirfí i gcló iad dá ligfí cead a chinn le heagarthóir na leabhar.

Faoi seo tá seasamh an Laoidigh i dtaobh na leabhar ar eolas go maith againn. Déanann sé achoimre air mar chríoch don tuairisc seo:

> Do thagras thuas dá 34 leabhradh nó d’ádhbharaibh leabhar, cuid mhaith acu go bhfuil cosg ortha ó Choiste an Airgid. Níor cheart a thuilleadh cosga ortha, mar is é gnó mór Chonnartha na Gaedhilge leabhair do chur i gcló chum sgríbhneoireacht na Gaedhilge do chongbháil beo. Littera scripta manet (.i. maireann an sgríbhinn) a n-abair an seanfhocal. Má stadthar do bhrosdughadh ughdar agus sgríbhneoirí, beidh deireadh le Connradh na Gaedhilge i gceann cúig mbliadhan. Níor cheart bheith ag súil le tairbhe nó buntáiste ’bhaint as leabhraibh Gaedhilge i gcomhnuidhe, is nach bhfuil ins an teangaidh féin ach rud atá ag dul i n-éag ó bhliadhain go bliadhain. An fhaid is beó í, bíodh deallradh agus drithleannaighe litridheachta agus léighinn uaithi. Brosduighimis ughdair agus sgríbhneoirí agus díolaimis as a saothar iad, nó ní chuirfimid in éadan na hoibhre i gceart iad. Ní’l in aon ghnó eile, dá fheabhas é, ach mar a bheadh leagh cubhar na habhann ann, fá láthair ar chuma ar bith.
>
> Teastuigheann eagarthach uaibh fós, pé olc maith libh é. Do theip oiread is cúigear ughdar glan orm i n-uraidh, agus b’éigean dam féin an obair ar fad a dhéanamh, agus tá cuid eile díobh ag teip orm fós.
>
> Seosamh Laoide.

‘Teastuigheann eagarthach uaibh fós, pé olc maith libh é’ dúirt sé. Sé sin, chuir an Coiste Gnó deireadh le foilsiú na leabhar gan socruithe a dhéanamh do na leabhair a bhí ag clódóirí fós agus a raibh ceangal ar an gCoiste na táillí a íoc. Dhéanfadh an Laoideach an obair seo, ní ar thuarastal ach ar tháille.

I dteannta an chuntais phléadar an ‘an méid do bhí ag l. 113 ag an infhiuchthóir i dtaobh mír na leabhar’—é seo thíos—a dhearbhaigh gur cailleadh £559 6s. 9d. ar na leabhair i rith na bliana:

36. Fógra i bhFéilire Choláiste na Tríonóide, 1893.



MÍR NA LEABAR.

Do réir Cúntair an Airgid do táinic £335 12s. 7d. isteach ar na leabhraibh agus do díoladh amach £949 18s. 2d. i rith na bliadhna. Do réir Cúntair an tSocáin agus an Doċair do bí £559 6s. 11d. de chailleamaint ar na leabhraibh de bárr na bliadhna. D'fiú £1,856 1s. 10d. na leabair agus na Stereos a bí i reilig Clochanna Teorainta i mbeirneas Feabhra 1915 agus do bí 'san am ceádna £1,080 9s. 5d. d'fiacaibh oíċa.

Is iad oifigigh Clochanna Teorainta féin do comhairligh na leabair agus do thug mear ar luach na leabar is na Stereos.

Mise,

DOMHNALL Ó CONCHOBAIR.

61. Suimiú an chuntasóra, Domhnall Ó Conchobhair, ar theacht isteach agus ar dhíol amach na leabhar, Ardfheis 1915.

Ní raibh Seosamh i láthair ach scríobh sé chucu agus fuair sé an éisteacht a bhí uaidh. 'Do léigheadh leitir fhada ó Sheosamh Laoide i dtaobh a chuid oibre agus i dtaobh na n-eugcóir adubhairt sé do bheith dhá dheunamh air ....', a léimid i dtuairisc na hArdfheise a bhí in ACS, eagrán Lúnasa 14, 1915. Is litir fhada chinnte í, níos mó ná dhá mhíle focal inti. Ba é 'Buaile na Gréine, Páirc Thighe Lorgáin', an seoladh agus 21 Iúl, 1915, an dáta. Léamar sliocht as cheana ag áireamh leabhar an Laoidigh dúinn, agus tá sleachta in alt Liam Mhic Mhathúna (2000-2001:97-98). Tá athrá freisin ann ar chuid den litir a sheol sé chuig an gCoiste Gnó, 4 Nollaig 1914. Tá sleachta nár phléamar cheana thíos. Is litir ríthábhachtach í i dtéarmaí tuisceana ar intinn chorraithe Sheosaimh i mí Iúil, 1915. Tá an litir, cóip den bhunleagan lámhscríofa agus cóip clóbhuailte, in Aguisín N. Tabharfar leathanach na litreach lámhscríofa sna sleachta aisti thíos.

Is cosúil nach raibh cead aige bheith ag an Ardfheis mar nár ainmníodh mar theachta é, agus bhí sé briste as a phost sa Chonradh le trí mhí. Luann sé an 'sprionnlaitheacht agus briseadh focail' a d'imir an Coiste Gnó air féin, sé sin, 'nár dhíoladar aon tuarasdal liom as an ráithe sin, cé go rabhas ag síor-obair don Chonnradh ag iarraidh na leabhair do chríochnughadh i gcóir an Oireachtais chum nach caillfidís an díol a bheadh ortha fán am sain':

> Tá lucht millte an Chonnartha ag ligean orthu féin gur díbrigheadh mise as an gComhchorraighe, ach fágfadsa an cheist sin fán Ard-fheis atá os cionn gach aon dream den Chonnradh. ... Ná bíodh locht ag an Ard-fheis orm féin má labhraim amach go dána dalba agus baol mór ar an nGaedhilg, uaithi féin agus ó lucht millte an Chonnartha. (lch. 1)

Tugann sé le tuiscint go raibh feachtas clúmhillte ar siúl ina choinne le tamall fada, Tá daoine a déarfadh gur lom-pharanóia a bhí anseo ach b'uirlis an

clúmhilleadh i mála cleas an Bhráithreachais. Níos faide ar aghaidh luann sé an ghéarleanúint a bhí dá dhéanamh air le peann nimhe in ACS, ag na Coistí, agus i gcúrsaí riaracháin. Bhí sleachta aige as litir ghearáin a scríobh sé chuig an gCoiste Gnó, 8 Márta 1914:

> Caithfidh an Coisde Gnótha a tharraing chugtha mar smaoineadh feasta go bhfuilim anois mar do bhíos ariamh, im' dhuine chneasta, mhacánta atá ag iarraidh a dhícheall do dhéanamh ar son na hÉireann agus ar son na Gaedhilge. Dá bhrí sin, ní healadha dóibh a bheith ag tabhairt cluaise do gach aon tsaghas cúlchainte agus biadáin a chuirfeas sgaothairí agus spreallairíní os a gcomhair...(lch.1).

Labhraíonn sé ansin ar 'éagcóir ar na hughdaraibh agus orm féin do dheasgaibh sprionnlaitheachta agus leathtruim dá n-imirt orainn ón gCoisde Gnótha.... An dá Choisde Gnótha is déidheannaighe bhí ann, rugadar barr sprionnlaitheachta ar an saoghal go léir.'

'Táid na h-ughdair ag obair go dian agus tnúth aca le hughdaracht .i. ardfhonn ortha fá n-a ndéantúisibh d'fheicsint i gcló, ach ní leigfidh an dream suarach so den Chonnradh beart do dhéanamh dá réir', deir sé níos faide ar aghaidh (lgh. 5-6) .

Luann sé Feargus Finnbhéil (i.e. Diarmuid Ó Foghludha)**,** Pádraig na Léime, An Seabhac, Seághan Mac Meanman, Pádraig Ó Conaire, Eoghan Ó Neachtain, Seághan Mac Énrí, Thomás Mac Domhnaill, Seán Ó Muirthile, Uilliam Ó Riain, Séamus Ó Muirgheasa agus Caitlín Nic Gabhainn mar údair ar chlis an Coiste Gnó orthu; níor íocadh iad ar chor ar bith as na leabhair a foilsíodh, nó diúltaíodh cead foilsithe na leabhar, nó fágadh na scríbhinní ag léitheoirí rófhada. Arís, b'fhíor dó. Taispeánann cuntas airgid an iniúchóra thuas nár íocadh ach £15 le scríbhneoirí i rith na bliana roimhe sin. Scríobh sé:

> Cuirtear deireadh leis sin agus tugtar cóir agus ceart do na hughdaraibh bochta feasta agus díoltar as a saothar go macánta iad. Níor chruthuigh agus níor chruinnigh an sprionnlaitheacht agus an cheachardhacht aon ní riamh. Go deimhin féin cuireann siad gach aon ní chun deiridh agus na sgoláirí ar buile... Ná bímís ag súil le brabach nó sochar as leabhraibh ach tugamis amach iad mar mhaithe le beathaidh na Gaedhilge. Maireann an sgríbhinn---sin seanfhocal ón Dílinn. Leabhair a thabhairt amach, sé sin an gnó is fearr de ghnóthaibh na Comh-chorraighe, acht amháin na Coláistí Gaedhealacha, b'fhéidir. De réir a dtig de leabhraibh amach a braithfear an Comh-chorraighe agus a bheas beatha na teangan.... Sin gnó de bhun-ghnóthaibh an Chonnartha i. leabhair agus litridheacht do thabhairt amach, pé acu a dhíolfaidh siad asta féin nó

> nach díolfaidh. Tá an rud sain thíos i gCórughadh an Chonnartha mar leanas:
>
> 'The study and publication of existing Irish literature and the cultivation of a modern literature in Irish.' (lgh 4-5)

Port a bhíodh aige go minic ná 'littera scripta manet'—maireann an scríbhinn. Bhí leithscéal suarach ag lucht millte an Chonartha, dúirt sé, sé sin nach raibh na leabhair ag díol astu féin. Bailíodh airgead an Chonartha chun leabhair a thabhairt amach, d'agair sé. Níor mhór na leabhair a thabhairt amach ar mhaithe leis an nGaeilge féin chun í chosaint ar an mbás a bhí i ndán di i n-éagmais na litríochta. Níl dallamullóg ar bith air faoin gCoiste Gnó atá ann faoi láthair:

> Dar liom féin nach fuil de ghnó aca acht Connradh na Gaedhilge do lot *7* do bhriseadh as a chéile. Tá árd-fhuath aca orm-sa *7* sin fáth de na fáthaibh go bhfuilid ag cosg na leabhar. Tá siad ag iarraidh deireadh a chur leis na leabhraibh mar olc orm-sa. A' leigfidh sibh dóibh díoghaltas pearsanta príobhaideach do bhaint amach *7* d'agairt i gcomhchorraighe phuiblidhe mar Chonnradh na Gaedhilge? Badh dhíchéillidhe an bheart díbh dá leigfeadh sibh. (lch. 7-8)

Bheadh coistí nua le toghadh ag an Ardfheis. Iarrann sé ar na teachtaí 'gan lucht millte an Chonnartha do thoghadh feasta', agus gan 'fear polaitidheachta' a thoghadh:

> Ní ar leas na Gaedhilge smaoineas an fear polaitidheachta, acht ar a pholaitidheacht bhig féin agus dá mbainfeadh lucht polaitidheachta Éire amach dhóibh féin, bheadh ceist teasargan na Gaedhilge le réiteach fós ag lucht Connartha na Gaedhilge .i. conas breith air airgead tuarasdail Mheirice atá go h-an-ard agus é ag mealladh Gaedheal thar sáile. (lch. 10)

Bheadh an réiteach níos deacra mar bheadh na scoláirí imithe go Meiriceá. Bhí a fhios ag Seosamh go raibh an tsuim sa Ghaeilge agus sa Cheiltis imithe i méid go mór i Meiriceá agus go raibh tuarastail rí-arda ar fáil do scoláirí, mar fuair sé féin tairiscint an-fhlaithiúil ón Ollamh Gertrude Schoepperle.

I gcúrsa na litreach luaigh sé go raibh teistiméireachtaí aige ó ocht scoláire dhéag, 'daoine go bhfuil ard-teist ortha'. Tugann sé samplaí ón gCraoibhín agus ó Eoin Mac Néill. Dúirt an Craoibhín:

> I have much pleasure in saying that Mr. Lloyd's far-reaching services towards the Irish language and literature for the past twenty years are known to all Celtic scholars and have placed thousands of students under obligation to him.
>
> The amount of original research he has done, the immense number of books which he has either written, or helped others to write, or edited, the assistance which he has given to others, all give him a place of his own in the world of Irish letters. No one has made a

> deeper study of the word forms of modern Irish and its dialects, as well as their relations to the older forms. (lgh 8-9)

Dúirt Eoin Mac Néill:

> I know no one who has a fuller and more accurate knowledge of Modern Irish Literature and spoken usage. Mr. Lloyd has also a sound historical knowledge of the Irish language. In the preparation of books of instruction and literary textbooks in modern Irish his experience is unequalled. For work of this kind and similar work done be him, reference may be made to his name in the Index to the National Library's Bibliography of Irish where however only a fraction of Mr. Lloyd's work is represented. (lch. 9)

Críochnaíonn sé le moladh faoi chlódóirí. Is cosúil go raibh an Conradh ceangailte le comhlachtaí áirithe a bhí ag iarraidh an iomarca don chlódóireacht. Ba cheart an chlódóireacht a chur amach ar tairiscint agus iomaíocht a chothú. D'fhógair sé san iarnóta dá litir nach mbeadh sé ag an Ardfheis i ngeall ar an gcostas. Bhí sé as póca go mór lena thuras go Cill Airne an bhliain roimhe sin, scríobh sé.



IMTEACHTA NA hÁRDFEISE.
1915.

Do tionóladh ceud-chruinniughadh na hÁrdfeise i Halla na Maor gCoille i nDún-dealgan tuairim 11.50 a.m. Dia Máirt, 27 Iúl 1915. Do ghabh an Craoibhín Aoibhinn ceannas an chruinnighte.

Do cuireadh ainm le mionchuairtscí Árdfeise 1914.

Do ceapadh an tAthair ó Maoláin, Tomás mac Domhnaidh ó Mathghamhna, Piaras Béaslaoi, an tAthair Maicín mac Uidhir agus an tAthair Marcus Ó Broin mar pócoiste chum Clár na nOibre do fhorughadh, agus thugadar toradh a saothair don fhear cheannais ni ba dheunaighe so tó.

Ar comairle Seáin T. Uí Ceallaigh agus Úna Ni Fhaircheallaigh do glacadh le tuarasgbháil an Árdrúnaidhe.

Do comhairligeadh glacadh le tuarasgbháil "Clodhanna," i. cuntas na leadhar ar ll. a 30—32 de leadhar na hÁrdfeise. Ceal cuntais ón mBainisteoir do cuireadh ina ceannta sin ina dhiaidh sin an méid do bí ag l. a 113 ag an Inphuictóir i dtaobh "mir na leadhar."

Do léigeadh leitir fada ó Seosamh Laighde i dtaobh a chuid oibre agus i dtaobh na n-eugcóir adubhairt sé do beith dá dheunamh air agus carghas na ceiste go léir do phléidhe go maith do comhairlig an Dr. Mac Énrí agus Pádraic Ó Conaire (ó Londain) mar leasughadh ar an gcomhairle sin chuas "a mholadh don Choiste Ghnótha athsmaoineamh do dheunamh ar ceist 'Clodhanna' agus ar ceist na leadhar."

D'aontaigh 34 duine é sin agus do dhiúltaigh 36 duine dó.

Do haontaigheadh an comhairle dhunaidh annsin.

62. Imeachta na hArdfheise 1915, mar a tuairiscíodh in ACS iad.

Chiallaigh glacadh le ‘Tuarasgabháil Clódhanna’ go gcuirfí deireadh le foilsiú na leabhar ach, de réir Imeachta na hArdfheise 1915, mar a tuairiscíodh in ACS iad, ‘tar éis na ceiste a phléidhe go maith do chomhairligh an Dochtúir Mac Énrí agus Pádhraic Ó Conaire (ó Londain) mar leasughadh ar an gcomhairle sin thuas ‘a mholadh don Choiste Gnótha athsmaoineamh do dheunamh ar cheist ‘Clódhanna’ agus ar cheist na leabhar’.

D’aontaigh 34 teachta leis an leasú ach bhí móramh de 36 ina choinne, ag deimhniú go raibh deireadh le Coiste na gClódhann, le foilsiú na leabhar, agus le post an eagarthóra. Cailleadh rún leasaithe Mhic Énrí agus Uí Chonaire le dhá vóta agus aontaíodh leis an rún bunaidh. Ba bheag nár éirigh le Seosamh lena thuarascáil don bhliain agus lena litir throdach chróga, a áitiú ar an Ardfheis leanúint d’fhoilsitheoireacht na leabhar ach bhí na teachtaí claonchóirithe ina choinne ag an mBráithreachas.

5.3 An Laoideach i ndiaidh na hArdfheise, 1915.

‘Is ag Ardfheis Dhún Dealgan a socraíodh, cheal airgid, éirí as an bhfeachtas foilsitheoireachta. Ní raibh áit a thuilleadh sa Chonradh do Sheosamh Laoide’ scríobh Proinsias Mac Aonghusa (1993:153). Bliain níos déanaí, áfach, mar a thug Liam Mac Mathúna faoi deara (2000-2001:98-99), ní raibh scartha ag an dá thaobh le chéile go fóill. Mar shampla, bhí a ainm ar marthain in ACS i rith 1915 agus 1916 i bhfógraí na leabhar, a bhí ar díol i rith an ama.

The Educational Co of Ireland, LTD.

Sole Selling Agents for the Publications of the Gaelic League.

Complete Catalogues of all Books published by the Gaelic League can be obtained post free on application.

The following is a List of Books specially prepared for National Schools:—

READERS, ETC.

An Chéad Leabhar.—The First Irish Reader (two parts), ½d. each.
An Dara Leabhar.—The Second Irish Reader. (Irish) 2d.; (Irish and English), 2½d.
An Treas Leabhar.—The Third Irish Reader, 3d.
An Ceathramhadh Leabhar.—The Fourth Bilingual Reader, 6d.
Realta de'n Speir. 2s.
An Leightheoir Gaedhealach.—An Irish Reading Book, 6d.
Mealbhog na Macaomh.—Original Irish Readings, 1s.
Ceachta Min-Eolais.—Bilingual Object Lessons, 10d.
Ceachta na hEalaidhain.—A Science Lesson Book in Irish and English, 9d. Paper, 8d.
Ceachta Graimear.—Irish Grammar Lessons, 3d.
An Cruinneolaidhe.—Irish Geography Reader, 4d.
Leabhar ar Aireamh.—Elementary Arithmetic Part I., 4d.; Part II., 3d.
Ceimseata Euclid.—The Elements of Euclid, Books I. and II., 6d. each.

Mion-Chaint na Midhe agus Uladh, 3d.

HISTORY, BIOGRAPHY, Etc

Stair na hEireann.—I., II. and III. Michael Breathnach, 3d. each.
Stair Cheachta.—Irish History Reader, Part I., paper, 8d.
Brian Boirmhe Sean O Ceallaigh, 6d.
Sgoil Ghaedhealach, Four Essays, 2d.
Conchubhar Mac Neasa, 1s.

SCHOOL STORY READERS, Etc.

Taidhbhse an Chraifinn, by An Craoibhin, 2d.
Teacht agus Imtheacht an Ghiolla Dheacair. Edited by Sean O hOgain, 6d.
Bodach an Chota Lachtna, Edited by P. H. Pearse, B.A., B.L., 3d.
Dearg Ruathar Chonaill Chearnaigh, Seosamh Laoide, 4d.
Bruidhean Chaorthainn, P. H. Pearse, B.A., B.L., 9d.
Ceithearnach Ui Dhomhaill, Enri O Muirgheasa, 6d.
An Buaiceas, P. O Seaghdha, 6d.
Cathair Chonroi, Seamus O Dubhagaill, 4d.
Eochaidh Mac Ri nEireann, Michael O Maille, 4d.
Poll an Phiobaire, Colm O Conaire, 2d.
Annala na Tuatna, P. O Seaghdha, Parts I. and II., 2d. each; Part III. 3d.
Iosagan agus Sgealta Eile, P. H. Pearse, B.A., B.L., 10d.
An Ceithearnach Caol Riabhach, "An Seabhac," 6d.
Cath Fionntragha, 'An Seabhac," 6d.
Eachtra "Robinson Cruso," Tadh O Murchadha, 2s. 6d.
Greann na Gaedhilge, Humorous Storyettes, by Enri O Muirgheasa, in seven parts

1d.
Sidheoga ag Obair, Uilliam O Riain, 4d.
Sgealta Goirde Geimhridh, 1s.
Duanaireacht do Leanbhaibh, 3d.
Faire Phaide Mhoir, 3d.
Scealaidheacht Chuige Mumhan.—Folk-tales from Bearra Collected by Padraig O Laoghaire, and re-edited, with Notes and Vocabulary, by Seosamh Laoide:
I. Na Tri Preachain.—Paper, 1d.; post-free, 1½d.
II. Paidin O Dallaig.—Paper I; post free, 1½d
III. An Fiolar Feallfach.—Paper, 1d.; post free, 1½d.
IV. An Chroch Gheal.—Paper, 3d.; post free, 4d.
V. Maire Ni Rogan.—Papeir, 1d.; post free, 1½d.
VI. Ollean na gCuig mBeann.—Paper, 1d.; post free, 1½d.
VII. Ri na mBreag.—Paper, ½d.; post free, 1d.
Dunaire na Midhe. Meath Poems and Songs. Edited by Seosamh Laoide. Cloth Boards, 1s.
Guth na mBard: Poems and Songs. Edited by Tadhg O Donnchudha. Paper, 3d.

The Educational Co. of Ireland, : Limited, :

DUBLIN.—89 Talbot Street.
BELFAST.—54 Fountain Street.

63. Fógraí na leabhar in ACS

In eagrán 21 Lúnasa 1915 bhí alt bolscaireachta ag Mac Tíre dar teideal ‘The Gaedhilgeoir in the city’, poiblíocht do *Beirt Ghaedhilgeoirí ina gcomhnuidhe sa chathair* le Domhnall Ó Murchadha. Bhí léirmheas ag Mac Tíre freisin ar *Gille a'bhuidseir, the Wizard's Gillie and other tales*, curtha in eagar ag J.G. McKay, (ACS 16.10.1915 (Mac Tíre)). Sa cholún ‘Ceist agus freagra’ in eagrán 25 Márta, 1916, thosaigh sé sraith nótaí mar fhreagra ar phointí in *Beirt Ghaedhilgeoirí ina gcomhnuidhe sa chathair* a bhí ag déanamh imní do Thomás Ó Rathaile agus don Athair Ó Duinnín. Lean sé ar aghaidh leis an tsraith seo go heagrán 22 Aibreán 1916, dhá lá roimh éirí amach na Cásca. Níor foilsíodh ACS arís go 3 Meitheamh. In eagrán 10 Meitheamh leanadh de nótaí Sheosaimh ar phointí in *Beirt Ghaedhilgeoirí* go dtí gur chríochnaigh siad in eagrán 15 Iúil 1916. Chríochnaigh sé le litir a fuair sé ó W.A. Craigie, an tríú heagarthóir d’fhoclóir Oxford, focleolaí a chuir spéis sa ghluais a bhí le *Beirt Ghaedhilgeoirí.* Ba é seo, go bhfios dom, an píosa deiridh a d’fhoilsigh an Laoideach in iris.



AN CLAIDEAM 1úL 15, 1916.

1úL 15, 1916. AN CLAIDEAM.

language movement would pre-eminently fit them for the honour. In view of recent circumstances, however, it has occurred to several that the man of all men who is marked out for the position is the original founder of the Gaelic League, Professor Eoin Mac Neill. Although officially denied by one of the parties, it is extremely likely that a general amnesty of the Irish prisoners, who were taken in connection with the Rebellion, will be one of the eventual conditions of the Irish settlement with England. Even if the course of circumstances does not, before the end of the year, bring about such a desirable result, the course suggested above is not quite without precedent. Despite laws to the contrary, various Irishmen were, though imprisoned, elected to the British Parliament. No new law or change of law will be required to confer on Eoin Mac Neill the honour of being President of the Gaelic League.

Mise,

TOMAS Ó MAILLE.

BEIRT ŠAEÐILŽEÓIRÍ.

Let me conclude with a quotation from a letter written me by Dr. W. A. Craigie, editor of the well-known Oxford Dictionary, after he had received from me a copy of Beirt Šaeðilžeoirí. So far we have been dealing only with genuine popular words. His complimentary reference to the "recent concoctions" (as many call them) may show that after all they are not so bad as they look. He writes as follows :

"I must apologise for this delay in thanking you for the copy of the new book. I expected to have read part of it by this time, but so many other things have come in the way that I have not been able to do much to it. I have not read much Irish of this kind and it will take me some time to get into the run of it. The glossary, however, has interested me. One form that has especially struck me is bampéis, which has preserved the older English form *vampey*, (from Anglo-French *vant-pé*) of which *vamp* is a cutting-down. Some of the neologisms are very ingenious, and are necessary if Irish is to keep up to date."

SEOSAM LAOIDE.

P.S.—Coimiče=conpaŏ, anaiče=anpaŏ: The Muns. forms balaiče, meanaiče, loimiče, seem to have some relation to this change, though there is no -ŗ- in balaŏ (bolaŏ), meanaiŏ (meanaŏ), lonaiŏ (loinŏ), as the words are found elsewhere.

Cash
PRI
All Clas
Magazin
Style, a
PATR
3 Yarnhal
TELEPHON
GAELS—
Station
35 LO
RAZ
SCISSORS,
AND RA
Always in
RUSSE
55 Sout

64. An píosa deiridh a d’fhoilsigh an Laoideach in iris, ACS, 15 Iúil 1916.

Ar leathanach cúil an eagráin sin de ACS bhí fógra Chomhlacht Oideachais na hÉireann. Ba gheall le suimiú ar a shaol mar eagarthóir an fógra seo: chuir sé an chuid is mó de na leabhair ainmnithe ann in eagar, agus b'údar cuid mhór acu é.

5.4 Foilsitheoireacht ar fionraí

D'fhan sé i dteagmháil achrannach leis an gConradh ar feadh bliana geall leis, ag spairn leo faoi airgead a bhí dlite dó mar a shíl sé, faoi lámhscríbhinní leis a bhí ag Clódhann agus faoi chúrsaí cosúil le cóipcheart. Pé locht a bhí ar an gConradh sular shealbhaigh an Bráithreachas é, ba mheasa cúrsaí ar fad faoi na Poblachtaigh, mar is léir ó na cuntais rialta a foilsíodh in ACS. Chuaigh an ciste i ndísc. Chuig na hÓglaigh a chuaigh airgead Mheiriceá.

D'ainneoin é seo d'éirigh le Seosamh *Brisleach Mhór Mhaighe Mhuirtheimhne*, leis féin, *Sáimhín Sógh* le Seosamh Ó Cléirigh agus téacs nár luaigh sé ina thuairisc, *Eachtra Robinson Crúsó, Cuid 1*, aistriúchán le Tadhg Ó Murchú (Seandún) ar chuid de scéal Defoe, a thabhairt amach níos déanaí i 1915. Tháinig a leabhar féin, *Fian-Laoithe,* amach i 1916 agus athdhéanamh ar sheanscéal leis an Seabhac, *Eachtra Thaidhg Mhic Céin go Tír Freisean, le tagra agus foclóir ó lámh Sheosaimh Laoide,* a foilsíodh sa bhliain 1917. Deimhníonn Ceartliosta Uí Tháilliúir na dátaí foilsithe.

Tá an sliocht thíos as litir den 4ú Iúil, 1916, ó Stiofán Bairéad, Cisteoir an Chonartha agus athair Chiaráin Bairéad, in aiste Liam Mhic Mhathúna:

> Chuir Rúnaidhe Chlódhanna do litir agus do bhille ar £2-12s-3p os comhair Coiste an Airgid agus Clódhanna ag an gcruinniughadh deireannach. Is oth liom a rádh leat nach bhfuil an Coiste sásta an t-airgead a thabhairt duit ó tharla go raibh tú imithe as seirbhís an Chonnartha ar feadh an ama ar fad a mbaineann an costas leis. Dubhradh liom a rádh leat nach bhfuil aon bhaint ag an gConnradh le 'Fian-Laoithe' ná le 'Eachtraí ar Dhéithibh Lochlann' ná le aon leabhar eile atá ar lámhaibh agat, agus nach mbeidh siad freagarthach le aon chostas eile a bheas dhá leanamhaint. Ar an ábhar sin tuigfidh tú má thugann tú aon ordú do chlódóirí feasta gur ar do shon féin bheas tú dhá dhéanamh agus nach ar son an Connartha. Dúradh liom an méid sin a chur in iúl do na clódóiribh freisin agus tá sin déanta agam.
>
> Is mór an truagh go bhfuil orm sgríobhadh chugat mar seo acht is cuimhin leat gur scríobh mé chugat mar seo fadó in ainm an Chonnartha dhá iarraidh ort do chuid oibre a chríochnughadh agus aon láimh-sgríbhinn a bhí ar lámhaibh agat a chur ar ais chugainn, acht níor dearnadh é sin.

B'uafásach doichealleach an litir naimhdeach sin. Ní raibh i gceist ach £2-12s-3p. Scríobhadh chuig na clódóirí nach n-íocfaí na billí uaidh in ainm an Chonartha a thuilleadh. D'aithneodh sé láithreach go raibh a dhíbirt ón gConradh docht daingean agus nach mbeadh sé in ann togra na leabhar Gaeilge a bhrostú a thuilleadh. Bhí sé bliain is caoga d'aois. Ba í an litir seo an cor cinniúnach ina shaol mar athbheochanóir. Níor ghlac sé ról pearsanta i slánú na Gaeilge feasta, ach mar a dúirt sé go minic, *littera scripta manet*; maireann a shaothar.

5.5 An chomhaltacht in Illinois

Ba Mheiriceánach le cúlra Gearmánach an Dr. Gertrude Schoepperle (1882–1921), a rugadh in Oil City, Pennsylvania. Rinne sí freastal ar Scoil Árd-Léighinn na Gaedhilge i dtéarma an tSamhraidh, 1909. Deir *ainm.ie:*[65]

> Is léir ar stair na Scoile (Ó Lúing 1991[66]) go ndeachaigh a pearsantacht thaitneamhach i gcion go mór ar R.I. Best, Osborn Bergin agus Kuno Meyer

D'fhéadfaí a rá go ndeachaigh a pearsantacht thaitneamhach i bhfeidhm ar Sheosamh Laoide freisin, mar chomhoibrigh sé léi agus le hOsborne Ó hAimheirgín i dtionscadal eagarthóireachta ar dhá eachtra Fiannaíochta a foilsíodh in *Revue Celtique* 33 i 1912.[67]

Bunaíodh ciste scoláireachta taighde de mhíle dhá chéad dollar, maoinithe ag airgead a thug an Irish Fellowship of Chicago dóibh, tar éis do Gertrude agus an tOllamh James, a bhí ina Uachtarán ar an ollscoil, achainí láidir a dhéanamh ós comhair Chlub na nGael i Siceagó ag iarraidh cabhrach. Tairgeadh scoláireacht $1,000 do Sheosamh Laoide as an gciste seo. Bhí an tuairisc thíos ar an gcéad leathanach in eagrán Dé Sathairn, 24 Meitheamh 1916 den *Kentucky Irish American*:

> The Irish Fellowship Club of Chicago has establised at the University of Illinois the Irish Fellowship foundation for the promotion of an interest in Gaelic Studies. It has made an appropriation of $1,200 dollars for the support of this foundation for the academic year 1916-1917. The University of Illinois will probably appoint J.H. Lloyd of Dublin, former Secretary of the Gaelic Society to carry on the work of research into Gaelic history and literature on this foundation during the coming year. Mr. Lloyd

[65] s.n. Schoepperle, Gertrude (1882–1921).

[66] Ó Lúing, *Seán, Kuno Meyer, 1858-1919:A Biography,* Geography Publications, Dublin. 1991.

[67] *Revue Celtique* 33 (1912): 41-57, 157—179].

> is a distinguished scholar in the field of Irish language, literature and history. This foundation is the immediate result of a presentation of the cause of Irish history and literature by President J.K. James and Dr. Gertrude Schoepperle at a recent meeting of the Irish Fellowship Club in Chicago.

Bheadh ar an Laoideach lámhscríbhinní nach raibh i gcló cheana a chur in eagar agus a fhoilsiú. Bheadh sé ag tosú le *Betha Colaim Chille*, beathaisnéis a bhreac Mánas Ó Domhnaill síos sa bhliain 1532, an leagan a bhí in *Rawlinson B 514*. Bheadh an teideal 'Fellow' ag dul leis an gceapachán. Shílfeá gurb é an chomhaltacht seo díreach an cineál tairisceana a d'fheilfeadh don Laoideach i lár 1916. Thabharfadh an maoiniú de $1,000 an deis dó leanúint lena shaol acadúil ar aon chéim le Conraitheoirí scolártha eile ar nós Torna, An Chraoibhín, Eoin Mhic Néill agus Osborne Uí Aimheirgín.

Bhí aiste bholscaireachta ag Schoepperle in *Studies*,[68] Márta 1918, i dtaobh léann na Gaeilge agus i dtaobh suime i gcultúr na hÉireann in Ollscoil Illinois, ina raibh sí ag obair. Dheimhnigh sí ina haiste nach raibh Seosamh in ann glacadh leis an scoláireacht seo ag an am.



The most substantial contribution that has yet been made for Irish studies has been through the Irish Fellowship Club of Chicago. In response to an appeal made before the Club by President James and Dr. Schoepperle in May, 1916, a committee was appointed, to be known as the Irish Fellowship Foundation of Chicago. The Chairman of the Committee is Hon. J. P. McGoorty; the treasurer, Mr. Joseph McDonnell; the secretary, Mr. Ryan Twomey. The work of the committee bore fruit immediately in the form of an Irish Research Fellowship, carrying with it a stipend of $1,000 a year. It was first offered to Mr. J. H. Lloyd, Member of the Royal Irish Academy of Dublin, but he was unable to come to America at the time. The appointment was accepted by A. O'Kelleher, B.D., B.A., B.C.L., Lecturer in Irish in the

65. Sliocht as aiste bholscaireachta le Gertrude Schoepperle in *Studies*, Márta 1918,lch 103

Tógann sin an cheist: cén fáth nach raibh ar a chumas glacadh leis an scoláireacht seo i 1916? Níl leid ar bith gur diúltaíodh cead dó dul go Meiriceá, ná go raibh easláinte i gceist, ná go raibh William, a bhí i gComhlacht dílis Mhic Aonghusa, in aghaidh glacadh leis. Ní chuirfeadh na báid-fó-thoinn Gearmánacha imní air, sílim, mar chuaigh sé go Londain, rogha a bhí lán chomh baolach. Caithfidh gurb

[68] *Studies*, an Irish Quarterly Review, Márta, 1918, Imleabhar 7, Uimhir 25, lth. 103.

athrú intinne a bhí i gceist mar tá gach dealramh ann go rabhadar cinnte go nglacfadh sé leis an gcomhaltacht. Caithfidh gur cúinsí eisceachtúla a chuir bac air mar dúirt Schoepperle nach raibh ar a chumas teacht go Meiriceá 'ag an am sin'. Rinne sé rogha; ba é Londain an rogha agus bhí Esther Sharpe i Londain.

Tugadh an deontas agus an ceapachán don Athair Aindrias Ó Céilleachair, léachtóir le Gaeilge in Ollscoil Learphoill ach é ina iarbhall de Scoil Ard-Léighinn na Gaedhilge. Is mar sin a tharla gur chomheagarthóirí ar *Betha Colaim Chille* iad an tAthair Ó Céilleachair agus Gertrude Schoepperle. D'fhoilsigh Ollscoil Illinois an leabhar i 1918. Sa réamhrá (1918:ix), i gcuntas ar an gcomhaltacht mar atá thuas, deir Schoepperle gur i mí na Samhna 1916 a tairgeadh an maoiniú don Athair Ó Céilleachair agus gur tháinig sé go hIllinois láithreach. D'fhéadfadh go raibh Seosamh idir dhá chomhairle faoi dhul go Meiriceá ar feadh i bhfad.

5.6 Scéal an Laoidigh go Meán Fómhair 1939.

D'achoimrigh Ciarán Bairéad scéal an Laoidigh i ndiaidh dó an Conradh a fhágáil go cruinn (1945:140). San aonad seo tá fúm an achoimre sin a leathnú agus a iomlánú, agus cuntais Liam Mhic Mhathúna, Énrí Uí Mhuirgheasa agus cuntais eile a thabhairt san áireamh chomh maith:

> Chuaigh sé go Lonndain nuair a theip air post a fháil in Éirinn i bhFoghmhar 1916. Is ansin a phós sé Elizabeth Georgina Sharp, bean as Éire a raibh comhnuí uirthe ann le roinnt blianta. D'fhill siad go hÉirinn i 1920 agus chuaidh 'na gcomhnuí i 'Buaile na Gréine', Páirc Tighe Lorcáin, i n-aice le Baile Átha Cliath, an teach ina raibh an Laoideach 'na chomhnuí ann ó 1909, nó mar sin. Dhíol sé an áit i 1933, agus chuaidh go Dún Laoghaire, agus is ann a fuair sé bás ar an 21adh Meadhon Foghmhair 1939. H'adhlacadh é i Deans Grange. Ar dheis Dé go raibh sé.

5.7 Oifig an Ardchuntasóra Ginearálta

Is eol dúinn anois cá raibh Seosamh ag obair nuair a chuaigh sé go Londain. Dhearbhaigh a dheartháir William é i nóta a d'fhág sé: 'He obtained a post (temporary) in GPO'[69]. De thimpiste tháinig mé trasna ar bhlúire de litir, nó nóta, i measc a pháipéar i Rannóg na Lámhscríbhinní sa Leabharlann Náisiúnta, Sráid

[69] Féach lch. 215 thíos.(Nóta lámhscríofa (1) sínithe ar lch. 229 den *Leader* 7 Deireadh Fómhair 1939).

Chill Dara, LS G590, cuid de nóta ceana a scríobh sé ar ghiota páipéir oifige chuig Esther, an bhean a phós sé coicís agus cúpla lá roimhe sin in Ealing. Cruthaíonn an nóta gur cléireach umhal sealadach in Oifig Ardchuntasóra Ginearálta Oifig an Phoist, i Temple Avenue, Londain EC, ar 22 Meitheamh 1918, an Laoideach agus gur bhain a chuid oibre le cuntais réigiúnacha.



66. Cuid de nóta ceana a scríobh SL chuig Esther ó Oifig Ardchuntasóra Ghinearálta Oifig an Phoist, i Temple Avenue, Londain EC, ar 22 Meitheamh 1918

Bileoigín amháin atá ann, le scríbhneoireacht ar an dá thaobh. Tá beagáinín eile ann ná mar atá thíos ach fágaimis ag a chéile é. An rud is tábhachtaí ná an seoladh.

> The Provincial Accountants Branch,
> The Accountant General's Department,
> GPO,
> Temple Avenue,
> London EC.,
> June 22nd, 1918. 11.19 a. m.
>
> My dearest, sweetest, darling Esther, my one and only wife....,

Thaispeáin mé an chóip a rinne mé do roinnt daoine de mhuintir Laoide. Chuir sé ionadh orthu go bhféadfadh 'Uncle Joe' a bheith chomh rómánsach sin. Go bhfios domsa mhair an caidreamh grámhar seo idir Sheosamh agus Esther 'fhad a mhair Esther.

Chuir mé ríomhnóta chuig Barry Attoe, Oifigeach Taighde, The British Postal Museum and Archive, 15-20 Phoenix Place, Londain WC1, ag fiafraí de an mbeadh taifead ar bith aige de J.H. Lloyd ag obair sa rannóg sin i 1918. Bhí comhfhreagras leanúnach eadrainn. Seo a fhreagra ar ball:

> Dear Patrick
>
> I have re checked the appointment and gratuity indexes for the same periods with the same negative results. I also searched the staff magazines and Establishment Books with no luck.
>
> Attached, is the staff structure for the AGD in 1918. Mr Lloyd is not mentioned as an accountant. I can only suppose Mr Lloyd may have been employed as an 'Un-established Officer' meaning possibly temporary or part time employment and even possibly sub contracted. These officers do not always appear in our records.
>
> I'm very sorry this has led to another negative reply. You or your representative are most welcome to visit the archive to conduct your own research in the future, where we would be delighted to guide you through the records.
>
> Barry Attoe

Tá's againn ó Barry Attoe gur dócha gur fostaíodh Seosamh Laoide 'in the Provincial Accountant's Branch of the Account General's office in a temporary, unestablished wartime capacity as an accounts clerk or similar', nach bhfuair sé pinsean ná aisce scoir, gur tháinig deireadh lena fhostaíocht i 1918 nó 1919, leis an gcogadh féin, nó le heasláinte, nach raibh baint ar bith ag a chuid oibre leis na seirbhísí faisnéise. Áisíneacht nó gníomhaireacht a chuir isteach in Oifig an Ardchuntasóra é. Bhí go leor acu sin ag earcaíocht do ranna éagsúla rialtais ó 1900. Dheimhnigh siad cumas agus feiliúnacht an iarrthóra agus chuir siad ar aghaidh é. Bhailigh siad táille earcaíochta agus b'fhéidir scair den tuarastal. Ní bheadh dualgas ar bith pinsin nó eile ar Oifig an Phoist, agus níor ghá taifid a choinneáil.

Toisc go bhfuil deimhniú scríofa againn óna dheartháir, William, agus go bhfuil 'Civil Servant, GPO' ar a theastas pósta, níl aon dul as againn ach glacadh leis go raibh post sealadach ag Seosamh mar chléireach in Ard-Oifig an Phoist i Londain ó 1916 go dtí ar a laghad 1918.

Tá go leor eolais faoi fhostaíocht in Oifig an Ardchuntasóra sa dá leathanach d'*Eolaí na hOifige Poist* don bhliain 1918 a sheol Barry Attoe chugam. Bhí níos mó ná dhá mhíle ag obair ann, 861 bean agus cailín agus 1,224 fear. Is anseo a gheofaí Seosamh—duine den 629 cléireach—ach ba cheapachán sealadach é agus bheadh an t-ádh air má bhí £130 in aghaidh na bliana mar thuarastal aige:

(*d*) (*e*) 612 Clerks, Second Division	Old scale	£70, £5, £100. £100, £7 10*s.*, £190. £190, £10, £250. Higher Grade, £250, £10 £350.
	New scale	£70, £7 10*s.*, £130. £130, £10, £200. £200, £10, £300.
17 Assistant Clerks		£50, £5, £85. £85, £7 10*s.*, £130. £130, £10, £170. (Efficiency bars at £85 and £130.)

67. Sliocht as *Eolaí na hOifige Poist* don bhliain 1918

Le foireann de níos mó ná dhá mhíle, caithfidh go raibh an t-uafás oibre ar siúl sa Roinn seo. Ní foláir freisin nó go raibh an-bhroid oibre ar an bhforoinn, Provincial Accounts, ina raibh Seosamh féin ag obair, ag suimiú teacht isteach agus costais na n-oifigí poist agus na seirbhísí poist ar fud na ríochta agus na hImpireachta. Níor chleacht Seosamh an chuntasaíocht mar chuntasóir ó 1902. Ar Fhoirm A don Daonáireamh 1901, thug Seosamh 'railway clerk' air féin, agus 'cléireach cunntas' sa leagan Gaeilge a chuir sé isteach chomh maith.

68. Telephone House i Temple Avenue, Londain EC

Sílim gursan fhoirgneamh Telephone House i Temple Avenue a bhí sé ag obair. Fuair Oifig an Phoist seilbh air i 1912 nuair a tugadh cúram na seirbhísí teileafón di. Liostáil 73,000 d'oibrithe na seirbhíse poist san arm, sa díorma ar tugadh *The Post Office Rifles* air, i rith an chogaidh. Maraíodh 1,500 díobh san ár thar lear,

74 díobh as Oifig an Ardchuntasóra Ginearálta. Cuimhnítear orthu seo ar chlár cuimhneacháin a bhfuil pictiúr de ar shuíomh idirlín Mhuseúm an Phoist:

5.8 An pósadh i Christ Church, Ealing.



RTIFIED COPY OF AN ENTRY OF MARRIAGE

GIVEN AT THE GENERAL REGISTER OFFICE

Application Number 2849753-1

1918. Marriage solemnized at Christ Church in the parish of Christ-Church, Ealing in the County of Middlesex

No.	When Married.	Name and Surname.	Age.	Condition.	Rank or Profession.	Residence at the time of Marriage.	Father's Name and Surname.	Rank or Profession of Father.
137	June 3rd	Joseph Henry Lloyd	53	Bachelor	Civil Servant G.P.O.	43 Sandringham Gardens, Ealing	Joseph Henry Lloyd	Professor of Languages
	1918	Elizabeth Esther Georgina Sharp	44	Spinster	—	43 Sandringham Gardens, Ealing	Robert Sharp.	Gentleman

Married in the Parish Church according to the Rites and Ceremonies of the Church of England by Licence or after — by me, W.T. King

This Marriage was solemnized between us, Joseph Henry Lloyd / Elizabeth Esther Georgina Sharp. In the Presence of us, Edward Le Dispy / Geraldine Hewlett / Elizabeth Speranza

TIFIED to be a true copy of an entry in the certified copy of a register of Marriages in the Registration District of Brentford
at the GENERAL REGISTER OFFICE, under the Seal of the said Office, the 7th day of December 2010

F 130626

CAUTION: THERE ARE OFFENCES RELATING TO FALSIFYING OR ALTERING A CERTIFICATE AND USING OR POSSESSING A FALSE CERTIFICATE. © CROWN COPYRIGHT

WARNING: A CERTIFICATE IS NOT EVIDENCE OF IDENTITY.

JMD

69. Teastas pósta SL agus Esther

Le beagáinín dua d'éirigh liom teastas pósta Sheosaimh Laoide a fháil ón gClárlann Ghinearálta i Londain. Dearbhaíonn an teastas seo gur phós sé Elizabeth Esther Georgina Sharp ar 3 Meitheamh 1918 in Eaglais Chríost, Ealing Broadway, Londain.

70. Eaglais Chríost, Ealing Broadway, Londain.

Bhí Joseph Henry Lloyd 53 bliain d'aois agus a bhean chéile nua 44. Esther a tugadh uirthi. Ba bhaitsiléir eisean agus ba bhean shingil ise. Cara Sheosaimh,

Everard W. Digby, a sheas don ghrúm agus bhí beirt bhan coimhdeachta ag an mbrídeach, Geraldine Hunter agus Elizabeth Speranza. Pósadh eaglasta a bhí ann, de réir ghnása Eaglais na Breataine, in Eaglais Pharóiste Chríost, Ealing, i Middlesex, agus ba é an tOirmhinneach W. T. King a reachtaigh é. Maraíodh mac leis an tUrr. King sa chogadh cúpla mí i ndiaidh an phósta seo. Bhí an seoladh baile céanna ag an ngrúm agus ag an mbrídeach, 43 Sandringham Gardens, Ealing. Bhí dhá cholún bhreise ar an bhfoirm d'ainm agus do ghairm athar an ghrúim agus d'ainm agus do ghairm athar na brídí. Ba é Joseph Henry Lloyd, Professor of Languages, ainm agus gairm athar an ghrúim, agus Robert Sharp, Gentleman, ainm agus stádas athar na brídí.

5.9 Muintir Sharp

Má bhí Robert Sharp, athair Esther, beo agus ag an bpósadh seo, bhí sé 83 bliain d'aois. Ní dóigh liom go raibh sé beo am an phósta, ach go bhfuair sé bás sa bhliain 1918, mar cláraíodh an tagairt seo thíos dá uacht i gClár na nUachtanna sa Chlárlann Phrobháide, Baile Átha Cliath, i mí Eanáir, 1919.


Sharp, Robert

71. Tagairt d'uacht Robert Sharp i gClár na nUachtanna sa Chlárlann Phrobháide, BÁC, 16 Eanáir 1919.

B'fhéidir a shamhlú go raibh Esther ag tabhairt aire dó ina sheanaois agus nár bhraith sí saor chun Seosamh a phósadh 'fhad a bhí sé beo. Ba mhór an chabhair FamilySearch.org, inneall cuartaíochta ginealais na Mormannach, agus mé ar thóir eolais faoi bhean chéile Sheosaimh, Elizabeth Esther Georgina Sharp. Rugadh i mBaile Átha Cliath í, is dócha ag 1 Adelaide Terrace, Morehampton Road, Domhnach Broc, ar 21 Iúil 1873. Mar a chonaiceamar, ba é Robert Sharp, duine uasal, a hathair, agus ba í Jane Julia Anna Wilma Wharton a máthair. As na trí ainm a tugadh di, Elizabeth Esther Georgina, is í Esther a bhí i ngnáthúsáid. Is mar Esther a aithnítear í i bhFoirm A den Daonáireamh, 1901; Esther a thug

Seosamh uirthi agus is mar Esther a chuimhnítear uirthi sa chlann. Seo Foirm A don Daonáireamh, 1901, do Robert Sharp agus a chlann:



FORM A.

RETURN of the MEMBERS of this FAMILY and their VISITORS, BOARDERS, SERVANTS, &c., who slept or abode in this House on the night of SUNDA

	NAME and SURNAME. Christian Name.	Surname.	RELATION to Head of Family.	RELIGIOUS PROFESSION.	EDUCATION.	AGE. Years on last Birthday.	Months for Infants under one Year.	SEX.	RANK, PROFESSION, OR OCCUPATION.	MARRIAGE.	WHERE BORN.
1	Robert	Sharp	Head of Family		Read and write	65		M	Broom chippy [illegible]	Married	Limerick city
2	Kathleen	Sharp	Wife		Read and write	41		F	[illegible]	Married	Meath Co.
3	Esther	Sharp	Daughter	Church of	Read and write	27		F	No occupation	not married	Dublin city
4	John	Sharp	Son	Ireland	Read and write	16		M	Scholar	do.	do.
5	Mary	Sharp	Daughter		Read and write	14		F	Scholar	do.	do.
6	Kathleen	Sharp	Daughter		Read and write	13		F	Scholar	do.	do.
7	Catherine	Kinsella		Roman Catholic	Read and write	24		F	Cook	Married	Co. Wicklow
8	Catherine	Byrne		do.	Read and write	27		F	Domestic servant	not married	do.

72. Foirm A don Daonáireamh, 1901, do Robert Sharp agus a chlann:

I 1872 bhí Robert Sharp, a rugadh i Luimneach, ag maireachtáil ar dhea-mhéin a athar, John Sharp, ceannaí, is cosúil, mar is ‘fear uasal’ an cur síos ar stádas an ghrúim, Robert, sa chuntas ar a phósadh. Ba dhuine uasal fós é nuair a fuair sé bás, de réir na huachta.

B’aturnae athair Jane Julia Anna Wilma, John Lee Wharton, agus bhí muintir Wharton ina gcónaí ag 1 Ely Place ar Morehampton Road. Protastúnaigh ba ea an dá chlann. Teaghlach dlí seanbhunaithe ba ea clann Wharton, a bhí ina ngníomhairí don Royal Canal, i measc gnóthaí eile. Is cuimhin linn go raibh Robert Phair Lloyd, deartháir Sheosaimh, ag obair do Chomhlacht na Canála Ríoga. Phós Robert Sharp agus Jane Julia Wharton ar 16 Deireadh Fómhair 1872 in Eaglais Naomh Peadar, Sráid Aungier, teampall na Laoideach ar feadh i bhfad, nod, b’fhéidir, go raibh aithne ag Esther agus Seosamh ar a chéile óna n-óige. Ar na finnéithe a shínigh an teastas pósta bhí Ardmhaoir na cathrach, Robert Garde Durdin. Faoi cheadúnas, ní ar fhógra na mbannaí, a pósadh iad.



73. Teastas pósta Robert Sharp agus Jane Julia Wharton

Rugadh Esther an bhliain dár gcionn, mar a chonaiceamar, ar 21 Iúil 1873. Trí bliana is fiche a bhí Jane Julia agus dhá bhliain is tríocha a bhí Robert Sharp. Ba ríghearr an seal a bhí acu le chéile, áfach. Fágadh Esther gan mháthair in aois a trí bliana di, mar fuair Jane Julia bás, agus gan ach 27 mbliain ar an saol seo aici, sa bhliain 1876; ní luaitear an mhí ná an lá sa chuntas ar FamilySearch.org. Ní raibh clann ar bith eile ag Robert agus Jane ach Esther.

Rud suimiúil faoi Esther, cé gur rugadh í in 1873, níor baisteadh í go dtí 25 Bealtaine 1885, nuair a bhí sí dhá bhliain déag. Ar ndóigh, tá dreamanna ann a chreideann gurb é a dó dhéag nó níos sine an aois is fearr do bhaisteadh agus d'féadfadh cúis reiligiúnach a bheith leis seo. Tá an fhianaise ar an gcáipéis seo, leagan athscríofa den taifead baiste déanta ag *irishgenealogy.ie*—níl an bhunchóip ar fáil fós:



Area - DUBLIN (COI) ,
Parish/Church/Congregation - ST. STEPHEN

Baptism of ELIZABETH ESTER GEORGINA SHARP of 16 PEMBROKE ROW on 25 May 1885

Back to search results

Name ELIZABETH ESTER GEORGINA SHARP
Date of Birth 21 July 1873
Address 16 PEMBROKE ROW
Father ROBERT SHARP
Mother JULIA ANNA JANA

Further details in the record

Father Occupation ESQ

About the record

Book Number	Page	Entry Number	Record_Identifier
4	135	1070	DU-CI-BA-213790

The church register page containing this record has not yet been imaged.

74. Teastas baiste Esther Sharp, 1873

Phós Robert Sharp as an nua sa bhliain 1884. Kathleen b'ainm don bhean chéile nua, agus b'as Co. Uíbh Fáili di, de réir Fhoirm A den Daonáireamh, 1901. Is i Mount Eden Road, Domhnach Broc, a bhí cónaí ar Robert agus a chlann i 1901. Bhí sé 65 bliana d'aois agus bhí a bhean Kathleen 41 bliana. Bhí Esther Sharp sa teach leo. Bhí sí seacht mbliana is fiche d'aois agus í singil. Bhí sí 'without occupation'. Bhí clann nua ag Robert agus Kathleen, mac amháin, John, 16, agus beirt iníon eile seachas Esther, Mary, 14, agus Kathleen, 13. Ba Phrotastúnaigh iad ar fad. Bhí cócaire agus cailín freastail sa teach acu. Ba Chaitlicigh iad an bheirt seo. Ba léir gur theach agus teaghlach compordach ardnósach é. Bhí nóta beag ag Robert Sharp faoi 'Income, Profession or Occupation: Income chiefly from House Property and Restaurants' ar Fhoirm A de Daonáireamh 1901 thuas.

D'fhéadfadh go raibh aithne ag Seosamh ar Esther ag an am seo, cé go raibh sé ina chónaí i mBinn Éadair lena mháthair agus é fós ina chléireach cuntas i gComhlacht Iarnród an Tuaiscirt; ba bhaill d'Eaglais na hÉireann iad araon. Níl tásc ná tuairisc ar Robert Sharp, ná ar a bhean Kathleen, ná ar Esther ná ar John Sharp ná ar Mary ná Kathleen óg i nDaonáireamh na hÉireann 1911, ná ar Sheosamh féin, dála an scéil. Cad a tharla do mhuintir Sharp? An é gur chlis ar an teacht isteach ó na tithe agus na bialanna? An é go ndeachaigh Robert Sharp ar scor? An ndeachaigh siad ar imirce? Má bhí Esther i Londain nuair a chuaigh Seosamh ann, seans gur bhog an teaghlach ar fad go Londain nó go Sasana, ach theip orm rian dá n-ainmneacha d'fháil ach amháin ainm Esther ar na hinnill chuardaíochta iomadúla atá ar fáil, sé sin, go dtí gur tháinig mé ar an tagairt don uacht atá ar chlár na n-uachtanna sa Chartlann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath.

Tugann an cháipéis seo seoladh Robert Sharp i Londain dúinn, 59 Grand Avenue, Muswell Hill. Ba cheantar tuaithe Muswell Hill, a sé nó a seacht de mhílte ó lár Londan, agus gar do Alexandra Palace, ag tús an chéid seo caite; ní raibh Grand Avenue ann mar sheoladh, sílim, i 1911 nuair a tiomsaíodh an Daonáireamh. Ba theach nua galánta 59 Grand Avenue, Muswell Hill, nuair a bhí muintir Sharp ina gcónaí ann, cúig nó sé de sheomraí leapa ann. Tá na tithe sin ann fós agus an-éileamh orthu, mar is fobhaile uasmhargaidh é Muswell Hill. Níorbh é 59 Grand Avenue, Muswell Hill, seoladh Esther nuair a phós sí ach 43 Sandringham Gardens, Ealing; sé sin, bhí sí in aontíos le Seosamh ag an am, pé saghas aontís a bhí ann.

75. Grand Avenue, Muswell Hill, Londain

5.10 Everard W. Digby

Focal faoi Everard William Digby, a sheas don ghrúm ag an bpósadh. Bhí aithne acu ar a chéile óna laethanta i gCumann Buan-Choimeádta na Gaeilge. Preispitéireach ba ea Everard. B'innealtóir é a bhíodh ag obair san India, áit a raibh deartháir aige. Chomh maith le bheith ina innealtóir bhí sé ina iriseoir le tréimhseacháin Bhéarla san India agus i Londain. Phós sé Lillie Carmichael, iníon mhinistir, i mBaile Átha Cliath i bhFómhar na bliana 1885 agus thug sé leis go dtí an India í. Fuair sí bás ansin ceithre bliana ina dhiaidh sin.

Bhí ginealach fada céimiúil ag clann Digby a shín chomh fada siar le Sir Everard Digby, ridire a crochadh agus ar gearradh a phutóga amach as agus é fós ina bheatha toisc go raibh páirt dhoshéanta aige sa Gunpowder Plot. Ba réabhlóidí Everard William freisin. San India dó bhíodh sé de shíor ag scríobh alt agus litreacha ag cáineadh na Breataine mar gheall ar chreachadh na hIndia. In Éirinn bhí sé cairdiúil le náisiúnaithe, go háirithe leis an dlíodóir Poblachtach Henry Dixon a bhí ina bhall den IRB agus de Shinn Féin, agus a chuir eagar éifeachtach ar an dá eagraíocht sin. Duine de mhuintir Dixon, James, a bhí mar fhinné aige ag a phósadh. Bhí an file John Todhunter pósta le deirfiúr leis.

Bhí an Ghaeilge ag Everard agus bhí sé ina chomheagarthóir le Seosamh ar théacs a dheachtaigh Brian Ó Corcráin, Bhiocáire Claoininse, sa chúigiú céad déag, *Eachtra Mhacaoimh an Iolair, mhic Ríogh na Sorcha,* leabhar 102 leathanach a d'fhoilsigh Hodges Figgis (Fch Aguisín F). Fear ildánach a bhí ann, é ina shaineolaí ar chúrsaí grianghrafadóireachta chomh maith le healaíona eile. Fuair sé bás i 1938, bliain roimh bhás Sheosaimh féin, agus bhunaigh a dheirfiúr Alice scoláireacht fhlaithiúil i gcabhair ar mhic léinn innealtóireachta ina chuimhne atá fós á reáchtáil ag Coláiste na Tríonóide.

76. Armas Digby

5.11 Easláinte an Laoidigh

Is tearc an t-eolas atá againn faoi shaol pósta Sheosaimh agus Esther i Sasana. Níl a fhios againn ar fhan siad ag 43 Sandringham Gardens, Ealing, nó ar aistrigh siad go seoladh eile i Londain. Níl a fhios againn ar bhuail na taomanna tinnis intinne Seosamh roimh a phósadh nó ina dhiaidh. Miotas amháin gur féidir a scrios ná gur bhean shaibhir í Esther ag an am. Níorbh fhear saibhir Seosamh ach an oiread. Ní raibh aige ach an teacht isteach óna phost cléireachais in Oifig an Phoist.

Tá's againn go bhfuair a dheartháir Robert Phair bás in Ospidéal an Richmond sa bhliain 1910, bliain i ndiaidh bhás Anna Lloyd, a mháthair. Chuir an dá bhás sin strus ar Sheosamh, ar ndóigh, ach d'éirigh leis an t-uafás oibre a dhéanamh, leabhair a chur amach agus ailt agus aistí a scríobh, chomh maith le troid ar son chlár foilsitheoireachta an Chonartha sna blianta anuas go 1915. Níor thit sé as a chéile. A mhalairt ar fad! Chuir sealbhú an Chonartha ag an mBráithreachas agus, ag éirí as an sealbhú sin, scrios an Chonartha féin mar b'eol dó é, a thuilleadh struis air, gan trácht ar chailliúint a shlí bheatha. Ansin tháinig slad a chairde san Éirí Amach, agus príosúnú agus ciapadh a gcomhChonraitheoirí agus neamart iomlán ar chúis na Gaeilge i bhfuadach an Chonartha féin ag an mBráithreachas. D'fhulaing sé an bhroid seo ar fad gan dítháthú pearsantachta a theacht air. Chuaigh sé go Londain agus d'éirigh leis post a fháil i rannóg rialtais, sé sin, in Ard-Oifig an Phoist. Bhí an obair seo tuirsiúil. Bhí dóthain smachta aige ar a shaol chun ceiliúr pósta a chur ar Esther agus chun í a phósadh.

Ní dóigh liom gur léirigh an easláinte intinne í féin go dtí 1919. Sa bhliain sin bhuail tubaiste dhúbailte an lánúin nuaphósta; cailleadh deirfiúr Sheosaimh, Frances Marian Huggard, i Barnsley. Chonaiceamar i gCaibidil 2 gur maraíodh

beirt mhac léi siúd sa chogadh, Hewitt agus Lewis, nianna Sheosaimh. Fuair athair Esther, Robert Sharp, bás i 1919 nó gar dó.

Am éigin i bhfómhar 1919, déanaim amach, bhí cliseadh néarógach ag Seosamh, cliseadh a bhí dian go leor chun é a chur isteach in ospidéal meabhairghalair. Dhearbhaigh William Lloyd gurb amhlaidh a bhí i nóta pearsanta a scríobh sé ar chóip d'alt cuimhneacháin Uí Mhuirgheasa sa *Leader* atá i seilbh Joan Lloyd Gallagher (nóta uimhir a dó thíos):


1) No, he obtained a post (temporary) in GPO
There was no question of Irish translation.
2) I went to London to attend to this matter
3) Kingstown when writing an English

October 7, 1939 THE LEADER (69) W J Lloyd 229
October 1939

man would not trust to it for a living. It was, however, probably not lack of wisdom made him do this, but rather that his work in the Audit Office had become very irksome to him when he had reached the stage of dreaming in Irish at night. I don't know if it is safe for a man in any country to trust

Gallagher of Donegal.
The letters as a rule were quite sensible, and Gallagher being a solicitor used his efforts to get him liberated. Whether as a result of these efforts or not Mr. Lloyd was set free in a few years, and came back to Ireland. But he was Seosamh Laoide no more. He avoided all his old friends of Gaelic

77. Nótaí William Lloyd ar lch. 229, *The Leader*, 7 DFómhair 1939

Mo pheannaireacht atá ansin, mar bhí an bunleagan beagnach dofheicthe. Scríobh William: 'I went to London to attend to this matter,' mar mhíniú ar chomhthéacs (2) ar imeall an leathanaigh, ina luann Ó Muirgheasa gur scaoileadh saor Seosamh. Pléifear leagan Uí Mhuirgheasa de na himeachtaí seo ar ball.

Gach uile sheans gurb é Ospidéal Meabhairghalair Hanwell in Ealing an t-ospidéal ina raibh sé, go nglaoitear Ospidéal St. Bernard air faoi láthair, má lean Seosamh agus Esther orthu ina gcónaí in Ealing i ndiaidh a bpósta, agus is dócha gur lean.

78. Geata Ospidéal Hanwell in Ealing

Ní dóigh liom gur chaith Seosamh cúpla bliain san ospidéal mar a shíl Ó Muirgheasa. Tá go leor taifead eile ar fáil seachas Hanwell a léiríonn go raibh

an gearrthéarma coitianta go leor, ní hionann is in Éirinn; nuair a dhúnfaí na geataí ar dhuine anseo ba chaol an seans go ligfí amach ar chor ar bith é. Sílim gur chaith Seosamh roinnt míonna i Hanwell, nó in institiúid mar é, agus nár ligeadh amach é go ndeachaigh William in urrús go dtabharfaí aire dó. D'fhéadfadh gur thug William cuairt ar an ospidéal nuair a bhí sé sa Bhreatain do shochraid a ndeirféar, Frances Marian Huggard. Bhí na hospidéil mheabhairghalair faoi strus go mór i rith agus i ndiaidh an chogaidh ag plé le daoine leonta idir chorp agus intinn sa troid agus sa bhuamáil, idir shaighdiúirí agus chathróirí.

Bhuail taom trom é, sílim, ach ní raibh sé trom go leor chun é a choinneáil istigh san ospidéal go fadtéarmach. Bhí Seosamh as an ospidéal, sa bhaile agus ag téarnamh go maith faoi Fhómhar na bliana 1920, ar fhianaise Chiaráin Bhairéad agus litreach ó Everard Digby faoi *Macaomh an Iolair* a fheicfear thíos**.** Baineadh croitheadh as a shláinte intinne, mar sin féin, nár cneasaíodh fad a mhair sé, cé go raibh dóthain smachta aige air féin a bheatha a riaradh go stuama tríd is tríd. Ní raibh de mhisneach ná de mhuinín aige as féin dul i ngleic le hathbheochan na Gaeilge arís, fiú nuair a bunaíodh An Gúm i 1925. Níor thréig sé an Ghaeilge, áfach, ná lucht na Gaeilge, mar a chuir Ó Muirgheasa i gcéill dúinn ina alt i 1939.

Níor mheáigh tráchtaire ar bith an seans go mbeadh amhras ar na húdaráis slándála in Éirinn agus i Sasana faoin Laoideach.

> Tar éis eachtraí Dhún Dealgan agus diúltú Dhubhglais de h-Íde filleadh ar an Uachtaránacht, tháinig athruithe den a lán cineálacha ar an gConradh. Ina measc siúd bhí méadú ar spéis Chonstáblacht Ríoga Éireann agus Chaisleán Átha Cliath i gConraitheoirí agus sa Chonradh féin. (Mac Aonghusa 1993:151)[70]

Ba chomhbhunaitheoir Chonradh na Gaeilge é Seosamh; bhí ardíomhá aige san eagraíocht sin; bhí spéis ag na húdaráis sna Conraitheoirí ó Shamhain 1913, toisc gur Conraitheoirí an oiread sin de na hÓglaigh. Ní bheadh sé áiféiseach ar fad a shamhlú gur 'theifeach' ó na húdaráis slándála sa bhaile in Éirinn a bhí ann i Londain, go raibh sé ar a choimeád, i bhfolach ach go hoscailte, 'in plain sight'

[70] Féach an cuntas ar chiapadh Stiofáin Bairéad, lch. 249 thíos, ag bleachtairí an Chaisleáin thíos.

in oifig an Chuntasóra Ghinearálta. Ní hionann seo is a rá gur cuireadh tóir air ná go raibh sé ina threallchogaí rúnda nó míleata i slí ar bith ach go meafarach. Bhí Eoin Mac Néill i bpríosún agus téarma coinneála saoil gearrtha air. Bhí an Piarsach agus Mícheál Ó hAnnracháin, léitheoir profaí i gClódhanna Teo., curtha chun báis. Ba chúlra coiteann ballraíocht sa Chonradh i measc na ndaoine a gabhadh; ar a laghad bhí seans maith ann go gceisteodh na húdaráis é agus theastódh uaidh é sin a sheachaint. Bhí an seans ann fosta go gcuirfí i bpríosún nó i gcampa géibhinn é.

Bhí an pholaitíocht níos treise sa Chonradh i Londain ná mar a bhí sa bhaile. 'Bhí a cion féin déanta ag an gConradh chun bonn náisiúnta agus cultúrtha a chothú agus a bhuanú i measc na nÉireannach i Londain, bonn arbh fhurasta gluaiseacht réabhlóideach a bhunú air. Ní túisce na hÓglaigh a bheith bunaithe in Éirinn ná deineadh amhlaidh leis i Londain.', a scríobh Donncha Ó Súilleabháin (1989:181).

79. Cormac Lloyd, garnia SL

Is é seo Cormac Lloyd. Ba é William, deartháir Sheosaimh, a sheanathair. Chuaigh mac le William, Brendan Lloyd, athair Chormaic, ar imirce go dtí an Róidéis agus is ansin a rugadh agus a tógadh Cormac. Is aturnae é agus speisialtóir maidir le cearta mianadóireachta i Londain faoi láthair. Bhí an tuairim aige, a nocht sé do mo mhac Pádraig, gurb é ba bhun le tinneas intinne Sheosaimh ná gur dhiancheistíodh é i Londain faoina chairde agus a chomhghuaillithe sa Chonradh, daoine a bhí sna hÓglaigh agus i gCumann na mBan chomh maith. Luaigh Cormac Mícheál Ó Coileáin, Conraitheoir cláraithe, mar dhuine a gcuirfí ceisteanna faoi. Níl aon fhianaise aige go bhfios dom don tuairim shuimiúil seo, ná agamsa, ach tá loighic áirithe ag gabháil léi. Fiú dá mba agallamh bog a leithéid chuirfeadh sé brú as cuimse ar Sheosamh agus chuirfeadh sé amhras in aigne for-náisiúnaithe faoi. Bhí faireachas i bhfeidhm in

Oifig an Phoist. Seo sliocht as cuntas a d'fhág Louis Mac an Uasail, píobaire míleata, faoina thaithí sa Roinn Innealtóireachta:

> At this time I was a skilled Workman in the Post Office Engineering Dept., and on the outbreak of the War in 1914 I was put in charge of the Telephones and Telegraphs of the War Office, Admiralty and Air Defences of London, and many a time after drilling and teaching musketry to the Irish Volunteers I would go on duty for the night at Whitehall. Sometime in November 1915 I was reported to my Superintending Engineer, Mr. Moir, by the Secretary of the Admiralty as being dangerous and I was removed out of the War Office and Admiralty and sent to Mayfair Telephone Exchange, where I was so degraded in position and watched and reported on by the men in charge that I decided to resign from the Post Office and give up 13 years service.[71]

Nocht Seosamh ábhar na speabhraídí intinne a bhíodh aige trí mheán na Gaeilge scríofa. Tá go leor di seo ina chartlann sa Leabharlann Náisiúnta. Téama amháin a léirigh é féin go minic ba ea an Tré-Fhód. D'fhéadfaí a rá gurb í an Ghaeilge teanga réamhshocraithe a mheabhairghalair. Caithfidh go bhfuil aigneolaí áit éigin a nascfadh na scríbhinní trína chéile seo lena chliseadh néarógach, le titim as a chéile an Chonartha a bhunaigh sé, agus leis an úsáid scanrúil mharfach a bhain na náisiúnaithe míleata as an eagraíocht sin.

5.12 'An Dara Pearsain den Treodhathaidh Naomhtha'

'Bhíodh speabhraídí ar an Laoideach agus thuigtí dó ar uairibh gurbh é Dara Pearsa na Tríonóide é agus uaireanta eile Mícheál Ardaingeal,' scríobh Liam Mac Mathúna (2000-2001:101). Seans gurb é an sliocht seo a leanas a léigh Mac Mathúna ach tá go leor samplaí mar é san fhillteán LS 590. Sílim féin go raibh Seosamh, a raibh tinneas intinne go follasach fós air, ag iarraidh dul i gcleachtadh arís ar scríobh na Gaeilge agus gur chuma leis cad a chuir sé síos. Ní raibh sé i gceist go bhfeicfeadh aon duine na píosaí. Sa tréimhse seo freisin scríobh sé litreacha chuig Everard Digby a bhí réasúnta ciallmhar. Thíos tá scríbhinn a chuir sé síos i mí Mheán Fómhair 1922, i Teach Ósta Uí Lásaigh, i mBrí Chualainn.

[71] *http://obrienclansociety.com/dalcassiansept/culture/Irish-Warpiper.htm* ceadaithe 15 Feabhra 2020.



80. Teach Ósta Uí Lásaigh, i mBrí Chualainn

Bhí Esther agus é féin ar saoire anseo, is dócha, nó b'fhéidir gur theifigh iad. Ba é an fómhar sin an tréimhse ba nimhní i gCogadh na mBráthar. Ní raibh srian ar bith le harm an tSaorstáit ná leis na Poblachtaigh. Bhí an chathair an-bhaolach. Tharla dúnmharaithe míleata níos luaithe sa mhí i Stigh Lorgan féin.



81. Píosa a scríobh SL i dTeach Ósta Uí Lásaigh, i mBrí Chualainn, 30 M. Fómhair 1922

> [I dTigh Ósta an Lásaigh i mBrí Chualainn Laighean na hÉireann ógha damh-sa féin Seósamh Laoide Archaingeal na nÉacht agus an Té Bhith-Bheo ag a sgríobhadh seo dam agus mé i dtuarnán díreach le hÉile an dara pearsain den Treodhathaidh Naomhtha ar an tríochmhadh lá den Mhiodhfhoghmhair, 1922 (míle naoi gcead fichid a dó) d'éis Críost do réir astaláin Chríost agus mé á fhághail seo mar sgéaltán ó Éile an Dara Pearsain den Treodhathaidh Naomhtha de Dhia Uilechumhachtach atá ann agus a bheas ann go deó.
>
> Tá do bhean Esther mar is mó agus mar is feárr fá shláinte agus fá fholláine shláinte agus fé luinne-bháine shláinte agus fá fhíor-mhór-lán-ard-áilne-bháine shláinte agus í le bheith mar is mó agus mar is feárr fá fhionn-mhéad sláinte agus fá fhionn-fheabhar shláinte agus tá sí le....]

D'fhéadfadh gurb é an Trídathach Naofa atá i gceist aige ansin, agus gurb é féin an chuid bhán de, gan a bheith glas ná oráiste. Tá tréitheachas áirithe sa téacs más rámhaille féin é. Mar shampla, tá an ghramadach agus an litriú cruinn go leor do chaighdeán na tréimhse sin. Freisin, cheartaigh sé é chun cur leis an gcruinneas. Tá íomhánna áirithe a thagann ar ais arís agus arís eile. Ceann acu sea Éile. Cé hé Éile?

5.13 'Éile'

Bhí an ríocht ársa Éile i dTuaisceart na Mumhan, an Éile atá nó a bhíodh san áitainm Dúrlas Éile. Tugann Foclóir Uí Dhuinnín Éile mar Ghaeilge ar Elias nó Elijah, an fáidh a chráigh Jezabel, agus sílim gur anseo atá aigne Sheosaimh. Tá ceangal ag scéal Éile le dioscúrsa an mheabhairghalair. Sa traidisiún Críostaí is eadránaí nó naomhphátrún Éile do dhaoine le tinneas intinne mar léirigh an fáidh féin tréithe den mheabhairghalar ach d'fhill a fhéinmhuinín chuige le cabhair Dé.

Nuair a scríobh Seosamh 'Is mise Éile', rud a rinne sé go minic, is é a bhí i gceist aige, sílim féin, ná 'Tá mé cosúil le hÉile'. Níl sé dochreidte go ndéanfadh Seosamh comparáid idir Eileseá nó Éile agus é féin. Bheadh cur amach aige ar Eileseá mar go raibh an Bíobla Naofa lárnach don chultúr Protastúnach. Ba charachtar fíorspéisiúil Eiliseá i *Leabhar na Ríthe*. Bhí sé féin agus Seosamh fáidhiúil. Bhí dúlagar cliniciúil orthu araon. Ciapadh iad araon, rinneadh géarleanúint orthu araon. Bhíodh físeanna agus brionglóidí acu beirt. Bhí timpeallacht apacailipteach an chogaidh thart orthu araon.

Sa phíosa thuas tugann Seosamh le tuiscint gur Ardaingeal é féin ag glacadh deachtaithe ó 'Éile an dara pearsain den Treodhathaidh Naomhtha'. Ní gá gurb é an dara pearsa den Tríonóid atá i gceist. D'fhéadfadh gur féin-aorú polaitiúil atá againn agus gurb é an dara pearsa de Thrídhathach Naofa na hÉireann nua an Laoideach, gurb é an bán é idir an Glas agus an tOráiste an tsamhail atá sé ag iarraidh a chur i bhfocail agus eatarthu sa spás síochánta sin atá sé féin. Ba é an Trídhathach bratach an tSaorstáit ó thús.

82. An Trídhathach, bratach an tSaorstáit

Tá brú inmheánach éigin ann chun é a scríobh, agus chun na ritís cainte a chur de sa tslí a ndéanann sé. Tá an coincheap céanna trí-aonta aige ag cur síos dó ar limistéar na Gaeilge sna hoileáin seo, Éire, Manainn, Alba, an Tré-Fhóid Ghaelach.

Faigheann síceolaithe, ministrí, séiplínigh ospidéal agus lucht creidimh comhairle i scéal Eileseá a thugann siad do dhaoine atá faoi dhúlagar agus dá mhuintir. Thóg mé an sampla seo go randamach ón idirlíon. Bryony Taylor a cheap do World Mental Health Day:[72]

> I love the story of Elijah in the Old Testament. It is a very early story of a man faced with mental health problems after what should have been the most impressive day of his life. He defeats 450 of the prophets of Baal on Mount Carmel to proclaim his God as Lord and shortly after this amazing climax of his 'career' so far, he crashes. He came to a broom bush, sat down under it and prayed that he might die. 'I have had enough, Lord,' he said. 'Take my life; I am no better than my ancestors.' – 1 Kings 19:4
>
> And the word of the Lord came to him: 'What are you doing here, Elijah?'
>
> 10 He replied, 'I have been very zealous for the Lord God Almighty. The Israelites have rejected your covenant, torn down your altars, and put your prophets to death with the sword. I am the only one left, and now they are trying to kill me too.'
>
> God doesn't abandon him. He doesn't chastise him for wishing he was dead. Slowly and gently the Lord restores Elijah and gives him a new purpose and direction for his life and a new companion with whom to share his journey – Elisha.

[72] *https://bryonytaylor.com/2012/10/12/a-word-on-world-mental-health-day-what-we-can-learn-from-elijahs-depression-1-ki-19/* ceadaithe 18 Feabhra 2020.

Sílim gur cuireadh dála Eiliseá nó Éile ar eolas do Sheosamh chun é a mhisniú, agus go bhfuair sé sólás agus inspioráid sa scéal seo. Sa chuid eile dá cháipéis cromann sé ar laoi mholta a chur le chéile in ómós d'Esther a bhean chéile. Is léir go bhfuil sé ceanúil uirthi agus buíoch di. Ní féidir a shamhlú go raibh ar intinn aige go bhfeicfeadh aon duine an scriobláil seo ach é féin. Arís, is ag cluichíocht ar fhocail agus ar fhrásaí atá sé.

5.14 Líomhain na spiaireachta

'Má bhí cinsireacht agus niamhghlanadh i gceist mar chuid den chur chuige eagarthóireachta a chleacht sé go dtí sin, dealraíonn sé go raibh sé páirteach i gcinsireacht de shaghas eile thall i Sasana ina dhiaidh sin' a scríobh Liam Mac Mathúna (2000-2001:102), ag tabhairt le tuiscint go raibh an Laoideach ag obair don Oifig Chogaidh ag aistriú litreacha agus ábhair i nGaeilge sna hirisí agus i litreacha dóibh. Caithfidh gur bhunaigh sé an tuairim sin ar an sliocht seo as aiste mhéala Uí Mhuirgheasa (1939:229):

> A couple of bitter years went by, and then came the Great War, and the British wanted an Irish scholar to translate the correspondence in Irish between the Irish at home and their kinsmen in America. Mr. Lloyd was offered and accepted the post, which meant his living now in London.

Ghlac daoine eile leis an ráiteas seo mar lomchlár na fírinne. Tá sé seo ag Breathnach agus Ní Mhurchú i mbeathaisnéis an Laoidigh ar *ainm.ie*:[73]

> An post a d'éirigh leis a fháil i Londain, creideadh ó shin gur cheann de na dualgais bheith ag aistriú litreacha Gaeilge don Rialtas. Níor maitheadh an spíodóireacht sin dó agus níor fhoilsigh sé saothar ar bith i ndiaidh 1917.

Chuir an Dr. Eoghan Ó Raghallaigh é seo sa bheathaisnéis atá aige[74] sa Dictionary of Irish Biography (2009:526): 'After failed attempts to secure new employment, he moved to London in 1916, where he worked for the Civil Service, apparently translating letters written in Irish during the war.'

[73] s.n. Laoide, Seosamh (1865–1939), ceadaithe 18 Feabhra 2020.
[74] s.n. Lloyd, Joseph Henry (Laoide, Seosamh) ceadaithe 18 Feabhra 2020.

83. William Lloyd, deartháir SL

Bhí a dheartháir, William J. Lloyd, sa phictiúr thuas, lánchinnte nár aistrigh Seosamh litreacha i rith an chogaidh. Chuaigh William Lloyd sa tóir ar Énrí nuair a léigh sé an t-alt sa *Leader***,** a foilsíodh ar 7 Deireadh Fómhair 1939. Níl a fhios agam ar theagmháil phearsanta a rinne William leis nó ar scríobh sé chuige. An tseachtain dár gcionn, san eagrán dar dáta 14 Deireadh Fómhair 1939, bhí 'litir chuig an eagarthóir' ó Eoin O'Mahony, K. M. a thosaigh mar seo:

> The Late J. H. Lloyd.
> To THE EDITOR, THE LEADER.
> Sir,
> Mr. Henry Morris in his recent tribute to Joseph H. Lloyd, M.R.I.A., in your pages would lead one to believe that Lloyd had ceased to take an interest in the Irish Language and that he had gone to live for some time in England. What are the facts? Let the volumes of the Irish Texts Society published over the past forty years speak for themselves.

Is cosúil gur fhoilsigh Cumann na Sgríbheann nGaedhilge ainmneacha ball an Chumainn sna chéad eagráin de na leabhair a d'fhoilsigh siad agus go raibh ainm an Laoidigh sna liostaí sin sna 1920í agus sna 1930í. Ní aontaíonn Énrí le O'Mahony faoi sheoltaí Sheosaimh ná faoi bhallraíocht Sheosaimh i gCumann na Sgríbheann nGaedhilge. Tá alt a haon, a dó agus a trí ag plé leis na mionphointí seo. Tá Ó Muirgheasa mífhoighneach, crosta fiú, le O'Mahony, gan aon ghá, dáiríre. In alt a ceathair, fógraíonn Ó Muirgheasa go raibh sé i dteagmháil le William Lloyd, deartháir Sheosaimh. Cheartaigh William ráiteas Morris gur bean Shasanach an bhean a phós Seosamh—b'Éireannach í a bhí ina cónaí i Sasana le fada, ach b'as Co. na Mí ar dtús í. Bíodh sin mar atá, bhí sí ina

cónaí i dtigh a hathar i nDomhnach Broc sa bhliain 1901. Leanann Ó Muirgheasa ar aghaidh:

> It is pleasant to turn from these false statements to correct one or two real errors in my article, Mr. W. J. Lloyd, the only survivng brother of our deceased friend, informs me that the latter's wife was of lrish birth and parentage... Then Mr. W. J. Lloyd questions the truth of the statement that the work oṇ which his brother was engaged during the war was translating lrish letters in the post office. A letter of the deceased's which still exists is dated from the Accounts Branch, G.P.O., London, and we must remember that Mr. Lloyd was a trained accountant, as well as an Irish scholar.
>
> I cannot find from active Sinn Feiners of the period in question that Sinn Fein had definite proof that Mr. Lloyd was engaged on Irish translation work. They had such proofs in the case of another well-known Irishman. However, I know the opinion was general among Gaelic Leaguers and Sinn Feiners of the time, but many of those who believed this rumour did not blame Seosamh Laoide, as Ireland had shown him it did not want him. .... Such treatment could hardly fail to embitter him after all he had done and the sacrifices he had made in the interests of the language movement.

Chuir Joan Lloyd Gallagher cóip den alt a bhí sa *Leader* agus cóip den litir ó Énrí Ó Muirgheasa chuig an Eagarthóir ina dhiaidh sin chugam agus peannaireacht William orthu. Ar 14 Meitheamh 1942 léigh William Lloyd an litir seo sa *Leader* arís agus scríobh sé roinnt nótaí air, mar a fheicimid thíos:



This letter presents the truth. There is not a single doubt that the late J. H. Lloyd was in the Accounts Dept. [illegible] London, which was connected [illegible]

THE LEADER October 14th, 1939

THE LATE J. H. LLOYD

To the Editor "THE LEADER."

A Chara,

It is a pity before wasting half a page of your valuable space with "facts" which are not facts, that Mr. Eoin O'Mahony did not make some investigations to check these alleged facts.

He says the late Mr. Lloyd had for forty years an Irish address which he never changed up till his death a few weeks ago—Buaile na Greine, Stillorgan Park, Co. Dublin.

So far from living 40 years in the same house Mr. Lloyd was somewhat remarkable for changing his address rather frequently.

When I knew him first he lived in Dublin in order to be near his work at Amiens St. station. Next he lived some years at Howth, then at Raheny, then at Stillorgan Park, and finally at two successive addresses in Dun Laoghaire. I visited him at some of these addresses, and corresponded with him at others. For the past six years he had not been at Stillorgan Park, as he sold the place in 1933. Even while he had an address there he lived for nine or ten years in England, from where he returned about 1925. All quite correct. W. Re

In the books Mr. Lloyd left behind him the latest volume of the Irish Texts' Society is that dated 1915, and this is a presentation volume, so that it would appear he had ceased to be a paid-up member even before that time. Mr. O'Mahony should know that in many Irish societies members' names are kept on their lists for many years after they have ceased to be active members.

It is pleasant to turn from these fallacious statements to correct one or two real errors in my article. Mr. W. J. Lloyd, the only surviving brother of our deceased friend, informs me that the latter's wife was of Irish birth and parentage, her people belonging to a well-known Co. Meath family, but it was in England Mr. Lloyd married her, as she had lived there for some years.

Then Mr. W. J. Lloyd questions the truth of the statement that the work on which his brother was engaged during the war was translating Irish letters in the post office. A letter of the deceased's which still exists is dated from the Accounts' Branch, G.P.O., London, and we must remember Mr. Lloyd was a trained accountant, as well as an Irish scholar.

I cannot find from active Sinn Feiners of the period in question that Sinn Fein had definite proofs that Mr. Lloyd was engaged on Irish translation work. They had such proofs in the case of another well-known Irishman. However, I know the opinion was general among Gaelic Leaguers and Sinn Feiners of the time, but many of those who believed this rumour did not blame Seosamh Laoide, as Ireland had shown him it did not want him. When he had severed connection with the Gaelic League he sought a position under the Royal Irish Academy, and another position under the then Intermediate Board: he failed to get either. Such treatment could hardly fail to embitter him after all he had done and the sacrifice he had made in the interests of the language movement.

H. MORRIS.

Belfield Raheny 14/6/42.

84. Nóta lámhscríofa William Lloyd in eagrán 14 Deireadh Fómhair 1939 de *The Leader*.

Rinne sé tagairt ar leith don alt seo as litir Uí Mhuirgheasa:

> Then Mr. W. J. Lloyd questions the truth of the statement that the work oṇ which his brother was engaged during the war was translating lrish letters in the post office. A letter of the deceased's which still exists is dated from the Accounts Branch, G.P.O., London, and we must remember that Mr. Lloyd was a trained accountant, as well as an Irish scholar.'

Scríobh sé ag barr an leathanaigh:

> This letter presents the truth. There is not a single doubt that the late J. H. Lloyd was in the Accountant's Dept. G. P. O., London, which is connected (?) with correspondence(?). (SIGNED—W.J. Lloyd, Belfield, Raheny. 14/6/42.

Is léir gur chuir an teagmháil le William imní ar Ó Muirgheasa agus go ndeachaigh sé ag lorg fianaise ó iarbhaill de Shinn Féin a bhí gníomhach le linn an Chogaidh Mhóir agus ina dhiaidh chun fianaise iontaofa a fháil go raibh Seosamh ag obair i Rannóg na Cinsireachta i Londain ag aistriú litreacha i nGaeilge don Chinsire.


y, then
cessive
t some
him at
been at
. Even
nine or
eturned
e latest
t dated
that it
p mem-
should
' names
er they
I cannot find from active Sinn Feiners of the period in question that Sinn Fein had definite proofs that Mr. Lloyd was engaged on Irish translation work. They had such proofs in the case of another well-known Irishman. However, I know the opinion was general among Gaelic Leaguers and Sinn Feiners of the time, but many of those who believed this rumour did not blame Seosamh Laoide, as Ireland had shown him it did not want him. When he had severed connection with the Gaelic League he sought a position under the Royal Irish Academy, and another position under the then Intermediate Board: he failed to get either. Such treatment could hardly fail to embitter him after all he had done and the sacrifice he had made in the interests of the language movement.
H. MORRIS.
for HEALTH
and ENERGY
ONERY OF BEST QUALITY
ITIONS IN OUR MODEL BAKERY
CED PANS A SPECIALITY
McCANN LTD
DUNDALK

85. Nóta le William Lloyd in eagrán 14 Deireadh Fómhair 1939 de *The Leader*.

Níor éirigh leis fianaise ar bith a fháil, ná cruthú ar bith go raibh aon fhianaise ag Sinn Féin. Tá réiltín curtha ag William leis an gcuid seo den litir, agus fonóta thíos faoi:

> A lying rumour. He objected to the language movement being in any way associated with politics and jobbery. W.J. Lloyd Belfield, Raheny

5.15 Líomhain na spiaireachta: an fhírinne

Ba rannóg den Oifig Chogaidh Cinsireacht an Phoist (M19) a bhí lonnaithe i Salisbury House i lár Londan. Taobh istigh de Chinsireacht an Phoist ba rannóg thábhachtach í Rannóg na dTeangacha Neamhchoitianta, an 'Department of Uncommon Languages (U.L.D.). Sa Chéad Chogadh Domhanda agus sa Dara Cogadh Domhanda mheall an Rannóg seo scoláirí iomráiteacha chuici, de ghnáth scoláirí agus gradam nó seirbhís mhíleata acu. Bhí an Ghaeilge ar na teangacha neamhchoitianta a scrúdaíodh sa Rannóg seo. Dá mbeadh Seosamh fostaithe ag an Oifig Chogaidh chun litreacha i nGaeilge a aistriú is anseo a bheadh sé ag obair. Ní raibh sé agus ní raibh fírinne dá laghad sna ráflaí go raibh. Ba ar T.W. Rolleston a thit cúram na litreacha i nGaeilge agus na hiriseoireachta i nGaeilge sa rannóg seo. Bhí an cuntas thíos ag a mhac, C.H. Rolleston (1939:106). B' iontrálacha as dialann a athar a bhí aige, dar dáta 25 Eanáir agus 15 Feabhra 1915:

> I went this morning to the War office and found Mr. George Elder in room 226, who told me I would be recommended for employment in the censorship department at £5 a week and asked me to get three letters of recommendation....(Feabhra 15)..I took up my work at the War Office, censoring letters at Salisbury House. Quite interesting job, but of dubious utility, I fear. Read 46 letters, mostly Italian, and found nothing whatever to notice.

Leanann C.H. Rolleston ar aghaidh:

> Besides reading German, Italian and I think, French correspondence, my father also had a desk in the obscure languages section, where he examined letters written in Irish. Although naturally this work was confidential in nature, no details of it appearing in the diary, it seems possible he may have revised his opinion of its value. At any rate Doughlas Hyde wrote in the same letter in which he refers to Rolleston's love of drums and music:
>
> > I was very fond of him and had far more in common with him than I had with any of my other associates. I have spoken, I hope nicely, about him in a book called *The League and my relation to it* [75] in Irish.....Someone who read the proofs reproved me, for he said that 'Mr. Rolleston was employed by the Government to read letters in Irish during

[75] Mise agus an Conradh.

> the Great War and he got Father— somebody whose name I forget—and his monastery into great trouble'.

Is dócha gurb é Dom Maurus Ó Faoláin agus Mainistir Chnoc Mheilearaí a bhí i dtrioblóid de bharr thuairisc Rolleston mar chinsire. Bhain de hÍde sult as an scéal seo ach bhí uafás ar a léitheoir gur léirigh an Craoibhín cion do Rolleston, fear a d'aistrigh litreacha Gaeilge don Oifig Chogaidh. Féach go raibh doicheall ag profléitheoir de hÍde do Rolleston toisc gur cinsire litreacha Gaeilge a bhí ann.

Ní rún ar bith é go raibh an post cinsireachta seo ag Rolleston i rith an Chogaidh Mhóir. Tá sé seo ag Breathnach agus Ní Mhurchú ina gcuntas air ar *ainm.ie*:[76]

> Nuair a bhris an Cogadh Mór amach tugadh post in oifig an chinsire dó. I measc na dteangacha san 'Obscure Languages Section' bhí an teanga Ghaeilge agus ar Rolleston a thit cúram na litreacha Gaeilge a aistriú. Ar bhealach is é an t-aon phíosa fianaise amháin é go raibh Gaeilge aige. Sin agus, b'fhéidir, gur bhall de Chomhairle Chumann na Scríbheann Gaeilge é..... D'ainneoin a ghrá d'Éirinn, a spéise sa Ghaeilge, a dhíograise i dtaobh thionsclaíocht na tíre agus a bhallraíochta i mBráithreachas na Poblachta, más fíor, meastar gurbh impiriúla (sic) é i ndeireadh thiar agus gan neart aige air.

Ní bheadh an oiread sin le déanamh ag Rolleston mar chinsire ar litreacha Gaeilge mar ní raibh an oiread sin litreacha dá scríobh as Gaeilge agus ní raibh ach iris amháin Gaeilge ag teacht amach go rialta, *An Claidheamh Soluis*, ar *Misneach* ab ainm dó ar ball. D'fhéadfadh go raibh cúis bhreise leis na ráflaí faoin Laoideach.

[76] s.n Rolleston, Thomas William (1857–1920).



Adastral House between October, 1917, and November, 1918, w
work accomplished, it was disbanded:—

A. J. DAWSON.	LORD DUNSANY.
H. B. WALLIS.	A. A. MILNE.
C. J. C. STREET.	J. B. MORTON.
H. R. C. POLLARD.	FRANK FOX.
R. P. P. ROWE.	J. A. F. OZANNE.
F. D. GRIERSON.	R. S. M. STURGES
CHARLES VINCE.	ROGER POCOCK.
VICTOR MacCLURE.	P. B. M. ALLAN.
PATRICK McGILL.	ERIC PARKER.
C. DAVID STELLING.	R. B. FRICKER.
FREDERICK SLEATH.	J. W. G. TOMKIN
K. NEWTON COLVILE.	R. T. E. MASSEY
W. DOUGLAS NEWTON.	R. J. W. REES.
H. R. WAKEFIELD.	E. HERON-ALLEN
J. P. LLOYD.	

Those whose names appear in the first column above joined t
ction at Adelphi Court between the autumn of 1916, and
917. The following also served there:—J. F. Gennings, C. W

86. Liosta daoine a bhí ag obair don Chinsire in MI7 (b) i rith an Chogaidh Mhóir

Seo liosta daoine a bhí ag obair don Chinsire ag an am in MI7 (b) ag plé le nuachtáin agus ag scríobh bolscaireachta. Tá ainmneacha Patrick McGill agus Lord Dunsany agus H.R.C. Pollard ann. An cúlra riachtanach a bhí acu uile d'obair sa rannóg bholscaireachta seo ná go raibh seirbhís acu in arm na Breataine. Mar an gcéanna leis na scríbhneoirí clúiteacha eile, A. A. Milne, J.B. Morton, agus daoine nár mhair a gclú mar scríbhneoirí. Ní raibh an cúlra míleata ag Seosamh Laoide.

Féach go bhfuil J. P. Lloyd ar an liosta. Ba Chaptaen é siúd a bhí ina bhall i dtús an Chogaidh den Royal Welsh Fusiliers go dtí 1917 nuair a leonadh sa troid é agus chuaigh sé ag obair le MI 7 (b). B'fhurasta a cheapadh gurb é J. H. Lloyd an fear seo agus gurb é seo bunús an ráfla. Ní hé go raibh gá ar bith le leithscéal ag na Poblachtaigh ná ag an gCaisleán chun ráflaí a thosú.

87. Captain James Lloyd

5.16 Alt Uí Mhuirgheasa agus an comhfhreagras sa 'Leader', 1939

Nuair a d'éag a hathair i 1936 ghlac Nuala Ní Mhóráin cúram *The Leader* uirthi féin. Ba chainteoir líofa Gaeilge í. Is dócha gur iarr sí ar Énrí Ó Muirgheasa alt cuimhneacháin a scríobh di. Tá an dealramh air gur scríobhadh go sciobtha é agus nach raibh am ag Énrí foinsí a lorg ná a dheimhniú. Foilsíodh an t-alt in *The Leader* in eagrán 7 Deireadh Fómhair 1939.

San eagrán den *Leader* dar dáta 14 Deireadh Fómhair 1939, mar fhreagra ar alt Uí Mhuirgheasa, bhí litir chuig an eagarthóir ó Eoin O'Mahony, K.M. Chuir O'Mahony roimhe dhá phointe a chruthú:

> These thirty-five volumes published (by the Irish Texts Society) over the past forty years speak for themselves. clearly establish that: Lloyd remained interested in the Irish Language..... (agus),Over all these years he had an Irish address which he never changed at Stillorgan Park. Co. Dublin.

An ghné is tábhachtaí den chomhfhreagras seo ná go luaitear dhá théacs leabhar leis an Laoideach nár foilsíodh, *Teaghalaibh Dubh Mac Deaghl*a agus *The Poem-Book of Hugh McShane O'Byrne of Wicklow*, dhá lámhscríbhinn atá ar iarraidh.

Chuir lucht taighde agus léirmheastóireachta spéis as cuimse in alt Uí Mhuirgheasa. Téann sé abhaile orthu níos láidre ná alt Bairéad in *Béaloideas.* Cé go bhfuil a lán ann atá spreagúil agus a chuireann le clú an Laoidigh, tá go leor ann nach bhfuil iontaofa agus a bhaineann óna dhea-cháil. Ní luann an Bairéadach searbhas ar bith i Seosamh i ndeireadh a shaoil i leith na Gaeilge ná a sheanchairde, ná ní luann sé obair aistriúcháin ar bith a tairgeadh do Sheosamh i Londain. Is léir go raibh an t-alt beathaisnéiseach ar *ainm.ie* ag brath roinnt ar alt Uí Mhuirgheasa, mar a bhí aiste Mhic Mhathúna in *Studia Hibernica*, agus an nóta faoi Sheosamh sa *Dictionary of Irish Biography*.

Chreid Énrí gur éirigh Seosamh as a phost le Comhlacht Iarnród an Tuaiscirt sa bhliain 1899 nuair a ceapadh é ina eagarthóir ar IG, mar shampla. Chuamar i ngleic thuas le líomhain Énrí gur ghlac an Laoideach le post cinsireachta litreacha i nGaeilge ó Oifig an Chogaidh. Ní raibh faisnéis chruinn aige faoi

Esther, bean chéile Sheosaimh. Cheartaigh William Lloyd a lán ina chuntas siúd. Cheartaigh Eoin O'Mahony K.M. a thuilleadh.

Tá tuairimí polaitiúla Énrí suimiúil ach inchonspóide:

> The Liberals' advent to power in England produced a recrudescence of' the political activity of the old Irish Party which weakened The Gaelic League. The swing of the latter to Sinn Fein still further circumscribed its activities as a non-political association. Lack of (British government) support over a number of years compelled it to cease publishing, which virtually deprived Mr. Lloyd of his employment.

Shíl sé go raibh nasc éigin idir aiséirí Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann agus cúlú an Chonartha, e.g., gur shúigh feachtas Rialtais Dúchais (Home Rule) na náisiúnaithe a bhí sa Chonradh, nó a bheadh sa Chonradh, chuige féin. Thug sé Sinn Féin isteach sa phlé i dtaobh pholaitiú an Chonartha. I gcead dó, d'aithin sé chomh tábhachtach is a bhí patrúntacht Rialtas na Breataine d'fhoilsiú leabhar Gaeilge ach tá sé róshimplí a thabhairt le tuiscint gurb é aistarraingt na tacaíochta seo a d'fhág Seosamh gan phost.

> Even to a man of versatility of mind, this change in middle life from his peculiar career in Ireland to what he now experienced in London would cause a great mental wrench, but for a man of Mr. Lloyd's character and antecedents it must have been terrible. Added to all this were the nerve-wrecking air raids in London. The accumulated result was that his mind began to totter on its throne, and he was immured in a mental nursing home.

Comhthéacs nua a thugann sé isteach sa phlé faoi thréimhse Sheosaimh i Londain ba ea na haer-ruathair, Zeppelin agus eile, i rith an chogaidh. Is ar Oifig an Phoist mar mhol lárnach cumarsáide a scaoil na Gearmánaigh na buamaí ar Londain sna haer-ruathair Zeppelin i mí Iúil na bliana 1917. Thit buama ar an Central Telegraph Office, ar chuid d'Oifig an Phoist é, agus d'fhéadfadh roinnt den fhírinne a bheith ag Ó Muirgheasa anseo. Ach bhí an bhuamáil ar siúl ó 1915, sular tháinig an Laoideach go Londain, agus chuaigh sé ann agus láneolas aige go raibh na buamaí ag titim.

Chruthaigh an cogadh timpeallacht scanrúil, is fíor, ach ba mheasa cúrsaí sa bhaile in Éirinn, áit a raibh Conraitheoirí á gcaitheamh i bpríosún agus á seoladh chuig na campaí géibhinn sa Bhreatain. Ba dhuine é Seosamh a rugadh agus a tógadh i gcathair mhór, Baile Átha Cliath; ba dhuine poiblí le blianta fada é a raibh meas agus aithne air in Éirinn agus thar lear; b'argónaí conspóideach,

aighneasach é; ní bheadh sé as áit ná as alt i Londain. Bhí gaolta aige ann, sa chathair féin nó gar do Londain, a neachtanna, iníonacha a dheirféar, Frances Marian Huggard; bhí a chara Everard Digby ansin, agus ar ndóigh lua nó mall chuirfeadh sé aithne nó athaithne ar Esther Sharp. Cruthaíonn na dréachtlitreacha a bhfuil Everard mar sheolaí dóibh ina chóipleabhair sa Leabharlann Náisiúnta go raibh laethanta soineanta acu i Londain, agus gur chuir sé cruinnaithne ar cheantar Ealing.

Níl an sliocht seo iontaofa ach an oiread:

> I saw some of the pitiful letters he wrote from that institution to his old faithful friend, P. M. Gallagher of Donegal. The letters as a rule were quite sensible, and Gallagher being a solicitor used his efforts to get him liberated. Whether as a result of these efforts or not Mr. Lloyd *was* set free in a few years and came back to Ireland. But he was Seosamh Laoide no more. He avoided all his old friends of Gaelic League days and would no longer recognise them. And he who fought strenuously to have the purest forms of Irish names put on the post towns of Ireland, would not now give Dun Laoghaire as his address but 'Kingstown'..... The sweetest sugar makes the sourest vinegar, and so J. H. Lloyd seems to have turned bitterly against the language and the movement which he apparently regarded as having betrayed him.

Bhí na litreacha chuig P. M. Gallagher 'pitiful' agus 'sensible' ag an am céanna. Dearbhaíonn William, mar a chonaiceamar, gurb é féin a thóg Seosamh as an ospidéal meabhairghalair. Rinne sé tagairt freisin don abairt faoi Dhún Laoghaire: 'Kingstown, when writing in English'



88. Nótaí William Lloyd ar lch. 229, *The Leader*, 7 D.Fómhair 1939

Abairt chonspóideach eile a bhí ag Ó Muirgheasa ná: 'But he was Seosamh Laoide no more'. Ní raibh athrú chomh bunúsach sin tagtha ar phearsantacht Sheosaimh Laoide, áfach. Ní mór cuimhneamh gur ar éigean a bhí Conradh na Gaeilge ann ar chor ar bith sna fichidí agus sna tríochaidí. Dá fheabhas é tráth den saol, taise nó taibhse den sean-Chonradh a bhí ann anois. Chomh fada is a shlánaigh sé an tréimhse idir 1915 agus 1925, bhí sé suaite réabtha ag an

bpolaitíocht; bhí fiacha air, ní raibh an t-airgead ag teacht isteach; bhí na cúraimí a bhíodh air cheana sciobtha uaidh ag Rialtas an tSaorstáit. Ní raibh slí sa Chonradh nua do dhaoine cosúil le hEoin Mac Néill, leis an gCraoibhín, ná le Seán Mac Énrí ach mar chinnirí onóracha nó éarlaimh, agus má bhí teagmháil acu leis an gConradh ní rófhada a mhair sí sin. Is é is brí leis seo nach raibh Conradh ann a thuilleadh go bhféadfadh Seosamh filleadh air ná teagmháil fiú a dhéanamh leis. Bhí scoilt sa tír agus scoilt sa Chonradh, fíorscoilt a thionscain an tAthair Lorcán Ó Muireadhaigh nuair a bhunaigh sé Comhaltas Uladh. 'Blianta corracha, blianta aighnis' a thugann Proinsias Mac Aonghusa ar na 1920í agus 1930í. (1993: 228).

Níl fianaise ar bith ag Ó Muirgheasa gur thiontaigh Seosamh in éadan an Chonartha agus a chairde; baineann sé úsáid as an bhfocal 'apparently' nó as focail ar chomhchiall leis go rialta. Tá fianaise nuachtáin againn gur fhreastail Seosamh ar fháiltiú i 1938 a reáchtáil an tUachtarán nua, Dubhghlas de hÍde, dá sheanchairde sa Chonradh, mar a fheicfear thíos. Bhí plé aige leis an Acadamh Ríoga go dtí deireadh a shaoil, beagnach. Bhí sé i gcomhfhreagras le P. M. Gallagher ar a laghad. Caithfear glacadh leis dar ndóigh nach raibh sé i súile an phobail ó lár 1916 amach, ach is amhlaidh a shleamhnaigh an Conradh uaidh agus gur éalaigh an Conradh ó chúis na Gaeilge.

'He lacked nothing material since his return from England to make his declining years comfortable, which is something to be grateful for', scríobh Énrí. Níl sé sin cruinn ar fad, mar bhí easpa airgid air ar dtús, mar a léiríonn Liam Mac Mathúna (2000-2001:100-101), ach d'ainneoin a thinnis d'éirigh leis an smacht ba ghá a fháil ar chúrsaí a bheatha.

Más amhlaidh a chas sé ó shaothrú na Gaeilge, mar a chuirtear i gcéill sa ráiteas 'The sweetest sugar makes the sourest vinegar, and so J. H. Lloyd seems to have turned bitterly against the language and the movement which he apparently regarded as having betrayed him', cad is brí leis seo thíos?

> To while a-way tedious hours he appears to have begun to compile an Indo-European language where all the Aryan tongues would be represented, but a compilation which no one but himself could understand.

Nior tháinig mé ar chnuasach ar bith mar sin ach scrúdaíomar a ghrinndearcadh ar léargas an Ollaimh Henry Sweet i *The History of Language* níos luaithe sa chaibidil seo agus ba léir gur thuig sé agus gur mhínigh ar bhealach sothuigthe struchtúr Sweet do na teangacha Airianacha agus an coincheap Ind-Eorpach mar a léirigh Sweet é.[77]

Molann Énrí saíocht agus sárchumas Sheosaimh i gcúrsaí teanga ach cruthaíonn sé carachtar de ina shaol pearsanta mar dhuine neamhinniúil gan éifeacht nach raibh smacht ná treoir aige ar chúrsaí a bheatha féin. Fuair cairde agus comhghuaillithe poist nuair a thit an Conradh as a chéile ach ní raibh ar chumas Sheosaimh bhoicht faic a dhéanamh dó féin:

> ……but no one thought of Mr. Lloyd, and he had no skill in doing the scrambling for himself. He was just left high and dry with nothing to do.

Bhí Seosamh chomh guagach sin nach raibh ar a chumas fuirseadh a dhéanamh dó féin, thug sé le fios. Ba dheacair an ghuagacht a cheangal le Seosamh am ar bith dá shaol.

Scríobh sé an méid seo faoi bhean chéile Sheosaimh, agus b'éigean dó é sin a cheartú freisin: 'Here among the various war workers he met and married an English lady of some considerable means.' Tá an ceartú féin, '.... the latter's wife.... belonging to a well-known Co. Meath family', spéisiúil. Ní raibh ach beirt de shloinne Sharp i gCo. na Mí oíche an Daonáirimh, 1901, agus ba shearbhóntaí mná an bheirt sin. Ní raibh duine ar bith den sloinne sin i gCo na Mí oíche an Daonáirimh, 1911. Ba Wharton Esther ó thaobh a máthar. Is cosúil gur chreid William, i gceart nó go míchruinn, gur shíolraigh muintir Wharton ó Bharún Trim, Thomas Wharton.

[77] 'Treoir an Ollaimh Henry Sueet' (IG 1906: 246).



It is pleasant to turn from these fallacious state-
ments to correct one or two real errors in my ar-
ticle. Mr. W. J. Lloyd, the only surviving brother
of our deceased friend, informs me that the latter's
wife was of Irish birth and parentage, her people
belonging to a well-known Co. Meath family, but
it was in England Mr. Lloyd married her, as she
had lived there for some years.

89. Sliocht as litir Uí Mhuirgheasa in eagrán 14 Deireadh Fómhair 1939 de *The Leader*.

Samhlaíonn Énrí Seosamh a bheith fann, faiteach, neamhinniúil gan éifeacht arís nuair a bhaineann sé Londain amach.

> Even to a man of versatility of mind, this change in middle life from his peculiar career in Ireland to that he now experienced in London would cause a great mental wrench, but for a man of Mr. Lloyd's character and antecedents it must have been terrible.

Dheimhnigh William gur chaith Seosamh tréimhse in ospidéal meabhairghalair agus gurb é féin a thóg Seosamh as. Is féidir linn a bheith cinnte dearfa nach raibh Seosamh san ospidéal seo nuair a bhí Éirí Amach na Cásca ar siúl. Sílim féin gur sa bhliain 1919 a bhí sé san ospidéal, i ndiaidh a phósta.

> After the 1916 Rising the chivalrous British attendants there began to revenge on him the deeds of the Sinn Feiners, with whose policy he probably never had sympathy, least of all then. But he was known to be Irish, and that was enough.

Is cuid den stair é gur ionsaigh na haerlonga Zeppelin Londain agus gur thit na buamaí gar don láthair ina raibh Seosamh ag obair. Ní dóigh liom gur chuir an bhuamáil strus as cuimse air ach an oiread leis an gCogadh Cathartha sa bhaile. An bhroid ba mhó a bhí air ná an dífhostaíocht nuair a tháinig na hoibrithe poist abhaile ón gcogadh. Fuair a dheirfiúr, Marian Frances, bás agus fuair athair Esther, Robert Sharp, bás. Tá fianaise ann chomh maith gur tosaíodh ar chiapadh oibrithe Éireannacha ar fud na seirbhíse poist agus á mbriseadh as na poist a bhí acu ar chúiseanna slándála. Bhí tionscail na faisnéise slándála méadaithe go mór ó thosaigh an cogadh. Tá seans ann, chreid Cormac Lloyd, gur thosaíodar ar Seosamh a cheistiú agus gurb é seo, mar a dúradh thuas, a chuir an strus air a chuir isteach san ospidéal é.

Ag an am céanna d'fhéadfadh cuntas Uí Mhuirgheasa a bheith cruinn. Bhí na hospidéil uile, agus go háirithe na hospidéil mheabhairghalair, plódaithe le daoine a bhí leonta i gcorp agus i meabhair de bharr an chogaidh. Ní dóigh liom

gur chaith sé cúpla bliain san institiúid sin. Daoine nach raibh go dona, agus ní raibh Seosamh chomh dona sin, coinníodh iad ar feadh tréimhsí gearra, cúpla mí ar a mhéad.

Ní fíor 'But he was Seosamh Laoide no more'. Ba 'Seosamh Laoide' é ar a laghad i gcomhfhreagras le Everard Digby, agus sna scríbhinní atá sa Leabharlann Náisiúnta. Má thréig sé a sheanchairde, mar a deir Énrí, thréig siadsan eisean chomh maith, Énrí mar aon le cách. Ach ar thréig siad é? Bhí sé i dteagmháil le cuid acu, le Séamas Ó Casaide, mar shampla, agus b'fhéidir leis An Seabhac, le P. M. Gallagher agus Everard Digby. Dá mbeadh an méid seo a leanas fíor bheadh tagairt dó sna cuntais iomadúla agus sna beathaisnéisí a ghin gluaiseacht na Gaeilge, ach níl focal fianaise ar fáil mar thaca d'Énrí a chonaic mise:

> The sweetest sugar makes the sourest vinegar, and so J. H. Lloyd seems to have turned bitterly against the language and the movement which he apparently regarded as having betrayed him.

Ní raibh Seosamh dofheicthe ar fad sna blianta sin. Bhí eolas ag Énrí go raibh Seosamh go maith as ó thaobh airgid de ó na fichidí anall. Bhí a fhios aige freisin cad a bhí ar siúl aige—mar shampla an tagairt do na teangacha IndiaEorpacha san alt. D'fhéadfaí seo thíos a rá faoin gcuid is mó de na seanChonraitheoirí:

> But for over 25 years he has not been heard of in the newspapers, and a new generation has grown up to whom his name is quite unfamiliar.

Tá uimhríocht Énrí as alt ansin. Tá sé a rá nach raibh tagairt don Laoideach sna nuachtáin ó 1914. Thaispeánamar sa chaibidil seo go raibh ábhar faoi agus uaidh in ACS go samhradh 1916. Críochnaíonn Énrí go dearfach, áfach, agus ba dheacair easaontú leis:

> Peace to his ashes. Few of Erin's sons loved her language with such a peculiar, passionate, undemonstrative love.

Folaíonn an t-alt caidreamh fada idir Sheosamh agus Énrí a bhíodh achrannach go minic. Níor mhór sláinte Énrí agus cruinneas a chuimhne agus a phearsantacht a thabhairt san áireamh freisin agus *A Forgotten Patriot* á mheasúnú.

5.17 Comhfhreagras an Laoidigh agus Énrí Uí Mhuirgheasa

90. An tAthair Frainc Ó Muirgheasa, SMA (1924-1980)

Ba nia le hÉnrí an tAthair Frainc Ó Muirgheasa, SMA (1924-1980). Chuir an tAthair Ó Muirgheasa innéacs de pháipéir a uncail a bhí taiscithe i gCartlann Uí Mhuirgheasa, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, le chéile sna blianta idir 1973 agus 1975. Sa chartlann tá comhfhreagras Uí Mhuirgheasa, nó leath de; litreacha a fuair sé atá ann, ach ní léir gur choinnigh sé cóipeanna de na litreacha a scríobh sé féin. Orthu seo tá céad agus trí scór litir ar a laghad a scríobh an Laoideach chuig Énrí idir 1895 agus 1917.

Bhain an chuid is mó de na litreacha leis an tréimhse nuair a bhí Énrí ina chónaí sa bhaile i bhFearnaigh agus nuair a bhí sé ina idirghabhálaí idir an Laoideach agus seandaoine an cheantair a raibh an Ghaeilge acu. Ina dhiaidh sin bhain na litreacha le promhadh lámhscríbhinní i gcomhair foilsitheoireachta, saothar an Laoidigh ar dtús agus ar ball saothar Énrí féin.

D'úsáid Seosamh Énrí mar scríobhaí. Thugadh sé treoracha dó faoi dheachtú a ghlacadh óna athair, Lúcás, agus ó chainteoirí eile. Léirigh na litreacha go mbíodh téarmaíocht, gramadach, frásaí agus logainmneacha ag teastáil uaidh dá thaighde ar *Seachrán Chairn tSiadhail* agus do thionscadail eile. Is mar eagarthóir beadaí a scríobhadh Seosamh chuig Énrí go minic. Bhíodh sé fíorcháinteach agus caithfidh gur ghoill na litreacha go mór ar Énrí. Bhí de nós ag Énrí séimhiú a chur in ionad uraithe sa tabharthach uatha; níor aontaigh Seosamh leis an nós sin. Níor mhaith leis go nglaofaí ‘A Laoideach’ air. Caithfidh go ndearna Énrí gearán faoi bhailiú na logainmneacha. I litir a 17 deir Seosamh go bhfuil cabhair a chairde de dhíth air san obair seo, agus fosta cabhair na ndaoine a bhí i bhfearg leis. Tá sé ag iarraidh a fháil amach cá bhfuil Three Mile House. Ba shráidbhaile é gar do Chúil Darach (Newbliss).


17 28-12 Place names. I need the help of friends and also those who ar
angry with me!


Lloyd - 1908

Box 8 Envelope 6

1 14-2 You made two bad errors in the dedication of your book.
2 20-2 I made a mistake in writing so bluntly to you.

91. Sleachta as Innéacs chomhfhreagrais ÉÓM, An Coláiste Ollscoile, BÁC

Bhí an-díol ar na leabhairíní *Greann na Gaedhilge* a chuir Énrí le chéile, an díol ba mhó riamh ar fhoilseacháin de chuid an Chonartha. Mhaslaigh Seosamh Gaeilge Énrí. Dúirt sé go raibh a scríbhinní doléite agus go raibh an phoncaíocht go dona, go raibh na profaí go huafásach, agus go raibh cuid den ábhar mífheiliúnach do pháistí. Chuir sé fainic air faoi fhoilsiú gan chead. Tá an-chreidiúint ag dul go hÉnrí, agus d'Aindrias Ó Marcaigh, a chuir cuid mhaith den ghreann ar fáil, ach b'fhéidir go raibh moladh tuillte ag Seosamh as an eagarthóireacht chúramach.

Ba bhliain tábhachtach é 1907 d'Énrí. D'fhoilsigh an Conradh *Seanfhocla Uladh* dó. Ba leabhar é ba chóir a bheith faoi chúram Sheosaimh, ós rud é gurb é an Conradh a chuir amach é, ach níl an dealramh sin air. Énrí féin a chuir eagar air agus a chruinnigh na seanfhocail agus ba é comhlacht Tempest, Dún Dealgan, na clódóirí. Thiomnaigh sé an leabhar dá athair, Lúcás. Cháin Seosamh na botúin sa tiomna. Tá níos mó ná botún amháin ann; bhí an ceart ag Seosamh ach ní raibh Énrí buíoch de as na botúin a chur ar a shúile dó.


TAIRGIM

an leabhar seo do mo athair féin .i.

Lúcas ua Muirgheasa

óir

is aige-se tá an cáil is mó seanfocal a chuala mé ag aon duine ar bit,

agus

is uaid-se d'fóghlumear an cúr seanfocla mo cine do ghnáthughadh.

92. Tiomnú *Seanfhocla Uladh* le ÉÓM dá athair, Lúcas

Scríobh Seosamh ar ais chuige, dúirt Frainc Ó Muirgheasa, agus cathú air gur scríobh sé chomh borb sin cheana.

Tá dhá lítir ó Sheosamh go hÉnrí sa chartlann a scríobhadh i 1917. Scríobhadh an chéad cheann ar 18 Deireadh Fómhair 1917 agus an dara ceann seachtain ina dhiaidh sin ar 25 Deireadh Fómhair 1917. De réir ár n-eolais bheadh Seosamh ag obair in Oifig an Chuntasóra Ghinearálta i Londain ag an am seo. Níl na litreacha seo feicthe agam.

De réir mar a bhí sé ag fáil aitheantais ina cheart féin sea is lú ama agus foighne a bhí ag Énrí bheith ag giollacht do Sheosamh i bhFearnaigh. Mar a chonaiceamar, bhí Énrí gnóthach ina cheart féin, ag cur a leabhar le chéile agus mar sheandálaí leis an *Louth Archaeolgical Journa*l. Mar mhúinteoir bunscoile bhí sé daingean diongbháilte ar dhul chun cinn gairmiúil a dhéanamh ina ghairm. Chríochnaigh sé mar Leas-Phríomhchigire faoin Saorstát.

Ach maireann an cheist fós: ar mhair col éigin a bhí ag Énrí do Sheosamh, go coinsiasach nó go fo-chomhfhiosach, na blianta sin ar fad go 1939, col a thug ar Énrí, d'aon ghnó nó i ngan fhios dó féin, an oiread sin damáiste a dhéanamh go díreach agus go hindíreach do chlú Sheosaimh san alt sin sa *Leader*, i gcló a mholta? Sílim gur mhair, ach go raibh an freagra dáiríre i gcarachtar Énrí, mar a léirítear é san alt sin sa *Leader*. Ar bhonn an ailt seo, is féidir a rá go raibh sé tugtha don scaothaireacht; don ráfláil; b'fhear iompair scéala é nár bhac i gcónaí le foinsí na ráflaí a scaip sé a dheimhniú ná a n-iontaofacht a thriail.

5.18 Breith chóir ar Énrí Ó Muirgheasa.

93 . ÉÓM: clúdach a bheathaisnéise, 1974

Fiú san alt féin, 'A forgotten patriot', tá a lán atá dearfa faoin Laoideach. Go deimhin is laoi mholta an chuid is mó de. Ní mór a admháil go ndearna Énrí níos mó ná aon duine eile de lucht aitheantais an Laoidigh chun a dhea-cháil a chruthú agus a bhuanú, san alt seo, in ailt eile a scríobh sé agus i gcrostagairtí iomadúla ina shaothar féin do na hamhráin agus na nótaí a chuir an Laoideach i gcló.

D'fhógair sé a chomaoin phearsanta féin don Laoideach go minic. Dáiríre ba é printíseach an Laoidigh é mar bhailitheoir amhrán agus dánta agus mar bhéaloideasaí ginearálta, agus is maith a chruthaigh sé sa ghairm sin.

Tá eolas pearsanta san alt nach bhfuil ar fáil áit ar bith eile:

> I used to envy him this memory, so comprehensive yet so meticulously correct, just as I used envy him his beautiful handwriting both in Irish and English. He had a soft fat hand dimpled like a baby's, yet that somewhat heavy-looking hand wrote a light flowing script elegant in style and execution.
>
> He had a very handsome face, but the lack of expression was a shortcoming, for he never allowed his spirit or his feelings to swell up and give that illumination which renders even plain features beautiful.

Is cosúil go raibh sé dathúil, ach nárbh fhurasta a léamh óna aghaidh an raibh díomá nó ríméad air. B'ollamh i gColáiste na Tríonóide a athair, dar le hÉnrí. Níor cheartaigh William Lloyd é seo—sé sin, ghlac sé leis. D'fhéadfadh gur thug Seosamh an t-eolas seo d'Énrí. Ní abraim ach nach bhfuil taifead ar bith faoin gceapachán ná faoi cheapacháin eile faoina ainm sa Choláiste sa tréimhse chéanna. Ceapachán sealadach a bheadh ann, mar níor cuireadh síos air tráth a bháis mar ollamh nó mar iarollamh de chuid Choláiste na Tríonóide i gcuntas ar bith. Tá sé inchreidte mar sin féin go mbeadh sé ina léachtóir, nó fiú ina ollamh ar feadh scaithimh, ar fhianaise a thráchtais fhoilsithe: *Idioms of the German Language, together with the Proverbs,* agus ar fhianaise ardchaighdeáin an ábhair atá ann.

Níorbh é seo an t-aon alt cuimhneacháin ar Sheosamh a scríobh Énrí ag an am seo. Luann Frainc Ó Muirgheasa in *Énrí Ó Murgheasa (1874-1975),* gur scríobh sé alt don *Irish School Weekly*, nár aimsigh mé fós. Mhol sé go spéir é: 'one of the most extraordinary Irishmen of this generation….. a big imponderable force, whose example and labours were an inspiration to hundreds, and that at a time when the new idea of the language revival needed much inspiration…'. Chuir sé an bhéim ar a ghairmiúlacht mar bhailitheoir béaloidis agus mar scoláire. Dúirt sé go raibh críochnúlacht na nGearmánach aige ina chuid eagarthóireachta. Dúirt sé nár tháinig ach an deichiú cuid den ábhar a bhailigh Seosamh chun solais agus is oth leis gurb amhlaidh a bhí:

> He might be said to be ubiquitous at this time in Ireland, and for each district he had special notebooks so that he never mixed the dialects. Alas, where are those note-hooks now? Not. a tenth of their contents has been published.

Ba Ghaeilgeoir uile-Éireann é. Bhí máistreacht aige ar na canúintí ar fad. Maidir leis na leabhair nótaí, tá siad ann i gcónaí, i dtaisce sa Leabharlann Náisiúnta agus san Acadamh Ríoga, a bhuíochas san do Shéamas Ó Casaide agus do William Lloyd. Cinnte, b'fhiú taighde grinn a dhéanamh ar na leabhair nótaí seo agus tá a thuilleadh atá spéisiúil ina chartlann san Acadamh Ríoga.

Is minic a threabh Énrí gort a bhí treafa cheana féin ag Seosamh, mar shampla amhráin Uladh agus amhráin na Mí ach bhí Énrí cúramach i gcónaí saothar an Laoidigh ar mhír ar bith a admháil. Cé go mbíodh caidreamh míshocair eatarthu mar a thaispeánamar, bhí caidreamh táirgiúil, rathúil eatarthu freisin, agus tá an toradh ar sin i gcló.

5.19 An Laoideach ar scor:'Tadhg Ó Céin' agus blúiríní eile

Níl an chéad leathanach den dréachtlitir seo thíos agam. Má tá fíorscéal taobh thiar di is é gur thug Seosamh cuairt ar scoil nó ar rang Gaeilge agus gur fhan sé tamall ag féachaint ar an múinteoir ag teagasc. An briathar 'Tá' b'ábhar don cheacht. Is cosúil go roghnaíonn an teagascóir, 'Tadhg Ó Céin', an fhoirm scartha, 'tá mé, tá tú, 7rl.' le múineadh ach níl Seosamh ar aon intinn leis. An fhoirm tháite 'táim, táir, 7rl...' a bheadh mar rogha ag Seosamh. Ba í seo, dar leis, an fhoirm a bhíodh in úsáid i nGaeilge Laighean. Níor chuir sé isteach ar an múinteoir ná níor cheartaigh sé é, mar ba mhór ag Seosamh díograis agus dúthracht an mhúinteora seo ag teagasc na Gaeilge do na daoine óga.



Usadh	Iolradh
1 p. táim	1 p. támaoid
2 p. táir	2 p. táthaoi
3 p. tá	3 p. táid

94-95. Dréachtlitir SL chuig ‘Tadhg Ó Céin’

.... le dúthracht agus le díbhirc agus le dícheall mar is deise agus mar is finne, mar is fíre agus mar is fírinnighe agus mar is pléisiurtha agus mar is plasánta agus iad ar ógh ag déanamh a gceacht mar is mó agus is feárr.

Do fhanas tamall nó go bhfaca ní éigin ar sgríobhadh agat ar an gclárán agus do chonac annsin an aimsir láithreach óghachtamhail den bhréithre ‘do bheith’ ar an gclárán ód láimh. Ní maith liom aon locht d’fhagháil ar ar sgríobhais ar an gclárán agus tú ag iarraidh do dhíchill agus do dhúhracht do leigean uait fá’n bhfoghluim do mhéadughadh ag sgoláiribh na sgoile, acht ba mhaith liom a chur ar do shúilibh duit go soiléir solasmhar cionnas mar atá an aimsir bhréithre sin ag sgoláiribh Laighean na hÉireann ógha i gcomhnaidhe gnáth go dtí indiu

Sin mar a theagaisthear an aimsir bhréithre sin i Laighnibh na hÉireann ógha i sgolaibh na máistir is feárr cáil agus clú agus ainmneamhlacht agus fíor-mhór-mhaiseamhlacht fá gach aon ní do theagasg mar is blasda agus mar is binne, mar is cruinne agus mar is caoine agus mar is iomláine, agus iad mar is mó agus mar is feárr fá gach ceacht do chur i gcionn ar sgoláiribh a sgol, lena gcur fá ceart agus le cruinneas agus le cóir agus le fírinne i n-a bhfoghluim agus i n-a eólas

Guidhim thú fá n-a lorg do leanamhain go dúthrachtach dícheallach díbhircheach i gcomhnaidhe go deo. Is iad Laighin ceann na hÉireann ógha agus an Tré-Fóid agus is ó Laighnibh na hÉireann

ógha atá an Ghaoidhilg ag leathadh go míorbhaileach ó Neamh faoi chúram Dé Uile-Chumhachtaigh atá ann agus a bheas ann go deo.

Mise, Seosamh Laoide

Do Thadhg Ó Céin,
Teagasgthóir Sgoile na Gaoidhilge,
I réidhlig Bharr Na Coille,
I gCualainn i Laighnibh na hÉireann Ógha.



96. Seoladh ar dhréachtlitir SL chuig 'Tadhg Ó Céin'

D'fhéadfadh gurb é Tadhg Ó Céin ainm an mhúinteora dháiríre. Ba laoch finscéalach Tadhg Mac Céin, nó b'fhéidir gurb é an seanscéal táibhsí *Tadhg Ó Catháin agus an Corpán* a d'fhoilsigh an Craoibhín blianta fada roimhe sin (1889:107-134) a bhí ina aigne. Mhíneodh sin an seoladh fonóideach 'i Réidhlig Bharr na Coille'.

Ar a fheabhas ba dhréacht nó ba chleachtadh a bhí sa litir seo. Léiríonn sé go raibh dea-thoil agus suim ag Seosamh san fheachtas chun an Ghaeilge a bhuanú mar chuid den chóras oideachais, fiú más ar an imeall a bhí Seosamh féin ag an am seo. Luann sé an Tré-Fhóid arís agus tugann sé faoi deara gur 'ó Laighnibh na hÉireann ógha atá an Ghaoidhilg ag leathadh go míorbhailteach ó Neamh faoi chúram Dé Uile-Chumhachtaigh.....'.

San fhillteán úd sa Leabharlann Náisiúnta, Rannóg na Lámhscríbhinní, tá nótaí éagsúla nár baineadh úsáid astu ach mar chleachtadh, déarfainn féin. A leithéidí seo thíos:



97. Ceann de na nótaí ilchineálacha i bhfillteáin SL sa Leabharlann Náisiúnta

Sílim gur iarscríbhinn do litir chuig Everard Digby atá ansin. Tá's againn go ndearna Seosamh staidéar ar an nGréigis go leibhéal céime i gColáiste na Tríonóide. Deir sé sa nóta gur cheannaigh sé *Stair Herodotus* ó Hodges and

Figgis. Bhí go leor téacsanna de *Stair Herodotus* ar fáil ag an am agus an bunleagan agus an t-aistriúchán céim ar chéim lena chéile. Ar a laghad tugann an iarscríbhinn sin leid dúinn faoi mar a chuir Seosamh ar scor dó an t-am isteach, i.e. go raibh sé fós i réimse na hacadúlachta. Is leid é chomh maith faoina shuim i dteangacha, beo nó marbh.

Chumadh sé nótaí do sheirbhísigh agus ceardaithe. Scéal eile é ar sheol sé na nótaí seo chuig na ceardaithe agus na seirbhísigh atá ainmnithe. Seans go bhfaca sé todhchaíocht do Ghaeilge na cathrach mar a bhí sí ag forbairt agus gur shamhlaigh sé cumarsáid scríofa le ceardaithe agus lucht freastail dó féin, nó b'fhéidir go raibh téacsleabhar ina chloigeann aige arís:



98. Ceann de na nótaí ilchineálacha i bhfillteáin SL sa Leabharlann Náisiúnta

I bhfad ó cúl a thabhairt don Ghaeilge, bhí Seosamh ag samhlú a thí agus é riartha trí mheán na Gaeilge. D'fhéadfadh, ar ndóigh, gur fheidhmigh sé reáchtáil an tí trí Ghaeilge, ach níl fianaise ar bith agam go ndearna sé é seo, ná níl fianaise agam go raibh an Ghaeilge ag Esther.

Ordúghadh do Cheardaidhe
Do Uilliam Mac Giolla Choille, An 19 de'n Mhiodhfhóghmhair, 1922.
Pluimíseóir, Caisleán Uí Bhroin, Uí Bhriúin Chualann
Glaodh ag Buaile na Gréine Páirc Thighe Lorgáin, fá chóiriughadh píopa atá ag ligean as. Seosamh Laoide

Seo ceann eile—nóta chuig bean aimsire an lá dár gcionn, chuig Mrs. Edwards, b'fhéidir, á rá léi ligean 'leis an uisce do'n chéad ní'.



99. Ceann de na nótaí ilchineálacha i bhfillteáin SL sa Leabharlann Náisiúnta

5.20 Eipeagrafaíocht an Laoidigh

D'ullmhaigh sé nóta eile don teaghlach ar fad:



100. Ceann eile de na nótaí ilchineálacha i bhfillteáin SL sa Leabharlann Náisiúnta

Ordughadh don Teaghlach fá gan aon díoghhbháil do na clochaibh insgríbhne do thiomairgeas fá Pháirc Thighe Lorgain Bhrighde Naoimhe .
Ná bain leis na clochaibh seo, led' thoil

101. Clocha agus scríbhinní orthu

Bhailigh sé clocha agus scríbhinní orthu i bPáirc Stigh Lorgan in aice lena theach cónaí, agus i gceantar Rath an Dúin go ginearálta. Níor bhain aon duine leis na clocha seo. Tá siad i mbosca, slán sábháilte san Acadamh Ríoga. Seosamh féin a chuir isteach iad sa bhliain 1933. Tá an mhír seo i liosta ábhair a bhaineann le Seosamh Laoide nó J.H. Lloyd san Acadamh Ríoga a sheol Sophie Evans, leabharlannaí cúnta san Acadamh, chugam:

Manuscript Number: 4B 45
Title or description: Inscribed Stones
Author: Lloyd, Joseph H.
Description : Parcel Containing Inscribed Stones
Subject: Inscriptions. Monuments. Stones.
Acquisition: Deposited by J. H. Lloyd in June 1933, and presented by his executor, W. J. Lloyd, in March 1950.
Acquisition Date: June 1933.
Shelved at SR

Bhí Seosamh féin ag plé leis an Acadamh Ríoga i Meitheamh na bliana 1933. Níl 'fhios agam cad is fiú na clocha ná na scríbhinní atá orthu, ach bhí suim ag Seosamh san ogham féin, agus san eipeagrafaíocht i gcoitinne, mar a thaispeánann an dréachtlitir seo a scríobh sé freisin i 1933, go deimhin seachtain

nó dhó sular chuir sé na clocha sin isteach san Acadamh, agus é idir shúgradh agus dáiríre ag lorg oibre in Iarsmalann Uladh:

Buaile na Gréine,
Stillorgan Park,
Co. Dublin.
29th May 1933.

Dear Mr. Martin.

I remember vividly our meeting each other in Belfast and the long discussion we had together on Irish and Scotch surnames of the Góidelic race and I turn to you now in my present plight which is forcing me to forsake the Irish Free State and to go into Ulster in order to take up residence in Belfast, if things must come to that, being occasioned by dire necessity and I believe that you can be of very great help to me in obtaining work for me in the Belfast Museum as ógammist, that is, as one thoroughly skilled in deciphering and interpreting ógamm inscriptions and other inscriptions in languages other than the ógamm of the Irish of the Góideil and it is myself with truth who have thorough and very great knowledge of all things just mentioned as is clear to you according to the following list of inscriptions gathered by me in the two baronies of Rathdown and the City of Dublin , South Side and North Side.


In Ogammic Irish ... 145 inscriptions
" Ordinary Literary Irish 898 "
" Crim-Gothic 132 "
" Anglo-Saxon 32 "
" Lithuanian 8 "
" Land-Frisian 2 "
" Phoenician 3 "
" Greek 2 "
" Gaulish 3 "
" Cermanionic 2 "
" Old High-German 8 "
" Old Norse 4 "
" Etruscan 2 "
" Middle-English 2 "
" Norns 2 "
" Danish 1 inscription
" Icelandic 1 "
Total 1242

102. Liosta SL de na teangacha ar na clocha a bhailigh sé

In Ogammic Irish 145 Inscriptions
Ordinary Literary Irish 898
Crim(ean)-Gothic 132
Anglo-Saxon 32
Lithuanian 8

Land –Frisian 2
Phoenician 3
Greek 2
Gaulish 3
Cermonionic
Old High German 8
Old Norse 4
Etruscan 2
Mddle English 2
Norns 2 (Bandéithe Ioruacha---figiúirí)
Danish 1 inscription
Icelandic 1

Total 1242

> You can easily understand, according to the above, that I am a thorough and very great oggammist and a very great scholar and a thorough and very great philologist and a thorough and very great speech-grammarian with unerring aim and perspicacity for results of investigation and thorough and very great is the help that I could give to the Belfast Museum in deciphering and interpreting the oggams of which have been found containing numerous oggam inscriptions and numerous other inscriptions in Noéndroim (which is on Mahee Island) recently and of which Northern Ireland has been taking thorough care with introspection of their legend.
>
> Trusting that you will do your very best for me and also that your courteous and kindly spouse is in the very best of health and spirits, as usually expressed in very ordinary talk, no doubt in the North as around here.
>
> Yours faithfully,
> J.H. Lloyd.
>
> Edward Martin, Esq., Messrs Adam, Martin, and Sons. Divis Street, Belfas**t**

(Cuireann sé leagan den ainm agus den seoladh i nGaeilge na tréimhse 600-900 A.D. roimh an leagan i mBéarla.)

Eipeagrafaíocht an téarma atá ann don staidéar ar na scríbhinní a fhaightear ar chlocha nó ar iarsmaí eile, agus mar sin b'eipeagrafadóir príobháideach nó rúnda Seosamh. Chuardaigh sé iarsmaí cloiche i bPáirc Stigh Lorgan agus i gceantar Rath an Dúin, má tá an fhírinne folaithe sa dréachtlitir thuas, agus fuair sé níos mó ná míle sampla. Seans go raibh an sainchaitheamh aimsire seo ar siúl aige ó chuir sé faoi i mBuaile na Gréine i gcéaduair.

103. Láthair Mhainistreach Nendrum ar oileán Mahee i Loch Cuan

Bhí sé i dteagmháil le himeachtaí san eipeagrafaíocht ar fud na hÉireann. Bhí eolas aige faoin tochailt a rinne H. C. Lalor ar láthair Mhainistreach Nendrum (thuas) ar oileán Mahee i Loch Cuan. Fuarthas tríocha slinn agus inscríbhinní orthu ar an láthair sin, agus tugadh d'Iarsmalann Uladh iad. D'fhéadfadh go raibh folúntas ann do dhuine a d'fhéadfadh staidéar a dhéanamh ar na slinnte seo agus gur chuir Seosamh isteach ar an obair, cé nach dócha gur sheol sé an litir seo. Tugann sé an chúis—is mian leis an Saorstát a fhágáil:

> I turn to you now in my present plight which is forcing me to forsake the Irish Free State and to go into Ulster in order to take up residence in Belfast, if things must come to that, being occasioned by dire necessity...

Chuir an Chomhdháil Eocairisteach, 1932, agus rialtas nua De Valera, scanradh ar a lán Protastúnach agus bhí go leor acu ag smaoineamh ar imeacht as an Saorstát. Chuaigh cuid mhaith thar teorainn ó thuaidh chuig na Sé Chontae. Níl 'fhios agam ar bhraith Seosamh an brú seo nó ar bhraith sé go raibh toirmeasc oifigiúil fostaíochta fós air sa Saorstát.

5.21 Iarracht ar gearrscéal a scríobh

Léiríonn na páipéir san fhillteán úd sa Leabharlann Náisiúnta gné eile de shaol Sheosaimh sna blianta seo ar scor dó. Thug sé faoi gearrscéal a scríobh sa Bhéarla. Scéal fada é, faoi Maurice agus Doris, iad araon dílis do chuimhne leannán, beo nó marbh, a bhí acu tráth ach gan iad a bheith réidh scaradh leis an am atá caite. Tugaim an leathanach deiridh anseo:

> ....to have been in all my thoughts.'

‘It is very good of you to say so, but you do not see that your case is different from mine. My beloved was always true to me and I must remain true to him. But what can that avail you now, Doris? He cannot return to you and you may find in time that I will console you for your loss. Let me quote you an incident from an ancient ballad. A knight and a lady, each in search of a fugitive love, meet in a wood. Having confided in one another, they both deplore their loss, but finally the knight, perceiving how fair the lady is, and the lady also being attracted towards the handsome knight, the spell of the occasion enthrals them, and they agree to go through life’s journey together, exclaiming ‘Henceforth let us sorrow in company!’

Why should we not follow their example, Doris? It is no shame to either of us to have had a former love. Let us rather always feel proud of this. It will teach us mutual trust. Thus shall we console each other, and a stronger bond of affection grow between us.’

Doris, looking but half-convinced, gazed into Maurice’s eyes. That glance was sufficient. She realised his sincerity and determination and softly murmuring the one word ‘Maurice’, found herself in his arms. [CRÍOCH]



104. Iarnóta do ghearrscéal Béarla SL

Síniú ar chlé : J. H. Lloyd, 2 Stillorgan Park. Co. Dublin. [Author’s real name!]

Nóta ar dheis: Not for publication on any account. I am a prentice hand and have never written the like before. Not that I expect a prize or acceptance---impossible. I try, wondering how short stories have impressed me.

Mar a mhíníonn sé féin san iarscríbhinn, ba phrintíseach é ag cumadh gearrscéalta. Tá an stíl righin, foirmiúil agus sean-nósach. Cuimhnímis go raibh *Men Without Women* scríofa ag Ernest Hemingway i bhfad sular bhreac Seosamh síos an scéal seo. É sin ráite, cinnte bhí an cumas agus an fhéith ann ficsean a scríobh, sa Bhéarla nó sa Ghaeilge. D’fhéadfadh gur scéal dírbheathaisnéiseach é seo—go raibh leannáin eile i saol Esther agus Sheosaimh—tuige nach mbeadh?—agus gurb é an socrú a rinne siad ná fanacht lena chéile gan dearmad a dhéanamh ar na seanleannáin ach gan a bheith ina bpríosúnaigh ag an tseanchuimhne.

Léiríonn na scríbhinní san fhillteán úd sa Leabharlann Náisiúnta i Sráid Chill Dara gur mhair an dúlagar intinne a bhí ar Sheosamh ar feadh i bhfad, b'fhéidir ar feadh an chuid eile dá shaol, ach nach bhfuair an néaróis bua iomlán air. A mhalairt ar fad—tá sé soiléir go raibh meánchumas ar a laghad ann a bheatha agus a theaghlach agus a ghnó a riaradh. Bhraithfeá go bhfillfeadh sé ar shaothrú na Gaeilge dá bhfaigheadh sé deis chuí. Níor thug sé a chúl don léann. Thriail sé réimse léinn nua—an eipeagrafaíocht. Thriail sé a chruthaitheacht liteartha féin i gcruth an ghearrscéil. Bhí sé ag smaoineamh ar a oidhreacht. D'fhág sé liosta fada lámhscríofa dá shaothar thar na blianta. Mar Phrotastúnach bhraith sé faoi ionsaí sna tríochaidí mar a bhraith an pobal Protastúnach i gcoitinne. Cé go raibh saol réasúnta compordach de réir dealraimh aige féin agus ag Esther, bhí sé ag gearán faoi ghanntanas airgid fós i dtús na dtríochaidí.

5.22 Stiofán Bairéad

Níor mhór an strus ar an Laoideach a mheá i gcomhthéacs a raibh ag tarlú do dhaoine eile mar é a thuig an chontúirt don Chonradh agus do chúis na teanga gluaiseacht pholaitiúil a dhéanamh de. Dá mhéad dá raibh á dhéanamh ag Conraitheoirí sna hÓglaigh nó i Sinn Féin, sea is lú a bhíodar ag déanamh sa Chonradh, mar a mhínigh Proinsias Mac Aonghusa (1993:161). Féachaimis ar dhála Stiofáin Bairéad, a d'fhan dílis go bás, de réir *ainm.ie*.[78]

> Ó 1915 amach is ag dul in olcas a bhí cúrsaí an Chonartha. Ba mhinic gach duine de na hoifigigh i bpríosún ach amháin Stiofán agus air a thiteadh an obair ar fad. Faoi 1920 ní raibh éinne den seandream fágtha ach é. An dream nua a bhí tagtha chun cinn i ndiaidh Ard-Fheis 1915 ní raibh aon bhá acu leis. Cé nach raibh aige ach 53 bliana d'aois, shíl siad go raibh sé róshean. Ba mhaith leo é a chur amach ar pinsean. Ní raibh an croí ar fónamh—croí na féile, bhí cúrsaí na tíre trí chéile agus bhí sé ag déanamh buartha faoin gclann óg a bhí i gcleithiúnas air. Bhuail an bás é ag searmanais Aoine an Chéasta, 25 Márta 1921, in Eaglais Bhóthar Bherkeley i mBaile Átha Cliath.

Is as *Misneach,* i.e. ACS faoi ainm eile, eagrán Aibreán 2 1921, fógra báis Stiofáin.

[78] Breathnach agus Ní Mhurchú, *ainm.ie*, s.n. Bairéad, Stiofán (1867-1921), ceadaithe 29 Feabhra 2020.



Uimh. 72 ABRAN 2, 1921 2d.

Stiophan Baireud.

Bas Chisteoir an Chonnartha.

Stiophan Baireud.

Méala mór linn Sciopán Bairéad, Cisteoir Connarta na Saeóilge, do cailliúnc go tapaid Aoine an Céasca. Le na bás imigean uainn cara dílis don Saeóilg agus oibri dúchraccac ar a son. Di bainc as Sciopán leis an gConnrad ó cuiread ar bun é, agus roime sin fém dí sé ag obair ar son na teangan.

Cuaid sé i mbun airgead an Connarta an tráth mar cisteoir onórac, ac tréis tamaill, nuair a cuaid an obair i ndéine go mór de barr fás na gluaiseacta, do socraigead gur ceart oifigeac ar cuarastal beit i mbun an ciste agus dob é Sciopán a togad cun an puist. Da mait an toga é don Connrad mar níor cuig Sciopán aon lá failli riam san obair.

Maidean Dé hAoine bí sé san oifig 'na gnáth-slainte, agus é ag socrú agus ag cur i dtreo i nduaid réid a dineadh ar an áit an oíche roime sin. Is beag a ceap éinne go raib an bás có comgarac de. D'fág sé cimpal lán an lae agus dob é an céad ní eile a cualacas 'na taob ná é beit tréis bais. Is amla táimig laige air agus é istig i séipéal Sráid Deiccli ag rá a páidreac. Tréis do sagart friocáil air do tugad cun an óisbidéil é ac bí an t-anam imtce as.

Níor chuaid Sciopán saor ó bhuairt an togaid seo. Tamal ó shin, nuair a dineadh réid ar an oifig, do tógadh daingean an airgid chun siúil as an oifig agus do fágadh sgéal i gcóir an chisteora an eochair a bheith leis go dtí an Caisleán chun go n-osglófaí é. Nuair a thug Stiophán an eochair leis lárna mháireach do tógadh é fein agus do cuireadh ina leith go raibh gunna aige san oifig. Thréis dó cúpla mí a thabhairt sa phríosún do trialadh é agus do fuarthas nea-chiontach (é).

Ás Saeóilg do Labair Sciopán le linn na trialac agus níor aicin an cúirt.

Saeóilgeoir maic ab eaó é agus Saeóilgeoirí iseal a baintreac agus a clann go léir, go dtuga Dia sólás dóib. Dí spéis mór aige ins gac éinne a bain leis an dteangain agus níor beag é a cuid oibre ar a son. Lasmuic dá cúram féin, cúrsaí an airgid, ní raib sé díomaoin. Dob é do cuir "Leabar Cainte," do sgríob "Deirt Fear," in eagar roimt blian ó shin agus tá rian a saoctair le fáil, leis, in "Imteacta an Oireactais." Fáinneac dílis ab eaó é có maic agus is mó cabair agus comairle a tug sé don cuman san ó tosac.

Ás cruinniú speisialta den Coiste Snóca do táinig le céile Dé Máirt do cuiread rún bróin dá muintir i bfeirm d'aon guc.

105. Fógra báis Stiofáin Bairéad, i *Misneach*, Aibreán 2 1921

Tá an paragraf seo thíos sa cholún ar dheis:

> Níor chuaidh Stiophán saor ó bhuairt an chogaidh seo. Tamal ó shin, nuair a dinneadh réid ar an oifig, do tógadh daingean an airgid chun siúil as an oifig agus do fágadh sgéal i gcóir an chisteora an eochair a bhreith leis go dtí an Caisleán chun go n-osglófaí é. Nuair a thug Stiophán an eochair leis lárna mháireach do tógadh é fein agus do cuireadh ina leith go raibh gunna aige san oifig. Thréis dó cúpla mí a thabhairt sa phríosún do trialadh é agus do fuarthas nea-chiontach (é).

An léargas is truamhéalaí a thagann as an tuairisc mhéala sin ná an dóigh ar ciapadh Stiofán Bairéad ag an dá thaobh. Shiúil sé cuid den bhealach leis na réabhlóidithe ach b'fhíor-Chonraitheoir agus fíor-athbheochanóir cosúil leis an Laoideach é, nár ghlac páirt ar bith san Éirí Amach ná i gCogadh na Saoirse. Bheadh gach uile eolas faoi Sheosamh ag an gCaisleán as an 'réid' sin ar oifig an Chonartha, a tharla i bhfad i ndiaidh 1916, agus ó fhoinsí eile. Tá sé sochreidte go gcuirfeadh an Caisleán an córas slándála i Londain ar an airdeall faoi, agus

go gceisteofaí é faoi Ó Coileáin, a bhíodh ag obair níos luaithe i gcraobh eile d'Oifig an Phoist i Londain, mar a thuairimigh Cormac Lloyd.

5.23 An Laoideach agus na leabhair i 1920 agus ina dhiaidh.

Chuir Everard Digby an litir thíos chuig Seosamh 2 Deireadh Fómhair 1920. Bhí sé ag scríobh óna áit chónaí, 47 Charleville Road, Londain W14, bóthar faiseanta i Kensington i lár na cathrach. Níl an seoladh seachadta agam ach sílim go raibh Seosamh agus Esther i Londain fós, is dócha ag 43 Sandringham Gardens, agus go raibh Seosamh tinn fós ach ag téarnamh.

> l7 Charleville Road,London, W. 14.
> 2/10/20
>
> My dear Lloyd—
>
> How are you getting along? Are you at work at anything again yet? I had called at Hodges Figgis at Nassau Street and arranged about the binding of 50 copies of *Mac an Iolair*—there was a balance of some £3 to credit which I said could be left to pay Falconer's bill. I also called at Brown and Nolan and they promised to send you a statement of a/c and send to you any cash on hand. I also went to Hanna and Neal and made the same arrangement if there was any a/c there—they promised to communicate with you. I hope all have done as arranged.
>
> How is Mrs. Lloyd? I hope her nerves and health have improved under your kindness and care. 'Nerves' are a very trying ailment and worry of all kinds should be avoided.
>
> Please give her my kind regards and believe me, yours sincerely,
>
> Everard Digby.

Ní dóigh liom gur obair na Gaeilge atá i gceist ag Everard sa dara habairt, 'Are you at work at anything again yet?' ach obair de shaghas ar bith. Is cosúil go raibh 'na néaróga' ag cur as do Esther freisin agus ag an bpointe seo nach raibh sise ar fónamh ach an oiread.

Nuair a bhí Everard i mBaile Átha Cliath thug sé cuairt ar thrí shiopa leabhar. Tá na siopaí leabhar seo ainmnithe ar chlúdach *Eachtra Mhacaoimh an Iolair, mhic Ríogh na Sorcha*—Hodges Figgis, Sráid Ghrafton, na foilsitheoirí, Brún & Ó Nualláin, Sráid Nassau, agus Hanna & Neale, Sráid Nassau, nó Sráid Thobair Phádraig, mar a bhaist Seosamh féin uirthi.[79] Is léir go raibh suim ag Seosamh i

[79] Is Sráid Nassau í ó 2004 de réir *logainm.ie* (ceadaithe 3 Eanáir 2021).

gcónaí ina chuid scríbhneoireachta; shocraigh Everard leis na foilsitheoirí Hodges and Figgis go gceanglófaí 50 cóip bhreise den leabhar a scríobh siad beirt le chéile. Thug Everard cuairt ar na trí shiopa ag iarraidh orthu ráitis chuntais a sheoladh chuig Seosamh agus pé dleachtanna a bhí iníoctha ar dhíol *Eachtra Mhacaoimh an Iolair Mhic Ríogh na Sorcha* a chur ar aghaidh chuige. Seans nach raibh Seosamh chomh dealbh is a dúradh, mar níor chuir Everard an bhéim ar íocaíocht phras. Ar chaoi ar bith níor sheol Hodges Figgis ráiteas chuige go deireadh na bliana 1920. Tá an ráiteas agus an comhfhreagras seo i bhfillteán i Roinn na Lámhscríbhinní sa Leabharlann Náisiúnta. Féach gur 'The Eagle Youth' atá mar cheannteideal ar an ráiteas—aistriúchán ar 'Macaomh an Iolair'. Bhí dleachtanna arbh fhiú £3-9s-6d iad ó dhíol 39 cóip carntha do Sheosamh.

106. Dleachtanna iníoctha ag Hodges Figgis ar dhíol *Eachtra Mhacaoimh an Iolair Mhic Ríogh na Sorcha*

Bhí Cogadh na Saoirse faoi lánseol. Rinne Everard neamhshuim den chúlra sin ina litir.

5.24 Leabhair an Chonartha agus an Laoidigh i ndiaidh 1916.

Fágadh stoc cuimsitheach de na leabhair a chuir an Laoideach le chéile agus in eagar ar láimh ag an gConradh i ndiaidh 1916. Tá cur síos in Aguisín I, 'Leabhair an Laoidigh agus an Chonartha' ar cad a tharla dóibh.

5.25 Scéal na bhFáinní

Bhí Everard i dteagmháil leanúnach le Seosamh. Scríobh sé litir shuimiúil ar 2 Feabhra 1921:



107. Litir chuig SL ó Everard Digby, 2 Feabhra 1921

4l7 Charleville Road,
London, W. 14.
Tuesday 2/2/21.

My dear Lloyd,

The new year is well on now, but the bullying and terrorism practised by the powers that be does not seem to diminish. It is terrible that a country calling itself civilised can descend to such methods and act to crush the life and power of resistance out of a small and weak people. I was horrified to see that they had taken the life /shot a farmer by order of a military court because he was in possession of a revolver. A human life to be taken for such a reason—it is the very very prostitution of might! A murder is a murder whether it is committed by the mighty or the weak. But ‘might’ is strong and now immoral in Ireland. How are you getting on? And what are you working at? I hope Mrs. Lloyd is well and can enjoy getting out these fine days—I do not ever remember having

> experienced such a mild winter. I hope you have been keeping well and are occupied on something that is attractive and pleasing to you.
>
> With my kind regards to Mrs. Lloyd and remaining,
>
> Yours sincerely, Everard W. Digby

Rialtas na Breataine atá á cháineadh ag Everard. Tá sé ag tagairt do lámhach an Chaptaen Cornelius Murphy an lá roimhe sin, 1 Feabhra, 1921, as Sráid an Mhuilinn, Co. Chorcaí, a básaíodh le scuad lámhaigh i gcathair Chorcaí, toisc go raibh gunna láimhe agus seacht bpiléar ina sheilbh aige—an chéad bhású faoin dlí míleata a thug na Sasanaigh isteach an bhliain roimhe sin. D'achtaigh an Saorstát an dlí gránna céanna i leith Poblachtach sa Chogadh Cathartha. Is fianaise an litir gur phléigh Seosamh agus Everard a raibh ar siúl ag an am. Is léir nach raibh Esther ar fónamh ach an oiread ach go raibh biseach a dhóthain ar Sheosamh chun go mbraithfeadh Everard gur chóir go mbeadh sé i mbun oibre de chineál éigin arís.

Scríobh Liam Mac Mathúna (2000-2001:100-101):

> Baineann an comhfhreagras a thosaigh i mí an Mheithimh le hábhar níos tromchúisí don lánúin. Tá sé mar eachtra fhinscéalaíochta i saothar Phádhraic Uí Chonaire nó Guy de Maupassant féin. Fáinní de chuid Mrs. Lloyd a bhí i ngeall i Londain agus na hiarrachtaí a deineadh iad a fháil ar ais is ábhar do na litreacha agus caitheann an eachtra solas ar staid airgid agus easpa cumais feidhmithe an Laoidigh san am.

Bhí Everard ar ais i mBaile Átha Cliath i mí na Bealtaine, 1922. Bhí sé ag fanacht in Óstán na gCeithre Cúirteanna. Mar fhreagra ar litir a fuair sé uaidh chuir Seosamh cárta poist chuige. Ní féidir a bheith cinnte arbh i mBéarla nó i nGaeilge a scríobh sé chuig Everard ach chuir Seosamh cuntas ar ar scríobh sé, nó cóip de, ina leabhar litreacha atá, mar is eol dúinn, sa Leabharlann Náisiúnta. Ceithre seachtaine roimhe sin ghabh Rory O'Connor, Sean Lemass agus a gcomplacht, nár ghlac leis an gConradh Angla-Éireannach, seilbh ar na Ceithre Chúirteanna, béal dorais ag an óstán. Bhíodar ann nuair a bhí Everard ag fanacht san óstán agus nuair a thug Seosamh cuairt air ansin, ach ní ionsódh an Saorstát na Poblachtaigh. Bheidís faoi léigear go ceann cúpla mí eile.



108. Dréacht de chárta poist le SL chuig Everard Digby dar dáta 11 Bealtaine 1922

Buaile na Gréine,
Páirc Thighe Lorgáin Bhrighde Naoimhe,
Uí Bhríúin Chualann,
An t-11 de'n Bhealtaine, 1922.
(Cárta Poist)

Fuaireas do leitir ar maidin indiu. Is maith liom thú do bheith ar ais i nDuibhlinn Átha Cliath agus tú go maith fá shaoghal agus fá shláinte. Is breá lem' mhnaoi thú do bheith ar ais in Éirinn agus tá súil aici led' bheith ar chuairt agus ar chéilidhe annso mar is túisge. Tá cara linn ar ógh ag fanamhain ar aoigheacht againn .i. Gearaltóg de na Dársachaibh (Geraldine Darcy?) .i. bean phósta ar féarán do casadh ort go minic i n-Aoilinn na Breataine agus go háirithe ag Staisiún Dúinfheirme (Waterloo) taobh theas den Tamha (Thames) agus sinn ar ógh le pléisiúr agus le plasántacht an lá sin.
Seosamh Laoide.

I. S. Is dócha go mbéad ar chuairt agat idir a trí agus a cúig iarnóin amárach an 12.]

Do Iorard de Teiltiún, Uasal, Teach Ósta na gCeithre Cúirt, Duibhlinn Átha Cliath.

Is beag comhartha atá ar an gcárta ar dheis go raibh Seosamh as alt bealach ar bith. Dhréachtaíodh sé an cárta nó an litir ina chóipleabhar go cúramach agus

ansin scríobhadh sé amach don phost é. Tá ríméad air féin agus ar Esther go bhfuil Everard ar ais sa chathair. Bheadh Everard ag fanacht leo i mBuaile na Gréine, is dócha, ach go raibh aoi acu cheana—Geraldine Darcy Hunter, an bhean a bhí ina finné d'Esther ag a bpósadh in Ealing. Bhí stair choitianta acu ceathrar in Ealing, nó in Aoilinn mar a thug Seosamh air.

Bhí faoi Sheosamh bualadh isteach sa chathair an lá dár gcionn chun teagmháil le Everard. Níl tagairt ar bith don chogaíocht ach bheadh an tslándáil go feiceálach timpeall orthu. Ní thagann an neamhshuim seo sa tsábháilteacht leis an íomhá den Laoideach scáfar a chruthaigh Ó Muirgheasa ina alt cuimhneacháin. Nuair a bhuaileadar le chéile d'inis Seosamh scéal na bhfáinní. Bhíodar i ngeall i siopa geallbhróicéara in Acton, Ealing. Seo an litir a scríobh sé chuig Everard ar 17 Meitheamh 1922, nó ar a laghad cóip nó dréacht di mar atá sí i gcóipleabhar Sheosaimh sa Leabharlann Náisiúnta:

> Buaile na Gréine,
> Páirc Thighe Lorgáin Bhrighde Naoimhe,
> Uí Bhríúin Chualann,
> An 17 de'n Mheitheamh, 1922.
>
> A Iorard de Teiltiúin, a chara,
> Is cuimhin leat go rabhas ag caint leat fá sheodraidh mó mhná agus iad i ngeall i mBaile na nDarach nach bhfuil ró-fhada ón áit a bhfuilir-se, fá ní éigin do dhéanamh fá n-a dtarrtháil as crúbaibh an duine go bhfuilid i ngeall ina shiopa, agus é iarratach ar a ndíol mana bhfaighidh sé an breisdíol atá ortha agus sinn araon chomh gann fá airgead láimhe nach féidir linn bheith ag díol an bhreisdíola ortha ná iad a bhaint as geall fá láthair agus cosdas na beatha chomh h-ard i n-Éirinn fós, ionnus go mbaintear dínn araon gach pinging fá n-ár gcothughadh féin amháin. Seo mar do sgríobh an duine sin chugainn indé *[cóib d'á leitir siúd]*
>
> Táim ag iarraidh ort a rádh leis an duine úd go gcaithfidh sé seodradh mo mhná do thabhairt duitse fá n-a n-aiseag ar mo mhnaoi, de bhrígh go bhfuil coingheall ins an Caingean do rinneadh idir Llaoid-tSeoirse agus lucht treorach na hÉireann fá aiseag a gcoda agus a mbuain ar áitreabhthóiribh na hÉireann ó gach duine atá i n-a n-áitreachaibh na h-Éireann ó gach duine d'á bhfuil i Sasana agus é ag congbháil a choda nó a bhuain ó Ghaoidheal Éireannach atá i n-a n-áitreabhthóir le Saorstát na h-Éireann, ionnus go gcaithfear an chuid nó an buan d'aiseag ar an áitreabhthóir le Saorstát na h-Éireann, mar is túisge.
>
> Iarraim d'athchuinge ort do dhícheall do dhéanamh fá sheodraibh mo mhná d'fhághail di mar is túisge.
>
> Mise do chara go fíor-bhuan, Seosamh Laoide. D'Iorard de Teiltiún, U.



109. Dréacht de litir le SL chuig Everard Digby dar dáta 17 Meitheamh 1922

Bhí siopa an gheallbhróicéara in Acton, nó i mBaile na nDarach mar a thug Seosamh air. Tá an t-áitainm Gaeilge go cruinn aige; tá ceantar in Acton ar a dtugtar The Oaks. ‘Acton means “oak farm” or “farm by oak trees” and is derived from the Anglo-Saxon *ac* (oak) and *tun* (farm)’, adeir an Wikipedia[80]. Tá Acton ina chuid de cheantar baile Ealing. Bhí dhá fháinne i gceist agus bhíodar luachmhar. Chuir Esther i ngeall iad ag an ngeallbhróicéir in Acton tamall roimhe sin. Ba mhian leo iad d’fháil ar ais mar bhí an t-ús ró-ard dóibh iad a fhágáil ansin. Mura n-íocfaidis an t-ús dhíolfaí iad.

Scríobh an geallbhróicéir chucu ag iarraidh an úis. Bhí ganntanas airgid orthu arís—an uair seo ní bocht a bhí siad ach ní raibh ‘airgead láimhe’ acu. Níl an t-airgead acu iad a bhaint as geall ach an oiread; tá sé go soiléir ag cur brú ar Everard iad a bhaint as geall dó. Ní féidir liom a dhéanamh amach an ag magadh nó dáiríre atá Seosamh nuair a iarann sé ar Everard an Conradh Angla-Éireannach, a tháinig i bhfeidhm ag tús na bliana 1922, a bhagairt ar an ngeallbhróicéir in Acton. Chuir Everard freagra ar ais chuige dhá lá dhéag ina dhiaidh sin. Chuaigh Everard amach go Acton faoi dhó, an chéad turas in aisce,

[80] *https://en.wikipedia.org/wiki/Acton,_London*, ceadaithe 21 Eanáir, 2021.

agus chuir sé forrán ar an ngeallbhróicéir, Mr. Cohen. Tá sé soiléir gurb í Esther féin a chuir na fáinní i ngeall i gcéaduair. Seo leagan clóscríofa de litir Everard:

> 47 Charleville Road,
> London, W. 14.
> Tuesday 29/6/22.
>
> My dear Lloyd—
>
> I got your letter some days ago and went to Acton, but the shops there were closed that day. I have been there again since and saw Mr. Cohen. As he said in his letter to Mrs. Lloyd, a copy of which you sent me, there was £4.17. 0 interest due, and it is running on since. The rings should be taken out of pledge, for interest at the rate of 20% is being charged, but I suppose that was by agreement. If the document Mrs. Lloyd holds as a receipt be sent to me under registered cover, I will see what I can do to redeem the rings. I do not know what the document is like or whether it needs the signature of Mrs. Lloyd or not but have a look at it and get it signed if necessary and then send it to me under registered cover. I hope you are both keeping well.
>
> Yours sincerely, Everard W. Digby.

Chuir Seosamh freagra leadránach chuig Digby. B'fhéidir gur litir leathmhagúil í, nó gur dréacht amháin atá inti agus gur sheol sé litir a bhí difriúil ar fad chuig a chara, ach b'fhurasta a chreidiúint go raibh an fear a scríobh an litir thíos cuid mhaith ar seachrán:

> Buaile na Gréine,
> Páirc Thighe Lorgáin Bhrighde Naoimhe,
> Cuala,
> An 12 de'n Aoimheilg, 1922.
>
> A Ioraird de Theiltiúin, a chara,
>
> Fuaras an dá leitir do chuiris chugam le fíor-mhór-dhéidheannaighe agus táim fíor-mhór-bhuidheach díot fán trioblóid atáir do dhéanamh fá sheodraibh mo mhná. Seo chugat na ticéid a fuair mo bhean ón gcuirptheach úd atá i mBaile na nDarach (Acton), agus táim dá iarraidh d'athchuinge ort gach aon alt agus gach aon ní do thárrtháil as a chrúbaibh craosacha, ionnus nach mbéidh ach fíor-mhór-leor-lán-bhuadh- air ag Éirinn ógh.
>
> Is tú féin fear ionaid na hÉireann ógh i Lunnainn na mBreathnach agus tú le cumhachtaibh ó Neamh fá gach aon alt agus fá gach aon ní do thárrtháil do Éirinn ógh i Lunnainn na mBreathanach ionnus go mbéidh sonas agus sógh ar Éirinn ógh fá bheith len-a hóigh féin (.i. le n-a fíor-mhór-lán-árd-neamhspleádhacht féin) ó indiu amach is go deo.

Is mé féin atá fíor-mhór-lán-árd-tsásta le n-a ndeárnais dúinn cheana agus guidhim thú fán ngníomh do chur go h-inn (*feirc*) (.i. go fíor-mhór-lán-árd-bhuaic) mar is túisge do gheobhair an leitir seo uainn atá fá gach aon ughdaras do thabhairt duit fá thárrtháil tseodraidhe mo mhná as crúbaibh an Iúdaidhe úd i mBaile na nDarach, ionnus go gcuirfear gach aon duine le hÉirinn ógh agus lena Tré-Fhód mór ó bheith ag gabhail d'a leithéidibh siúd fá airgead d'fháil ar iasacht feasta go deo arís, ach Éire ógh agus a Tré-Fhód mór le bheith mar is montaighe (.i. mar is fíor-mhór-choigiltighe) agus mar is bailighe agus mar is cruinnigh agus mar is fíor-mhór-lán-árd-bhailighe fá shaibhreas agus fá mhaoin agus fá ionnmhas agus fá fhíor-mhór-lán-árd-ghustail airgid agus óir agus bona airgid agus bona óir.

Bagairse coingheall an Chaingin sin idir Llaoid-tSeoirse agus lucht treorach na hÉireann ar an Iúdaidhe úd, mar is meata an dream na hIúdaithe, ionnus go dtuigfidh sé siúd go bhfuil coir da dhéanamh aige i n-aghaidh an Chaingin sin, coir a fhágfas cáin £30 cáin triochadh punt) air ón am a ndearnadh an Caingean sin ar son na hÉireann ógha.

Mise do chara go fíor-bhuan, Seosamh Laoide.



110. Dréacht de litir le SL chuig Everard Digby dar dáta 14 Iúil 1922

Bhain Everard an bhunchiall as an litir sin agus thóg sé na fáinní as geall. Cinnte bhí speabhraídí de shaghas éigin ar Sheosamh nuair a scríobh sé an litir sin, cé go bhféadfadh gur ag déanamh fonóide faoi Everard atá sé. Tá sé an-dian ar an ngeallbhróicéir agus tugann sé faoi ar bhonn cine agus creidimh. Tá blas den

fhrith-Sheimíteachas nó ar a laghad den fhrith-Ghiúdachas ina litir, tréithíocht atá níos seirbhe sa fhreagra a thug Seosamh ar litir Everard ar 14 Iúil 1922. Níl an litir sin agam, ach inti chuir Everard in iúl go raibh na fáinní ina sheilbh. Sa litir seo freisin nochtann Seosamh a aisling pholaitiúil phearsanta—stát Gaelach d'Éirinn, de Mhanainn, d'Albain, aontaithe ag a gcomhchultúr Gaelach.



111. Dréacht de litir le SL chuig Everard Digby dar dáta 19 Iúil 1922

Tá peannaireacht láidir mhuiníneach ag an Laoideach ag bordáil ar an gcallagrafaíocht, stíleáilte sa mhodh traidisiúnta. Tá ortagrafaíocht agus comhréir aige atá láidir muiníneach freisin. Níl 'fhios agam an comhartha sláinte aigne é cruinneas litrithe agus comhréire a léiriú sa scríbhneoireacht ach feictear easpa cruinnis sna gnéithe seo go minic in othair le cineálacha áirithe

meabhairghalair. Cuma cé chomh casta is atá an smaoineamh nó an téarmaíocht, is saghas cluiche aige é gan dul i muinín an Bhéarlachais. Ní féidir a bheith cinnte gur sheol sé an litir sna téarmaí seo chuig Everard, nó ar scríobh sé fiú i nGaeilge chuige i ndeireadh dála ach is léargas ar a intinn dúinne an dréacht ina chóipleabhar. Deir mo stiúrthóir tráchtais, an Dr. Uáitéar Mac Gearailt, inter alia, faoi stíl an Laoidigh mar a léirítear í sna litreacha seo:

> .... Tá na comhfhocail (fíor-mhór-lán-árd-tsásta srl.) an-neamhchoitianta. Ní fheictear a leithéid sa Mheán-Ghaeilge, ná sa Nua-Ghaeilge Mhoch, déarfainn, .i. carnadh an oiread sin aidiachtaí in aon chomhfhocal amháin. Ach tá an nóta buíochais soiléir agus tá na tagairtí don mhéid atá déanta ag ED cruinn go maith, agus an bhrí atá leis sin dó féin agus dá bhean. Seans gur cleachtadh scríbhneoireachta atá i gceist....

Arbh é an dara halt thíos an abairt is faide dár scríobhadh i nGaeilge riamh? Tá 250 focal ann.

> Buaile na Gréine,
> Páirc Thighe Lorgáin Bhrighde Naoimhe,
> Uí Bhríúin Chualann,
> An 17 den ‘n Mheitheamh, 1922.
>
> D’ Iorard de Theiltiúin, Uasal,
> A Iorard de Theiltiúin, a chara,
>
> Fuaras do leitir dárab dáta an 14 den mhí seo i láthair. Támaoid araon fíor-mhór-bhuidheach duit fá a ndeárnais dúinn i dtaoibh an dá fháinne do bhaint as crúbaidh an Iúdaidhe úd atá i mBaile na nDarach (Acton), agus fá dheireadh do chur leis an mbreisdíol, ionnus go bhfuil an dá fháinne agat féin le tabhairt dúinn ar aon uair is maith linn féin sin.
>
> Is mór an gníomh ar son na hÉireann ógha agus a Tré-Fhóid mhóir do rinnis dúinn agus tú ag obair i n-aghaidh an Iúdachais agus i n-aghaidh na n-Iúdáidhe, an droch-chinidh dubhán-fhola do rinneadh i measg an Chinéil Bháin agus iad ina gcraos ar an gCineál Bán ó aimsir Sholaimh rí na n-Eabhraidhe, do chuir cairbhe go h-hAbhíram (.i. go hÓphir) fá ór agus faoi ápaibh agus fá phéacógaibh d’fhághail dá arímibh drúise i n-Iarúsalem , ionnus gur chuir sé craos agus drúis i ndroch-aigneadh na nEabhraidhe fá bheith ag droch-ghabháil don Éigipt ar tús agus do’n Eoraip ina dhiaidh sin fá airgead do dhéanamh go mí-dhlisteanach le h-úisiúracht agus fá dhrúis do dhéanamh in gach aon tír den Eoraip agus den domhain d’ár shroicheadar ina ndroch-asgal craois agus drúise fán Eoraip agus fán domhain do lot, ach níl rud le n-a ligean leo feasta go deo arís, ach iad le n-a gcur ar pulcadh i bPalaistín, ionnus go mbéidh gach aon Éireannach Gaedhealach agus gach aon duine de Tré-Fhód na hÉireann ógha agus gan duine le Tré-Fhód na hÉireann ógha agus gach Eorpach agus gach Domhnach ag rádh leis na hIúdaithibh le feirg fhíocha agus cuthaigh, ‘Gabh go Palaistín!’ agus rachaidh siad go Palaistín d’á leághadh as an domhain, ionnus nach mbéidh siad

> ann feasta go deo arís, ach Éire le bheith ag gabháil do'n sgéal fá'n domhain do mhontughadh ina n-ionad súd, ór is í Éire ógh féin meadhon an domhain, ní atá le cruthughadh duit fós agam féin.
>
> Is iad an Tré-fhód mór Éire ógha agus Alba agus Mana .i. na trí tíortha Gaedhealacha atá le bheith feasta go deo arís i n-éinfeacht ina Ríoghacht na hÉireann ógha agus a Tré-fhóid mhóir agus Éire ógha agus a tré-fhód mhór le bheith mar is fíre agus mar is fírinnighe agus mar is finne agus mar is plasánta agus mar is fíor-mhór-lan-árd-mhontuighthe[81] agus Éire ógha agus a tré-fhód mór le bheith mar is mó agus mar is feárr.
>
> Is mé do chara go buan, Seosamh Laoide

Scríobh Everard litir dár ndáta 14 Iúil 1922, inar chuir sé in iúl go raibh na fáinní as an ngeall agus ina sheilbh féin. Tríd is tríd tá an litir thuas ó Sheosamh ciallmhar agus cruinn sa struchtúr gramadúil. Bheadh ábhar imní ann d'Everard, áfach. Cuireann Seosamh a bhuíochas féin agus buíochas Esther in iúl dó ar dtús, ach ansin cromann sé ar bhladhmadh ciníoch frith-Ghiúdach agus ar racht seobhanachais atá, cinnte, thar fóir**.** Níor sheasamh poiblí é, ach racht feirge i litir phríobháideach chuig cara, dírithe ar an gcéad amharc ar Ghiúdach amháin in Acton, an tUasal Cohen, an geallbhhróicéir. Freisin, d'fhéadfadh an litir a bheith idir shúgradh agus dáiríre, gur ag fonóid faoi Everard a bhí sé, ag déanamh Crosáidí as, Crosáidí a sheas ina laoch aonar ar son na hÉireann nó an Tré-Fhóid in aghaidh an chine Ghiúdaigh. Deir an Dr. Uáitéar Mac Gearailt, a admhaíonn nach bhfuil scil aige sna cúrsaí seo:

> Seans gur taom máindúlagrach a bhí air, agus gur eofóiria a bhí air ag an am áirithe seo.

Is cosúil gur bhain Seosamh taitneamh as *'Cargoes'* le John Masefield, a foilsíodh i 1910, go speisialta an cheathrú a thug na híomhánna agus téarmaíocht dó dá litir:

> Quinquireme of Nineveh from distant Ophir,
> Rowing home to haven in sunny Palestine,
> With a cargo of ivory,
> And apes and peacocks,
> Sandalwood, cedarwood, and sweet white wine.

Nochtann a aisling pholaitiúil í féin go soiléir arís: 'ór is í Éire Ógh féin meadhon an domhain, ní atá le cruthughadh duit fós agam féin..... Is iad an Tré-Fhód mór Éire Ógha agus Alba agus Mana, .i. na trí tíortha Gaedhealacha atá le bheith

[81] 'móinteach', is dócha.

feasta go deo arís i n-éinfeacht ina Ríoghacht na hÉireann ógha....'. Fiú i rabharta an tírghrá agus an mhórtais chine i 1922, ní fhéadfaí a leithéid de 'Tré-Fhód', ríocht aontaithe bunaithe ar chúlra na Gaeilge, a shamhlú agus i gcás Sheosaimh b'fhianaise í de speabhraídí aigne, ach féach anois i 2020 go bhfuil athbheochan suime sa Mhanainnis i measc na hóige ar an oileán féin, agus go bhfuil Alba ar tí reifreann eile a reáchtáil faoi scaradh ó Shasana agus í ag saothrú a féiníomhá as an nua.

Pé tinneas intinne a bhí ar an Laoideach ag an am seo, agus bheadh sé spéisiúil tuairim síciatraí a fháil, tá rianta den neamhord éignioch dúghabhálach le sonrú sna litreacha chuig Iorard. Bheadh sé beadaí faoi chruinneas teanga. Ní bheadh neart aige ar an athrá; ní scaoilfeadh sé le smaoineamh nó le híomhá go réidh ach tromaíocht a dhéanamh air arís agus arís eile; bheadh a fhios aige cad a bhí ar siúl aige ach leanfadh sé air mar sin féin. Deirtear fosta go bhfeidhmníonn neamhord den chineál seo 'ar ard-leibhéal imní'.[82] Ní féidir a rá gur thréig sé an Ghaeilge. Rinne sé a sheacht ndícheall í a aisghabháil, iarracht ar éirigh léi ach nár lig a néaróis dó í a úsáid go gairmiúil arís.

Sna litreacha chuig Everard Digby, seans go mbíodh sé ag fonóid go minic faoin tír mar a bhí sí ach níor lochtaigh sé an Saorstát. Sa Chonradh agus ina chuid oibre ar son na Gaeilge bhí an tír ar fad aontaithe ar bhonn teanga. Caithfidh gur ghoill an Chríchdheighilt ach go háirithe air.

5.26 'Comhráite le spioraid shean-Ghaeilgeoirí?'

'An cnuasach de chóipleabhair faoina ainm i Roinn na Lámhscríbhinní sa Leabharlann Náisiúnta, meastar gur comhráite le spioraid shean-Ghaeilgeoirí i mBaile Átha Cliath agus i gCill Mhantáin atá ina mbunáite,' léimid ina bheathaisnéisín ar *ainm.ie.*[83]

Is fíor go raibh taighde déanta ag Seosamh ar stair áitiúil Chill Mhantáin agus dheisceart Átha Cliath, taighde nár chríochnaigh sé agus nár tháinig amach i

[82] *An Vicipéid*, san alt 'Néaróis, atá ag tarraingt ar *Fréamh an Eolais* (Hussey:2011), ceadaithe 30 Nollaig 2020.
[83] s. n. Laoide, Seosamh (1865-1939), ceadaithe 4 Márta 2020.

bhfoirm leabhair. Is cuimhin linn an tagairt seo cheana i dTuarascáil Chumann na Sgríbheann nGaedhilge don bhliain 1913/14:

> In a thuarascáil don Chruinniú Cinn Bliana, 1913/1914, thug an Cathaoirleach, an Dr. Quiggin, liosta de na scríbhinní a tairgeadh dóibh, cuid acu i staid fhoirfe ullmhúcháin, agus tá an dá shaothar thuasluaite ar an liosta sin: *The Poem-Book of Hugh McShane O'Byrne of Wicklow*, edited by J. H. Lloyd, agus *A Late Meath Romance,Teaghalaibh Dubh Mac Deaghla*, edited by J.H. Lloyd.

Ach fógraíodh an chéad leabhar i bhfad roimhe sin, sa bhliain 1908. Bhí an fógra seo in Imleabhar a Dó de *Foras Feasa ar Éirinn*, faoi eagar ag Pádraig Ua Duinnín, a chuir an Cumann amach an bhliain sin:

> *(IN PREPARATION)*
> *Duanaire Aoidh Mhic Sheáain Uí Bhroin, The Poem-Book of Hugh McShane O'Byrne of Wicklow; from An Leabhar Branach, The Book of the O'Byrne's,* edited by J. H. Lloyd, General Editor to the Gaelic League.

Threabh Seán Mac Airt, agus é ag obair in Institiúid Ardléinn Bhaile Átha Cliath, an gort céanna ina shaothar, *Leabhar Branach*, a d'fhoilsigh an Institiúid sa bhliain 1944. Chuir sé eagar ar 73 dán a mhol taoisigh Chlann Uí Bhroin, nó O'Byrne, clann a d'áitreabh Co. Chill Mhantáin agus a bhí in uachtar ann idir 1550 agus 1630. Scrúdaigh Mac Airt Gaeilge Chill Mhantáin sa leabhar. Ba é seo an saghas ábhair ar a raibh Seosamh ag obair. Ní ar Sheosamh féin a bhí an locht ar fad nár foilsíodh *Duanaire Aoidh Mhic Sheáain Uí Bhroin*; ní raibh ar chumas Chumann na Sgríbheann nGaedhilge ach dhá leabhar ar a mhéad in aghaidh na bliana a chur amach agus bhí carn mór leabhar ullamh acu ag feitheamh lena bhfoilsiú.

Tá tagairt amháin don Laoideach ag Mac Airt (1945:xvi, n37)—do phlé a bhí aige agus ag Tomás Ó Rathaile in *Gadelica 19* faoi chanúint Aodh Uí Dhálaigh, scríobhaí a bhreac síos na dánta as Leabhar Branach atá in *Ls. H.14*, Coláiste na Tríonóide, foinse amháin a bhí as Mac Airt. Níl tagairt ar bith aige d'ábhar an Laoidigh atá sa Leabharlann Náisiúnta. Is cosúil go bhfuil clóscríbhinn nó lámhscríbhinn *Duanaire Aoidh Mhic Sheáain Uí Bhroin* caillte go fóill, má bhí sí ann riamh, ach níor mhór na scríbhinní sa Leabharlann Náisiúnta faoi na comhráití 'le spioraid sheanGhaeilgeoirí i mBaile Átha Cliath agus i gCill

Mhantáin', a luaitear i mbeathaisnéisín an Laoidigh ar *ainm.ie*, a lorg agus a shainaithint as an nua.

5.27 Cuireadh chuig Áras an Uachtaráin



BIG HOSTING AT ARUS AN UACHTARAIN

FOUR hundred pioneers of the Gaelic revival movement gathered in Arus an Uachtarain yesterday at the invitation of President Hyde.

From all parts of Ireland, irrespective of political affiliations, came men and women who had worked side by side with "An Craoibhin Aoibhinn," the first President of the Gaelic League, to greet their old leader.

The President, with his hostess, his sister, Mrs. Sealy, wife of Judge Sealy, greeted each of the guests as they arrived. They were entertained to tea.

CIVIL SERVANTS HELP.

A corps of Gaelic-speaking Civil Servants acted as stewards.

Being in Geneva Mr. de Valera could not attend, and regrets for her inability to attend were sent by Sinead Bean de Valera.

Sean T. O'Ceallaigh, An Tanaiste, and Bean Ui Cheallaigh were present, as were also Dr. Seamus O Riain, Aire na Talmhuiochta agus a bhean; Proinnsias O Fathaigh, Ceann Comhairle, agus a bhean; Domhnall Ua Buachalla, ex-Governor General; Risteard O Maolcatha, T.D., agus a bhean.

The following is a list of the attendance:—

A—Aghas, Nora; An tAimbirgineach (Osboirn O hAimhirgin), Ph.D.; Airtnéide, Eibhlin, M.A.; Ni Aligheasaigh, Mairead agus Sile; O hAilmhurain, Seau, thalan, agus a bhean-chelle; Mac Eit, Tomas, agus a bhean-chelle.

F—Una Ni Fhaircheallaigh; O Fathaigh, Proinnsias, T.D., agus a bhean-chelle; O Fathaigh, Padraig, agus a bhean-chelle; O Flannachta, Seamus, agus a bhean-chelle; Mac Fhionnlaoich Peadar ("Cu Uladh"), agus a bhean-chelle; Mac Fhloichinn, An tAth. Sean; O Flatan, Micheal, agus a bhean-chelle; O Fallun, Sean; O Flanagain, Padraic, agus a bhean-chelle; O Flannagain, An tAth Micheal; O Flaitile, Aodh, agus a bhean-chelle; O Foghludha, An Capt. Richard; O Foghludha, Micheal, agus a bhean-chelle; O Foghludha, Michael, agus a bhean-chelle; O Foghlugha, Michael, agus a bhean-chelle; O Foghludha, Micheal; O Foghludha, Risteard ("Piadhra Ellgeach"), agus a bhean-chelle; O Foghludha, Muirls, agus a bhean-chelle; O Foghludha, Sean; O Foraria, An Capt., agus a bhean-chelle; An tAth Donnchadh O Floinn; Rev. M. Floyd, P.P.; O Friel, Con, agus a bhean-chelle; O Fuadaigh, Proinnseas, agus a bhean-chelle.

G—Mac Gabhann, An tAthair Tomas, P.P.; Mac Ganainn, Art, agus a bhean-chelle; O Gachain, Mairtin, agus a bhean-chelle; O Gaora, Colm, agus a bhean-chelle; O Gealbhain, Donnchadh, agus a bhean-chelle; Mac Gearaith, Sean, agus Mairie Ni Chinneide, a bhean; V. Rev. J. L. McGettigan, P.P., V.F.; Mac Ghiollanath, Sean, agus a bhean-chelle; Mac Giobuin, Sean; An Brathair O Glasain; O Gleasain, Padraig, agus a bhean-chelle; O Goeain, Liam, M.A., agus a bhean-chelle; McGoldrick, P.J., agus a bhean-chelle; Gordun, Sean, O.S., Gaulter-

112. Sliocht as alt sa *Sunday Independent* dar dáta 25 Meán Fómhair 1938.

'But he was Seosamh Laoide no more', a scríobh Énrí Ó Muirgheasa, nó Henry Morris mar a shínigh sé féin ag deireadh an ailt. Seosamh Laoide a bhí ann nuair a chuir Uachtarán nua na hÉireann, Dubhghlas de hÍde, cuireadh chuige chuig fáiltiú in Áras an Uachtaráin sa bhliain 1938, bliain sular éag sé, más féidir linn iontaoibh a bheith againn as an *Sunday Independent* dar dáta 25 Meán Fómhair 1938. Fáiltiú a reáchtáil an tUachtarán nua dá sheanchomhghuaillithe i ngluaiseacht na Gaeilge ba ea an ócáid sin. 'The following is a list of the attendance' a scríobhadh san *Sunday Independent*. Bhí Seosamh Laoide ar an liosta.

Thosaigh réim an Chraoibhín mar Uachtarán ar 25 Meitheamh 1938. Bhí fáiltiú oifigiúil sa Chaisleán ag a raibh 1,500 aoi i láthair. Nuair a bhí fuadar an insealbhaithe thart chinn an tUachtarán ar theacht le chéile neamhfhoirmiúil a eagrú dá sheanchairde in obair na hAthbheochana. Bhí sé trí mhí in oifig sula

bhfuair sé an deis an tionól seo a reáchtáil. Fuair ceithre chéad dá sheanchairde, agus a bpáirtithe, cuireadh teacht go dtí Áras an Uachtaráin i gcomhair 'ard-tae' ar an Satharn, 25 Meán Fómhair 1938, óna 4 a chlog ar aghaidh. Bhí an réamhnóta seo i gcolún Quidnunc san *Irish Times*:



Gaelic Reception by the President

THERE is something typically Irish about the invitation which the President has issued to his friends for his first party at his official residence to-morrow afternoon. "If you have nothing to do, drop in for a cup of tea—or something else—and a chat." We all know that when a friend just asks us "if we have nothing else to do" to come along to his home, we feel the honour which his invitation brings in giving us the intimacy of his home and his circle of friends, and are always sure that it means a happy gathering. And so Dr. Hyde, anxious that all his old associates in the Gaelic movement should know how much he appreciated their loyalty and support, remembered them when he became the President of the State. It will be a meeting of Irish scholars, and those working in various sections of the Gaelic movement, either in reviving the old culture or saving the heritage of folklore, saga and song. The musical programme will be entirely composed of Irish items.

113. Tuairisc ag Quid Nunc san IT Dé hAoine 24 M.Fómhair 1938

Bhí Lucy Hyde, bean chéile an Uachtaráin, go dona tinn; ní raibh ar a cumas bheith páirteach a bheag ná a mhór sna searmanais ná in imeachtaí an Árais. Ba í a n-iníon, Úna Sealy, a sheas le taobh a hathar ag cur fáilte roimh na haíonna. De réir an ailt sa *Sunday Independent* an lá dár gcionn ba í deirfiúr an Uachtaráin í Úna Sealy ach go follasach ba bhotún é sin. Féachaimis ar chuid de leathanach a dó den aoiliosta mar a tháinig sé ón bprintéir:



L—O Laoighaire, D., agus a bhean-chéile; O Laoighaire, Diarmaid; O Laoighaire, Donnchadh, agus a bhean-chéile; Laoighaire, Tadhg, agus a bhean-chéile; O Laoighaire, Donnchadh; Laoide, Seosamh; O Liathain, Donnchadh; O Liathain, Micheal; O Loingsigh, Micheal, agus a bhean-chéile; O Loingsigh, Fionan, agus a bhean-chéile; O Loingsigh, Seon, agus a bhean-chéile; Bean Liam Ui Loingsigh; O Loingsigh, D., agus a bhean-chéile; Mac Loingsigh, An Dearganach; An tAthair Peadar Mac Loingsigh; O Lionain, Foghan, agus a bhean-chéile; O Lionain, Padraic, agus a bhean-chéile; Lynch, Diarmuid, agus a bhean-chéile; Lons, Seamus, agus a bhean-chéile; O Lonsain, Sean, agus a bhean-chéile; O Lochlainn, Uaithne, agus a bhean-chéile; O Lochlainn, Gearoid, agus a bhean-chéile; O Lochlainn, Colm, agus a bhean-chéile; O Lochlainn, Padraic, agus a bhean-chéile

Enri, agus a bhean-chéile; O Muircheasa, Micheal, agus a bhean-chéile; O Murchadha, Seamus, agus a bhean-chéile; O Murchadha, Risteard, agus a bhean-chéile; Mac Murchadha, Sean, agus a bhean-chéile; O Murchadha, Gearoid, agus a bhean-chéile; O Murchadha, Colm, agus a bhean-chéile; O Murchadha, Tadhg, agus a bhean-chéile; Ua Muircheartaigh, Tomas, agus a bhean-chéile; O Murchadha, An Dr. Con; O Muircheasain, Donnchadh, agus a bhean-chéile; O Muircheasa, Tomas, agus a bhean-chéile; O Muircheasa, Enri, agus a bhean-chéile; O Muircheasa, Padraic, agus a bhean-chéile; Ceann Murray, P.P.; An t-Athair Labhras

114. Sliocht as aoiliosta an Uachtaráin sa *Sunday Independent.*

Tá Seosamh Laoide ansin ag an mbarr, 'Laoide, Seosamh,' idir Donnchadh Ó Laoghaire agus Donnchadh Ó Liatháin. Thíos ag bun an liosta céanna feicimid 'Ó Muirgheasa, Énrí agus a bhean chéile'. Bhí Seosamh leis féin, gan pháirtí tionlacan aige, má bhí sé ann, mar ar ndóigh fuair Esther bás sa bhliain 1936. Sílim go raibh sé ann, agus gur liosta na n-aíonna a bhí i láthair atá sa liosta sin,

mar a d'fhógair an *Sunday Independent*, mar tá an liosta sin ceartaithe agus leasaithe i gcomparáid le liosta na ndaoine a fuair cuireadh a foilsíodh san *Irish Times.*

San iarnóin roimh an fháiltiú bhí an tUachtarán agus Úna ag na rásaí i bPáirc an Fhionnuisce agus is ansin a glacadh an pictiúr seo.

115. An tUachtarán agus a iníon, Úna Sealy

Tuairim is ceithre chéad gníomhaí i bhfeachtas na Gaeilge a bhí i láthair, beag beann ar dhílseachtaí polaitiúla; bhí 'cogadh fuar' ann i 1938 mar chomharba ar Chogadh na mBráthar, ach má bhí, tháinig siad uile le chéile aontaithe uair amháin eile, agus b'fhéidir don uair dheiridh, faoi bhrat na Gaeilge. Is ait nach bhfuil trácht níos mó in annála na Gaeilge ar an bhfáiltiú seo. Athbheoú ar stair na hAthbheochana a bhí ann agus ba réamhléiriú é freisin ar thodhchaí na Gaeilge sa Stát mar bhí an ghlúin óg nó cuibheasach óg i láthair.

5.28 'Kingstown' agus ceann aistir

Tá an tagairt seo in aiste Uí Mhuirgheasa mar thaca dá thuairim gur chas an Laoideach a dhroim ar an nGaeilge agus gur shéan sé, ní hamháin an Ghaeilge ach an dúchas ar fad:

> …. And he who fought strenuously to have the purest forms of Irish names put on the post towns of Ireland, would not now give Dun Laoghaire as his address but ''Kingstown'.

Ar na 'purest forms of Irish names' a chuir Seosamh ar bhailte poist na hÉireann in *Post-Sheanchas*, bhí 'Dún Laoghaire'. Ní hé gur chum Seosamh an t-áitainm

sin—bhí sé ann i bhfad roimhe sin agus bhaintí úsáid as ‘Dunleary’ sa Bhéarla—ach chuir sé a údarás leis agus thug sé a bheannacht dó in *Post-Sheanchas*. Dá chomhartha san tá ‘Dún Laoghaire’ in úsáid go huilechoiteann anois ag Béarlóirí chomh maith le Gaeilgeoirí agus dearmad iomlán déanta ar Dunleary agus ar Kingstown. Ní thugann Ó Muirgheasa samplaí d’úsáid ‘Kingstown’ ag Seosamh. Seans gur chuir sé an iomarca suntais san fhógra reachtúil seo a bhí sna páipéir go han-luath i ndiaidh bhás Sheosaimh:

> All persons claiming to be Creditors of Joseph Henry Lloyd, late of I Royal Terrace, Kingstown, Co. Dublin, and formerly of 2 Stillorgan Park, and 17 Mellifont Avenue, Kingstown, Co. Dublin, who died on the 21st day of September 1939, are requested to furnish particulars to Hayes and Sons, Solicitors, 41/42 Nassau Street, Dublin.

Mar a chuir mé in iúl cheana, sheol Joan Gallagher, gariníon do William Lloyd, cóip d’alt Uí Mhuirgheasa chugam ar a raibh nótaí scríofa ag William. Bhí an pheannaireacht an-éadrom sa chóip a fuair mé agus thromaigh mé féin é:



3) Kingstown when WRITING in English

October 7, 1939 THE LEADER (sgoil) J. H. Lloyd 229

October 1, 1939

man would not trust to it for a living. It was, however, probably not lack of wisdom made him do this, but rather that his work in the Audit Office had become very irksome to him when he had reached the stage of dreaming in Irish at night. I don't know if it is safe for a man in any country to trust to the gratitude of the public, but certainly in Ireland it is very unsafe, as Mr. Lloyd was later to experience. The Liberals' advent to power in England produced a recrudescence of the political activity of the old Irish Party which weakened the Gaelic League, while the swing of the latter to Sinn Fein still further circumscribed its activities as a non-political association, so that after some years lack of support compelled it to cease publishing which virtually deprived Mr. Lloyd of his em-

Gallagher of Donegal.

The letters as a rule were quite sensible, and Gallagher being a solicitor used his efforts to get him liberated. Whether as a result of these efforts or not Mr. Lloyd was set free in a few years, and came back to Ireland. But he was Seosamh Laoide no more. He avoided all his old friends of Gaelic League days, and would no longer recognise them. And he who fought strenuously to have the purest forms of Irish names put on the post towns of Ireland, would not now give Dun Laoghaire as his address but "Kingstown." The sweetest sugar makes the sourest vinegar, and so J. H. Lloyd seems to have turned bitterly against the language and the movement which he apparently regarded as having betrayed him.

(3)

116. Nóta William Lloyd ar chóip den *Leader*, lch. 229, 7 DFómhair 1939

Chuir William an nóta seo leis an abairt sin: ‘Kingstown, when writing in English’. (Tagairt 3) Sílim gur chuir an líomhain seo isteach ar William, agus nach raibh a fhios aige ar bhain Seosamh úsáid as ‘Kingstown’ nó nár bhain, ach go raibh sé cinnte nár tharla an claochlú seo i gcoinne na Gaeilge agus an dúchais a chuir Ó Muirgheasa ina leith ar chor ar bith. Chun go mbeadh ciall ag an líomhain sin níor mhór comhfhreagras ó Sheosamh a thaispeáint agus ‘Kingstown’ mar sheoladh air. Athraíodh ainm an bhaile poirt sin ó Kingstown

go Dún Laoghaire i 1920. Ní dheachaigh Seosamh féin go Dún Laoghaire go dtí 1933, nuair a bhí 'Kingstown' mar áitainm dearmadta ag gach duine ach amháin ag dlíodóirí; féach an fógra reachtúil thuas. É sin ar fad ráite, ba é Seosamh féin a chuir fógra báis Esther le chéile agus baintear úsáid as Kingstown in ionad Dún Laoghaire san fhógra sin.


LLOYD—February 14, 1936, at 17 Mellifont avenue, Kingstown, Elizabeth Esther (Georgina) Lloyd. Mass sorrowfully and deeply regretted by her loving husband.

117. Fógra báis Esther Lloyd, IT 17 Feabhra 1936

118. Ascaill Mellifont, Dún Laoghaire, agus 1 Royal Terrace, Dún Laoghaire

Choinnigh Seosamh agus Esther an teach, Buaile na Gréine, nó 2 Park Villas, i bPáirc Stigh Lorgan, go dtí 1933. Dhíol siad an bhliain sin é agus cheannaigh siad 17 Mellifont Avenue, Dún Laoghaire. Tá Mellifont Avenue sa phictiúr sin ar chlé. Ritheann an tsráid seo síos go dtí an Ché Thoir (cé na mbád go Holyhead) ón bpríomhshráid, Sráid Seoirse. Chuir Google íomhá den teach sin ar dheis ar fáil dom nuair a lorg mé 17 Mellifont Avenue. Chreidfinn gurb é an teach céanna é. Tá mé ag ceapadh gurb í sláinte Esther a thug orthu teacht go Dún Laoghaire. Bhí na folcadáin ansin ag bun an bhóthair agus bhí neart clinicí agus áiseanna eile sláinte thart ar Mellifont Avenue. Bhí pobal láidir Protastúnach ar an tsráid féin mar a bhí ar fud Dhún Laoghaire.

I 1936, nuair a d'éag Esther, dhíol Seosamh 17 Mellifont Park agus cheannaigh sé 1 Royal Terrace West, Dún Laoghaire. Ag an am a fuair Seosamh féin bás ón ailse ghoile i 1939, bhí lánúin eile ina chónaí sa teach céanna, John Montgomery agus a bhean. B'fhinné súl dá bhás John Montgomery. Déarfainn go raibh an lánúin seo ag tabhairt aire do Sheosamh agus ag déanamh cúraim de nuair a bhí tinneas a bháis air. Ba dhlíodóirí clann Montgomery i nDún Laoghaire. Níl a

fhios agam an raibh an John Montgomery seo gaolmhar do Sheosamh nó ar bhain sé ar chor ar bith le clann Montgomery, na dlíodóirí. Thug na nuachtáin faoi deara go raibh siad beirt, Mr and Mrs. John Montgomery, ag an tsochraid i nGráinseach an Déin.

Fuair Esther Lloyd bás ar an Aoine, an 14ú Feabhra, 1936, ina teach cónaí féin ag '17 Mellifont Avenue, Kingstown'. Bhí an fógra sin san *Irish Times* an Luan dár gcionn**.** An niúmóine maothánach a sciob í. Ní raibh sí ach naoi lá breoite ach bhí an neifríteas ainsealach ag cur as di le fada roimhe sin. Ar theastas a báis tugtar a haois mar 55. Is botún é seo. Bhí an aois ar a teastas pósta i 1918, 44, cruinn. Rugadh í ar an 21ú Iúl, 1873. Mar sin bhí sí 62 bliain d'aois.

Tá an fógra báis ceanúil, grámhar, caoin, brónach, deorach agus uaigneach:

> Lloyd—February 14th, 1936, at 17 Mellifont Park, Kingstown, Elizabeth Esther Georgina Lloyd. Most sorrowfully and deeply regretted by her loving husband.

Thosaigh a gcumann déanach go leor ina saol. D'fhulaing siad a lán le chéile ach chuidigh siad go mór le chéile freisin. Thug sí an chothromaíocht isteach i saol Seosaimh tráth dá shaol nuair a bhí géarghá aige leis an gcothromaíocht sin. Rinne sé féin amhlaidh dise. Má d'áitigh sí air cúlú ó fheachtas achrannach na hAthbheochana sa Saorstát níorbh é a aimhleas é. Sí an fhírinne í gur fíorbheag ár n-eolas ar an saol a bhí acu le chéile, taobh amuigh d'eachtra na bhfáinní agus na tagairtí eile i litreacha Everard Digby. Níor fhág sí uacht. Mar sin ba é Seosamh féin a chuir riarachán a heastáit i gcrích. Seo an taifead oifigiúil atá le fáil i gClár na nUachtanna sa Chartlann Náisiúnta:


LLOYD ELIZABETH E G (347) 24 April
Administration of the Estate
of ELIZABETH ESTHER GEORGINA
LLOYD late of 17 Mellifont
Avenue Dun Laoghaire County
Dublin Married Woman who died
14 FEBRUARY 1936 granted at
DUBLIN to Joseph H Lloyd
Esquire
Effects £3372 4s 1d

119. Taifead oifigiúil i gClár na nUachtanna d'eastát Esther Lloyd

Bean shaibhir a bhí inti ina ceart féin a d'fhág eastát arbh fhiú £3,372 4s. 1d. é ina diaidh, níos mó ná £200,000 sterling inniu. Ní luaitear gairm bheatha ar bith le hEsther seachas 'Home Duties' ar a teastas báis. 'Spinster' atá ar a teastas pósta. 'No Occupation' a scríobhadh di in aois a fiche seacht ar fhoirm an

Daonáirimh i 1901. Ar ndóigh, ní bheadh iníon shingil i dteaghlach uasal nó leathuasal cosúil le muintir Sharp gan fostaíocht. Bheadh 'Home Duties' aici go mbeadh sí pósta. Bheadh sí i mbun riaradh an tí; bheadh saol sóisialta an teaghlaigh faoina cúram. Bheadh sí ag tabhairt aire dá hathair agus dá leasmháthair agus iad ag dul in aois. Bheadh a luach saothair aici ar ball as uachtanna na dtuismitheoirí.

Sílim féin nach raibh Seosamh ná Esther, ná Seosamh agus Esther mar lánúin, bocht dealbh riamh sa ghnáthchiall den fhocal, ach go mbíodh easpa airgid réidh orthu go minic i ndiaidh a bpósta agus i dtús na 1920í. Bhí caighdeán áirithe beatha acu, agus nuair a bhíodh an caighdeán sin faoi bhagairt bhraitheadh Seosamh bocht agus thosaíodh sé ag gearán. Thug Énrí Ó Muirgheasa faoi deara gur fheabhsaigh a dteacht isteach in imeacht na mblianta. Scríobh sé:


He lacked nothing material since his return from England to make his declining years comfortable, which is something to be grateful for.

120 Sliocht as alt ÉÓM sa *Leader* 7 D.Fómhair 1939

Ní raibh an sprioc eacnamaíoch ann a chuirfeadh d'iallach air filleadh ar shaothrú na Gaeilge mar a tharla i gcás daoine eile. Níor ghá dó dul ag obair don Ghúm ag aistriú leabhar ar £1 don mhíle focal. Ní dócha go raibh sprioc an airgid ann riamh. Ba mhór an íobairt ioncaim agus phinsin a rinne sé nuair a d'fhág sé a phost i gComhlacht Mhór-Iarnróid an Tuaiscirt chun dul ag obair go lánaimseartha do Chonradh na Gaeilge sa bhliain 1903.

Thosaigh na trí bliana dheireanacha dá shaol. Caithfidh gur bhraith sé Esther uaidh, b'fhéidir go céim nár theastaigh uaidh fanacht sa teach inar chónaigh sí leis agus inar éag sí. Dhíol sé an teach ag 17 Mellifont Park agus d'aistrigh sé go teach eile, 1 Royal Terrace West, Dún Laoghaire. Roinn sé an teach seo ar ball, de réir dealraimh, le John Montgomery agus a bhean.

Fuair Everard Digby bás ar 20 Bealtaine 1939, ceithre mhí roimh Sheosamh. Bhí na ceithre scór sroichte aige ar a laghad. I Londain a fuair sé bás, ach ag seoladh nua, 47 Charleville Road. Tá taifead faoi riarachán a eastáit sa Chartlann Náisiúnta. Ní gá go bhfuil iomlán a mhaoine léirithe ann—d'fhéadfadh gur maoin in Éirinn amháin atá i gceist. Ceadaíodh riarachán an eastáit dá dheirfiúr

Alice Digby. Bhronn sise an méid a d'fhág sé aici, agus d'fhéadfadh níos mó a bheith ann ná an £984.10s atá luaite san fhógra, chun scéim dheontais a mhaoiniú a chabhródh le mic léinn innealtóireachta i gColáiste na Tríonóide a mbeadh ganntanas airgid orthu. Tá an fógra seo i bhFéilire an Choláiste:

> Everard William Digby Memorial Fund (Engineering). This fund was established in 1939 by a gift from Miss Alice Digby in memory of her brother.

Taobh amuigh den fháiltiú a d'eagraigh Dubhghlas de hÍde dá sheanchairde, níl tuairisc ar bith eile againn ina bheo ar Sheosamh Laoide. Fuair sé bás ina theach cónaí féin, 1 Royal Terrace West, Dún Laoghaire, ar an Déardaoin, 21 Meán Fómhair 1939, níos lú ná bliain i ndiaidh an fháiltithe sin, in aois a 74 bliain. 'Carcinoma ventriculi', gur athraitheach é ar ailse ghoile, agus 'exhaustion', tnáitheadh coirp is intinne ar fho-iarsma den ailse é, na cúiseanna deimhithe báis. Ba é John Montgomery a chuir tuairisc a bháis isteach go dtí na húdaráis an lá dár gcionn—go han-sciobtha. Bhí Montgomery i láthair mar fhinné nuair a fuair Seosamh bás. Don cheist faoi 'Gairm Bheathaidh' an Laoidigh ar an teastas, thug John Montgomery an freagra 'Independent Means'. Sé sin, i dtuiscint Montgomery, ba dhuine uasal Seosamh Laoide ag maireachtáil ar ús ó shócmhainní nó infheistíocht.

19 39 Twenty First September 1 Royal Terrace West Dun Laoghaire	Joseph Henry Lloyd	M	W	74 Yrs	Independent means	Carcinoma Ventriculi Exhaustion Certified	John Montgomery Present at Death 1 Royal Terrace West Dun Laoghaire	Twenty Second September 19 39

121. Teastas báis an Laoidigh, 22 M.Fómhair 1939

Adhlacadh Seosamh san uaigh ina raibh Esther curtha i Reilig Ghráinseach an Déin. Bhí an fógra seo thíos san *Irish Times*, Dé Sathairn, 23 Meán Fómhair, 1939. Caithfidh gurb é William Lloyd, deartháir Sheosaimh, a chuir isteach é. Féach go raibh sé tábhachtach do William go n-aithneofaí a n-athair, An Dr. J. H. Lloyd, agus na cáilíochtaí a bhí aige, san fhógra. Is ait nár chuir sé 'M.R.I.A.' le hainm Sheosaimh.



LLOYD (Dun Laoghaire)—September 21, ~~1939~~, at 1 Royal Terrace, West, Dun Laoghaire, Joseph Henry, eldest son of the late J. H. Lloyd, LL.D., Ph.D., M.R.I.A., Dublin. ~~Funeral~~ to Dean's Grange, 10.15 a.m., to-day (Saturday), 23rd.

122. Fógra báis an Laoidigh, 23 M.Fómhair 1939

The Irish Times - Saturday, September 23,1939 - Page 1 DEATHS.

LLOYD (Dun Laoghaire) September 21, 1939, at 1 Royal Terrace. West, Dun Laoghaire, Joseph Henrv, eldest son of the late J. H. Lloyd, LL.D., Ph.D., M.R.1.A., Dublin. Funeral to Dean's Grange, 10.15 a.m., to-day.



The Irish Times - Monday, September 25, 1939

FUNERALS

MR. J. H. LLOYD

The funeral of Mr. Joseph Henry Lloyd, Royal terrace, West, Dun Laoghaire, took place to Dean's Grange Cemetery on Saturday. The Service was conducted by the Rev. A. W. R. Camier, Christ Church, Dun Laoghaire.

The chief mourners were:—Mr. W. J. Lloyd, Belfield, Raheny (brother); and Mrs. Lloyd (sister-in-law).

Among those present were:—Mr. and Mrs. John Montgomery, "An Seabhac," P. O. Saochsfhradha, and Seamus O Casaide, barrister-at-law.

The late Mr. Lloyd, who was a son of the late Mr. J. H. Lloyd, LL.D., M.R.I.A., Dublin, was, with President Douglas Hyde, one of the founders of the Gaelic League. He was a distinguished Irish scholar, and edited *Iris Leabhair na Gaedhilge*. He was a member of the head office staff of the Great Southern Railways Company when he retired from business.

123. Tuairisc ar shochraid SL, IT 25 M.Fómhair 1939

Bhí nóta nuachta i gcorrpháipéar faoin tsochraid. Sa tuairisc a bhí san *Irish Times* rinneadh an Laoideach a áireamh, mar ba cheart, ar bhunaitheoirí Chonradh na Gaeilge. Ba é an tOirmhinneach A.W.R. Camier, ó Christ Church, Dún Laoghaire, a bhí i mbun na seirbhíse adhlactha. Ba iad William agus a bhean chéile, Louisa, na príomhshochraidigh. Bhí Mr and Mrs. John Montgomery, a bhí ina gcónaí, is cosúil, sa teach céanna le Seosamh, ag an tsochraid i nGráinseach an Déin freisin. Bhí an Seabhac i láthair agus Séamas Ó Casaide, aturnae.

Ní raibh Énrí Ó Muirgheasa i láthair, ar fhianaise a ailt sa *Leader*. Measaim gur léigh sé an tuairisc úd san *Irish Times* thuas agus gur bhain sé as sin gur sochraid bheag a bhí ann. D'fhéadfadh sin a bheith fíor. Is cuimhin linn go raibh cosc ar Chaitlicigh freastal ar sheirbhísí Protastúnacha ag an am agus gur mhair an cosc seo go dtí an Dara Comhairle Vatacánach. Nuair a fuair an tUachtarán de hÍde bás i 1949, ní raibh de mhisneach ag airí rialtais fiú freastal ar na seirbhísí in Ardeaglais Naomh Pádraig. Scríobh Ó Muirgheasa:

> A small funeral of less than a dozen persons, three inches of print on a back page of the daily newspapers, thus was rung down the curtain on the career of one of the most extraordinary Irishmen of this generation.

I mí na Samhna bhí an fógra reachtúil seo i measc na bhfógraí dlí sna nuachtáin. Tá scéal beatha Sheosaimh maidir le húinéireacht tithe san fhógra seo: Buaile na Gréine ó 1909 go dtí 1933, 17 Mellifont Avenue, Dún Laoghaire 1933 go 1936, agus 1 Royal Terrace, Dún Laoghaire ó 1936 go 1939. Is ait go bhfuil 'Kingstown' fós i gcomhfhreagras ar bith, ach is ag na dlíodóirí, ní ag Seosamh, atá sé in úsáid.

ALL persons claiming to be Creditors of Joseph Henry Lloyd, late of 1 Royal Terrace West, ~~Kingstown~~, Co. Dublin, and formerly of 2 Stillorgan Park, and 17 Mellifont Avenue, Kingstown, Co. Dublin, who died on the 21st day of September, 1939, are ~~requested to~~ furnish ~~particulars to~~ Hayes and Sons, Solicitors, 41/42 Nassau Street, Dublin.

124. Fógra reachtúil maidir le heastát SL

Níor fhág Seosamh uacht. Ceadaíodh riaradh an eastáit do William Lloyd, 'clerk retired'. Tá an meamram den socrú riaracháin seo (Tagairt 2027) sa Chartlann Náisiúnta.

LLOYD JOSEPH H. (2027) 28 November
Administration of the Estate
of JOSEPH HENRY LLOYD late of
1 Royal Terrace W. Dun
Laoghaire County Dublin C.S.
(retired) who died 21
SEPTEMBER 1939 granted at
DUBLIN to William J. Lloyd
Clerk (retired)
Effects £5978 18s 7d

125. Meamram reachtúil den socrú riaracháin d'eastát SL

An cuntas atá air ansin ná ‘C(ivil) S(ervant), (retired)’. B’shin an cur síos a bhí air ina theastas pósta. Ba státseirbhísigh iad oibrithe poist na Breataine. D’fhág sé beagnach £6,000. Bhí £2,606 de bhreis aige ar an méid a d’fhág Esther aige i 1936 nuair a fuair sé bás. Fiú agus luach an tí san áireamh, £6,000 sa bhliain 1939, ba mhór an tsuim airgid é. Is léir gur chas an taoide dó ó na 1920í anall agus gur thuill sé nó gur chruthaigh sé féin acmhainní seachas an méid a tháinig chuige trí mheán Esther.



AN BÁS.

Go bhfuarclaidh Dia ar anam Seosaimh Laoide. Is baoghlach gur fánach duine de lucht na Gaeilge an lae indiu a chuimhnigheann air ná atá críonna a dhóthain chuige, acht, a mhaireann de'n seandream, is cuimhin leó an t-am nuair ná bíodh leabhar ná Iris Gaedhilge ag teacht amach gan ainm Seosaimh i n-a thosach mar eagarthóir. Agus ba shin é uair do theastuigheadh eagarthóireacht ó'n nGaedhilg mar ná raibh a fhios cionnus í a litriughadh ag aoinne lasmuich de'n Chonnradh i mBaile Átha Cliath agus ba lag é an Connradh ar an am. Indiu féin, níor mhisde aon leabhar Gaedhilge lámh leithéide Seosaimh ann, agus go mórmhór leabhar a bhainfeadh le stair nó le tlaicht-eoluis. Agus ar foillrigeadh i dtaoib na n-Éireann le dachad bliadain, agus ar reolad de litreacaib Gaedhilge tríd an bPort, ní dóca go bhuigeadh aon Gaedeal a ngnó a deunamh fós gan "Port-Seancar" ar a comhgar aige. Tá sé agam-sa agus mé 'gá rcríobad so agus cíoim sa péamhád:—

"Tá rúil agam go mbainfid gach éinleigteoir rior-úráid agus rár-úráid ar an leabar so nó go dtuigtear ar lucht an uabair úd atá i gcúrtam 'rcuit an litir-cirte' géilleadh d'Éirinn na nGaedeal"—fáirior! Tá ár muinntir féin i gcúrtam "Scuit an litir-cirte" anoir agus nílmid 'gá gcaoćad le litreacaib i nGaedilg.

L. L.

126. Nóta méala ag Leac Logha (Seán Ó Ciarghusa) sa *Leader*, 30 Meán Fómhair 1939.

Bhí nóta méala i nGaeilge sa *Leader* ar 30 Meán Fómhair 1939, seachtain i ndiaidh adhlacadh Sheosaimh. Leac Logha (Seán Ó Ciarghusa), Déiseach agus colúnaí rialta san iris, a scríobh é:

> Go bhfuascaidh Dia ar anam Sheosaimh Laoide. Is baoghlach gur fánach duine de lucht na Gaeilge indiu a chuimhnigheann air ná atá críonna a dhóthain chuige, acht, a mhaireann de'n seandream, is cuimhin leó an t-am nuair ná bíodh leabhar ná iris Gaedhilge gan ainm Sheosaimh i n-a thosach mar eagarthóir. Agus ba shin é uair do theastuigheadh eagarthóireacht ó'n nGaedhilg mar ná raibh a fhios cionnus í a litriughadh ag aoinne lasmuich de'n Chonnradh i mBaile Átha Cliath agus ba lag é an Connradh ar an am. Indiu féin, níor mhisde aon leabhar Gaedhilge lámh leithéide Sheosaimh ann, agus go mórmhór leabhar a bhainfeadh le stair nó le tlaicht-eoluis.

> Agus ar foillsigheadh i dtaoibh na h-Éireann le dachad bliadhain, agus ar seoladh de litreacha Gaedhilge tríd an bPost, ní dócha go bhfuigheadh aon Ghaedheal a ngnó a dhéunamh fós gan 'Post-Sheanchas' ar a chomhgar aige. Tá sé agamsa agus mé ghá sgríobhadh so agus chídhim sa réamhrádh:—
>
> Tá súil agam go mbainfidh gach aon léightheoir síor-úsáid agus sár-úsáid as an leabhar so nó go dtugthar lucht an uabhair úd atá i gcúram 'scuit an litir-chiste' géilleadh d'Éirinn na nGaedheal.
>
> Fáiríor! Tá ár muintir féin i gcúram 'scuit an litir-chiste' anois agus nílimid ghá chaochadh le litreachaibh i nGaedhilge.

Thug Leac Logha aitheantas do thábhacht an Laoidigh mar eagarthóir i ngluaiseacht na Gaeilge, go háirithe do na scríbhneoirí. Ba ag Seosamh, agus b'fhéidir gurb aige amháin, a bhí ceartlitriú agus ceartchomhréir na teanga ar feadh i bhfad. Chomh fada is a bhí caomhnóir caighdeáin aitheanta ann, ba é Seosamh é, ina fheidhm mar Eagarthóir na Leabhar don Chonradh. Ba é leagan an Laoidigh an 'caighdeán oifigiúil' ina lá. Dúirt Leac Logha freisin, ó 1905 anall, nach bhféadfadh aon duine gnó a dhéanamh trí mheán na teanga gan *Post-Sheanchas* taobh leis. Chreid sé go follasach go raibh an gá do leithéidí an Laoidigh lán chomh géar i 1939 faoin Saorstát is a bhí sé cúpla glúin roimhe sin faoi 'lucht an uabhair'.

126A. Seosamh Laoide (1865-1939) ó phictiúr san Acadamh Ríoga

Caibidil 6

Conclúidí

6.1 An tsaincheist

D'éirigh liom cuntais bheathaisnéiseacha de na Laoidigh, athair agus mac, atá réasúnta iomlán, a chur le chéile. Bhí an t-eolas scaipthe i gcuntais, i gcáipéisí, i láithreacha agus i bhfoinsí éagsúla. Cruthaíodh 'cartlann fhíorúil sonraí' arbh í a feidhm an t-eolas seo a thabhairt le chéile in aon suíomh fíorúil amháin a chabhródh ábhar an tráchtais a sholáthar. Tá bearnaí fágtha de bhrí nár éirigh liom na sonraí ba ghá a aimsiú, nó go mb'éigean dom ábhar a fhágáil ar lár ar chúiseanna ama agus spáis.

Léirítear na réimsí suntasacha eolais nárbh fhéidir plé go críochnúil mar dheiseanna tábhachtacha taighde don todhchaí. Mar shampla nocht 200 litir a scríobh an Laoideach chuig Eoin Mac Néill iad féin go han-déanach sa taighde seo. Tá siad sa Leabharlann Náisiúnta. Ní bhfuair mé deis ach an oiread mionscrúdú a dhéanamh ar an 150 litir ar a laghad a scríobh an Laoideach chuig Énrí Ó Muirgheasa agus atá ina chartlann siúd i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Níor éirigh liom an 60 leabhar nótaí inar bhreac an Laoideach a thaifid den Ghaeilge dhúchasach sna Gaeltachtaí agus sna hiar-Ghaeltachtaí ar fud na tíre a scrúdú. Tá na scórtha litreacha ó chomhfhreagróirí sna boscaí le hainm an Laoidigh orthu in Acadamh Ríoga na hÉireann, cuid acu agus lámhscríbhinní nó clóscríbhinní ceangailte leo i ndóchas go bhfoilseofaí iad in IG nó mar eolas don Laoideach féin. Mar a cuireadh in iúl i gcúpla láthair sa tráchtas, tá lámhscríbhinní leabhar leis an Laoideach a bhí ullamh le foilsiú nó cuid mhaith ullamh, ach nár foilsíodh riamh, ar strae nó ar iarraidh.

6.2` Na Laoidigh

Bhí go leor a d'fhreagair go díreach don tsaincheist in aiste Bhairéad agus i leabhar Mháirtín Uí Mhurchú faoi Dr. Lloyd. Cé's moite de mhíthuiscint nó dhó thug Bairéad an cúlra beathaisnéiseach go cruinn. Logáil an tOllamh Ó Murchú rannpháirtíocht an Dr. Lloyd i gCumann Buanchoimeádta na Gaeilge ó Eanáir 1879 ar aghaidh go 1884, ó chruinniú go cruinniú, geall leis. Thaispeánamar go ndearna an Dr. Lloyd a chion i bhfeachtas athréimnithe an Chumainn.

Dioscúrsa leanúnach ba ea tionchar an athar ar an mac. Níl ach cúpla pointe teagmhála sna cuntais, an teastas breithe, an Mhodhscoil, an clárú dúbailte i gCumann Buanchoimeádta na Gaeilge, tagairt nó dhó ag Seosamh dá athair in ACS, téacs faoi Yola agus i Yola atá i seilbh an Acadaimh Ríoga, an iris a chríochnaigh mar IG. Mura bhfuil comhuainíocht ina mbeathaisnéisí tá comhthreo nach bhfuil éalú uaidh.

Bhain sé a ardchéimeanna ollscoile amach mar aosach; níor thosaigh Seosamh féin ar an ollscolaíocht go raibh sé sé bliana agus scór. Ba shampla cumhachtach de chleachtadh an ardléinn é nár mheall Seosamh sna déaga dó ach a ndeachaigh abhaile air i ndiaidh báis a athar. Cé nach raibh baint aige leis an gCumann 'fhad a bhí a athair ann, d'athchláraigh sé mar bhall in aois a 22 dó.

Cé nach léir oideachas idirmheánach ina chúlra, ar fhianaise Bhairéad thug sé cumas cruthaithe sna teangacha clasaiceacha agus sna teangacha Eorpacha isteach leis go Coláiste na Tríonóide, foirmiú teangeolaíoch a chuidigh leis a chumas sa Ghaeilge a fheabhsú go hardleibhéal. Thaispeáin sé féin agus a athair an tsuim chéanna i mbunús fileolaíoch na dteangacha IndiaEorpacha agus i gcianfhoinsí na Gaeilge. Bhí luí ar leith acu araon le teangacha tuaiscirt na hEorpa.

Bhí scileanna véarsaíochta acu araon, an t-athair sa Bhéarla agus Seosamh sa Ghaeilge. B'fhéidir leo scríobh. Ní raibh ceachtar acu cruthaitheach sa bhrí fhicseanúil ach bhí cumas iriseoireachta agus acmhainn taighde iontu araon. Bhí suim acu beirt san oideachas agus sa dátheangachas.

Ceangal eile a bhí eatarthu, an ceann b'fhaide a mhair, ba ea Anna Phair, céile Dr. Lloyd agus máthair Sheosaimh. Thug Seosamh aire di feadh a beo. Chaith sí na blianta deireanacha leis ina theach 'Buaile na Gréine' i Stig Lorgan.

Tá údar maith ag Bairéad dá amhras faoi Ghaeilge an Dr. Lloyd ach níl amhras ar bith air faoina dhílseacht do chúis na Gaeilge ná gur óna athair a fuair Seosamh an grá don teanga. De réir Daonáireamh 1851, nuair a bhí J. H. Lloyd aon bhliain déag d'aois, is ar éigean a bhí duine ar bith i Loch Garman, áit ar tógadh é, a bhí sásta a fhógairt ar fhoirm an Daonáirimh go raibh an Ghaeilge aige nó aici. Thóg an Dr. Lloyd na nathanna Gaeilge ina thráchtas as cnuasach a d'fhoilsigh John O'Donovan sa *Dublin Penny Journal* in 1832. Níor nocht gné ar bith de mar

chainteoir nó mar scríbhneoir Gaeilge i gcuntas Mhic Mhurchú ar Chumann Buanchoimeádta na Gaeilge. B'eagraíocht an Cumann a rinne a ghnó tríd an mBéarla. Ag an Mórchomhairle ba i mBéarla a thug sé a chaint ar an dátheangachas. Bhí cairde agus lucht aitheantais aige a raibh an Ghaeilge acu, áfach, P.W. Joyce, Mícheál Ó Cíosóig, Uileag de Búrca, an tOllamh Brian Ó Luanaigh ina measc.

Níl fianaise againn faoi Sheosamh ag foghlaim na Gaeilge go dtí 1886 nuair a bhí a athair marbh le bliain go leith. Tá sé réasúnta glacadh leis nár thosaigh sé ag foghlaim go dtí sin. Mar a chonaiceamar i gCaibidil 2, chláraigh sé é féin, ar chostas £1, i gCumann Buanchoimeádta na Gaeilge 22 Eanáir 1879, ach níor fhreastail sé ar chruinniú ar bith ina dhiaidh sin go dtí 30 Márta 1886, deimhniú go raibh sé gnóthach le cúrsaí eile, nó nach raibh suim aige i gcúis na Gaeilge mar dhéagóir. Thosaigh sé go simplí ag liostáil ainmneacha baiste Gaeilge do chomórtas san *Irish Fireside* do liostaí ainmneacha baiste. Faoi Lúnasa bhí *Easy Lessons* Uileag de Búrca ina lámha aige.

'Bhí buadh thar chuimse aige ag foghlum teangthacha agus bhí Laidin agus Gréigis aige i ngach sgrúdú dá ndeárna sé sa gColáiste' (Bairéad: 1945-130). Dhearbhaigh Seosamh féin (ACS: 16-4-1910) gur fhoghlaim sé an Fhraincis agus an Ghearmáinis óna athair. B'fhiú, sílim, filleadh ar Choláiste na Tríonóide agus cuartú Bhairéad a chríochnú. D'ainneoin a ndeir sé ní léir conas mar a d'oibrigh an Laoideach na roghanna a bhí ar fáil dó sa chúrsa B.A. Bhí an Ghréigis, an Laidin, an Fhraincis agus an Ghearmainis ar an gcúrsa ach iad faoi riar ag roghanna. Bhí go leor ábhar eile ann. Seans go bhfuil a thuilleadh eolais sna taifid a mhíneodh cén fáth nár thug sé faoin scrúdú céime, nó má thug, a léireodh cén toradh a bhí ar an iarracht.

'Sa bhliain 1876, nuair a bunaíodh an Cumann, is ar éigean a bhí téacsleabhair Ghaeilge ann in aon chor', scríobh Máirtín Ó Murchú (2001:241). Caithfear an Cumann a áireamh mar sin ar na dreamanna a d'athbheoigh clóchultúr na Gaeilge. Nuair a chláraigh an Dr. J.H. Lloyd é féin san eagraíocht in Eanáir na bliana 1879 bhí na priméir *An Cheud Leabhar Gaedhilge* agus *An Dara Leabhar Gaedhilge* amuigh agus *An Treas Leabhar* cuid mhaith réidh. Bheadh plé aige leis na leabhair phróis, *Tóruigheacht Dhiarmuda agus Ghráinne* agus *Oidhe Chloinne Lir*. Tá a ainm mar bhall de Chomhairle an Chumainn i liosta atá sa dá

leabhar. Ní fhoilseofaí *Oidhe Chloinne Tuireann* go 1898. Bheadh Seosamh Laoide ar choiste eagarthóireachta don leabhar seo.

‘Muna mbeadh an t-easaontas riamh ann, agus an suaitheadh a d’eascair as, is é is dóichí go mbeadh irisleabhar ar bun le fada faoin am sin ag Cumann Buanchoimeádta na Gaeilge, agus b’fhéidir i bhfoirm ab fhearr a d’fhreastalódh ar phobal na Gaeilge ná an iris leath-acadúil a bhunaigh Daithí Ó Coimín,’ thuairimigh Ó Murchú (2001:123).

Bhí an Dr. Lloyd ar an deichniúr a bhí ag cruinniú ar 3 Dheireadh Fómhair 1882, a d’athdhearbhaigh rún ar glacadh leis ag an Mórchomhdháil an Lúnasa roimhe sin irisleabhar a bhunú. Faoin am sin bhí na scoilteoirí bailithe leo agus Aondacht na Gaedhilge bunaithe acu. Mar a thaispeánamar i gCaibidil 2, bhí ullmhúchán measúil d’iris nua déanta ag an gCumann, ach bhí an chéad uimhir d’*Irisleabhar na Gaedhilge* i gcló ag an Aondacht taobh istigh de mhí.

Cé nach ngéillfeadh Daithí Ó Coimín go raibh IG faoi chomaoin bealach ar bith ag an gCumann—mhol sé féin in *An tÉireannach* in 1876 go mbunófaí irisleabhar—ba léir gurb as an moladh ag an Mhórchomhdháil a tháinig an iris seo, ba chuma cé a chuir an chéad eagrán i gcló. Feictear i gCaibidlí 3, 4 agus go háirithe in Aguisín G, chomh tábhachtach is a chruthaigh an iris i saol Sheosaimh Laoide. Is nasc eile í idir athair agus mac.

Nuair a bhí an Dr. Lloyd ag scrúdú cora cainte agus seanfhocal na Gearmáinise bhí sé ag plé le ‘caint na ndaoine’, an téama ba shuntasaí in athbheochan na Gaeilge agus i saol a mhic mar athbheochanóir. Ba theanga uasal, ársa, álainn, tromchiallach í an Ghaeilge, dar leis an Dr. Lloyd; ach ní raibh meas ar bith comhaimseartha uirthi. Folaithe nó gan foirm fós ina thuairimíocht bhí an dearcadh a thiomáin saothar a mhic, Seosamh Laoide, i leith na Gaeilge labhartha; an fáth nach raibh meas uirthi ná gur *patois*, béarlagair pobail aineolaigh, gan forléiriú i bprionta, a bhí inti. Ar leanúint as sin, i dtuairim an Laoidigh, ba í an fhoilsitheoireacht an ghné ba thábhachtaí agus ba phráinní den Athbheochan.

Shainaithin Bairéad an Dr. Lloyd mar theangeolaí, ach, níos mó ná sin, mar theangeolaí a mhúin scileanna teangeolaíochta dá mhac. Tá dearbhú Sheosaimh againn gur tharla sin. Léigh Bairéad tráchtas an Dr. Lloyd, *Idioms of the German Language, together with the Proverbs*, a foilsíodh i Londain in 1875 ach a clóbhuaileadh i Jena. Cé gur leabhar scolártha é, ní léir gur acadóir an fear seo. Cumas feidhmeach i dteangacha a bhí aige; bhí sé ag obair ar an Mór-Roinn mar sheodóir, mar chomhfhreagróir do nuachtáin, mar mhac léinn ollscoile. Ní mór cuimhneamh, áfach, nach bhfuil fianaise shoiléir ann go raibh sé sa Ghearmáin.

Ní léir cá bhfuair an Dr. Lloyd a chéimeanna, ná na nuachtáin ar sholáthair sé tuairiscí dóibh ón Mhór-roinn. Tá bearnaí anseo a líonfar, tá súil agam, le grinnchuardach digiteach: cé na nuachtáin a ghlac ábhar uaidh, cén ollscoil nó cé na hollscoileanna ar a ndearna sé freastal? Tuairimíonn Bairéad Jena i Thuringen nó Freiburg i mBaden-Würtenmburg.

Feictear an Dr. Lloyd mar réiteoir sna haighnis a chráigh an Cumann. Bhí léargas Eorpach ar chúrsaí teanga aige. Chreid sé sa dátheangachas. Ba thaidhleoir cumasach é sna toscaireachtaí chuig na forais rialtais agus oideachais ag iarraidh ionadaíochta d'fháil don Ghaeilge sna curaclaim. Thacaigh sé, an méid a d'fhéadfadh sé, le foilsitheoireacht sa Ghaeilge, mar a taispeánadh. Ba é an Cumann a chéadcheap córas foilsitheoireachta inmharthana don Ghaeilge. Chuireadar 357,394 bunleabhar teagaisc i gciorclaíocht. Rinneadar athscríobh i nGaeilge inléite ar sheanscéalta; chonaic siad foilseacháin an Chumainn curtha ar chláir oifigiúla teagaisc an Bhord Náisiúnta Oideachais. Níl dabht ar domhain ach go bhfuair Seosamh tumadh san fhoilsitheoireacht agus é ina bhall den Chumann, mar a fuair a athair roimhe.

In éineacht le Seosamh ar Choiste na bhFoilseachán, a bhí ag plé le *Irish Music and Son*g, bhí an tOllamh James Goodman a bheadh ina ollamh aige nuair a bheadh sé cláraithe don chúrsa Ceiltise i gColáiste na Tríonóide. Sílim go raibh an Canónach Goodman níos tábhachtaí i saol an Laoidigh ná mar is léir ó na cuntais. Seans go raibh blúire dóchais ag Goodman go ngabhfadh an Laoideach leis an mhinistreacht luath nó mall.

Ní léir gur thug an Dr. Lloyd cuairt riamh ar Ghaeltacht ar bith. Chreid an mac i dteagmháil dhíreach leis an teanga bheo agus chuir sé dlúthaithne ar na

Gaeltachtaí agus na breacGhaeltachtaí ar fad geall leis. Bhí an Cumann righin maidir le spriocanna a bhaint amach; ba scoilteoir an mac a chuaigh amach agus a chuidigh le bunú eagraíochta athbheochana nua. Bhí cúlra san iriseoireacht ag an athair ina óige ach stad sé den fhoilsiú nuair a tháinig a leabhar amach. Bhí féith na hiriseoireachta sa mhac, mar a chruthaigh sé mar eagarthóir agus le sraith alt in irisí na Gaeilge agus in irisí eile. Tá a ainm ar shraith fhada leabhar inár leabharliosta.

6.3 *Irisleabhar na Gaedhilge* agus an Laoideach

I dtús na 1890í bhí fear óg againn, réasúnta oilte ar an nGaeilge, le cúlra spreagúil clainne i dtéarmaí teangeolaíochta agus ardléinn agus é ina bhall d'eagraíocht le cumas teoranta cúis na Gaeilge a chur chun cinn. Bhí iris ann ina raibh plé beo bríomhar leanúnach faoi ábhair dá leithéidí, iris a chuirfeadh cor nua ina shaol agus a bheadh ina cúram lárnach aige ar feadh deich mbliana ar a laghad.

Inár scagadh ar IG, chonaiceamar éabhlóid an Laoidigh mar bhéaloideasaí, mar thaighdeoir, mar eagarthóir, mar údarás ceartúsáide, mar scríbhneoir, mar léirmheastóir, mar logainmeoir, mar réamhChonraitheoir, mar thionscnóir gluaiseachta, mar Chonraitheoir, agus mar thimire ócáideach don Chonradh. Ba é IG an chéad mheán inar foilsíodh a shaothar agus ba é an meán ba rialta aige é. Ba ann a bhain sé aitheantas amach mar ghníomhaí i ngluaiseacht na Gaeilge. Níor imigh sé ar strae rófhada riamh ó thraidisiún, ó eisint, ó chroí-éiteas na hirise sin.

Cé nach raibh ann ach tosaitheoir, nocht sé bunsraith dhúchasach Ghaeilge i gCo. na Mí a d'athbheoigh mar choincheap 'Gaeilge Laighean' agus a leathnaigh an fheasacht go raibh glúin cainteoirí dúchais fágtha fós i dtuaisceart Laighean agus i ndeisceart Uladh. Leanamar a thaiscéalaíocht ar fud na tíre ag cur eolais ar na canúintí éagsúla agus ag cruinniú ollstór ábhair a chuirfeadh sé i gcló de réir a chéile in IG agus i leabhair.

Taispeánadh go raibh sé ar bhunaitheoirí Chonradh na Gaeilge. Tá cur síos agam ar a thimireacht don Chonradh, ar a shaothar i gCo. Mhuineacháin inar chaomhnaigh sé taisce shuntasach sheanchais ó scéalaí amháin ach go háirithe, Tomás Ó Corragáin. Léiríodh a chaidreamh casta le hÉnrí Ó Muirgheasa. Bheadh dreas gearr aige mar eagarthóir ionaid ar an iris i 1894. ó Bhealtaine

1899 ar aghaidh bhí sé féin ina eagarthóir ar IG. Thuig sé an tiomantas a d'éiligh an post—iris liteartha a sholáthar gach mí do Ghaeilgeoirí liteartha. Taispeánadh gur fheidhmigh sé polasaí a thug spás do na canúintí éagsúla i ngach aon eagrán den iris geall leis agus do Ghaeilge na hAlban go rialta.

Ba é féin an príomhsholáthraí don iris ina thréimhse eagarthóireachta ach níor sheó aonair é mar chruthaigh sé agus chothaigh sé meitheal chuimsitheach comhfhreagróirí agus soláthraithe ó gach cearn den tír agus níos faide i gcéin.

Chuir an Laoideach síos air féin mar léirmheastóir cuiditheach nach raibh d'aidhm aige riamh ach measúnú ionraic a dhéanamh ar an téacs don athchló. Chonaic daoine eile mar léirmheastóir diúltach é, nach mbíodh d'aidhm aige ach an t-údar a náiriú. Chothaigh an seasamh a ghlac sé i leith cheartúsáid na Gaeilge an chuil dó chomh maith. Glacadh leis mar údarás iontaofa ina ainneoin sin. Thaispeánamar gur bhain sé ionad amach dó féin i stair léirmheastóireachta na Gaeilge.

Mar léirmheastóir chothaigh sé agus dhaingnigh sé caidreamh agus cairdeas leis an ngréasán ilréimseach Ceilteach. Cé gur fheidhmigh sé an t-uaschaighdeán gan taise, bhí sé dearfach tríd is tríd i leith na samplaí cruthaitheacha a tháinig isteach. Bheadh sé níos dearfaí fós mar eagarthóir na leabhar ó 1903 ar aghaidh. Tá sé ríshoiléir ó na samplaí a scrúdaíomar go raibh ar a chumas plé le hábhar na dtéacsanna agus go ndearna sé sin go rialta. Níor mhór é a áireamh freisin, taispeánadh, ar léirmheastóirí amharclainne na Gaeilge.

Mar léirmheastóir rinne sé teagmháil le meon an phobail i leith an náisiúnachais agus na polaitíochta sna paimfléid. Bhain sé leas as gach deis a thuairimí féin a nochtadh. Bhí intinn an iriseora ann chun conspóid a thionscnamh agus a choinneáil ar siúl; cuimhnímis go raibh a athair 'ina thuairisceoir coigríche ag páipéar i Sasana nuair a bhí sé ar an Mór-Roinn'.[84]

Disciplín eipistealach nár léirigh é féin mórán fós i speictream léinn na Gaeilge is ea staidéar ar an gcorpas comhfhreagrais sa teanga sin. Léiríodh mar a ghin léirmheasanna an Laoidigh sruth corraitheach 'litreacha chuig an eagarthóir' a dhearbhaigh go raibh acmhainn sa Ghaeilge Nua na mothúcháin ba dhoimhne a

[84] Bairéad 1945: 129.

chur in iúl go paiteanta. Thairis sin taispeánadh go raibh an cumas eagarthóireachta agus iriseoireachta sa Laoideach plé leo. Tá díolaim chuimsitheach litreacha i nGaeilge i gcartlanna an Laoidigh san Acadamh Ríoga agus na Leabharlainne Náisiúnta agus i gcartlanna eile.

Ba é an sruthú follasach ábhair ó iris go leabhar an ghné ba shuntasaí dá ré eagarthóireachta. Chríochnaigh níos mó ábhair a foilsíodh i gcéaduair in IG ó Bhealtaine 1899 go Meán Fómhair1902 idir chlúdaigh leabhar ná mar a tharla i gcás eagarthóra ar bith eile.

Tugadh aitheantas dá chumas mar eagarthóir irise, gairm a d'éiligh réimsí difriúla scileanna. Thomhais an Laoideach a phobal léitheoireachta i gceart agus chuir sé an t-ábhar a bhí uathu ar fáil dóibh. Ní mar eagarthóir irise ach mar eagarthóir leabhar a mheasúnaigh Liam Mac Mathúna an Laoideach, cé gur dhearbhaigh sé go raibh sé 'dícheallach críochnúil i mbun eagarthóireachta ar irisí agus ar leabhair' (2000-2001:102). As an tréitheachas a cheadaigh sé dó mar eagarthóir leabhar, bheadh an sliocht seo (2000-2001:93) cruinn faoi mar eagarthóir IG:

> Agus an obair seo á cur i gcrích aige is cinnte gur ghá dó mar eagarthóir an ghnáth-theagmháil leanúnach a dhéanamh leis na húdair agus leis na clódóirí, chomh maith leis na téacsanna féin a ullmhú agus na profaí a léamh.

Is léir ón tráchtas seo go raibh ról ceannródaíochta ag an Laoideach, mar eagarthóir irise agus mar eagarthóir leabhar, in éabhlóid ghearrscéal na Gaeilge, fiú murar shásaigh na scéalta seo na critéir a leag criticeoirí mar Aisling Ní Dhonnchadha síos don ghearrscéal liteartha nua-aimseartha.

6.4 Leabhair an Chonartha

Réitíonn léirbhreithniú ár dtaighde le barúlacha an Choimisiún um Athbheochan na Gaeilge (1963:334) a shainaithin soláthar na leabhar Gaeilge i dtús an chéid seo caite mar shruthán 'a bhí caol go maith an lá ba láidre é', agus, mar a léirigh Niall Ó Cíosáin in ailt éagsúla, gur shuarach an soláthar é 'i gcomparáid leis an soláthar leabhar a mbeifí ag coinne leis i dtíortha Eorpacha eile'.

De réir Cheartliosta Uí Tháilliúir chuir an Conradh 404 foilseachán i gcló i dtréimhse eagarthóireachta an Laoidigh, a shín go 1915 ó 1903. B'fhéidir 190 leabhar Gaeilge, nár chláir imeachtaí ná tuarascálacha ná paimfléid

bholscaireachta iad, a aimsiú san áireamh sin. Orthu siúd bhí scór leabhar arbh é Seosamh Laoide a n-údar agus seacht leabhar a raibh a ainm orthu mar eagarthóir. Níorbh éachtach an táirgeadh í aschur 190 leabhar thar dhá bhliain déag. Ní raibh, mar a mhínigh Niall Ó Cíosáin (2004:11), tacaíocht ná pátrúnacht na hEaglaise Caitlicí ná forais chumhachtaigh ar bith eile ag clóchultúr na Gaeilge; ní raibh aige ach eagraíocht dheonach mhíthreorach gan maoiniú iontaofa.

Mar a mhínigh Ó Cíosáin go minic, i gcomparáid le Gaeilge na hAlban, an Bhreatnais agus an Bhriotáinis, is ar éigean go raibh fostruchtúir do chlóchultúr na Gaeilge ann ar chor ar bith. Sa Chonradh, bhí tosaíocht ag Oireachtas na Gaeilge, ag an timireacht, ag ACS, ag an stocaireacht nó ag an taidhleoireacht chun an Ghaeilge a chur ar churaclaim ag gach leibhéal ar fhoilsitheoireacht na leabhar.

I dtimpeallacht chomh fabhtach, doicheallach is a bhí sa Chonradh agus ag tabhairt san áireamh nach raibh ach 20 leabhar Gaeilge i gcló i mí Iúil 1893 (Ní Dhonnchadha, 1981:22), bhí aschur tréimhse Laoide mar eagarthóir éachtach amach is amach. Ba iad an Laoideach agus a mheitheal go haonarach, d'fhéadfaí a áitiú, a bhí i mbun tionscadail na leabhar Gaeilge ó 1903 go 1916.

Tá léirithe againn gur fheidhmigh sé chomh gairmiúil le heagarthóir i dteanga ar bith, ag ullmhú na dtéacsanna, ag léamh na bprofaí, ag plé leis na húdair agus na clódóirí, mar a mhínigh Mac Mathúna (2000-2001:93). Mar a dúramar i leith a théarma le IG, níorbh eagarthóir dofheicthe é. D'fhág sé a lorg go trom agus go pearsanta ar an saothar a phróiseáil sé.

Ba mhór a chuidigh an sruthú ábhair ó na hirisí leis ach ní raibh ach an séú cuid de na teidil sruthaithe. Bhí IG agus ACS tábhachtach do chur chun cinn an iomláin mar is iontu a bhí na léirmheasanna agus an t-ábhar bolscaireachta scríofa go minic ag an Laoideach faoina ainm cleite 'Mac Tíre'.

Ba shuntasach an méid a chuidigh sé féin leis an leabharliosta; an scór go leith leabhar a chuir sé le chéile; an dá scór beagnach ar chuir sé foclóirí agus/nó tagairtí agus nótaí leo, de bhreis ar na cinn a chuir sé in eagar agus a d'ullmhaigh sé don chló.

Rinne sé a chion maidir le soláthar na leabhar teagaisc agus foghlama, mar eagarthóir agus mar theaglamaí, go háirithe leabhair léitheoireachta. In earnáil an oideachais freisin léirigh sé a chumas soláthar téacsleabhar do theagasc ábhar eile trí mheán na Gaeilge a thionscnamh. Léiríodh gur thiargálaí a bhí ann in earnáil na litríochta cruthaithí, gur éascaigh sé foilsiú na gcéadiarrachtaí sa Ghaeilge nua. Mar bhéaloideasaí, thaispeánamar gur líon sé an bhearna sa bhailitheoireacht idir an Craoibhín agus Ó Duilearga. Dhearbhaigh soláthar na leabhar an léargas uile-Éireann a bhí aige maidir leis na canúintí. Léiríonn an soláthar freisin an méid a chuidigh sé le ceartúsáid na teanga mar fhoclóirí agus mar ghramadóir.

Tá léirithe againn, tá súil agam. go bhfuil éileamh ag an Laoideach ar mheasúnú ar a laghad i suirbhé ar bith ar iriseoireacht na Gaeilge agus go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis i ngeall ar a cheannródaíocht san earnáil sin den chlóchultúr mar thráchtaire ar chúrsaí reatha. De bhreis ar chúrsaí reatha, tá cuid den soláthar fíorscolártha, na haistí dinnseanchais, aistí mar ‘Eachtra agus imtheachta iomráiteacha an Cháiptín Cuellar’, ‘Amhrán an tSrachánaigh’, ‘Treoir an Ollaimh Suueet’, ‘Fir ghorma na hÉireann, ‘Mid-eighteenth-century conversation’ (Fch. Aguisín G).

6.5 An Chomharthaíocht Phoiblí

Ba bhunsraith saothar an Laoidigh sa réimse seo do na forbairtí ar fad in earnáil na comharthaíochta poiblí a tharla ó 1905 i leith (Fch. Aguisín H). Ba shíolchur a shaothar do na forbairtí sa logainmníocht, a chruthaigh ar ball na forais a chríochnaigh mar An Coimisiún Logainmneacha agus An Brainse Logainmneacha, agus *logainm.ie*. Tá an ghníomhaíocht i gcur chun cinn na comharthaíochta poiblí i nGaeilge níos bisiúla ná riamh. Tá tacaíocht reachtúil aici anois a dhéanann éigeantach í san earnáil Stáit, ach tá sí leathnaithe go deonach go láithreacha tráchtála agus eile agus an-éileamh uirthi. Sa bhliain 2020 ceadófar an chomharthaíocht phoiblí i nGaeilge sna sé chontae ó thuaidh. Beidh feidhm fós ag *Post-Sheanchas 1* agus *Post-Sheanchas 2*, mar chlúdaigh na leabhair sin Aontroim, Ard Mhacha, An Dún, Tír Eoghain, Doire agus Fear Manach.

Taispeánadh go raibh an Laoideach lárnach d'fhorbairt na cartagrafaíochta sa Ghaeilge agus, mar thoradh air sin, d'fhorbairt theagasc na tíreolaíochta trí Ghaeilge (Fch. Aguisín H). Níl staidrimh agam a léireodh cé mhéad scoil a chuir fios ar an léarscáil bhalla d'Éirinn a cheap Ó hAodha, Ó hAichir agus an Laoideach, díolta ag Muintir Uí Fhallamhain, ach níl áireamh ar na scoláirí a chuir aithne ar an leagan atlais den léarscáil chéanna, díolta ag Comhlacht Oideachais Éireann.

Is é córas na gcontaetha an ghné is gallda de struchtúir riaracháin na hÉireann. Níor thuig an Laoideach cén fáth nár theastaigh ó náisiúnaithe fáil réidh leis an gcóras sin. Tá treoirphlean intuigthe in *Post-Sheanchas 1* agus *Post-Sheanchas 2* le deireadh a chur leo agus dul ar ais go dtí na barúntachtaí agus na ríochtaí agus na dúichí a bhí ann nuair a bhí an Ghaeilge ina meán cumarsáide ag an tír ar fad. B'shin céim nach raibh na náisiúnaithe, dá dhíograisí iad, sásta glacadh leis. Sa chultúr coiteann, áfach, go háirithe sa spórt, tá féinionnanú suntasach ann i gcónaí leis na ceantair a bhí ann roimh na contaetha mar a shonraigh an Laoideach iad.

6.6 An Laoideach agus éabhlóid na Nua-Ghaeilge liteartha.

Léiríodh gur fiú an Laoideach a thabhairt san áireamh i gcuntas ar bith faoi éabhlóid na Nua-Ghaeilge liteartha, faoi phrosóid na Gaeilge, faoi ghramadach nó faoi cheartúsáid na Gaeilge. Taispeánadh go bhfuil áit aige i gcuntas ar bith ar eagarthóireacht na Gaeilge nó ar an iriseoireacht sa mheán sin, i ndíolaim ar bith de léirmheasanna i nGaeilge, i dtaighde ar bith ar chumarsáid eipistileach nó ar chomhfhreagras sa teanga. Ba dheacair neamhaird a thabhairt air ná neamhiontas a dhéanamh de i staidéar cuimsitheach ar fhoilsitheoireacht na Gaeilge ná, ar bhonn níos leithne, ar chlóchultúr na Gaeilge agus ar a fhealsúnacht ina leith. Fógraíodh éachta an Laoidigh mar bhéaloideasaí sa tráchtas agus leagadh amach an fhianaise gurb é an droichead ar a laghad idir de hÍde agus Ó Duilearga san earnáil sin agus go raibh sé níos táirgiúla agus níos eolaíche ná ceachtar acu.

Chruthaigh *Post-Sheanchas* 1 (1905) agus *Post-Sheanchas* 2 (1911) téacsanna agus bunachar sonraí a bhfuil macallaí agus tionchar láidir fós acu i gcleachtas na logainmníochta ar fud an oileáin agus i réimse na comharthaíochta poiblí.

Ardaítear ceisteanna agus téamaí tromchúiseacha i gCaibidil 5. Bhí dhá líomhain san alt 'A forgotten patriot' sa *Leader* i 1939, faoi Sheosamh a ghoill go mór ar chlann Laoide thar na glúine, mar a chonaiceamar. Tugadh aghaidh ar an ráfla gur chuidigh sé leis an tseirbhís fhaisnéise in Oifig an Chogaidh le linn an Chogaidh Mhóir ag aistriú litreacha Gaeilge don Chinsire agus taispeánadh gur ar T.W. Rolleston a bhí an cúram sin. Níor iompaigh sé dáiríre i gcoinne na Gaeilge ná a chairde le teann searbhais ach an oiread, mar a thugann an dara líomhain le tuiscint, nuair a briseadh as a phost mar eagarthóir ginearálta é i bhfómhar na bliana 1914. Lean sé ar aghaidh leis an eagarthóireacht agus leis an bhfoilsitheoireacht leis an gConradh agus in ainneoin an Chonartha ar feadh bliana go leith eile ar a laghad. I bhfad ó cúl a thabhairt don Ghaeilge níos déanaí taispeánadh gurbh í teanga a speabhraídí intinne í. Tá fianaise na nuachtán againn go raibh sé i láthair ag an bhfáiltiú a thionóil an tUachtarán de hÍde 25 Meán Fómhair 1938 dá sheanchairde sa Chonradh.

I gCaibidil 5 chonaiceamar an Laoideach ina sheasamh go huaigneach ag crosaire cinniúnach i stair na h Éireann ina raibh rogha ag an ngluaiseacht a bhunaigh sé féin, Ó Gramhnaigh agus Mac Néill, dul bóthar athréimniú na Gaeilge agus an ath-Ghaelaithe nó bóthar na saoirse polaitiúla. Rinne an Conradh rogha a chríochnaigh le tír chríochdheighilte an 'chúpla focal'. Chuireadar an t-athréimniú agus an t-ath-Ghaelú ar athlá agus tá siad araon cuid mhór ar athlá fós.

Ní gá ach breathnú ar *Post-Sheanchas* le feiceáil gurb í Éire Ghaelach aontaithe amháin a bhí i bhfís an Laoidigh. Níor speabhraídí intinne aige an Éire Ghaelach aontaithe sin a shamhlú sa 'Tré-Fhóid', comhaontú dinimiciúil cultúrtha d'Éirinn, d'Albain agus de Mhanainn. Sa chomhthéacs seo, ba dhroichead thar Shruth na Maoile, mar a thug sé tráth ar Chambeul Íle[85], an Laoideach féin.

[85] Lch 432

6.7 Bailchríoch

I ndeireadh thiar tá teideal Uí Mhuirgheasa dá alt, ‘A forgotten patriot’, réasúnta cruinn. Is cuid dár modheolaíocht an coincheap, ‘tost cartlainne’. Fillimis ar ár n-íomhá den fhear uaigneach ag an gcrosaire, é leis féin ar bhóthar an athréimnithe agus an ath-Ghaelaithe. Ba iad an móramh a d’imigh an bóthar eile, bóthar na polaitíochta, na críochdheighilte agus an ‘chúpla focal’ a scríobh na cuntais chanónta ina bhfuil sé ar iarraidh.

Mar bhailchríoch, tacaíonn an tráchtas seo le cur síos eile a bhí ag Ó Muirgheasa ar an Laoideach san alt céanna: ‘a big, imponderable force’. B’fhórsa dochuimsithe é in athréimniú na Nua-Ghaeilge liteartha nach bhfuil a thionchar tomhaiste fós.

Aguisín A

Scéal na Laoideach: creatlach thráchtais

Ríomhann scéal na Laoideach é féin a bheag nó a mhór go líneach i gcuntas Uí Mhuirgheasa. Leanann an tráchtas an dul céanna. I gCaibidil 1 faighimid an réamhrá, forbhreathnú ar an litríocht agus ar fhoinsí eile, agus cur síos an mhodheolaíocht. Baineann Caibidil 2 leis na Laoidigh mar chlann, leis an bhéim ar an Dr. J.H. Lloyd, mar athair agus mar bhall gníomhach de Chumann Buanchoimeádta na Gaeilge. Tá léargas againn chomh maith ar óige Sheosaimh. I gcaibidil 3, tá tadhall Seosaimh leis an nGaeilge, a bhaint le IG, a shaothar san iris sin, agus a ról mar chomhbhunaitheoir an Chonartha, faoi scrúdú againn.

I gCaibidil 4 agus sna haguisíní a ghabhann léi, déantar anailís ar a thréimhse mar eagarthóir IG, mar eagarthóir ginearálta ar fhoilseacháin an Chonartha (Aguisín F) , ar shaoririseoireacht an Laoidigh in IG, in ACS agus in irisí eile (Aguisín G) agus ar a thionchar mar logainmneoir, mar dhinnseanchaí agus mar chartagrafaí (Aguisín H). Tá an struchtúr seo ar Chaibidil 4 i dtreo is go gcloífear leis an líon focal ceadaithe don tráchtas.

I gCaibidil 5 feicimid tionscadal foilsitheoireachta an Chonartha ag titim isteach air féin, tapaithe ag sealbhú an Chonartha ag Bráithreachas na Poblachta, agus mar a d'fhulaing an Laoideach sa ghéarchéim sin. Tugaimid a scéal go ceann scríbe.

Tá ár gconclúidí i gCaibidil 6.

Aguisín B
Clann an Dr J.H. Lloyd agus Anna Phair

1. Frances Marian Lloyd Huggard

Is i Sráid Lennox a rugadh an chéad pháiste a bhí acu, iníon, Frances Marian, in Uimhir 5½, béal dorais, geal leis, d'Uimhir a Seacht, seoladh Anna ar an teastas pósta, 8 Feabhra 1863. Seo thíos an sliocht as Clár na mBaistí i Séipéal Naomh Peadar, Sráid Aungier, ina bhfuil baisteadh Frances Marian Lloyd cláraithe:



[Page 138]

BAPTISMS solemnized in the Parish of St Peter

in the County of Dublin in the year 1863.

When Baptized.	When Born.	Child's Christian Name.	Parent's Name. Christian.	Parent's Name. Surname.	Abode.	Quality, Trade, or Profession.	By whom the Ceremony was performed.
1863 April 8.	1863 Feby 9th	Frances Marian	Joseph Henry & Anna	Lloyd	5½ Lennox Street	Lecturer	J. Barry Master

127. Teastas baiste Frances Marian Lloyd

Féach, chomh fada siar le Feabhra 1863, gur aithin an ministir i bparóiste Naomh Peadar Joseph Henry Lloyd mar sheodóir. Bhí tuairisc amháin eile faoi Frances Marian ar an suíomh seo; mioneolas faoina pósadh sa bhliain 1887 nuair a bhí sí ceithre bliana is fiche d'aois. Bhí a hathair, Dr. Joseph H. Lloyd, básaithe trí bliana. Ní hionann is a teastas baiste, nuair a cuireadh síos ar an athair mar sheodóir, is mar 'Professor of Language' a thagraítear dó ar chlár na bpóstaí den 'North Strand Church':

Féach gurb é Seosamh Laoide féin, in aois a dó is fiche, a bhí mar fhinné dá dheirfiúr agus gurb é Waterloo Road, North Strand, seoladh baile Frances Marian. Ba sa cheantar seo a chónaigh na Laoidigh nuair a fuair an Dr. J.H. Lloyd bás—i Seaview Avenue, Church Road, East Wall. Nuair a ghníomhaigh Seosamh mar chomhchisteoir an Chonartha i 1893, ba é 8 Waterloo Road, North Strand an seoladh teagmhála a thug sé do na baill.

Area - DUBLIN (COI) ,
Parish/Church/Congregation - NORTH STRAND

Marriage of RICHARD HUGGARD of KILLORAN PARISH COLLEGE and FRANCES MARIAN LLOYD of 3 WATERLOO AVENUE on 27 July 1887

Back to search results

	Husband	Wife
Name	RICHARD HUGGARD	FRANCES MARIAN LLOYD
Address	KILLORAN PARISH COLLEGE	3 WATERLOO AVENUE
Occupation	CLERK IN HOLY ORDERS	N/R
Father	THOMAS HUGGARD	JOSEPH HENRY LLOYD
Mother	N/R	N/R

Further details in the record

Husband Age	FULL
Husband Marital Status	B
Wife Age	FULL
Wife Marital Status	S
Husband's Father's Occupation	CLERK
Wife's Father's Occupation	PROFESSOR OF LANGUAGE
Witness 1	WILLM F G T-STURT (WITNESS FOR HUSBAND)
Witness 3	JOSEPH H LLOYD (WITNESS FOR WIFE)

128. Teastas pósta Frances Marian Lloyd agus Richard Huggard

129. ‘North Strand Church’, láthair an phósta

Phós Marian an tOirmhinneach Richard Huggard. ‘Killoran Parish College’ an seoladh baile a bhí aige. Bhí seacht bparóiste in Éirinn leis an áitainm ‘Killoran’ orthu agus scoileanna príobháideacha i gcuid acu. Nuair a rugadh an chéad mhac, Hewitt Huggard, is i dTuaim i gCo. na Gaillimhe a bhí Frances Marian agus a fear céile lonnaithe. Tá an t-eolas sin ar shuíomh idirlín, *www.dungannonwardead.com*, mar ba shaighdiúir Hewitt a cailleadh sa Chogadh Mór.

130. Leifteanant Hewitt Huggard, nia le SL.

> .... The family moved to St John's Vicarage, Barnsley. Hewitt took a second-class degree in History at Merton College, Oxford in 1911. He enlisted in August 1914 and served in Egypt before being sent to Gallipoli. Lieutenant Hewitt Huggard was serving with the 6th Battalion of the East Yorkshire Regiment when he was reported wounded and missing during an attack on Tekke Tepe Ridge, at Suvla Bay, Gallipoli, on 9th August 1915. He was later confirmed dead.[86]

Faighimid amach sa suíomh céanna gur rugadh an tOirmhinneach Richard Huggard féin i nDún Geanainn. Sa bhliain 1890 ceapadh é ina reachtaire ar Eaglais Naomh Áine sa bhaile sin. Is féidir a shamhlú gur fhan Seosamh leo ansin amanna i nDún Geanainn idir 1890 agus 1899 mar bhunáit dá thaiscéalaíocht i gCúige Uladh.

Ag tús an chéid nua ceapadh an tOirmhinneach Huggard ina reachtaire ar Eaglais Naomh Eoin i Barnsley i Yorkshire. Is mar spreagthóir agus mar thraenálaí agus mar réiteoir rugbaí is mó a chuimhnítear air. Maraíodh Hewitt Huggard ar 9 Lúnasa 1915, san ionsaí in aghaidh na dTurcach ó Chuan Suvla ar Gallipoli. Fógraíodh ar iarraidh é agus ina dhiaidh sin marbh. Ní bhfuarthas a chorp. Ba nia le Seosamh Laoide Hewitt. Tharla tragóid a bháis seachtain i ndiaidh na hArdfheise a chuir deireadh le foilsitheoireacht na leabhar ag an gConradh agus lena phost féin mar eagarthóir na leabhar.

Níorbh é marú Hewitt ag Gallipoli an bhris dheiridh a d'fhulaing clann Huggard agus clann Laoide sa Chéad Chogadh Mór. Maraíodh deartháir Hewitt, Lewis Dudley, i gceantar Calais na Fraince, 26 Meitheamh 1917[87]. Ba chéimí de chuid Oxford Lewis Dudley freisin agus é curtha ansin le cabhair scoláireachtaí. B'imreoir rugbaí é. San arm rinne sé dul chun cinn an-sciobtha sa bhliain 1917 agus faoin am a shroich sé an Fhrainc bhí sé ina chaptaen in aois a 23 dó. Bhí

[86] *www.dungannonwardead.com ceadaithe 3/2/2019.*
[87] *www.dungannonwardead.com, ceadaithe 3/2/2019.*

cathanna móra ag Nimy agus i gceantar Arras sa chéad leath de 1917. Cé gur mhaígh na comhghuaillithe gur bhuaigh siad, dáiríre ní raibh an bua ag taobh ar bith agus lean an troid ar aghaidh go tadhlaíoch. I scirmis chliathánach den chineál seo maraíodh Lewis Dudley Huggard 26 Meitheamh 1917. Fuarthas an corp, agus tá Lewis Dudley curtha ar nó gar do pháirc an áir.



131. Faisnéis adhlactha an Captaen Lewis Huggard

Fuair Frances Marion bás i Barnsley ar 28 Feabhra 1919, in aois a 55. Cé go raibh seisear páiste eile aici, caithfidh gur ghoill caill a mac sa chogadh go mór ar a sláinte. Ag an am, 1919, bhí Seosamh gafa ag nó ag téarnamh as babhta meabhairghalair. B'ualach breise ar mhullach bhás an dá nia caill a dheirféar. Ba dhílseoirí don ríocht, don rí agus don Impireacht clann Huggard. An tábhacht a bhaineann leo i scéal Sheosaimh Laoide, i measc rudaí eile, ná go dtugann siad cúlra clainne sochreidte dílseora dó dá mba rud é go raibh fonn ar an Oifig Chogaidh post faisnéise a thairiscint dó faoi scáth MI 9 sa bhliain 1916 nó ina dhiaidh.

2. Joseph Henry Lloyd nó Seosamh Laoide

Rugadh Seosamh ag 7 Annavilla Íochtar, Raghnallach, Baile Átha Cliath, 24 Bealtaine 1865. Cúig bliana is fiche a bhí a athair nuair a rugadh é, an dara páiste agus an mac ba shine. Baisteadh é 6 Meitheamh in Eaglais Pharóiste (Protastúnach) Naomh Peadar, Sr. Aungier, an séipéal inar pósadh a thuismitheoirí. Bhí gaolta a sheanmháthar thíos i Loch Garman. Seans go raibh a sheanathair Lloyd sa siopa seodóra i Sráid Anglesea; níl aon fhianaise againn go raibh, ná gur fhág sé Londain riamh. Bhí a sheanathair Phair thart cinnte, é

ina dheagánach de chuid na hEaglaise Naofa Aspalda Caitlicí sa séipéal beag a bhí acu ar Bhóthar Adelaide.

3. Robert Phair Lloyd

Rugadh Robert Phair Lloyd dóibh 1 Nollaig 1868 ag 5 Chalgrove Terrace. Is in Eaglais Naomh Séamas i Sráid Shéamais a baisteadh é. Cuirtear síos ar an athair mar sheodóir sa teastas baiste. Phós Robert Kathleen Violet McGrane, Clifton Lodge, Baile Átha Buí, An Mhí, iníon William McGrane, fear a bhí ina mhaor nó ina stíobhard ag Lord Darnley, ar 9 Samhain 1892. Bhí Robert ina chónaí sa bhaile nuair a phós sé, sé sin le clann Laoide ag 8 Waterloo Avenue, An Trá Thuaidh. Ba i séipéal bhaile an ghrúim, North Strand Church, a comóradh an pósadh, an séipéal céanna inar phós a dheirfiúr, Frances Marian, i 1887. An cur síos atá ar ghairm bheatha Robert ná 'mercantile clerk'. Ba é a dheartháir Seosamh an finné a bhí aige. Is 'Professor of Languages' an cur síos atá ar an athair.



Page 35

1892 Marriage solemnized at North Strand Church in the parish of St Thomas in the City of Dublin

No.	When Married.	Name and Surname.	Age.	Condition.	Rank or Profession.	Residence at the Time of Marriage.	Father's Name and Surname.	Rank or Profession of Father.
69	Nov. 9th 1892	Robert Phair Lloyd	full	Bachelor	Mercantile Clerk	8 Waterloo Av. North Strand	Joseph Henry Lloyd	Professor of Languages deceased.
		Kathleen Violet McGrane	full	Spinster	..	Clifton Lodge Athy Co. Kildare	William Patrick McGrane	

Married in the North Strand Church according to the Rites and Ceremonies of the Church of by me, R. J. Blewitt

This Marriage was solemnized between us { Robert Phair Lloyd / Kathleen Violet McGrane } in the Presence of us, { Alfred Robin / Joseph H. Lloyd }

132. Teastas pósta Robert Phair Lloyd agus Kathleen Violet McGrane

An chéad léargas eile atá againn ar bheatha Robert Phair Lloyd ná na sonraí a bailíodh sa Daonáireamh i 1901.



CENSUS OF IRELAND, 1901.

FORM A.

No. on Form B. 14

of the MEMBERS of this FAMILY and their VISITORS, BOARDERS, SERVANTS, &c., who slept or abode in this House on the night of SUNDAY, the 31st of MARCH, 1901.

	Name and Surname		Relation to Head of Family	Religious Profession	Education	Age		Sex	Rank, Profession, or Occupation	Marriage	Where Born	Irish Language	If Deaf and Dumb, Blind, Imbecile or Lunatic
	Christian Name	Surname											
1	Robert Henry	Lloyd	Head of Family	Church of Ireland	Read and Write	42		Male	Storekeeper Grand Canal Co	Married	City of Dublin		
2	Kathleen	Lloyd	Wife	Church of Ireland	Read and Write	31		Female		Married	Co Wicklow		
3	Emily	Kelly	Servant	Church of Ireland	Read and Write	17		Female		Unmarried	Co Dublin		
4													
5													

133. Sonraí Robert agus Kathleen Phair, Daonáireamh 1901

Bhí Robert agus Kathleen pósta naoi mbliana nó mar sin, ach ní raibh clann ar bith acu. An post a bhí ag Robert i 1901 ná 'Storekeeper' leis an Grand Canal Company. Bhí cónaí orthu i Grand Canal Place i dteach beag dhá sheomra, gur leis an gcomhlacht é, is dócha, ach bhíodar maith go leor as chun cailín aimsire a fhostú. Níl tuairisc air ná ar Kathleen ar shonraí Daonáirimh 1911. Shíl mé go mb'fhéidir gur fhág siad an tír ar imirce. De thimpiste tháinig mé ar ar fhógra aturnae faoi eastát Robert Phair Lloyd. Fuair an fear bocht seo, deartháir Sheosaimh, bás in aois a 42, 3 Meán Fómhair 1910. Is cosúil go bhfuair a bhean, Kathleen Violet McGrane, bás roimhe, agus dá bharr seo gurb é a dheartháir, William Jones Lloyd, a réitigh agus a roinn a chuid maoine, mar fuair sé bás gan uacht a dhéanamh. Nuair a fuair sé bás, ba mhaor stórais fós é i gComhlacht na Canála. Ba bhris throm eile bás Robert do Sheosamh. An bhliain roimhe sin, i mí an Mheithimh, 1909, fuair a mháthair Anna bás ina theach féin, i 'Buaile na Gréine', Stigh Lorgan.

4. William Jones Lloyd

Bhí tréimhse chuibheasach fhada ag na Laoidigh in Uimhir a 5 Chalgrove Terrace, An Cuarbhóthar Theas, atá, sílim, i gceantar Dhún Uabhair. Bhíodar ann fós nuair a rugadh William Jones Lloyd 19 Deireadh Fómhair 1873. Ba chuid leanúnach de scéal Sheosaimh William. Bhí sé ag obair mar chléireach i gcomhlacht Mhic Aonghusa ar feadh a shaoil. Ba i Séipéal N. Séamas, Sráid Shéamais, a baisteadh é. An cur síos atá ar ghairm an athar sa chuntas baiste agus breithe ná 'jeweller'.

5. Mabel Annie May Lloyd

I 1876 bhí na Laoidigh fós in Uimhir a 5 Chalgrove Terrace, ar an gCuarbhóthar Theas. Rugadh Mabel Annie May Lloyd ag an seoladh seo 12 Bealtaine 1876, an duine b'óige sa chlann. Tá athrú sa cheird nó gairm bheatha a luaitear leis an athair, Joseph Henry Lloyd, ar an teastas baiste. Is 'Professor of Language' anois é. Luaitear Mabel Annie May Lloyd sna sonraí den Daonáireamh, 1901. Ba chlóscríobhaí i gComhlacht Mhic Aonghusa í, áit a raibh a deartháir William ina chléireach. Bhí Seosamh, William agus Mabel ina gcónaí lena máthair Anna i mBinn Éadair nuair a líon Seosamh foirm an Daonáirimh. B'shin an tagairt deiridh di go dtí gur fhoilsigh an Leabharlann Náisiúnta comhfhreagras an Phiarsaigh ar an Idirlíon leis an gcóras UPImage (MS 21050/12 an uimhir thagartha), a ligeann don taighdeoir an litir a léamh mar a scríobhadh í. Foilsíodh an comhfhreagras seo mar chuid de chomóradh céad bliain Éirí Amach 1916. Scríobh an Laoideach litir dar dáta 24 Lúnasa 1905 ó 'Cúl Cam, Howth' faoi rún chuig an bPiarsach, a bhí ina eagarthóir ar ACS, ina n-iarr sé air gan filleadh ar a sheanphost mar rúnaí ar Choiste na bhFoilseachán. Is mar seo a chuirtear síos ar an litir sa Chatalóg:

> Laoide recommends that Pearse does not accept an offer from the Gaelic League Coisde Gnótha to return to his position as secretary of the Gaelic League Publications Committee as he has enough work with 'An Claidheamh Soluis' and it might impinge on their working and personal relationship. He states, 'I see a certain incompatibility of temper existing between us that ought not to be fed'.

Is litir thábhachtach í agus beimid ag filleadh uirthi. Seo an t-alt deiridh:

> I may remark that I am bitterly disatisfied with the treatment I have got from the Coisde Gnótha after all the work I have done for the League of which I was actually one of the founders. If matters do not improve soon it may mean emigration as there is not much prospect of work here after leaving the League. My sister is gone to Manitoba and I may follow her.
>
> Yours faithfully, J.H. Lloyd.

Tá cúpla rud san alt sin nach mór aird a thabhairt orthu. An chéad cheann ná gur bhreathnaigh an Laoideach air féin, le ceart, mar dhuine de bhunaitheoirí an Chonartha, agus an dara ráiteas go raibh a dheirfiúr, Mabel Annie May, imithe go Manitoba.

B’fhurasta a dheimhniú le cabhair *FamilySearch* gur sheol Mabel Annie May Lloyd ó Learpholl go Quebec ar an ‘s.s. Virginian’. Bhain an long caladh amach ar an 15 Iúil 1905. Ba é Qu’appelle i Saskatchewan ceann scríbe Mabel Annie May. Ba mhúinteoir i, dar le liosta na bpaisinéirí. Bhí sí 29 bliain d’aois. Níl eolas ar bith eile agam fúithi.

134. Sliocht as liosta na bpaisinéirí ar an ‘s.s. Virginian, Learpholl go Quebec, Iúil 1905

Aguisín C

Na hAcadaimh Státseirbhíse

Tugann Bairéad buille faoi thuairim a d'fhéadfadh a bheith cruinn, dar liom, nuair a scríobhann sé (1945:129) go raibh seans ann gur fhoghlaim nó gur fheabhsaigh Seosamh Laoide a chuid Gaeilge in acadamh Hamiltion Bell, Hamilton Bell's Civil Service Academy, 46 Sráid Sheoirse Mhór Thuaidh, inar cuireadh tús le rang Gaeilge, nach raibh ann ach dháréag foghlaimeoir, sa bhliain 1882.

Tá tagairtí suimiúla do Bell i mbeathaisnéis Mhíchíl Cíosóg a scríobh Liam P. Ó Caithnia (1982). Bhí 'Acadamh Státseirbhíse' aige i Sráid Gardiner, agus bhí Mícheál Cíosóg ag obair ar a fhoireann nó mar chomhúinéir san acadamh sin, chreid Pádraig Puirséal, iriseoir spóirt a scríobh leabhar, *The GAA in its Time***,** foinse Uí Chaithnia sa chás seo. D'aistrigh Bell go Sráid Seoirse Mhór Thuaidh ar ball, agus ansin bhunaigh an Cíosógach a 'acadamh státseirbhíse' féin, an tAcadamh cáiliúil ag 4 Plás Gardiner, áit ar múineadh an Ghaeilge chomh maith. Bhí an Dr. J. H. Lloyd cairdiúil le Mícheál Cíosóg agus le Hamilton Bell araon; ar a laghad bhíodar triúr i gCumann Buan-Choimeádta na Gaeilge le chéile, agus bheadh aithne an-mhaith ag Seosamh ar an gCíosógach, a bheadh ina bhall conspóideach de Chonradh na Gaeilge in imeacht ama.

135. Mícheál Ó Cíosóig

Ba dhuine mór le rá i gcúrsaí oideachais Bell. Bhí sé ina mhúinteoir agus ina chomhalta d'fhochoiste bunoideachais de chuid na gCoimisinéirí Oideachais.

Bhí sé ina bhall gníomhach de Chumann Buan-Choimeádta na Gaeilge (Ó Murchú, 2001:99), agus bhí an Ghaeilge aige, mar ba cháilíocht í an teanga sin do bhallraíocht in Acadamh Ríoga na hÉireann. Bhí an Dr. Lloyd ar na daoine a mhol do bhallraíocht san Acadamh é. Bhí Bell ar an gcoiste a bunaíodh chun airgead a bhailiú do bhaintreach an Dr. Lloyd. D'íoc sé féin síntiús de £3. Féach an fógra as an *Irish Times* thíos:



The Irish Times - Monday, November 10, 1884 - Page 1

THE LATE DR. J. H. LLOYD, M.R.I.A.

The following Subscriptions have been received by the Committee towards a Fund now being raised for the Benefit of the Widow and Orphans of the above much-lamented Gentleman, who are left destitute :—

Rev. Maxwell H. Close	£10	0	0
Rev. [illegible]	1	0	0
Patrick Shiels, Esq.	5	0	0
Professor Galloway	5	0	0
George Porte, Esq., M.R.I.A.... ...	3	0	0
Major M'Enlry	2	0	0
I. Sandheim, Esq.	2	0	0
L. J. Ryan, Esq.	2	0	0
Hamilton Bell, Esq.	2	0	0
Subscription from Central Model Schools, per Mr L. J. Ryan	4	0	0

CIVIL SERVICE ACADEMY, 46 NORTH GREAT GEORGE'S STREET, DUBLIN.

Conducted by HAMILTON BELL, Esq., M.R.I.A., F.R.G.S.I.

Forthcoming Examinations—Telegraph Learners, January 15th ; Boy Clerkships, January 22nd ; Female Clerkships, March 5th.

Classes will be resumed Monday, January 7th.

136. Liosta síntiúsóirí don bhailiúchán a eagraíodh do bhaintreach an Dr. Lloyd agus fógra in IT, 5 Eanáir 1889

Ar éigean a bhí Seosamh Laoide ag brath ar Hamilton Bell le haghaidh teagaisc sa Ghaeilge. Bhí go leor 'acadamh Státseirbhíse' sa chathair ag an am. Bhí an ceann ba mhó clú ag Mícheál Cíosóg féin ag 4 Plás Gardiner. Nuair a bunaíodh Conradh na Gaeilge sa bhliain 1893, bhí an chéad chruinniú i seomraí Martin O'Kelly, seomraí a bhí ar cíos aige mar bhí 'acadamh Státseirbhíse' dá chuid féin aige iontu.

Aguisín D

Clár Míreanna IG ó Bhealtaine 1899 go Meán Fómhair 1902

		Leathanach IG
1.	The Oireachtas	349
2.	Bean an leasa. (Conán Maol, Scéal nua 1.)	349
3.	Murchadh Beag agus Murchadh Mór.	359
4.	Dia libh, a laochradh Ghaoidheal.	361
5.	Notes and Queries	363

Clár IG, Meitheamh 1899

1.	The Oireachtas	365
2.	Míol mara do leag cíos. (Conán Maol, Scéal nua 2.)	375
3.	An gheilt. (dán nua?)	377
4.	Greann na Gaedhilge. Déanamh aimsire	378
5.	Review*.	379
6.	Notes and Queries	379

*The Old Gaelic System of Personal Names (McBain's etymological dictionary)

Clár IG, Iúil 1899

1.	The Oireachtas Committee	381
2.	Ádhbhar sagairt.	386
3.	Eachtra Risteáird (Conán Maol, scéal nua 3.)	375
4.	Simple lessons in Irish. Part V. Continued. (O'Growney)	27a.

Clár IG, Iúil 1899
Nóta

Níor eisíodh eagrán ar bith den *Irisleabhar* do mhí Lúnasa 1899. Thosaigh an Conradh imleabhar nua den iris i Mí Mheán Fómhair.

Clár IG, Meán Fómhair 1899

1.	Caint Sgurtha - Seaghan agus Mícheál. (Conán Maol, scéal nua 4.)	1
2.	Amhrán an tsean-chapaill. Scéal an chapaill	10
3.	Filidheacht. An sean-chapall bán.	11
4.	Tuireadh Mhichíl Uí Lógáin eagarthóir An Gaodhal (Tórna)	13
5.	Notes and Queries.	14
6.	The Oireachtas.	16

Clár IG, Deireadh Fómhair 1899

Fuagra (lch. 17)

Badh mhaith linn a chur i gcéill d'ár lucht léighte go bhfuil altanna ó chúig cúigeadhaibh na h-Éireann agus ó Albain ins an uimhir seo. Siúd agus go bhfuil gach aon tsórt cúigeachais innte atchífear gur beag atá eatorra, agus gur i n-alt a chéile atáid siad uile. Measaid daoine nach bhfuil focal Gaedhilge i gCúigeadh Laighean. Maidir leis sin, léightear 'Marbhadh an Chait.'

1. ‘Póilín’, scéal le Seaghán Ó Ruaidhrí. 17
2. Blúire de Dhráma Gaedhealach. 18
3. Barántas, Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin. 20
4. Greann na Gaedhilge. ‘Marbhadh an chait’. 21
5. Filidheacht. ‘Acht an Phárlamaid’. 22
6. Filidheacht. ‘An still a bhí ar coigcrích’. 24
7. Filidheacht. ‘Eibhlín a rúin’. 24
8. Aisling Airt Mhic Cobhthaigh. 27
9. ‘Aon do rinneadh’ le hEoin Carsuel, Easbog Oirir Ghaedheal. 28
10. Filidheacht. ‘A charaid dhílis’. 28
11. Filidheacht. ‘An déid-dheas cailín’. 29
12. Notes and Queries. 30
13. Reviews* 31
14. Le haghaidh an mhic léighinn - Names of Birds and Plants. 31
15. Le haghaidh an mhic léighinn – ‘Béarlagair na saor’.

*An t-Európach, Irisleabhar il-teangadh na hEuropa. Meitheamh, 1899

Clár IG, Samhain 1899

1. An tí do theastuigh uainn - Bás an Athar Eoghan Ó Gramhnaigh 33
2. An tí do theastuigh uainn - Caoineadh Eoghan O Gramnaigh 35
3. Fiannaigheacht, ‘Caorthann Cluana Fearta’. 36
4. The Battle of Cronnmhoin or Cruinnmhoin. 36
5. Greann na Gaedhilge. 40
6. Cnoc Chéin Mhic Cáinte 42
7. ‘Nuala’ 46
8. Notes and Queries. 48

Clár IG, Mí na Nollag 1899

1. Fiannaidheacht, ‘Fáisdine Fhinn’ 49
2. Fiannaidheacht, ‘Ar chruitire Fhinn Mhic Cumhaill. 50
3. Filidheacht, ‘Duan an ólacháin’ 53
4. ‘Laoidh do rinneadh leis an sgríobhaire i n-am mulaid’ 55
5. Filidheacht, ‘A chéibhfhionn bheag’. 56
6. Eoghan Ruadh ‘Ag moladh Mháire inghean Ghiobúin’. 57
7. ‘Caoineadh an Athar Éamonn Mhac Mhathghamhna.’ 59
8. Amhrán anall. 60
9. Litir. 61
10. Táthar agus c. 62
11. Máire Mór 63
12. Reviews.* 63

*_Aighneas an Pheacaig leis an mBás_, Waterford: Harvey & Co.
*_An t-Európach_, Irisleabhar Il-Teangadh na hEurópa, Ochtmhí, 1899.
*_An t-Európach_, Irisleabhar Il-Teangadh na hEurópa, Deichmhí, 1899

Clár IG, Eanáir 1900.

1. ‘Cearrbhach na craoibhe’, scéal, . Seaghán Ó Ruaidhrí 461
2. ‘Mór Ní Odhráin’, scéal, SL a bhailigh 462

3. ‘Taidhbhse na Reilige’, scéal, SL a bhailigh , 463
4. ‘Teacht agus imtheacht an Ghiolla Dheacair agus tóruigheacht Chonáin agus a chuideachtan’ Fiannaíocht. Prós. 464
5. ‘Feis Thamhnaigh Mhullaigh’ 466
6. Greann Na Gaedhilge: ‘Tiomna Eoghain Uí Mhearáin. 468
7. Filidheacht ‘Crosánacht ó Fhilidh de Laighnibh. 469
8. Dinnseanchas 470
9. 'Táthar', 7rl.. 471
10. Notes & Queries 473
11. Léirmheasanna * 474
**Transactions of the Gaelic Society of Inverness. Volume XXI. 1896-97.*
**King Arthur and his Knights (David Nutt)*
**Ossian and the Ossianic Literature*.(David Nutt)

Clár IG, Feabhra 1900.

Nóta

Níor eisíodh eagrán ar bith den *Irisleabhar* do mhí Feabhra 1900.

Clár, IG Márta 1900.

1. ‘Labhraidh Lorc,’ scéal, Mag Ruadair, 478
2. ‘Aodh Beag O Leórtha’, scéal, (Ó Corragáin) 479
3. Seanchus. ‘Cad do cham srón firín? 478
4. ‘Teacht agus imtheacht an Ghiolla Dheacair agus tóruigheacht Chonáin agus a chuideachtan’. 483
5. Celtic Commerce. 486
6. ‘Féidhlimidh óg Ó Froighill’, amhrán 489
7. Dinnseanchas 489
8. Táthar agus c. 490
9. The ‘Indefinite’ (‘Passive’) Form 491
10. Notes and Queries 491
11. Oireachtas, 1900 492
12. Review* 492
**Ceól Sídhe* le Nórma Bhórtuic

Clár, IG Aibreán 1900.

1. 'An dearbhráthair bocht agus an dearbhráthair saidhbhir' 493
2. 'Teacht agus imtheacht an Ghiolla Dheacair agus tóruigheacht Chonáin agus a chuideachtan'. 495
3. *'An coigcríoch thar sáile'.* Nua-dhéanta. Eoghan Ó Neachtain. 497
4. Amhrán, 'An t-uan brocach' 503
5. Dinnseanchas. 503
6. Táthar agus 7rl. 504

7. Clodhanna Nua: léirmheasanna, nótaí*. 506
8. Notes and Queries 506
9. 'An Ghaedhilg' - Managers' Memorial 508
*Archiv für Celtische Lexikographie Whitley Stokes & Kuno Meyer, 1899
*Ireland, the Empire and the War, le T.W. Rolleston (paimfléad)
*An t-Európach. Márta, 1900

Clár, IG, Bealtaine 1900.

1. An t-Oireachtas 509
2. 'Teacht agus imtheacht an Ghiolla Dheacair agus tóruigheacht Chonáin agus a chuideachtan'. 512
3. ‘An fear a chuir cluain ar an mbás’, scéal. Mag Gruadair 511.
4. Greann na Gaedhilge. ‘Cailleach gan déirc’. 521
5. Leinster football songs 521
6. Notes and Queries 524
7. Clódhanna Nua: léirmheasanna, nótaí* 524
8. Dinnsheanchas 524
**Leabhar Urnuighthe do'n Aos Óg*

Clár IG, Meitheamh 1900.

1. An t-Oireachtas 525
2. ‘An Fhiann agus an Fhiannaidheachd’, Pádraig Mac Piarais 532
3. 'Teacht agus imtheacht an Ghiolla Dheacair agus tóruigheacht Chonáin agus a chuideachtan'. 538
4. Greann na Gaedhilge. ‘An poitín’. 540
5. Notes and Queries 540
6. Clódhanna Nua: léirmheasanna, nótaí* 540
7. Dinnsheanchas 540

* *Aibghitir na Gaedhilge* ó láimh Nórma Bhórtuic.

Clár IG, Iúil 1900.

1. Oireachtas 1900 541
2. ‘An bacach mór’, scéal (Ó Corragáin) 542
3. 'Teacht agus imtheacht an Ghiolla Dheacair agus tóruigheacht Chonáin agus a chuideachtan'. 545
4. ‘Bás an Athar Risteáird Paor’, R. Bheldon 548
5. Leinster Football songs (SL) 549
6. Clódhanna Nua: léirmheasanna, nótaí* 552
**An Claidheamh Soluis."*
**An Gaodhal" (The Gael).* New York. May and June, 1900.
**An t-Európach. Irisleabhar il-theangadh na hEorpa Bealtaine, 1900.*
**The Fairy Mythology of Shakespeare.* Alfred Nutt. London: David Nutt.
**Plays and their Supervision.* London: Chas. J. Thynne.
** Poetry of the Finns.* Charles J. Billson, M.A. London: David Nutt.

**Seanmóiridh le Dochtúir O Gallchobhair, easbog Ratha-bhoth (1725-1737)*. Ed. Rev. J. S. Gallagher.
**Festschrift Whitley stokes, zum siebzigsten Geburtstage*
**Fíor Chláirseach na h-Eireann: or, The True Harp of Erin, etc.* Edited by T. O. Russell. M. H. Gill & Son.

Clár IG Lúnasa1900.

1. 'Teacht agus Imtheacht an Ghiolla Dheacair agus tóruigheacht Chonáin agus a chuideachtan'. 557
2. Sgéalaidheacht: 'Fathach mór an Reibhleáin' 561
3. Greann na Gaedhilge 'Guidhe an ghréasaidhe' le É. Ó M. 564
4. 'An cailín ruadh', amrán 565
5. 'Irish personal names' (Oirialla), Ó hAnnabhain, Seaghán 565
6. Notes on the Topography of 'Uaithne Ara', 7rl. J.F. Lynch. 567
7. Cóimhfhreagairt; freagra ó T. Ó Néill Ruiséal faoin léirmheas diúltach ar *Fíor Chláirseach na h-Eireann,* 569
8. Clódhanna Nua: léirmheasanna, nótaí* 572
9. Notes and Queries 572

**Luibhleabhrán: Irish and Scottish Names of Herbs.*

Clár IG, Meán Fómhair1900

1. Bás Donnchadha Pléimeann 573
2. Tuireamh ag Tórna: 'D'éag Donnchadh'. 573
3. 'Teacht agus Imtheacht an Ghiolla Dheacair agus tóruigheacht Chonáin agus a chuideachtan'. 574
4. Sgéalaidheacht: 'Parrach Mhac Ghiolla Riabhaigh ' 577
5. Dán, 'A dirge for Niall Nóigiallach' Kuno Meyer 578
6. Amhrán, cuimhneachán ar Phádraig Ua Laoghaire, 'Na rásanna' 580
7. 'A new classification of the Irish verb' 583
8. 'An t-éan bocht scaithtí' (D. Ó M.) 586.
9. Dinnseanchas 587
1. Clódhanna Nua: léirmheasanna, nótaí* 588
10. Notes and Queries 588

**Sgéilíní cruinnighthe le Éadhmonn Ó h-Albainn*, M. H. Gill & Son, 1900

Clár IG, Deireadh Fómhair1900.

1. 'Teacht agus imtheacht an ghiolla dheacair agus tóruigheacht chonáin agus a chuideachtan' 589
2. 'Sgéal taidhbhseach ar oidhche Shamhna', S. Ua Ruaidhrí. 591
3. 'Toirdhealbhach', scéal, T. Ó Corragáin 593
4. 'Fonn Ghráinne Mhaol'. (SL: Ó Longáin) 598
5. Filidheacht. Amhrán anall. An t-slis. Litir 600
6. Clódhanna Nua : léirmheasanna, nótaí* 603
7. Cóimhfhreagairt. T Ó Néill Ruiséal: Freagra ar léirmheas 604

**Dánta, amhráin is caointe Sheathrúin Céitinn, DD*
**An tEurópach,* Lughnasa, 1900.

Clár IG Samhain1900.

1. ‘Teacht agus imtheacht an Ghiolla Dheacair agus tóruigheacht Chonáin agus a chuideachtan’. (Críoch) 605
2. Fiannaíocht: ‘'Fionn Mac Cumhaill agus a mháthair’’’’. 608
3. ‘A dtéidheann ag dadaidh ar an gcinneamhaint?’, S.Ó Ruaidhrí 609
4. Scéal: ‘An gearrán neamhshaoghalta’; E. Ní Annluain 612
5. Seanchas Ó Méith Mhara - Tuireadh Fheidhlimidh Uí Lorcáin 613
6. ‘The song of the sword of Cerball’, Kuno Meyer 613
7. Filidheacht. ‘Cois Laoi na sreabh’. 616
8. ‘Cois tuinne’ Amhrán binn ó Mhaghchromdha 618
9. Dinnseanchas 619
10. Clódhanna Nua : léirmheasanna, nótaí* 619

**Leabhar Urnuighthe do'n Aos Óg*

Clár IG Mí na Nollag1900.

1. ‘Deargruathar Chonaill Chearnaigh, Cuid 1’, scéal Rúraíochta,. 1
2. Cnachar Rí Uladh. (Gaeilge Thír Eoghain) 3
3. Sgéalaidheacht: ‘Tigh na gann-choda’ (Tomás Ó Corragáin) 9
4. ‘Sgáthán spioradálta’: (Br. Tomás Mac Gabhráin). 10
5. Purgadóir Naomh Phadruig (Br. Tomás Mac Gabhráin) 11
6. Filidheacht, ‘Maidin aoibhinn tsamhraidh’. 12
7. ‘Tuirse’, dán, (Br.Tomás Mac Gabhráin) 13
8. Filidheacht. ‘An cogar’, Máire Máirtín 13
9. Dinnseanchas. 14
10. Filidheacht, ‘Comhairle an Ghaedhil dh'á pháisdín (Tórna) 14
11 Clódhanna Nua* 15

**Príomhleabhar Gaedhilge le haghaidh na Naoidhneán*
**Cú Chulainn, the Irish Achilles,* Alfred Nutt

Clár IG, Eanáir, 1901

1 ‘Deargruathar Chonaill Chearnaigh, Cuid 2’, scéal Rúraíochta,. 17
2. ‘Gabha an tsoic’ scéal, T. Ó Corragáin 19
3 ‘Sgéal Thomáis na Claise’ 22
4. Feis Uladh: Óráid an Chraoibhín 25
5. ‘Crosánacht do rinneadh le 'fear na páirce'’ 26
6. ‘Pé'n Éirinn í’ 28.
7. ‘Sorcha Ní Bhréanainn’, amhrán, (D. Ó M.) 29
8. Clódhanna Nua: léirmheasanna/nótaí* 30
9. Dinnseanchas 30.

10 Comhfhreagairt (Litir ó Alfred Nutt) 32.
*Celtia: a Pan-Celtic Monthly Magazine. Vol. I.,No. 1.
Dánta Aodhagáin Uí Rathaille, Pádraig Ua Duinnín.

Clár IG, Feabhra, 1901

1. ‘Deargruathar Chonaill Chearnaigh, Cuid 3’, scéal Rúraíochta,. 33
2. ‘Manabhair Mór Mac Rí Lochlainn’ 36
3. ‘Sgéal Thomáis na Claise’ (Cuid 2) 38
4. ‘Pé'n Éirinn í.’ Pádraig Ó Loighléis 41
5. ‘An cnocán fraoigh’, Abhrán ón Mumhan, Tadhg Ó Loingsigh 41
6. ‘An bóithrín buidhe’ (an chéad amhrán ó Chontae an Chabháin) 45
7. Comhfhreagairt (Litir ó Phádraig Ó Duinnín re an fleiscín 7rl) 47
8. Clódhanna Nua: léirmheasanna/nótaí* 48
*An tAithriseoir,
*Ráiteachas
*An Gaodhal

Clár IG Márta, 1901

1 ‘Deargruathar Chonaill Chearnaigh’, Cuid 3, scéal Rúraíochta 48
2.: ‘Bréagóir Éireann’ (Tomás Ó Corragáin) 52
3 **‘**Sgéal Thomáis na Claise’’ (Cuid 3) 54
4. ‘Donnchadha Ó Baoghaill’ (amhrán) : 56
6. ‘Cailín deas crúite na mbó’ (amhrán) 57
7. Dinnseanchas 58
8. ‘Some Irish names of birds’ 61
9. Clódhanna Nua: léirmheasanna/nótaí* 61
*Leabhar láimhsgríobhach
*An Bhoramha Laighean, T. Ó N. Ruiséal
*An Gaodhal
*Celtia

Clár IG, Aibreán 1901

1 Deargruathar Chonaill Chearnaigh (Cuid 4, críoch) 65
2. Athbhaisteadh Chaoilte (Tomás Ó Corragáin) 67
3 Sgéal Thomáis na Claise (Cuid 4-críoch)) 68
4. ‘Grádh agus crádh‘(Gearrscéal) Aignéas Ní Fhaircheallaigh 70
5. The Leinster Feis (Report) 78
6. Notes and Queries 80
7. Clódhanna Nua; léirmheasanna/nótaí* 80
Am Féillire agus *Leabhar Póca Gáidhealach*

Clár IG, Bealtaine, 1901

1 ‘Brisleach mhór mhaighe Mhuirtheimhne’ (Cuid 1) 81
2**.** **‘**Seághan in oileán an óir’, Feis Laighean, duais-scéal 83
3 ‘An tIarla Ruadh Mag Mhathamhna’ 86
4. ‘Áluinn dún Mhic Mhuire’ 88
5. ‘An smachtín crón’ 89

6. An tOireachtas, síntiúis 7rl. 91
7. Leinster Feis 93
8 Notes and Queries 94
9. Clódhanna Nua, léirmheasanna/nótaí* 95
10. Litir Thaidhg Ua Mhurchadha (re *An Bhoramha Laighean*) 96
**Celtia,*
**An Gaodhal,*
**The Reign of Humbug* (paimfléad)

Clár IG, Meitheamh, 1901

1 An tOireachtas, comórtais, buaiteoirí. síntiúis; Ardfheis 1901. 97
2. *Ná Díbeartaigh* : Dráma éin-ghníomh, Éamonn Ó Néill 103
3. 'A bhéith den bhfód nglas' Uilliam Énglis, dán 108
4. Leinster Feis, Irish Words found in spoken English of Leinster 108
5. Clódhanna Nua léirmheasanna/nótaí* 111
6 Comhfhreagairt: Litir faoi léirmheas ar *'An Bhóramha Laighean* 112
**I dTaobh na hOibre*, paimfléad,
**Grádh agus Crádh*, 'úirsgéilín'
**King and Hermit*, le Kuno Meyer
**Transactions of the Gaelic Society of Inverness*

Clár IG, Iúil 1901

1. 'Antoine Gabha', Sgéal ó Chontae Sligigh, Seághan Ó Ruaidhrí 113.
2. Sgéilíní ó Chill Choca(8). S.G. Ua Briain 115.
3. 'Tiontódh Phádhraig', scéal [SL] 118
4. 'Dubhshlán lucht an Bhéarla', Máire Máirtín 118
5. 'Buile Oisín i ndiaidh na Féinne' (laoi) lss. Uí Longáin 120
6. 'Conspóid idir Ultach agus Connachtach', D. Ó M. 121
7. 'Bean na tabhairne', amhrán' [SL] 122
8. Oireachtas 1901: Síntúis 123
9. Dinnseanchas: 'Áireamh gabhar.'(R.A.S. McAllister) 123
10. Leinster Feis, ar lean, Foclóireacht: Gaeilge sa Bhéarla i Laighin 123
11. Clódhanna Nua, léirmheasanna/nótaí* : 125
12 Comhfreagairt: Litir ó Phádraig Ó Briain (faoin Ruiséalach) 128
**Cormac Ua Conaill,* úrscéal an Duinnínigh
**Celtia,* Bealtaine, 1901
**An Gaodhal*
**Mórthimpell Érenn Uiledoirgne* Ó hÓgáin.
**An Sgéalaidhe Gaedhealach* Cuid III De h Íde
**Creidreamh agus Gorta,* dráma an Duinnínigh

Clár IG, Lúnasa 1901

1. 'Na trí sraoth', scéal Pádhraig Ó Laoghare (san *United Irishman*) 129
2. ''Cleith dhraoidheachta Chill Thulcha', scéal, Diarmad Ó Foghludha 130
3. Greann na Gaedhilge Peadar Ó Laoghaire, 'Seanchas póstaí'. 131
4. 'Moladh an tobac', aiste sheanchais, le 'Séamas', 132

5. ‘Ar maidin’, amhrán ó Mhagh Chromtha ó Tórna 133
6. ‘Isbéal inghean Eoghain’, amhrán Ultach, D.Ó.M., 134
7. ‘Ar magh ghlas na ngeal-mbánta’, amhrán ó Thomás Ó hUallacháin 134
8. ‘Mná Mhín na Sróna’, amhrán ó Gheann Finne, bailithe ag SL. 136
9. ‘Énrí bradach Mag Fhinn’, scéal, SL do bhailigh 137
10. ‘Gleann Domhain’, amhrán SL do bhailigh, 137
11. ‘Athbhaisteadh Chaoilte, laoi Fhiannaíochta, béaloideas (SL) 137
12. Magh Cliach, dinnseanchas, J.F. Lynch 138
13. Feis Laighean--Stór focal Gaeilge i mBéarla Laighean Sean-Draoi 140
14. Clódhanna Nua, léirmheasanna/nótaí* 142
* *Iris League of St. Columba*
* *An Gaodhal*
* *Cláirseach na nGaedheal.*
**The Expulsion of the Dessi* by Kuno Meyer.

15. ***Comhfhreagairt:*** litreacha ó 143
a) Tadhg Ó Murchadha
b) T. Ó Néill Ruiséal
c) S. Ó Dubhghaill,
d) Sgoláire Óg, Camberwell, Londain

Clár IG, Meán Fómhair, 1901

1. ‘Brisleach mhór mháighe Mhuirtheimhne (ar lean), SL 146
2. ‘Figheadóir an Ghleanna Chaim, Donnchadh Ó Laoghaire 147
3. ‘Colm Cille agus an duine bocht’, (Mr. Gallagher of Mountcharles) 149
4. ‘Croch cloiche Chille an Ríogh, aiste, Pádhraig Ó Cearrbhaill 149
5. ‘An phléis am’ Sceál do dhaoine óg, Paidi Ó Beirn 150
6. ‘A Rare Ritual Book’, E.R. Mc C. Dix 151
7. Fabhail-Scéalta (*United Irishman*) Pádhraig Ó Laoghaire 151
8. ‘Tuireadh Phádraig Uí Shíothcháin’ (per Tórna) 152
9. Liosta focal Gaeilge i mBéarla Laighean ó Fheis Laighean 153
10. Some Omeath Words and Idioms, SL 155
11. Dinnseanchas: Placenames 156
12. Comhfhreagairt: Litir ó Thadhg Ó Murchadha re An Bhoramha L. 157
13. Notes & Queries 158
14. Clódhanna Nua, léirmheasanna/nótaí* : 158
**An Bard, An Tír, An Teanga* Iris Albanach
**Ingheana na hÉireann*, tuarascáil
**Greann na Gaedhilge,* leabhrán, Énrí Ó Muirgheasa
**Tadhg Gabha*, leabhrán, S. Ó Dubhghaill
**Otia Merseiana*, iris Ollscoile Learphoill
**Bilingual Instruction in Primary Schools,* paimfleád

Clár IG, Deireadh Fómhair, 1901

1. ‘Brisleach mhór mháighe Mhuirtheimhne’ (Cuid 3) 161
2. ‘Síos amach’, scéal Mícheál Ó Briain, Baile Bhúirne 164
3. ‘Mícheál Ó Ceallaigh agus an corp’, Nelly O'Hanlon, Omeath 168

4. ‘A Chumainn's a stóir’ le Roibeárd Bheldon, amhrán 170
5. Feis na Mumhan, tuarascáil, buaiteoirí 170
6. Feis Chonnacht, tuarascáil, buaiteoirí *172*
7. *Dinnseanchas, Sean-léarscáil de Dheilginis,* 172
8. Notes and Queries, Téarmaíocht Oirghialla 174
9. Liosta Focal Gaeilge i mBéarla Laighean ó Fheis Laighean 174
10. Clódhanna Nua, l léirmheasanna/nótaí*: 175
**An Bard, An Tír, An Teanga* Iris Albanach
**Na Sacramaintí Déidhneacha* (CTS)
**Bliainiris Choláiste Chnoic Mhelleirí*
**An Teagasg Críostaighe fá choinne Díoghóise Rathabhoth*
**Celtia*
**An Gaodhal*
11 Comhfhreagairt: 178
a) Litir ó P. O'Carroll, liosta focal.
b) Litir sa Ghádhlaig faoi fhéilirí

Clár IG Samhain, 1901

1. ‘Brisleach mhór mhaighe Mhuirtheimhne’, Cuid 4 177
2. ‘Feirmeoir agus buachaill’, scéal ó Dhonchadh Ó Laoghaire, Roscomain. 180
3. ‘An pisín breac’, sceal ó Énrí Ó Muirgheasa 180
4. ‘Na trí saighdiúirí’, scéal ó Eibhlín Ní Anluain , Ó Méith 182
5. ‘Loch Bheil Séad agus a dhraoidheacht’, scéal ó Thír Chonaill. 183
6. ‘An coileach agus an seod’ agus ‘An mactíre agus an t-uan’. Dhá scéal a bhí ag Pádraig Ó Laoghaire san *United Irishman* . 183
7. ‘Dán mholta an Athar Tiobóid Mhaitiú’, bailithe ag Tórna 184
8. ‘Caití na gciabh, amhrán’, Eibhlín Ní Anluain , Ó Méith per Cú Cadhain 185
9. ‘Beannacht Bóinne,’ Pádraig Ó Faircheallaigh, An Cabhán, agus Michael Sheridan, Domhnach Phádhraig, Co. na Mí. 186
10. Le haghaidh Feise Laighean agus Midhe (Téarmaí) 187
11. Notes and Queries, Focail sa Bhéarla ar Gaeilge iad ar dtús. 190
12. Comhfhreagairt: Litir ó Sheaghán Mac an Bháird faoi Theagasc Críostaí Rath Bhoth mar fhreagra ar léirmheas an Eagarthóra.
13. Clódhanna Nua*: 191
**Samhain* (iris),
**Ceatha Ceoil. Siúl, A Ghrádha* (bileog le ceol, Hardebec),
**Graiméar Gaedhilge leis na mBráithre Críostamhla.*
**Celtia*
**An Gaodhal.*

Clár IG, Mí na Nollag 1901

1. ‘An táilliúir meanmnach’, scéal le Mícheál Ó Murchadha 193
2 ‘Udhacht Pháidín Thoirdhealbhaigh’, Seumas Clainndiolúin 194.
3. ‘Irish Christian names’, aiste agus cnuasach, Séamas Ó Ceallaigh. 197
4. Feis Laighean & Midhe, Comórtas 3. Frásaí Gaeilge i mBéarla Laighean. 205
5. Notes and Queries: Nótaí :'dó-ghním' agus faoi fhoirmeacha 'tearn' (déan?) 207
6. Clódhanna Nua: léirmheasanna/nótaí* 208

*_Ireland, Industrial and Agricultural_, Tuarascáil
*_Thesaurus Paleohibernicus_ le _Whitely Stokes_ agus _John Strachan._
*_Two Schools, a Contrast_, Máire de Buitléir
*_Ireland's Defence, Her Language_ Rev. P.F. Kavanagh OSF.`

Clár IG, Eanáir, 1902

1 'Bréaga Éireann', scéal le Mícheál Mhag Ruaidhrí 01
2. 'Lá Mhuiris an Phréucháin', scéal le Michéal Ó Briain 08
3 'Tarngaire Choluim Chille' Eibhlín Ní Anluain, Ó Méith 13
4. 'Ceataidhe Ní hEaghra', amhrán; T. Ó Cearrbhalláin cct(?) 13
5. Feis Laighean agus na Midhe: Gaeilge sa Bhéarla (Téarmaíocht) 14
6 Notes & Queries: Plé faoi na tuisil i nGaeilge na Mumhan 15
7. Clódhanna Nua: Léirmheasanna/Nótaí* 16

*_Celtia_, Nollaig, 1901,
*_Am Bard_, iris Gháidhlige
*_Amhráin Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin_, Ó Duinnín

ClárIG, Feabhra, 1902

1. 'An ghráinneog & an gearrfihiadh', Mícheál Ó Murchadha, Cúil Aodha 17
2. 'An clurcachán', D.Ó Laoghaire Ros Comáin 18
3. 'Pádhraig na bhfeart agus a ghabhar', scéal ó Dhún na nGall SL 20
4. 'Faithche bhreágh aorach an cheoil', M. Ó Buachalla, D.na Bandan 21
5. 'An cailín donn', amhrán 'Daingean Uí Chúis' 22
6. 'Cois na Bríce', Tórna 23
7. 'Réalt eolais na Fánaidhe D.Ó.M. 24
8. Feis Laighean agus na Midhe, Comórtas 3, Sliabh Fuaid. 25
9. Dinnseanchas, 'Cliach' J.F. Lynch 29
10. Clódhanna Nua: Léirmheasanna/Nótaí* 31-32
11. Oireachtas 1902 Síntúis 32
12. Notes and Queries Saibhreas eispriseanaíoch na Gaeilge. 32

*_Seaghán an Díomais_, Norma Borthwick,
* _Banba_ Uimh. 1.
* _Celtia_

Clár IG, Márta, 1902

1 'Sgannradh Sheághain na bhFiacal', M. Ua Briain, B'Mhic Íre, 33
2. 'The first Irish printed book' E.R. McC, Dix. 38
3 Feis Laighean agus na Midhe---Comórtas 3. 41
4. 'An gruagach uasal', amhrán gléasta, Éamonn de hAlbha. 43
5. 'Oisín.(agus an fuacht ag cur air) cct. Laoi Fhiannaíochta 44
6. Síntúis, Oireachtas1902. 44
7. Notes and Queries. 45
8. Clódhanna Nua**:** léirmheasanna/nótaí* 45-49

*_O'Growney's Revised Simple Lessons In Irish_, Part 1. Rev. R.Hennebry, ed..
*_Celtia_, Feabhra, 1902.
*_Lessooyn ayns Gailck Jannoo ny Hostyllyn_, Lessons in Manx.
*_Leabhar Cainte_; Séamus Ua Dubhghaill.

Clár IG Aibreán, 1902

1. ‘Ráflaí’, colún nua faoi imeachtaí reatha. 49
2. ‘An slán déidheanach’, scéal nua-scríofa le Mícheál Ó Raghallaigh 50
3. ‘Sgoil Thamhnach Mhullaigh’, alt le Tuathal Ó Sléibhín 51
4. ‘Inghean Ríogh Éireann’, (Baile an Fhirtéirigh). S. Laoide do sholáthair. 53
5. ‘The Rossmore Manuscripts’, Eoghan Mac Néill 55
6. ‘An bhainis pósta bhí i gCána’. Ó bhéal-aithris Chonaill Mhig Eántaigh 59.
7. Dinnseanchas 60
8. ‘Ceithre cheathramhan an Bhogaigh’ Maire Ní Bhaoighill 60
9. Oireachtas 1902, síntiúis 61
10. Feis Laighean agus na Midhe, 1901. 61
11. Notes and Queries 63
12. Clódhanna Nua: Léirmheasanna/Nótaí* 63
13. Comhfhreagairt. Litir fhada ón seandálaí An Canónach J.F. Lynch. 63-64

**Banba*
**An Gaodhal,* Feabhra, 1902
**An Gaodhal*, Márta, 1902

Clár IG Bealtaine 1902

1 ‘Ráflaí’, colún cúrsaí reatha. 65
2 Oireachtas 1902, tuairisc 66
2. ‘Poll Tighe Liabáin. Seosamh Laoide 66
3. ‘Dán-mholadh an tSuláin.’’ Donnchadha Ó Laoghaire 74
4. ‘Fan ar an bhaile 'mo chomhair’ Peadar Breathnach. 75
5. ‘Ag seoladh na ngamhan faoin bhfásach’. amhrán, Pádraig Ó Laoghaire 77
6. ‘Amhrán Fir Chúigidh Mumhan’. Risteárd Ó Breithne 78
7. Feis Laighean agus na Midhe. 78
8. Notes and Queries, 'creimneáil'. 80
9. Clódhanna Nua—léirmheasanna/nótaí* 80

* *Blátha Bealtaine* Máire de Buitléir/Tomás Ó Coinceanainn;
**Amhráin Sheagháin Chláraigh Mhic Domhnaill* Pádraig Ua Duinnín
**An Chéad Léightheoir Gaedhilge*

Clár IG Meitheamh, 1902

1 An tOireachtas. agus an Ardfheis, 1902 81
2. ‘Sgéal Chú Chulainn ag Cuan Carn’ S. Laoide 83
3. ‘Toirtín Dhomhnaillín’, Seaghán Ua Ruaidhrí 91
4. ‘An láirín shaoghalta’.'An Buachaill Buidhe' Filíocht 93
5. ‘An óig-bhean gan bhéim’’ curtha isteach ag D.Ó M. 95
6 Feis Laighean agus na Midhe, Comórtas 3. Focail agus Frásaí 96
7. Clódhanna Nua, léirmheasanna/nótaí* 96

**Dánta Shéafraidh Uí Dhonnchadha an Ghleanna,* Pádhraig Ua Duinnín
**Imtheachta an Oireachtais 1900*, eag. An Craoibhín.

Clár IG Iúil, 1902

1 ‘An Gobán Saor’ Ceithre scéilín ó Bhaile Mhúirne 97
2. Sliocht as *Leabhar Mhic Cárrthaigh Riabhaigh*, a) ‘Sgéla an trír maccléirech’, b) ‘Sgéala an trír chléireach óg’. 98
3. Comhfhreagairt. ‘A relic of Irish in Westmeath’. Litir ó 'Nemo'. 101
4. ‘Deifridheacht idir uasal agus tuatach’. 102
6. ‘Rainn Uí Néill agus an Dálaigh’. 103
7. Díomhaoineas an tsaoghail 103
8. ‘Fionnghuala’. (Aistriúchán Ar 'Silent Ó Moyle'). 105
9. ‘Bean an fhir ruaidh’ Scéal agus Amhrán. 106
10 ‘Béarra Words not in O'Reilly's Dictionary’ P. Ó Laoghaire 107
11. ‘Géaga geinealaigh ar nós nua’, Eibhlín Ní Annluain, Óiméith 108
12. ‘Cleas, Rann//Tomhas’ Pádraig Ó Laoghaire 109
13. ‘A question of apposition’: 109
15. Dinnseanchas, Loginmneacha Loch Gur, J.F. Lynch. 111
17. Oireachtas na Gaedhilge Admhálacha síntiús. 112
18. Clódhanna Nua. Léirmheasanna/Nótaí* 112

**An tÚr-Ghort*. Sgéaltha le Seórsa Ó Mórdha.
**Tuarasgabháil Bliadhantamhail, 1901-2*, Connradh Chuilm N.
**Banba*
**Celtia.*

Clár IG Lúnasa, 1902

1. ‘Aithbheóchan Bhreasail M’Dhiarmada’ as L. Mhic Cárrthaigh R. 113
2. ‘Marthain Phadhraig’, leagan Gaillimheach. An Figheadóir 114
3. ‘Paidir chum Naomh Iósamh’, aistrithe ag Peadar Ó Laoghaire 115.
4. ‘Farney proverbs, sayings and riddles’, Énrí Ó Muirgheasa. 116
5. Laoi na héanmhná. Fiannaíocht, Diarmad Ó Duibhne, 122
6 Irish Dialects. Aiste le hEoin Mac Néill. 123
7 Notes and Queries 124
8. Clódhanna Nua Léirmheasanna/Nótaí* 125
9. Feis Laighean agus na Midhe,‘Focail agus frásaí’. 126

**Beatha Eoin Ruaidh Uí Shúilleabháin*, Pádraig Ó Duinnín.
**An Tobar Daraoidheachta*, dráma le Pádraig Ó Duinnín
**Liadain and Curithir*, edited by Kuno Meyer.

Clár IG Meán Fómhair, 1902

1. ‘Marann Phadhraic;. Mícheál Mag Ruaidhrí. 129
2. ‘Gaduigheacht Inisdubháin;. S. Mac an Bháird, Oileán Toraigh, 130
3. ‘Fá choinne cruinnighte i nDún na nGall;. Máire Máirtín 132
4. ‘Moladh Íosa’ (as Leabhar Fernaig) 133
5 Seaghah a' bhríste leathair’ (amhrán) 135
6. ‘Caitheamh an ghlais’, aistriúchán. Pádhraig Ó Laoghaire. 137

7. Dinnseachas:cúigí/sráidbhailte i raon condaethe (áit-ainmníocht) 137
8. Notes and Queries ,ceisteanna, tuairimí. 140
9. Feis Laighean agus na Midhe, Com. 3, Téarmaíocht Áitíuil 141
10 Clódhanna Nua Léirmheasanna/Nótaí*: 144
*a) *Duanaire Phádraig* Tórna (Banba)
*b) *Prós Gaedhealach*, Pádraig Ó Duinnín

Aguisín E

Liosta Léirmheasanna as Innéacs Liam Mhic Pheaircín

(*Gníomh Dóchais IG 1882-1909*)

Léirmheasanna ar Irisí agus Tuarascálacha. Bealtaine 1899 go Meán Fómhair, 1902

1. (léirmheasanna)
2. *An tEurópach* DFómhair 1899 go DFómhair 1900
3. *Archiv für Celtische Lexikographie* Aibreán 1900
4. *Banba* Feabhra Aibreán Iúil 1902
5. *Celti*a Eanáir 1901-Iúil 1902
6. Bliainiris, Coláiste Chnuic Mhellerí DFómhair 1901
7. Connradh Chuilm Naofa Má Nuat bliainiris Iúil 1902
8. *Blátha Bealtaine* Maire de Buitléir Bealtaine 1902
9. *Ingheana na hÉireann tuarascáil* MFómhair 1901
10. *League of St. Columba Maynooth College Annual Record* 1900//1901
11. *Otiana Merseiana 2* Meyer MFómhair 1901
12. *The Leader* Ráflaí Aibreán 1902
13. *Transactions of the Gaelic Society of Inverness* Eanáir 1900
14. *Transactions of the Gaelic Society of Inverness* DFómhair 1902
15. *Samhain,* Iris Yeats Samhain 1901

Léirmheasanna ar Leabhair, Bealtaine 1899 go Meán Fómhair, 1902

1. *Aighneas an Pheacaig leis an mBás* MFómhair 1899
2. *Am Féillire* Aibreán 1901
3. *An Chéad Léightheoir Gaedhilge* Bealtaine 1902
4. *Leabhar Cainte (Bairéad eag.)* Márta 1902
5. *Bilingual Instruction in National Scools pmphl* MFómhair 1901
6. Borthwick Norma *Aibghitir na Gaedhilge* Meitheamh 1900
7. Borthwick Norma *Ceol Sidhe* Márta/ DFómhair 1900
8. Butler Mary *Two Scools* pmphl Nollaig 1901
9. Ceatha Ceoil (Hardebec) Samhain 1901
10. Cannon, John The Dentist dráma Aibreán 1900
11. *Blátha Bealtaine* Maire de Buitléir Bealtaine 1902
12. *Peasant Lore from Gaelic Ireland* Daniel Deeny Iúil 1900
13. *An Sgéaluidhe Gaodhalach* de hÍde Iúil 1901
14. *Giolla an Fhiugha* de hÍde Mac Néill Nollaig 1899
15. *Lessoonyn ayns chengey ny mayrey Ellan Vannin, (First Lessons in Manx)* le Edward Goodwin Feabhra, 1902.
16. *Graiméar Gaedhilge leis na mBráithre Críostamhla* Samhain 1901
17. *O'Growney's Simple Lessons In Irish, . Ed. Hennebry, Márta, 1902*
18. *Cláirseach na nGaedheal* Lúnasa 1901
19. *Ráiteachas* Feabhra 1901
20. *Leabhar Lámhsgríobhthach 1* Márta 1901
21. *Leabhar Urnaighthe don Aos óg* Samhain 1900
22. *Lessoonyn anys Gailck* Márta 1902
23. *Luibhleabhrán* review John McErlean Lúnasa 1900
24. *An tAithriseoir* Mac Piarais/Tórna Feabhra 1901
25. *Seághan an Díomais* eag. Borthwick Feabhra 1902
26. *Tadhg Gabha* Ó Dubhghaill MFómhair 1901
27. *Festschrift Witley Stokes* Iúil 1900

28. *Liadain and Curithir* MFómhair 1902
29. *Otiana Merseiana 2* (Meyer) MFómhair 1901
30. *Expulsion of the Dessi* Meyer Lúnasa 1901
31. *Grádh agus Crádh* Meitheamh 1901
32. Reign of Humbug Bealtaine 1901
33. *Cúchulainn the Irish Achilles* Nutt Nollaig 1900
34. *Ossian and Ossianic Literature* Nutt Eanáir/Iúil 1900
35. *Fairy Mythology of Shakespeare* Iúil 1900
36. *Duanaire Pádhraig* Tórna MFómhair 1902
37. Ó Duinnín Cormac Ua Conaill Iúil 1901
38. Ó Duinnín Creideamh agus Gorta Dráma Iúil 1901
39. Ó Duinnín *Amhráin Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin* Eanáir 1902
40. Ó Duinnín *Amhráin Sh Chláraigh Mhic Dhomhnaill* Bealtaine 1902
41. Ó Duinnín *An Tobar Draoidheachta Dráma* Lúnasa 1902
42. Ó Duinnín *Beatha Eoghain R. Uí Shúilleabháin* Lúnasa 1902
43. Ó Duinnín *Dánta Aodhagáin Uí Rathaile* Eanáir 1901
44. Ó hAlbain Éadhmon *Sgéilíní Cruinnighthe* MFómhair 1900
45. Ó Mórdha Seoirse *An tÚrghort* Iúil 1902
46. Ó Muirgheasa Énrí *Greann na Gaedhilge* MFómhair 1901
47. Ó NeachtainEoghan *I dTaobh na hOibre* Meitheamh 1901
48. Ó Néill Ruiséal, T. *An Bhoramha Laighean* Márta 1901
49. Ó Néill Ruiséal, T. *Moore's Melodies* DFómhair 1899
50. Ó Néill Ruiséal, T. *Fíor-Chláirseach na h éireanna* Iúil 1900
51. *Plays and their Supervision* Iúil 1900
52. *Prímh-Leabhar Gaedhilge le hAghaidh Naoidheanán* Nollaig 1900
53. *Na Sacraimintí Déidheanacha* DFómhair 1901
54. *Thesaurus Paleohibernicus* Nollaig 1901

Aguisín F

An Laoideach mar eagarthóir leabhar, 1903-1918

1. Eagarthóireacht Fhoilseachán an Chonartha

Fógraíodh an post d'Eagarthóir Ginearálta in ACS 19 Iúil 1902, 332 sna fógraí beaga ar an leathanach cúil:

> Wanted by the Publications Committee, Gaelic League, General Editor and Proof-reader of the League publications. Must have thorough knowledge of spoken and written Irish, also some acquaintance with Press work. Salary £100 per annum. Applications must reach the General Secretary, Connradh na Gaedhilge, 24 Upper O'Connell Street, Dublin, on or before 1st August 1902.

Bhí an tuarastal suarach. Bhí raon rátaí ó £120 go £200 ar fáil do thimirí. D'iocfaí £240 don Phiarsach mar eagarthóir ACS.[88] In ainneoin na sprionlaitheachta chuir an Laoideach agus seachtar eile isteach ar an bpost. Ní luann Bairéad foinse don eolas cuimsitheach is léir atá aige faoina iarratas (1946:139).

> Seo iad na cailíochtaí a luaidh sé a bheith aige: taithí mar eagarthóir ar *Fáinne an Lae* agus ar *Irisleabhar na Gaedhilge*, agus rinne sé eagarthóireacht do Choiste na gClodhann; eolas maith ar na canamhaintí, ar an tSean-Ghaedhilg agus ar an Meadhon-Ghaedhilg, agus ar phrosóid na Gaedhilge aige.

Is cosúil go raibh teistiméireacht chumais ón gCraoibhín aige (Bairéad 1945:139):

> Mhol an Craoibhín do'n phosta é, agus bhí a chlú freisin mar sgoláire go forleathan de bharr a chuid sgribhneoireachta san *Irisleabhar* le blianta. Is cinnte nach raibh aon duine eile i nÉirinn an t-am sin a d'fhéadfadh an obair a dhéanamh chomh maith leis.

Léiríonn tuairisc eile, téacs athfhriotail atá ag Liam Mac Mathúna (2000-2001:92), méid mheas an Chraoibhín air:

> Do bhí obair na bhfoilseachán do chur amach ag dul ar aghaidh chomh tiugh san go mb'éigean dúinn fear-eagair speisialta do chur os a gcionn do léighfeadh iad agus do cheartóchadh an téacs. Do thoghamar an Laoideach (J.H. Lloyd) chuige sin... Is mór do chuir an Laoideach an Connradh go léir faoi chomain aige, trína sgoláireacht, agus tré chomh beacht agus bhí sé, ach go mórmhór

[88] 'The Claidheamh editorship, worth £240 a year, was advertised on 21 February (1903)', scríobh Ruth Dudley Edwards (2006:61). Ba in ACS 28 Feabhra 1903 a bhí an fógra. 'Páidhe £240 sa bhliadhain' atá luaite ann.

faoi Ghaedhilge Chúige Uladh do shábháil ar pháipéar (de hÍde, 1937:102).

Rinne an Laoideach stocaireacht don phost. Bhí an Piarsach ina rúnaí ar Choiste na gClódhann. Scríobh Seosamh an litir seo chuige ar an Domhnach, 24 Lúnasa 1902 ó Chúil Cham i mBinn Éadair:[89]



[89] **MS 21,047/9/32** (Pearse Papers).

137. Litir ó SL chuig an bPiarsach, 24 Lúnasa 1902

A Phiarsaigh, a chara,

Caithfead beagán do rádh leat i dtaobh na cainte do thárla eadrainn oídhche Dia Sathairn (aréir). Sé a dubhartsa im' iarratas go rabhas ag cur chum an phosta d'fhághail do réir an fhógartha, sin é go nglacfainn leis an chéad phúnt munar mhaith leis an gCoisde a thuilleadh a thabhairt uatha, 7 is dóigh liom anois, agus a dhúlmhaire is atáim anois, [.i. an posta d'fhághail], go nglacfainn é ar an gcoinngheall san!

Go deimhin duit, mar liom féin de, céad puintín gorta bheadh ann. Is amhlaigh do dhéanfadh sé duine bocht díom ar an toirt. Fiú an chíosa atá orainn annso is é an méid airgid é ná leath-chéad punt agus ní fada rachadh céad púnt d'á dhíol agus an teaghlach do chothughadh i n-éinfheacht leis.

Ag tagairt don phosta féin dom, níor cheart chuige an céad punt. Beidh gnó mór trom síor-shaothair ar an eagarthóir, pé duine cheapfas. Is obair an-trom obair léighinn 7 ba cheart a dóithin tuarastail ina chomhair. Is dóich liom go bhfuilim oireamhnach go maith chum an ghnótha, ní dom mholadh féin mé.

Do thabharfainn gach a bhfacas riamh dá mbadh liomsa é ach an posta so d'fhághail, agus ní mar gheall orm féin acht mar gheall ar an nGaedhilg. Pé eolas agus éirim agus acfuinn atá agam, dá laighead iad, is don Chonnradh is mian liom iad do thoirbhirt.

Do chara g. b.
Seosamh Laoide.

Dheimhnigh daonáireamh na bliana roimhe sin, 1901, go raibh ceathrar ina gcónaí ag Cúil Cham i mBinn Éadair, Seosamh, a mháthair Anna, a dheartháir Uilliam agus a dheirfiúr Máible. Ní raibh an scéal chomh hainnis is a chuireann sé i gcéill mar bhí William agus Máible ag obair i gComhlacht Mhic Aonghusa.



138. Cuntas na Laoideach, Foirm A, Daonáireamh 1901

D'aithin sé nár leor an tuarastal a tairgeadh, ach ghlacfadh sé leis. Is féidir linn glacadh lena ndúirt sé san abairt deiridh, 'pé eolas agus éirim agus acfuinn atá agam, dá laighead iad, is don Chonnradh is mian liom iad do thoirbhirt', mar b'shin achoimre ar a shaol mar Athbheochanóir; thíolaic sé pé cumas a bhí ann

don Chonradh suas go 1916. Bhí an-mhuinín aige as a smacht ar an ngramadach, mar a léirigh sé san iarscríbhinn do litir eile a scríobh sé chuig an bPiarsach[90]:



139. Litir ó SL chuig an bPiarsach, 1 MFómhair 1902

Cúil Cham, i mBinn Éadair

1 de Mheitheamh an Fhómhair, '02

A Piarsaigh chléibh,

Molaim an cunntas, acht ní mar a chualas na sgéala atá cuid de.

Ní fíor gur tharraing Craobh an Chéitinnigh an tairsgin ar ais. Seo mar do bhí: ní raibh éinne ón gcraoibh sin i láthair 7 bhíodar go léir, in éagmais duine ón gcraoibh sin, ar inntinn an clódhaca (clóchas?) úd do cheartughadh go ceann i bhfad. Tá an *tIrisleabhar* ina mhála mhór throm aniar orm, faraor. Go mbadh slán a chífeas mé thú an chéad uair eile.

Do chara go buan,
Seosamh Laoide

I.S. Ná bíodh an iomarca spéise agat 'sa chéad púnt sin. B'fhéidir gur fiú céad go leith púnt mé agus eolas graiméir agam.

Is cosúil go raibh an Piarsach ag iarraidh 'fháil amach an mbeadh an Laoideach sásta le £100 mar thuarastal.

[90] Litir ó Chúil Cham, 'Meitheamh an Fhómhair 1, 1902', NLI MS21,047/10/02 (Pearse Papers 1870-193.

Is eol dúinn litir thaca amháin a tháinig isteach ó Sheán Mac an Bháird sna Cealla Beaga chuig rúnaí an Chonartha, Pádraig Ó Dálaigh:

> Killybegs
> July 31st, 1902.
> Dear Sir,
>
> A friend has just now informed me that Mr. J.H. Lloyd, editor of the Gaelic Journal, is seeking the position of General Editor and Proofreader, as advertised in the last ACS and it is my firm conviction that no more suitable candidate for the situation can be found. I believe he is better acquainted with the various dialects than anyone else and possesses a larger vocabulary as well..... He has taken considerable trouble and put himself to much inconvenience by spending his vacations for several years in some Irish speaking district in this province and it is needless to say that he is well acquainted with our northern Irish.
>
> I am, dear sir,
> Yours faithfully, John C. Ward
> Ps. I am not aware of the name of any other candidate.

Socraíodh ceist an cheapacháin ag cruinniú de Choiste na bhFoilseachán (Bairéad, 1946:139):

> Ag cruinniú de Choiste na gClódhann, 30adh Meadhon Fhoghmhair, 1902, do socruíodh, ar thairisgint Phádraic Mhic Phiarais, go molfaí do'n Choiste Gnotha é a cheapadh mar eagarthóir leabhar. Ghlac an Coiste Gnótha leis an moladh,[91] agus d'éirigh an Laoideach as a phosta ar an mbóthar iarainn, agus as eagarthóireacht an Irisleabhair, agus thosuigh ar a chuid oibre faoi'n gConnradh an chéad lá d'Eanáir 1903**.**

Níor ghlac sé leis an bpost láithreach baill, mar a léiríonn sé sa litir a scríobh sé chuig an bPiarsach, 26 Samhain 1902. Baineann an chéad chuid le profú *An Buaiceas*. Leanann sé air ansin mar seo:

> Tonight, I got Mr. O'Daly's reply to my letter. I cannot disguise the fact that the decision of the Committee or Coisde Gnótha has placed me in a very awkward position. I am between 'the devil and the deep blue sea'. I am very anxious to take up with the work and wish I were even now started, but how to prevent myself being placed in a position amounting to dire poverty almost is my difficulty. Things here as regards moving are in rather a chaotic state.
>
> I would like to talk the matter over with you. Do you think it would suit to take up duty on 1st of January? I have to give at least a month's notice. In any event it would hardly be more than a fortnight later, as Christmas intervenes, during which printing would be at a

[91]4 Deireadh Fómhair 1902; Mac Máthúna (2000-2001:92).

> standstill. I could work with some proofs, as I did with McGinley's. Please let me have your views.
>
> Yours faithfully
>
> J.H. Lloyd.

Dar le Bairéad, b'íobairt mhór ó Sheosamh an post in Oifig an Iniúchóra, Comhlacht Bhóthar Iarainn an Tuaiscirt, a fhágáil agus an post sa Chonradh a ghlacadh:

> Is féidir a rádh gur 'leath sé a chuid aráin ar na h-uisgí' nuair d'fhág sé posta seasta inphinsiúin leis an gcúram nuadh a thógáil air féin, acht ba ghoire dá chroidhe obair na Gaedhilge, agus níor chuir sé aon rud eile sa gcunntas. Chaill sé freisin an saor-chead taistil a bhí aige ar na bóithribh iarainn.

Bhí an nóta thíos i dtuairisc chruinniú an Choiste Gnótha in ACS, Eanáir 10 1905:

> Mr. J.H. Lloyd wrote resigning fron the Coisde Gnótha on taking up his duties as general editor. His services were however retained in the Oireachtas committee and in the Music and Art subcommittee.

Bhí sé i mbun oibre ó thús na míosa.

2. Súil siar ar leabhair an Chonartha roimh 1903

Nuair a thosaigh Seosamh ag obair mar eagarthóir ginearálta bhí níos mó ná céad foilseachán curtha amach ag an gConradh, e.g. tosaíonn Ceartliosta Uí Tháilliúir do 1903 ag Uimhir 106. Bhain an scair ba mhó den soláthar sin leis an gConradh féin: tuarascálacha, cuntais airgid, paimfléid gríosaithe nó brostaithe, agus leis an nGaeilge sa chóras oideachais. Bhí cuid mhór den ábhar seo sa Bhéarla. Ní raibh ach tuairim is dhá scór leabhar den áireamh sin go bhféadfaí leabhair Ghaeilge a thabhairt orthu.

Mhéadaigh an táirgeacht fhoilsitheoireachta nuair a bunaíodh Coisde na bhFoilseachán, nó Coisde na gClódhann mar a ghlaoití air, i Meitheamh 1900. Ba é an coiste seo a roghnaigh agus a cheap Seosamh mar eagarthóir ginearálta. Bhí an Piarsach ina rúnaí air agus bhí plé ag an Laoideach leis go rialta ó lár 1900 go 1905. Sular ceapadh é mar eagarthóir ginearálta ba iad baill an choiste seo a rinne an obair eagarthóireachta agus ba mhaith an mheitheal iad. Rinne Seosamh obair nár bheag leo, mar eagarthóir agus mar údar.

Sruthú suntasach ó IG, 'an chéad leabhar sgéalaidheachta do chruinnigheadh i n-éan-dúthaigh de Chúige Uladh', dúirt sé féin sa réamhrá, ba ea na scéalta i *Sgéalaidhe Fearnmhuighe* (1901). Cnuasach *sui generis* ba ea an bailiúchán seo, an chéad bhailiúchán eolaíoch den bhéaloideas aiceanta in Éirinn. Nochtann an cnuasach bunscraith na Gaeilge i gcultúr Fhearnaí agus tagann traidisiún béil chun solais ann a bhí go follasach ina chuid den ghréasán idirnáisiúnta scéalaíochta.

Ba léir na buntáistí a bhain le sruthú ábhair a réamhfhoilsíodh in IG nó in ACS go leabhair. Chuir Seosamh eagar ar *Grádh agus Crádh* le 'Aignéas' Ní Fhaircheallaigh, (IG Aibreán 1901), mar a chonaiceamar i gCaibidil 3. Bhí an chéad chuid de *Cláirseach na nGaedhal* ar fáil i 1902. Breandán Mac Ruaidhrí a chóirigh an ceol. Bhí na liricí agus an ceol agus nótaí fúthu in ACS ó Nollaig 1899 ar aghaidh. Ba é an Laoideach a chuir na liricí in eagar. Nuair a leag sé súil ar Chuid 1 chonaic sé go raibh sé ainmnithe mar chóiritheoir in éindí le Mac Ruaidhrí agus d'fhiosraigh sé an scéal. Ba bhotún sothuigthe ag an bPiarsach é, mar bhí 'Seosamh Laoide do ghléas' ag barr go leor amhrán as an gcnuasach a foilsíodh roimh ré in ACS.

Scríobh sé an litir thíos, dar dáta 18 Bealtaine 1902, chuig John Falconer, clódóir a thuill clú amhrasach dó féin dá chinsireacht ar *Dubliners* le Joyce nuair a scrios sé míle cóip den leabhar ar eagla go gcuirfí an dlí air féin fúthu:[92]

> Dear Sir,
>
> I see Mr. Pearse has made some changes in my editing of Cláirseach na nGaedheal, Part 2. Please note that he did this solely on his own responsibility and without authority. You should not have altered my final editing. I am the editor & not Mr. Pearse, who, as you know, is Secretary to the Publications Committee, this position not giving him any authority to alter the editor's work. Please note that the next book must have:
>
> 1. On the cover 'Seosamh Laoide do chuir in eagar' and not 'Breandán Mac Ruaidhrí agus Seosamh Laoide do ghléas'.
> 2. The arranger's name at the top right-hand corner and not as foot note
> 3. No revision of any 'Tagra' at the end of a song
> 4. **….** [Ró-dhoiléir le léamh].
>
> Yours faithfully, J. H. Lloyd.

[92] Fch réamhrá Jeri Johnson do *Dubliners* le James Joyce, eagrán OUP 2000 (Oxford World's Classics)

Eagarthóir ad hoc ba ea Seosamh ach fiú más amhlaidh a bhí ní raibh fonn ar bith air freagracht a ghlacadh as earráidí duine eile agus bhí leasuithe an Phiarsaigh, luaite sa litir thuas, míchruinn ar fad. Caithfidh gur sheol Falconer an litir a fuair sé chuig an bPiarsach mar is i bpáipéir an Phiarsaigh atá sí sa Leabharlann Náisiúnta (MS21,047/6/6). Bheadh codanna den tsraith seo ag teacht amach go 1908. Chuirfeadh Seosamh Cuid 1-3 in eagar.

Ba shraith fhíorthábhachtach leabhrán *Ceatha Ceoil* (1902), leabhrán ar leith do gach amhrán, inar shocraigh an cumadóir dall, Carl Hardebeck, agus an Laoideach, eagarthóir na liricí, ciallú agus cur i láthair ‘Siubhail a ghrádh, ‘An droighneán donn’, ‘Róisín Dubh’, ‘Eochaill, ‘An chúilfhionn, ‘Péarla an bhrollaigh bháin’ agus ‘Rós geal dubh’ do na glúine a tháinig ina ndiaidh. Tá an tsraith luaite i liosta pearsanta an Laoidigh, ‘Books read and edited for other writers.’

Leabhair eile ó 1902 atá ar an liosta pearsanta céanna a bhí léite roimh ré agus curtha in eagar ag an Laoideach, gan admháil sa leabhar féin, ba ea *Dubhaltach Mac Firbisigh* le hEoghan Ó Neachtain agus *Miondrámann*a le Peadar Mag Fhionnlaoich. Tá foclóir, trádmharc an Laoidigh, leis an dá leabhar seo a foilsíodh sa tsraith ‘Leabhairíní Gaedhilge le haghaidh an tSluaigh’.

2.1 Imeachtaí an Oireachtais

Ghin an tOireachtas a scair féin den litríocht oifigiúil. Cuireadh tuarascáil speisialta amach, *Proceedings of the Oireachtas* nó *Imtheachta an Oireachtais*, do gach bliain ó 1897 go 1901. Is iad na tuarascálacha seo a bhí i gceist ag Liam Mac Mathúna (2000-2001:96) nuair a thagair sé d'imeachtaí 'féilte cultúrtha a bhí caite tamall de bhlianta'. B'fhíor dó faoin mhoill ach níor fhág sin nach raibh fiúntas san ábhar a foilsíodh. Chuir an Laoideach *Imtheachta an Oireachtais, 1901*, Leabhar II in eagar. As sin, i bhfad níos déanaí, tháinig na leabhair seo a leanas, ina bhfuil sé ainmnithe ar na clúdaigh mar eagarthóir:

> *Fionn agus Lorcán* .i. Deich sgéalta do bhuaidh an bhárr-dhuais. 'Uíbh Laoghaire' .i. Conchubhar Ó Muimhneacháin ó Bhéal Átha an Ghaorthaidh do chnuasaigh. 1903.
>
> *Foclóir do cuireadh le Fionn agus Lorcán* 7rl .i. na deich sgéalta do bhuaidh an bhárr-dhuais. 1913.

Madra na nOcht gCos agus sgéalta eile .i. Cúig sgéalta do bhuaidh an dara duais. 'Sgríob Liaigh an Earraigh' do chnuasaigh. 1907.

Éan an Cheoil Bhinn agus sgéalta eile .i. trí sgéalta ón Oireachtas agus dhá sgéal eile do cuireadh 'na gcionn. 1908.

An tÉinín Órdha agus sgéalta eile .i. ocht sgéalta (Fiannaíochta) ón Mumhain, 1910.

Sa Bhrollach don fhoclóir do *Fionn agus Lorcán* (1903) mhínigh an Laoideach nár cuireadh foclóir leis an mbunleabhar mar gur ceapadh nach raibh aon ghá leis, 'go bhfaigheadh gasraidh na Mumhan na sgéalta do léigheadh asta féin'. Shíl an Conradh i 1903 go bhféadfadh ‘gasra na Mumhan’ a mbéaloideas féin a léamh as Gaeilge gan stró ó dhúchas. 'Is dócha, ámh,' scríobh Seosamh sa Bhrollach céanna, 'nárbh é an ceart do rinneamar agus an talamh d'fhágbháil bán ar an gcuma soin’.



TAGRA DON BFOCLÓIR.

[C. Ó M.=Conċubaṙ Ó Muiṁneaċáin; Dá Ċíċ D.="Dá Ċíċ Danann."]

Alè: Ag tagaiṙt do "i n'alè," "Dionn an 'n' leaṫan, ⁊ iṙ ruaṙaċ an ċaóile aṫá ag baint le 'a,'" (C. Ó M.).

Caṁáiṙte: Cm. "ní bṙaiġeaḋ ṙé dá miṙneaċ (nul iṙteaċ, etc.)," i gCiaṙṙaiġe—Cag.

Cóiṁ: Ag tagaiṙt do "'á ṗáġail," "Seo maṙ aḋeiṁímíd, (1) Nuaiṙ a bí an capall agam 'á ṫiomáint, (2) Nuaiṙ a bí an ṗunann aici 'á ċeangal, (3) Ṗneab ro' ṁuiḋe, tá ba 'á ċṗúḋ. Iṙ tion ġníoṁ bíteaṙ ag tagaiṙt, cuiṁteaṙ tiṁeaḋ aṙ an gconṙon peoca maṙcul nó feiṁean an aiḋiaċt ṫealḃaċ" (C. Ó M.).

Daṙa: Daṙa (ṙa Muiṁain), (C. Ó M.).

Ṗaiḋ: Ag tagaiṙt do "ṗaiḋ gaċ bṙaiḋ": "ṗaiḋ" ba ċeaṙt iṙ dóiġ liom i n-ionaḋ "bṙaiḋ" (C. Ó M.).

Ṗeṙóm: Aiṙóm=notion (Dá Ċíċ D.); "aiṙóm" aḋeiṁteaṙ, iṙ dóiġ liom (C. Ó M.).

Ṁe: Usually bad treatment or destruction; d'íoġ ṙé é ṙéin =he committed suicide (C. Ó M.).

Loċ: "Ṫiṁeaṙna na loiċe," "aṙ bṙuaċ na loiċe," are very common in Muns. (Dá Ċíċ D.); aḋeiṁteaṙ "an loċ beag" ⁊ "bṙuaċ an loċa" (C. Ó M.).

Maiṙe: Ba ṁaiṫ an ṁaiṙe ṙin aiġe é=it was well done of him, he acted well (Dá Ċíċ D.).

Meiṡṁeaċ: Meiḋeaṙaċ (Dá Ċíċ D.); rather meaṡṙaċ, the usual form (Ed.).

Neaṙt: It seems that the insertion of aṙ in ná ṙaiḃ neaṙt aiġe ruiḋe would not mend the matter, for, as Dá Ċíċ D. remarks, "without aṙ the meaning is that one is not allowed, permitted, with aṙ it means one can't help doing it, no alternative=ní'l leiġeaṙ aṙ." It even appears that ná ṙaiḃ neaṙt ruiḋe aiġe cannot be suggested, as this also would bear a different sense.

Oiṁeaḋ: Do ṁaiṙḃ ṙé, etc., 14; C. Ó M. now prefers do ṁaiṙḃ ṙé an oiṁeaḋ céaḋna ⁊ do ṁaiṙḃ ṙé an lá roiṁe ṙin; both seem permissible.

140. Tagra don fhoclóir do *Fionn agus Lorcán* (1903)

Sheol Seosamh na profaí chuig Conchubhar Ó Muimhneacháin agus Diarmuid Ó Muimhneacháin (Dhá Chích Dhanann) i mBaile Mhic Íre. Mhol siad go leor leasuithe. Níor athraigh Seosamh a théacs, áfach, mar níor theastaigh uaidh cur isteach ar leagan an bhailitheora, ach, mar a fheicimid thuas, d'foilsigh sé na leasuithe a mhol siad, agus a leaganacha féin, in aguisín ar leith ag deireadh an leabhair.

Ní raibh gach duine sásta lena mhodh eagarthóireachta, go háirithe nuair a bhíodh sé ag plé le canúintí. Chríochnaigh sé an réamhrá do *Madra na nOcht gCos agus sgéalta eile*, Leabhar II, Cuid 3, le sliocht fada as an 'Ebistil Thioghlaicthe' atá i dtús an leagain de *The Book of Common Order* le John Knox a d'aistrigh an tEaspag Eoin Carsuel go Gaeilge, sa 16ú haois. Cáineadh Gaeilge an Easpaig freisin, is cosúil. Tá tús an tsleachta anseo:

> .... Acht cheana, do gheibhid na daoithe agas na brománaidh lochta imarchacha ins na neithibh bhíos gan locht gan uireasbaigh, agus leigid siad an égóir tharrsa gan an locht bhíos go follas indte d'faicsin.[93]

3. Earnáil an oideachais 1903 go 1918

Rinne an Laoideach an obair ba shuntasaí ar son an Chonartha agus ar son na Gaeilge in earnáil an oideachais. Ceadaíodh deonú suntasach ón mBord Oideachais Náisiúnta, an Clár Dátheangach, i 1904. Faoin scéim seo b'fhéidir an Ghaeilge féin, ábhair eile trí mheán na Gaeilge, agus an Béarla, a mhúineadh ag gach grád sna bunscoileanna Gaeltachta agus Breac-Ghaeltachta. B'shin an tús. Ní fada go raibh brú ar Choiste na gClódhann téacsanna a sholáthar a) don Chlár Dátheangach, b) do na Coláistí Gaeilge, c) don earnáil Idirmheánach, d) do chúrsaí ardléinn agus e) d'fhoghlaimeoirí nach raibh sa chóras oideachais ar chor ar bith.

Deir Peadar Mac Fhionnlaoich (1902:iii):

> The work that Gaelic Leaguers have set themselves is a gigantic one, being no less than to teach a new language to a whole nation.

Mar a thaispeánfar anois, bhí an Laoideach lárnach don iarracht leabhair

[93] Leagan Thomas McLauchlan LL.D (ed.) Edmonston & Douglas Edinburgh, 1873 (*Ebistil Thioghlaicthe*, 21-22)

theagaisc agus fhoghlama a sholáthar don fheachtas ollmhór seo, mar eagarthóir, mar éascaitheoir, mar réamhléitheoir, mar chomhairleoir, mar údar, mar theaglamaí leabhar léitheoireachta do na scoileanna, do na coláistí agus don phobal. Taobh thiar de bhí an Coiste Oideachais agus Coiste na gClódhann. Chomh maith bhí léitheoirí seachtracha agus ealaíontóirí aige, agus múinteoirí ranga mar chomhairleoirí.

3. 1 Téacsleabhair léitheoireachta

D'fhoilsigh an Conradh *Prímh-leabhar Gaedhilge le haghaidh na naoidheanán* ar dtús sa bhliain 1900. I 1903 socraíodh ar eagrán nua a chur amach. Ba do pháistí na nGaeltachtaí an priméar seo. Bhí an fógra nó an léirmheas thíos in IG Nollaig 1900 agus é scríofa ag Seosamh féin, mar ba é an t-eagarthóir é ag an am:

> This is the first modern schoolbook ever published wholly in Irish. .... It is the precursor of a new form of education which, if the Managers follow the dictates of true patriotism, will shortly be introduced into the national schools in the Irish-speaking territory. *An rud do-chí an leanbh do-ghní an leanbh!*

Is léir go raibh léargas, ní abraim agenda, níos leithne ná cuspóir teangeolaíoch aige. Nasc sé teagasc na Gaeilge leis an tírghrá agus le múnlú aigne an dalta i dtreo an Ghaelachais**:**

> The Irish child, taught through the medium of his own language from his first entrance into the school, will learn to honour it and to take pride in it. Thence will follow an interest in Irish literature and in all that concerns his land and race. It should not be in vain to hope that in time the result of this will be the revival of great literary activity and spirit of self-reliance formerly so characteristic of the Irish people, when Irish was the language of the nation....

Ba é seo an léargas náisiúnaíoch a chraobhscaoil an Piarsach blianta beaga ina dhiaidh sin a thuill clú dó mar shoiscéalaí an oideachais Ghaelaigh. Filleann Seosamh ar sheanphort a bhíodh aige go minic: díghalldú ainmneacha baiste:

> We are glad to see that such ancient Irish forenames as Art, Niall, Mór, Síle and, as a name for a cat, Talc, are at once placed in large type before the eyes of Irish speaking children. Let us hope that they may never bear such silly names as Clorinda, Marcella, Teresa etc..... Such is the ridiculous effect of external Anglicisation.

Léiríonn sé suim eagarthóireachta sa chló agus sa leagan amach:

> The new large type in this book is very neat and plain, but it is a pity that 'b' and the 'l' do not have a higher stem.

Foilsíodh *An Chéad Léightheoir Gaedhilge*[94] i 1902. Ceithre leathanach agus trí scór atá ann. Tá eagrán 1902 ar fad sa Ghaeilge. Is leabhar taitneamhach é, pictiúir agus léaráidí dubh agus bán ann cruthaithe ag maisitheoir leabhar dar shloinne 'Williamson'. Gach rud a scríobh Seosamh thuas faoi *Prímh-leabhar Gaedhilge le haghaidh na naoidheanán,* b'fhéidir é a rá arís faoi *An Chéad Léightheoir Gaedhilge.* Tá leathanach as thíos:

60

30: an téinin ar an sgraoib.

croibe caiteamh	éirteacht éadromh

1. A éinín big álainn
   I n-áirde ar an sgiaoib,
   Bíonn do ceól-sa gach lá
   Ag cur áthair im' chroibe.

2. San nead tá do céile
   Go héadromh 'n-a ruibe,
   Ir bíonn sí ag éirteacht
   Leat féin mar a mbíg.

141. Leathanach as *An Chéad Léightheoir Gaedhilge*, 1902

Bhí go leor leabhar le teidil cosúil le *An Chéad Leabhar Gaedhilg, An Dara Leabhar Gaedhilg, An Treas Leabhar Gaedhilg*, tagtha amach agus ag teacht amach, ó Chumann Buan-Choimeádta na Gaeilge, ó Chonradh na Gaeilge, ó shiopa leabhar Norma Borthwick agus ó na comhlachtaí tráchtála. Bhí leabhair den chineál céanna ann d'fhoghlaimeoirí Gaeilge na hAlban. D'fhoilsigh an Conradh dhá cheann, *An Dara Leabhar, Gaedhilg agus Béarla,* agus *An Treas*

[94] *https://archive.org/details/cadlightheirgaed00conn*, ceadaithe 28 Méan Fómhair 2019.

Leabhar, Gaedhilg agus Béarla, i 1906. D'fháiltigh Tórna roimh *An Dara Leabhar* (IG Iúil 1906):

> Tá *An Dara Leabhar* i gcló anois ag Connradh na Gaedhilge. Tá na leabhair seo á gcur amach i gcóir na scoileanna n-a bhfuil an Clár Dá Theangan ar siubhal ionnta. Tá Gaedhilg agus Béarla san leabhar so agus ní chosnann sé acht leath-thuistiún is leathphinginn.

Tá *An Treas Leabhar*[95] ag Uimhir 9 sa liosta 'Books brought out by self'. Tá an líníocht thar barr, gach pictiúr sínithe ag 'Ua Fágáin', Seoirse Ó Fágáin, sárealaíontóir ó Leamhcán ar imeall na príomhchathrach. Tá an leabhar roinnte ina dhá leath, tuairim is seasca leathanach don Ghaeilge agus an oiread céanna don Bhéarla.



142. Clúdach agus leathanach as An Treas Leabhar, 1906

Bhí cruinniú ag Coiste na gClódhann ar an Satharn, 22 Meitheamh 1907, agus foilsíodh tuairisc air in ACS seachtain ina dhiaidh sin. Dúradh go raibh moill ar *An Ceathramhadh Leabhar* toisc an t-ealaíontóir Seoirse Ó Fágáin a bheith tinn. Bheadh an fear bocht marbh ón eitinn roimh dheireadh na bliana. Tá 'An Ceathramhadh Leabhar, vocab. & ed. 1914' ag Uimhir 2 sa liosta 'Books brought out by self'. Chuir Seosamh in eagar é agus chuir sé foclóirí leis, foclóir Gaeilge go Béarla ag tús gach ceachta agus foclóir Gaeilge go Gaeilge ag an deireadh. Bhí léirmheas ag 'Firín' in IG Meán Fómhair 1908 inar dúirt sé:

[95] *archive.org/34/items/treasleabhargaeh00connuoft.pdf*, ceadaithe 28 Meán Fómhair 2019.

> Tá suas le céad go leith leathanach ann san Ghaedhilg agus geall le céad leathanach san Ghallbhéarla, agus ní léir dam i n-éan-roinn díobh san nidh ar bith nár chóir agus nach miste a chur os comhair scoláirí bhun-scoileanna na hÉireann, nó, dá n-abrainn é, os comhair lucht taithighthe na mbuidhean i gCraobhchaibh de Chonnradh na Gaedhilge ar fuaid na dúithche.... An litriughadh atá i bhFoclóir Uí Dhuinnín sin é an litriughadh atá san leabhar so—uaireannta, agus a mhalairt uaireannta eile. Tá 'eo' (dálta an fhoclóra) i n-ionad 'eó' mar ba chóir, acht 'éisg' seochas 'éisc' 'sgíth' .....

Bhí Foclóir Uí Dhuinnín ag dul i bhfeidhm ar an litriú cheana féin. Bhí 'Firín' sásta le malartú ó 'eó' go 'eo' ach thug sé faoi deara nár athraigh Seosamh an 'g' go 'c' i bhfocail mar 'éisc' agus 'scíth', leaganacha Uí Dhuinnín.



I.

Dá mbéidinn féin i nÁird Tighe Cuain,
I n-aice an tsléibhe úd tá i bhfad uaim,
Bad annamh liom gan dul ag cuairt
Go Gleann na gCuach Dia Dómhnaigh.

Loinneog.

Agus oc oc éirghe, liug ir Ó!
Eirghe, leann dubh agus Ó!
'Sé mo chroidhe tá trom 'r é bhónach!

143. Véarsaí as 'Árd Tighe Cuain' in *An Ceathramhadh Leabhar,* 1908, (lgh 130-132)

Tá tagairt ag Ciarán Ó Duibhín[96] do mhír XLVIII, 'Árd Tighe Cuain' (lgh 130-132) in alt atá aige faoi John McCambridge (1793-1873), an té a deirtear a chum an t-amhrán, ina luann sé tagairt i F.X. Martin and F.J. Byrne (1973:323–4):

> Mac Néill's version is the basis of that given by Laoide in *An Ceathramhadh Leabhar Gaedhilge* (1909), pp. 130–2, though Laoide differs from Mac Néill in his preferences between the variants of Mac Amhlaidh and McNaghten, and also adds some touches of his own.

Ba é Eoin Mac Néill a d'fhoilsigh 'Ard Tighe Cuain' don chéad uair in IG Deireadh Fómhair 1895 mar chuid dá aiste 'Irish in the Glens of Antrim'.

Tugann fógra de chuid The Educational Company of Ireland (ACS, Eanáir 16, 1915) mioneolas dúinn faoi chlár agus faoi chineál *An Cúigeadh Leabhar,* 1915.

[96] *http://www.smo.uhi.ac.uk/~oduibhin/daoine/mccambridge.htm,* ceadaithe 29 Meán Fómhair 2019.

An Cúigeadh Leabhar: a selection of the best Irish prose and verse written within the last three hundred years from Geoffrey Keating and Aonghus Ó Dálaigh to An Craoibhín and Tórna. The ninety lessons contained in the book were chosen by the editor, Mr. J.H. Lloyd, M.R.I.A., in consultation with a number of the most successful bilingual teachers in Ireland. The selections were made with the greatest care and the book will be found MOST SUITABLE FOR THE HIGHER STANDARDS IN NATIONAL SCHOOLS and even for INTERMEDIATE and UNIVERSITY students. It is no exaggeration to say that *An Cúigeadh Leabhar* is by far the best book of its kind yet published in Ireland.

Tháinig *An Cúigedh Leabhar* amach ina dhiaidh sin faoi ainm eile, *Réalta den Spéir* (1915).[97] Feileann an cur síos san fhógra thuas go cruinn dó. Sceitheann an chéad leathanach de chlár *Réalta den Spéir*, trí earráid chló, gurb ionann an leabhar sin agus *An Cúigeadh Leabhar*:



144. Clúdach as Réalta den Spéir (1915) agus sliocht as clár an leabhair

Seosamh Laoide amháin a luaitear leis an dá leagan mar údar ach míníonn sé sa Bhrollach do *Réalta den Spéir* go raibh coiste comhairleach aige chun na píosaí a roghnú:

> Bhí cruinniughadh againn den choisde beag úd inar socruigheadh ar mórán d'ábhar an leabhair seo. 'Siad seo na daoine a bhí i láthair .i. Pádhraig Ó hAchair (beannacht Dé lena anam!), Pádraig Ó Dálaigh agus mé féin.
>
> Fuaras-sa mar an gcéadna liostaí ceacht ó na daoine seo .i. Seaán Ó Cadhla, Tomás Ó Conchubhair, Seaán Mac an Bháird, Séamas Ó Searcaigh agus Peadar Ó Dubhda. Táim an-bhuidheach díobh so i dtaobh a gcineáltais agus molaim go mór iad dá chionn....
>
> Do chuireas romham mar chuspóir bheith go cóir ceart cothrom i leith gach aon mholtóra agus gach aon sgríbhneora a mholadar. Dá

[97] *https://archive.org/details/raltadenspirleaa00laoi/page/n4*, ceadaithe 29 Mean Fómhair 2019.

> bhrígh sin, is féidir a rádh go bhfuil 'Éire gan roinnt' sa leabhar so. Gheobhthar aisdí ann dar dúthaigh áiteanna ó Rachlainn go Baoi Bhéarra agus ó Thoraigh go Gleann Mhaoilughra i Laighnibh.

Chuaigh sé níos faide ar fán ná 'Éire gan roinnt' mar bhí ábhar aige a tháinig ó Mheiriceá (lgh 40, 46) agus ó Mhór-roinn na hEorpa (17, 103). Tá sé ceaptha chun freastal ar raon foghlama ó ardranganna na bunscoile go ranganna ollscoile. San iomlán is saghas scátháin é ar shaol agus ar shaothar an Laoidigh féin. Bhí plé aige am éigin le formhór na bpíosaí, mar bhailitheoir, mar scoláire, mar eagarthóir nó mar údar.

Tá trí shliocht ag an gCéitinneach ann, trí laoi Fhiannaíochta, samplaí próis as *Eachtra an Ghiolla Dheacair,* as *Oidheadh Chloinne Uisnigh,* as *Oidheadh Chloinne Tuireann,* as an *Táin,* as *Imtheacht na Tromdháimhe* agus as *Teacht Chonlaoich mhic Conchulainn go hÉirinn*.

Tá díolaim láidir den fhilíocht chlasaiceach, liteartha agus traidisiúnta ann. Faightear 'Caoineadh Airt Uí Laoghaire' ann ina iomláine geall leis. Bhí dánta ó Aonghus Fionn agus ó Aonghus Mac Doighre Ó Dálaigh, ó Aodhagán Ó Rathaile. ó Ghearóid Nuinsionn, ó Liam Dall Ó hIfearnáin, ón Dall Mac Cuarta, agus ó Dhonnchadh Ruadh Mac Conmara. Tá 'Seóthó' Eoghain Ruaidh ann agus go leor ón traidisiún béil.

Ní raibh ach ceithre phíosa go bhféadfaí filíocht nua a thabhairt orthu ann, dréacht le Tórna, 'Cuairt ar Theamhair'; péire dán leis an gCraoibhín (lgh 4, 16), agus 'An Samhraiteánach' ón Athair Pádraig Ó Duinnín, leagan d'fhabhalscéal Chríost.

Is treise an stairsheanchas ná an stair sa leabhar seo, le 'Troid Bhaile an Droichid' ó Shéamas Mac an Bháird, le 'Cuimhniughadh Mhic Liag ar Bhrian Bóroimhe as *Leabhar Oiris*,' le 'Fáth catha Chluain Tairbh' as *Cath Cluana Tarbh,* atá i Leabhar Oiris chomh maith. Tá dhá phíosa staire le Mícheál Breathnach ann, 'Art Mac Murchadha' agus 'Aodh Ó Néill agus Aodh Ó Domhnaill'. Tá 'Bás Thuirgéis' leis an gCéitinneach ann agus leagan béaloidis de scéal Thomáis an tÁpa Mhic Gearailt. Bhí sliocht as 'Dánta Phiarais Feiritéir' leis an Dr. Aineisleis Aodhach Ó Grádaigh ann.

Thug na roghnóirí aitheantas do na scríbhneoirí nua le sleachta ó Phádraig Ó Conaire, ó Sheán Ó Ruaidhrí, ó Mhícheál Ó Máille, ón Seabhac, ó Chonán Maol,

agus ó Shéamus Ó Dubhghaill, agus tá sampla de Ghaeilge Dhéiseach Risteárd de Hindeberg ann, ‘Cor in aghaidh an chaim’. Bhí dhá phíosa ag Eoin Mac Néill ann, aiste faoin aibítir oghaim, agus ‘An t-asal malluighthe’.

Tá píosaí ann agus ainm Sheosaimh leo nó as saothar Sheosaimh gan a ainm a bheith leo. Deir sé faoi *Domhnall is Moróg*, amhrán as Reachlainn: 'Seosamh Laoide do thárrthuigh’. Tá trí phíosa aige as *Macaomh an Iolair*, le Brian Ó Corcráin, saothar a chuir sé féin agus 'Iorard de Teiltiún' in eagar agus a d'fhoilsigh Hodges agus Figgis. Tá litir i gceathrúin 'dá cháirdibh gaoil agus mhuinteardhais' ón sagart Tadhg Ó Brollacháin a bhí ag freastal i mBilbao na Spáinne ann agus an nóta seo leis: 'Seosamh Laoide do chuir an dán so i gcruth dlighidh agus riaghla ó thárla dó a bheith lán-truallaighthe'. Chuir sé réamhnóta le ‘Litir Risteaird Néilson chum a mhná’, á rá, ‘Seosamh Laoide (‘Mac Tíre’) do chuir as an nGaedhilg bhriste bunaidh i gnáth-Ghaedhilg dáin chomh maith is dob’ fhéidir sin’. Litir i véarsaíocht atá inti. Thóg sé ‘Fabhaillsgéal beag crábhaidh ar Mhaodhóg Fearna’ as lámhscríbhinn, deir sé. Tá go leor eile aige a chuir sé in eagar cheana do IG nó do leabhair. Mar a deir sé: ‘Do thugas féin mórán 'na chóir, ní dhom mholadh féin é’.



145. Clúdach *An Léightheoir Gaedhealach*, 1907.

Is leabhar léitheoireachta ríspéisiúil *An Léightheoir Gaedhealach*, 1907. Díoladh mar théacs bunscoile é ag Comhlacht Oideachais na hÉireann ach, cosúil le

Réalta den Spéir, is leabhar dúshlánach ard léinn é tríd is tríd. Bhí réamhstair aige mar a léiríonn an Laoideach sa Réamhrá. Peadar Mac Fhionnlaoich a chuir an chéad leagan le chéile. Chuaigh an leagan sin chun cló ach bhí roinnt leathanach lochtach. Cinneadh ar é a chur chun cló arís le tuilleadh ábhair an turas seo ó Eoin Mac Néill agus ó Sheosamh féin. Ba é a chuir an scríbhinn nua ar fad in eagar.

Chuir an Laoideach dhá phíosa le Seán Ó Ruaidhrí isteach agus rosc, 'Go mairidh na Gaedhil', a scríobh 'Leath-Chuinn' don chéad eagrán de IG 1882. Bhain Peadar Mac Fhionnlaoich go leor as IG agus scríobh sé aiste faoi Chath Alt Éireann (Auldearn), a tharla in Albain idir fhórsaí Mhontróis agus fórsaí na Parlaiminte. Is as *Leabhar Cloinne Raghnaill*, cuntas a scríobh staraí na clainne sin, Niall Mac Muireadhaigh, an sliocht sin.

Tá litir Róisín Ní Dhochartaigh, bean chéile Eoghain Ruaidh Uí Néill, aige freisin, litir a scríobh sí chuig sagart ina n-iarrann sí eolas faoina céile agus faoina mac in Éirinn, agus faoi chúrsaí an chogaidh. Tá beart litreacha stairiúla ag Eoin Mac Néill ann, dhá cheann a scríobh Seán an Díomais, litreacha a fuair agus a sheol Séamas Mac Muiris Mhic an Iarla, litir ó Ghiolla Brighde Ó hEoghusa, agus sluaghairm Aodha Uí Néill do na Gaeil. Scríobhadh na litreacha idir 1560 agus 1580. I nGaeilge a scríobhadh iad, ag uaisle Gaelacha a raibh an Ghaeilge labhartha acu mar theanga laethúil.

Ba chruthú na litreacha agus an tsluaghairm do Sheosamh go raibh tráth ann nuair a bhí ar chumas thaoiseach na nGael an Ghaeilge a labhairt agus a úsáid go muiníneach mar mheán cumarsáide scríofa, taoisigh a roghnaigh í nuair a bhí ar a gcumas an litir chéanna a scríobh as Béarla nó sa Laidin. Bhain sé féin a leabhar, *Alasdair Mac Colla*, as *Leabhar Cloinne Raghnaill*, foinse Mhic Fhionnlaoich.

3.2 Leabhair chomhrá

Tháinig *Comhrádh le haghaidh Mac Léighinn* (1903), leis an Athair Brian Ó Críocháin, sagart Gaillmheach a bhí ag freastal i gCo. Ros Comáin, amach i 1903. Bhí cúntóir aige, Parthalón Mac Eochaidh, ealaíontóir is dócha. Clóbhuaileadh 13,000 cóip den tríú heagrán (1904),[98] staidreamh a léiríonn

[98] *ainm.ie* s. n. Ó Críocháin, Brian, ceadaithe ceadaithe 29 Samhain 2019.

chomh húsáideach is a bhí an áis seo. Níl an leabhar seo ar liostaí pearsanta an Laoidigh.

Léigh sé agus chuir sé in eagar *Mion-Chomhrádh*[99] le Tomás Ua Concheanainn, 1903**,** duaisiarracht ó Oireachtas na bliana 1901. Leabhar toirtiúil go leor é *Mion-Chomhrádh*. Tá 187 leathanach ann. Is cnuasach dátheangach frásaí agus téarmaí é, dhá cholún i ngach leathanach, Gaeilge agus Béarla ar aghaidh a chéile. Tá réamhrá ón Laoideach (gan síniú) sa leabhar, ina dtugann sé cúlra an údair.

mion-chomhrádh.

leabhar cainte gaedhilge-bhéarla

Do fuair an dara buaic i gcomórtas XIX
as an Oireachtas, 1901.

tómás ua concheanainn
do sgríob.

an dara cur
ar dtosach mhic.

Dá n-á cur amach
do
Chonnradh na Gaedhilge,
i mBaile Átha Cliath
1904.

146. *Mion-Chomhrádh,* 1904, le Tomás Ua Concheanainn

Bhí a réamhrá féin ag Tomás Ua Concheanainn. Deir sé ann gur minic a chonaic sé ina thimireacht gur géar a theastaigh téarmaí Gaeilge ó dhochtúirí. Ina ainneoin sin níl ach foclóir teoranta leighis i *Mion-Chomhrádh.*

Leabhar comhrá eile ba ea *Mionchaint sgoile* (1906) a scríobh Eamonn Ó Donnchadha, deartháir Thórna. Ba bhunmúinteoir é Eamonn a chríochnaigh mar léachtóir le Gaeilge i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Bhí sé thar a bheith bisiúil in earnáil theagasc na Gaeilge sna 1920í mar sholáthair sé leabhair i nGaeilge i raonta na matamaitice agus na heolaíochta.

An t-aon fhaisnéis a fuaireas faoi Phádraig Ua Dubhthaigh, údar *Mion-Chaint na Midhe agus Uladh* (1905), bhí sé ar shuíomh idirlín Chiaráin Uí Dhuibhín, 'Tuilleadh daoine de chuid Chonnradh na Gaedhilge'.[100] B'as Fearnaigh dó. Ba

[99] *https://archive.org/details/mionorleaarcain00concgoog,* ceadaithe ceadaithe 29 Samhain 2019.
[100] *www.smo.uhi.ac.uk/~oduibhin/poibleacha/daoine_eile.txt.,* ceadaithe 29 Samhain 2019.

mhúinteoir é. Bhailigh sé scéal amháin don Laoideach do *Sgéalaidhe Óirghiall* (1905:122), ó Shéamus Ua Cruadhlaoigh, Inis Caoin Déagha. Leabhar luachmhar é *Mion-Chaint na Midhe agus Uladh*, más ait féin é idir an Béarla agus an Ghaeilge atá ann mar is taisce de chanúintí agus úsáid teanga na Mí agus Uladh Theas é. Tá sé fíordhúchasach, nádúrtha agus nathach don cheantar seo mar a léiríonn an leathanach thíos.

AG BUALAD COIRCE.	THRESHING.
1. Cá bfuil an fúirte?	1. Where is the flail?
2. Cán fuil agat acht an lamhdrann; cá bfuil an buailteán?	2. You have only the hand-staff; where is the "buailteán?"
3. Béid chaiceann eargann a ceithe orm le n-a sceangladh.	3. I shall want an eelskin to tie them.
4. Nach ndéanfadh an lion?	4. Would the flax not do?
5. Déanfadh go ceann tamaill; acht bionn caitheamh fada ins an chaiceann eargann.	5. It would do for a while; but there is long wear in the eel-skin.
6. Spréid na cáití ar an ball glar fin tall.	6. Spread the sheets on that green spot beyond.
7. Nach bfuil tú ag dul a bualadh fa fsioból?	7. Are you not going to thresh in the barn?
8. Béidinn plúchta leis a' dusta (=deannach) 7 leis an cáit.	8. I would be smothered with the dust and with the chaff.
9. Má tigeann an fearthainn orainn, caidé déanfarmuid (rinn)?	9. If the rain comes on us, what shall we do?
10. Má bionn fearthainn ar bit, cá bionn acht ciot, agus tig linn falugad (=folach) a chur ar an coirce leis na cáitíb.	10. If we have rain at all, it will be only a shower, and we can cover the oats with the sheets.
11. An iad seo na cáití tá 'gat? Tá siad uilig péabta.	11. Are these the sheets you have? They are all torn.
12. Racad an coirce friotú (=thriotha) mar racad sé fríd coigneóin.	12. The corn would go through them as it would go through a riddle.
13. Taem an snádad fin go gcuirfid mé snaidm iontú.	13. Give me that needle until I stitch them.

147. Leathanach as *Mion-Chaint na Midhe agus Uladh,* 1905

Feictear ionchur an Laoidigh i lúibíní, nuair a dhealraigh codarsnacht idir úsáid an ghnáthchainteora sa chanúint agus an cheartúsáid a bhí Seosamh ag iarraidh a chur chun cinn nó iasacht nó béarlachas sa téacs. Sa chás seo 'dusta' ('dust' an Bhéarla), atá ag Ó Dubhthaigh. Níor ghlan sé 'dusta', áfach, ach chuir sé an leagan a bhí i bhFoclóir Uí Dhuinnín, 'deannach', taobh leis. Feictear ionchur san fhoirm seo uaidh i dtéacsanna eile a chuir sé in eagar.

B'oifigeach Custaim agus Mál é Seaghán Ó Catháin, údar *Cainnt* (1905). Aistríodh go Béal Feirste é. Iarradh air scoil de chineál Choláiste na Mumhan a bhunú ann. Is mar sin a thosaigh Coláiste Chomhghaill. Tugann *Cainnt*, agus na

leabhair eile den chineál céanna le Seaghán Ó Catháin a lean é, isteach i zón eile den Athbheochan muid, saincheantar na gColáistí Gaeilge. Bhí an Laoideach ar bhord bainistíochta Choláiste Laighean.[101]

3.3 Foclóirí, graiméir, lámhleabhair mhúinteoireachta

Bhí oiriúnú na gramadaí agus na foclóireachta do theagasc agus d'fhoghlaim na Nua-Ghaeilge ina dhúshlán leanúnach, go háirithe ag an ardleibhéal sna Coláistí. Ba mhór an chéim chun cinn foilsiú *Graiméar na Gaedhilge leis* na *Bráithreachaibh Críostamhla* i 1902. D'admhaigh na Bráithre cabhair an Chonartha ina réamhrá agus luadar J.H. Lloyd san admháil sin, mar a chonaiceamar i gCaibidil 4.

Ghlac Pádraig Ó Táilliúir gurbh fhoilseachán de chuid an Chonartha *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* (1904) an Athar Uí Dhuinnín, d'ainneoin gurb iad M.H. Gill a chuir amach é thar cheann Chumann na Scríbheann nGaedhilge. Tá an foclóir aige sa Cheartliosta (1904, Uimhir 144). B'uirlis fhíorthábhachtach i ngléasra an mhúinteora agus an fhoghlaimeora an foclóir seo, cuma cé na heasnaimh a bhí air. Foclóir Nua-Ghaeilge a bhí ann. B'fhoinse théarmaíochta agus chruinnis é a laghdaigh ualach na ceartúsáide a bhí ar ghuaillí an Laoidigh cuid mhór. Bhí sé féin luaite san fhoclóir seo faoi dhó, sa réamhrá mar phrofléitheoir agus mar bhall de Choiste Comhairlithe Chumann na Scríbheann nGaedhilge:

> My friend, Mr. J. H. Lloyd, looked over all the MS. and read the proofs carefully, and the work owes much to his extensive knowledge of local forms and his critical acumen.

Sílim anois gur mar eagarthóir na leabhar a léigh Seosamh téacs an fhoclóra agus gur dhualgas ex officio air é, murab ionann agus gar muinteartha dá chomhghleacaí, an Duinníneach.

Chuir Seosamh *The Handbook of Irish Teaching* le Peadar Mac Fhionnlaoich, in eagar[102]. Ba dhuaisleabhar as comórtais an Oireachtais é. Leabhar Béarla atá ann ach tá na ceachtanna, bunaithe ar mhodh múinteoireachta Gouin, sa Ghaelge. Níl ainm Sheosaimh sa réamhrá, áfach, ná ainm cuiditheora ar bith eile.

[101] Mac Congáil, N. (2007:23-7)
[102] *archive.org,* ceadaithe 2 Nollaig 2019.



NOTE.

The following Handbook was awarded the First Prize of £5, offered at the Oireachtas of 1902, for the best Handbook of Irish Teaching. The prize in question was subscribed by Captain de la Hoyde, of the London Gaelic League.

148. Fógra in *The Handbook of Irish Teaching* (1902) le P. Mac Fhionnlaoich

Rinne Seosamh leabhar, *Foclóir an Leagha* (1905), as iarratais dhá bhuaiteoir sa chomórtas do liostaí téarmaí leighis in Oireachtas 1903, Tomás Mac Coisdealbha, dochtúir agus Risteárd Ó hAodha, ábhar dochtúra. Leabhar fíorthábhachtach é a chuir foclóir údarásach traidisiúnta agus comhaimseartha ar fáil don leigheas agus don chorpeolaíocht.

Bhí leabhar ríshuimiúil ar chlár foilsitheoireachta 1906, *Gramadach Dhá-Theangthach*, go bhfuil an t-ainm Tadhg Ó Coindealbháin (Thady Connellan (c.1775–1854)), luaite leis mar údar, ach ba é athscríobh agus diansaothar eagarthóireachta Laoide a chuir i gcló arís é ochtó bliain nó níos mó tar éis a chéadfhoilsithe. Deir R.I. Best (1913:46) gurb é an graiméar atá in *Litir an Ríogh a nGaoidheilge, ó Shaicsbhearla* (1821) atá ann, sé sin 'The King's letter translated into Irish; with a grammatical introduction to the Irish language, and reading lessons for the use of His Majesty's Irish subjects'. Bhí meas ag Seosamh ar Thadhg Ó Coindealbháin, mar a léiríonn sé ina Réamhrádh:

> .... Ba dhuine de na sgoláiríbh dúthchasacha dob' fhearr do bhí i gConnachtaibh é le n-a linn féin. Is léir dúinn ar an ngramadaigh do chuir sé le chéile go raibh taithighe an-mhaith aige ar na láimh-sgríbhnibh agus ar an sean-Ghaedhilg mar an gcéadna fá mar do tuigtí í an uair sin ó bhéaloideas ár luchta léighinn féin.

Bhí lochtanna air, ach in ainneoin na lochtanna:

> …….do samhluigheadh do Chonnradh na Gaedhilge nár bh'olc an bheart dóibh an leabhar do chur amach an ath-uair agus a fheabhas do rinne Tadhg a ghnó san iomlán.



149. Clúdach *Gramadach Dhá-Theangthach*, 1906

Is leabhar an-bheag *Focla Gramadaighe, Irish Grammatical Terms* (1911),[103] (11 leathanach), tuarascáil ar chomhdháil d'ardollúna na gColáistí Gaeilge a tionóladh ar 12 Meitheamh 1909, mar iarracht tabhairt ar na coláistí Gaeilge ar fad na téarmaí gramadaí céanna a úsáid. Ní léir go raibh baint ar bith ag Seosamh Laoide leis na *Focail Gramadaighe*, ach d'admhaigh na hollúna a gcomaoin dá eagrán de *Gramadach Dhá-Theangach Thaidhg Uí Choindealbháin.* Luann siad *Sanas Gramadaig*, le Tomás Ó Nualláin, mar fhoinse. Bhí an *Sanas* ag brath roinnt freisin ar an ngraiméar céanna. Tá 37 tagairt ag Ó Nualláin sa *Sanas* don *Gramadach Dhá-Theangthach* (O'Nolan, 1908).

Ceannródaí eile fós ba ea an máinlia súl ildánach, an Dr. Seaghán Pádhraig Mac Énrí, a chuir *A Handbook of Modern Irish* (1910) le chéile, leabhar ina bhfuil an Modh Díreach mar bhunchloch. B'fhorbairt é ar cheachtanna a d'fhoilsigh an Dr. Mac Énrí in ACS.

[103] *corpas.ria.ie* ceadaithe 2 Nollaig 2019.

.


A HANDBOOK OF MODERN IRISH

PART I.—FIRST HALF

RE-WRITTEN AND RE-ARRANGED SO AS TO FIT IN WITH A COURSE OF ORAL LESSONS ON THE DIRECT METHOD

BY

AN DR. SEAGÁN P. MAC ÉNRÍ

TWENTIETH EDITION.

Baile Áta Cliath

M. H. GILL & SON, LIMITED

AND

THE GAELIC LEAGUE

1911

150. Clúdach *A Handbook of Modern Irish* (1910) le S.P. Mac Énrí

3.4 Ábhair eile trí mheán na Gaeilge

Forbairt nádúrtha ar theagasc na Gaeilge ba ea é ábhair eile a mhúineadh trí mheán na teanga sin. Bhí slí do seo sa Chlár Dátheangach. Diaidh ar ndiaidh bhí téacsleabhair uimhríochta, ailgéabair, céimseata, agus eolaíochta ag teacht amach. Bhí leabhair staire agus tír eolais agus téacsleabhair d'ábhair phraiticiúla dá scríobh ag múinteoirí oilte agus ag daoine nár mhúinteoirí iad ar chor ar bith.

Chuir Seosamh *Focla Gnótha agus a gCora Cainte* (1904) le Tomás Ó Concheanainn in eagar, téacs a bhuaigh an chéad duais do chnuasach téarmaí gnó agus tráchtála agus na cora cainte a ghabhann leo in Oireachtas 1902. Chuir sé eagar freisin ar *Leabhar ar Áireamh, an chéad chuid* (1905), le Mícheál Ó Máille. Go bunúsach is cur i láthair ó bhéal teagasc na huimhríochta do naíonáin agus oireann an leabhar seo thar barr dá leithéid. Tá admháil do Sheosamh sa leagan den leabhar atá i gCartlann Téacsanna ar líne an Acadaimh Ríoga.[104]

> Tá buidheachas mór agam freisin do Sheosamh Laoide, a chuir an leabhar i n-eagar agus a rinne a chion féin le cóir mhaith a chur air.

Ba é Tomás Ó Domhnaill, a bhí ina mhúinteoir i Scoil Éanna, a scríobh *Leabhar ar Áireamh. An dara cuid* (1910).Tá cóip de *Algébar, cuid 1* le Seaghán Mac Énrí (1913) ar shuíomh idirlín an Acadaimh Ríoga.[105] Tá sé seo sa réamhrá ag

[104].*corpas.ria.ie* ceadaithe 20 Nollaig 2019.
[105].*corpas.ria.ie* ceadaithe 20 Nollaig 2019.

an údar:

> Táim go han-bhuidheach freisin do Sheósamh Laoide, M.R.I.A., a chuir an leabhar i n-eagar, agus a rinne a chion fein le cóir is slacht a chur air. Do ghlacas le beagán athruighthe do mhol an Laoideach agus Eoghan Ó Neachtain dam.

Seans maith gur chuidigh Seosamh le Mac Énrí teacht ar théarma do 'Algebra' an Bhéarla. Ní raibh aon iarracht déanta ailgéabar a mhíniú as Gaeilge roimhe seo ach ceann amháin, alt a bhí ag 'Tighearnach' in IG Bealtaine 1909. Sílim gurb é an Dr. Mac Énrí féin an 'Tighearnach' seo. Ag míniú téarmaíochta dó, tá an tagairt seo aige:

> Algéber, Algebra. The form Algéber, which I adopt at the suggestion of An Laoideach, keeps to the original Arabic ('Al-jeber').

Faoin am a tháinig an leabhar amach is 'Algébar' atá aige. I bhfoclóir Uí Dhomhnaill tá 'algébar' caighdeánaithe nó ar a laghad leasaithe mar 'ailgéabar'. Tá an tagairt thuas don Laoideach freisin ag Conchúr Mag Eacháin san innéacs dá leabhar *Téarmaíocht Ghaeilge na hAthbheochana* (lch 265), innéacs atá ar dhlúthdhiosca a thagann leis an leabhar.

D'fhoilsigh an Conradh *Céimseata Euclid, Leabhar 1,* 1908 agus *Céimseata Euclid, Leabhar 2* i 1913. Ba é Eoghan Ó Neachtain a scríobh na leabhair seo, arb aistriúcháin iad ar théacsleabhar céimseatan le Joseph Brown M.A., Coláiste na Tríonóide. I 1923 d'eisigh Ó Neachtain leagan athscríofa den dá leabhar faoin teideal *Tús na Céimseatan.* Tá an leagan sin i gCartlannTéacsanna an Acadaimh Rioga.[106] Leabhar sármhaith ba ea *Tús na Céimseatan*. Bhí éileamh air go dtí na tríochaidí nuair a tháinig leaganacha Gaeilge de shaothar Hall agus Knight i réim sa mhargadh.

4.0 Stair

Bhí ciallú agus léirmhíniú na staire, go príomha stair na hÉireann, lán chomh conspóideach i gcaitheamh na hAthbheochana is a bhí an Ghaeilge féin go háirithe mar a léiríodh í sa phrós cruthaitheach agus i ndrámaí. Níl ach trí theideal don stair fhoirmiúil againn do ré eagarthóireachta an Laoidigh: *Éire* (1905) le Conán Maol, *Staircheachta 1 &2* (1905, 1907)[107] le hEoghan Ó Neachtain agus *Stair na hÉireann 1-3* (1909-1911)[108] le Mícheál Breathnach. Fuair Breathnach

[106] *corpas.ria.ie,* ceadaithe 3 Nollaig 2019.
[107] *archive.org.,* ceadaithe 3 Nollaig 2019
[108] *corpas.ria.ie* ceadaithe 3 Nollaig 2019.

bás i 1908. Chuir Seosamh na trí cinn in eagar agus chuir sé foclóirí agus ainmneoirí leo agus tá na trí cinn le fáil i gCartlann na dTéacsanna ar shuíomh idirlín an Acadaimh Ríoga.



151. Clúdaigh *Éire* (Ó Séaghdha) agus *Stair na hÉireann* 1 (Breathnach)

Sraith de léachtaí staire a thug Conán Maol do Ghaeil Londan atá sa leabhar *Éire*. Tá sé le fáil, ní mar théacs ar leith ach mar shraith téacsanna, comhad ar leith do gach léacht, ar shuíomh idirlín an Acadaimh.[109] Bhí na léachtaí seo in ACS ceann ar cheann. Atheagraithe mar leabhar, clúdaíonn siad seanstair na hÉireann ó thús go gníomhréim Bhriain Bhorú. 'An Foclóirín agus an Chóir Anmann ó láimh Sheosaimh Laoide' a deir an fotheideal istigh.

Ghabh Ó Neachtain buíochas le Seosamh sa réamhrá do *Stair-Cheachta, Cuid 1*, (...agus freisin do mo charaid an Laoideach a chuir go mion agus minic ar an eolas mé)'. Ba é an t-ealaíontóir tréitheach Seoirse Ó Fágáin a mhaisigh an dá phriméar staire seo.

5.0 Tíreolas

Eolas na cruinne atá in *An Cruinneolaidhe* (1906) le Seaghán Mac an Bháird. Is leabhar geografaíochta do thosaitheoirí é. Fuair Mac an Bháird a cheachta

[109] *corpas.ria.ie* ceadaithe 13 Nollaig 2020

cruinneolais sa seomra scoile agus ina thimpeallacht. Leabhar do mhúinteoirí é. Is mar chomhrá a mhúintear na ceachtanna.

Níl *Leabhar Geograiphe le haghaidh Sgol agus Coláistí na hÉireann* ar Cheartliosta Uí Tháilliúir toisc gurb é Comhlacht Oideachais na hÉireann a chuir amach é. Ciallaíonn sin gur foilsíodh é i ndiaidh 1910, nuair a bunaíodh an comhlacht seo (Wikipedia). Bíonn an nod g.d. (gan dáta) leis an gcuntas foilsitheoireachta go minic ach luaitear 1906 uaireanta, an bhliain a d'fhoilsigh Muintir Fhallamhain an bunleabhar Béarla, leabhar geografaíochta scoile leis an Athair Tomás A. Ó Fionnlaoich, ileolaí a bhí ina Ollamh le heacnamaíocht i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Shocraigh an Laoideach leabhar Uí Fhionnlaoich a aistriú go Gaeilge. Mhínigh sé féin sa réamhrá don aistriúchán conas a tharla sé nárbh é an Conradh a d'fhoilsigh an leabhar seo:

> Do bhí an iomad leabhar idir lámhaibh ag Connradh na Gaedhilge agus iad go han-bhruideamhail, ar mhodh gur thuigeas, agus an tsuim mhór so agam sa ghnó, go mb'fhearr do dhream éigin eile é do dhéanamh, agus a leithéid de leabhar d'uireasbhaidh ar na sgolaibh go mór. Ní túisge do smuaineas air sin ná adubhart: 'Cár bh'fhearr dam leabhar do chuirfinn i nGaedhilg ná an leabhar beag Béarla úd do chuir Muintear Fhallamhain amach sa bhliadhain 1906?'

Ba é leabhar T. A. Finlay, *A School and College Geography for Irish Schools specially compiled for revised programme* (Fallons, 1906) an chéad chuid, a bhí i gceist aige. Tá aistriúchán an Laoidigh, *Leabhar Geograiphe*, i gCartlann Téacsanna ar líne an Acadaimh Ríoga.[110]

Tá na focail 'Fá léarsgálaibh' sa teideal, rud a chiallaíonn go raibh léarscáileanna san eagrán cló, ach fágadh ar lár iad sa leagan digiteach. Léarscáileanna Gaeilge d'Éirinn na léarscáileanna seo. Ní raibh léarscáil Ghaeilge d'Éirinn ann ar chor ar bith go dtí gur chuir Muintir Fhallúin an ceann a chruthaigh Seosamh, Tomás Ó hAodha agus Pádraig Ó hAchair ar fáil i 1905. Léarscáil bhalla ba ea í seo, ach b'fhéidir í a chur i dtreo d'atlas scoile. Beidh trácht againn ar an léarscáil seo, agus ar an *Leabhar Geograife*, in Aguisín H. Is fíor go raibh gá práinneach leis an *Leabhar Geograife* don chlár athmheasta nó 'glanta' mar a thug Seosamh air, ach bhí léargas níos fairsinge ná na scoileanna aige ar thíreolaíocht na hÉireann. Cheana féin bhí *Post-Seanchas*, treoirleabhar do chomhfhreagróirí, foilsithe aige

[110] *corpas.ria.ie*, ceadaithe 13 Nollaig 2020

agus cuid mhaith ar an logainmníocht in irisí éagsúla, agus bhí an léarscáil thuasluaite idir lámha ag Muintir Fhallúin:

> Is cuimhin liom gur mhór an spéis do chuirinn i n-ealadhain na geograiphe agus mé ar sgoil. Níor chailleas an spéis sin riamh, acht í agam indiu féin fá mar do bhíodh sí. Sin é is fáth leis an leabhar so, mar is minic adeirinn liom féin nach beinn sásta choidhche go mbeadh geograiph na hÉireann i bhfuirm leabhair agam óm' láimh féin nó ó láimh dhuine éigin eile.

Cé gur leabhar beag é, 48 leathanach, tá sé ábharach d'fheachtas díghalldaithe an Chonartha in earnáil na logainmníochta agus freisin i réimse na téarmaíochta.

Dúradh i dtuairisc Choiste na gClódhann ar an gcruinniú a tionóladh ar 22 Meitheamh 1907[111] go raibh toradh dearfach ar mheasúnú na léitheoirí ar an bpriméar do thosaitheoirí ar fhoghlaim na heolaíochta mar chuid den Chlár Dátheangach, *Ceachta na n-Ealadhan i nGaedhilg agus i Saxbhéarla*, scríofa ag Pádraig Ó Conaire i gcomhair le Proinnsias Ó Ceallacháin M.A. Seo sliocht as an léirmheas ar an leabhar a bhí in ACS 5 Nollaig 1908 (lch 10):

> .... The Irish portion, which naturally has the most attraction for us, is the work of Pádraig Ó Conaire. He appears to have found no difficulty in finding an Irish vocabulary to suit his purpose and it is a pleasure to see how borrowed terms from Latin and other languages are dispensed with.

Is í an bhrí atá ag ‘ealadha’ sa teideal seo ná ‘eolaíocht phraiticiúil’. Tá téacs an leabhair ar shuíomh idirlín an Acadaimh Ríoga.

6.0 Paimfléid

Bhí ceithre phaimfléad agus tríocha ar Cheartliosta Uí Tháilliúir, cuid acu léachtaí a cuireadh i gcló. Ní raibh ach dornán beag, cúig cinn, a foilsíodh i ré eagarthóireachta an Laoidigh: *Possibilities of Irish Industry*, léacht, le P.T. McGinley (1905), *Ireland's Ideal*, Louisa E. Farquharson (1905), *The Irish Battle of the Books* le Stanley Lane-Poole (1907), *The Spirit of the Gaelic League* le George A. Moonan (1907), agus *Facts about the Irish Language and the Irish Language Movement*, le Mary Hayden (1910).

Tá dhá phaimfléad acu sin, *Ireland's Ideal* agus *The Irish Battle of the Books*, áirithe ag Seosamh sa liosta dá shaothar féin a chuir sé le chéile. Ba léacht é ‘Ireland's ideal’ a thug Louisa E. Farquharson d'Invercauld ar 18 Bealtaine 1905

[111] *ACS*, 29 Meitheamh 1907:5.

do 'Cumann Gáidlig Lunnain'. B'athbheochanóir mór le rá de chuid Ghaeilge na hAlban an bhean uasal sin.

Ba 'Oirthearach' clúiteach é Stanley Lane-Poole. Foilsíodh *The Irish Battle of the Books* ar dtús i *The Fortnightly Review* faoin teideal ‘An Oxford professor looks at the Irish language’. Bhí an fear seo ina ollamh le hAraibís i gColáiste na Tríonóide i 1907. Scríobh sé na scórtha leabhar don slua ar ghnéithe de chultúir iomadúla an Oirthir. Tá sé seo ag John Edwards (2014, alt 400) faoin leabhar:


An Englishman resident in Ireland looks at Irish, now very much alive because of the efforts of the Gaelic League. Although Unionists and Protestants often associate the League with the struggle for Home Rule, Lane-Poole points out that it is a non-political organization which anyone can join. Stressing the charm, variety, flexibility and educational value of Irish, the author looks forward to a well-established, Irish-speaking Ireland.

152. Sliocht as léirmheas le John Edwards ar *The Irish Battle of the Books*

Is fiú leabhrán Béarla 28 leathanach a lua a chuir Conradh na Gaeilge amach i 1906, *Is the Gaelic League Political,* ar script de léacht é a thug Canon James O. Hannay do Chraobh na gCúig Cúigí, 23 Eanáir 1906. Conraitheoir ba ea Canon Hannay, cléireach Protastúnach a rugadh gar don Shankill i mBéal Feirste. Bhí aithne níos fearr air mar George A. Birmingham, scríbhneoir ábalta úrscéalta, gearrscéalta agus drámaí a raibh léamh forleathan orthu. Sa léacht sin dúirt sé:

> Inside the Gaelic League there is no religious strife or religious bitterness. It is an amazing thing … that here in Ireland there exists an organisation where men and women of different creeds meet in friendliness, where priest and parson love one another.

Chreid sé é sin ina ainneoin gur coisceadh air dul ar choiste de chuid an Chonartha i gCathair na Mart toisc gur bhraith an pobal áitiúil go raibh sé ag déanamh fonóid fúthu ina dhráma, *General John Regan*, a chuir compántas taistil ar an stáitse sa bhaile sin.

5.7 An soláthar cruthaitheach: drámaí

Dearbhaíonn an cnuasach scripteanna dar teideal *Drámaí Thús na hAthbheochana* (Arlen House 2008), caighdeánaithe agus curtha in eagar ag Nollaig Mac Congáil, le réamhrá cuimsitheach ón mbailitheoir Éadaoin Ní Mhuircheartaigh, ionad tábhachtach na ndrámaí stáitse i ngluaiseacht athbheochana na Gaeilge. Ó 1898, nuair a cuireadh *An Cailín Bán* le hEoghan Ó

Neachtain, aistriúchán ar dhráma Boucicault, *The Colleen Bawn,* ar stáitse, bhí éileamh ar scripteanna drámata. Ní raibh gach script dráma a léiríodh i leabhar. Foilsíodh cuid de na scripteanna i nuachtáin, sa *Galway Pilot,* san *Irish Independent,* in *ACS,* sa *Freeman's Journal* agus san *United Irishman,* agus roinnt mar leabhair, ach d'fhan an chuid is mó mar scripteanna clóscríofa nó lámhscríofa ag dul timpeall mar chineál litríochta rúnda ó lámh go lámh agus ó chompántas go compántas.

D'fhoilsigh an Conradh 17 dráma i gcaitheamh ré eagarthóireachta an Laoidigh, agus seacht gcinn roimhe sin. Orthu siúd bhí trí cinn i leabhar amháin, *Miondrámanna* le Peadar Mag Fhionnlaoich (1902), leabhar a chuir an Laoideach in eagar nuair a bhí sé i mbun IG. Seo thíos tús *Dochtúireacht Nua* agus tús *Éilís agus an Bhean Déirce.* Is é *An Táilliúir Cleasach* an dráma eile. Is léir ón leagan amach gur thuig an Laoideach eagarthóireacht scripteanna drámaí:



DOCTÚIREACT NUAD.

Puipeann:—Uilliam Ua Tomnaip .i. peap tinn; Micéál Óg, Síle .i. bean Uilliaim. Clann Uilliaim.

Áit—teac Uilliaim. Am—tpáthnóna.

(I láthair Uilliam 7 a bean 7 a gclann. Uilliam 'na luighe ap a leabaid gan aip acht a bhpiocí 7 a léine 7 é ag opnaighil go tpom. Tigeann Micéál Óg isteach.)

Micéál.—Go mbeannuighid Dia annpeo.

Síle.—Go mbeannuighean duit, a Micil. Sé do beatha. Uilliam (pa' leabaid).—Oc! oc! ocón! ocón!

Micéál.—Go paib maith agat, a Síle. An bpuil Uilliam tinn? Cuip pé teathaipeacht cugam-pa teacht ag amhapc aip.

EILÍS AGUS AN BEAN DÉIRCE.

An puipeann:—Cailleac a' Déapla .i. bean déipce. Eilíp .i. bean a' tighe. Conchobap, mac Eilíre.

Áit—teac Eilíre.

(Eilíp 7 Conchobap i láthair.)

Eilíp.—A Conchobaip, a mhic, prin cugainn Cailleac a' Déapla anall ap an abainn 7 béid mé buaidheapta ap mo céill leithe 'sá iappaid peo 7 piúd opm. Racaid mipe píop 'un an tpeompa i bpolac 7 abaip tupa léigi go bpuil mé ap piubal ap baile ap an mapgad nó dit eighteach eile. Ap do báp ná leig opt péin go bpuil mé pá'n tig.

Conchobap.—Na dean a leithéid, a mháthaip! Ní leigfinn do mnaoi déipce ap bit mé do díbipt ap mo tig péin. Pan map a bpuil tú, tabaip dí déipce amail duine 7 ná tabaip níop mó dí. Ip cuma duit caipé déapfap pí.

153. Samplaí den leagan amach *i Miondrámanna* le Peadar Mag Fhionnlaoich (1902)

Seacht ndráma dhéag atá in *Drámaí Thús na hAthbheochana*. Níl ach péire a tháinig faoi eagarthóireacht an Laoidigh; *An Dochtúir* leis an Dr Séamas Ó Beirn agus *An Deoraidhe* le Lorcán Ó Tuathail.

Ina réamhrá suíonn Éadaoin Ní Mhuircheartaigh drámaíocht na Gaeilge i bhfráma an náisiúnachais chultúrtha. Bhí an dráma Gaeilge ‘ar an ngléas bolscaireachta ab éifeachtaí a bhí ag lucht na hAthbheochana riamh'. Cé gur bolscaireacht gan náire ar son na Gaeilge *An Dochtúir*, bhí cúis phraiticiúil léi. Bíonn teip chumarsáide ann nuair a bhíonn dochtúirí gan Ghaeilge ag plé le

hothair gan Bhéarla, mar a mhaígh Ó Concheanainn ina réamhrá do *Mion-Chomhrádh*. Mar dhochtúir bhí crosáid dá fearadh ag Séamas Ó Beirn i gConamara in aghaidh na heitinne, a bhí ó smacht ina lá.[112]

Léiríodh *An Deoraidhe* (1906) i nGaillimh Lá na Féile Pádraig 1904. Nocht Labhrás Ó Tuathail dearcadh an dráma i bhfrása faoin teideal: '*dráma i n-aghaidh imtheachda thar sáile'*. Tá an tuairisc seo ar léiriú 1904 in *ainm.ie*:

> In the evening Mr O'Toole's new play *An Deoraidhe* was produced in the Town Hall before an audience which packed every part of the building from the front seats to the top gallery …[113]

Bhí an Craoibhín ag an léiriú sin. Scríobh sé réamhrá don dráma foilsithe ina ndúirt sé:

> Chonaic mé *An Deoraidhe* i nGaillimh anuraidh agus is iomdha gáire do bhain sé asam. Bhí greann agus brón ann agus bhí teagasc slán folláin ann. Gaeilge bhreá sho-léite do bhí ann, freisin. Ba mhaith liom é a fheiscint mar leabhar le léamh ins gach aon scoil agus dhéanfadh sé maith mór.'[114]

Cuireadh an dara heagrán den leabhar amach roimh dheireadh na bliana 1906.[115]

Ba chara leis an Laoideach Tomás Ó hAodha, príomhoide Scoil Naomh Gaibréil i Sráid Eachroma. B'as Sráid na Cathrach dó. B'fhear cumasach, ildánach é. Léirigh compántas Chraobh an Chéitinnigh *Seaghán na Scuab* (1904)[116] ag Oireachtas na bliana 1904. Miotas ó Chathair Luimnigh ba bhun leis. Tá *Seabhac na Ceathramhan Caoile* ainmnithe ag Seosamh sa liosta a chuir sé le chéile de leabhair a léigh sé don údar roimh ré agus a chuir sé in eagar. Tá *An Scrabhadóir,* a léiríodh ag Oireachtas na bliana 1909, ainmnithe freisin sa liosta seo. Tá cur síos ar théama *An Scrabhadóir* ag Philip O'Leary (194:155).

> A father's love of money threatens to destroy his family as he attempts to arrange a profitable but loveless marriage between his daughter and an older man.

Ainm áite sea An Cheathrú Chaoil—baile fearainn i bparóiste Shráid na Cathrach. Is é cath Fontenoy agus an pháirt a bhí ag na Géanna Fiáine sa chath

[112] s.n Ó Beirn, Séamus (1881–1935), ceadaithe 25 Aibreán 2020.
[113] s.n. Ó Tuathail, Labhrás (1870–1909), ceadaithe 12 Samhain 2019.
[114] Ibid.
[115] Ibid.
[116] Cóip ar *corpas.ria.ie*, ceadaithe 12 Samhain 2019.

sin an cúlra atá ag an dráma. Dar le Philip O'Leary (1994:194), tá an náisiúnachas cultúrtha agus an náisiúnachas polaitiúil fite fuaite sa dráma seo.

D'fhoilsigh an Conradh dhá dhráma le Tomás Ó Ceallaigh, *Ar Thaobh an Locha* (1908) agus *Déirdre* (1909). Loch Uí Ghadhra i Sligeach an loch atá i gceist sa dráma *Ar Thaobh an Locha*. Is é díshealbhú na dtionóntaí ag tiarnaí talún agus a mbáillí an téama.

Níos luaithe sa chaibidil seo, ag trácht dúinn ar '*Imtheachta an Oireachtais, 1901*, Leabhar II; chonaiceamar gurb é Seosamh a chuir scéal ó Mhaigh Eo, *Éan an Cheoil Bhinn*, in eagar agus gurb as an scéal sin a chóirigh an tAthair Tomás Ó Ceallaigh an libretto don cheoldráma *Eithne, Éan an Cheoil Bhinn.* Riobárd Ó Duibhir a chum an ceol. Fuair *Eithne* an chéad léiriú oíche oscailte an Oireachtais, 1909, i Seomra Cruinn an Rotunda. Léiríodh arís é i mí na Bealtaine 1910 in Amharclann an Gaeity. Bhí suan fada ag *Eithne* ansin go dtí Deireadh Fómhair 2017, nuair a fuair an ceoldráma léiriú nua sa Cheoláras Náisiúnta.



154. Clúdach cláir *Eithne—Éan an Cheoil Bhinn*, ceoldráma

Bhuaigh *Déirdre*[117] duais Oireachtais don bhliain 1909. Léiríodh é ag tionól an Oireachtais sa Rotunda. Bhí páirt ag Máire Nic Shiúbhlaigh ann. Dúradh fúithi in ACS, 14 Lúnasa 1909: 'I gcúrsaibh an Ghaeldráma níl éinne is mó cáil ná Máire Nic Shiubhlaigh.... Tá de bhua ag Máire is í ar an ardán nach é a croí féin atá inti

[117] *archive.org*, ceadaithe 14 Nollaig 2020.

ná a haigne féin ach croí agus aigne an té a bhíonn sí á léiriú.... Do thug sí Déirdre deorach os ár gcomhair go dtí go ndearna an uile dhuine brón léi.'

155. Máire Nic Shiúbhlaigh, aisteoir

Scríobh Pádraig Ó Conaire cúig dhráma. Bá é an duaisdhráma Oireachtais *Bairbre Ruadh* an t-aon dráma leis a léiríodh cé gur cóiríodh go leor dá ghearrscéalta don stáitse. Is é seo cuid den iontráil do *Bairbre Ruadh* atá ar shuíomh idirlín *Playography na Gaeilge*:[118]

> Nuair a chailltear an t-athair clainne, is é Máirtín a mhac atá fágtha i mbun an tí agus na feirme. Tugann sé aire dá dheirfiúracha Cáit agus Bairbre.... Tagann An Brúnach Mór chuige ag iarraidh cleamhnas a dhéanamh agus socraíonn Máirtín go bpósfadh sé Bairbre. Nuair a chloiseann Bairbre gur mar sin atá, éalaíonn sí le Cuimín. Tagann racht feirge ar Mháirtín agus iompaíonn sé ar an ól...

D'éalaigh Bairbre, ach tugtar le tuiscint dúinn go bhfuair an Brúnach Mór Cáit, an deirfiúr óg, ina hionad.

Dráma gearr simplí atá sa leabhar beag seo; tá Róisín ann mar Éire Tá *Oighreacht Róisín* (1908) agus *Mac Cárthaigh Mór* (1910), iad araon scríofa ag Pádraig (na Léime) Ó Séaghadha, ar liosta pearsanta Sheosaimh de na leabhair a léigh sé don údar roimh ré agus a chuir sé in eagar.Tá an nóta seo faoi *Oighreacht Róisín* ar shuíomh idirlín *askaboutireland.ie*[119]

> ....ansin tagann aingeal ó Phádraig Naomhtha agus bíonn siad go léir ag caitheamh anuas ar Shasana.

Is bolscaireacht amach is amach é. Tosaíonn sé mar seo:

> Tá 'Róisín Dubh' i riocht mná óige suidhte i suidheachán san seomra so. Tá brat uaine uimpe—a gruag chíordhubh ag sileadh ar a guailnibh, agus coróin óir bhuidhe ar a ceann.

[118] i*rishplayography.com* (ceadaithe 7 Meán Fómhair 2018).
[119] *askaboutireland.ie* Ceadaithe Samhain 13 2019.

Ní fada go dtagann an tAingeal le cur in iúl do Róisín Dubh go bhfuil sí i mbaol.

Tá téacs an dráma seo agus téacs *Mac Cárthaigh Mór* ar shuíomh idirlín an Acadaimh Ríoga.[120] Is scéal seirce idir Dhómhnall Óg Ó hEidirisceóil agus Eibhlín Nic Cárthaigh *Mac Cárthaigh Mór*. Tá na himeachtaí suite i ré an Chárthaigh Mhóir, taoiseach Dheasmumhan (14ú haois), agus is é am cruinn an dráma an lá tar éis tofa an Chárthaigh Mhóir mar cheann urra ar Chlann Chárthaigh.

Is dráma aonmhíre é *An Dúthchas* (1908) le Máire Ní Chinnéide agus cosúil le *Bairbre Ruadh* tá an t-ólachán mar théama aici. Ábhar suime é go bhfuil an dráma suite i gcathair. Is dráma meánaicmeach é. Rud eile atá suimiúil is ea an tréimhse ina bhfuil an scéal suite: 'an t-am fé láthair'! Seachas gur dráma moráltachta é, bhí an drámadóir seo ag smaoineamh ar an lucht féachana níos mó ná mar a bhí sí ar an nGaeilge nó ar stair na tíre. Tá an téacs ar shuíomh idirlín an Acadaimh Ríoga.[121] Ní nach ionadh, léiríodh *An Dúthchas* go minic.

Rinne Ríona Nic Chongáil anailís chríochnúil (2013:230-232) ar *Sidheoga na mBláth* (1909) agus ar *Gleann na Sidheóg* (1902), drámaí do pháistí le Máire Ní Chinnéide, inar léirigh sí cumas na ndrámaí beaga seo mar uirlisí teagaisc agus foghlama. Baineann *Sidheoga na mBláth* le beirt pháiste a théann chun na foraoise le fáil amach an bhfuil a leithéid de rud agus sióga ann. Faigheann siad amach go bhfuil agus gur ionann a n-ainmneacha agus ainmneacha na mbláthanna. Faigheann Nic Chongáil impleachtaí idé-eolaíocha sa téacs, mar shampla, gur samhail don choilíneachas an sioc ag teacht agus ag marú na mbláthanna.

Sa réamhrá do *Áine agus Caoimhghin* le Tomás Mac Domhnaill, 1910, tá cur síos ag an údar ar phlé a bhí aige i rith am lóin lena chomh-mhúinteoirí i Scoil Éanna, an Piarsach, Tomás Mac Donnchadha agus Pádraig Mac Coluim, faoin smaoineamh a bhí aige ach nach raibh tuairim aige conas é a chóiriú don stáitse. Pé ealaín atá sa dráma, deir sé, is iad siúd faoi ndeara é.

[120] *corpas.ria.ie*, Ceadaithe Samhain 13 2019.
[121] *corpas.ria.ie.* Ceadaithe Samhain 13 2019.

'Táim buidheach don Laoideach faoi gur chuir sé an t-ainm air. Fuair seisean é gan baisteadh gan ainm', dúirt sé.

Sa scéal is í an bhaintreach Sorcha an leasmháthair ghránna thíoránta. Tá mac, Caoimhghin, agus iníon, Áine, aici, tuigimid ar dtús, ach tá rún aici le scór bliain: ní léi féin an iníon Áine. Socraíonn sí cleamhnais dóibh, gan iarraidh orthu ar ndóigh ach níl amhras ar bith uirthi ach go ngéillfidh siad di. Tá dlúthghaol idir an deartháir agus an deirfiúr atá ag bordáil ar an gcaidreamh colach; gránn siad a chéile gan a léiriú go bhfuil siad i ngrá lena chéile. Scarfadh na cleamhnais iad agus mar sin diúltaíonn siad duine ar dhuine do na páirtithe a roghnaigh an leasmháthair dóibh. Tá raic agus racht ann ó Shorcha agus sa racht sceitheann sí a rún faoi dheireadh gur dílleachta Áine; cailleadh a tuismitheoirí i dtimpiste bháid i gCuan Chill Ala nuair a bhí sí in aois a trí agus d'uchtaigh Sorcha agus a céile í. Fágann an fhaisnéis seo Áine agus Caoimhghin saor titim i ngrá dáiríre lena chéile.

'Nuair a bhain Alphonsus Ó Labhradha an chéad duais i gcomórtas drámaíochta an Oireachtais le *An tSnaidhm* i 1910, dúirt sé nach raibh ach ceithre lá caite aige in Éirinn riamh,' a scríobh Tony Birtill ina bhlag, *Beo!* i 2013, ar ócáid láinseála a leabhair féin, *Hidden History: Irish in Liverpool*/An Ghaeilge i Learpholl.[122] B'fhear óg ón dara glúin Gael é Alphonsus Ó Labhradha agus bhí sé gníomhach sna craobhacha de Chonradh na Gaeilge sa chathair sin. Duine eile mar é ba ea Piaras Béaslaí.

Níl idé-eolaíocht ná bolscaireacht dá laghad in *An tSnaidhm* ach go sáraíonn an grá gach constaic, b'fhéidir. Is tionsclaí an Branagánach ar éirigh go maith leis ach atá ag stocaireacht leis i gcónaí ag iarraidh a chuid a mhéadú. Mar is dual don *nouveau riche* is mian leis go bpósfadh an t-aon iníon atá aige 'tiodal' agus tá 'tiodal' ar fáil di, seanbhaintreach fir, an tiarna áitiúil, Iarla an Mhachaire. Tá sí i ngrá, áfach, leis an gcléireach óg bisiúil, Labhrás. De réir an fhógra bhig in ACS, baineadh taitneamh as an léiriú, go háirithe as páirt an Iarla.

[122] *beo.ie/alt-sceal-dha-leabhar-i-gcathair.aspx.* Ceadaithe 1 Deireadh Fómhair 2018.

156. Clúdach *An tSnaidhm*, script dráma

5. 8 An Soláthar Cruthaitheach: Gearrscéalta agus Úrscéalta

Chuireamar aithne ar na duais-scéalta atá sa leabhar, *An Buaiceas* (1903) i gCaibidil 4 mar foilsíodh ar dtús in IG iad in 1899. Is meafar solais 'buaiceas', an chuid de choinneal gheire a lastar. D'fhostaigh Coiste na gClódhann Seosamh i samhradh na bliana 1902 chun eagar a chur orthu do leabhar. Léirigh tús na litreach seo thíos,[123] a scríobh Seosamh chuig an bPiarsach ar 6 Samhain 1902, na fadhbanna a bhíodh aige le clódóirí nach mbíodh tuiscint ar an nGaeilge acu.

> 26th Nov. 1902
>
> My dear Pearse,
>
> Herewith I return proof of vocab. of Bean an Leasa.
>
> I find there are several errors in the stereotyped matter, some of them certainly due to my alterations not being inserted by printers; a few perhaps due to myself, one or two oversights such as fé for sé, ar for as, though the printers may still be at fault for I am always very careful watching for f and r and s. I fear it will be necessary to reset eight pages of the 51, viz. pp. 9, 17, 18, 26, 29, 32, 42 and 44. Please say what you think of the matter. Some pages certainly should be set up free as I appear to have clear recollection of marking the corrections that are not in the lection.
>
> It would be a good thing if Mr. O'Shea (Conán Maol) got the proofs. I say this because his notes sometimes showed a different reading from the text. I am sure you will agree with me that it is a bad thing to send out a book with blunders in it. I forgot! I must admit one blunder to be my own---it is grammatical. Two alterations were due to over-editing following out a principle that I do not now agree with.....

[123] Leabharlann Náisiúnta MS 21,047/12/5



All Communications to be Addressed to the Secretary.

The Gaelic League,
24 Upper O'Connell Street,
Dublin.

Connradh na Gaedhilge,
Ath Cliath.

6th Nov. 1902

My dear Pearse,

Herewith I return proof of vocab. of "Beaν an Ceaγαιs". I find there are several errors in the stereotyped matter, some of them certainly due to my alterations not having been inserted by printers, a few perhaps due to myself, one or two oversights, such as ... for ... up for ..., though even here, the printers may have been at fault, as I am always very careful in watching F + p + r. I fear it will be necessary to reset ~~five or six~~ eight pages of the ST, viz. pp. 9, 17, 18, 26, 29, 32, 43 + 44, + perhaps 51. Please say what you think of the matter. Some pages certainly should be set up free, as I appear to have a clear recollection of marking the corrections that are not in the edition. It would be a good thing if Mr. O'Shea got proofs. I say this because his notes sometimes showed a different reading from the text. I am sure



you will agree with me that it is a bad thing to send out a book with blunders in it. I forgot, I must admit one blunder to be my own – it is grammatical. Two alterations were due to over-editing, following out a principle that I do not now agree with.

Tonight I got Mr O'Daly's reply to my letter. I cannot disguise the fact that the decision of the Committee or rather Coiste Gnotha has placed me in a very awkward position. I am "between the devil + the deep sea". I am very anxious to take up the work + wish I were even now started, but how to prevent myself being placed in a position amounting to dire poverty almost is my difficulty. Things ... as regards removing are in a rather chaotic state.

I would like to talk the matter over with you. Do you think it would suit to take up duty on the 1st Jany? ... In any case it would hardly be more than a fortnight later, as Christmas intervenes during which printing would be at a standstill. In the meanwhile, I could work at some of the

157. Litir a scríobh SL chuig an bPiarsach. 6 Samhain 1902

(Tá an dara cuid den litir pléite againn cheana san aguisín seo).

Ní raibh deireadh leis an bpromhadh fós, mar a léiríonn litir i nGaeilge a sheol Seosamh chuig Pádraig Mac Piaras ar 26 Eanáir, 1903. Phléamar alt deiridh an litir seo i gCaibidil 4.

26 den Ghionbhar, '03

A Phiarsaigh, a chara,

> 'An Buaiceas' a bheidh faoi thrácht agam anois. Tá fhios agat gur chaitheas mórán aimsire leis d'á chur in eagar go deireadh na bliadhna seo chuaidh thorainn sul ar thógas orm an gnó atá agam faoi láthair. Bhí an obair críochnuighthe agam um an dtaca sin agus níl agam dá dhéanamh anois ach aire a thabhairt do dheireadh na bhfromhadh. Is fiosach duit go raibh saothar mór orm, gur chaill Muintir Uí Nualláin an cló dhá uair, agus d'á dhruim sin gur b'éigean (sic) dom an saothar a dhéanamh arís ar an rud. Is eol duit fós go raibh mo chuid oibre in n-aistear agam de bharr faillighe an Dollardaigh sa chéad uair. Rud eile, bhí obair an fhoclóra an-aimhréidh agus an-achrannach mar b'éigean damh uimhreacha na leathanach agus na línte a chur isteach 'sa' sgríbhinn sin sul ar chuireas go dtí an clódóir í. Dá leigfinn dóibh sin a dhéanamh chuirfeadh sé an costas go mór i mbreis.,,,

Ní raibh sé fostaithe mar eagarthóir na leabhar nuair a rinne sé an obair ar *An Buaiceas.*



158. Litir a scríobh SL chuig an bPiarsach, 26 Eanáir 1902

Tomás Ó hAodha a scríobh an *An Gioblachán* (1903).[124] 'Finnscéal nua-dhéanta' a thug an t-údar air. Mar a chonaiceamar cheana ba dhrámadóir cumasach Tomás Ó hAodha agus tá drámatúlacht go leor san insint seo. Tá níos mó ná dioscúrsa bolscaireachta amháin ann. Deir Philip O'Leary (1994:200):

> Of course, in dealing with the Fenian period, the revivalists would, one would think, have had no place to hide from the dilemma of patrioticidal bloodshed. Nevertheless, Tomás Ó hAodha at least somehow managed to sidestep such troubling issues implicit in his own choice of subject. In his 1903 novel, An Gioblachán, (the ragged man) he merely uses his protagonist's Fenian connections to lend politically correct excitement to a farfetched adventure yarn....

[124] *archive.org* agus *corpas.ria.ie* ceadaithe 14 Samhain 2019.

Scéal eachtraíochta dírithe ar dhaoine óga atá in *An Gioblachán*, é feiliúnach d'ardranganna sna bunscoileanna. Bíodh sé olc maith nó dona mar litríocht, fuair sé aitheantas idirnáisiúnta go han-sciobtha, mar foilsíodh dhá shliocht fhada as in Imleabhar X den tsraith *Irish Literature* (1904: 3976-3987), díolaim Mheiriceánach curtha in eagar ag Justin McCarthy.

'Sgéalta nua-dhéanta le haghaidh an aosa óig' atá i *Sidheoga ag Obair* (1903),[125] leis an scríbhneoir cumasach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, an t-iriseoir gairmiúil Uilliam P. Ó Riain. Cuireann an sliocht as Soiscéal Mhaitiú a cheadaigh an Laoideach ar an leathanach teidil dul cráifeach ar an saothar seo: ‘Leigidh do na leanbhaidh beaga 7rl.’ Is nod don scéal 'Is dá leithéidibh ríoghacht neimhe' atá sa sliocht, scéal faoi Úna agus Art, a mbíonn brionglóid nó eachtra acu ina mbuaileann siad lena seanmháthair ansa arís ina hathóige mar pháiste ar neamh (14-16).


Sgéalta Nua-Déanta.—X.

Annála na Tuatha.

Cuid a Dó.

An Tórramh.

"Gruagach an Tobair"

do rgriob.

BOSTON COLLEGE LIBRARY
CHESTNUT HILL, MASS.

Connradh na Gaedilge

i mBaile Átha Cliath.

1906.

159. Clúdach *Annála na Tuatha*, Cuid 2 (1905-1907)

Trí leabhrán atá sa tsraith *Annála na Tuatha* (1905-1907), le Gruagach an Tobair (Pádraig Ó Séaghdha). I Leabhrán 1 tá ‘Ba dhubha locha na heornan’ agus ‘An

[125] *archive.org*, ceadaithe 14 Smhain 2019.

bob'. I Leabhrán 2 tá 'An tórramh'[126]. I Leabhrán III tá 'An tromluighe', 'Gabhair an tobac', agus 'An spioraid'.

Tá fo-roinn ag Aisling Ní Dhonnchadha (1981: 42-48), dar teideal 'Gruagach an Tobair'. Ní hé gur cheap sí gur ghearrscéalaí sa chiall chriticiúil an Gruagach, ach ba é thar aon duine eile a léirigh cur chuige an Chonartha don phrós cruthaitheach. Dar léi bhí feidhmeanna caomhnaithe agus soláthair ina shaothar. Ba é a bhí uaidh an Ghaeilge dhúchasach, 'caint na ndaoine', a tharrtháil tríd an scéalaíocht agus í a chur ar fáil do na foghlaimeoirí ar an leathanach.

'Bhí sé ar na scríbhneoirí ba mhó le rá dá raibh ag móradh caint na ndaoine... An teanga a mhúineadh agus eolas a thabhairt ar an seansaol faoin tuaith na haidhmeanna a chuir sé roimhe ina chuid scríbhneoireachta,' a léimid ina bheathaisnéis ar *ainm.ie.*[127] Cé go raibh easaontóirí ann ar nós an Phiarsaigh, chreid an Conradh gurb é seo conair cheart na cruthaitheachta freisin. Luath nó mall thiocfadh an ealaín, ón taobh istigh amach, agus ní ón taobh amuigh isteach.

Níl mórán plé faoin tórramh féin seachas béarlagair an chomhbhróin in 'An tórramh'. Insítear scéalta iomadúla chun an oíche fhada leis an gcorpán a chur thart. Tá foscéal amháin sa 'Tórramh' ina bhfuil iomarbhá áiféiseach ardléinn idir dhá mháistir scoile atá ar meisce agus nár mhór a thabhairt go pointe nuair nach mbíonn freagra don cheist faoi phlé ag duine acu. Titeann Diarmaid Dubh leis an tsiombail 'x'.

[126] *archive.org*, ceadaithe 14 Samhain 2019.

[127] s.n. Ó Séaghdha, Pádraig (1864–1955).

160. Clúdach *Poll an Phíobaire* (1912) le Colm Ó Conaire (Pádraig Mac Piarais)

Foilsíodh *Poll an Phíobaire* le Colm Ó Conaire (Pádraig Mac Piarais) ar dtús mar shraithscéal i dtrí pháirt in ACS i mí an Mhárta, 1905. Foilsíodh mar leabhar é i 1906. Is scéal eachtraíochta do dhaoine óga é, cuntas réalaíoch inchreidte faoi bheirt bhuachaill mhíréireacha a chaith dhá lá agus dhá oíche sáinnithe i bpluais.


bit," arra mise.

Leig mé mé féin síos ar mo béal fúm ar an talamh, 7 sleamhnuigear isteach go mall, ag snáigáil mar adéarfá ar mo bolg, mo lámha ar otúr, mo ceann 'na noiaiod, 7 an cuid eile de mo corp diaid ar ndiaid. Lean Ciarán go dlúth dó mo fálaid, sínte amach ar a béal faoi ar an gcuma céadna. Dí ré com dub sin isteach nár léar dúinn cat car cóirce, dá mbeidís ann. Níor féadamar a déanamh amach cia an fad ná an leitead a bí inr an uaim.

"Nac é an truag thuirse é gan coinneall againn!" arra mise. "Déanfan ar cuimhnig mé ar ceann a tabairt liom."

"Ní mar sin dom-sa," arra Ciarán. "Fuair mé strumpa beag sa mbaile, nó déanca na sinnsir, goid mé é. Tá matches annso agam freisin."

"Tosa sin! Duail match 7 lar do coinneall."

Duail ré toitcos 7 lar ré an strumpa coinnle. Dreachnuigeamar

Cipín solais

161. Sliocht as na profaí gaille (24 leathanach) de *Poll an Phíobaire* atá sa Leabharlann Náisiúnta

Níl *Poll an Phíobaire* ar liostaí pearsanta Sheosaimh thuas ná leid sa leabhar féin go ndearna sé obair air. Dar le mo stiúrthóir tráchtais, an Dr. Uáitéar Mac Gearailt, áfach, mar a chuir sé in iúl dom i nóta imill: 'Deirtear: Ní gá cuidiú eagarthóra a admháil. Is í an eagarthóireacht a ghnó'. Táim muiníneach, áfach, go bhfuil fianaise againn gur oibrigh an Laoideach ar an téacs seo. Tá cnuasach bileog sa Leabharlann Náisiúnta ar phrofaí gaille iad de cheithre leathanach ar fhichid den téacs i gcló mar leabhar (1-24).[128] Tá cóiriú agus uimhriú leathanach déanta ar an leagan den scéal a bhí i gcló in ACS. Is léir ón gcomharthaíocht ghairmiúil go raibh eagarthóir oilte ag obair ar na bileoga seo. B'iad, is dóigh liom, an profa deiridh; caithfidh go raibh profaí gaille eile ann roimhe seo mar tá siad réasúnta glan ó earráidí agus is féidir corrleasú a aithint ar leagan ACS. Ba iad an phoncaíocht, an séimhiú agus an síniú fada, malartú 'de' agus 'do' agus malartú idir 's' agus 'r,' sa chló Ghaelach, na fadhbanna ba choitianta.

Leasaigh sé 'matchíní' go ‘matcheanna’. Cheadaigh sé 'match'. Ba i gcomhrá idir chomharthaí poncaíochta a bhí siad. Níl a leithéid d'fhocal agus 'toiteog' i bhfoclóir ar bith; scrios an Laoideach é agus mhol sé, ina lámhscríbhneoireacht sho-aitheanta, an téarma 'cipín soluis' ina ionad.

Léiríonn na profaí gaille seo nach próiseas uathoibríoch é saothar a thógáil as nuachtán agus é a athchóiriú mar leabhar. De bhreis ar an bprofadh, bhí ar Sheosamh 'tagraí', foclóir agus pictiúir a chur isteach.

Tháinig *Íosagán agus Sgéalta Eile*, le Pádraig Mac Piarais, amach i 1907. Bhí na scéalta in ACS cheana, ag tosú le 'An t-ádhbhar sagairt', leasaithe mar 'An sagart' sa leabhar, in eagrán 18 Feabhra 1905 agus ag críochnú le ‘Íosagán’, eagrán 22 Nollaig 1906.

Bhí dhá réamhrá in eagrán 1907. Seo an chéad cheann:

[128] MS 21,067/1

Ins an "gClaiḋeaṁ Soluis," i gcaiṫeaṁ na mbliaḋan 1905 agus 1906, a cuireaḋ na sgéalta so i gcló de'n ċéad uair. Sgríoḃaḋ tús sgéil "An tSagairt" ar an nuaḋ le haġaiḋ an leaḃráin seo, agus cuireaḋ aṫruġaḋ beag ar na sgéaltaiḃ eile annso 's annsúd.

Táim fá ċomaoin ṁóir ag mo ċaraid óg, Colm Ó Neaċtain, ar uċt ar ṫug sé ḋom de ċongnaṁ agus mé i n-éadan an leaḃair seo. Is é a ċuir na focla sa ḃfoclóir i ndiaiḋ a ċéile tar éis iad a sgríoḃaḋ dom-sa. B'ḟéidir, le congnaṁ Dé, go mbeinn-se ag cuidiuġaḋ leis-sean le slaċt a ċur ar leaḃair fá ċeann deiċ mbliaḋan eile, má's slán dúinn ar aon.

P. Mac P.

162. Sliocht as réamhrá an Phiarsaigh do *Iosagán agus Sgéalta Eile*, 1907 agus pictiúr as an leabhar

Ba é an Piarsach féin, le cabhair a chara óig, a chuir an foclóir nathach le chéile, mar a deirtear linn sa sliocht thuas. In ACS thosaigh gach scéal leis an 'oscailt phléascach' a phreabann léitheoir i lár na heachtra. Choinnigh 'Íosagán' an oscailt phléascach sa leabhar ach maolaíodh í le heolas 'riachtanach' sna trí scéal eile.

Ní raibh an Piarsach ionchurtha ar chor ar bith le Pádraic Ó Conaire mar scríbhneoir ficsin ach ba cheannródaí é mar sin féin. D'ionsaigh léirmheastóirí dúchasacha é i ngeall ar a mhodh inste. 'Bhí fear ann fadó agus Seana-Mhaitias ab ainm dó,' a theastaigh uathu in ionad 'Bhí Seana-Mhaitias ina shuí le h-ais a dhorais...'. Tá cuntas mionsonraithe ag Cathal Ó Háinle sa réamhrá don eagrán de ghearrscéalta an Phiarsaigh a chuir sé in eagar ar an bhfáilte a cuireadh roimh *Íosagán agus Scéalta Eile* agus ar na hionsaithe a rinne an Dr. de Hennebry sa *Leader* ar an gcéad dá leathanach de 'Íosagán' agus ar nuaphrós na hAthbheochana as éadan.

Ba leabhar gleoite é an chéad eagrán, déantús ina bhfuil spéis ag na leabharbháigh agus ag na staraithe cló. Luaitear Beatrice Elvery, an maisitheoir, sa siompóisiam leabhareolaíochta, *The Irish Book in the Twentieth Century* (2004: 28) agus déantar tagairt do

> .... her bold cover and line illustrations for *Íosagán agus Sgéalta Eile* (Dublin, 1907).... its cheap brown paper cover with simple blocked-

> in colours was deliberately aimed at a wide, romantically nationalist readership.

Cuireadh *Íosagán agus Scéalta Eile* ar chlár na Meánteistiméireachta go luath mar a cuireadh *Poll an Phíobaire.* Dearbhaíonn Ruth Dudley Edwards (1977, athchló 2006:95) gur ag an dá leabhar seo a bhí an díol ba mhó de na leabhair a d'fhoilsigh an Conradh.

Ar liosta na leabhar a léigh Seosamh Laoide mar scríbhinní roimh ré agus a chuir sé in eagar, tá an saothar seo ó pheann Phádraig Uí Chonaire: *Ceachta na nEaladhan*, leabhar teagaisc eolaíochta (1908); *Bairbre Ruadh,* dráma, (1908); *Nóra Mharcuis Bhig agus Sgéalta eile* (1909); *Deoraidheacht,* úrscéal, (1910); *An Sgoláire Bocht agus Sgéalta eile,* (1913) agus *An Chéad Chloch,* cnuasach gearrscéalta, (1914). B'fhéidir a áitiú, le ceart, gurb iad na scéalta thuas a chuir Seosamh in eagar an saothar ba mhó a thuill clú do Phádraig Ó Conaire mar údar.

As clár *Nóra Mharcuis Bhig agus Sgéalta Eile,* tá' Nóra Mharcuis Bhig' agus 'Páidín Mháire' áirithe faoi láthair ar théacsanna canónacha na Gaeilge. I *Nóra Mharcuis Bhig*, chuir Nóra neart airgid, tuillte le striapachas, abhaile chuig a muintir. Fuair Philip O'Leary (2005:35) amach ina thaighde gur éirigh leis an Athair Peadar Ó Laoghaire *Nóra Mharcuis Bhig* a bhaint de chlár na hOllscoile Náisiúnta i 1917 mar aon le *Deoraidheacht* ar bhonn 'sensuality and perversity'.

Chuir *Deoraidheacht* tús le litríocht nua-aimseartha na Gaeilge. Bhí léirmheas fada gan síniú ag Seán Mac Giollarnáth, eagarthóir nua ACS, san eagrán dar dáta 30 Iúil 1910, inar thagair sé don Laoideach mar seo:

> .... The chief character of the story is a young Gaedheal who loses an arm and leg in a street accident in London. The author deals with this man's life and adventures between his release from hospital and his death, with his gradual fall away through suffering and hunger until he loses control of his better self and gives way to egotism and despair. He might have saved him and reformed him by marrying him to 'An Bhean Reamhair', as Mr. Lloyd is reported to have suggested, but the man was beyond redemption.....

Ní raibh an Laoideach sásta gur luadh é san fhógra sin agus ó gur luadh é, gur cuireadh ráiteas ina bhéal nár thug sé uaidh. Bhí an freagra seo aige in ACS in eagrán an 13 Lúnasa, 1910, faoin teideal 'The Oireachtas prize novel':

> Dear Sir,
>
> I cannot understand why my name was introduced into the notice of the above that appeared in your issue of July 30th. Even if it were

> correctly alluded to I would strongly object to the introduction of it. But to mention it in such a way as to attribute to me what I never said that is what I must entirely disapprove of. I never said that the hero 'might have been saved and reformed by marrying him to An Bhean Reamhar.' The portrayal of that female character whose salient traits are forwardness and gluttony certainly did not appeal to me, but rather induced a feeling of disgust. At the best, she is a low creature, and I consider it waste of time to write of the like.
>
> What I really said was that the denouement of the story should have been the marriage of Michael to Maire Ni Laoigh, his first, and indeed, only love, who comes specially over to London with her uncle in order to find Michael and appeals to him to forget the past and be happy with her. Padraic O Conaire evidently dislikes the joie de vivre so much—in a story at least—that he goes out of his way to give a sad ending to the thing, following a certain Continental model.
>
> J.H. LlOYD

Pé tuairimí a bhí aige faoin scéal féin is léir nár imir sé ciorrú nó cinsireacht ar bith ar théacs Uí Chonaire. Níl sé róthógtha le duairceas agus le cinniúnachas an údair, ná, is cosúil, leis an bhfréamhshamhail Eorpach a lean sé. Tá a réiteach féin aige don phlota, e.g. 'mhair Mícheál agus Máire go sona sásta as sin amach', réiteach maoithneach a bhí as alt ar fad leis an ngluaiseacht liteartha nua-aimseartha, tosca nár chuir isteach, áfach, ar ghairmiúlacht a chuid eagarthóireachta.

Ocht scéal atá sa *Chéad Chloch, Scéalta*, (1914), dul Bíobalta orthu ar fad, cuid acu bunaithe ar eachtraí ón Tiomna Nua agus cuid eile suite i dtír fhicseanúil na nAibitíneach. Foilsíodh na scéalta seo in ACS don chéad uair idir 1909 agus 1912.

163. *An Chéad Chloch,* clúdach, leagan Mercier Press,1978

‘Tá na príomhthéamaí a fhaightear i scéalta Uí Chonaire le fáil anseo: an grá tubaisteach, éad, díoltas, an deoraíocht agus is féidir a rá, i mo thuairimse, go bhfuil na samplaí is fearr de shaothar gearrscéalaíochta Uí Chonaire le fáil sa chnuasach seo,’ a scríobh Pádraigín Riggs ina réamhrá d’eagrán Chló Mercier (1978) de *An Chéad Chloch*. ‘Scéalta iontais’ a thug sí orthu, agus thug sí faoi deara an ‘casadh ioróineach, gan choinne, a chuireann clabhsúr ar an scéal de ghnáth’.

Léigh Seosamh Mac Grianna *An Chéad Chloch* nuair a bhí sé naoi mbliana déag. Ag an am bhí sé beartaithe aige bheith ina scríbhneoir sa Bhéarla ach thuig sé anois go mb’fhéidir prós den scoth a scríobh sa Ghaeilge. ‘Bhí blas ar an leabhar agam mar bheadh blas ar fhíon ag an té nach raibh a fhios aige go dtí sin go raibh sa saol ach uisce.’[129]

Rinne Seosamh tagairt do *An Chéad Chloch* ina litir dar dáta 21 Iúil, 1915, óna áit chónaí Buaile na Gréine, Páirc Thighe Lorgáin, chuig Ard-Fheis na bliana 1915, a tionóladh i nDún Dealgan.

> (2) An Chéad Chloch ó Phádraig Ó Conaire. An gnó náireach a fágadh ormsa .i. a iarraidh ar Phádraig cúig phuintín gortaidh do ghlacadh as a shaothar mhór. Sin rud nár tairgeadh d’ughdar riamh roimhe sin.

Sin an méid a fuair Pádraig óna fhoilsitheoirí—£5 do *An Chéad Chloch*. Ach d’aithin Seosamh Laoide gur mórshaothar a bhí ann.

Trí scéal, ‘An sgoláire bocht’, ‘Má tá do chéile leisgeamhail’, ‘Braon de bhinégar an tsaoghail’ atá in *An Sgoláire Bocht agus Sgéalta Eile,* 1913. Tá foclóir 57 leathanach leis. Baineann an chéad scéal le scoláire taistil agus an dara ceann le bean bhocht a bhí ina sclábhaí ag a bulaí d’fhear céile ach a chas cúrsaí a haimhleasa chun a leasa féin. Scéal duairc an tríú scéal, faoin ngaiste meala. Tá bean óg ann atá grámhar umhal dá fear céile go dtí go mbíonn siad pósta. Ní fada go dtiontaíonn an grá go fínéagar—téama coiteann ag Ó Conaire.

Is san iris *The Irish Peasant* a d’fhoilsigh Liam P. Ó Riain *Caoimhghin Ó Cearnaigh*, 1913, ar dtús. Tá an t-úrscéal seo, a bhaineann le múinteoir a thagann ón dtuaith go dtí an Ardchathair, ina dtagann athrú iomlán ara shaol, ar liosta pearsanta Sheosaimh de na leabhair a léigh sé is a chuir sé in eagar.‘Sa scéal

[129] *Pádraic Ó Conaire agus Aistí Eile*, Mac Grianna, 1936.

seo', scríobh Philip O'Leary faoi sa Bhéarla, 'bhronn sé téama ar scríbhneoirí na Gaeilge agus an Bhéarla a chuirfeadh dul nua ar úrscéalta san fhichiú haois.'



164. *Caoimhghin Ó Cearnaigh* le Liam P. Ó Riain, eagrán caighdeánaithe Coiscéim, BÁC, 2014

Mhair an tsuim i *Caoimhghin Ó Cearnaigh* go dtí ár lá féin. D'eisigh Coiscéim eagrán caighdeánaithe i 1914 agus réamhrá ann le hAlan Titley a léiríonn a mheas siúd ar an scéal. Fuair an leabhar beatha nua i bhfoirm eile. Tá raidhse leaganacha digiteacha ar an idirlíon, ceann ag Wikisource, ceann i gCartlann na dTéacsanna san Acadamh Ríoga agus ceann ar *archive.org*.

'Ní mór dom mo bhuidheachas a chur in iúl os árd do Sheosamh Laoide M.R.I.A. i dtaobh a chúramaighe a léigh agus a dheisigh sé téx an leabhair seo sular tugadh don chlódóir é agus fós i dtaobh na sreathanna fromhtha do mhion-fhéachaint agus do cheartú. Is mór an cruinneas agus an tslachtmhaire ar an leabhar a ndearna SL de shaothar air...' scríobh an Seabhac ina réamhrá do *An Baile Seo Againne*.

Ba é an greann an tsuáilce ba láidre a bhí ag an mbailiúchán. Chruthaigh An Seabhac pobal ina bhfaca léitheoirí, muintir na Gaeltachta ach go háirithe, iad féin. Is amhlaidh áfach gur chruthaigh an Ghalltacht ina phríomh-mhargadh do *An Baile Seo 'Gainne* agus do *Jimín Mháire Thaidhg* ina dhiaidh sin.



Buiḋeaċas

Ní mór dom mo ḃuiḋeaċas a ċur i n-iúl os árd do Seosaṁ Laoide, M.R.I.A., i dtaoḃ a ċúnaṁaiġe a léiġ 7 a ḋeiriġ sé téx an leaḃair seo sular tugaḋ do'n ċlóḋóir é 7 fós i dtaoḃ na sreaċanna sroṁṫa do ṁion-ḟéaċaint 7 do ċeartú. Is mór an cruinneas 7 an sláċtṁaire ar an leaḃar a ndearnaiḋ Seosaṁ Laoide de ṡaoṫar air. Agus, saiṁ sin, táim buiḋeaċ de Ṁíċeál Ó Riada, Oide Saoirċeard i gCill Áirne, óir is é do ḋein an pictiúir atá ar ċlúdaċ an leaḃair seo. Is mór an ṁaise ar leaḃar pictiúir 7 tá súil againn naċ é seo an t-aon ceann aṁáin a ḋéanfaiḋ Míċeál i gcóir leaḃair Gaeḋilge.

"An Seaḃac."

Meiṫeaṁ an tSaṁraiḋ, 1913.



165. Admháil buíochais an tSeabhaic do SL sa réamhrá do *An Baile Seo Againne*, 1913

Ina réamhrá féin, 'Brollach an Fhir Eagair', nocht an Laoideach nach raibh an t-eagarthóir agus an scríbhneoir ar aon intinn faoin bhfoclóir. Theastaigh ón Laoideach go mbeadh an foclóir seo ina fhoclóir Gaeilge-Béarla. Bhí an Béarla riachtanach do léitheoirí na Galltachta agus do na scoláirí Eorpacha a bhí ag cur suime sa Ghaeilge. Bhí an Seabhac daingean dearfa gur cheart go mbeadh mínithe na bhfocal sa Ghaeilge. Ghéill an Laoideach dó. Ba é féin a chuir an foclóir fíorshuimiúil seo le chéile, ach i gcomhairle leis an Seabhac i rith an ama.

Foclóir.

[Tá coṁoibriuġaḋ an úġdair agus an fir eagair le n-a ċéile ann so.]

166. Nóta leis an bhfoclóir i *An Baile Seo Againne*, 1913

Bhí gearán ag Seosamh freisin, sa litir chéanna chuig Ard-Fheis 1915 a luamar thuas, faoi mar a chaith an Coiste Gnó leis An Seabhac *An Baile s'Againne*:

> An Baile Seo Againne: gan aon díol fiach a thabhairt don tSeabhac as an leabhar breá do chuir sé le chéile dhóibh, cé gur thug sé margadh an-saor dóibh agus gur fhan sé do réir a thairsciona le díol an chéad mhíle cóib, agus níos sia ná sin féin.

Thairg an Seabhac fanacht go raibh míle cóip díolta de *An Baile s'Againne* dá luach saothair mar údar, ach is cosúil nár íocadh ar chor ar bith é.

Bhí comórtas liteartha san Oireachtas i 1910 a fógraíodh mórán mar seo:

> Leabhar ar nós *Beirt Fhear ón dTuaith* ach amháin go gcaithfear cur síos go cruinn ann ar ghnáthshaol na cathrach.

Séamas Ó Dubhghaill a scríobh *Beirt Fhear ón dTuaith*. Bhuaigh Ó Dubhghaill Comórtas 1910 le *Caint na Cathrach.* Bhí *Beirt Ghaedhilgeoirí 'na gComhnaidhe 'sa Chathair* le Domhnall Ó Murchadha sa dara háit. Tá sé seo ag Philip O'Leary (1994:420N):

> Ó Dubhghaill's nerve in making his Irish speakers true city folk probably earned him his first place-finish over Ó Murchadha, whose characters were, in the words of Laoide, "two or more native speakers of Irish fresh from the country, and just settled down in the city, hence as yet truly native and unspoiled by the overwhelming Anglicisation which is the ruling principle in all Irish cities".

Tugadh duais speisialta de £5 do Dhomhnall Ó Murchadha, íocaíocht a ghéill a chóipcheart don Chonradh. Ansin socraíodh leabhar a dhéanamh de *Beirt Ghaedhilgeoirí 'na gComhnaidhe 'sa Chathair* in ionad leabhar Uí Dhubhghaill. Tháinig an brú seo, shíl Breathnach agus Ní Mhurchú,[130], ón Athair Ó Duinnín. Luann siad an moladh a bhí ag an Duinníneach in eagrán an *Leader*, 11 Meán Fómhair 1915:

> Is dóigh liomsa gurb í an aiste is binne dár léigheas riamh i nGaeilge an lae inniú í, ná i nGaeilge an lae inné, dá n-abrainn é. .... Is iomdha aiste agus tráchtas agus leabhar atá iar n-a léamh agam i nGaeilge an lae inniu, cuid acu go maith agus cuid acu go dona ach fé mar a deir an file i dtaobh Chapman:
>
> > Never did I breathe its pure serene
> > Till I heard Murphy speak out loud and bold'[131].

Bhí an ráiteas seo ó Dhomhnall Ó Murchadha i nóta a chuir sé leis an eagrán a tháinig amach i 1927:

> When it was being published in 1915, I had letters every alternate day asking for the meaning of this and that word or saying and, as can be seen, all I was not asked for bear slipshod interpretations.

Ba ón Laoideach a tháinig na litreacha seo. Scríobh sé 'Brollach' cuibheasach fada don leabhar, níos mó ná 900 focal. Chuir sé foclóir fiche leathanach leis, maille le nótaí agus 'ainmneoir'. Seo sampla as abairt atá ar an leathanach teidil den leabhar (1915:5), atá thuas, den chur chuige a bhí ag Domhnall na Gréine: fear na tuaithe ag iarraidh eispéireas nua—an tram—a chur i bhfocail:

---

[130] *ainm.ie s.n.* Ó Murchadha, Domhnall (c.1859–1942) ceadaithe 18 Samhain 2019.
[131] Keats, soinéad, 'Chapman's Homer'

> S: ....borduighmís ceann de na carbadaibh teinntrighe le hais an chúinne seo thall.

Is léir go raibh spéis ag Domhnall na Gréine i gcúrsaí reatha agus go raibh an cumas ann a bhraistintí fúthu a chur in iúl dá léitheoirí. Deir Laoide (ibid):

> ... Tá sadhas fáistine nó fáidheadóireachta ar l. a 31 agus do fíoruigheadh ar fad ó shoin í. Seo mar do sgríobh an t-ughdar: 'D'réir na n-ollmhuighthe atá déanta ag náisiúnaibh fé láthair i gcóir cogaidh do dhísceoghaidís a chéile i ngearracht aimsire dá mbeadh sé de mhí-ádh go dtéighidís 'na bhun.' Fóríor dóighte! ní hé amháin go bhfuil na náisiúin ag dísgiughadh a chéile, acht tá mórán mór d'fhearaibh na hÉireann i bhfionntar an phúdair 'na measg is cuid mhaith aca so marbh cheana ó imirt na 'bplaosgán' ortha.

Tá blúire beag eolais phearsanta sa réamhrá:

> Bhíos féin i nDairbhre fá dhó agus ní fhéadfainn gan feabhas na canamhna do thabhairt fá ndeara innti. Do chuir sé áthas mór orm uair an tráth fuaramar (bhí triúr againn ann ag cur ár n-eoluis air) an freagra so ó bhuachaill óg: "Is giorra é seo mar bhóthar."

Rinneadh an obair faoi dheifir agus cheistigh an tAthair Ó Duinnín agus T. F. Ó Rathaile leaganacha áirithe sa téacs i rith 1915, mar a cheistigh an t-údar. D'fhreagair Seosamh na ceisteanna seo i litir fhada chuig ACS, 25 Márta 1916. Seo sliocht ábhartha as an tús:

> Very little time, unfortunately, was available for investigating the interesting and peculiar words, most, if not all, derived from the speech of the oldest generation near Faill Sheamraim and re-investigated, I believe, by the author himself, who, in his great desire to be exact went to the trouble of crossing the ferry and travelling to his homeland in order to answer some of my troublesome queries with the full authority of the sean-ionndúirí.

Ansin pléann sé na ceisteanna go mion ar feadh cúpla colún eile.


Beirt Gaedhilgeoirí
'na gComhnaidhe 'sa Chathair
Domhnall Ó Murchadha
("Domhnall na Gréine")
ó Dairbre
do scríobh.
Seosamh Laoide
do chuir i n-eagar.
Clódanna Teo.:
Ag n-a gcur amach
do
Conrad na Gaedhilge,
i mBaile Átha Cliath.
1915.

167. Clúdach, *Beirt Ghaedhilgeoirí 'na gComhnaidhe 'sa Chathair*, 1915.

Sé scéal nuadhéanta atá in *Ciall na Sean-Ráidhte* (1914) le Peadar Mac Fhionnlaoich. Coiste Ceantair Bhéal Feirste den Chonradh a chuir amach é. Tá gach aon scéal ceaptha chun ciall seanfhocail a shoiléiriú ach nuair a léitear iad feictear gur gearrscéalta dáiríre iad agus gur thábhachtaí an insint ná an ghaois. Mar shampla, is é scéal imircigh, Seághan, nár bhordáil an *Titanic*, a léiríonn 'Is minic cú mall sona'. Caithfidh go raibh Mac Fhionnlaoich ar na chéad údair a shaothraigh an téama sin. Léirigh sé go raibh an Ghaeilge inniúil ar chuntas sásúil a thabhairt ar imeachtaí chomh teicniúil le himbhualadh línéara paisinéirí le cnoc oighir ar strae.

Tá an canúnachas an-tréan agus an insint fhoghrúil thar a bheith nathach in *Faire Phaidí Mhóir agus Pósadh Chonaill Bhig* (1914) le Séamas Ua Searcaigh. Tá an cheartúsáid le sonrú sa dá scéal. D'fhéadfadh gur ón eagarthóireacht a tháinig sí, ach d'fhéadfadh freisin gur tháinig sí ón údar, duine den bheagán cainteoirí dúchais a chuaigh le hardléann na Gaeilge. Insítear na heachtraí, tórramh agus cleamhnas, de réir léargais bhuachalla óig.

Cleas a d'imir an Laoideach níos mó ná uair amháin ná cuntas a thabhairt in ACS ar leabhar a chuir sé féin in eagar faoi ainm a alter ego, Mac Tíre. Ní hionadh mar sin go raibh colún iomlán ag Mac Tíre in eagrán 1 Bealtaine 1915, faoi *Sgéalta Goiride Geimhridh* (1915), le Seán Bán Mac Meanman. as Ceann Garbh, Loch Finne.

Deir sé gur scríbhneoir cumasach Mac Meanman a raibh stíl thaitneamhach soléite aige. D’ainneoin gur cainteoir dúchasach as Tír Chonaill an t-údar, bhí a Ghaeilge ag tarraingt ar na gcanúintí ar fad, rud a chuir dóchas sa Laoideach, a dúirt san alt: ‘Never has a larger reading public been more necessary for an Irish book that at the present moment.’ Mar a dúirt Mac Meanman féin ina 'Réamhrádh do'n cheud chur amach':

> I dtaoibh na canamhna tá súil agam go dtuigfidh an Muimhneach a's an Connachtach an chainnt chomh réidh agus chomh maith leis an Ultach nó an Iniscaoileach. Ba deacair aontughadh leis na sgríbhneoiridhibh sin nach dtógann súil ó n-a gceanntar nó a bparóiste féin, a's a fhágas canamhain na gceanntar nGaedhealach eile ar dearmad.

D'éirigh leis, más fianaise ar bith an t-eagarfhocal in *An Claidheamh Soluis*, eagrán 15 Meitheamh 1915, ina bhfuil é seo: ‘Ultach iseadh Seán. Is maith gur

chuir sé sa réamhrádh é, mar níl sé ró-shoiléir in aon áit eile sa leabhar'. Chríochnaigh Mac Meanman a réamhrá don chéad chur amach le nóta buíochais don Laoideach a thugann léargas eile dúinn ar obair an eagarthóra:

> Táim faoi oibliogáid mhóir do mo charaid Seosamh Laoide. Do léigh sé na fromhtha go dúthrachtach, a's gidh nach rabhamar ar aon-intinn i gcorr-phuinnte, ba mhaith cuideadh an Laoidigh ag tabhairt fá deara earráideacha clódh a's ag cur dlúthais leis an obair.


meitheamh 26, An Claidheamh Soluis 1915.

LEABHRA NUA.

"SGÉALTA GOIRIDE GEIMHRIDH."

Seaghan mac Meanman do sgrìobh leabhar de scéaltaibh gearra agus sin é an ainm a thug sé air. Ni thuigim cad chuige go dtug sé scéalta "geimhridh" orra, mar cé gur i lár an tsamhraidh do léig mé féin iad agus an ghrian, mar adeir an sean-focal, ag scoltadh na gcrann, nior fhéad mé gan mo fhear-scáile d'fháire a chur asam le taitneamh an ghrinn atá sa leabhar. Uiread iseadh Seaghan. Ni bheadh fios agam sin muna mbeadh go bhfuil sé sa Réamhrádh aige féin. Is maith gur chuir sé san Réamhrádh é, mar níl sé go ró-fhoiléir i n-aon áit eile sa leabhar.

168. Píosa faoi *Sgéalta Goiride Geimhridh* (1915) in ACS

Ní raibh Seosamh sásta ach an oiread leis an mbealach sprionlaithe a chaith an Coiste Gnó le Seán Bán. Tá an sliocht seo a leanas as an dréacht den litir a bhí sé ag iarraidh a chur le chéile d'Ard-Fheis an Chonartha i nDún Dealgan, mí Iúil, 1915.

> Gan aon díol fiach a thabhairt do Sheághan Mhac Meanman as an leabhar maith a chuir sé le chéile dóibh, Sgéalta Goiride Geimhridh, cé gur thuill sé go maith é agus é ag sgríobhadh i nGaedhilg, rud nach ndéanann ach fíor-bheagán úghdar i dTír Chonnaill, acht an Béarla dá úsáid aca.

Is cosúil nach bhfuair Seán Bán Mac Meanman táille údair ar bith ón gConradh do *Sgéalta Goiride Geimhridh.*

5.9 An Fhilíocht Nuachumtha.

Bhí beirt fhile pobail den seandéanamh beo nuair a thosaigh an Laoideach ar eagarthóireacht na leabhar, Roibeárd Bheldon as na Cumaraigh agus Colm de Bhailis i gConamara. Níor foilsíodh amhráin agus dánta Bheldon go dtí 1995 (curtha in eagar ag an Ollamh Pádraig Ó Macháin), cé gur neadaigh amhráin aonair, gléasta, i mbailiúcháin éagsúla amhrán.

Rinne an Conradh agus ACS *cause célèbre* de Cholm de Bhailis agus dá fhilíocht nuair a tháinig an stócach Pádraig Ó Domhnalláin air i dTeach na mBocht in

Uachtar Ard sa bhliain 1903 agus é in aois, dúradh, a sheacht mbliana is céad. Sheol Ó Domhnalláin véarsaí leis go dtí ACS.

169. Colm de Bhailis, file

D'fhoilsigh an Conradh *Amhráin Chuilm De Bhailís* sa bhliain 1904. Ba é Seosamh a chuir an bailiúchán le céile. Chuir sé gluaiseanna agus foclóir agus nótaí leis na hamhráin. Scríobh sé réamhrá ríshuimiúil nár shínigh sé ach leis na ceannlitreacha S. L. Fuair sé an Craoibhín agus an Piarsach chun aistí spreagúla a chur leis an leabhar. Chuidigh Eoghan Ó Neachtain leis an bprofáil agus le Gaeilge Chonamara. B'shin meitheal mhór oibre i mbun saothair fhile tíre, Colm de Bhailís, nár chuala mórán i mBaile Átha Cliath faoi ar chor ar bith go dtí an bhliain roimhe sin. Tá sonraí a bheatha ar *ainm.ie.*[132]

Is séadchomhartha *Amhráin Chuilm de Bhailís* d'éifeacht an Laoidigh mar eagarthóir leabhar. Is fianaise é ar a dhlúthchairdeas agus ar a chomhoibriú leis an gCraoibhín, leis an bPiarsach agus le hEoin Mac Néill, a thug 'Cúirt an tsrutháin bhuidhe' dó.

Tionóltar 'Siamsa Choilm de Bhailís' i gConamara thar trí lá gach samhradh. Na hamhráin is mó atá luaite le Colm de Bhailís ná 'Cúirt an tSrutháin Bhuí', 'Amhrán an tae', 'Beartlín an ghadaí', 'An seanduine cam', 'An luch i ngarraí fataí', 'An bás'. Bothán sodhéanta ar thaobh an bhóthair ba ea an Chúirt a bhíodh mar fhoscadh ag Colm agus é ag ródaíocht.

[132] s.n De Bhailís, Colm (1796–1906), ceadaithe 19 Samhain 2019.

5.10 An Béaloideas: *Sgéaluidheacht ChúigeMumhan*

Rinneamar tagairt cheana don téacs ba shuntasaí a chuir Pádraig Ó Laoghaire le chéile, cnuasach d'fhinscéalta Bhéarra ar ar thug sé *Sgéaluidheacht Chúige Mumhan, an chéad chuid*. Ba é seo an chéad téacs de sheanchas Bhéarra a foilsíodh i bhfoirm leabhair. Ní bhfuair Pádraig bocht an deis cuid a dó a thabhairt amach mar bhuail an eitinn é agus fuair sé bás an bhliain dár gcionn, 1896. Chinn Coiste na bhFoilseachán ar ball na seacht scéal sa chéad chuid a athfhoilsiú, leabhrán do gach scéal, sa tsraith *Leabhairíní Gaedhilge le hAghaidh an tSluaigh*. Is mar seo a leanas a tháinig siad amach:

Na Trí Préacháin (1904)
Páidín Ó Dálaigh (1904)
An Chroch Gheal (1905).
An Fiolar Fealltach (1906)
Máire Ní Rógáin (1906)
Oileán na gCúig mBeann (1906)
Rí na mBréag (1908)

Chuir an Laoideach eagar as an nua ar gach scéal agus d'ullmhaigh don athchló iad, mar a chuirtear in iúl ar na clúdaigh.





NA TRÍ PREAĊÁIN.

Do ḃí triúr buaċaillíḋ comarsan gan ór gan airgiod gan talaṁ gan treó, gan aon tsaiḋ-ḃreas eile aċt saoġal gaḃair agus sláinte an ḃradáin. Do ċuadar i dtriúr do'n doṁan tsoir, agus deintear fir feaḋma díoḃ i n-armáil ríġ áiriṫe. Fear socair soilḃir teilgioċ tar-raigeaċ b'eaḋ ceann aca, aċt i dtaoiḃ na beirte eile, do raġdaois trí poll traṫaire ar ḃraon biotáille, no ḃainfidís an tsrón do'n áiḋḃeir-seoir dá dteangóċaḋ sé leó i dtroid. D'ḟan-adar le cois an ríġ-seo go ceann seaċt mbliaḋan.

"Imeóċad iḃaile imḃáireaċ," arsa an fear socair leis an mbeirt eile.

"Raġam-na leo' ċois," arsa an ḃeirt eile.

"Cad dob' áil liḃse aḃaile" ar seisean, "agus gan pingin 'núr bpóca?"

"Ó b'ḟéidir ná fuileam cóṁ dealḃ agus is dóiġ leat," arsa ceann de'n ḃeirt.

An lá ar n-a ḃáireaċ d'imṫiġeadar i dtriúr leo, agus do ġaiḃ orra féin triall d'á mbaile duṫċais. Do ḃíodar ag dul ó ḋúṫaiġ go dúṫaiġ go dtárluiġ coill ṁór uaigneaċ orra ṫrí n-ar ċaiṫeaċtain dóiḃ gaḃáil. Agus iad i n-a coiṁ-leaṫan ruġ an ḃeirt ar an ḃfear socair agus

170. Clúdach *Sgéaluidheacht Chúige Mumhan* 1 agus sampla den téacs



171. Scéalta *Sgéaluidheacht Chúige Mumhan* 1, curtha in eagar ag SL mar leabhairíní ar leith



Páidín Ó Dálaiġ.

Do ḃí fear de ṁuintir Ḋálaiġ ag a raiḃ beirt ṁac, darab ainm Páidín agus Seaġán. Idir cromaḋ agus liaṫaḋ dó¹, fuair sé bás, agus níor ḃ'aon náire dó é, mar d'ḟág an ḃeirt seo suas i n-a ḋiaiḋ.

D'éis báis a n-aṫar do ċruaiḋ an saoġal ar an mbeirt ḃioránaċ² agus a ṁáṫair, agus ċuaiḋ sé ċoṁ doċt³ sain orra gur ġlas⁴ d'ḟéadadar a ḃfiaċa díol, gan teaċt ṫar an gcíos i n-aon ċor. Do ḃí an tiġearna talaiṁ ag bagairt orra faid gaċ n-oirid,⁵ aċt ní móide ṫáinig leóṫa⁶ aon ġníoṁ do ḋéanaṁ leis.⁷ 1

¹ Idir cromaḋ agus liaṫaḋ dó: nuair ḃí sé timċioll dá ḟiċid nó caogad bliaḋain d'aois.

² Bioránaċ: buaċaill ag fás suas, timċioll cúig bliaḋna déag nó ṫairis d'aois.

³ Doċt: cruaiḋ.

⁴ Glas: ar éigin.

⁵ Faid gaċ n-oirid: le ré ḟada, le cian d'aimsir. Airet nó oiret. .i., ré (Sean-Ġaeḋealg).

⁶ Leóṫa: leo. B'ḟéidir gur leóḃṫa atá san ḃfocal so, cé b'ḟéidir eile naċ eaḋ. Do-ġeiḃṫear leuṫa san nGaeḋilg ársaiḋ.

⁷ Aon ġníoṁ do ḋéanaṁ leis: teaċt ċum réitiġ leis, nó díol leis. Tá an dá ċéill seo leis.

172. Tús *Páidín Ó Dálaigh*, curtha in eagar ag SL.

Is leagan athraitheach *Páidín Ó Dálaigh* den scéal béaloidis a spreag *Séadna* leis an Athair Ó Laoghaire, mar a mhíníonn Seosamh sa réamhrá:

> The most usual role it fulfils amongst the Southern peasantry is as an explanation of the origin of the Jack o' Lantern... Father O'Leary's *Séadna* is founded on a similar version of the tale—at least, although that genial *sagart* has woven other folk-tales also into his narrative, the story from which he started, and which may be described as the. groundwork of *Séadna* is the Jack o' Lantern tale.

Níl Seán na Gealaí ná a thine ghealáin sa scéal seo ach tá téamaí agus móitífeanna eile atá le fáil i *Séadna* go líonmhar ann. Maidir le Jack o' Lantern, cosúil le Páidín, is anam é atá róchiontach do Neamh ach rómhaith d'Ifreann.

Tá an réamhrá, ina dtaispeánann sé go raibh sé oilte go maith ar an märchen imirceach agus go raibh ar a chumas scéal a nascadh leis an líonra domhanda béaloidis, ábharach do raon an Laoidigh mar bhéaloideasaí.

> The folk story, however, of which *Páidín Ó Dálaigh* is a variant form, is not merely Irish, but European; indeed, it may very probably be classed as an Old World tale, for most folktales, common in Europe today, had their origin in the misty antiquity of Asia and Africa.

Bhí Gaeilge Phádraig Uí Laoghaire dúchasach amach is amach do cheantar Bhéarra agus an rogha a bhí ag Seosamh í a leasú de réir chleachtais na ceartúsáide, nó í a fhágáil mar a bhreac Ó Laoghaire síos í. Is é a chinn sé air ná í a fhágáil mar a bhí sí agus fonótaí mínithe a chur ar an leathanach céanna de réir mar ba ghá, mar a léirítear sa leathanach as *Páidín Ó Dálaigh* thuas.

An rud annamh ná gur thug Seosamh na mínithe ag bun an leathanaigh i nGaeilge. Ó Ghaeilge go Gaeilge atá an foclóir. Bhí guí aige ag druidim le deireadh an réamhrá ar leathanach 2:

> It is to be hoped that at some future date we may see differences of this kind accurately classified by a Dialect Society, for it important to know how much of vocabulary and idiom are general.

Léiríonn sé arís an tuiscint a bhí aige ar mhodheolaíocht taighde agus ar *desiderata* i mbrainsí éagsúla an léinn Cheiltigh. Níl ach ceithre leathanach go leith i *Rí na mBréag***.**, Deir Seosamh san Aguisín:

> We are fortunate enough to to possess the folk tale, now published in this booklet, in the three main dialects of Irish, though it be in a local form of each, viz. Rí na mBréag (Béarra), *Bréagaibh Éireann* (North Mayo) and *Bréagóir Éireann* (Farney). The longest and best form of the story is undoubtedly *Bréagaibh Éireann*, which I published in the Gaelic Journal. I am in hopes that this will soon be published as a booklet also.

Is ionann 'croch' in *An Chroch Gheal* agus 'cros' agus is marc ar chlár éadain í. Dheachtaigh Mícheál Mag Ruaidhrí leagan Connachtach do Sheosamh a foilsíodh mar leabhrán: *Triúr Clainne na Bárd-Sgolóige sean-sgéal ó Thír Amhalgadha* (1914). Is é dúshlán an dá scéal ná na trí cheist nach mór do mhic na Bárd-Scolóige a réiteach.

Bhí fadhbanna cinsireachta ag an eagarthóir le *Oileán na gCúig mBeann*, mar a mhínigh sé sa 'Réamhrádh'.


leaḃar é. Do cuireaḋ moill air, aċt má cuireaḋ féin, ḃí trúig leis an moill sin, .i. ceist i dtaoḃ caint éigin a ḃí sa sgéal—caint nár ḃ'inleigṫe i gcló ḋúinn. Ḃí an ċúis dá pléiḋe againn sa ċruinniuġaḋ, agus is é rud a ṫáinig as dúinn gur socruiġeaḋ ar an sgéal do ċur amaċ agus é aṫarruiġṫe san áit 'n-a raiḃ na focail nár ḃ'ionċuir i gcló.

173. Sliocht as réamhrá *Oileán na gCúig mBeann*

Is é seo an sliocht 'nárbh inleigthe i gcló', mar atá sé i leagan Uí Laoghaire:

> Do snámh buachaill imach faoi dhéin an oileáin, agus do fuair an t-éalag ar an gcailín, ar slighe gur gheárr go raibh sí ag dul i mbreis. Nuair tháinig an t-am rug sí—préacháinín!

Chuir sé isteach go mór air gurb éigean dó an scéal a athrú. Níos faide ar aghaidh deir sé:

> Tá a fhios ag an saoghal gur mór an rud sean-sgéal d'athrughadh, agus má athruightear é nach féidir seansgéal do thabhairt air feasta.

D'fhág siad réiteach na ceiste faoi Phádraig Ó Briain, an clódóir, a tháinig ón gceantar céanna le Pádraig Ó Laoghaire, agus 'do baineadh an ghársamhlacht as agus do cuireadh caint ghlan ina ionad'.

Is móitíf den bhéaloideas domhanda *'an bhean a rug éan.'*[133] Ní mór a rá nár dhuine caolaigeanta Seosamh féin maidir le tíriúlacht san ábhar, ach ba mhinic a ghéill sé do ghoilliúnacht daoine eile.

5.10.1 Cnuasaigh bhéaloidis (prós) an Laoidigh

D'fhoilsigh an Laoideach bailiúcháin shuntasacha bhéaloidis a chuir sé féin le chéile ina thréimhse mar eagarthóir ginearálta, corpas saothar a thuilleann ionad dó i measc príomh-bhéaloideasaithe na hÉireann. Ba é tionscnamh an Laoidigh soláthar béaloidis ó na canúintí príomhúla a chur i gcló mar leabhair, fiontar a bhí tosaithe cheana féin aige lena chnuasach. *Sgéalaidhe Fearnmhuighe* (1901).

B'fhorbairt *Sgéalaidhe Óirghiall* .i. *Sgéalaidhe Fearnmhuighe agus tuilleadh leis* (1905)[134] ar *Sgéalaidhe Fearnmhuighe.* Tá na scéalta a bhí i *Sgéalaidhe Fearnmhuighe* i *Sgéalaidhe Óirghiall,* ach amháin 'Toirdhealbhach' (VIII). Fuair an Laoideach 'dóigh eile ar an sgéal sin atá i bhfad níos fearr, .i. 'An long ar eilteoig'. Tá dhá mhír agus scór breise aige ó cheantar Oiriall i gcoitinne, ó Chuailgne, ón Mí, ó Ard Mhacha agus ón gCabhán.

Do *Sgéalaidhe Óirghiall* bhí soláthraithe nua aige, Pádraig Ó Dubhthaigh a fuair 'An long ar eilteoig' dó agus Seán Ó hAnnáin a sheol 'Murchadh Beag agus Murchadh Mór' chuige ó Ard Mhacha. 'Ní'l de sgéalaidheacht againn i gcanamhaint an Fheadha acht é', a scríobh sé. Tháinig ábhar eile ó Bhean Uí

[133] Tagairt T554.10: 'Woman gives birth to bird'.
[134] *corpas.ria.ie, ceadaithe 14 Nollaig 2020*

Mhuireagáin ó Achadh an Iúir, ó Phroinsias Mag Uinnseacháin i mbaile an Fhoircheala, Ard Mhacha Theas, ó Phaidne Mac Aimhirgin i Lios Liath; ó Chontae na Mí bhí ábhar ó Bhrian Mac Seafraidh as Magh nEalta agus ó Pheadar Mac Donnchadha as Damhliag. Níor bhrúigh sé an cheartúsáid ar leaganacha foghrúla a bhailitheoirí, mar a mhínigh sé sa réamhrá:

> Gheibhtear ‘mé’, ‘é’ i sgéal agus ‘me’, ‘e’ i sgéal eile &rl. 'Sé an fáth atá leis sin, cibé rud do litrigh Pádraig Ó Dubhthaigh nó Aodh Mac Gréacháin ar nós barántamhail**,** níor mhaith liom-sa baint leis.

174. Clúdach *Sgéalaidhe Óirghiall* (1905)

Luann sé Aodh Mac Gréacháin sa sliocht sin. Tá cuntas ar a bheatha agus ar a shaothar siúd ag Ciarán Ó Duibhín ina shuíomh idirlín den teideal ‘Daoine a chuidigh le hoidhreacht Ghaedhealach Chúige Uladh a bhuanú’.[135] Bhí teagmháil aige le cainteoirí dúchasacha deireanacha Chontae an Dúin. Tá an nóta seo aige: 'Is é a thug scéalta 16–21 de chuid *Sgéalaidhe Óirghiall* do Sheosamh Laoide—in Óméith a fuair sé iad uile.' Tá *Sgéalaidhe Óirghiall* (SgOir) ar phríomhfhoinsí Chiaráin Uí Dhuibhín dá mhórthionscnamh ‘Foclóir Oirthear Uladh,’ atá á thiomsú go leanúnach ar an idirlíon[136] aige

Béaloideas oirthear Uladh a chaomhnaítear i *Sgéalaidhe Óirghiall.* Béaloideas iarthar Uladh atá i *Cruach Chonaill*. *Tiomsughadh spíontóg de sgéalaidheacht*

[135] *smo.uhi.ac.uk/~oduibhin/daoine/oidhridheacht.htm,* ceadaithe 30-12-2018.
[136] *studylib.net.doc-oirthear-uladh.*

an Fhochla (1913) Ainm stairiúil ar Ulaidh is ea an Fhochla, de réir Fhoclóir Uí Dhuinnín**.** Sa réamhrá deir Seosamh gur chuir sé an leabhar le chéile ar iarratas Sheáin Mhic Énrí. Bhí baill a ranga ag gearán go raibh teirce ábhair léitheoireachta ann do mhuintir an Tuaiscirt ina gcanúint féin.



175. Clúdach *Cruach Chonaill,* leabhar le SL (1913)

Bhailigh Seosamh féin na píosaí ar fad atá sa bhailúchán ach ceann amháin, Uimhir a X111, *Balor agus Mac Chionnfhaoilidh*, a soláthair Séamas Ó Searcaigh, scoláire agus scríbhneoir aitheanta. Is teastas liosta na ndaoine a chuir an t-ábhar ar fáil, agus a n-áiteanna cónaithe, ar a dhéine is d'oibrigh Seosamh mar bhailitheoir béaloidis i nDún na nGall. I stíl an Chéitinnigh nó i stíl Risteárd de Hindeberg atá an sliocht seo as an réamhrá scríofa ag an Laoideach, dar le Liam Mac Mathúna:

> Nocha gcanfam ní eile feasda acht a rádh nach taithleachas is déanta dhuinn, acht uaill, fá na foclaibh Ságsbhéarla do dhíoth-láithriughadh, cibé sgéal i n-a dtárla i bhfeidhm iad.

Is é a chiallaíonn sin, déarfainn, ná nach cathú atá air ach bród faoi líon na bhfocal Béarla a bhain sé as an téacs. 'Ach bhí mianach cóir an scoláire i Seosamh Laoide i gcónaí agus sholáthair sé eolas i dtaobh a chuid athruithe, cuirim i gcás maidir le focail aonair', scríobh Mac Mathúna (2000-2001:94). Tugann sé samplaí de na hathruithe a rinne Seosamh sna scéalta i *Cruach*

Chonaill (1913:115) agus de niamhghlanadh an bhéarlachais as an téacs céanna. Ní dóigh liom gur féidir cás ionchúisithe go raibh an Laoideach róbheadaí nó róphostúil mar gheall ar Béarla nó béarlachas a bheith i dtéacs a thógáil ar na hathruithe sa leabhar seo. Dáiríre níor leasaigh Seosamh ach dorn beag frásaí sa téacs ar fad, ina bhfuil 114 leathanach, agus d'fhógair sé gach athrú sna nótaí.

Míníonn sé teideal *Trí Torpáin, Sgéalta Sidhe ar n-a gcur i n-oireamhaint do'n oideachas idirmheadhonach,* 1910 sa réamhrá,

> Is uime cheana do baisteadh 'Trí Torpáin' ar an leabhrán-so tré n-a rádh d'ollamhain d'áirithe do chuaidh ar ceal uainn ó shoin gurab 'láimh ris an torpán' atáid seinsgéalta sídhe luchta tuaithe ar a nós agus ar a n-innisin.

Is cosúil go ndúirt scoláire nach beo a thuilleadh gur sna torpáin nó sna cnocáiníní cré a chónaíodh na sióga. Is as *Sgéalaidhe Oirighiall* a baineadh *An Long ar Eilteoig*. agus as *Cruach Chonaill* 'Fionn Mac Cumhaill agus seacht gcatha na Féinne'. Fuair sé *Máire Ní Ruairc* i ngraiméar an Mhinistéara Uilliam Neilson. 'Ó's ré haghaidh an Oideachais Idirmheádhónaigh do cuireadh an leabhar so le chéile, is dóigh linn gur cheadaightheach dúinn buain ris na sgéaltaibh do nós nár bheanta sna leabhraibh i n-ar chéad-chuireadh i gcló iad', mhínigh sé ina stíl sheanda. Deir sé sa réamhrá nár bhain sé mórán le scéalta a haon agus a trí, ach go ndearna sé niamhghlanadh gramadúil ar 'Fionn Mac Cumhaill agus seacht gcatha na Féinne'.

Mar a mhínigh sé i mbrollach *Measgán Músgraihe—Cnuasach Beag Sgéalaidheachta* (1907), tháinig na scéalta agus an béaloideas atá sa leabhar seo ó cheantar Bhaile Bhuirne i Múscraí Uí Fhloinn, i nGaeltacht Chorcaí. Seacht scéal déag atá i gclár na scéalta. Phléamar scéalta 1 go 7 go réasúnta mion i gCaibidil 4, mar bhíodar in IG nuair a bhí Seosamh ina eagarthóir ar an iris sin agus ba shamplaí den scoth iad den 'tseanchaíocht liteartha'. Foilsíodh na píosaí eile i *Fáinne an Lae*, nó i *Banba,* agus píosa amháin, Uimhir 16, *An Siúinéir,* i nuachtán nár ainmníodh**.** D'fháiltigh sé roimh 'snas na litridheachta' sna scéalta le Mícheál Ua Murchudha ó Chúil Aodha, agus dúirt sé gur 'lorg is inleanta' é. Bhí fear amháin nach raibh sásta go gcuirfí a scéalta i gcló sa leabhar seo:

> Dob' éigean dam iad do bhaint as, & ní abraim ná gur 'sop i n-ionad sguaibe' a bhfuil annso 'na n-ionad. Acht ní fear caointe ná cáinte mé — ní mise ba chiontach leis sin — acht fear díchill do dhéanamh.

Fuair sé cabhair as cuimse ó 'Sgríob Liath an Earraigh', pé hé féin. Chuir Seosamh eagar ar chnuasach de chúig scéal a bhailigh ‘Sgríob’agus a chuir sé isteach ar chomórtais an Oireachtais (XIV, Sean-sgéalaidheacht). Foilsíodh é i 1907 faoin teideal *Madra na nOcht gCos agus sgéalta eile.*

Ní bheadh sé míchruinn ar fad a mhaíomh gur thosaigh litríocht réigiúnach na hAthbheochana i Múscraí Uí Fhloinn agus go bhfuil na céad iarrachtaí sa leabhar seo, agus go raibh ról lárnach ag an Laoideach i bhforbairt na litríochta sin.

Bailiúchán eile fós ón Mumhain a chuir Seosamh le chéile ab ea *Tonn Tóime**,*** *‘tiomargadh sean-phisreog, sean-rocán, seansgéal, sean-cheist, sean-naitheann, sean-fhocla agus sean-rádh ó Chiarraighe Luachra* (1915), an t-aon chnuasach cuimsitheach de bhéaloideas Uíbh Ráthaigh a cuireadh i gcló go dtí gur foilsíodh *Leabhar Sheáin Uí Chonaill* i 1948. Tá an leabhar mar a deir an fotheideal; is cnuasach de sheanscéalta, seanfhocal, seanráite, tomhais, seanrocán agus filíochta é, an chuid is mó de ó Chiarraí.

Ba é an Laoideach a tháinig ar mhuintir Uí Chonaill i dtús báire. Ní léir go bhfuair sé ábhar ó Sheán féin, ach fuair sé trí mhír óna mhac, mar a dheimhnigh sé ina aguisín ‘Lucht innste na sgéal &rl.’.


Seán Ó Conaill, buaċaill óg ó Baile na Sgealg i mBíb Ráṫaċ :
XXXIX—XLI. ’Sé péin a ṡgṙíob agus a ċuig ḋaiṁ-ṡa iaḋ.
’Sa Ċlaṙḋeaṁ Soluiṙ ’ṙeaḋ ċuiṁeaṙ aṗ ḋṫúiṙ iaḋ.

176. Sliocht as an aguisín ‘Lucht innste na sgéal &rl.’, *Tonn Tóime* (1948) lch. 135 .

Is amhlaidh go bhfuair Seán Óg bás i 1917 in aois a 23 tar éis bheith ag éalang ar feadh trí bliana. Luaigh Liam Ó Rinn *Tonn Tóime* agus an tagairt thuas in alt méala in ACS 24 Samhain 1917. Dhearbhaigh *ainm.ie*[137] gur mac le scéalaí Uí Dhuilearga an fear óg seo.

Ba cheann de cheithre thonn mhóra glóracha na hÉireann Tonn Tóime. Bhí sliocht ag Seosamh i litir chuig ACS, 26 Meitheamh 1915, as cuntas a scríobh Domhnall Ó Murchadha chuige faoi bhrúch (murúch nó maighdean mhara) a

[137] s.n. Ó Conaill, Seán 1865–1939.

shuíodh ar charraig agus fallaing uirthi. D'éirigh le fear de mhuintir Shé as Gleann Beithe an fhallaing a sciobadh uaithi agus é ar mhuin capaill, ach má sciob lean an Tonn é agus slogadh Ó Sé as amharc. 'Ó'n ló san n'fhéadfadh aon'ne de'n treibh sin (muintir Shé an Ghleanna) dul ar bhád ná ar long 'ná báithfidhe. Is dócha go raibh duine 'ca air an Drólann (Titanic) agus duine nú beirt eile ar an luathas ná tháinig, Lusitania,' dúirt Ó Murchadha.

Níos faide anonn sa réamhrá déanann Seosamh comparáid idir ábhar an chnuasaigh agus an litríocht a bhí curtha ar fáil cheana ag údair áitiúla Chiarraí ach ní comparáid cháinteach í. Bhí na húdair áitiúla agus údair na gcathracha ag cur i gcéill gurb í teanga uasal neamhurchóideach neamhthruaillithe na Gaeltachta a bhí ina leabhair. Is é atá á rá ag Seosamh ná gur theanga scríofa nite maisithe múnlaithe an teanga a chuir údair na nGaeltachtaí ar fáil ina gcuid leabhar, nár chaint nádúrtha na gcainteoirí dúchais í, agus go bhfuil a chruthú sin in *Tonn Tóime.*

Ba leabhar é *Eachtra Mhacaoimh an Iolair Mhic Ríogh na Sorcha*, (1912) a d'fhoilsigh Seosamh Laoide agus a chara Everard Digby go príobháideach. Is é a bhí sa leabhar, mar a mhíníonn an fotheideal, '*uírsgéal do dheahtuigheadh sa chúigeadh ceannair déag'* ag Brian Ó Corcrán, Bhiocáire Chlaoininnse. Glactar go forleathan gur scéal Artúrach an bunscéal agus tá 'Cing Artúir mac Iúir mhic Ambróis' lárnach don téacs. Is saothar cruthaitheach é, tógtha ar chnámha sheanscéil laochais agus múnlaithe thart ar an mhóitíf dhomhanda 'an t-iolar a sciobann an leanbh'.



177. Clúdach *Eachtra Mhacaoimh an Iolair* (1912)

Bhí an nóta comhaimseartha seo i gcló in *Iris Chumainn Seandalaíochta Lú*.[138] Caithfidh gurb é Énrí Ó Muirgheasa a chuir an fógra seo isteach. Molann sé an leabhar ar a áille ach tá ga faoin bpraghas san eireaball.



Eachtra Mhacaoimh an Iolair mic Riog na Sorés. Published by Hodges, Figgis & Co., Dublin. 2/6 net.

This is a fifteenth century legend, "the bones of it were obtained from a gentleman who said he got it from a Frenchman." The author is Tomas Ó Cuirrín, who died, according to an entry in the annals of the Four Masters at Cleenish in Lough Erne, 1487. The editors are Seosamh Laoide and Iorard de Teiltiun. Prefatory and notes on grammar are all in Irish. A short vocabulary is given, also notes and an index. The book is beautifully printed, and would make a splendid Intermediate text; but it is too dear.

178. Fógra do *Eachtra Mhacaoimh an Iolair* in *Iris Chumainn Seandalaíochta Lú*, Nollaig 1912

Tá an scéal spéisiúil do scoláirí a bhíonn ag obair ar na scéalta Artúracha agus ar an nasc idir na scéalta sin agus an Fhiannaíocht agus an Rúraíocht, agus déantar tagairt do leagan Sheosaimh agus Ioraird go minic.

5.10.2 Scéalta as Maigh Eo

De Ghaeilge Chonnacht, ba í canúint Mhaigh Eo is mó a chóirigh sé i réimse na leabhar. Ba é Mícheál Mag Ruaidhrí, Gaeilgeoir ó dhúchas a rugadh agus a tógadh i bhFochaill in iarthuaisceart Mhaigh Eo, an soláthraí ba bhisiúla a bhí aige. 'An Mhearthóg' an leasainm a bhíodh air. Ní raibh léamh ná scríobh na Gaeilge aige, mar bhí bearnaí ina chuid oideachais, ach bhí sé liteartha sa Bhéarla. Don Ghaeilge ba é Uilliam Soirtéal an príomh-amanuensis a bhíodh aige.

Athchló ó IG (Eanáir 1902) ba ea 'Bréaga Éireann' (1906). 'Seosamh Laoide do chuir síos agus d'eagraigh' atá le sonraí an údair, Mícheál Mag Ruaidhrí. Ba é Uilliam Soirtéal a bhreac síos *Triúr Clainne na Bárd-Sgolóige* (1914). Ba scéal fada é, níos mó ná 12,000 focal, éacht meabhraithe agus seanchaíochta ag Mag Ruaidhrí. B'éigean do Sheosamh téacs Soirtéal a leasú tríd is tríd ach rinne sé i gcomhair le Mag Ruaidhrí é:

> Do léigheas féin os comhair 'na Mhéarthóige' é agus do bhrígh an léighte sin dob' éigean dam mórán mór de na foclaibh d'athrughadh, ó thárla nár mhol an sgéalaidhe an chaoi i rabhadar i sgríbhinn

[138] ***Journal of the County Louth Archaeological Society* 3, Uimh. 1, Nollaig, 1912, 115.**

> cheana.... Gheobhfar roinnt focal ins an sgéal so freisin nach fuil mórán tuairisge ortha ins na foclóiríbh.... Tugadh gach aon mhíniughadh ortha so dob' fhéidir a thabhairt, agus a fhios againn nach mbeidh an míniughadh le fagháil leith-chéad bliadhain ó indiu.

Ba ghné eile de mhianach cóir an scoláire a fuair Liam Mac Mathúna sa Laoideach (2000-2001:94) an meon caomhnaithe sin.

179. Clúdach, *Mac Mic Iasgaire Bhuidhe Luimnighe* (1909)

Ba é Seosamh a bhreac síos *Mac Mic Iasgaire Bhuidhe Luimnighe* (1909). Scéal cuibheasach fada do leabhrán is ea é seo, 10,000 focal ann. Insint fhoclach atá ann; taispeánann Mag Ruaidhrí a líofacht agus is dócha gurb é an muirbhrúcht sin de Ghaeilge Mhaigh Eo a bhí ón Laoideach dáiríre. Is märchen idirnáisúnta é freisin gur féidir a rangú faoi mhóitíf ATU 500 de chuid Aarne-Thompson-Uther, ‘an bhean a thugann suas a céad pháiste do neach osnádúrtha mar mhalairt ar fhóirithint in am an ghátair’.

Níorbh é Seosamh ach Liam Soirtéal a bhreac síos na scéalta i *Lúb na Caillighe agus Sgéalta Eile*, ar iarrachtaí do chomórtais an Oireachtais iad, ó Mhícheál Mag Ruaidhrí. Ba iad ‘Lúb na caillighe’, ‘Ó Leó Leobáin’, ‘Gobán Saor agus a mhac’, ‘Naomh Pádraic agus Crom Dubh’ na scéalta. Chuir Seosamh eagar orthu don chló. Bhí léirmheas, nár síníodh, ar an leabhar in ACS 22 Deireadh Fómhair 1910. ‘The tales were written down by Uilliam Soirtéal, and to him much credit is due,’ léimid ansin. Is beag an chreidiúint a thug Seosamh do Shoirtéal, scoláire measúil, sa réamhrá. Ag gearán faoi litriú an scríobhaí a bhí sé:

> An té do sgríobh na sgéalta ó bhéalaithris na "Méarthóige," .i. Uilliam Soirtéal, do bhí spéis aige i litriughadh éigin tharam-sa, agus níor fhéadas gach aon den tsórt sain d'athrughadh ar chuma go mbeadh sé ag teacht le fuaim na canamhna féin.



"LUB NA CAILLIGHE."

This is a book of four folk-tales told by Micheal Mag Ruaidri. Seosamh Laoide is the editor, and the Gaelic League are the publishers. The tales were written down by Uilliam Soirteal, and to him much credit is due. They are less concerned with the world of magic than folk-tales usually are, and they do not touch at all on the fairy world. They contain a lot of the wit and shrewdness of country people. Three of them are told in explanation of *seanfhocla*, and these three are of a high-class of folk stories. The vocabulary, compiled by the editor, is exhaustive, the Ulster and Munster meaning of words being given when the meaning is not the same as in Chonnacht. The topographical appendix makes the book invaluable. The knowledge of places he had never seen which Micheal Mag Ruadhri displays is unusual and the exactness with which An Laoideach locates insignificant places most praiseworthy. A man requires patience and devotion to duty for that kind of work. The Irish of this book, like all good Irish, will be understood in every part of the Gaedhealtacht. The price is 6d. net.

P.S.—What has caused An Laoideach to be so aggressive in his *reamhradh?* It sounds like something out of St. Jerome.

180. Léirmheas ar *Lúb na Caillighe agus Sgéalta Eile* in ACS 22 Deireadh Fómhair 1910.

Tá ceist san iarscribhinn don léirmheas thuas: ‘What has caused An Laoideach to be so aggressive in his réamhrádh?’ Seans gur ciontach a bhraith sé nó go raibh sé ag súil le hionsaithe toisc gur bhuail sé leagan foghrúil ó bhéal Mhig Ruairí féin anuas ar leagan Soirtéil, nach raibh foghrúil. Theastaigh ón Laoideach go mbeadh ‘fuaim na canamhna’ sa téacs.

Gabhann sé buíochas le Mag Ruaidhrí a d’fhreagair a cheisteanna agus freisin le ‘Pádraig Mac Piarais, .i. árd-mhaighistir Sgoile hÉanna i bhFiodh Cuilinn i ngar do Raghnallach Bhaile Átha Cliath.... i dtaoibh gur leig sé dham caint do dhéanamh leis an sgéalaidhe i bhfód na sgoile’.

Tá an t-iarnóta seo aige faoi *Lúb na Caillighe agus Sgéalta Eile* (1910):

> Seansgéal do leagadh ar fhoghmharaidhe tháinig ar ais go Connachtaibh o'n Lúib i gContae Dhoire agus sgéala aige ar an droch-aoide fuair sé san áit sin. An seanfhocal úd ‘Buailteán Coll, agus rl.,’ is dá mhíniughadh innistear i dTír Amhalgadha é.

Is sráidbhaile beag An Lúb (The Loup) ar bhruach thiar Loch Eathach i gCo. Dhoire. Tá seanrá súisteála ann, *'Buailteán coll; colpán cuilinn; urlár lom; agus aon phunann.'* Tá móitífeanna idirnáisiúnta béaloidis i *Lúb na Caillighe,* téama an ‘succubus’, an tromluí, an ‘nightmare’ ina bhrí chruinn.

Tugann an scéal ‘Ó Leó Leobháin’ míniú eile dúinn ar an seanrá 'Poll Tigh Ó Leó Leobáin' nó 'Poll Tighe Liabáin', ar shofhriotal d'Ifreann é. Baineann ‘Ó Leó Leobháin’ leis an iománaíocht. Sagart Ultach, imreoir a ghortaíodh i gcluiche le Connacht, a chuir an mhallacht ar an gcúige sin. Caithfidh go bhfuil gaol ag Liabán/Leobáin le Clann Lóbais, an cineál Ifreanda a luaitear i scéalta mar *Parlaimint Chlainne Thomáis*.

Baineann an ceathrú scéal le Naomh Pádraig agus Crom Dubh. Ba thaoiseach Crom Dubh, dar le Mag Ruaidhrí, a chónaigh sa Dún Briste gar do cheanntíre Dhún Phádraig, ach sa mhiotaseolaíocht ba é an dia págánach Crom Cruach é. Is é is cuspóir don scéal seo na háitainmneacha sin a mhíniú. Tá an mhiotaseolaíocht seo ábharach d'oilithreacht na Cruaiche ar Dhomhnach Chroim Dhuibh.

Deir Seosamh san iarnóta:

> Ní'l ins an ruidín seo acht truailleadh do ghabh sgéal Chruim Chruach (i mBeathaidh Phádraig Naomhtha) de chur tré chéile éigin, .i. idir an bun-sgéal agus bréig-sheanchas ar áit-ainmneachaibh i dtuaisceart Thíre hAmhalgadha.

Is ábhar suime fós na scéalta seo d’údair a dhéanann taighde ar an mhiotaseolaíocht.

181. Leacht Mhic Ruaidhrí i bhFochaill, Maigh Eo, áit ar rugadh é

Luaitear trí fhoilsitheoir difriúla le *Scéalta gearra soléite an iarthair* cruinnithe ag Mícheál Ó Tiománaidhe agus Domhnall Ó Fothorta (1906) i gcuntais na Leabharlainne Náisiúnta, M.H. Gill, James Duffy, agus an Conradh. Níl leid ar bith agam gur tháinig an leabhar faoi lámh an Laoidigh ar chor ar bith, ach tá an t-eagrán thuasluaite (1910), atá ar *archive.org*, curtha le chéile go críochnúil

agus tá foclóir slachtmhar ann, suaitheantas an Laoidigh. Deich scéal atá ann. Bhailigh Ó Tiománaidhe ocht gcinn acu agus chuir Domhnall Ó Fotharta dhá scéal isteach a bhí foilsithe cheana i *Siamsa an Gheimhridh*. Uilliam Pléimeann, Peadar Mac Énrí agus Seán Ó Conlacháin, as Iorras agus Oileán Acla, na scéalaithe.

Bhí leabhar eile ag Mícheál Ó Tiománaidhe ar liosta Uí Tháilliúir do 1906—*Targaireacht Bhriain Ruaidh Uí Chearbáin agus stair-sheanchas le cois*. Níor éirigh liom teacht ar an leabhar seo ach tá an scéal féin, faoi fheirmeoir in Iorras a raibh bua na tairngreachta aige, sna *Sgéalta Gearra* freisin.

Is leabhar gearr seanchais ó Mhaigh Eo, 1,200 focal, *Súil Uí Dhubhda le Ard na Ríogh*, le Sean Ó Ruairí (1906). Deirtear 'Súil Uí Dhubhda le hArd na Ríogh' nuair a bhíonn duine ag súil le rud éigin nach dtarlóidh. Bhí an scéal seo in IG, eagrán Iúil 1903. Mar a mhíníonn Ó Ruairí, bhain na Sasanaigh a dtailte agus a dteach mór in Ard na Ríogh, in aice le Béal an Átha, de mhuintir Uí Dhubhda, agus bhí siad i gcónaí ag dréim go mbeadh an teach agus na tailte ina seilbh arís acu.

5.11. An Fhiannaíocht 1903-1918

182. Clúdach *Fian-Laoithe* (1917)

'Cnuasach maith cruinn' a thug Tórna (1933:11) ar *Fian-Laoithe* (1917), an leabhar deiridh a chuir an Laoideach le chéile. 'Is fada spéis agam isna laoithibh Fiannaigheachta,' a scríobh sé ina réamhrá. Ní raibh i gceist aige riamh sna hiarrachtaí seo anailís chriticiúil a dhéanamh ar an téacs ná *textus primus* a chruthú.

> Admhuighim go ndearna corr-dhearmad i dtéx, i dteangaidh agus i dtagra... Ní raibh riamh agam orm féin ach meas *commilitonis*, ag tabhairt cómhchoisíochta dom léighthoiribh agus a shaor-chead aca sain feabhas a chur ar a ndearna féin.

Leabhar scolártha ba ea *Fian-Laoithe* ina ainneoin sin. Chuir sé na laoithe le chéile ó leaganacha Albanacha agus leaganacha Éireannacha. 'Seo an chéad leabhar inar baineadh úsáid as leagadh Albanach ar laoidh', scríobh sé sa réamhrá céanna.

Bhí *Leabhar na Féinne* leis an Albanach J. F. Campbell mar fhoinse nó mar théacs comparáide aige do 'Chrosánacht an Iubhair', 'Duan Fhraoich', 'Laoi Airghinn Mhóir', 'Laoidh Mhaghnuis Mhóir', agus 'Rosg Ghoill Mhic Mhóirne'. Mar léargas ar chorpas na Fiannaíochta in Albain, tá 54,000 líne Fiannaíochta áirithe i *Leabhar na Féinne* féin.

Leabhair eile ar bhain sé úsáid astu ba ea *Reliquiae Celticae* le hAlasdair Cameron, *Silva Gadelica*, *Reliques of Irish Poetry* le Charlotte Brooke, agus *Laoithe Fiannuigheachta* (1859) le Seán Ó Dálaigh. I *Leabhar Uachtaráin Leasa Móir* a fuair sé *Imtheacht Ochtair* agus *Duan Fhraoich*. Luann sé *Laoidh Airghinn Mhóir*. Bhí cúig véarsa dhéag ag na hAlbanaigh nach raibh sa leagan is fearr a fuarthas in Éirinn. Chuidigh an laoi seo leis ina anailís ar an áitainm 'Druim Dearg' sa *Journal of the County Kildare Archaeological Society*[139].

Bhí sé ina chomhúdar le E.J.W. Gwynn, Ollamh le Teangacha Ceilteacha san Acadamh Ríoga, ar alt dar teideal 'The burning of Finn's house', in *Ériu 1* (1904: 13–37), inar chruthaigh Seosamh, le samplaí, go gcantaí na laoithe Fiannaíochta agus chuir sé ceol ar fáil do roinnt véarsaí. I *Fian-Laoithe* tugann sé samplaí de leaganacha canta in Albain. Bhí Gwynn ar na scoláirí a mhol Seosamh do bhallraíocht an Acadaimh i mí Feabhra, 1908.

[139] (Iml. 8, 1915-17, 364-7).



183. Leagan canta ó Albain de laoi Fhiannaíochta, ‘Dún Fraoich’

Is cuimhin linn go raibh *Teacht agus Imtheacht an Ghiolla Dheacair agus Tóruigheacht Chonáin agus a Chuideachtan* (1905) mar shraithscéal in IG i sleachta míosúla ó Eanáir go Samhain 1900. Bhí foclóireacht an leabhair iomlán agus scolártha, seasca leathanach de. D'ullmhaigh sé 'Clár Pearsan' agus 'Clár Áiteann' freisin a léirigh eolas cuimsitheach faoin bhFiannaíocht. San iarscríbhinn (80-89) tugann sé saghas achoimre ar an scéal, ach dáiríre is ag déanamh iontais de chruthaitheacht an údair sa 16ú haois atá sé.

> Cibé staraí do chum ní frith alt lag ann ó thús go deireadh. ...

Bhain na Tóraíochtaí agus na hEachtraí agus na laoithe ionad buan amach dóibh féin ar na curaclaim oideachais faoi Rialtas na Breataine agus faoin Saorstát ina dhiaidh sin. Bhí sé seo sa chéad alt den réamhrá a chuir sé le *Deargruathar Chonaill Chearnaigh,* a bheas á phlé againn ar ball:

> Do chuireas-sa (bhí roinn agam 'san obair sin ar aon chuma) ‘Teacht & Imtheacht an Ghiolla Dheacair & Tóruigheacht Chonáin agus a Chuideachtan’ os comhair an phobail Ghaedhealaigh tá dhá bhliadhain ó shoin ann. Ní fhuil éinneach beó.... nár chuir fáilte & fialgus roimh an leabhar soin tráth tháinig sé amach.



184. Clúdaigh *Bodach an Chóta Lachtna,* 1906 agus 1926

Foilsíodh *Bodach an Chóta Lachtna* mar leabhar i 1906. Bhí sé in ACS mar shraithscéal ó eagrán 19 Nollaig 1903 go heagrán 13 Feabhra 1904. Is é atá ar chlúdach an leagain thuas ar chlé ná 'Pádraic Mac Piarais a chuir in eagar'. Tá go leor eagrán eile amuigh ansin, ó 1906 agus ó bhlianta eile, agus is é atá scríofa orthu na ‘Ar n-a chur in eagar do Phádraic Mac Piarais’. Ciallaíonn an casadh sin, im’ thuairimse, gur chuir an Piarsach an scéal le chéile, maille leis an ngluais agus na nótaí do ACS ach gur ullmhaigh duine éigin eile leagan na hirise don chlódóir. Níl ’fhios agam arbh é an Laoideach a chuir eagar air, nó an bhfuil admháil sa bhrollach dá chabhair. Bheadh lámh éigin aige ann ar chaoi ar bith mar Eagarthóir na Leabhar.

Bhí an eagarthóireacht críochnúil. 'The editor, in my opinion, has done his work well. I have not noticed a misprint from cover to cover,' a scríobh an léirmheastóir 'Íbh Máine' , e.g. An tAthair Tomás Ó Ceallaigh, in ACS, 2 Feabhra, 1907. Mhol sé cuma an leabhair freisin:

> The little book is beautifully turned out by An Cló-Chumann with a frontispiece by Seaghán Mac Cathmhaoil in that striking and delightful style of art with which his name has been associated.

Tá téama láidir idirnáisiúnta ag an scéal, ‘An dia a tháinig go talamh chun cabhrú le pobal a bhí i bponc gan réiteach’. D’ullmhaigh an Piarsach an leagan seo as lss 23M, 19M agus 23M agus 49A atá in Acadamh Ríoga na hÉireann.

Níor fhoilsíodh *Bruidhean Chaorthainn* (1908) in ACS. Bhí tagairt ag an bPiarsach féin don bhaint a bhí aige leis an Laoideach ina réamhrá do *Bruidhean Caorthainn*, mar a thug Ciarán Bairéad faoi deara:

> Níor mhór dom mo bhuidheachas a ghabháil ....le Seosamh Laoide , ní hé amháin as ucht fromhtha an leabhair seo a léigheadh agus a cheartughadh dhom, acht as ucht a bhfuaireas de theagasc agus de threorughadh agus de dheagh-chomhairle uaidh le dhá bhliadhain déag anuas.

Níl *Bruidhean Chaorthainn* luaite ar liostaí pearsanta Sheosaimh de na leabhair a léigh sé roimh ré agus a chuir sé in eagar ach tá sé soiléir ó admháil an Phiarsaigh thuas gur léigh sé agus gur cheartaigh sé profaí an leabhair sin. Tá sé réasúnta a shamhlú gurb é a rinne an profú ar *Bodach an Chóta Lachna*. Is admháil é freisin ar mheantóireacht an Phiarsaigh ag an Laoideach 'le dhá bhliadhain déag anuas', sé sin ó bhí an Piarsach sé bliana déag d'aois.

Shíl mé gur leagan tíre *Troid Bhaile an Droichid*: *Sgéal fá Bhruighin Chaortháin do Troideadh i dTír Chonaill* (1907), le Séamus Mac an Bháird den scéal Fiannaíochta liteartha, *Bruidhean Chaorthainn*, ach is scéal cruthaitheach é faoi bhruíon fhaicsin idir na Baoilligh agus na Gallchobharaigh a tharla ag aonach Bhaile an Droichid, baile beag ar an tír mhór os coinne Oileán Thoraí amach. Cloiseann Séamas Mór Mac Duibhir faoin aonach a bheidh i mBaile an Droichid sa tír mhór. Tá sé meáite ar a dhul ann. Ní díol ná ceannach atá ina chloigeann ach go mbraitheann sé faoi gheasa taca a thabhairt dá ghaolta, na Gallchobharaigh, sa ghráscar dosheachanta a bheidh ann in aghaidh na mBaoilleach.

Sa sliocht thíos, as Mír a Dó in ACS, 18 Meitheamh 1904, tá sé ag saighdeadh leis an Laoideach mar shaoi beadaí gramadaí. Tá sé seo sna lúibíní: (a Eagarthóir, a chroidhe, ná nocht seo do'n Laoideach óir rachaidh sé a shéideadh na mbolg ar ais fá 'shéideadh na mbuilg!'.)



D'eirigh Séamus ⁊ Caitlín an-
chartannach le chéile 'ndiaidh an tamaill
údaidh de ṡéideadh na mbuilg (a
Eagarthóir, a chroidhe, ná nocht seo
do'n Laoideach óir rachaidh sé a
ṡéideadh na mbolg ar ais fá "ṡéideadh
na mbuilg!"). Níor bhfada go raibh
Séamus féin ⁊ gléasta suas fá
choinne an bhealaigh.

185. Sliocht as Mír a Dó, *Troid Bhaile an Droichid,* in ACS, 18 Meitheamh 1904

Ba é an Piarsach an t-eagarthóir; mar sin bhí an bheirt acu ag déanamh fonóide faoin Laoideach, ach creidim gur fonóid cheanúil a bhí inti.

Léigh Seosamh *Céadtach Mac Fhinn as Éirinn*, *seanscéal as Cois Fharraige* (1907) a bhailigh Eoghan Ó Neachtain ó Thomás Mac Céidigh, agus chuir sé in eagar é. Is cosúil gur scéal ón litríocht é a d'athchruthaigh é féin mar scéal béaloidis.

Leabhar eile a chuir sé in eagar ba ea *Cath Fionntrágha*, *Aith-innsint ar an Seinsgéal as Gaedhilg na haimsire seo* (1913), le Pádraig Ó Siochfhradha. Chuir sé foclóir, 'Clár inniste áiteanna' agus 'Clár inniste pearsan' leis. Léirítear gaisce Fhinn Mhic Cumhaill ann agus é ag cosaint na hÉireann in aghaidh ionraidh 'Rí an Domhain', Dáire Donn, ar thrá Fhionntrá.

Bhí dhá léirmheas eile as Béarla in eagrán na Nollag 1911 de ACS**,** ceann leis 'An Buachaillín Buidhe' agus ceann gan síniú. Ní raibh iontu, áfach, ach suimiú den scéal. Bhí an cur síos seo ar an leabhar féin sa léirmheas gan síniú:



That telling is done in simple, flowing, eloquent, modern Irish, and while it keeps a little to the style of the seanchaidhe, it is neither florid nor verbose, but a vivid, simple and picturesque narrative throughout.

The present version of this famous story runs to 107 pages, and is prefixed by a table of contents. The book is beautifully printed, and bound in cloth, and is published by the Gaelic League at 6d. nett.

186. Sliocht as léirmheas in ACS ar *Cath Fionntrágha*

(That telling is done in simple, flowing, eloquent, modern Irish, and while it keeps a little to the style of the seanchaidhe,, it is neithe florid

> nor verbose, but a vivid, simple and picturesque narrative throughout.... The book is beauifully printed and bound in cloth....)

Seaghán Ó Cadhla, Cuilínn Uí Chaoimh, Sráid an Mhuilinn a bhreac síos *Eachtra Fhinn Mhic Cumhaill le Seachrán na Sál gCam* (1906) ó Thadhg Ó Conchobair sa pharóiste sin. Sheol sé chuig Eoin Mac Néill é, agus d'fhoilsigh seisean in IG é mar shraithscéal ó eagrán Feabhra 1897 ar aghaidh. Shocraigh Coiste na gClódhann an scéal a fhoilsiú mar leabhar i 1906. Níl lorg an Laoidigh le sonrú sa leabhrán seo. Is le hEoin Mac Néill amháin na sonraí eagarthóra ar an leathanach teidil.

Eachtra ...

EACHTRA FINN MHIC CUMHAILL

le seachrán na sál gcam.

sgéal fiannaidheachta.

Seaghán Ó Cadhla

do chuir fior.

Eoin Mac Néill

do chuir i n-eagar.

529636
23.10.51

Ar n-a chur amach
do
Chonnradh na Gaedilge,
i mbaile átha cliath.

1906.

187. *Eachtra Fhinn Mhic Cumhaill le Seachrán na Sál gCam* (1906)—Clúdach

5.12 *An Ceithearnach Caoilriabhach*

Chuir an Laoideach réamhrá agus foclóir le *An Ceithearnach Caoilriabhach, a eachtra agus a imtheachta i gCuigeadhaibh Éireann* (1910) le Pádraig Ó Siochfhradha, 'An Seabhac'. Bhí sé mar shraithscéal sa mhíosachán *An Lóchrann* ó eagrán na Samhna 1908 ar aghaidh. Arís an dia a thagann go talamh, a sháraíonn an namhaid ach ar choinníollacha nach féidir glacadh leo, atá againn. Bhí léirmheas ag Fiachra Éilgeach (Risteárd Ó Foghludha) in ACS **,** eagrán 16 Aibreán 1910. Bhí tuin mhilleánach leis an alt ar fad. Seo sampla:

> D'eagla éinne 'á fiafraighe dhíom cad ba ghábha congamh beirte chum oibre an leabhairín seo, ní misde innsint go bhfuil suas le leath-chéad leathanach ann, agus sé leathanach aca sa bhreis ag an Seabhac ar an Laoideach.

Cáineann sé an litriú, e.g. 'sein-sgéal' agus a leithéidí. Cuireann 'bagpipes' mar mhíniú ar 'cuisleanna' i bhfoclóir an Laoidigh múisiam ar leith air. San fhoclóir, deir sé le huafás, tá 33 líne aige faoi 'arbhú', sé sin an réamh-mhír ama 'arú'.



188. *An Ceithearnach Caoilriabhach leis* 'An Seabhac', 1910

Deir Philip O'Leary (1994:244, nótaí) gur ghearán Seán Mac Énrí le Coiste na gClódhann go raibh sé féin ag obair ar leagan den scéal seo freisin ach gur phreab leagan an tSeabhaic isteach roimhe. Níor saolaíodh leagan Mhic Énrí ach d'fhoilsigh an Conradh *Ceithearnach Uí Dhomhnaill* nó *Eachtra an Cheithearnaigh Chaoilriabhaigh*, curtha in eagar ag Énrí Ó Muirgheasa, 'as láimhsgríbhinn Oirghiallaigh', i 1912. Ba é Ó Muirgheasa an t-eagarthóir, ar ndóigh, ach tá an leabhar seo freisin ar liosta pearsanta an Laoidigh de na leabhair a chuir sé in eagar. Tá difríochtaí sa scéal seo, mar a mhínítear sa nóta ar an suíomh idirlín *askaboutireland.ie.*

> Ba thragóid nó an ghaiscíocht a bhí i bhfurmhór shean-scéalta na hÉireann ach is greann atá sa scéal seo..... Tá draíocht ag an gCeithearnach sa scéal seo agus tá sé ar a chumas an dubh a chur ina bhán ar chách.

5.13 An Rúraíocht: *Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne* agus *Deargruathar Chonaill Chearnaigh*



189**.** *Brisleach* SL (1915) agus *Deargruathar* SL(1907)

De réir an réamhrá do *Brisleach*, theastaigh ón Laoideach an scéal ar fad, san ord ceart, mar atá sé sa Lámhscríbhinn 23. K. 7 a bhí san Acadamh Ríoga, a fhoilsiú ach níor ligeadh dó mar chuirfeadh sé leis an gcostas. D'fhoilsigh sé leaganacha IG go lom, gan réamhrá, gan ghluaiseanna, gan nótaí. Gnáthphobal na Gaeilge a bhí ina aigne aige mar lucht léitheoireachta. Bhí sleachta as an Táin foilsithe cheana ag Windisch, ag Whitley Stokes, ag Marstrander, ag Standish O'Grady agus ag scoláirí agus scríbhneoirí eile, ach níor fhreastail siad ar an bpobal seo.

Osclaíonn *Brisleach* an Laoidigh le habairt 167 focal. Tá fir Éireann, faoi cheannas Aillill agus Mhaebha, briste go dearfa ag Cú Chulainn. D'fhág na comhraic na céadta dílleachta díoltasacha. I measc na laochra a mharaigh an Cú bhí Cailitin agus a sheacht mac fichead. D'fhág Cailitin a bhean torrach agus in am tráth rugadh seisear di in aon bhreith amháin. D'uchtaigh Maebh iad. D'oil sí iad agus aidhm amháin aici, go dtitfeadh an Cú leo nuair a thiocfadh an t-am. Seacht mbliana déag ina dhiaidh sin bhí an t-am tagtha.

I *Deargruathar Chonaill Chearnaigh*, críochnaíonn Conall Cearnach a ruathar díoltais; tá cinn na ndaoine a mharaigh Cú Chulainn ar an ngad aige; triallann sé ar Dhún Dealgan agus ar Eimhear le cur in iúl di go bhfuil an díoltas cuí do mharú a céile, Cú Chulainn, bainte amach aige. Bíonn agallamh beirte i rannaíocht idir Chonall Cearnach agus Eimhear ina n-iarann sí ar an sárlaoch na

cinn ar a ghad a ainmniú di. Deir Eimhear gur féidir Cú Culainn a adhlacadh anois, agus go mbeidh sí ag dul in aon uaigh leis, mar níl fonn ar bith uirthi fanacht beo agus é marbh.

Tá na tréithe ar fad bainteach le heipic an laochais ag na sleachta as an Táin a thras-scríobh Seosamh ó lámhscríbhinní san Acadamh Ríoga—cumhachtaí an oilc ionchollaithe i muintir Chailitin fostaithe ag Maedhbh agus cumhachtaí na maitheasa, atá níos laige, faoi riar ag Cathbhadh, draoi Chonchubhar Mac Neasa, mar chosaint do Chú Chullain ach tá an chinnteacht ann nach féidir an chinniúint a shárú go marófar an laoch. Tá dul na tragóide clasaicí ar an *Deargruathar* freisin, dráma díoltais ag druidim go maorga ach go fuilteach chuig féinbhású Eimhire.

'Is gleoite an chaint atá ann go deimhin', deir sé ina réamhrá don *Deargruathar*. 'Badh dheacair í do shárughadh ar dheise agus ar bhinneas.'

Is scéal Rúraíochta é *Sgéal Chú Chulainn ag Cuan Carn* (1906) Baineann an scéalaí leas as na gnáthruthaig. Bhí sé in eagrán an Mheithimh 1902 d'IG ar dtús. Tá an scéal seo i leagan Windisch den *Táin* ach tháinig an leagan a d'fhoilsigh Seosamh ó bhéalaithris seanchaí, Pádraig Ó Beirn, Mín na Gualainne, Gleann Finne, Tír Chonaill, foinse níos suimiúla, b'fhéidir, a thógann an cheist dóibh siúd ar suim leo anailís mhoirfeolaíoch na seanscéalta: conas a shleamhnaigh an scéal liteartha seo isteach sa bhéaloideas réigiúnach?



190. Leabhair Rúraíochta Thomáis Uí Nualláin

Athscríobh ón tSean-Ghaeilge ba ea *Comhrac Fhir Diadh* (1914) leis, leabhrán de 45 leathanach ag cur síos ar chomhrac go bás as an Táin idir Chú Chulainn agus a chara Fear Diadh, a bhí ag troid ar son Fhir Éireann. Mar áis teagaisc i leith '*Stories from the Táin'* le John Strachan a scríobh Tomás Ó Nualláin *Giolla na Tána,* 1914.

Iar-Íosánach nár oirníodh a bhí ina Ollamh i gColáiste na Tríonóide ba ea Tomás Ó Nualláin. Bhí sé pósta le Máire de Buitléir, 'bean athbheochana' mar a thug a beathaisnéisí, Mairéad Ní Chinnéide, uirthi, agus duine d'údair Sheosaimh. Scoláire ileolaíoch a bhí ann a rinne a lán ar son na Gaeilge agus na hAthbheochana, mar is léir ón áireamh ar a shaothar ina bheathaisnéisín ar *ainm.ie*.

Chuir Tomás Seosamh i gcruachás nuair a fuair sé bás gan choinne i mí na Nollag, 1913, mar a mhíníonn Seosamh féin ina réamhrá do *Giolla na Tána*. An fliú, is cosúil, a sciob leis é in aois a bhliain agus dhá scór. 'Sé monuair ghéar dheachrach gur éag ughdar an leabhráin seo (beannacht dílis Dé le n-a anam!) sula a bhfuair an clódóir féin é. Dá bhrígh sin tharla nár léigh sé na fromhtha. Do bhí an obair sin d'ualach agus d'fhiachaibh orm féin im aonar. Ar a léigheadh dham do leanas go fíor-dhlúith den ádhbhar cló do chuir an t-ughdar le chéile go déidheanach. Níor athruigheas an leitriughadh go mór ach ionnta seo amháin---(tugann sé an litriú leasaithe). Seosamh Laoide.



BROLLAC.

'Sé monuair ġéar ḋeacṁaċ ġur éaġ uġḋar an leaḃráin reo (beannaċt ḋílir Ḋé le n-a anam!) ṫuil a ḃfuair an clóḋóir féin é. Ḋá ḃríġ rin ḋo ċáṁla náṁ léiġ ré na fromḟa. Ḋo ḃí an obair rin ḋ'ualaċ aġur ḋ'fiaċaiḃ orm féin im aonar. Aġ a léiġeaḋ ḋam ḋo leanar ġo fíor-ḋlúiṫ ḋen aṫḃar cló ḋo ċuir an t-uġḋar le ċéile ġo ḋéiḋeanaċ. Níor aṫruiġear an leiṫriuġaḋ ġo mór aċt ionnta ro amáin, .i. ón Ḋaṫḋa, 8; ṫaoi rin (" um roin " a ḃí ran aṫḃar cló), 20; aġur ṫallṫġairḋe (" ṫo-loṙeċa "), 23. Na ṫuḋaí eile, níor ḃ'fiú ḃiorán ir iaḋ maṙ aṫruġaḋ, cuir i ġcáṙ, ina i n-ionaḋ in a, ᵹᵲᵢ.

SEOSAMH LAOIDE.

191. Réamhrá SL do *Giolla na Tána*.


CONCUBAR MAC NEASA

STAIR-SEANCAS CURAD NA CRAOBRUAIDE.

Peadar Mag Fionnghaile

do deachtuigh.

"Is cuid dár n-oigfeacht a fséala agus a dtuairisg agus ná leigimíd i ndearmad nó i neimhní iad go bruinne an bráca."—l. 77.

Clódanna, Teo.:

Ar n-a cur amach

do

Connrad na Gaeilge

i mBaile Átha Cliath.

1914.

192. *Conchubhar Mac Neasa* le Peadar Mhag Fhionnghaile

Is é atá i *Conchubhar Mac Neasa*: *Stair-sheanchas Curadh na Craobhruaidhe* le Peadar Mhag Fhionnghaile (Peadar Mac Fhionnlaoich) ná forbhreathnú ar an Rúraíocht. Is é a léargas, le ceart, go bhfuil rí Uladh, Conchubhar Mac Neasa agus Eamhain Mhacha, lárnach don chóras miotaseolaíochta ar a dtugtar an Rúraíocht.

Tá 'stair-sheanchas' cruinn mar fhotheideal. Sa réamhstair atá na himeachtaí seo suite, ach tá dóthain fianaise ann, creideann sé, le glacadh go raibh fírinne áirithe stairiúil le Conchubhar agus leis an Chraobh Rua ar a laghad agus tá tacaíocht na gcroinicí agus na n-annála aige dó sin. Déanann sé fráma ama amach do ghníomhréim Chonchubhair atá inchreidte. Chuir Seosamh nótaí (tagra), foclóir, agus 'Cóir Anmann' cuimsitheach leis an saothar. ‘Peadar Mac Fhionnghaile do dheachtaigh’ atá i sonraí an údair ach ní luaitear amanuensis.

5.14. Filí na Mumhan i gcló

Maidir le hamhráin agus dánta na bhfilí aitheanta, níor tháinig ach ceithre chnuasach de shaothar fhilí na Mumhan amach le linn don Laoideach a bheith ina eagarthóir ginearálta, *Dánta Phiarais Feiritéir, maille le beathaidh an fhilidh*

is foclóir iar n-a gcruinniughadh agus a gcur i gcéad-eagar leis an Athair Pádraig Ua Duinnín (1903)**,** agus *Amhráin Thaidhg Ghaedhealaigh Uí Shúilleabháin***, (**1903), leis an údar céanna**;** *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt, an té ba Cheann Comhairle ar Chúirt na mBúrdún, maille le cunntas éigin ar a bheathaidh agus foclóir* le Risteárd Ó Foghludha ('Fiachra Éilgeach') (1905); *Dánta Sheáin Uí Mhurchadha na Ráithíneach* ar n-a dtiomorgadh agus ar n-a gcur i n-eagar do Thadhg Ó Donnchadha (1907)**.**



193. *Dánta Sheáin na Ráithíneach* (1907) agus *Bolg an tSoláthair* (1904)

Níl na ceithre leabhar seo ar liosta pearsanta Sheosaimh de na leabhair a chuir sé in eagar. An cur síos aicmeach nó tagartha do na daoine a chuir na leabhair seo le chéile ná 'eagarthóirí'. Ní bheadh slí don dara heagarthóir, cé gur dócha go ndearna Seosamh cóipeagarthóireacht nó b'fhéidir promhadh ar an dá leabhar leis an Duinníneach agus ar leabhair Uí Fhoghludha agus Uí Dhonnchadha. Ar chaoi ar bith níl rian de scrúdú an Laoidigh le sonrú sna téacsanna seo. Faoina chúram mar eagarthóir ginearálta, áfach, a tháinig siad amach.

Fionán Mac Coluim a bhí i bhfolach taobh thiar den ainm cleite 'Finín na Leamhna'. Chruthaigh Fionán ina shárbhailitheoir ceolta traidisiúnta ó ceapadh ina mhúinteoir taistil é. Luaitear in *ainm.ie*[140] gur thaifead Ciarán Mac Mathúna caoga uair a chloig de chláir radio as comhráití leis agus cuimhní cinn uaidh faoi na hamhráin a bhailigh sé.

[140] Mac Coluim, Fionán (1875–1966), ceadaithe 3/12/2018.

Bailiúchán de sheanrabhcán nó de sheanbhailéad ó Chúige Mumhan a bhí ann faoin teideal *Bolg an tSoláthair* (1904), teideal a úsáideadh go minic ó shin chun meascán mearaí i bprionta nó sna meáin chumarsáide a chur in iúl. Ceann de na hamhráin a bhí sa '*Bholg'* a bhí i gcló den chéad uair ach atá i repertoire gach amhránaí traidisiúnta ó shin ba ea 'Cáit Ní Dhuibhir'. Bhí lán eile a bhain áit amach sa repertoire céanna: 'An táilliúir aerach', 'Siúl a rúin', 'Inghean an Phalaitínigh', 'Táim in arrears', 'Ar mo ghabháil go Baile Átha Cliath dom', 'An túirnín lín', 'Séamas mo mhíle stór'. Tá dhá scéal ann freisin, 'Bean an dá ghé' agus 'Seaghán Ua Ceallaigh agus an Bás'.

Cnuasach 'sean-rócán' b'ea *Smóilín na Rann* (1908) chomh maith. Tá amhrán agus scór ann. Den chuid is mó is amhráin neamhchoitianta iad, cé gur bhuanaigh 'Bó na leath-adhairce', 'Táim breoite go leor', 'A spailpín a rúin', 'Goidé sin don té sin' iad féin i gceolta phobal na Gaeilge.

D'atheisigh agus mhéadaigh Fionán *Duanaireacht do leanbhaibh* (1914), mar *Cosa Buidhe Árda Cuid 1* (1916) agus *Cosa Buidhe Árda Cuid II* (1923), iad araon foilsithe ag Muintir Uí Fhallamhain, Baile Átha Cliath. Chuidigh sé go mór le repertoire na n-óg a chruthú go ceann céad bliain i ndiaidh fhoilsiú na n-amhrán le h-amhráin mar 'Beidh ríl againn', 'Teá rabhdlam rabha', 'Óró, bog liom í', 'Tá dhá ghabhar 's mionnán agam', 'Tá dhá ghabhairín bhuidhe 'gam', 'Bóthar ó thuaidh', 'Hóró damhas is damhas', 'Caithfimíd suas is suas í', 'Gheobhair é, gheobhair é, a chailín', 'Tic! teaic! tiú!', 'Gogaí ó gaog'. 'Rince Philib a' cheóil', 'Deirín dé', 'An seothú leó', 'Hóró mo bhaidín', 'Cá rabhais ar feadh an lae uaim?', 'An maidrín rua'. Thuig sé páistí agus an amhránaíocht do pháistí. Mar dhearbhú air sin éilíonn a chuid amhrán comh-rince agus is gníomhamhrán gach ceann acu geall leis.

Bhí sé go mór faoi chomaoin ag Seosamh Laoide, a chuir na trí leabhar seo in eagar, cé nár aimsigh mé admháil uaidh áit ar bith. Chuir sé foclóirí agus ainmneoirí áiteanna leo. Tá *Bolg an tSoláthair* agus *Smóilín na Rann* ar an liosta 'Books brought out by self'; sé sin, bhí an oiread sin dua aige leo is a bheadh aige le leabhar a chruthódh sé féin ó bhun.

5.15 Ceolta Chonnacht

Nuair a bhí Tomás Ó Máille ina scoláire bunchéime i nGaillimh, thosaigh sé féin agus a dheartháir Mícheál ag bailiú amhrán tíre a gceantar féin, Corr na Móna. Ba é *Amhráin Chlainne Ghaedheal* (1905) an toradh a bhí ar an obair sin. Seosamh a chuir an cnuasach seo in eagar. Luaigh na deartháireacha é ina réamhrá:

> Támuid ana-bhuidheach freisin do Sheosamh Laoide mar gheall ar a fheabhas agus a d'fhreastal sé don leabhar a fhad is bhí sé dh'á chlodhbhualadh, le go mbeadh gach uile nidh badh cheart ann.

B'iad na deartháireacha a sholáthair na nótaí cuimsitheacha agus an foclóir. San aguisín a chuir Seosamh isteach ar chúl an leabhair thaispeáin sé go ngluaiseann an t-amhrán céanna ó Ghaeltacht go Gaeltacht go réidh. Bhreac na deartháireacha tromlach na n-amhrán síos ó amhránaí aonair, Sean-Tomás Breathnach, Dubhachta, Corr na Móna. Ina réamhrá do na hamhráin admhaíonn siad an chabhair a fuair siad ó uaisle Angla-Éireannacha Chontae na Gaillimhe. Ní nach ionadh, tá 'An Bhaintighearna Gregorí' agus 'Máirtíneach Thul' Oidhre' ar na huaisle sin. Chuidigh an feisire William O'Brien leo Sean-Tomás a chúiteamh le 'luach saothair'.

Aṁráin Ċlainne Ġaeḋeal.
(an céad cuid.)
Míċeál ⁊ Tomás Ó Máille
do ċruinniġ ⁊ do ċuir síos iad.
Ar n-a ċur amaċ
do
Ċonnraḋ na Gaeḋilge,
i mBaile Áṫa Cliaṫ.
1905.

194. *Amhráin Chlainne Ghaedheal* (1905), clúdach

Tá Corr na Móna, áit chónaí an amhránaí, ina chrosaire cumarsáide d'iarthuaisceart na Gaillimhe agus do dheisceart Mhaigh Eo. Níl blas Chois Fharraige ar an mbailiúchán seo ach tá ionadaíocht láidir ag Maigh Eo ann.

Abráin Gaedilge
An Iartair
an céad cuid
Micéál Ó Tiománaidhe
do chuir amach
GAELIC SONGS
OF THE
WEST
PART I
COLLECTED BY
MICHAEL TIMONY
Dublin
M. H. GILL & SON (Ltd.)
50 UPPER O'CONNELL STREET
GAELIC LEAGUE
24 UPPER O'CONNELL STREET
1906
1/6 [redacted] Slan

195. Abhráin Ghaedhilge an Iarthair Cuid 1.

Ní léir go raibh mórán le déanamh ag an Laoideach le *Abhráin Ghaedhilge an Iarthair, an chéad chuid* (1906), a chruinnigh Mícheál Ó Tiománaidhe freisin. 'M.H. Gill & Son Ltd. Gaelic League' a d'fhoilsigh. Ní fuirist teacht ar an mbunleabhar féin inniu ach tá leagan sa chló Rómhánach i gCartlann na dTéacsanna ar shuíomh idirlín an Acadaimh Ríoga.[141] Tá an admháil seo ag deireadh an réamhrá:

> Gabhaim buidheachas le Uilliam Seartál agus Micheál Mac Ruaidhrí, óir 'siad a chuidigh liom nuair bhí an leabhar dh'á cheartughadh.

Is bailiúchán fíorspéisiúil le seoda de cheolta pobail é *Abhráin Ghaedhilge an Iarthair*. Tá leathchéad amhrán ó iarthar Mhaigh Eo ann. Is as Béal an Mhuirthead agus as Acaill is mó iad agus mar chnuasach tugann siad léargas beoga dúinn ar phobal iargúlta féinchothaithe ar imeall an aigéin mhóir i dtús an chéid seo caite. Ba é seo an chéad chló d'fhormhór na n-amhrán. Níl amhrán ar bith ann dár chum Antaine Ó Raiftearaí.

[141] h*ttp://corpas.ria.ie/index.php?fsg_function=5&fsg_id=457* ceadaithe 15 Nollaig 2019.

Pádraig Breathnach, Béal an Mhuirthead, fear a rugadh agus tógadh ar Inis Géidhe, a thug an chuid is mó de na hamhráin do Ó Tiománaidhe. Fuair sé roinnt amhrán ar Inis Gé féin ó Shéamas Bairéad agus ó oileánaigh den sloinne céanna. Soláthraí eile ba ea Antoine Sírín i dTeach na mBocht i mBéal an Mhuirthead. Bhí amhránaithe aige as Acaill, agus bhailigh sé amhráin aonair ó amhránaithe ar fud Mhaigh Eo.

Is iad seo na hamhráin le Riocárd Bairéad a d'fhoilsigh Ó Tiománaidhe: 'Cor Shliabh', 'Oidhche Sheagháin Uí De Dhiarmuda', 'Eoghan Cóir', 'Nansaidh Tallet', 'Dún Domhnaill', 'Róise Ní Cheamaill'. Níl 'Preab san ól', an t-amhrán is mó a thuill clú do Bhairéad, sa chnuasach seo ná níl sé in *Amhráin Chlainne Gaedheal* ach an oiread. D'fhéadfadh gurb é freisin a chum an t-amhrán binn sin 'Sé fáth mo bhuartha', atá folaithe anseo san amhrán 'Cor Shliabh'.

Níl ach amhrán amháin aige le Mícheál Mac Suibhne, file cumasach eile as Maigh Eo. Tá ceithre cinn leis siúd in *Amhráin Chlainne Gaedheal.* Tá an ceann atá sa chnuasach seo, 'Abhrán an Phictiúra', fíorghreannmhar. Bhain na hamhráin ba bhríomhaire leis an bhfarraige agus orthu siúd rug 'An Caiptín Máilleach' an bua.



196. Leabhráin 'An Gruagach Bán', 1905,1911

Leabhar an-chaol, 16 leathanach, a chosain pingin, ba ea *An Fíbín, an chéad chuid* (1905), bailiúchán amhrán ó Chonamara a chuir 'An Gruagach Bán', Colm Ó Gaora as Ros Muc, le chéile. Níl admháil ar bith do chabhair an Laoidigh sa leabhar ach tá sé sa liosta 'Books brought out by self'. Chuir sé foclóir leis agus 'Tagra' agus 'Clár Áiteann'. Tá na leaganacha de na hamhráin, go háirithe cúram

na comhfhuaime, chomh cruinn sin nár mhór gur chaith sé súil ar na liricí chomh maith. Is seoid gach amhrán sa chnuasach seo, na hamhráin ghrá, ‘Brigid bhán’, ‘Coinnleach glas an fhómhair’, ‘An boc bán’, ‘Peigín deas Ní Mháille,’ ‘Bríghid mo rúin’, ‘Cuaichín Ghleann Néifin’; ‘Sliabh Uí Fhloinn’, ‘An roisc fharraige’, ‘An tSailchuach’ (ainm báid) agus ‘Báidín Sheáin Uí Néidh’. Tá dán teagascach 'nuadhéanta' aige faoin imirce agus is dócha gurb é sin an mhír is laige. Tá scéal próis ann freisin, ‘An figheadóir cliste’.

Cúig phunt a fuair sé ar *An Fíbín* ón gConradh, a deir *ainm.ie*[142]. 'Scilling sa lá ag déanamh bóthair an t-aon phá a bhí saothraithe aige go nuige sin.' Bhain Breathnach agus Ní Mhurchú an fhaisnéis sin as *Mise* (1943), a dhírbheathaisnéis.


Caithfead mo bhuidheachas a ghlacadh le gach duine thug congnamh agus cuidiughadh sa saothar seo, agus go mórmhór Seosamh Laoide a léigheadh na fromhtha dhom.

AN GRUAGAC BÁN.

197. Comaoin Choilm Uí Ghaora do SL

‘Caithfead mo bhuidheachas a ghlacadh le gach duine thug congnamh agus cuidiughadh sa saothar seo, agus go mórmhór Seosamh Laoide a léigheadh na fromhtha dhom’, a scríobh Colm sa réamhrá do *Sídheog Na Rann, Sean-Amhráin Gaedhilge ó Chúigeadh Chonnacht* (1911).

Tá nóta ina bhfuil sé seo le híomhá an chlúdaigh ar *askaboutireland.ie*.

> Deich gcinn d'amhráin a bhailigh Colm Ó Gaora atá sa leabhar seo. Bhailigh sé na hamhráin i Rosmuc, Gaoth Sáile, agus i Loch Con Aortha i gCo. na Gaillimhe agus i gCo. Mhaigheo. Tháinig péire de na hamhráin ó bhuachaill beag sé bliana d'aois as Rosmuc....

5.16 Filíocht Sheáin Uí Neachtain

Ní dócha go raibh lámh ag Seosamh in eagarthóireacht *Filidheacht Sheagháin Uí Neachtain*, Cuid a hAon, (1911), le hÚna Ní Fhaircheallaigh, ach profáil a dhéanamh air, mar ba í do bhailigh agus do chuir in eagar.

Rugadh John Naughten i gCluain Oileáin in aice le hÁth Luain sa bhliain 1640. Bhí tailte fairsinge ag an gclann. Ní raibh aon chall ag Sean dul ag spailpínteacht

[142] s.n. (Ó Gaora, Colm (1887-1954) ceadaithe 29 Aibreán 2020.

go Co. na Mí, ‘mara n’é aeridhighil an tsaoghail a thiubhradh ann é'[143]. Bhuail sé le bean ansin, Úna de Nógla. Scríobh sé an t-amhrán is clúití a chum sé di: ‘Rachainn fán gcoill leat,’ atá i leabhar Uí Fhaircheallaigh, maille le 11 amhrán eile.

198 *Filidheacht Sheagháin Uí Neachtain* 1 (1911) le hÚna Ní Fhaircheallaigh,

5.17 Duanaire na Midhe

Ba bhailiúchán ríthábhachtach é *Duanaire na Midhe* (1914), a chuir an Laoideach le chéile agus in eagar. Bhí cnuasach d’amhráin Shéamais Dhaill Mhic Cuarta agus Chathail Bhuí ann, chomh maith le dornán amhrán tíre cosúil le ‘Siobhán Ní Dhuibhir’ agus ‘Níl ’na lá’ a bhain pobal leathan amach dóibh féin ag an am agus ó shin, ach níos mó ná sin, rogha as saothar fhilí na Mí, tarrtháilte as an duibheagán ag an scríobhaí Peadar Ó Gealacáin ach folaithe gan léamh ina lámhscríbhinní siúd. Tá caoga dán ar fad sa bhailiúchán. Seachas na dánta tá cur síos ar na foinsí, nótaí ar na dánta, logainmneoir dinnseanchais, ainmneoir d'ainmneacha pearsanta, foclóir, aiste ghearr ar an Dall Mac Cuarta agus tráchtas cuimsitheach ar chanúint na Mí le samplaí foghrúla de réir chóras Uí Ghramhnaigh. Phléigh NJA Williams na samplaí seo in aiste i *Studia Hibernica* (2000-2001: 277-291).

[143] Stair Éamuinn Uí Chléire, eag. Eoghan Ó Neachtain (1918:viii)

D'fhoilsigh Énrí Ó Muirgheasa a chnuasach féin, *Amhráin na Midhe, Cuid a hAon,* i 1933. Mar a thaispeáin sé sa réamhrá, bhí eolas an Laoidigh thar a bheith easnamhach:

> In 1914 Mr. J.H Lloyd published his Duanaire na Midhe, containing about 50 pieces, mostly taken from Gallegan's Academy MSS.
>
> Mr. Lloyd was not then aware that others of Gallegan's MSS were scattered as far apart as Belfast, Edinburgh and New York. But such is the case.
>
> The largest and most valuable MSS Gallegan ever wrote is now kept in the library of Edinburgh University. It has 722 pages and contains 260 items and was written as he himself tells us between August 1841 and February 1844. 'And what a vast quantity of ink has been used in that work, together with the prices of candles in the winter season', he adds, and yet he estimates the value of the volume at only £5.

Tá dáréag amhrán a bhí sa duanaire ag Ó Muirgheasa, ach tá 38 nach bhfuil.

5.18 *Seachrán Chairn tSiadhail* (1904)



Seachrán Chairn tSiadhail:

Amhrán Ilcheardaidheachta agus Seanchas Síor-chuartaidheachta.

Míchéal Ua hÍr do chuir cúr air.

Na Hultaigh i gcoitchinne do chríochnuigh.

Seosamh Laoide do tharrthuigh ⁊ do chuir i n-eagar.

Ar n-a chur amach do Chonnradh na Gaedhilge, i mBaile Átha Cliath.

1904.



Seachrán Chairn tSiadhail.

I.

Ar mo tharraing siar go Carn tSiadhail dam,
An t-aonach ciadna úd na Féil' Muire Mór,
'Sé tháplaidh an ainnir ar an taoibh aniar dam,
Is í go cianmhar ag siubhal 'sa ród;
Is é nídh mheas mé gur sgar mo chiall liom,
Mar binn ag siabrán nó seal ag ól,
Óir tógbhadh dam-sa gur dorcha an grian geal,
Le taoibh gach dealraidh d'á gruaidh mar rós!

199. *Seachrán Chairn tSiadhail* (1904), clúdach agus véarsa

Is é atá i *Seachrán Chairn tSiadhail* (1904), leis an Laoideach (*'*do thárrthuigh agus do chuir i n-eagar é'), ná taighde acadúil ar amhrán pobail amháin ina ndéanann an taighdeoir iarracht an fíorbhunleagan a aimsiú trí na leaganacha iomadúla atá ar fáil nó ag dul thart a chur i gcomparáid le chéile. Sa bhunleagan ceann scríbe den 'Seachrán', tá ocht véarsa agus fiche aige, ocht líne i ngach véarsa. É féin a chóirigh an leagan cló den fhonn a bhíodh ag na hamhránaithe

dó. Eachtraí fir cheirde nó spailpín a bhíodh ag taisteal ó áit go háit atá ann. ‘Micheál Ó hÍr do chuir tús air. Na hUltaigh i gcoitchinne do chríochnuigh’ atá ag Seosamh san fhotheideal. Is iomaí taifead den ‘Seachrán’ atá ar fáil, na cinn is clúití le Lillis Ó Laoire, le hAlbert Fry agus le Clannad.

Ní heol domsa taighde ar bith eile den chineál seo, dianstaidéar ar amhrán tíre amháin, a foilsíodh roimh 1904, ach foilsíodh roinnt níos déanaí san fhichiú haois, m.sh. *Domhnall Óg* le Seosamh Ó Duibhghinn (1960). Léiriú den scoth ar an bpróiseas seachadta agus leathnaithe 'beyond the literate process' mar a deir Gearóid Ó hAllamhráin (1998:8) is ea *Seachrán Chairn tSiadhail.*

Sheol an Dr. Peadar Mac Gabhann, Ollscoil Uladh, cóip dá alt, ‘Seachrán Chairn tSiadhail: a rambling song about a rambling man’, a foilsíodh in *Dúiche Néill: Journal of the O’Neill Country Historical Society* 24 (2017: 226-256) chugam, alt ina bhfuil mioneolas mar seo:

> UCD Morris Collection Manuscript 20 was written by Art MacBionaid c. 1850. *Seachrán Chairn tSiadhail* is on pages 13-18 and contains 12 verses...Seosamh Laoide, the first modern editor of this poem, used this particular manuscript, then in the possession of the parish priest of Magheracloone when preparing his own edition of the song in 1904.

Scríobh Seosamh sa réamhscéal don ‘Seachrán’ (1904:10):

> 'Tá an-bhuidheachas agam ar an Athair Lorcán Ó Ciaráin, sagart i Machaire Cluana, a thug iasacht sgríbhinne Airt Mhic Beinéid

Deir Mac Gabhann faoi eagrán an Laoidigh:

> Laoide’s edition is a ‘composite edition’ insofar as it is comprised of 28 verses that have been drawn together from 23 sources, both written and oral. His oral sources came mainly from Donegal, but also from southeast Ulster and north Leinster.

Bhailigh sé leaganacha óna sholáthraithe béaloidis, triúr is fiche díobh. Chuir Úna Ní Fhaircheallaigh ar a shúile dó gur fhoilsigh Seán Ó Laighin, comhghleacaí an Athar Dhomhnaill Uí Mhurchadha (D.Ó M) i Philadelphia, leagan a bhailigh sé ó Chonn Mac Niallais, as Iniscaol, i bPennsylvania;

> She informs me that it was originally published in the Tuam News by Mr. J. J. Lyons, of Philadelphia, who has always been most industrious in writing down songs from Irish emigrants.

Bhí léirmheas leadránach ag Tórna in IG Márta 1905 a thosaigh mar seo:

> Ní'l acht éan-locht againn ar an leabhar deas taithneamhach so, agus 'sé locht é sin ná gur dóigh linn go bhfuil breis eagarthóireacht déanta air... Tá sé ró-phoncamhail i dtaobh rudaí beaga, acht maithimíd soin go léir dó ar son an méid eóluis a chuireann sé os ár gcomhair ar Chúige na Craoibhe Ruaidhe.



200. *Seachrán Chairn tSiadhail,* an ceol, ‘gléasta’ ag SL

Tá an eagarthóireacht ar an dán seo fíor-eolaíoch agus an-chríochnúil. Is cosúil go raibh réamhshampla aige. Gar do dheireadh an leagain Bhéarla den réamhrá (leathanach 36), deir sé:

> Even taken at its worst, the system of redaction followed is by no means dissimilar to that adopted by the great Finnish scholar, Dr. Lónnrot, in the compilation of that wonderful folk-epic, the Kalevala. I hope this explanation may meet what might be otherwise open to criticism.

Tá caibidil nach mbeifí ag súil léi aige a thosaíonn ar leathanach 47, ‘An Bhriathar (sic) san Amhrán’, agus an réamhnóta seo léi:

> Dúirt an tOllamh Strachan liom go mba mhór an gar dó féin agus do dhaoinibh mar é dá gcuirfidhe síos tuarasgbháil bheag ar fhoirmeachaibh na bréithre fá mar a gheibhtear i dtéacsannaibh nua iad. As a los sin is eadh a sgríobhtar so...

Tá caibidil ghearr aige ina bhfuil cur síos ar 'An Fhaoidh Ghníomhach', 'An Tásgach' agus 'An Fhaoidh Fhullaingtheach' de bhriathra áirithe i dtéacs an amhráin mar eolas go príomha do scoláirí na Ceiltise a bhí ag díriú ar an teanga bheo mar eochair don tSean-Ghaeilge ó aimsir Windisch anonn.

Is taighde ceannródaíoch atá i *Seachrán Chairn tSiadhail* den *Zersingen* agus *Umsingen,* mar a deirtear, sé sin den truailliú agus den athnuachan i gclaochlú an amhráin phobail.

5.19 An Uiseog

Leabhar caol eile a chuir an Conradh amach sa bhliain 1905, Uimhir XIX sa tsraith 'Leabhairíní Gaedhilge le hAghaidh an tSluaigh', ba ea *An Uiseog* (1905) 'dornán amhrán ó Chúige Uladh' curtha le chéile ag Donnchadh Ó Searcaigh. Tá teideal an leabhráin tógtha as an dán *Ceol Loch Aoidh* le Sinéid Ní Mhaonghail, leathanach 13.

> Sean-fhocal a chuala mé agus chreidfeas mé i gcomhnaidhe,
> Gach aon ariamh mar oiltear é 's an uiseóg ins an mhónaidh;

Chuir Énrí Ó Muirgheasa an dán i *Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh* (1969:186). Tá an tagairt seo sna nótaí aige: 'Chuir ‘S.L.’ (Seosamh Laoide, is dóigh) an t-amhrán seo i gcló ar *An Claidheamh Soluis*, 13 Feabhra 1904 agus dúirt sé: 'Níl ach ráithe ó cumadh é'.

Tá an leabhar ar liosta pearsanta Sheosaimh (‘Books brought out by self’) agus is í 'An Uiseog, vocab.' an tagairt atá sa liosta seo. Bhain ‘Ceol Loch Aoidhe’ ionad amach dó féin i gcuraclaim iar-bhunscoile faoin Saorstát nuair a foilsíodh é i *Filidheacht na nGaedheal* (1940, eag. Ó Canainn).

5.20 An Stair

Fuaireamar léargas ar láimhseáil na staire san Athbheochan nuair a phléamar an stair agus an stairsheanchas i gcatagóir na leabhar teagaisc agus foghlama. De bhreis orthu siúd bhí leabhair i gclár foilsithe an Chonartha ina raibh scéalta nuadhéanta le cúlra stairiúil. Ceann acu ba ea *Eochaidh Mac Rí 'n-Éirinn* (1904) le Mícheál Ó Máille. Tá an leabhar seo ar liosta pearsanta Sheosaimh de na leabhair a chuir sé in eagar. Is leabhar dea-dhéanta é, clúdach crua glas air agus an teideal agus lógó an Chonartha greanta air i rilíf órga. Cathaoir ab ainm d'athair Eochaidh agus ba é an tArdrí é.

D'fhág Eochaidh Teamhair faoi scamall nuair a rop Cathaoir as a uacht é. Tháinig complacht gallóglach air agus é ar fán i gConnachta. Bhí na gallóglaigh ar a mbealach go hAlbain chun tacaíocht a thabhairt do rí na tíre sin ina chogadh in aghaidh na Rómhánach.

Insint chomhaimseartha atá ann, agus tá an Piarsach cruinn nuair a thugann sé 'úirsgéal' air ina léirmheas in *ACS*, 15 Deireadh Fómhair 1904. 'Eochaidh Mac

Rí 'n-Éirinn is yet another modern Irish 'úirsgéal in the traditional form', a deir sé. Críochnaíonn sé mar seo:

> Whatever he may or may not have achieved in literature, the Gael has always been a supreme teller of tales. 'Eochaidh' in the wake of 'Séadna' shows that the tradition is not dead.'

Leis an ráiteas sin cuireann sé 'Eochaidh' agus 'Séadna' i réimse na seanchaíochta. Bhí sé ag feitheamh fós ar an bhfíor-úrscéal liteartha. Tá an leabhar ar chlár na n-úrscéalta a chuir Alan Titley faoi mheas (1991:613). Déanann sé trí thagairt dó. I ngach tagairt dhícháiligh sé mar úrscéal é.

201. *Bliadhain na bFranncach* (1907), le Seághan Ó Ruaidhrí

Tá *Bliain na bFranncach* (1907), le Seághan Ó Ruaidhrí, ar liosta pearsanta Sheosaimh de na leabhair a chuir sé in eagar. Tá an méid seo faoi san aiste le Philip O'Leary(1990:105)

> For most Gaelic writers, '98 was literally 'Bliadhain na bhFranncach' ('The Year of the French') and their stage the Irish-speaking West. The most substantial of these works are a novel by Seaghán Ó Ruaidhrí and plays by Mac Fhionnlaoich and Tomás Ó Ceallaigh. Ua Ruaidhrí's 1907 novel is actually titled *Bliadhain Na bhFranncach*, but this title is somewhat misleading for a good part of the narrative concerns a Mayoman's ultimately successful post-Rising quest for vengeance on a treacherous captain of the Yeomen.

202. Mícheál Mac Ruaidhrí, garradóir Scoil Éanna

Ba dhuaisiarracht de chuid Oireachtas 1903 *Beatha Aodha Uí Néill* (1905), le Mícheál Mac Ruaidhrí, a chuir sé isteach sa chomórtas faoin ainm cleite *Nochtadh na Fírinne*. Ba é Uilliam Soirtéal an scríobhaí a bhí aige.



203. *Beatha Aodha Uí Néill* (1905), le Mícheál Mac Ruaidhrí

Tá an píosa seo leanas ar leathanach 203 de *An Duinníneach* (Ó Céileachair agus Ó Conluain) ag tarraingt ar mhiontuairiscí na hArdfheise, 8 Deireadh Fómhair 1903:

> Fuarthas litir ó Shéamas Ó Ceallaigh ag moladh go láidir go bhfoilseofái aiste Mhichíl Mhic Ruairí faoi Aodh Ó Néill. Fuarthas litir ón Athair Ó Duinnín ar an ábhar céanna. Mheas seisean nár chiallmhar in aon chor an aiste [ar Aodh Ó Néill] a fhoilsiú fhad is bheadh sé de chlú ar an údar nach raibh léamh ná scríobh aige, agus ba é a thuairim gur cheart don Chonradh bheith sásta i dtosach fá cé

> acu a bhí sin fíor nó nach raibh. Pléadh an scéal go teasaí ach tar éis don Laoideach a rá gurbh eol dó féin go pearsanta go raibh Mag Ruaidhrí in ann an Béarla a léamh agus a scríobh, dúirt siad siúd a bhí in aghaidh fhoilsiú na haiste go rabhadar sásta agus tugadh treoir don Laoideach dul ar aghaidh leis an saothar.

Ina chineál is stair bhéil é. Ní haiste í ach tráchtas fada. Tá níos mó ná 40,000 focal ann agus suas le 160 leathanach sa leabhar, éacht deachtaithe. Tá an téacs leagtha amach go stuama i gcaibidlí. Críochnaíonn sé le Caibidil 57: 'Deoraidheacht'.

Ba amanuensis den scoth Soirtéal. Níor thaise don eagarthóir. Níl amhras ar bith ach go raibh léamh an Bhéarla ag Mac Ruaidhrí agus gur léigh sé gach a raibh ar fáil dó faoin Iarla. Tá na chéad ceithre chaibidil tógtha suas le ginealach Uí Néill. Ba chumarsáidí soiléir líofa é gan aon aimhréidh ina chuntas. B'éigean dó an cuntas a chríochnú le himeacht na nIarlaí ó Rath Mhaoláin in Inis Eoghain. Tá iarscríbhinn leis an téacs, nóta a sheol sé faoina ainm cleite, 'Nochtadh na Fírínne', chuig moltóirí an Oireachtais:

> Thiocfadh liom a lán eile a rádh annseo, acht b'éigean dom críoch a chur air, mar nach raibh aon am agam.... Tá an Ghaedhilge tá 'ghá labhairt faoi láthair agaibh insa stair seo, ar an ádhbhar nach ndeachaidh mise ag cuartughadh na bhfoclóirí ag iarraidh na Gaedhilge. Dá dtéidhinn, & an Ghaedhilge sin a chur insa' stair, ní thuigfeadh na Gaedhilgeoirí í, & mheas mé go mb'fhearr an foclóir i mo cheann féin ná foclóir ar bith d'ar clóbhuaileadh ariamh.

Ba dheacair gan aontú leis.

Foilsíodh *Beatha Sheághain Mhic hÉil*, (1903) thar cionn Feis Mhaigh Eo. Ba iad MaryO'Neill agus M.J. O'Doherty a scríobh an bheathaisnéis ghearr seo agus ba é Séamus Ó Maoildhia, as Eanach Dhúin, a raibh clú air mar ghríosóir i bhfeachtais talún i gConnacht, a chuir an leabhar in eagar. I ndiaidh na beathaisnéise tá *Fir an Iarthair* aige, duais-aistriúchán ó Oireachtas 1903 leis an Dr. Conchubhar Maguidhir ar *The Men of the West*, 'Má mholtar le sgéal 's le habhrán', leagan a chantar i bhfad níos mó anois ná an bunleagan Béarla.

Chuir Craobh Ruairí Uí Mhórdha i gCúl an tSúdaire *Sgéal Ruaidhrí Uí Mhórdha*, (1906), le chéile mar chosaint dóibh féin in aighneas leis na sagairt áitiúla faoi neamhspleáchas agus faoi shaoirse na craoibhe nua ar an mbaile. Ar dtús bhí an caidreamh leis na sagairt cairdiúil; ansin chuir an sagart paróiste, an tAthair Ó Laoghaire, i gcoinne na ranganna Gaeilge mar go raibh mná agus fir le chéile in

aon seomra amháin. Chuaigh an sagart seo chomh fada le rang nua do chailíní amháin a bhunú sa chlochar. Níor éirigh liom teacht ar chóip den leabhar ach d'éirigh le Philip O'Leary, agus is é seo an sliocht inar chuir sé spéis[144]:

> Is éigin do thuataibh teacht i dtír in Éirinn chomh maith le cléirchibh.... Mura féidir linn rang Gaedhilge do stiúradh acht sinn a bheith faoi smacht ag an gcléir goidé mar a thiocfadh linn obair na tíre do stiúradh i néidhthibh níos troime, cuir i gcás ag ceapadh dlighthe, ag cur dlighthe i bhfeidhm, agus a leithéidí eile.

Thug an t-iriseoir William P. Ryan caibidil iomlán, *The Battle of Portarlington,* don chonspóid ina leabhar *The Pope's Green Island*. [145] Tá cur síos ar líne le fáil i suíomh Chumann Oidhreachta Laoise ag John S. Powell, ball den chumann sin.

5.20.1 ***Alasdair Mac Colla*** (1914)


ALASDAIR MAC COLLA

Seosamh Laoide

Eoin Mac Néill

agus

Niall Mac Muireadhaigh

Clódanna, Teo.:

Comhlacht na Gaedhilge

1914.

204. *Alasdair Mac Colla* (1914)

Is é Cogadh na dTrí Ríocht, sé sin cogadh na Comhdhála in aghaidh na Parlaiminte in Éirinn, éirí amach 1641 in Éirinn agus Cogadh na gCúnantóirí in aghaidh na Parlaiminte in Albain an cúlra stairiúil atá ag *Alasdair Mac Colla, sain-eolas ar a ghníomharthaibh gaisge,* (1914). 'Seosamh Laoide do chuir le chéile. Déantúsaí ó Eoin Mhac Néill agus ó Niall Mac Mhuireadhaigh sa leabhar so', deirtear faoin teideal. B'fhile agus an scríobhaí Albanach ón seachtú haois

[144] 1994: 24N O'Leary. Tá an sliocht as leathanach iv den leabhrán (1906).
[145] Ryan: The Pope's Green Island: Small, Maynard and Co. Boston 1912: 102-116 [*https://archive.org/details/popesgreenisland00ryanrich/page/84].* Ceadaithe 27/10/2018.

déag Niall Óg Mac Muireadhaigh a scríobh stair Alasdair i *Leabhar Chloinne Raghnaill*.

Mhínigh Seosamh, faoi ainm a *alter ego* Mac Tíre, ábhar a leabhair in alt poiblíochta, 'A monograph of a Scoto-Irish hero', in ACS [146]. Bhí an Laoideach ag tairiscint eiseamláirí de laochra ó ré na Gaeilge feidhmithe, contráiltí Emmet, Tone, Lalor, Mitchell agus na daoine eile a mhol an Piarsach mar eiseamláirí tírghrácha ach nach raibh focal Gaeilge ina bpluca. Nocht sé tuairimí mar seo:

> We hear a lot about Emmet and Wolf Tone, neither of whom, so far as is known, could speak a word of Irish or realised at all the the Irish language was a necessity to Irish Nationality. We do not hear so much about the heroes who could speak Irish---if we except King Brian and two or three of the princely family of Tyrone we probably allow for all who are remembered today....

Sa Réamhrá molann Seosamh an scéal eachtraíochta beathaisnéiseach faoi Alasdair, *The Marquis of Montrose*, a scríobh John Buchan. Tá sleachta aige as a chuntas.

205. Marquis Montrose agus (ar dheis) Mac Colla

Ba é cuspóir an Laoidigh an nasc stairiúil agus an nasc teangeolaíoch idir Éire agus Albain, agus an cultúr ar leo araon é, a thaispeáint. Sa réamhrá dúirt sé:

> My one hope, finally, that this little book will act as a bridge over Sruth na Maoile to bring the Irish and Scottish Gaedhil again into closer communion, corresponding a little to what formerly existed.

Freisin, ba mhian leis a thaispeáint go raibh laochra ann a léireodh feidhmiú na Gaeilge mar theanga laethúil idir labhartha agus liteartha. Is noda iad an t-alt in ACS agus na ráitis uaidh sa leabhar seo, dar liomsa, gur náisiúnaí Seosamh agus go raibh a náisiúnachas níos foirfe ná náisiúnachas fhormhór na bPoblachtach a

[146] *A Monograph of a Scoto-Irish Hero, An Claidheamh Soluis*, 29 Bealtaine, 1915:6.

raibh a bhféiniúlacht náisiúnta préamhaithe sa Bhéarla. Freisin, tugann suim Sheosaimh i nGaeilge na hAlban, léirithe in áiteanna eile freisin, leid dúinn faoin bhfís pholaitiúil a bhí aige is a léirigh sé ina nótaí príobháideacha, i.e. an Tré-Fhód Gaelach—sé sin, aontacht de shaghas ar bhonn comhchultúir a bhí Gaelach d'Éirinn, d'Albain agus d'Oileán Mhanann.

5.21 Aistriúcháin an Chonartha, 1903-1918

Sa chuid seo tá na haistriúcháin ar shaothair phróis a d'fhoilsigh an Conradh mar leabhair idir 1903 agus 1918. Níl ach ceithre leabhar i gceist, *Eachtra na nArgónátach do réir Niebuhr, Eachtra Robinson Crúsó, Toradh na Gaedhilge, Cnoc na nGabha.* Tá ainm amháin coitianta do na trí chuntas tosaigh, Seandún, nó Tadhg Ó Murchadha, an táilliúir as Corcaigh. Mícheál Breathnach a d'aistrigh *Cnoc na nGabha.*


sgéalta nua-Ghaedhealach—VII.

Eachtra na nArgonátach

do réir niebuhr,

Aistrighthe i nGaedhilg

as

Donnchadh Pléimeann;

agus

cur síos ar a theacht

as

"Seandún"

i n-éinfheacht leis.

Ar n-a gcur amach

do

Chonnradh na Gaedhilge,

i mBaile Átha Cliath.

1904

206. *Eachtra na nArgónátach,* aistrithe ag Donncadh Pléimeann

D'inis agus scríobh an státaire Gearmánach/Danmhargach Niebhur, ar shaineolaí ar stair Impireacht na Róimhe agus ar a lán eile é, *Griechische Heroengeschichte*, cnuasach scéalta faoi laochra miotaseolaíocha na Gréige, dá mhac Marcus. Ba é Donnchadh Pléimeann a d'aistrigh *Eachtra na nArgónátach do réir Niebuhr* (1904). Ní fhaca sé a shaothar mar leabhar. Is amhlaidh a fuair sé bás in aois a 33 i 1900. Seosamh a scríobh an nóta méala a bhí in eagrán Meán Fómhair de IG an bhliain chéanna:

> ... Tá daoine galánta gan amhras i gCorcaigh indiu nár dheónuigh aithne do chur ar an Phléimeannach, siúinéir bocht óg ar nós Mhic Mhuire, a fhad agus bhí se beó 'na measg, acht is cinnte gur bh' uaisle agus gur bh' onóraighe agus gur bh' árd-intinnighe é 'ná iad go léir. Deireadh lae ar feadh na mbliadhanta, agus é tuirseach tnáithte ó obair an lae, ba ghnáthach leis peann agus páipéar d' aimsiughadh agus cromadh ar áirneán na hoidhche ar son Éireann agus teanga na hÉireann.... Duadh agus doghraing a bhfuair sé i bhfus, agus béidh

a luach saothair aige thall.

Níl an leabhar seo ar liosta pearsanta Sheosaimh de na leabhair a léigh sé roimh ré agus a chuir sé in eagar mar bhí dhá ainm le lua cheana féin, ach tá rian a láimhe go soiléir san fhoclóir agus san ainmneoir. Bheadh air an buntéacs a fháil ón *Cork Weekly Examiner* agus ón *Daily* nó ón *Weekly Independent*. Rinne Art Ó Donghaile na léaráidí. Is eol dúinn ó fhianaise eile go raibh suim aige san oidhreacht Ghréigeach. Léirigh sé cur amach ar an oidhreacht sin san ainmneoir.

Bhraith an Pléimeannach nach raibh ar a chumas féin bunábhar a scríobh as Gaeilge agus chinn sé ar scéal simplí éigin a gcuirfí suim ann a aistriú go Gaeilge. Tá sé le tuiscint, measaim, as cuntas Sheandúin sa leabhar go raibh an bunleagan sa Ghearmáinis de scéalta laochais Niebuhr aige. D'aistrígh sé ceann amháin, Eachtra na nArgonátach, agus d'fhoilsigh an 'Independent' é. Bhí faoi a thuilleadh díobh a aistrú ach chlis an tsláinte go hiomlán air. Léiríonn an sliocht gearr seo a chumas:


Ḃí sí an-ḋian ar na leanḃaiḃ boċta, agus ní ṫug sí aċt droiċ-ḃiaḋ agus droiċ-éadaċ dóiḃ le caiṫeaṁ, agus do ġaḃaḋ sí orṫa gan ċúis ar biṫ aċt iad a ḃeiṫ ag gol i ndiaiḋ a máṫar—níḋ nár loċt orṫa. I n-aon ḟocal ba leas-ṁáṫair mí-ḋaonna í. I ndeireaḋ na dála, ċeap sí ar ioḋḃairt do ḋéanaṁ de'n ġarsún—sé sin, a ċuid fola do ḋortaḋ ar altóir—aċt, díreaċ mar do tugaḋ é ċum na haltóra, do ċuir an Dia Hermes reiṫe mór áluinn 'n-a ṡliġe, ar a raiḃ lomraḋ óir, agus d'ḟéadfaḋ rit idir na sgamall-aiḃ. Do ċuir Hermes an garsún agus a ḋeirḃṡiúr ar ṁuin an reiṫe seo an lomraiḋ óir, agus dubairt leó go raḃadar ċum dul tríd an aer go dtí an tír go nglaoḋtar Colcis uirṫi.

207. Sliocht as *Eachtra na nArgónátach*, aistrithe ag Donncadh Pléimeann

Tá an marbhna a dheachtaigh Seandún agus a foilsíodh sa *Cork Weekly Examiner* 15 agus 22 Meán Fómhair 1900 mar réamhrá d'aistriúchán an Phléimeannaigh sa leabhar.

I 1915 d'eisigh an Conradh an chéad chuid de *Eachtra Robinson Crúsó*, aistriúchán le Tadhg Ó Murchadha ar scéal Defoe. Bhí lámh ag an Aimhirgíneach in *Eachtra Robinson Crúsó* a scríobh síos, deir Breathnach agus Ní Mhurchú linn.[147]Tá an leabhar seo ar liosta na leabhar a deir an Laoideach a léigh sé agus a chuir sé in eagar.

[147] s.n. Ó Murchadha, Tadhg (1843–1919), ceadaithe 18 Nollaig 2019.

208. Leathanach as *Eachtra Robinson Crúsó*, 1915

D'éirigh leis an Laoideach an leabhar seo a chur amach i 1915 nuair a bhí a phost caillte aige. Tá an leabhar seo le measúnú i gceart fós. Chreid Tórna 'gurb é Eachtra Robinson Crúsó an t-aistriú ab fhearr dár léigh sé riamh' agus mhol an Piarsach é chomh maith.

Nílimid réidh le Seandún. Léigh an Feisire William O'Brien, M. P. aiste fhada sa Bhéarla, *The Influence of the Irish Language on Irish National Literature and Character,* ag Cumann Náisiúnta Chorcaí ar 13 Bealtaine 1892. Foilsíodh an léacht an bhliain chéanna. Ní ionadh ar bith é gur chuir Seandún suim inti. Ba thacaithe de chuid na bhFíníní iad araon. Ba náisiúnaí agus b'agóidí O'Brien a chaith trí thréimhse ar a laghad i bpríosún ar son an chirt. B'fheachtasóir ar son na dtionóntaí é, ag athrú dreach na tuaithe trí Acht Talún Wyndham a bhrú tríd an bParlaimint agus trí scéim thithíochta a thóg 40,000 teach d'oibrithe ar fud na tíre, gach ceann acu ar acra talún, a thionscnamh.

Thaobhaigh O'Brien leis an dátheangachas, ag treisiú nach raibh bunús ar bith leis an imní choitianta gur gá cúl a thabhairt d'oidhreacht fhiúntach an Bhéarla chun cloí le hoidhreacht na Gaeilge. B'fhearr as go mór an duine a raibh dhá theanga ar a thoil aige nó aici ná an duine a bhí i dtuilleamaí teanga amháin.

D’ainmnigh sé an imirce mar bhunchúis le tréigean na Gaeilge, ach d’aithin sé dhá shaghas imirce—an gnáthchineál agus an tóir ar phoist chléireachais, riaracháin agus eile ar fud na hImpireachta agus ar fud domhan an Bhéarla, tóir a mhol sé. Níorbh fhéidir buntáiste an Bhéarla mar uirlis chun fostaíocht d'fháil a shéanadh. Chuir sé an bhéim ina léacht ar fhiúntas cultúrtha na Gaeilge agus na dtraidisiún a ghabh léi, an ceol, an amhránaíocht, an rince; freisin, b'urrús na féiniúlachta pearsanta agus náisiúnta í. Mhol sé Gaelú na hÉireann gan an díghalldú a mholadh.

Ba thionscnamh dúshlánach é do Sheandún tabhairt faoin léacht seo, a bhí teicniúil agus go deimhin acadúil, a aistriú. Tá an leabhar ar dhá liosta phearsanta ag Seosamh, leabhair a chuir sé féin le chéile agus leabhair a léigh sé agus a chuir sé in eagar. Sa chéad liosta tá focal de bhreis ar an teideal i lúibíní aige, (notes). Mínithe sa Bhéarla atá iontu de théarmaí agus frásaí Sheandúin. Níl de réamhrá leis an aistriúchán ach an cúpla abairt seo ó William O'Brien.

> It is pleasant to know that for the one friend the Gaelic Language possessed when this Lecture was delivered ten years ago, it possesses a thousand friends to-day. I had to begin with an apology then for attempting to interest an Irish audience in the Gaelic Language. Probably I should have to begin now with an apology for not addressing them in Gaelic. William O'Brien. June 30th, 1904

D'éirigh leis an bPiarsach iomláine aistriúcháin Mhíchíl Bhreathnaigh ar *Knocnagow*, úrscéal Kickham, (1879), a fhoilsiú mar shraithscéal leanúnach in *ACS* i 1904. Foilsíodh leagan *ACS* i gceithre leabhar, Cuid 1 agus Cuid 2 i 1906 ag S. Ó Dubhthaigh agus a Chuideachta (Teoranta) don Chonradh agus Cuid 3 agus Cuid 4, curtha in eagar ag Seán P. Mac Énrí, i 1924. B’iad S. Ó Dubhthaigh agus a Chuideachta a d’fhoilsigh leabhar Kickham in 1879. Níl *Cnoc na nGabha* ar liostaí pearsanta Sheosaimh ach caithfidh gurb é a d'ullmhaigh Cuid 1 agus Cuid 2 don chló mar leabhair. Mar a chonaiceamar, chuir Seosamh eagar ar *Stair na hÉireann* le Mícheál Breathnach.



209. *Cnoc na nGabha* agus an t-údar, *Charles Kickham*

Bhuail an eitinn Mícheál Breathnach, mar is eol dúinn, agus chuaigh sé go dtí an Eilvéis ag lorg bisigh. Fad a bhí sé ansin chuir sé slacht ar *Cnoc na nGabha*. Ba dhúshlán, cinnte, d'fhear tinn na 640 leathanach de *Knocknagow* a aistriú go Gaeilge. Níor éirigh liom teacht ach ar Chuid 2, atá i gCartlann na dTéacsanna ar shuíomh idirlín an Acadaimh Ríoga. Seo blas beag den téacs sin, as Caibidil 22, ach ní dóigh liom go leanann an t-aistriúchán leagan amach an bhunleabhair go cruinn.

> "Dar mo leabhar, a Liam," arsa Pilib — ag baint lán na súl as — "agus tá cuma na donachta ort! Tá droch-shnódh ort. Dar mo choinsias go bhfuil! Céard tá ag gabháil duit? Ní móide go bhfuil tú ag caitheamh leat féin mar badh chóir? An easbaidh goile atá ort, nó an amhlaidh nach bhfuil an beathughadh ceart dhá fhágháil agat? Badh cheart duit aire thabhairt duit féin, a mhic ó, agus rud a chaitheamh a bhéaradh brígh agus croidhe dhuit agus a ghéaróchadh an droch-ghoile sin agat! Sin é mo chomhairle-se dhuit. Theastócadh sé uait, bíodh 'fhios agat é!"

B'fhiú go hacadúil atheagar a chur ar na ceithre leabhar agus iad a fhoilsiú in aon imleabhar amháin, mar thaisce de Ghaeilge Chois Fharraige i dtús na haoise seo caite agus mar eiseamláir d'aistriúchán na hAthbheochana.

1.16.1 Súil siar.

Réitíonn ár léirbhreithniú le barúlacha an Choimisiún Um Athbheochan na Gaeilge (1963:334) a shainaithin soláthar na leabhar Gaeilge i dtús an chéid seo caite mar shruthán 'a bhí caol go maith an lá ba láidre é.' agus, mar a léirigh

Niall Ó Cíosáin in ailt éagsúla, gur shuarach an soláthar é ‘i gcomparáid leis an soláthar leabhar a mbeifí ag coinne leis i dtíortha Eorpacha eile’.

De réir Cheartliosta Uí Tháilliúir chuir an Conradh 404 foilseachán i gcló i dtréimhse eagarthóireachta an Laoidigh, a shín go 1915 ó 1903. B’fhéidir 190 leabhar Gaeilge nár chláir imeachtaí ná tuarascálacha ná paimfléid bholscaireachta iad a aimsiú san áireamh sin. Orthu siúd bhí scór leabhar arbh é Seosamh Laoide a n-údar agus seacht leabhar a raibh a raibh a ainm orthu mar eagarthóir. I liosta a chum sé féin agus atá ag Liam Mac Mathúna (2000-2001:97) áiríonn sé na leabhair a scríobh sé féin ‘ó bhun bárr’ ag 31, a chiallaíonn gur fhoilsíodh 11 leabhar taobh amuigh den tréimhse seo nó ag foilsitheoir eile seachas an Conradh. Tá leabhair sa soláthar nach bhfuil a ainm orthu mar eagarthóir ach is léir ó fhianaise inmheánach nó sheachtrach gur chuir sé in eagar iad. Deir sé sa chuntas atá ag Mac Mathúna, luaite thuas, gur chuir sé 73 leabhar in eagar. Bhí tuairim is tríocha leabhar athfhoilsithe ó irisí, IG, ASC agus *An Lóchrann* go príomha. Chuir sé foclóir agus/nó ‘tagra’ le 37 leabhar, trí cinn roimh 1903.

Níorbh éachtach an táirgeadh í aschur 190 leabhar thar dhá bhliain déag. Ní raibh, mar a mhínigh Niall Ó Cíosáin ina aiste, ‘Creating an audience: innovation and reception in Irish language publishing, 1880-1920’ (2004:11), tacaíocht ná patrúnacht na hEaglaise Caitlicí ná forais chumhachtaí ar bith eile ag clóchultúr na Gaeilge; ní raibh aige ach eagraíocht dheonach mhíthreorach gan maoiniú iontaofa. Mar a mhínigh Ó Cíosáin go minic, i gcomparáid le Gaeilge na hAlban, an Bhreatnais agus an Bhriotáinis, is ar éigean go raibh infreastructhúir do chlóchultúr na Gaeilge ann ar chor ar bith. Sa Chonradh, bhí tosaíocht ag Oireachtas na Gaeilge, ag an timireacht, ag ACS, ag an stocaireacht nó ag an taidhleoireacht chun an Ghaeilge a chur ar churaclaim ag gach leibhéal ar fhoilsitheoireacht na leabhar.

I dtimpeallacht chomh fabhtach, doicheallach is a bhí sa Chonradh agus ag tabhairt san áireamh nach raibh ach 20 leabhar Gaeilge i gcló i mí Iúil 1893 (Ní Dhonnchadha, 1981:22), bhí aschur tréimhse Laoide mar eagarthóir éachtach amach is amach. Ba iad an Laoideach agus a mheitheal go haonarach, d’fhéadfaí a áitiú, a bhí i mbun tionscadail na leabhar Gaeilge ó 1903 go 1916.

Tá léirithe againn gur fheidhmigh sé chomh gairmiúil le heagarthóir i dteanga ar bith, ag ullmhú na dtéacsanna, ag léamh na bprofaí, ag plé leis na húdair agus na clódóirí, mar a mhínigh Mac Mathúna (2000-2001:93). Mar a dúramar i leith a théarma le IG, níorbh eagarthóir dofheicthe é. D'fhág sé a lorg go trom agus go pearsanta ar an saothar a phróiseáil sé.

Ba mhór a chuidigh an sruthú ábhair ó na hirisí leis ach ní raibh ach an séú cuid de na teidil sruthaithe. Bhí IG agus ACS tábhachtach do chur chun cinn an iomláin mar is iontu a bhí na léirmheasanna agus an t-ábhar bolscaireachta, scríofa go minic ag an Laoideach faoina ainm cleite 'Mac Tíre'.

Ba shuntasach an méid a chuidigh sé féin leis an leabharliosta, an scór go leith leabhar a chuir sé le chéile; an dá scór beagnach ar chuir sé foclóirí agus nó tagairtí leo, de bhreis ar na cinn a chuir sé in eagar agus a d'ullmhaigh sé don chló.

Rinne sé a chion i soláthar na leabhar teagaisc agus foghlama, mar eagarthóir agus mar theaglamaí, go háirithe leabhair léitheoireachta. In earnáil an oideachais freisin léirigh sé a chumas soláthar téacsleabhar do theagasc ábhar eile trí mheán na Gaeilge a thionscnamh. Léiríomar gur thiargálaí a bhí ann in earnáil na litríochta cruthaithí, gur éascaigh sé foilsiú na céad iarrachtaí sa Ghaeilge nua. Mar bhéaloideasaí, thaispeánamar gur líon sé an bhearna sa bhailitheoireacht idir an Craoibhín agus Ó Duilearga. Dhearbhaigh soláthar na leabhar an léargas uile-Éireannach a bhí aige maidir leis na canúintí. Léiríonn an soláthar freisin an méid a chuidigh sé le ceartúsáid na teanga mar fhoclóirí agus mar ghramadóir.

Bhí a lán ar siúl aige sa tréimhse seo seachas eagarthóireacht na leabhar, san áireamh an 'saoririseoireacht', sé sin, aistí agus ailt in IG agus ACS agus i dtréimhseacháin eile. Beidh cuid den saothar sin faoi scrúdú againn in Aguisín G.

Aguisín G

An Laoideach, saoririseoir

1. An Laoideach, saoririseoir

Cuimhnítear ar an Laoideach inniu mar eagarthóir irise agus leabhar ach b'údar bisiúil ina cheart féin é, ní mar údar leabhar amháin ach mar shaoririseoir ilghnéitheach a d'fhoilsigh ailt, aistí agus léirmheasanna in ACS, in IG agus i raon irisí léannta.

Ar na liostaí dá shaothar a chuir sé féin le chéile agus atá sa Leabharlann Náisiúnta (Ms 3496), tá dhá liosta dá sholáthar d'irisí, léirmheasanna, amhráin, dánta, scéalta, aistí agus ailt. Is é 'Original sketches, articles, letters', an teideal atá ar liosta amháin,. Tá 65 mír áirithe sa liosta seo. 'Contributions to learned journals and to the periodicals on historical, topographical and grammatical questions' an teideal atá ar an dara liosta. Tá 106 mír áirithe sa liosta seo. De réir na liostaí sholáthair sé 171 píosa ar a laghad d'irisí. Bheadh a bheag nó a mhór de phróiseáil, nótaí, foclóirí agus tagraí, i gceist i gcás na n-amhrán agus na scéalta. Tá na liostaí seo in Aguisín M.

Pléifear an chuid dá iriseoireacht a bhaineann le dinnseanchas in Aguisín H agus aiste thábhachtach bheathaisnéiseach, 'Críoch an sgéil ar iarraidh', i gCaibidil 5. Tá na léirmheasanna pléite againn i gCaibidil 4. Tá aistí, ailt agus míreanna a bhaineann leis an nGaeilge, leis na canúintí agus le pointí gramadaí léirbhreithnithe againn i gCaibidlí 3 agus 4. Féachaimis anois ar rogha dá phíosaí a foilsíodh in IG tar éis dó éirí as mar eagarthóir na hirise sin i 1903.

1.1 'Cuairt in aistear'

Bhí 'Cuairt in aistear', sraith trí chuid, in IG aige thar Feabhra, Márta agus Aibreán, 1908. Ba chuntas beoga é sin ar thuras a rinne sé an samhradh roimhe sin in éindí le Carl Reuning, teangeolaí óg Gearmánach, agus a aintín siúd, go dtí an Tiaracht, an t-oileán is iartharaí de na Blascaodaí. Bhí Carl Marstrander, an teangeolaí Ioruach, ar Thiaracht agus theastaigh uathu bualadh leis. Bhaineadar Tiaracht amach i naomhóga le mórán dua, ach go déanach sa lá. Bhí Marstrander amuigh ag dreapadh an chnoic b'airde ar an oileán; d'fhanadar, ach níor tháinig sé ar ais, agus níor mhór dóibh imeacht 'fhad a bhí solas ann'. Ba é seo clabhsúr Sheosaimh ar a aiste:

> Is dóigh liom gur bhaineamair mórán suilt agus sásaimh as cuaird an lae sin, acht má bhaineamair, cuaird i n-aistear ab' eadh í, fóiríor, nuair nach feacamair cuspóir na cuarda, .i., Marstrander, sanasaidhe na hEorpa ó Chuan na Beirbhe Lochlannaighe. Go ndeonuighidh Dia dhúinn súil do leigean air agus lán ár dhá súil do bhaint de uair éigin eile.

1.2 'Amhrán an tSrachánaigh'

Chruthaigh sé a thuiscint ar an Mhanainnis in IG Iúil, 1906, le 'Amhrán an tSrachánaigh'**,** an leagan Gaeilge den dán sa Mhanainnis a chuir an tOllamh John Strachan ar fáil. *'Ag na fidléiribh um an Nollaig'* an teideal a bhí ar aistriúchán Sheosaimh ar an amhrán Manannach sin. Fuair sé iarracht Strachan in *Zeitschrift für Celtische Philologie,* I. (1897:54-58).

> Aig na fidléirí anns an Ollaic
> B'é an chéad bhall [theangmhuigh] mé le grádh mo chroidhe:
> Go grádhach grádhach shuidh sinn síos [le chéile]
> Is thug sinn toiseach do'n tsuirighe.
>
> Uadh an uair sin go cionn seacht bliadhna
> Bhí mo ghrádh is mise [go] minic [ag teacht i gceann a chéile]:
> Is gheall sí damh-sa leis a' teangaidh fallsa
> Ná deineadh sí mé go bráth thréigean.

Tá soiléiriú an Laoidigh idir na lúibíní. Tá an sliocht seo as cuntas Strachan:



A MANX FOLKSONG.

In the summer of 1883 I spent a few days at Port Erin in the Isle of Man along with Father Henebry, from County Waterford, Ireland, who speaks Irish as his native tongue. During that time we went about among the surrounding villages to see if we could discover any of the old folksongs or folktales of Man. For the most part our search was unsuccessful. The people have ceased to care for these things, and so they have fallen into oblivion. But as a compensation for many disappointments we were lucky enough to obtain the following sweet little song from a genuine Manxman, Thomas Kermode of Bradda, near Port Erin, who, though he lost his eyesight in his boyhood, pursued till about three years ago the calling of fisherman. He recited the song to us, and explained it, and we took it down as well as we could. In September of the present year I again visited Man, and I had the song recited to me again. Unfortunately Mr. Kermode was ill during part of my visit, and I was unable to see as much of him as I could have wished. Above anyone whom I met he is interested in and acquainted with the old lore of Man, though he told me that he had not heard a Manx song sung for the last forty years.

210. Sliocht as cuntas Strachan in *Zeitschrift für Celtische Philologie,* I, ar a chuairt ar Oileán Mhanann.

D'inis Strachan dúinn ansin go raibh sé féin agus an Dr de Hindeberg ar Oileán Mhanann le chéile in 1883. Bhí an t-ádh orthu bualadh le Thomas Kermode a chas amhrán Manainnise dóibh. Rinne Strachan leagan foghrúil den amhrán i

nGaeilge na hÉireann. Ní raibh sé oilte, mar a mhínigh sé, ar an bhfogharscríobh. Is beag meas a bhí ag an Laoideach ar an litriú Manannach:

> Ná tógtar orm nár bhaineas úsáid as an litriughadh Manannach. An rud nach dearna an Strachánach, ní dhéanfad-sa é acht comh beag leis. Níor chás dam é agus a fhíor-dhonacht atá sé... Ní litriughadh é i n-éan-chor, acht sadhas 'phonetics' (.i. saobh-litriughadh) fá mar gheibhtear i leabhraibh Uí Ghramhna mar chabhair dón mhac léighinn nó mar cleachtthar (sic) ag na ceoltóiríbh Béarla úd nach fuláir leó amhrán Gaedhilge d'fhoghluim i n-iongnais bríghe na bhfocal. ... Deallruigheann an t-iarracht (sic) so uaim-se gur féidir Gaedhealg Mhanann de sgríobhadh sa litriughadh Ghaedhealach agus gurab é is fearr chuige... An rud is dual d'Éirinn agus d'Albain, is é is dual do Mhanainn.

1.3 'Treoir an Ollaimh Suueet'

Bhíodh Strachan ina léachtóir ag Scoil Ard-Léighinn na Gaedhilge. Thug an tOllamh Henry Sweet léacht ansin freisin. In 'Treoir an Ollaimh Suueet', a bhí in IG, eagrán na Nollag 1906, phléigh an Laoideach an chéad dá leathanach as Caibidil 6, 'The Aryan languages', 97 agus 98, as *The History of Language* leis an Ollamh Sweet, stair a d'fhoilsigh J.M. Dent i 1901. B'fhocleolaí aitheanta Sweet. Ina aiste fhada, a thosaigh mar seo thíos, léirigh Seosamh gur thuig sé an t-eagar a chuir Sweet ar an fhine teangacha Ind-Eorpacha, atá, is cosúil, síolraithe ó phréamhtheanga amháin, ón bPróta-Ind-Eorpais, teanga theoiriciúil nár mhór a athchruthú go príomha as an téarmaíocht choiteann a roinneann baill na fine teangacha lena chéile.

> Is eol do chuid againn um an dtaca so caidé an rud Ind-Eorpachas. Comhar teangadh is eadh é, a bhfurmhór san Eoraip & an chaol-chuid san Ásia. Comhar Eorpach é gan amhras dá ndeachaidh cuid de, .i. an roinn de go mbaineann an t-ainm Árian dó ó cheart leis, thar teorainn san Ásia. Seo é an suidhiughadh do bhí & atá fós ar na teangthaibh hInd-Eorpacha: Gearmánta, Lituánda, Slabhónda, Cealtacdha, Arménda, Albánda, Iodálda, Gréagdha, Zend, Sanscrít.....

Thuig sé plean Sweet, arbh é an chomóntacht a aimsiú taobh istigh de ghrúpa teangacha atá gaolta go cóngarach le chéile, abair na teangacha Ceilteacha, agus an chomóntacht sin a chóimheas leis an gcomóntacht i ngrúpaí eile, an grúpa Lochlannach nó an grúpa Gearmánach, abair, agus leanúint ar aghaidh mar sin go dtí go dtógtar an bhunteanga focal ar fhocal.

Níor luaigh sé a athair san aiste seo, an Dr. Joseph Henry Lloyd. Mar a thaispeánamar i gCaibidil 2, bhí seisean ag plé le sinsearacht na dteangacha

Eorpacha i 70í an 19ú haois, agus thaispeáin sé sin ina leabhar, *Idioms of the German language, together with the proverbs*, 1870.

1.4 An Laoideach mar rannaire

Ba rannaire cumasach an Laoideach, i dtréimhse nuair ba rannaire gach dara Gaeilgeoir, agus tá go leor dá véarsaíocht féin scaipthe ar fud a shaothair. Dar le *ainm.ie*,[148] thug Scoil Ard-Léinn na Gaeilge scoláireacht don Aimhirgíneach chun tréimhsí a chaitheamh ag foghlaim faoi Zimmer i mBeirlín agus faoi Thurneysen in Freiburg. Is cosúil gur scríobh sé 'und so weiter' i scríbhinn chuig a chairde sa bhaile nuair a theastaigh gach eolas uathu ar a raibh ar siúl aige. D'fhoilsigh an Laoideach laoi/aoir shlabhrúil[149] faoin teideal 'Und so weiter' in IG, eagrán na Nollag, 1905. Tá ceithre véarsa aisti thíos:

A Aimhirgínigh uasail oilte,
Mór an moladh thugais dúinn!
Cé do thogair triall an fhásaigh,
Obair dhian nár sháruigh súil?

Súil má thugair ar ár saothar,
Iomdha dearmad díleas ann!
Fada dhúinn gan chosg ár bhfíocha -
Cara i bhfos is tríocha thall!

Thall ó taoi sa tír úd uainne,
Adhbha léighinn léir na suadh,
Tuaraisg dúinn, an buime balbháin
Fuarais uime, an Almáin fhuar?

Fuar, 's gan uaidh acht "und so weiter",
Sgéala an té do sgríobh sa tráth!
Dar ár mbosaibh, breis badh luaidhte —
Cosmhail leis gur fuaire an fáth....

1.5 'Scéal ó Laoighis'

Ba léacht 'Sgéal ó Laoighis' a foilsíodh faoin ainm 'Mac Tíre' in IG Bealtaine 1905. Thóg sé seacht leathanach den eagrán sin. Ní abrann sé cén áit ar tugadh an léacht seo, a chuaigh ar seachrán go minic, ach bhain an scéal le hIarla Chill Dara, an t-aonú iarla déag, Gearailt Mac Gearailt, aimsir Éilise agus leis an gcos ar bolg gan taise a d'imir an Gearaltach seo ar chlann Uí Cheallaigh i Laoighis. Is í an teachtaireacht, is dócha, nach raibh na SeanGhaill (*Hiberniores hibernis*

[148] s.n. Bergin, Osborn Joseph (1873–1950).
[149] Is ionann nó gar dó focal deiridh na cheathrúna agus túsfhocal an chéad cheann eile.

ipsis) gan a nduáilcí uaireanta. Léiríonn an Laoideach é féin sa léacht seo mar dhuine a bhí frith-Shasanach go smior.

1.6 Filíocht á cur in eagar

Chuir sé eagar ar roinnt filíochta i 1905. Dán amháin ba ea ‘Tarngaire Mhaoilruáin’, IG Iúil, agus ceann eile, ‘Aithrí Chathail Bhuí’, in eagrán na Samhna. Bhí sé seo sa nóta a scríobh sé faoi ‘Tarngaire Mhaoilruáin’:

> "Maolruain, easpog Tamhlachta, 787: Níor hitheadh feoil agus níor hibheadh lionn ag manchaibh Maoilruain le n-a ré féin; (De Quibusdam Episcopis, ag Dubhaltach Mac Firbisigh). Ní'l ainm an naoimh seo caillte ar fad orainn indiu féin. Féach, tá Cnoc Maoilruain le hais Phairce an Fhionnuisge, agus do cruinighthí comhthalán nó pátrún i dTámhlacht go dtí tús an naomhadh céid déag nó fá'n tuairim sin. Acht, nár náireach dóibh? Rinne na daoine "Moll Roone" d'á ainm agus do shaoileadar gur bean a bhí ann!

Bhí an ceart aige. Is fonn aitheanta ‘Moll Roone’.



211. An fonn do ‘Moll Roone’

Is mar seo a thosaíonn an dán:

> Abair, a Mhaoil Tamhlachta,
> Sgéala dheiridh an domhain,
> Cinneadh fhear na talmhan-sa,
> Ó's tú ad-chí 's do chonnairc.
>
> Innis, mun badh aincheasta,
> Ó's duit as eol gach éin-cheist,
> Cionnus bhias na haimseara
> Atá chugainn, a chléirigh.

Bhailigh Seosamh dhá leagan de scéal báis Chathail Bhuí ó Mháire Ní Mhathghamhna agus ó bhean Phaidí Pheadair Uí Mhearáin as Machaire Cluana ag Feis Charraig Mhachaire Rois i mí Lúnasa, 1905. D’fhoilsigh sé iad in IG, Samhain 1905, mar aguisín do ‘Dán deireanach Chathail Bhuidhe’ a bhí ag Seán Ó hAnnáin san iris i Meitheamh 1905. Seo leagan bhean Phaidí Pheadair Uí Mhearáin:

> D'imthigh se leis mar bheadh fear aerach, an duine bocht. Thug sgológ cead dó dhul isteach sa sgioból. Chuir se duine i gcoinne an tsagairt. Cha dtainic an sagart leis a' chead teachtaire. A' duine bocht, sgríobh se a fhaosaide ar a' mballa.Thainic a' sagart annsin leis a' dara teachtaire. Nuair a thainic se 'un a' doruis, bhí solus mór istoigh. Nuair a thainic se isteach, fuaidh a' solus amach. Nuair a thainic solus a' lae annsin, fuaidh se isteach agus léigh se an faosaide ar a' mballa.

'Badh mhaith an rud gur maitheadh dó i ndeireadh thiar', scríobh Seosamh. 'Soluis na bhflaitheas thart thimcheall air i n-éis a bháis a thaisbeán sin'. Seo mar a thosaigh an fhaoistin, leagan Uí Annáin:

> Truagh, a ghearr-chléibh, faraor, nach rugadh mé dall,
> Bodhar, balbh, gan chéill, is gan éin-smid teangadh in mo chionn,
> Sol a dteacha mé i dtréas, mar bheadh ceatharnach coilleadh rinn feall,
> Acht mun' rabh grásta Dé, cha dtéarna me aithrighe i n-am.

'A pheacaí a scríobh sé ar an mballa le slait dhóite', dúirt Máire Ní Mhathghamhna.

1.7 Litreacha

Áiríonn Mac Peaircín (2018:26) 16 litir chuig eagarthóir IG idir 1903 agus 1909 a scríobh an Laoideach, mar 'S. L' nó mar 'Seosamh Laoide' nó mar 'J. H Lloyd', go hiondúil faoin ábhar leis féin a bhí san iris.

2.0 An Laoideach, saoririseoir in ACS

B'fhurasta dearmad a dhéanamh gur chaith Seosamh an dúthracht chéanna le cur chun cinn ACS is a chaith sé le IG nó le heagarthóireacht nó le scríobh na leabhar. Ba léir an díograis sin go háirithe sna blianta 1912 agus 1913. Bhí díomá air nuair a stop an Conradh ag foilsiú IG i 1909. Caithfidh go raibh imní air anois go ndéanfadh na Poblachtaigh, a raibh a smacht ar an gCoiste Gnó ag treisiú, an cleas céanna leis ACS. Bhí sé seo ag Regina Uí Chollatáin (2004:117-118):

> Feictear an dúthracht a caitheadh le feabhas a chur ar ACS i dtuairisc na hArdfheise sa bhliain 1912 nuair a rinne Seosamh Laoide cur síos ar an iarracht a rinne seisean chun feabhas a chur ar ábhar an nuachtáin. Is fiú scagadh a dhéanamh ar an sliocht sin chun tuiscint a fháil ar an díograis a chaith scríbhneoirí agus eagarthóirí ACS lena gcuid alt agus an iarracht a rinne siad chun an páipéar a chur chun cinn. Rinne siad é sin in ainneoin na gconstaicí a bhí le sárú acu ar leibhéal gairmiúil agus ar leibhéal pearsanta agus in ainneoin choinníollacha agus mhíshuaimhneas na tíre i rith na tréimhse sin.

Bhí Seán Mac Giollarnáth ina eagarthóir ar ACS ó 1909 go 1917. Ghlac Conraitheoirí mar Sheán Mac Énrí agus an Laoideach agus Ua Rathghaille, cúram na heagarthóireachta orthu féin ar feadh tréimhsí gearra de réir mar ba ghá. Ag Ardfheis 1912, deir UÍ Chollatáin linn sa tuairisc chéanna, labhair Seosamh faoi sheachtain eagarthóireachta a rinne sé ar an ACS i mí na Nollag, 1911, agus trí sheachtain i mí Eanáir, 1912. Gach uile sheans go raibh tréimhsí gearra eile mar sin ann chomh maith. Deir Uí Chollatáin sa sliocht céanna faoi na haistí:

> D'inis Seosamh Laoide don Choiste Gnó gur scríobh sé fiche aiste ar ábhair éagsúla do ACS.... Mhol sé don Choiste go n-íocfaí scríbhneoirí ACS nó gur bhfearr a rá leo go hoscailte nach n-íocfaí as a gcuid oibre mar bhí ceist thuarastal na scríbhneoirí á plé ag an am seo.... Is léir ón tuairisc gur oibrigh sé go dian dícheallach ar son cur chun cinn an pháipéir agus gur mhothaigh sé go raibh, ar a laghad, luach a chuid oibre tuillte aige de bhrí gur chaith sé an méid sin ama i mbun scríbhneoireachta ar na haistí. Luann sé gur chaith sé seachtain iomlán ar cheann díobh. (2004:118)

Scríobh sé trí scór píosa próis ar a laghad don ACS. Ba é an iarracht ba shuntasaí a rinne sé chun feabhas a chur ar ábhar an nuachtáin ná sraith alt ar chúrsaí reatha thar lear a scríobh. Bhí na hailt san ACS faoina ainm cleite, Mac Tíre. Ní raibh ach téama amháin aige den chuid is mó—cogaíocht na mBalcánach, an chorraíl ghránna sin sa Mheánoirthear as ar eascair an Cogadh Mór.

2.1 Aistí faoi chúrsaí eachtracha in ACS

Is léir ó thrácht Uí Chollatáin gur scríobh an Laoideach na haistí ainmnithe thíos chun réimse ábhair an ACS a leathnú. Níl gach teideal sa liosta. Scríobhadh den chuid is mó iad ó mhí na Nollag 1911 go mí Eanáir 1914. Baineann siad le titim na hImpireachta Otamánaí as a chéile agus iarrachtaí na stát mórthimpeall cur lena dtalamh féin as tailte na hImpireachta sin. Ní bheadh foinse ar bith ag an Laoideach don eolas ba ghá chun na haistí seo a scríobh ach nuachtáin an lae, ach ní lomaistriúcháin ná coimrithe tura atá iontu. Scríobh sé go muiníneach, údarásach. Bhraithfeadh a léitheoirí go raibh sáreolas aige ar a ábhar agus spéis ghéarchúiseach ann. Chuir sé cuntas leanúnach ar fáil ó sheachtain go seachtain. Léirigh sé go raibh na téarmaíochtaí taidhleoireachta, míleata agus tíreolaíoch go paiteanta aige.

Tá na hailt spéisiúil mar thráchtaireacht staire mar baineann siad le himeachtaí 1911 go deireadh 1913 sa láthair chogaíochta inar tionscnaíodh an Cogadh Mór.

Phléigh sé an chogaíocht sa leithinis Bhalcánach ach go háirithe. Léirigh sé iarrachtaí na hIodáile giota den Impireacht Otamánach d'fháil di féin. Lean sé buanna na Léige Balchánaí agus ba mhinic dó ag iarraidh cruth na hEorpa nua a thiocfadh as an gcorraíl seo a shamhlú. Dhírigh sé ar thíortha ar leith sa Leithinis: an Bhulgáir, an tSeirbia, an Rómáin, an Albáin. Thuairiscigh sé ar na hiarrachtaí ar shíocháin a thionscnamh. Chuaigh sé níos faide ar fán agus thuairiscigh sé ar chúrsaí san Áis—alt dhá chuid ar an tSín agus an Mhongóil, mar shampla. Lean sé iarrachtaí na Tuirce a leas a chosaint. Bhí meas aige ar na Turcaigh agus a gcumas troda d'ainneoin na mbriseanna a d'fhulaing siad. Go híorónta, mharófaí a nia féin, an Leifteanant Hewitt Huggard, mac a dheirféar Frances Marian, a bhí le cathlann East Yorkshire, i bhfrithionsaí Turcach ar an trá i gCuan Sulva, Gallipoli, ar 9 Lúnasa 1915.

Alt/Aiste		An Claideamh Soluis: Eagrá(i)n
1.	Cogadh na Leithinse Balcanaighe	26-10-1912, 2-11-1912, 9-11-1912
2.	Cogadh Shléibhe Balcain	2-1-1912
3.	Cogadh na Traigia	9-11-1912
4.	Ceannas Oirthear-Dheiscirt na hEórpa	16-11-1912
5.	Státacht na hAlbáine	23-11-1912
6.	Míodhaonacht na Seirbeach.	30-11-1912
7.	Meirghe na hAlbáine	7-12-1912
8.	Síothcháin Lonndain	14-12-1912
9.	Cath Ianitsa	21-12-1912
10.	Ceist na Síothchána	4-1-1913
11.	Teaglamadh na Síothchána	11-1-1913
12.	Síléig na Tráchtála	25-1-1913
13.	Atharrach Ceannais	1-2-1913
14.	Dalbhacht na Tuirce	8-2-1913
15.	Ath-chogadh	15-2-1913
16.	Aithdhímbhuaidh ar Thuircibh	22-2-1913
17.	An Tuirc Sa Déidheannach	1-3-1913
18.	Gabháil Adrianóible	5-4-1913
19.	Aith-theacht Síothchána	12-4-1913
20.	Dubhshlán na nArdstát	19-4-1913
21.	Gabháil Scodra	3-5-1913
22.	Connradh Scodra	10-5-193
23.	Géilleadh Niocláis	17-5-1913
24.	Cogadh na gComharach	31-5-1913
25.	Ruaig ar an mBulgáir	12-7-1913
26.	An Bhulgáir ag Iarraidh Síothchána	19-7-1913
27.	An Trácht ar Shíothcháin,	9.8.1913.
28.	Síothcháin Bhucarest	23-8-1913
29.	Cogadh na hEadáile leis an Tuircéis, (Cuid 1 gan síniú agus Cuid 22-6-1912 gan síniú)	15-6-1912
30.	An tSín agus an Mhongóil,	20.1.1912; 27.1.1912

31.	Flaith na hAlbáine,	29.11.1913.
32.	Ceist na hAlbáine,	27.12.1913.
33.	Uisge Fá Thalamh san Albáin,	17.1.1914.
34.	Teorantacht na hAlbáine,	6.1.1913.
35.	Rí na hAlbáine,	13.12.1913
36.	Eagla roimh an Almáin (gan síniú)	8.6.1912

Bhí barúlacha láidre aige faoina raibh ar siúl. Ba thráchtaire stuama eolach é a léirigh tuiscint chuimsitheach ar chúrsaí idirnáisiúnta. Is leor sampla iomlán amháin, ceann gearr, tá súil agam, den chnuasach téagartha aistí seo chun na tréithe ar fad a léiriú. Is é 'An Trácht ar Shíothcháin' é a foilsíodh in ACS, eagrán 9 Lúnasa 1913:



An Tráct ar Síothcáin.

Táid na Balcanaigh ag bogadh dá chéile fá dheireadh. Táid na teachtairí ó na cúig státaibh ar an láthair i mBucarest na Rúmáine chum teacht ar aon fhocal i dtaobh socruighthe na leithinse. Níl an Bhulgáir ró-shásta le haith-theorainn na Dobruidsea mar a chuir an Rúmáin ar léarsgáil í; tosnuigheann sí ('na tairgsint uaithi sin, tá fios agaibh) naoi gcilométair taobh thiar de Thurtuceui agus tá críoch uirthi deich gcilométair taobh theas de Bhalcsic. Is dócha go gcaithfidh an Bhulgáir bheith sásta léi. Tá an Rúise ag iarraidh Cabhalla agus oileán Thasos do chongbháil don Bhulgáir, ní nach

mac tíre na páirce.

212. 'An Trácht ar Shíothcháin' le SL, ACS, 9 Lúnasa 1913:

Táid na Balcanaigh ag bogadh dá chéile fá dheireadh. Táid na teachtairí ó na cúig státaibh ar an láthair i mBucarest na Rúmáine chum teacht ar aon fhocal i dtaobh socruighthe na leithinse. Níl an Bhulgáir ró-shásta le haith-theorainn na Dobruidsea mar a chuir an Rúmáin ar léarsgáil í; tosnuigheann sí ('na tairgsint uaithi sin, tá fios agaibh) naoi gcilométair taobh thiar de Thurtuceui agus tá críoch uirthi deich gcilométair taobh theas de Bhalcsic. Is dócha go gcaithfidh an Bhulgáir bheith sásta léi. Tá an Rúise ag iarraidh Cabhalla agus oileán Thasos do chongbháil don Bhulgáir, ní nach

> ceart agus iad araon i seilbh na Gréige agus gur Gréagaigh atá mar fhuirinn áitreabha riamh ionntu. Is furus sin a thuigsint: badh mhaith le Rúise smacht éigin do bheith aici ar imeall-bhórdaibh Mara Gréag, agus tá sadhas smachta riamh aici ar an mBulgáir. Do chaill an Bhulgáir bruach na farraige tré n-a olcas do throid sí i n-aghaidh na Gréige san ath-chogadh. Do chaill sí Adrianóible agus Circ Cilisse leis dá dheasgaibh agus deirid na Turcaigh anois, ní nach iongnadh, nach tiubhraidh siad a sean-ardchathair uatha arís don Bhulgáir ná d'aon stáit eile.

Níor mhór na píosaí seo a thabhairt san áireamh i dtaighde creidiúnach ar bith a dhéanfaí ar iriseoireacht na Gaeilge. Scríobh sé ar ábhair eile freisin.

2.2 Fir ghorma na hÉireann

B'iarracht scolártha eitneagrafaíoch 'Fir ghorma na hÉireann', aiste trí pháirt a bhí san ACS[150]. Ba é cuspóir na sraithe téacs spéisiúil, *Fragmenta Annalium Hibernae*, a chur i láthair phobal na Gaeilge ach seans go raibh iarracht den rógaireacht ann freisin, mar bhí sé le taispeáint gur dócha go raibh go leor sa tír síolraithe ó na fir ghorma a thug na Lochlannaigh anseo mar sclábhaithe sa 9ú céad, i ngan fhios dóibh féin.


The Blue Men of Ireland.

Some time ago I felt rather astonished and indeed amused although the matter is really too serious for that, at the ignorance existing amongst people of

213. Sampla as lámhscríbhinn le SL

(Féach an réamhobair sa Bhéarla thuas a fuaireamar san Acadamh Ríoga)

Fuair sé an cuntas ba bhun lena aiste i *Annals of Ireland: Three Fragments* (O'Donovan 1860:162-163), inar chuir an t-údar leagan Dhubhaltaigh Mhic Fhirbisigh de na *Fragmenta* in eagar. Scríobh an Laoideach é seo:

> Mórán de na rudaibh atá i *Three Fragments*, is féidir a rádh gur ó bhéaloideas Lochlannach na hÉireann a thángadar, mar ní fhéadfaidis Gaedhil cuimhniughadh ar a leithéidibh,

[150] Eagráin Mheitheamh 8, Mheitheamh 15 agus Iúil 13, 1912.

Chreid sé gur tháinig an téarma ‘fir ghorma’ ó ‘blamenn’ na hIoruaise, lomaistriúchán. Is iad seo na sleachta ábhartha as leabhar Uí Dhonnabháin:



162

Ro ċuaċċuṙ ıaṙṙın na Loċlonnaıġ ṙon ċíṙ ⁊ ṙo aıṙġṙıoċ, ⁊ ṙo loıṙġṙıoḋ an ċíṙ uıle; ċuġṙaḋ ḋna ṙluaġ móṙ ḃíoḃ a mḃṙaıċ leo ġo hḞıṙınn .ı. ṙıaḋ ṙın na ṙıṙ ġoṙma, uaıṙ ıṙ ıonann Mauṙı ⁊ nıġṙı: Mauṙıtanıa ıṙ ıonann ıṙ nıġṙıtuḋo. Aṙ ınḃſḋċaın má ṫéaṙna an ṫṙıṙ ḋuıne ḋo Loċlonnaıḃ eḋıṙ ın nſċ ṙa maṙḃaıḋ, ⁊ ṙo ḃáıḋıt ḋíḃ ṙan Muıncınn muıṙıḋe Ġaḋıtanna. Aṙ ṙaḋa ḋna ṙo ḃáḋaṙ na ṙıṙ ġoṙma ṙın ı n-Ḟıṙınn. Aṙ ann aṫa Mauṙıtanıa conṫṙa ḃaleaṙeṙ Inṙulaṙ.



163

After this the Lochlanns passed over the country, and they plundered and burned the whole country; and they carried off a great host of them [the Mauritani] as captives to Erin, and these are the blue men [of Erin], for Mauri is the same as black men, and Mauritania is the same as blackness. It is wonderful if every third man of the Lochlanns escaped, between the numbers who were killed and those who were drowned of them in the Gaditanean Straits. Long indeed were these blue men in Erin[b]. Mauritania is situated opposite the Balearic Isles[c].

214. Sleachta as ‘Three fragments’ le John O’Donovan, *Annála na hÉireann*

2.3 Fá sheol go hÁrainn’ agus aistí eile

Bhí an aiste 3 pháirt ‘Fá sheol go hÁrainn’, (sínithe aige lena *nom de plume* Mac Tíre) in eagráin Mhárta 1907 (9, 16, agus 23 lá). Insíonn sé gur iarradh air dul go hÁrainn ó Gharumna i bpúcán agus é ag dul thart i gConamara ag bailiú amhrán. Baineann sé Cill Mhuirbhigh agus Dún Aonghusa amach, agus filleann sé an lá céanna. Bíonn an turas abhaile mall scanrúil; séidtear dá gcúrsa iad agus tagann siad i dtír i gCuan an Fhir Mhóir.

In eagrán 7 Meitheamh 1913 a bhí ‘Fáilte i riocht duine eile’. Ag bailiú amhrán arís dó, ach i nDún na nGall an turas seo, fáiltíodh roimhe i dteach mar cheapadar gur duine eile ar fad a bhí ann.

I ‘Rachlainn’ (ACS, 24 Feabhra 1912), thug sé freagra faoina ainm féin ar Shéamas Ó Searcaigh, a mhaígh in aiste tamall roimhe sin gur ‘cosmhaile le Gaedhilg na hAlban ná Gaedhilg na hÉireann canamhain Reachrann’. Bhí

dúshlán don Laoideach sa ráiteas sin. Thug sé faoi é a bhréagnú nó a dhearbhú agus san iarracht thaispeáin sé chomh máistriúil is a bhí sé i réimse na gcanúintí, canúint na hAlban san áireamh. Bhí dhá cholún solaoidí aige ar dtús, 'Reachrannachas' agus 'Albannachas'. ba í a bhreith go raibh an 'Reachrannachas' suite go cothrom idir an 'Éireannachas' agus an 'Albanachas'. De chanúintí na hÉireann ba ghaire 'Reachrannachas' do Ghaeilge Chuailgne ná do cheantar ar bith eile:

> 'Sé mo mheas féin ná beadh neach i bhfad ar seachrán dá n-abróchadh sé gur canamhain idirmheádhonach idir Cuailgneachas (.i. in Uíbh Méith Mara) agus Albananachas atá an Reachrannach(as).

Seo sampla amháin as an rangú a rinne sé ar leaganacha frása comhchiallach le 'sula dtéim abhaile':

'Cuailgneachas':	So ma dtéidhim a bhaile
'Reachrannachas'	So man dtéid mí a bhaile
'Albanachas'.	M'un dtéid mí dhachaidh

Léirigh sé cruinneolas ar Ghaeilge na hAlban. Bhí sé cúramach an cló Rómhánach a úsáid di. I gcaitheamh an ailt dheimhnigh sé go raibh sé féin ar Oileán Reachlainn agus gur bhuail sé le hAlbanach ann.

Luann Philip O'Leary (1994:388) na haistí 'Oidheadh Fraoich Mhic Fhiodhaigh'[151] agus 'Cos Chéin Mhic Mhaolmhuaidh'[152], dhá scéal ó Albain a tháinig ó Éirinn ar dtús, 'athdhéanta' agus curtha in eagar go scolártha ag Seosamh, mar na samplaí ba shuntasaí den chómhalartacht a bhí ag fás idir athbheochanóirí agus lucht saothraithe na Gaeilge in Albain. Ba chomhartha féinmhuiníne ag Conraitheoirí ina ngluaiseacht í, shíl O'Leary. Fás eolais faoi thaisce na Gaeilge in Albain is dócha atá i gceist aige, ach thugamar sin faoi deara in Aguisín F i gcás na Fiannaíochta nuair a phléamar *Fian-Laoithe* an Laoidigh.

Sampla eile den 'chómhalartacht' seo ba ea an léirmheas[153] dearfach a bhí aige i riocht 'Mhac Tíre' in eagrán Deireadh Fómhair 16 1915 ar *Gille a'Buidseir, the wizard's gillie and other tales*, curtha in eagar ag J. G. McKay as lámhscríbhinní

[151] (ACS eagrán 13 Iúil 1912).
[152] (ACS eagráin 7,14, 21 agus 28 Meán Fómhair, agus 12 agus 19 Deireadh Fómhair 1912).
[153] ACS eagrán Deireadh Fómhair 16 1915.

Chaimbéil Íle. Ba dhuine é Caimbéal, dar leis an Laoideach ‘who restored the old bridge across Sruth na Maoile’. Molann sé eagarthóireacht McKay. Tá 10 scéal, i nGaeilge na hAlban agus sa Bhéarla, sa leabhar.

In eagrán 9 Lúnasa 1913 bhí an t-alt ‘Na fir dhíolta uinneamhan ó Bhreatain Bhig na Fraince’ aige. Is cosúil go dtéadh na ‘onion Johnnies’ ar fud na Breataine ar a rothair ag díol oinniún Roscoff. Deir sé linn go dtugaidís a gceol dúchasach leo go Sasana agus iad ag díol an ghlasra seo.

[154]

215 Fir dhíolta oinniún Roscoff

I ‘Cóisir Shamhraidh i nGleann Bhrighde’ (21 Meitheamh 1913), deir sé linn gur fhág sé a theach féin, Buaile na Gréine, Stig Lorcáin, agus gur shiúil sé go Gleann Bhríde i gCo. Chill Mhantáin, áit a raibh cóisir Shamhraidh ar siúl a bhí eagraithe ag Craobh na gCúig Chúigí. Bhí sé chomh tógtha sin le cúram na gcailíní ansin gur chum sé laoi in ómós dóibh.

Is léir gur chuir sé suim sa phlé faoi ‘Home Rule’, ach mar Chonraitheoir bhraithfeadh sé nár chóir dó trácht ar an bpolaitíocht. Bhí alt aige faoin ainm cleite ‘Drostán’ sa cholún ‘Cúrsaí an tSaoghail’ (31 Lúnasa 1912), ‘Riaghaltas thar riaghail’, inar phléigh sé an téarmaíocht a bhí in úsáid ag scríbhneoirí an lae do ‘Home Rule’. Bhí sé meallta ag ‘Dlighe an Bhaile’, an leagan a thug Gaeilgeoir dúchasach as Gaillimh do Charles Percy Bushe.

Caithfidh mé a rá nach eol dom an teanga atá i gceist ag an Laoideach san aiste ‘Uimhreacha na Puistiú nó an bob teangadh do bhuail Indiach orm’ (19 Iúil, 1913), ach gur teanga Indiach í, Puinseáibis, is dócha. Bhí teagmháil ag an Laoideach le Puinseábach i dteach éigin agus d’iarr sé uimhreacha na teanga sin

[154] *https://www.completefrance.com/language-culture/history/why-breton-traders-knowns-as-onion-johnnies-were-once-a-common-sight-in-the-uk-1-5912953,* ceadaithe 4 Feabhra 2020

air. Dáiríre ba raiméis chainte iad na huimhreacha a thug an Puinseábach dó, mar a fuair sé amach níos déanaí ó chaptaen arm a raibh an teanga Indiach sin aige. Chum sé dhá cheathrú mar achoimre ar an scéal:

> Gráin ar Indiach na mbréag;
> Olc an béad do rinne sé;
> Fuair-sean spéis i mbualadh buib;
> Bréag uaidh ar muin bréige clé!
>
> Grádh mo chroidhe an caiptín caomh,
> Mac Uí Shéaghadha maor na sluagh;
> Focail fíre d'inis dom;
> Níor bhuail bob ar sgolóir trua.

An greann i leataobh, d'éirigh leis a thaispeáint gur as an ngréasán Ind-Eorpach a tháinig ár n-uimhreacha Gaeilge chugainn, rud a bhí léirithe ag scoláirí Ind-Eorpaise (ag Zeuss, mar shampla, 1853), i bhfad roimhe sin. Mar a thaispeánamar i gCaibidil 2, níor ghá dó ach féachaint i leabhar a athar, Dr. J.H. Lloyd (1875:8).

Scríobh 'Banba' isteach ag tagairt do 'Both Thaidhg' mar dhíghalldú 'Bodyke' in *Post-Sheanchas 1* agus a rá gur chuala sé/sí 'Lúbán Díge' mar ainm ar an sráidbhaile seo i gCo. an Chláir ó sheanduine. D'fhreagair an Laoideach litir 'Banba' in ACS, 1 Aibreán, 1911, ag glacadh lena leagan, mar bhí dinnseanchas aige féin a dhearbhaigh é. Dá bharr seo, is é 'Lúbán Díge' an leagan oifigiúil do Bodyke atá ar *logainm.ie* anois.

Sa dá eagarfhocal gan síniú, 'The diglots', a bhí in ACS, eagrán Lúnasa 24, 1912 , agus 'Diglots' reading', a bhí in ACS, eagrán 21 Meán Fómhair, 1912, bhí iniúchadh soctheangeolaíoch faoin dátheangachas ar siúl aige glúin nó dhó sular tosaíodh ag úsáid an téarma 'soctheangeolaíocht' fiú. D'admhaigh sé gurb é a scríobh na heagarfhocail seo ina liosta pearsanta. Ba dhúchasach an 'diglot' nach raibh rogha ar bith aige ach an dara teanga a shealbhú i sochaí ina raibh uasaicme choimhthíoch le teanga dhifriúil i réim. Dúirt sé faoi 'diglots' na hÉireann:

> It is unfortunate that the Irish diglots are less intelligent than those of any other country in Europe. They are a flabby, intellectually indolent set of peoplle, so lazy that the bulk of them will not trouble to speak their own language among themselves, though well able to use it for all the ordinary purposes of life.

Sa dara heagarfhocal,' The diglots' reading', aithníonn sé, cé nach gcuireann sé i bhfocail é, mórsmacht mheáin chumarsáide na huasaicme. Is í an fhírinne a

bhaineann sé as an iniúchadh seo ná go bhfuil dúshlán scanrúil roimh Chonraitheoirí a bhí ag iarraidh an mhionteanga a athbheoú nuair a bhí teanga cheannach dhomhanda idir labhairt agus scríobh, a bhí ag freastal go sásúil ar gach uile éileamh a dhéanfaí orthu, i seilbh na nGael cheana féin

Alt sa Bhéarla a bhí aige in ACS, eagrán Lúnasa 16, 1913, ba ea 'Alcohol, a danger to Irish-speaking districts'; rabhadh faoin ól i gceantair Ghaeltachta. Is cosúil nach mbíodh srian ar bith leis an ól sna ceantair sin. Ba é an imní ba mhó a bhí air go pearsanta ná go gcuirfeadh an leathmheisce doiléire agus scaipeacht i gcaint a scéalaithe.

B'eagarfhocal gan síniú uaidh 'Industries in the Gaedhealtacht', a bhí in ACS eagrán 7 Meán Fómhair, 1912. Thuig sé an gá a bhí le tionscail sna Gaeltachtaí chun na daoine a choimeád sa bhaile, ach ní raibh de mholtaí aige ach na sméara dubha a bhailiú agus subh a dhéanamh nó muisiriúin a fhás.

B'alt scolártha in dhá pháirt, in eagráin 10 agus 31 Nollaig 1910, 'The Leinster dialect'. Tosaíonn sé le camchuairt Uí Dhonnabháin agus a chomplacht sa chúige thar ceann an tSuirbhé Ordanáis sa bhliain 1835 nuair a bhí an Ghaeilge faoi bhláth ann. Leanann sé air ag plé na foghraíochta. Déanann sé tagairt dá leabhar féin, *Scéalaí Oirghiall*.

Ba thuireamh don Chaptaen Otway Cuffe, as Cill Choinnigh, a fuair bás an bhliain roimhe sin ar bord loinge a bhí ag seoladh go dtí an Astráil, 'Bás an Captaen Otbhae Cuffe', in eagrán 13 Eanáir 1912. Thuill an fear seo beathaisnéis ar *ainm.ie*. B'oibrí ar son an Chonartha san earnáil thionscalaíoch é.

Ba shraithscéal fada é 'Eachtra agus imtheachta iomráiteacha an Cháiptín Cuellar', a bhí in eagráin 23 agus 30 Lúnasa 1913 agus 6 Meán Fómhair 1913. Ba mhairnéalach Spáinneach an Captaen Cuellar a tháinig i dtír in Éirinn nuair a briseadh a long, ar chuid den Armada í, amach ó chósta Shligigh i bhFómhar na bliana 1588. Bhí súil ag Seosamh go bhfoilseodh an Conradh a scéal mar leabhar, mar a fheicfear, ach dhiúltaigh an Coiste Gnó airgead a chur ar fáil dó.

2.4 *Gadelica*, soláthar agus léirmheasanna

Bhí léirmheas aige ar an gcéad eagrán de *Gadelica*, iris nua T.F. O'Rahilly, in eagrán 18 Bealtaine 1912. D'fháiltigh sé roimh an iris, a chuirfeadh an bhéim, bhí súil aige, ar an Nua-Ghaeilge, ní hionann is *Ériu*, a bhí, le ceart, teoranta don tSean-Ghaeilge is don Mheán-Ghaeilge. Bhí aiste aige féin in Uimhir 1 (19-31), 'Mid-eighteenth-century conversation'.



VOL. I. No. 1.

GADELICA

A Journal of Modern-Irish Studies

EDITED BY
THOMAS F. O'RAHILLY.

CONTENTS

	PAGE
Prefatory Note	1
An tAthair Eoghan Ó Caoimh; a Bheatha agus a Shaothar. TÓRNA ...	3
A Poem by Giolla Brighde Ó Heoghusa. Miss ELEANOR KNOTT ...	10
Speirbhean ag tráeht ar Reipéil. An tAthair PADRAIG UA DUINNIN ...	16
Mid-Eighteenth Century Conversation. J. H. LLOYD	19
Caoine ar Bhás Thaidhg Ghaedhlaigh. SÉAMUS UA CASAIDE	32
Pairlement Chloinne Tomais. Prof. O. J. BERGIN	35
Humphrey O'Sullivan's Diary, 1827. SÉAMUS UA CASAIDE	51
Miscellanea.—*suibhisgéal*; *fiá* = 'even'; *teacht i dtir*, *teacht suas*, etc.	62
Review.—Seanmóirí Muighe Nuadhad, iml. iv.	66

DUBLIN:
PUBLISHED FOR

216. *Gadelica*, 18 Bealtaine 1912, clár na n-ábhar

Is aiste scolártha í seo inar scrúdaigh sé cnuasach de 186 frása as lss i gColáiste na Tríonóide a thiomsaigh Aodh Ó Dálaigh, scríobhaí ón ochtú haois déag. Tá an aiste spéisiúil go socheolaíoch mar is den chineál comhrá é a dhéanfadh duine den uasaicme le searbhónta an chuid is mó de na frásaí. Ó léargas na fileolaíochta chuir an Laoideach in iúl dúinn nár athraigh Gaeilge an phobail mórán ón ochtú haois déag i leith. Luaigh sé cúpla uair nár réitigh sé i gcónaí le Tomás Ó Rathaile, eagarthóir a d'fhág cosmharc trom ar an alt seo.



60. No, no ; bring me my silk stockings.	Nā téi, nā tēi, nī theife, nī theife*adh* ; tabhair dhamh mo stocaidh síoda, no mo thriūsáin síoda.
61. They are broken.	Atáid briste.
62. Get them mended.	Fá a ccórughadh, no tabhair fa dear a ccór*ughadh*.
63. I have given them to the laundress.	Do thug mé don mnaoi níghcháin íad.
64. You have done well.	Is maith rinn*eadh* tū sin.
65. Where are my shoes ?	Ca bhfuil mo bhróga, no mo choráin, no mo shoc*a*rbhuinn ?
66. Where is my night gown ?	Ca bhfuil mēadach maidhne ?
67. Comb me	Cíor mo ghrúag, cíor mo cheann
68. Take another comb.	Glac cíor oile.
69. Give me my handkerchief.	Tabhair *dh*amh mo c[h]earsiúr.
70. Here is a clean one, sir.	A mhaighester, so cearsúr glan.
71. Give me the one in my pocket.	Tabhair ceann inn mo phōca.
72. I have given it to the wash-woman.	Do thug mē don mnaoi nīth-cháin é.
73. It was dirty.	Bhí sé salach.
74. Has she brought my linnen [linen] ?	Inn ttug sí mo chuid līnē*adaigh* lēith ?
75. Yes, sir, there is nothing wanting.	Thug, a mhaghester, nīl dat-daimh d*uir*easb*haidh*e.
76. Bring me my britches [breeches.]	Tab[h]air chugam mo bhrīst*eadh*, no masáin.

217. Sliocht as ‘Mid-eighteenth-century conversation’, aiste le SL

Bhí aiste eile, ‘Diarmuid and Gráinne as folklore’, le Seosamh. i *Gadelica*, Imleabhar 1, eagrán 2. B’aiste shuimiúil í a chuaigh i ngleic leis an cheist chasta sin: an raibh scéalta ársa na lámhscríbhinní beo bealach ar bith sa bhéaloideas reatha. Bhí plé aige le Gertrude Schoepperle, scoláire Meiriceánach, faoin gceist. Theastaigh uaithi siúd fháil amach an raibh cuimhne ar bith ar scéalta na lámhscríbhinní sna Gaeltachtaí. Chuir sí duais de £2 ar fáil do Chomórtas Oireachtais dar teideal ‘Eolas ó mhuintir na Gaeltachta i dtaobh Dhiarmuda agus Ghráinne nár foilsíodh go fóill’ sa bhliain 1910. Fuair Amhlaoibh Ó Loingsigh as Cúil Aodha an duais. Is leagan spreagúil, spéisiúil, tíriúil insint an Loingsigh ar an seanscéal seo agus is é atá faoi chaibidil ag Seosamh i *Gadelica*, Imleabhar 1, eagrán 2. Thráchtamar ar Gertrude Schoepperle i gCaibidil 5 agus ar an iarracht a rinne sí Seosamh a mhealladh go Meiriceá.

Níor mhór a lua freisin go raibh dhá aiste eile ag Seosamh in *Eriu*, ‘The Irish substantive verb*’* in Imleabhar 1, 1904, faoin ainm J. H. Lloyd, agus, tar éis achar fada, *Mid-sixteenth-century numbers and phrases*, in Imleabhar a 7, 1914, de bhreis ar *The Five Munsters*, *Trácht Fuirbthen* ·agus *Cnoc Ríre* (a bpléifear in Aguisín H), agus ‘*The burning of Finn’s house’* inar chomhoibrigh Seosamh leis an scoláire Edward Gwynn, a bhí sa chéad imleabhar de *Eriu* freisin. Luamar é in Aguisín F nuair a bhí *Fian-Laoithe* leis an Laoideach faoi scrúdú againn.

3.0 Súil siar

Dúramar i gCaibidil 1 nach luaitear an Laoideach in *Iriseoireacht na Gaeilge* (Ó hUiginn, 1990) ná in *Iriseoirí Pinn na Gaeilge* (Uí Chollatáin, 2008), cé gur shonraigh Regina Uí Chollatáin an ról tábhachtach a bhí aige i bhforbairt na hiriseoireachta in ACS ina stair den iris sin.

Deir mo stiúrthóir tráchtais, an Dr.Uáitéar Mac Gearailt, i nóta faoin gCaibidil seo:

> Maidir leis na hailt faoi chúrsaí eachtracha, léiríonn SL é féin arís mar cheannródaí. Is léir gur thuig sé go mbeadh gá plé i nGaeilge le hábhair de gach uile chineál, polaitíocht na cruinne san áireamh. Sin rud atá de dhíth orainn sa lá atá inniu ann fós, dar ndóigh, agus is fadhb an-mhór é sin.

Tá ábharthacht bheathaisnéiseach ag píosaí mar 'Cuairt in aistear', 'Fá sheol go hÁrainn''Críoch an sgéil ar iarraidh' (Caibidil 5) agus 'Poll Tighe Liabáin' (Caibidil 4), tuairiscí ina láithríonn an Laoideach é féin mar eachtránaí agus mar thaiscéalaí.

Tá cuid den soláthar fíorscolártha, na haistí dinnseanchais i gCaibidil 7, aistí mar 'Eachtra agus imtheachta iomráiteacha an Cháiptín Cuellar', 'Amhrán an tSrachánaigh', 'Treoir an Ollaimh Suueet', 'Fir ghorma na hÉireann', 'Mid-eighteenth-century conversation'.

Tá léirithe againn, tá súil agam. go bhfuil éileamh ag an Laoideach ar mheasúnú ar a laghad i suirbhé ar bith ar iriseoireacht na Gaeilge agus go bhfuil tábhacht ar leith aige dá cheannródaíocht san earnáil sin den chlóchultúr mar thráchtaire ar chúrsaí reatha.

Aguisín H

An Laoideach: dinnseanchas agus comharthaíocht

7.1.1 Dinnseanchas an Laoidigh

Bhí an Laoideach ag saothrú an dinnseanchais in IG ó thús na 1890í i bhfoirm amháin nó i bhfoirm eile—ag trácht ar áitainmneacha i dtéacsanna nó ag freagairt fiosruithe ó léitheoirí sna colúin dinnseanchais. Bhí an saothar ba chríochnúla a rinne sé san earnáil seo sna léachtaí a thugadh sé ó am go chéile san Ardchraobh nó i gCraobh an Chéitinnigh. Foilsíodh cuid díobh mar aistí in IG nó in ACS. D'fhoilsigh sé aistí dinnseanchais i roinnt irisí scolártha chomh maith. Ní do na scoláirí áfach a rinne sé an obair logainmníochta ba shuntasaí ina shaothar, *Post-Seanchas,* ach do ghnáthphobal na Gaeilge.

B'fhéidir a rá ag tús an chéid go raibh áitainmneacha na tíre ar fad galldaithe agus nach raibh aitheantas oifigiúil ach ag an leagan galldaithe amháin. Ba é dúshlán na ndinnseanchaithe agus na seandálaithe an bunleagan Gaeilge nó b'fhéidir Lochlannach nó Normannach a aimsiú agus a chiallú. Go minic ba ghalldú foghrúil ar an mbun-Ghaeilge a rinneadh agus bheadh díthógáil agus atógáil fileolaíoch i gceist. Is féidir na próisis seo a fheiceáil sna sleachta thíos. Bhí gné thábhachtach agus dúshlánach sa bhreis ag an logainmníocht. Chonacthas gá sráidainmneacha na gcathracha agus na mbailte móra a Ghaelú. Go rímhinic ní raibh foinse dhúchasach acu siúd ach bhí taithí ag an bpobal ar na leaganacha gallda seo agus b'achrannach an gnó é baint leo.

7.1.2 Baile Átha Cliath

Tá litríocht mheasúil ann faoi phobal stairiúil na Gaeilge san Ardchathair, Piatt (1957), Mac Mathúna (1991), O'Rahilly, Gadelica 1 (1912-13), Harrison (1988) chun cuid di a lua. Chuirfeadh 'Triallaim mórthimpeall Átha Cliath', 'Magh Dumha agus na Lochlannaigh', agus 'Trácht Fuirbthen', saothar an Laoidigh a phléitear thíos, leis an gcnuasach sin.

Ní raibh ach mír amháin faoi logainmníocht Bhaile Átha Cliath in IG nuair a bhí an Laoideach mar eagarthóir air. B'shin 'Geographical names of places in Dalkey', in eagrán Dheireadh Fómhair 1901. 'Aiste do léigheadh os comhair na hÁrd-Chraoibhe' an fotheideal a bhí ag an léacht 'Triallaim mór-thimpeall Átha

Cliath', a foilsíodh i dtrí pháirt in IG, eagráin Iúil, Lúnasa agus Mheán Fómhair 1907.

Bhíodh siúlóid oifigiúil ag an Méara agus ag baill an Bhardais gach cúpla bliain chun teorainneacha na cathrach, a d'athraigh go rialta, a dheimhniú agus a mharcáil. Thug an Laoideach a léitheoirí ar shiúlóid shamhailteach dá leithéid, mar a bheadh sé sa bhliain 1603, an Méara i gceannas agus marcshlua leis, agus san iarracht thrácht sé ar stair ghinearálta na cathrach agus ar dhinnseanchas agus logainmníocht an aistir. Nochtann na tagraí sa tsraith liosta cuimsitheach de logainmneacha na hArdchathrach. Seo cúpla sampla:

> Baile na nGall, Oxmantown, in its oldest form Houstmanebi (char. of King John), an Anglo-Norman spelling of O. Norse Austmannabyr=the town of the Ostmen (eastmen) or Norsemen. Ostmenstown is intermediate between that and the present form.
>
> Druim Chollchoille, Cork Hill, the hill on which Dublin Castle and the City Hall are built. Cork Hill is merely a corruption of the latter part Collchoille,the first 'll' having become 'r' through the influence of dissimilation, which always makes a word easier to pronounce, thus: Colkill, Corkill, Cork Hill. Why have the Corporation Cnoc Corcaighe on the name plate?
>
> Cill Mhuire Cairrgín, in later forms Kilmerecare-gan (), Kylmagergan, Kilmagergan, situatedproximately between Leeson Park Avenue and Upper Leeson Street, i.e. Harryville?[155]
>
> Dóthair, River Dodder; also Abhainn Dóthair (pron. aidhin dóthair); an older gen. was Dothra, but this was sometimes nom.
>
> Clárada, now Irishtown, but it no doubt included the long flats (extending thence to the Poolbeg) of sand there from which the name may be derived. Corrupted by A.D. into 'Clear Roads'! Later forms: Clar Rade ('clere rode').
>
> An Cúm, the Coombe, often named in the older documents 'the Vale', 'vallis'.
>
> An Chabrach Bheag, the Little Cabragh, also Cabrach Átha Cliath, 'Cabragh of Dublin', 'Lyttell Cabragh'. The old name of Prussia St. was 'Little Cabragh Lane,' which fixes the position.

[155] Féach an mhír faoi Ghaelú 'Leeson Street' thíos, lgh 462-464

7.13 Cathanna Bhriain Bhórumha

Scríobh sé go leor ó léargas an dinnseanchais in ACS agus in irisí léannta agus seandálaíochta faoi chathanna na Lochlannach. Sampla maith ba ea *Magh Dumha agus na Lochlannaigh,* 'tráchtas' mar a thug sé air, a léigh sé san Ardchraobh i gcodanna i rith na bliana 1905 agus a bhí le léamh in ACS go leanúnach ó eagrán 20.12.1913 go heagrán 24.1.1914. An cheist a bhí le réiteach ná cár maraíodh Brian Bórumha?


ar ſaḋ. Má'ſ ionann Dumazbakki ag Loċlannċaiḃ agus Maġ Duṁa ag Gaeḋealaiḃ, arsa mise, sin ceist an ṁóir-ċaṫa so réiḋtiġṫe againn: cuireann an t-aon ainm aṁáin sin i dtuigsin dúinn caidé an troid is mó bí sa ċaṫ, caidé an fáṫ 'n-ar marḃaḋ Brian Bóruṁa, agus cá ḃfuair sé an bás do imreaḋ air. Dar liom féin gur i Maiġ Duṁa, mar a ḃfuil an áit galánta Gallda úd Phibsborough inniu, do rug Brian ar ḟód a' báis. Ní mise im' aonar adeir sin anois, mar is fíor dam a ráḋ go molann triúr de sgoláiriḃ na hEorpa mo sgéal-sa. Seo mar adeir Craigie, Albanaċ léigeanta:

"Ní feicim-se naċ ionann Dumazbakki agus Maġ Duṁa. Ní fuláir nó is dearḃ-áit ar ṗáirc an ḃuailte Dumazbakki, agus is ar éigin is féidir gur trí ṫionóisg a tárla dúinn cóṁfreagairt dá ċéile agus na cosaṁlaċt úd eatorra."

218. Sliocht as *'Magh Dumha agus na Lochlannaigh',* sraith alt le SL in ACS

Baineann an tsraith fhada seo le cath Chluain Tarbh agus a thionchar ar na Gaeil. Cé gur bhuaigh siad, mhéadaigh na hionraí an chogaíocht fhaicseanach sa tír go ceann i bhfad, chreid sé. Chuir na hionraí deireadh le ré órga na Críostaíochta in Éirinn, chreid sé freisin. Tá sé dearfa gur maraíodh Brian Bórumha ag Magh Dumha, (Dumasbakki na Lochlannach), gurb ionann é, deir sé, agus Baile Phib. Má bhí nuaíocht sa chonclúid seo i 1905, tá a leacht ag an Laoideach i mBaile Phib inniu, Teach Tábhairne 'Brian Ború', a mhaíonn go bhfuil sé tógtha ar láthair champa Bhriain.[156]

[156] *www.thebrianboru.ie,* ceadaithe 14 Iúil 2021

219. Teach tábhairne ‘Brian Ború’ i mBaile Phib, BÁC

Bhí aiste stairsheanchais aige in iris Chumann Seandálaíochta Chill Dara 7, Uimh. 6 (Iúil 1914) dar teideal ‘The identification of the battlefield of Glenn Máma, AD 1000’. Léirigh na habairtí tosaithe an cur chuige a bhí aige don stairsheanchas:

> The question I ask above is of considerable importance not only from a topographical but even from a historical point of view; for the student, if he has a wrong idea of where a battle was fought, is no longer in possession of a fact of history, but of crass error.

Rug Brian Bórumha, rí na Mumhan, an bua sa chath seo ar rí Laighean. Bhí údaráis eile, Ó Donnabháin ina measc,[157] sásta go raibh suíomh an chatha seo in aice le Dún Luáin i gCo. Chill Mhantáin, ach d’agair an Laoideach, ar fhianaise na nAnnála, go raibh Gleann Mháma gar do shráidbhaile Liamhain i gCo.Chill Dara. Chruthaigh sé léarscáil don aiste seo.

Bhí píosa ag Mac Tíre in ACS, eagrán 30 Bealtaine 1914, mar fhógraíocht do thuras a bhí á reáchtáil ag Craobh na gCúig Chúigí go Liamhain. Bhí laoi aige sa phíosa a chum sé féin, ina raibh véarsaí mar seo:

> Tugadh troid mhór taobh le Liamhain
> Idir Bhrianaigh agus Gaill
> Cath do bhuaileadh i nGleann Mháma
> Laighnigh lághcha fuair an chaill.

[157] O’Donovan, *Annals of the Kingdom of Ireland*, iml. 2. lch. 739 n.

Bhí fógra ó Dhoireann Frinnse, rúnaí Craoibhe, san alt céanna:

> Beidh té i Liamhain agus labhróidh Seosamh Laoide go hathchomair ar fhuidhlibh agus ar iarsmaíbh ársaidheachta na háite.

Níor foilsíodh 'an t-aistín' a léigh sé do na turasóirí in ACS go dtí eagrán 20 Márta 1915.

7.1.4 Lios an Phúca

'Aiste do léigheadh os comhair Cr. an Chéitinnigh' a thug Seosamh ar 'Lios an Phúca', alt dinnseanchais a bhí aige in IG Bealtaine 1907, a bhain le Beaufort, baile atá ag bun Chorrán Tuathail i gCiarraí. Is aiste fhada í, níos mó ná 8,000 focal ann. I gcroí na haiste tugann sé a thuairim faoi mar a galldaíodh 'Lios an Phúca' go 'Beaufort'.

> Sé mo thuairim-se, agus tuairim láidir is eadh é, munab meallta atáim, gur 'Lios an Phúca' a bhíodh mar ainm ar an áit úd i gContae Chiarraidhe ná tugtar acht Beaufort air anois, ní hamháin as Béarla acht as Gaedhilg féin, le sgathamh maith aimsire. Tá 'Lios an Phúca' fós ar lios atá i gceartlár an bhaile. 'Sé mheasaimse, an té do chuir an forba nó an pháirc mhór ar dtúis ann, nár bh'fhuláir leis casadh Béarla do chur 'san tsean-ainm Ghaedhealach agus seo mar do rinne sé é, do réir mo bharamhla: cheap sé gur bh'ionann 'Púca' agus Puck i mBéarla, acht níor thaithin Puckfort leis—ní raibh sé galánta. Do smaoinigh sé annsain gur bh'ionann 'poc' i nGaedhilg agus buck i mBéarla, agus ó thárla, ag baint céille eile as buck, gur bh'ionann buck agus beau, b'é an ainm bhreágh ghalánta bhí aige de bhárr a chuid machtnaimh ná Beaufort! Ba dhiabhalta an fear é siúd. Fuair sé buaidh ar na Gaedhilgeoiríbh féin, mar ní'l aca ar an áit ó shoin anuas acht Beaufort!

Is é sin an cineál réasúnachta scolártha a bheadh mar shuaitheantas ag leithéidí T.F. Uí Rathaile i *Gadelica* agus in irisí léannta beagán níos déanaí.

7.1.5 Dinnseanchas in *Ériu*

Bhí alt gearr ag Seosamh faoi Chnoc Ríre, logainm as *Expugnatio Hibernica* Cambrensis, in *Ériu* 3.16-17, curtha in eagar ag Kuno Meyer agus John Strachan, 1907. Is dócha go bhfuil an ceart aige nuair a ainmníonn sé Knockanowl mar Chnoc Ríre sa phíosa, d'ainneoin nach bhfuil ann ach buille faoi thuairim:

> I suggest the identification of 'Cnoc Ríre' with Knockanowl merely on account of the first element, Cnoc, Knock. The fact of Knockanowl being in the parish of of Reary and bordering on the

> other two townlands Reary More and Reary Beg also tell in its favour'.

Ní luaitear an aiste seo sa chuntas ar Knockanowl atá ar *logainm.ie.* Tá 'Raoire' ansin in ionad 'Ríre'.

Bhí dhá aiste aige , 'The five Munsters,' 49-54, agus 'Trácht Fuirbthen', 69-76, in *Ériu* 2 (1905). Dán Meán-Ghaeilge sa Rannaíocht Mhór, seacht gceathrú ann, is ea *Cóic Mumain*, a fuair Seosamh i lámhscríbhinn san Acadamh Ríoga. Ainmníonn an dán cúig ranna stairiúla an chúige, go bunúsach Tuamhain, Urmhumhain, Meánmhumhain, Deasmhumhain, agus Iarmhumhain. Rinne sé eagarthóireacht ar an dán agus chuir sé aistriúchán agus dinnseanchas leis.

Tá an aiste 'Trácht Fuirbthen' scríofa i nGaeilge agus tosnaíonn sí le ceist: 'Trácht Fuirbthen, cá bhfuil sé?' Luaitear an logainm sa scéal *Tógáil Bruidne Dá Derga*. I ndeireadh thiar tá sé sásta gurb ionann 'Trácht Fuirbthen' agus 'Trá Mhuirfean' agus gur leagan galldaithe 'Merrion' de 'Fuirbthen'. Is léir ó na cártaí cartlainne ar *logainm.ie*[158] gur ghlac formhór na logainmneoirí a bhí ag plé le 'Merrion' leis an míniú seo, ina measc Énrí Ó Muirgheasa.

7.1.6 Tuilleadh as ACS

Bhí mír fhada ag Seosamh, an laoi 'Duan Fraoich', réamhrá, gluais agus dinnseanchas, in ACS 13.7.1912. Is achoimre *Duan Fraoich* ar *Táin Bó Fraích*, scéal Fhraoich agus Fhionnabhair, cumtha ag an gCaoch Ó Clumháin. In aistí mar seo ba ghnách leis tabhairt faoi logainmneacha sa dán a cheangal le logainmneacha an lae inniu agus rinne sé sin maidir le Cloonfree agus Carnfree agus ainmneacha áitiúla eile i gceantar Chruachan, Ros Comáin, príomhláthair Táin Bó Fraoich.

Bhí topagrafaíocht ar bhonn níos leithne sna nótaí d'aiste a bhí in ACS an mhí dár gcionnn,[159] dar teideal 'Taisteal Mhíleadh', ar dhán Meán-Ghaeilge é, athlitrithe ag an Laoideach, inar ríomhadh aistear Mhíleadh ó Sgeithia (in Úcráin an lae inniu) go hÉirinn. Feictear sa sliocht seo as na nótaí go raibh an

[158] s.n. 'Merrion'.
[159] eagrán 31.8.1912.

logainmníocht chlasaiceach ar a thoil aige chomh maith leis an logainmníocht bhaile, le tagairtí mar Muir Euxín, an Elespont, Belluno/Bealdunn, Breoghaint/Briançon, Daigia/Dacia, Austria/Gothiam agus a lán eile. Léirítear freisin an cumas a bhí ann plé leis an atlas domhanda i nGaeilge. D'fheicfí an cumas céanna sna tuairiscí iomadúla a scríobh sé in ACS i 1912 ar chogaíocht an lae sa Mheánoirthear, mar a thaispeánamar in Aguisín G.


dhíobh uile é. Seo mar a thuigim-se bhrígh an ughdair leis. D'fhág Galam nó Míleadh agus a shluagh, mar innistear, an Sgeitia (.i. an Rúise Dheas agus Rúise Thear indiu) agus thángadar thar Muir Euxín thrí an Elespont go hoileán na Créite agus as sain chum na hÉigipte. Nuair d'fhágadar an Éigipt do chuadar thar n-ais an tslighe céadna ("ar a gcúl an conair chóir") agus thángadar go Créit. Ag fágbháil an oileáin sin dóibh do chuadar ar fairrge arís comh fada leis an Elespont agus ag dul i dtír dóibh do shiubhladar tairbheart na rinne mar a bhfuil Scutári indiu go ndeachadar ar fairrge arís nuair a shroicheadar Muir Euxín. Thugadar bliadhain "Lámh le Traigia" (Tracia .i. Rumilia agus an Bulgáir indiu) agus as sain do shiubhladar an Rumáin (Daigia, Dacia), an Ungáir agus Austria (Gothiam) go rángadar Belluno (Bealdunn) i dtuaisceart na hIodáile. Do shiubhladar orthu annsain ó na hÁlpaibh Uenetacha go dtí na hAilp Cottacha go dtángadar go Briançon (Breoghaint) atá tamall gearr thar teorainn sa bhFrainc agus as an bhFrainc do bhuaileadar isteach san Spáinn go rángadar Tor Breoghain (.i. Braganza nó an Chruinne do réir dhruinge). Ní abraim féin go bhfuil fírinne ar bith sa sgéal sain—ní'l go deimhin acht dearg-bhréaga—acht an té do chum é thuig sé geographi na hEorpa go maith sa mar a bhí sí i n-aimsir na nGothach sul a ndearnadar gabháil nó concas ar an Iodáil, agus ar Orosius a bhí a bhuidheachas sain aige.

220. Sliocht as alt SL, 'Taisteal Mhíleadh', ACS, 31 Lúnasa, 1912

7.1.7 Cuanta na Féinne

Tosaíonn an sliocht as leagan Kuno Meyer de *Cath Finntrága* (1885:59-60), a chuir Seosamh in IG Lúnasa 1903:362-368, mar seo: 'Agus dá bhrígh sin ní raibh cuan gabhála ná gabháil i n-Éirinn nach raibh fear fartha ó Fhionn mac Cumhaill air an uair sin, agus ag so anmanna na gcuanta agus lucht a gcoimeáda:..'. Cromann an scéalaí ansin ar suas le ceithre scór cuanta agus a lucht faire a ainmniú. Ba é dúshlán an Laoidigh na cuanta atá ainmnithe sa lámhscríbhinn a shonrú agus na hainmneacha reatha a thabhairt dóibh.

Is léir ón sliocht nach raibh réiteach ag gach tagairt aige, agus nach mbíodh aige ach buille faoi thuairim go minic, mar shamplaí, Inbhir Uí Fhogartaioc (‘very probably’), An Madh Meadrach (‘perhaps’) agus Srathan an Tobair Ghill (‘may be... more probably’). Mar sin féin is aiste thábhachtach í seo agus tugann sí leid dúinn faoi chur chuige an Laoidigh mar logainmneoir.



Inbhir Ui Fhogurtaicc (for inḃeaṛ uí ḟóḡaṛtaiḡ, the *inver* of Foghartach's grandson?) Very probably the estuary of the Moy River, which falls into Killala Bay.

An Madh Meadhrach, perhaps a scribal error for an múaiṫ meaḋṛaċ, the Moy River, between which and the next point there is not an estuary worth mentioning.

Traigh na Mna Mairbhe. In text this appears as "Trágha na Mná Marbh*aidh* é."

Traigh Eochuille, the strand west of Ballysodare, Co. Sligo.

Srathan an Tobair Ghil: sṛaṫán may be a derivative from ṛṛaiṫ, but more probably is an error for ṛṛuṫán, by which the Garrogue River may be intended.

Sligeach, Sligo.

Druim Cliabh, Drumcliff, an inlet in the inner portion of Drumcliff Bay, Co. Sligo. The further description "na h-éiṁonn" is marked in the text as a doubtful extension of a contraction.

221. Sliocht as ‘Cuanta na Féinne’, alt le SL, IG Lúnasa 1903

Bhí an obair seo ar fad a bhí ar siúl ag scoláirí, ag seandálaithe, agus ag dinnseanchaithe, teoiriciúil agus acadúil go ceann i bhfad. Ansin, thart ar thús an chéid, thosaigh an feachtas chun polasaí Oifig an Phoist diúltú do litreacha agus do bhearta nach raibh seolta orthu sa Bhéarla a athrú, feachtas a nasc le polasaí díghalldaithe an Chonartha. Diaidh ar ndiaidh, ag an am céanna, bhí náisiúnaithe ag fáil smachta ar na húdaráis áitiúla agus bhí an t-éileamh ar chomharthaíocht phoiblí dhátheangach ag dul i méid dá réir.

7.2 Seoltaí i nGaeilge ar litreacha

Bhí go leor Conraitheoirí ann nach raibh uathu ach dul i ngleic le Rialtas na Breataine bealach ar bith. Ba chuid den rialtas sin Oifig an Phoist. Níorbh ionadh é mar sin go raibh feachtas ar siúl ó thús an chéid ag craobhacha áirithe den Chonradh sa Bhreatain agus sa bhaile chun iallach a chur ar Oifig an Phoist glacadh le litreacha agus bearta a raibh seoltaí i nGaeilge orthu agus iad a sheachadadh chuig an duine agus an seoladh ainmnithe. Ba leor an seoladh a

bheith i nGaeilge chun dúshlán Oifig an Phoist a thabhairt. Níor ghá an litir nó an t-ábhar sa bheart a bheith i nGaeilge agus b'annamh a bhí.

Tá cuntas cuimsitheach ar an gcaismirt seo sa bheathaisnéis den Chraoibhín a scríobh Janet agus Gareth Dunleavy (1991:229-243). Caithfidh go bhfuil mioneolas freisin sa British Postal Museum, 15-20 Phoenix Place, London WC1, mar bhí taispeántas stairiúil poiblí acu ar an bhfeachtas áirithe seo cúpla bliain ó shin.

D'fhás an feachtas go mall. Bhíodh gearáin nár seoladh ábhar poist á gcur chuig teachtaí parlaiminte agus tógadh ceist na seoltaí i nGaeilge go rialta sa Pharlaimint i Westminister. Thosaigh na nuachtáin ag tuairisciú na ngearán. Taobh istigh d'Oifig an Phoist féin, feannta ag na ceisteanna Parlaiminte, bhíodh straitéisí á mbeartú chun aghaidh a thabhairt ar an bhfeachtas. Eisíodh go leor ráitis phoiblí, ag béimniú go gcaithfí ainm agus seoladh sa Bhéarla a bheith ar bheart nó ar litir ar bith a láimhseodh Oifig an Phoist; dá mbeadh seoladh fillte istigh chuirfí an mhír phoist ar ais; nuair nach raibh seoladh fillte ann sheolfai an litir nó an beart go dtí an 'Returned Letters Office', áit a scriosfaí an mhír ar ball.

Bhíodh Ceisteanna Parlaiminte ann cosúil leis an gceann seo ó Thomas O'Donnell, M.P. 'Does the honourable gentleman know that there are thousands of Irishmen who prefer to write their letters in Irish?'. D'fhreagair Austen Chamberlain nach raibh bac ar bith ar aoinne litir a scríobh as Gaeilge, ach gur éiligh Oifig an Phoist na seoltaí sa Bhéarla, le ceart, mar bhí an Béarla ag na daoine seo ar fad.[160]

Rinne Oifig an Phoist iarracht líon na nGaeilgeoirí aonteanga nach raibh ach scríobh na Gaeilge acu agus nach raibh scríobh an Bhéarla acu a mheas.

[160] Dunleavy and Dunleavy, 1991:32.

Bhaineadar na staidrimh as Daonáireamh 1901, is dócha, ach ní raibh ciall ar bith leis an áireamh de 40,000 ar a mhéad a rinneadar, mar ba dheacair fiú duine amháin a fháil sa tír a raibh scríobh na Gaeilge amháin aige nó aici agus nach raibh scríobh an Bhéarla acu chomh maith.

Dar le Janet agus Gareth Dunleavy, bhí mearbhall ar ghnáthChonraitheoirí toisc nár thacaigh an Craoibhín leis an bhfeachtas níos luaithe, ó ba é a leag amach an réasúnaíocht taobh thiar den dhíghalldú i gcéaduair.[161] Bhí an Craoibhín i gcoinne an fheachtais ar chúiseanna praiticiúla. Thuig sé gur mhó an bhris ná an bua a d'fhéadfadh a theacht as feachtas in aghaidh Oifig an Phoist.

> What Hyde understood of course but could not convince protesting Leaguers to accept was that by insisting on the right to address envelopes in Irish, they were touching a sensitive nerve that affected not just British government in Ireland but the entire British empire.[162]

Ba chuid de sheirbhís phoist na hImpireachta an córas in Éirinn. Dá ngéillfí i gcás na Gaeilge cá bhfios nach mbeadh brú ann na pribhléidí céanna a ghéilleadh do chomhfhreagras sa Bhreatnais, i nGaeilge na hAlban, sa Phuinseáibis, sa Bheangáilis, san Urdúis, sa Chaismíris, sa Mhalaeis agus sna scórtha teangacha eile de chuid na hImpireachta. Chiallódh sin moill i seachadadh an phoist, agus bhí clú na hOifige Poist ag brath ar mhearsheachadadh. Chiallódh sé earcú fostaithe breise a raibh na teangacha ar leith acu chun an tsórtáil a dhéanamh.

Thuig an Craoibhín freisin, dá rithfí rún ag an Ard-Fheis nach mbeadh ach an Ghaeilge ar litreacha agus ar bhearta ag Conraitheoirí feasta agus dá bhfeidhmeofaí toirmeasc Oifig an Phoist go gcuirfí isteach go tubaisteach ar chóras cumarsáide an Chonartha féin, an córas trínar tháinig airgead isteach chucu. Scuabadh isteach sa chogadh dá ainneoin é, áfach, agus chuaigh sé leis an sruth.

> In 1900 he took on the British Post Office in an epic battle that ended in a Pyrrhic victory for Goliath, so numerous were those who came to the aid of David.[163]

[161] Ibid., 1991:229.
[162] idem, lch 229.
[163] Dunleavy and Dunleavy, 1991:11.

Faoi 1905 breathnaíodh ar an bhfeachtas mar agóid pholaitiúil, agus osclaíodh ‘trodáin phearsanta’ i gCaisleán Átha Cliath faoi na léirsitheoirí agus Conraitheoirí eile, Seosamh ina measc, is dócha, ach níor éirigh liom leid ar bith d'fháil dá leithéid. Tá na trodáin seo i gCartlann Náisiúnta na Breataine ag Kew. Cé gurb é an Craoibhín a chuir na coscáin ar an bhfeachtas seo, d'oscail an Caisleán comhad air féin chomh maith i 1906, Uimhir Thagartha CO 904/204/5, comhad atá i dtaisce i gCartlann Náisiúnta na Breataine i Kew freisin.

Bhí laige bhunúsach i bhfeachtas na léirsitheoirí. Ní raibh leaganacha iontaofa Gaeilge de na seoltaí ar fáil, do scríbhneoirí litreacha ná do na sórtálaithe poist. Ba é an Laoideach a réitigh an t-easnamh sin, i bpáirt ar a laghad, le *Post-Sheanchas Cuid 1*, a tháinig amach i 1905.

7.2.1 *Post-Sheanchas Cuid 1,* 1905

Gasaitéar Béarla go Gaeilge do lucht scríofa litreacha agus do shórtálaithe poist ina raibh ‘cúigí, dúithchí, conntaethe, agus bailte puist na hÉireann’ a bhí ann. I 1911 tháinig Cuid 2 amach, an t-ábhar céanna ach an turas seo aistríodh ainmneacha na mbailte poist ón nGaeilge go dtí an Béarla ionas nach mbeadh leithscéal ag feidhmeannaigh phoist seachadadh a dhiúltú i gcás litreacha agus bearta a raibh seoltaí sa Ghaeilge orthu, ar an mbonn mar dhea go raibh na seoltaí doléite.

I gcuimhne an Chraoibhín, ba é foilsiú an ghasaitéir seo an eachtra ba shuntasaí a tharla i 1905:

> Ba í seo an bhliadhain (1905) a thug Seosamh Laoide amach an *Post-Sheanchas*, leabhar a raibh gádh mór leis. Ní raibh éinne beo an uair sin a raibh an oiread eolais aige ar áiteachaibh agus ar a n-ainmneacha leis an Laoideach, agus badh chóir do'n tír ar fad a bheith buidheach de (1937: 147).



post-Seanċas

i n-a Bruil

cuigí, duitċí, conntaete, ⁊ bailte puist na héireann.

Cuid I.—Sacrbéarla-Gaeðilg.

seosamh laoide

do ċuir i n-eagar.

"Dá léigteá mise an do cúlaid,
'S a gheabaḋ go dlúiṫ leis an fir,
Do ċuirfinn-se porta dom' ðúiṫċe,
Go mbainnís an ċlú leis an muic."
—Cor i Smúid.

522398
14.. S. 51

An n-a cur amaċ
do
Conradh na Gaeðilge
i mBaile Áṫa Cliaṫ.

1905.

Post-Seanċas

i n-a Bruil

cuigí, duitċí, conntaete, agus bailte puist na héireann

Cuid II.—Gaeðilg-Sacrbéarla

seosamh laoide, M.R.I.A.,

do ċuir i n-eagar.

"Beaṫa agus fláinte leat, a rsríbeann."
An L. S., l. 80.

Clódanna Teo.:
An n-a cur amaċ
do
Conradh na Gaeðilge,
i mBaile Áṫa Cliaṫ

1911.

222. Clúdaigh *Post-Sheanchas Cuid 1*, 1905, agus *Post-Sheanchas Cuid 2, 1911*

Cinnte rinne Seosamh éacht ó thaobh an áiteolais le *Post-Sheanchas*, a bhí ionchurtha ina bhealach féin leis an éacht a rinne Pádraig Ó Duinnín lena fhoclóir. Bhí a chuiditheoirí ag an Duinníneach. Bhí a chuiditheoirí ag Seosamh freisin. Cuireann sé síos orthu sa réamhrá do *Post-Sheanchas Cuid 1*.



RÉAMRÁÐ.

AS cur an leabair seo le céile ðúinn, do baineamar úsáid ar ðá clár, ceann aca do bailiġ an sgríbneoir féin, agus ceann eile do ċruinniġ Mac Uí Nuallain hamaltúnaċ, daṫab ionad comnuiðe baile an tSaoir, i nuiḃ Bruin Cualann. Bí an hamaltúnaċ ar fead i bfad ag obair ar an nuo céadna, mar maiṫe leis féin, agus i ndeireaḋ báire, 'sé nuo do ginne sé le n-a aðbar, é ṫabairt do'n Connraḋ seo fuiṫ agus fead, cum cabruiġṫe leis an legḃar so, agus dob' an-maiṫ uaiḋ an gníom sain. Do rásaḋ léigniġeaḋ na gcúigí, na nðúiṫcí agus na gconntae sá'n hamaltúnaċ i n-a aonar, ó ṫáinig go raiḃ an-sgéir aige 'san noinn sin de'n obair.

223. Sliocht as réamhrá *Post-Sheanchas Cuid 1*

Bhí dhá chlár nó bhailiúchán aige, dúirt sé, ceann a chruinnigh sé féin, agus ceann a chuir Gustavus Everard Hamilton as Baile an tSaoir, Co. Bhaile Átha Cliath, ar fáil don Chonradh. Nolan (nó Nowlan) Hamilton a thug Seosamh air ina 'Réamhrádh'; seans gurb é sloinne na máthar atá in úsáid anseo, ach foilsíodh

an t-ainm baiste Gustavus i gCuid a 2. B'fhear óg, abhcóide, Gustavus Everard Hamilton ar dlíodóir a athair. Ní raibh sé ach trí bliana fichead i 1905. Ba Phrotastúnach eile é a shaothraigh ar son na Gaeilge. Is amhlaidh a bhuail an eitinn é agus bhí air triall ar an Eilvéis ag lorg leighis mar a bhí ar a lán. Théarnaigh sé ansin mar a dhearbhaigh Seosamh ina réamhfhocal do Chuid 2 i 1911. Bhí sé faoi chomaoin ag Hamilton do 'léiriughadh na gcúigí, na ndúithchí agus na gconntae'.

Scríobh Hamilton stair an Kings Inns agus bronnadh ballraíocht an Acadaimh Ríoga dá bharr sin air. Phós sé Beatrice Culverwell i 1916. Tá alt fúithi siúd ar an suíomh idirlín *ainm.ie* faoin ainm Beatrice Hamilton. Fuair sise meánscolaíocht i gColáiste Alexandra. D'fhreastail sí ar Choláiste na Tríonóide. Bhí sí oilte a dóthain sa léann Ceilteach le bheith faoi mheas ina dhiaidh sin d'ollúnacht na Gaeilge ansin. Faraor níor mhair téarnamh Gustavus. Fuair sé bás den eitinn i 1918 in aois a 36, ach tá a nótaí dinnseanchais i bplé i gcónaí.

Fuair Seosamh an-chabhair freisin ón Athair Uilliam Ua Carragáin, fíor-oidhre ar John O'Donovan, dar leis. Bhí an t-uafás comhfhreagrais i gceist le staraithe áitiúla ar fud na tíre, na Gaeltachtaí san áireamh, agus bhí diantaighde i gceist ar sheantéacsanna, ina measc 'sean-scríbhne an Riaghaltais', a chruthaíonn chomh críochnúil is a bhí sé. Fuair sé cabhair ó Rúnaí an Chonartha, Seosamh Ó Cléirigh, agus ó Risteárd Ó Foghlugha, fear a chuir isteach a phrintíseacht mar logainmneoir leis an Laoideach ar an tionscadal seo agus a bhí ar bhunaitheoirí Choimisiún na Logainmneacha ina dhiaidh sin. 'Go deimhin fuaireas conghnamh ó ardaibh na hÉireann', a scríobh Seosamh.


D'imṫiúċaṙ-ṙa aġuṙ an hamalṫúnaċ na ṙean-ṫéaċṙanna, ġo háimiġṫe eiṙean, ġo ġéaṁ ġninn ġaṁṁa, aġuṙ ḋo ḃaineamaṙ móṁán aṙṫa.

Ní ġáḃaḋ ḋam a ṁáḋ ġuṙ ṙeṁḟuiġeaḋ ṙean-ṙeṁíḃne an Riaġ-alṫaiṙ leiṙ, .i., na hInquisitiones, na Rotulae, ɣɲl.

I n-a ṫeannṫa ṙain ġo léiṁ, ḋo ṙeṁíḋaṙ-ṙa ċum an uile ḋuine ḃí 'n-a ḋomnaiḋe iṙna ceannṫaṙaiḃ Ġaeḋealaċa, 'n-a mbeaḋ ṙé aṁ ċumaṙ ḋó aon ainm cṁuaiṙ ḋo ṁéiṫeaḋ.

D'á mbáṁṁ ṙain uile, iṙ iaḋ ṙo iṙ bun-uġḋaiṙ ḋo na hainmneaċ-aiḃ aṫá 'ṙa leaḃaṙ ṙo :—

(1) Sean-ṫéaċṙanna Ġaeḋilge ;
(2) Ġaeḋilgeóiṁí an lae inḋiu ; aġuṙ
(3) Sean-ṙeṁíḃne an Riaġaltaiṙ.

224. Sliocht eile as réamhrá *Post-Sheanchas Cuid 1*

Cé nár athraíodh polasaí an Rialtais, i gcleachtadh níor stopadh an oiread sin de na míreanna poist a seoladh i nGaeilge. Dá mbeadh duine éigin san oifig a bhain brí as an seoladh cuireadh an litir nó an beart ar aghaidh gan raic a thógáil faoi. Ní bheadh raic ann go dtí go gcuirfí lear mór beart agus litreacha sa phost nach mbeadh Oifig an Phoist in ann a láimhseáil go réidh.

Tharla sin sa bhliain 1905. Cuireadh tús le mórfheachtas bailithe airgid a bhain freisin le cuairt an Chraoibhín ar Mheiriceá. Bhí Seachtain na Gaeilge, i lár mhí an Mhárta, lárnach don fheachtas. Chuir Pádraig Ó Dálaigh, Rúnaí an Chonartha, 600 pacáiste le chéile d'ábhar bolscaireachta, ainm agus seoladh i nGaeilge ar gach ceann acu, le seoladh chuig rúnaithe na gCraobhacha ar fud na tíre agus chuig daoine báúla eile. Tá an scéal sin ag Janet agus Gareth Dunleavy.

Is cosúil gur shleamhnaigh cuid mhaith de na pacáistí tríd an gcóras gan cheist ach cuireadh stop le 250 acu. Chuir Ó Dálaigh teileagram chuig Ardmháistir an Phoist i mBaile Átha Cliath. '250 parcels addressed in Irish refused last night. Will they be accepted today?' Tháinig an freagra ó Londain: 'Parcels addressed in Irish cannot be accepted without addresses in English.'[164]

Chuir Ó Dálaigh gairm shlógaidh amach do Ghaeilgeoirí. D'fhreagair dhá chéad agus chuadar go hArd-Oifig an Phoist, beart an duine acu, agus rinneadar iarracht, duine ar dhuine, i nGaeilge, an beart a sheoladh tríd an bpost. Ní abrann Janet agus Gareth Dunleavy ar éirigh leo nó ar theip, ach deimhníonn siad gur cuireadh gnáthghnó Oifig an Phoist as alt ar feadh tréimhse, agus gur ghin an eachtra tréanphoiblíocht sna nuachtáin.

Níos tábhachtaí, tháinig an Craoibhín féin isteach san fheachtas agóide ar thaobh na léirsitheoirí. Bhí agallamh aige i Londain le Lord Stanley, Rúnaí an Státchiste, nár tháinig as ach deimhniú an status quo. Ansin scríobh sé dhá litir in aon chlúdach, ceann poiblí clóscríofa agus ceann príobháideach lámhscríofa. Seo mar a thráchtann Janet agus Gareth Dunleavy ar an gcomhfhreagras seo:

> Believing that the time was right for such communication, on April 3 Hyde wrote two letters for delivery to Lord Stanley. The first was typed. He called it his 'official letter'. The second, a 'private letter', was written in his own hand. In the five-page 'official' letter, a

[164] Idem, 1991:236-7.

> combination of a carrot and stick, Hyde repeated the arguments he had made to Stanley in person but referred to the case of the packets addressed in Irish only once. He focused instead on acceptance of Irish as an optional subject for Post Office examinations. He argued that Irish already was accepted as either a compulsory or optional subject in many business, professional, and educational areas of Irish life. To facilitate the work of the Post Office, he offered to send Stanley copies of a directory compiled by the League of postal towns and stations in Ireland which gave on one side the 'correct' Irish form and on the other the 'corrupt' or translated forms by which these places are known. He also offered Stanley a Gaelic League volume in press that showed the correct form of Irish surnames being widely adopted.

Ar ndóigh ba é an t-imleabhar sin *Post-Sheanchas Cuid 1* a gheall de hÍde a sheolfadh sé go Lord Stanley. Ba é *Sloinnte Gaedheal is Gall, Cuid 1*, a foilsíodh i 1906, an dara leabhar.

> 'With these two volumes at its disposal,' he declared, 'the Post Office will experience little or no difficulty dealing with the new order of things.'

Níor bhog Stanley. Níor ghéill sé cead seachadta do mhíreanna poist agus seoltaí i nGaeilge orthu, agus níor cheadaigh sé go mbeadh an Ghaeilge ina hábhar roghnach sna scrúduithe iontrála d'fhostaithe Oifig an Phoist. Ach tháinig athruithe mar sin féin agus níor mhór a rá i ndeireadh dála gur éirigh le feachtas an Chonartha. Tá sé rídheacair mioneolas a fháil faoin aighneas seo; mar shampla, ní luann Proinsias Mac Aonghusa é in *Ar Son na Gaeilge*. Ach foilsíodh an tuairisc ghearr thíos dar dáta 23 Meán Fómhair 1913, ar *Century Ireland*, suíomh idirlín a bhí ann chun cuidiú le comóradh céad bliain 1916. Níor ainmnigh *Century Ireland* an nuachtán:

> With the steady growth of the numbers of letters that are being addressed in Irish, so the problem of exclusively Anglophone postal staff has become apparent. To address the problem the Postal Authorities have announced that five new positions are to be created specifically for Irish speakers who can work with post addressed in the language. Previously this task has been the responsibility of one man in the GPO. Those appointed will be given the status of civil servant, a move it seems, that is designed to attract applications from rurally based auxiliary postmen who would not normally have access to such a pensionable position.

1 1913 bhí duine amháin in Ard-Oifig an Phoist i bhfeighil na bpacáistí agus na litreacha agus seolta i nGaeilge orthu. Anois bhí cúig fholúntas le líonadh chun an obair chéanna a dhéanamh. Cad a tharla idir an dá linn? Tháinig *Post-*

Sheanchas Cuid 2 amach, a dhéanfadh tasc na n-oibrithe poist níos éasca, cinnte, mar bhí an leagan Gaeilge den seoladh roimh an leagan Béarla ar an leathanach. Ó thaobh an Rialtais de, bhí an cosc ar sheoltaí i nGaeilge ann i gcónaí. Míníonn sin an nath 'bua Piorrach' i dtagairt Janet agus Gareth Dunleavy thuas.

7.2.2 Post-Sheanchas Cuid 1 agus Cuid 2 agus Áit-Ainmneacha

Ba é an Piarsach (F. an Ch.) a scríobh an réamhnóta thíos do shraith Sheosaimh, 'Irish topography', a bhí in ACS, ag tosú in eagrán 17 Feabhra 1906 agus ag críochnú in eagrán 24 Márta 1906. Cúig mhionaiste dhéag a thug forléiriú cuimsitheach ar chianfhoinsí ainmneacha na mbailte in *Post-Sheanchas* a bhí sa tsraith:

> In reviewing 'Post-Seanchus' we wrote: ' 'It is to be regretted that exigencies of time, space and cost should have made it necessary for the PC to curtail the original plan of the work projected by An Laoideach. How fascinating it would have been to have been enabled to follow the long and patient processes by which the editor traced the various names to their sources; to have heard his reasons for rejecting one form in favour of another, to have been admitted to all the byways of topography, and history, and folklore, and linguistics, which he must have trodden to arrive at his results. The papers on Irish topography, of which this is the first, and which were originally intended to appear as an introduction to 'Post-Seanchus', will further suggest how absorbingly interesting will be the final book on Irish place names, which, as we believe and hope, An Laoideach will one day give us. F. an Ch.

Bhí Edmund Hogan agus a fhoireann i mbun *Onomasticon Goedelicum* (1910) in ARÉ; ní thiocfadh *magnum opus* eile ar na logainmneacha ó pheann an Laoidigh. Ní luafaí *Post-Sheanchas* san *Onomasticon* ach bheadh tagairtí do 'Cnoc Ríre', do 'Cúig Chúige na Mumhan' agus do 'Trácht Fuirbthen', ar scríobh an Laoideach aistí ar leith fúthu in *Ériu* agus a phléamar thuas. Ar fhianaise na gcártaí faisnéise a bhfuil teacht orthu ar *logainm.ie*, ba mhó i bhfad tionchar *Post-Sheanchas* ar logainmníocht na Gaeilge sa chéad atá imithe thart ná tionchar an *Onomasticon*.

Bhí aisling dhúshlánach réabhlóideach intuigthe in *Post-Sheanchas*—b'shin an chomharthaíocht phoiblí ar fud na tíre, a bhí nuachumtha i mBéarla ag na Sasanaigh ar chúiseanna míleata nó ar mhaithe le cánacha a bhailiú sa chéad roimhe sin, a athGhaelú. Seo léargas Liam Mhic Mhathúna (2000/2001:92-93) ar thionscnamh na logainmneacha:

> Bhí cáineadh ar leith déanta ag Dubhghlas de hÍde ar an ainbhail Ghallda a bhí buailte anuas ar logainmneacha na tíre sa léacht úd, 'The Necessity for De-Anglicizing Ireland'. Is léiriú é ar a bhríomhaire is a pholaitiúla a bhí muintir an Chonartha i mblianta tosaigh na heagraíochta gur thug siad a n-aghaidh ar ghaelú logainmneacha na gcathracha is na mbailte móra, seachas cloí go hiomlán lena mbunriocht Gaelach a aimsiú do logainmneacha traidisiúnta na tuaithe. Ba cheannródaí é an Laoideach sa réimse seo oibre, faoi mar a d'aithin an Craoibhín agus tagairt á dhéanamh aige d'imeachtaí na bliana 1905.[165]

Ní raibh mórán dua ag baint leis an mbunriocht Gaelach a aimsiú do na bailte fearainn agus na sráidbhailte traidisiúnta, ach ghin díghalldú logainmneacha na gcathracha is na mbailte mórán míshástachta agus achrainn, go háirithe nuair a bhí an logainm Béarla bunaithe ar ainm pearsanta. Níor mhór don logainmneoir an pobal áitiúil a thabhairt leis agus níor éirigh leis an Laoideach é sin a dhéanamh go minic nuair a cheangail sé an baile mór le seanríocht stairiúil nó barúntacht a bhí dearmadta ag na daoine.

Is é a dúirt an Craoibhín ina óráid:

> On the whole our place names have been treated with about the same respect as if they were the names of a savage tribe which had never before been reduced to writing, and with about the same intelligence and contempt as vulgar English squatters treat the topographical nomenclature of the Red Indians…..I hope and trust a native Irish Government will be induced to provide for the restoration of our placenames on something like a rational basis. (1892/2010:152-153)

Seo an méid a bhí le rá ag Ciarán Bairéad faoi Sheosamh ina aiste in *Béaloideas*:

> Bhi eolas mor aige ar dhinnsheanchas na h-Éireann, agus is cumasach an saothar a rinne sé na leabhra *Post-Sheanchas* I agus II a chur le chéile. Nuair a thoiligh Bardas Átha-Cliath ainmneacha na sráideanna a chur suas i nGaedhilg de'n chéad uair, is é Seosamh Laoide a chuir an leagan Gaedhilge ortha. Ní cóir dearmad a dhéanamh air sin *(1945:139)*.

Bhí fealsúnacht Sheosaimh, a réitigh le dearcadh an Chraoibhín, soiléir sa laoi nó sa rosc catha a chum sé féin faoin ainm cleite 'Cú Chualann' agus a chuir sé mar réamhfhocal dá leabhar. *Comhairle do Mhuicinis* a thug sé air. B'ainm ársa ar Éirinn Muicinis, an t-ochtú hainm de na ceithre ainm déag a liostáil Séathrún Céitinn in *Foras Feasa ar Éirinn*[166] Tá gearán Sheosaimh ríshoiléir:

[165] Do thuairim an Chraoibhín thuas féach lch 45.
[166] Comyn 1902:100

Mícheart an uile ainm áite,
Mícheart ainm gach éan-pháirce,
Atá anois ar Éirinn uill
Toisc géibhinn lá an leathtruim.

‘Muc chogaidh’ nó torc a thug sé air féin, ag tabhairt dúshláin na n-údarás poist agus an phobail ghalldaithe. Thuig sé chomh réabhlóideach is a bhí díghalldú na tíre. ‘Fágtar balbh iad gan anam le cogadh gan fuil', mhaígh ‘Cú Chualann’—é féin, sa véarsa. Bhí sé sásta cogadh gan fuil a fhearadh.


Fán an Gallaib 'r an gac ainm d'ár cumadar foin—
Táim 'gá aitcuinge le fada go follus anoir;
Fágtar balb iad gan anam le cogaid gan fuil;
Feárr a ngneadaid-fan le teactaire portac ó'n muic!
Muc Cogaid, 7rl.

Tabairta faoim' láim-re,
an 5° lá de'n Abrán, 1905.
Cú Chualann.

225. Sliocht aorach as Réamhrá *Post-Sheanchas*

7.2.3 Na cúigí agus na réigiúin

Cé go bhfuil clár an leabhair traidisiúnta ina dhealramh, tá an réabhlóideachas ann go smior. Tá cúig chúige aige, mar shampla, Connachta, Laighin, Midhe, Mumha agus Ulaidh. I gCúige na Midhe, tá an Mhí, Longphort, an Iarmhí, Tuaisceart Átha Cliath, codanna de Chill Dara agus d’Uíbh Fháilí.



Leatanac.
Comairle do Muicnir 4
Réamhrádh 5
Seolad Litheac 7
Cúigí na hÉireann 12
Duitcí na hÉireann 12
Conntaeice na hÉireann 17
Bailte Puirt na hÉireann 19

226. Clár na n-ábhar in *Post-Sheanchas* 1

Bhí sé sásta fáil réidh le córas gallda na gcontaetha ar fad agus córas Gaelach 'na nDúithchí' a chur ina n-ionad, agus mar sin tá roinn aige i *Stair-Sheanchas* a ainmníonn dúichí na hÉireann ar fad ach ní raibh an coincheap forbartha ina iomláine agus ba ghnó idir lámha fós é, mar ní raibh léarscáil údarásach ar fáil a

dhearbhódh imeallchríocha na ndúichí. Bhí tionscadal faoi na himeallchríocha ar siúl ag Gustavus Everard Hamilton nuair a bhuail an eitinn é. B'ionann dúithche agus seanríocht nó níos cruinne, fo-ríocht sa chóras Éireannach sular tháinig na hionraitheoirí. Roinn Seosamh an tír ar fad i 75 dúiche Bhí an dúiche go minic comhionann leis an mbarúntacht. Seo samplaí de na 'dúithchí' ó *Post-Sheanchas 1*:



DÚITCHÍ NA hÉIREANN.

Angaile (Mide) = that part of Co. Longford N. of R. Inny.
Aor Gréine = Bars. of Pubblebrien and Clanwilliam, Co. Limerick.
Ára Tíre = N. half of Bar. of Owney and Arra, Co. Tipperary.

Breifne Ua Raghallaigh = Co. Cavan.
Breifne Ua Ruairc = Co. Leitrim and that part of Bar. of Carbery, Co. Sligo, N. of Drumcliff R.

Cairbre Ua Gciarróa = Bar. of Carbury, Co. Kildare.
Calraige = that part of Bar. of Carbery, Co. Sligo, S. of Drumcliff R.

227. Sliocht as Réamhrá *Post-Sheanchas*: dúichí na hÉireann

Corruair réitigh an dúiche leis an gcontae, e.g. 'Breifne Ua Raghallaigh=Co. Cavan', ach 'Breifne Ua Ruairc=Co. Leitrim and that part of Bar. of Carberry Co. Sligo N(orth) of Drumcliff R(iver)'. Go hiondúil bhí giotaí as contaetha éagsúla i gceist, Uí Mháine, mar shampla, ina bhfuil píosaí as Gaillimh go mór mór, ach ó Longfort agus Ros Comáin chomh maith.

7.2.4 Ainmneacha na mbailte poist

Ina dhiaidh sin sa leabhar tháinig ainmneacha na mbailte poist féin, cóirithe in ord aibítreach mar a bhí na dúichí, an t-áitainm i mBéarla ar dtús, agus dhá cholún ar an leathanach. Glactar le córas na gcontaetha sna seoltaí, ach bhí an abairt seo ag an Laoideach ar lch. 16 i ndiaidh an liosta 'Dúithchí na hÉireann': 'All who can do so accurately should make as much use of these [dúithchí na hÉireann] as possible in addressing their letters'. Thaispeáin sé conas é a dhéanamh sa mhír 'Seoladh Litreach':



Art O'Kelly, Esq.,
Woodlawn,
Co. Galway.

Art Ó Ceallaig, uasal
(Art uasal Ó Ceallaig),
móta Gráinne Óige,
uíb Máine.


Crephon Kavanagh, Esq.,
Borris,
Co. Carlow.

Cṡíomṫann Caománaċ, Uaṙal,
Buiṫḟeaṙ ua nDṁóna,
uí Ceinnṙealaiġ.

4. Sloinneaḋ Anall.

Mr. Edward Tipper,
Allenwood,
Naas.

Maiġiṙṫiṙ (Mṙ.) Éamonn Tiobaṙ
ṗioḋ Alṁaine,
Náṙ Laiġean.

228 Samplaí as Réamhrá *Post-Sheanchas*: seoltaí

7.2.5 Sráideanna bailte is cathracha

Maidir le sráideanna úrnua na gcathracha, ní dhearna siad ach Gaeilge a chur orthu ‘ar chuma éigin’. Thuill an cur chuige seo cáineadh ó shaineolaí amháin ar shráidainmneacha Bhaile Átha Cliath, Séamas Ó Brógáin. Bhí sé seo ar a shuíomh idirlín eapainmneach:[167]

> Ina leabhar *Post-Sheanchas: I n-a bhfuil Cúigí, Dúithchí, Conntaethe & Bailte Puist na h-Éireann* (Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge, 1905) mhol Seosamh Laoide agus a chomhghleacaithe ainmneacha a bhunaigh siad ar fhoinsí éagsúla ach ina measc ainmneacha nach bhfuil aon bhunús staire leo. I dtaca le hainmneacha sráide ‘ní dhearnamar acht iad so chur i nGaedhilg ar chuma éigin. Níor fhéadamar a atharrach do dhéanamh, agus gan tásc ná tuairisc againn ar urmhór na mball mbeag so ó’n sean-aimsir.’[168] Ba é Laoide a mhol na chéad ainmneacha Gaeilge a cuireadh suas ar na hainmchláir; mhair na hainmneacha sin ar feadh na mblianta, agus maireann cuid acu fós ar na sean-ainmchláir.

Ní raibh an Laoideach sásta sráidainmneacha a bhí ceangailte le hainmneacha pearsanta a fhágáil mar a bhí siad, abair Sráid Carlisle nó Sráid Leeson. Dúirt sé sa réamhrá (lch. 6) nárbh é a ghnósan an Béarlachas a chothú agus lean sé air: ‘Bíodh an díbirt ag na halmhurachaibh seo feasta ó láimh an Ghaedhil’. Rinne sé a dhícheall leagan a aimsiú a raibh bunús éigin stairiúil leis ach níor éirigh leis i gcónaí.

Bhí feabhsuithe agus athruithe déanta ar ábhar Cuid 1 nuair a d’fhoilsigh sé *Post-Sheanchas Cuid a 2* i 1911. Faoin am seo bhí Seosamh ina bhall den Acadamh Ríoga. Bhí sé beartaithe aige fáil réidh leis na contaetha agus na dúichí a úsáid ina n-ionad, ach ní raibh an obair déanta chun an chéim sin a ghlacadh mar bhuail tinneas Gustavus Hamilton, mar a mhínigh sé sa réamhrá. I Davos na hEilvéise a

[167] ‘Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath’ Ceadaithe 16 Bealtaine 2020.
[168] Réamhrá, lch. 6. Post-Sheanchas 1.

bhí Gustavus ag téarnamh. Chomh maith leis sin bhí leisce ar an bpobal córas na gcontaetha a thréigean, meon nár thuig sé. Tá an abairt seo i Nóta XV ('Native territory v. foreign country') de 'Irish topography' in ACS 24 Márta 1906:

> The misguided affection for the counties that exists among the native Irish is extraordinary.

Sa réamhrá seo do Chuid 2 léirigh Seosamh uafás faoi staid na n-áitainmneacha Béarla in Éirinn agus cuireann sé an milleán go borb ar an scoláire John O'Donovan a bhí fostaithe ag an tSuirbhéireacht Ordanáis chun an galldú a dhéanamh; b'é a cheap an chuid is mó de na leaganacha Béarla atá in úsáid againn faoi láthair.


Adamair! nach iad ainmneacha ár mbailte atá i n-iomar na hamléire dáiribh? Acht muna léigirtear an lot gan moill, ní beid aon trlacht go deoid ar an gcruit i léigtear ár mbailte diabtach go gnátach i rgriobinn agur i gcló, agur an rgéal ag dul i n-olcar ó lá go lá, óir nach fuiltear ag leasamaime den litriughad Gallda do chuir Seaán Ua Donnabáin ar bun go miśómarach acht é rin féin dá fíor-thuaillíughad ag lucht an porta, rml. Acht cá fear dúinn tráct air rin? Atáid muintear na hÉireann 'na ndub-chodlad agur 'na dtoirchim ruain, agur ní ro-dúrgta arta iad.

229. Sliocht as Réamhrá *Post-Sheanchas* 2

Cháin cuid mhaith léirmheastóirí O'Donovan. Seo alt as aiste a scríobh an cartagrafaí Tim Robinson (1993:21-33):

> Whenever O'Donovan could not otherwise interpret a place-name he would derive it from some personal name, and he invented an amazing number of peculiarly named persons in the process. In Ireland O'Donovan himself, the greatest Irish scholar of his age, presided over the systematic corruption of Irish place-names. After the sappers on the ground had noted down the place-names from the locals as best they could, it was O'Donovan who checked the earlier textual and cartographical sources, and having decided on the correct Irish form of each name, wrote down not the Irish but the Anglicized form that was to appear on the map. It was a very great betrayal, for as he himself noted, many of these names become very indistinct when transcribed in English phonetic values. It was the second great trauma of the sense of place in Ireland.

Bhí éadóchas ar Sheosamh freisin faoi phobal na hÉireann. 'Atáid muintear na hÉireann 'na ndubh-chodhladh agus 'na dtoirchim suain, agus ní so-dhúsgtha asta iad', scríobh sé sa Réamhrá do *Post-Sheanchas Cuid a 2* (lch. 6).



Leabhanach

Réamhrádh 5
Seoladh Litreach 7
I. Sloinneadh Cailín, i n-a Aonar 7
II. Ainm agus Sloinneadh Cailín i nGinfeadh 8
III. Sloinneadh Mná Pósta, i n-a Aonar 8
IV. Ainm agus Sloinneadh Mná Pósta i nGinfeadh ... 9
V. Ainm agus Sloinneadh Fir ar Mnaoi Pósta ... 9
VI. Sloinneadh Fir, i n-a Aonar 10
VII. Ainm agus Sloinneadh Fir i nGinfeadh 11
VIII. Ríoghraidh na hEorpa 12
IX. Bainríoghraidh na hEorpa 12
X. Na hUaisle 12
XI. Na Banuaisle 13
XII. An Cliar 13
XIII. Na Mná Riaghalta 14
XIV. Comhluadh Snóda 14

230. Clár na n-ábhar do ‘Seoladh Litreach’, *Post-Sheanchas Cuid a 2*

D’ainneoin an éadóchais sin, mar is léir ó chlár na n-ábhar do ‘Seoladh Litreach’, in *Post-Sheanchas Cuid a 2* thuas, shamhlaigh sé pobal iomlán, fiú an rítheaghlach, na huaisle, an chléir, i gcomhfhreagras lena chéile trí mheán na Gaeilge.



VIII. RÍOGHRAIDH NA hEORPA.

Dá Mórdhacht Ró-oirdheirc, Impire nó Rí ——	1. To His Most Excellent Majesty, the Emperor or King of ——
Dá Aindeóin Impireamhail, Phrionnsa ——	2. To His Imperial Highness, the Prince of ——
Dá Aindeóin Ríoghamhail, Phrionnsa ——	3. To His Royal Highness, the Prince of ——
Dá Aindeóin Soiléir, Phrionnsa ——	4. To His Serene Highness, the Prince of ——
Dá Aindeóin ——	5. To His Highness ——

IX. BAINRÍOGHRAIDH NA hEORPA.

Dá Mórdhacht Ró-oirdheirc, Bainimpire nó Bainríoghan—	1. To Her Most Excellent Majesty, the Empress or Queen of ——
Dá nAindeóin Impireamhail Bainphrionnsa ——	2. To Her Imperial Highness, the Princess of ——
Dá nAindeóin Ríoghamhail, Bainphrionnsa ——	3. To Her Royal Highness, the Princess of ——
Dá nAindeóin Soiléir, Bainphrionnsa ——	4. To Her Serene Highness, the Princess of ——
Dá nAindeóin ——	5. To Her Highness ——

X. NA hUAISLE.

Dá Shrádh-rean Diúice ——	1. To His Grace the Duke of ——
Dá Oirdeasca Tighearna Tánaiste ——	2. To His Excellency the Lord Lieutenant of ——
Dá Ró-onóraighe Marcuéir ——	3. To the Most Honourable the Marquis of ——
Dá Rígh-onóraighe Iarla ——	4. To the Right Honourable the Earl of ——
Dá Rígh-onóraighe an Tighearna Díocáin ——	5. To the Right Honourable the Lord Viscount ——
Dá Rígh-onóraighe an Tighearna ——	6. To the Right Honourable Lord ——
Dá Onóraighe an Tighearna ——	7. To the Honourable Lord ——

231. Ag scríobh i nGaeilge chuig ríochas agus uaisle na hEorpa

Tá a lán i gCuid a 2 a bhaineann le heolaíocht na logainmneacha in Éirinn. Tá mionscagadh déanta aige ar Dhroichead Átha, Nás na Ríogh agus ar Chill Chainnigh, agus ar shráidainmneacha, ar ainmneacha na seangheataí agus a leithéidí sna bailte sin. Tá liosta fada leasuithe aige ar leaganacha a bhí i gCuid 1.


Cúigí na hÉireann 16
Connaecte na hÉireann 16
Nova 20
Daite Puirt na hÉireann 21
Iarcomharcuigad 121
Réamhfuirdiuigad na nAnmann, 7rl. 127
Airteacair Déarluigte 132
Cill-ainmneacha 133
Droicead Átha 133
Nár na Ríog 137
Cill Cainnig 138
Leat-beanna ar Áirdeannaib 139
Ceartuigte 151
Cuilleadh Eile 154

232. An clár logainmníochta in *Post-Sheanchas* 2

De bhreis air sin, i dtaca lena réamhrá, bhí iarscríbhinn aige a scríobh sé tar éis na profaí a cheartú. Cháin sé a chlódóirí go binbeach mar gheall ar an tseiftíocht neamhúdaraithe a bhí acu chun dúch a shábháil. Tá deimhniú againn san iarscríbhinn sin gur thug sé cuairt ar Oileán Reachlainn. D'fhógair sé go caithréimeach ar leathanach 121 gur bhuail sé le 'Gustámh Ó Nualláin Hamaltún' i mBaile an Chaisleáin i gCo Aontroma agus go raibh 'feabhas agus biseach' ag teacht air.

Ar deireadh *Post-Sheanchas 2* tá plé fada aige san alt 'Iarchomharthughadh' (121-126) faoi Ghaelú an logainm Sandycove, an log snámha agus tumadóireachta soir ó Dhún Laoghaire. Chuaigh sé ar ais go 1765 agus fuair sé amach go dtugtaí Sandygo Point ar an rinn seo. Dar le Foclóir Uí Dhuinnín is ionann 'gó' agus 'farraige'. Shocraigh sé ar 'Sonnach Gó' mar aistriúchán ar Sandycove, agus is é sin a chuir sé i gCuid 1 de *Post-Sheanchas*. Is ionann 'sonnach' agus sceir chosanta. Ar chomhairle, is dócha, leasaigh sé an iontráil go 'Sáinn-le-gó' i gCuid 2, e.g. 'cúinne' den fharraige. Insíonn sé dúinn in 'Iarchomharthughadh' go ndeachaigh sé amach ag spaisteoireacht dó féin i Sandycove (Cuas an Ghainimh anois), ní 'Sandycove/Sáinn-le-gó' a chonaic sé greanta ar phlátaí na sráidainmneacha ar fud an cheantair ach 'Sandycove/ Sonnach Gó'. Ba é Bardas náisiúnaíoch Dhún Laoghaire a chuir suas na hainmphlataí, ag brath ar *Post-Sheanchas* Cuid 1. Bhí cathú ar Sheosamh gurb é féin a bhí freagrach go hindíreach as costas na bplátaí a chur ar Bhardas Dhún Laoghaire d'áitainm a d'fhéadfadh a bheith mícheart ar fad. Chráigh an eachtra seo chomh mór sin é gur chum sé aoir air féin, 'óglachas' dhá véarsa dhéag atá san alt céanna.

Sáinn le gó!
’S é, dar liom, mo chraoibhín cnó!
Fóiríor! Thugas cúl don cheart!
Cáintear mé! Níor bheacht an gnó.

(Sonnach gó!!!)
Maithtear dhamhsa is maithtear dó!
É san áit i n-iarann fhuar!
Uch! Mo mhíle truagh a chlódh!

Tá ainmphlátaí glas agus bán i Sandycove fós agus ‘Sonnach Gó’ orthu. Chonaic mé ceann acu agus mé ansin ar Bloomsday cúpla bliain ó shin. Is é ‘Cuas an Ghainimh’, lomaistriúchán, an Gaelú atá ag *logainm.ie.*

Tugann an Laoideach le tuiscint dúinn, ar chríochnú na hiarscríbhinne dó, ‘go bhfuil ár ndinnseanchas chomh hachrannach, chomh haimhréidh lenár stair’ agus go bhfuil an dinnseanchas ceangailte leis an stair. Pé foras nó struchtúr atá ann inniu chun cúram a dhéanamh de logainmneacha Gaeilge, tá a bhfréamhacha in obair cheannródaíoch an Laoidigh agus sa dá leabhar atá pléite againn, *Post-Seanchas 1* agus *Post-Sheanchas 2*.


Sonnaċ Gó, Dún Laoġaire:
Sandycove, Kingstown.
[Perhaps Sáinn-ṗe-gó or
Sáinn-le-gó = corner to sea.
The 18th century form is
Sandygo Point, in *A Chart
of the Bay of Dublin and
Sea Coast from Wicklow to
Balbriggan*, by Bernard
Scalé and William Richards,
1765. Rocque about 1773
has Bullock Rock. In 1821
the form is changed to Sandy-
cove Point.]

233 Iontráil do Sonnach Gó /Sandycove in *Post-Seanchas* 2.

7.3. Sráidainmneacha: Sráid 'Leeson'

234. Samplaí d'ainmchláir shráide Bhaile Átha Cliath

Scríobh Ciarán Bairéad gurb é Seosamh a chruthaigh na leaganacha Gaeilge de na sráidainmneacha do Bhardas Átha Cliath. Ní hé go raibh socrú ar leith ag an mBardas le Seosamh ach go mbainidís úsáid as *Post-Sheanchas.* Thairis sin d'iarrfaí ar an gConradh na sráidainmneacha a sholáthar agus thiteadh an obair sin air sin go rialta. Tá na céadta de na sráidainmneacha Gaeilge a cheap sé féin agus na Conraitheoirí eile ag an am seo le feiceáil fós ar bhallaí na cathrach. Is furasta iad a aithint. Tá siad ar na hainmphlátaí glasa. Tá na leaganacha a ceapadh níos déanaí ag logainmneoirí eile ar ainmphlátaí gorma.

235. Leagan Risteáird Uí Fhoghlú do 'Leeson Street Lower'

An chéad chúis mhíshástachta a bhí ag logainmneoirí gairmiúla ina dhiaidh sin i leith *Post-Sheanchas* ná an chlaontacht náisiúnaíoch, mar a chonaiceadar í, a bhí taobh thiar de agus ann. Braitheadh nárbh é an leagan cruinn stairiúil Gaelach

a bhí in aigne an Laoidigh go hiondúil ach an díghalldú. Chreid siad nár cheart imeacht rófhada ón mbunleagan ar a raibh taithí ag an bpobal áitiúil. Féachaimis ar an bplé atá ar an suíomh idirlín *logainm.ie*, plé faoi threoir an stiúrthóra, an Dr. Pádraig Ó Cearbhaill, sílim, a bhaineann le Sráid Líosan (Leeson) i mBaile Átha Cliath.

> Chomh maith le hainmneacha Gaeilge na mbailte poist agus na mbailte fearainn, tá roinnt seoltaí poist uirbeacha le fáil in *Post-Sheanchas*. ….Tháinig formhór glan na sráidainmneacha (nach bhfuil bunaithe ar shloinnte nó ar logainmneacha Gaeilge an chéad lá), áfach, as an teanga agus as an gcóras ainmniúcháin a bhí ag uasalaicme na gcathracha, ní nach ionadh. Ba leo an talamh ar a raibh na tithe tógtha. Bhí níos mó de dhua ag baint le díghalldú a dhéanamh ar na sráidainmneacha seo ná le bunleagan Gaeilge a aimsiú do leithéidí *Ballyglass*[169].

Ainmníodh Leeson Street as Joseph Leeson, a tháinig ó Shasana ag deireadh an 17ú haois agus a bhunaigh grúdlann a rinne saibhir é. Cheannaigh an chlann an-chuid talún thart ar shuíomh Shráid Líosain an lae inniu. Rinne an Laoideach, agus b'fhéidir Conraitheoirí eile, taighde ar sheancháipéisí agus ar chairteacha a bhain le teorainneacha agus a leithéidí, agus thángadar ar logainmneacha ar nós Kilmekergan, Kilmerecaregan**,** Kylmagergan, agus KilMcCargan, a bhain leis an gceantar go ginearálta níos mó ná leis an tsráid. Réiteach 'ar chuma éigin' ba ea 'Bóthar Chille Muire' do Leeson Street Upper agus 'Cill Mhuire Cairrgín' ar Leeson Street Lower. Mar a deir an Coimisiún Logainmníochta:

> Ní féidir aon ní a rá go cinnte faoi shuíomh na háite seo, de réir na dtagairtí seo thuas, ach go bhfuil cuid den cheantar mór idir Faiche Stiabhna agus Domhnach Broc i gceist; thairis sin, tá an bunainm Gaeilge féin thar a bheith doiléir[170].

Cé nach raibh bunús iontaofa stairiúil dá laghad le réiteach an Laoidigh, bhunaigh an Saorstát ainm oifigiúil na sráide faoin Stát nua ar a leagan siúd as *Post-Sheanchas* 2 agus thugadar 'Sráid Chille Muire, Íochtarach' agus 'Sráid Chille Muire, Uachtarach', ar an dá leath den tsráid. Sna 1930í leasaigh Risteárd Ó Foghludha leagan Sheosaimh arís agus thug sé 'Sr. Cill Mhochargán Íochtarach' ar Leeson Street Lower, ag brath ar na foinsí céanna a d'úsáid

[169] https://www.*logainm.ie*/ga/1383467 (Nótaí mínithe s. n. Sráid Líosain Uachtarach), ceadaithe 17 Eanáir 2021.
[170] *https://www.logainm.ie*/ga/1383467 (Nótaí mínithe s. n. Sráid Líosain Uachtarach), ceadaithe 17 Eanáir 2021.

Seosamh. D'athbhaist an Coimisiún Logainmneacha an tsráid sa bhliain 2004 agus tugadh Sráid Líosain uirthi, roinnte i 'Sráid Líosain Íochtarach' agus 'Sráid Líosain Uachtarach'.


LOWER LEESON STREET Dublin

Sráid Cill Mochargáin, Íochtarach e.p. Sráid Líosain –, Bord Fáilte 18-7-58

L

Ainm SR.

? Sráid Conel Mac Cargáin

cf. Kilmerecaregan alen's Reg 21 AD 1192

Kilmerecarigan 231 c 1395

bóthar Cill mhuire Post-Seanchas 1905., 1911.

sic upper =

Cill mhuire Cairrgín " "

Leeson st.

Called in 1728 Sweeny street but soon renamed Leeson st. after the family (of that name) which owned its western side....

Craig: Dublin p. 109

AN 139/88_1

236. Cárta do 'Lower Leeson Street' i dtaifid an Choimisiún Logainmneacha

Is é sin an cárta oifigiúil as comhad an Choimisiún Logainmníochta do Lower Leeson Street thuas. Féach gurb é Bord Fáilte a mhol Sráid Líosain i 1958 ach nár feidhmíodh sin go dtí 2004. Ba é *Post-Sheanchas*, 1905 agus 1911, an t-údarás do na leaganacha Gaeilge, 'Bóthar Chill Mhuire' agus 'Bóthar Chill Mhuire Cairrgín', a mhair ó 1922 go dtí 1935 nuair a leasaigh Risteárd Ó Foghludha an sráidainm go 'Sráid Chill Mochargán', Íochtarach agus Uachtarach.

Níl faoi chaibidil ansin thuas ach áitainm amháin: Sráid Líosain. Is sampla é den saghas gearáin agus den phlé a dhéantaí faoi *Post-Sheanchas* agus de na hargóintí a ghin na leaganacha a chum Seosamh. Mar an gcéanna faoi na mílte áitainmneacha eile. Cháin an Coimisiún Logainmneacha leaganacha an Laoidigh ach den chuid is mó níor bhraith siad go raibh dualgas ar bith orthu féin cúlra stairiúil a lorg nó a dheimhniú dá roghanna. Más fíor nach raibh bunús ar bith leis na leaganacha Gaeilge a cheap an Laoideach do Leeson Street, d'fhéadfaí a áitiú nach bhfuil bunús stairiúil ná teangeolaíoch ná foghrúil ach an oiread le 'Líosa(i)n'.

Bhí an méid seo le rá ag Dónall Mac Giolla Easpaig ó Choimisiún na Logainmneacha faoi *Post-Sheanchas* i léacht a thug sé ar áitainmneacha sa Ghaeilge:

> While remarkable for its time, *Post-Sheanchas* had many flaws, the most serious of which derived from Laoide's rejection on ideological grounds of the foreign imposed county system, as he saw it, in favour of earlier native territorial divisions. This approach led to the creation of many unhistorical placename forms in the publication, names such as Brí Cualann for Bray, Co. Wicklow, and Brí Uí Cheinnsealaigh for Bree, Co. Wexford, for which absolutely no evidence exists.

Luann Dónall Mac Giolla Easpaig an t-áitainm Brí Cualann, leasaithe go Brí Chualann i gCuid a Dó de *Post-Sheanchas*, mar shampla den chur chuige éidreorach a bhí ag Seosamh, dar leis. Ciallaíonn 'brí' cnoc nó aill chnoic agus tá cnoc agus aill i mBrí Chualann. Tá an nóta seo ag an Dr. Pádraig Ó Cearrbhaill, Príomh-Oifigeach Logainmneacha an Choimisiúin, in aiste fhada a scríobh sé ar an áitainm seo:

> Thug Seosamh Laoide aitheantas do Brí Cualann sa leagan Béarla-Gaeilge dá ghasaitéar, *Post-Sheanchas ina bhfuil cúigí, dúithchí, conntaethe agus bailte puist na hÉireann* a cuireadh i gcló sa bhliain 1905. Sa leagan Gaeilge-Béarla den *Post-Sheanchas* a cuireadh i gcló an chéad uair sa bhliain 1911, mhol an Laoideach dhá fhoirm Ghaeilge an babhta seo, Brí Chualann agus Brí. Brí Cualann a mhol Risteárd Ó Foghludha sa ghasaitéar s'aigesean, *Logainmneacha .i. [A] Dictionary of Irish Placenames* (bliain 1935).... Toisc gur theastaigh ón Laoideach seanainmneacha na ndúthaí a chur in ionad ainmneacha na gcontaethe a bhunaigh na Gaill, b'fhéidir gurbh eisean a shocraigh ar Cuala a chur leis an logainm.

Ina ainneoin seo uile leasaigh an Coimisiún leaganacha Sheosaimh go 'Bré'. Ach tá an cruthú san úsáid. Brí Chualann a deir an ghlúin seo agamsa agus gach Gaeilgeoir ar bhuail mé leis nó léi ag caint faoin mbaile seo i nGaeilge. Níor chuala mé Bré riamh i gcomhrá i nGaeilge. Nás na Rí, Cluainín Uí Ruairc, Aonach Urmhumhan, a deir siad freisin, beag beann ar Choimisiún na Logainmneacha. Is cosúil gur mhaith le daoine an léargas ar an seanstair atá folaithe san áitainm.

Léiríonn na díospóireachtaí seo údarás an Laoidigh i réimse na logainmneacha. Tá na mílte taifead breise mar seo ar *logainm.ie*. Tá tagairtí iomadúla do Sheosamh agus do *Post-Sheanchas* le fáil iontu. Sin tagairt eile thíos, ar

chomhad Chluainín Uí Ruairc nó Manorhamilton. Cluainín (gan an t-alt) an t-ainm Gaeilge oifigiúil ar an mbaile sin anois ach is é Cluainín Uí Ruairc an t-áitainm i bpobal na Gaeilge.



POSTOIFIG

Manorhamilton

Co. Leitrim.
Bar. (Drumahaire
(Rosclogher

Par. (Cloonclare
(Killasnet

O.S. 7, 11

According to Lloyd's Post-Sheanchas, Part I., the Irish name of Manorhamilton is An Cluainín. In Part II of the same work it is Cluainín Uí Ruairc.[22]

Clooneen is in the parish of Killasnet, but the greater part of Manorhamilton is in the townland of Manorhamilton, which is separated from Clooneen by the Owenbeg river. As Lloyd was unable to discover the old name of the townland now known as Manorhamilton, he chose to adopt An Cluainín(Clooneen) as name for the town, though the part of the town extending into Clooneen is comparatively small.

237. Cárta do 'Manorhamilton' i dtaifid an Choimisiún Logainmneacha

Is deacair a shamhlú an lá atá inniu ann chomh tábhachtach is a bhí Oifig an Phoist agus litreacha i gcúrsaí cumarsáide na tíre ag tús an chéid dheireanaigh agus le fada roimhe sin. Scríobh Ben Novick (1999:350) gur seoladh suas le 192 milliún litir taobh istigh de chríocha na hÉireann sa bhliain phoist 1914-1915, sé sin, níos mó ná dhá scór litir do gach duine sa tír. Thuig Seosamh an gá a bhí ann comharthaíocht phoiblí na tíre a Ghaelú, agus bealach simplí amháin chun sin a dhéanamh ba ea seoltaí i nGaeilge a chur ar litreacha agus ar phacáistí.

Bhí trí eagrán den *Post-Sheanchas*, 1905, 1911 (Cuid a Dó), agus 1922, (1 agus 2). Níor tháinig mé ar eagrán 1922 fós. Tá noda beaga sna nótaí mínithe faoi logainmneacha ar leith ar *logainm.ie* gur cheartaigh agus gur leasaigh Seosamh féin an leagan de *Post-Sheanchas* a tháinig amach i 1922, sé sin, go raibh inmhe oibre ann fós dá mbeadh an chreatlach chuí oibre ar fáil dó. Bhí an fógra seo i *Misneach*, iris an Chonartha, eagrán 29 Aibreán 1922, deimhniú b'fhéidir gur eisíodh eagrán nua.



238. Eagrán 1922 de *Post-Sheanchas* 2, agus an fógra faoi i *Misneach*

Bhí a chúl tugtha ag an Laoideach don Chonradh agus bhí an tsláinte briste air faoi 1922. Bhí comhfhreagras éigin aige leis an Rialtas Sealadach, ina raibh Eoin Mac Néill mar aire, agus iad ar tí teacht i gcumhacht ar 7 Eanáir 1922, agus bhí an freagra seo ón Rúnaí Aire, aireacht J. J. Walsh, Tadhg Ó Scanaill, ar 25 Feabhra, 1922. Bhíodh Ó Scanaill an-ghníomhach sa Chonradh tráth.

> A chara,
>
> Tá orm a admháil go bhfuaradh do leitir fé dháta an 21adh agus a rádh leat ná fuil aire an Phuist (*J. J. Walsh*) ar tí an leabhar úd agut (*Post-Sheanchas*) do chuir fé athchló. Níl ar aigne ach rainnt cóipeanna do cheannach (más féidir é) agus iad a scaipeadh ar lucht an Phuist. Ná bíodh eagla ort go gcuirfidh an aireacht seo isteach ar aon cheart-chosanta atá agut ar an leabhar úd.
>
> Mise le meas, Tadhg Ó Scanaill,Rúnaidhe Aire.[171]

Ní raibh an litir sin diúltach ar fad. Is léir go raibh sé beartaithe *Post-Sheanchas* a úsáid mar ghasaitéar sna hoifigí poist agus go rabhadar sásta

[171] An Leabharlann Náisiúnta, LS G858.

roinnt cóipeanna a cheannach. Caithfidh gur athfhoilsigh an Conradh *Post-Sheanchas* sa bhliain 1922 chun freastal ar riachtanais Oifig an Phoist, go ndearnadh leasuithe anseo is ansiúd, ach ní léir go raibh lámh ag Seosamh san athfhoilsiú sin ná go bhfuair sé buntáiste ar bith as.

Ní raibh gasaitéar dá gcuid féin acu go dtí gur tháinig *Eolaí an Phoist* amach sa bhliain 1964, leasaithe agus caighdeánaithe mar *Ainmneacha Gaeilge na mBailte Poist* sa bhliain 1969. Níl admháil sa Réamhrá don leabhar sin do shaothar Sheosaimh ná do shaothar aon duine eile. An tSuirbhéireacht Ordanáis, ina raibh Brainse na Logainmneacha ag an am, a d'fhoilsigh an leabhar.

Thagair Dónall Mac Giolla Easpaig do 'Laoide's rejection on ideological grounds of the foreign imposed county system, as he saw it, in favour of earlier native territorial divisions. Bainim as sin go gceapann na logainmneoirí gairmiúla gurbh fhornáisiúnaí an Laoideach.

Is saineolaí Niall Ó Cíosáin, Coláiste na hOllscoile, Gaillimh ar stair na foilsitheoireachta in Éirinn. Sa leabhar a chuir Clare Hutton in eagar, *The Irish book in the twentieth century*, Irish Academic Press, 2004, bhí caibidil aige, *Creating an Audience*: *Innovation and reception in Irish Language publishing, 1880-1929,* as ar thóg mé an píosa seo a leanas:

> The educational system was not the only public or official sphere in which revivalists attempted to have writing or print in Irish recognised. They also aimed at establishing it in public spaces such as shopfronts, or having it recognised by State agencies such as the Post Office. In 1905, 200 members of the Gaelic League tried to post parcels with addresses written in Irish in the General Post Office in Dublin. To assist them in this endeavour they had a League publication from the same year, Post-sheanchas (post lore), an extensive guide to addressing letters in Irish. This involved not simply supplying the Irish originals of, or equivalents to, placenames in English, but an alternative division of space, since counties were ignored in favour of older regions. Thus Tinahely, Co. Wicklow, became Tigh na hÉille, Gabhail Raghnaill, but Newtownmountkennedy, Co. Wicklow, became, Baile Ó gCearnaigh, Críoch Bhranach.

Aithníonn an t-údar seo an 'spás nua' a bhí na Conraitheoirí, le cuidiú Sheosaimh, ag iarraidh a chruthú, beart a bhí níos réabhlóidí agus níos críochnúla agus níos praiticiúla ná scéim ar bith a bhí ag Poblachtaigh chun an córas gallda a scrios. Tagann an iarracht seo chun solais níos soiléire sa chéad léarscáil

d'Éirinn i nGaeilge, a bheadh ar fáil faoi 1908, cé gur choinnigh an léarscáil seo na contaetha traidisiúnta.

239. An Condae Riabhach (Loch Garman) sa chéad léarscáil Ghaeilge

Bhí go leor gearán eile ag na saineolaithe faoi *Post-Sheanchas***,** ní nach ionadh, mar ba shaothar duine amháin é agus bhí an duine sin faoi bhrú ag tionscadail eile, ach admhaíonn logainmneoirí na Gaeilge a gcomaoin do Sheosamh Laoide. Gné amháin dá shaothar a thuilleann suntas ná gur thug sé leaganacha údarásacha do 'Cúigí, Dúithchí, Conndaethe 7 Bailte Puist' na hÉireann uile, i gcomórtas leis na sé chontae fichead atá faoi riar ag an gCoimisiún Logainmneacha. Chlúdaigh sé na sé chontae atá anois faoi chúram Shasana chomh maith agus tá logainmneoirí an Tuaiscirt faoi chomaoin aige freisin. B'féidir a áitiú go láidir gurb é *Post-Sheanchas* a thiomáin logainmníocht na Gaeilge le breis agus céad bliain agus nach bhfuil a thairbhe caite fós.

7.4 An chéad léarscáil d'Éirinn i nGaeilge

Níor stop ceannródaíocht Sheosaimh maidir le háitainmneacha na tíre i nGaeilge le *Post-Sheanchas*. Is aige a bhí an ról lárnach i gcruthú an chéad léarscáil bhalla d'Éirinn i nGaeilge. Lean an chéad léarscáil atlais den tír i nGaeilge as an iarracht sin. Bhí an t-alt seo thíos san *Irish Times*, Dé Sathairn, 19 Nollaig, 1908:

AN IRISH MAP OF IRELAND

Messrs. Fallon and Co., of 9 and 10 Upper Liffey Street, Dublin, have issued an Irish Map of Ireland which will be welcomed by many students of the language, and by others who are anxious to compare the Irish placenames with their more familiar English forms.

The idea of producing the present map originated with Mr. Charles J. Fallon, whose first attempt to get the necessary work done was made so long ago as 1904. The first attempt was not successful; but with the assistance of two such experts as Mr. Thomas Hayes and Mr. Joseph Lloyd, he has now produced a map, which reflects credit on him, not alone as an example of accurate and artistic draughtsmanship, but as a specimen of Irish printing and a proof of Irish enterprise.

Mr. Tomás Ó hAodha, who prepared the map for the printers, is an earnest worker in the Gaelic movement and author of the Irish drama, '*Seaghán na Scuab*'. His draughtsmanship is of a high order. He has worked in about 1,000 place names, and although the Irish names are much longer than their English equivalents, he has so managed matters as to get nearly all of them to run horizontally, thus making easier the task of reference.

The map, which is 60 inches by 48, is beautifully coloured, and well mounted. It has been revised by Mr. Joseph H. Lloyd, one of the best authorities on Irish topography. Mr. Hayes, Mr. Lloyd and Messrs. Fallon and Co. must be congratulated on so creditable an achievement. The price of the map is 21s. net, but special terms are given to the Gaelic League.

An chéad uair a chuala mé faoin léarscáil seo ba i nDún Éideann na hAlban é. Luaigh Lulu Burley (née Lloyd—ar chlé thíos) í, i gcomhrá liom féin, le hiníon Lulu, Louise, le Joan Lloyd Gallagher (ar dheis thíos) agus le Darina Ní Ghallchóir. Ba neacht, iníon William Lloyd, le Seosamh í Lulu agus bhíomar i nDún Éideann chun labhairt léi faoi Sheosamh. Rugadh í i 1913 agus chaith sí cuid mhaith dá saol i Zimbabwe. Bhuail deartháir Lulu, Brendan, leis an Dr. Uáitéar Mac Gearailt nuair a bhí sé ina mhac léinn i gColáiste na Tríonóide. Ag lorg aistriúcháin ar alt Chiaráin Bairéad faoin Laoideach a bhí Brendan Lloyd,

240. Lulu Burley (née Lloyd) agus Joan Lloyd Gallagher

Dúirt Lulu go dtéadh sise agus a deirfiúr ar cuairt go tigh Sheosaimh i mBuaile na Gréine i dTigh Lorgain agus gur thaispeáin sé léarscáil Ghaeilge d'Éirinn dóibh. Bhí sé an-bhródúil aisti agus thuigeadar gurb é féin a rinne í.

Chuardaíomar an léarscáil nuair a thángamar abhaile ó Dhún Éideann, ach go ceann i bhfad ní raibh tásc ná tuairisc uirthi. An comhlacht a rinne í, Muintir Uí Fhallúin, cuireadh deireadh leis sa bhliain 1928, agus cé go bhfuil glúine nua den chlann sin i mbun gnó ó shin, níl iarsma ar bith fágtha den seanchomhlacht. Chuaigh Darina i mbun bleachtaireachta agus ní fada go raibh toradh ar a cuardach. Sheol sí ríomhlitir chuig Paul Ferguson, atá i bhfeidhil Leabharlann na Léarscáileanna i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath:

> From: darina gallagher [darina.gallagher@hotmail.com] Sent: 19 January 2011 11:19 To: Paul Ferguson. Subject: Irish Language map of Ireland from 1908 -
>
> Hi Paul, ... I am looking for a map of Ireland from 1908 that was created with the assistance of my great uncle Mr. Joseph Lloyd. What is unusual about this map was that it was in Irish. Joseph Lloyd was an Irish scholar and worked with the Gaelic League for many years. There is a bit of information that might help from the Irish Times,- Sat, Dec 19, 1908.

D'iniaigh sí an tuairisc ón *Irish Times* atá i gcló thuas. Ní fada go raibh an léarscáil aimsithe ag Paul Ferguson. Thug sé an freagra seo uirthi:

> From: pfrguson@tcd.ie to: darina.gallagher@hotmail.com. Date: Wed, 19 Jan 2011 Subject: RE: Irish Language map of Ireland from 1908 -
>
> Dear Darina
> Many thanks for your most interesting message. We do have a copy of this map; your message has helped expand our description of it:
> Léarscáil na hÉireann/Tomás Ó hAodha [Thomas Hayes] (1866-1935), Seosaimh Laoide [Joseph Lloyd] do ghlan. Scale [ca. 1:575,000]. [Dublin]: Ó Feallamhain [Fallon & Co.] a Chuid Teor, [1908]. 1 digital printout of map, dissected and mounted on cloth:col. 128 x 97cm, folded in marbled slipcase to 27 x 20cm.
> Originally issued as a school wall-map of Ireland in the Irish language, written in Gaelic script. Shows names of rivers, mountains, headlands, counties, and towns. Dated from Irish Times reference. Reproduction possibly made by Sean Moran. Dark copy.
> Our copy is not an original but is a printout from a digital image which is quite dark. If you would like to see it, we can arrange an appointment for you.... Best wishes, Paul Ferguson

Shocraíomar bualadh le Paul Ferguson agus thriallamar ar Leabharlann na Léarscáileanna i gColáiste na Tríonóide. Mar a chuir Paul Ferguson in iúl, níor

bhunchóip a bhí acu sa leabharlann ach cóip dhílis leictreonach a rinne Seán Moran ó fhíorchóip. Scríobh mé nóta ar ár gcuairt nuair a tháinig mé abhaile, ina raibh sé seo:

> Ba é Tomás Ó hAodha a rinne an léarscáil fhíorálainn seo agus ba é Seosamh Laoide a 'ghlan'—is é sin a thug an fhoirm cheart chruinn de na háitainmneacha inti. Is gné thaitneamhach den léarscáil an challagrafaíocht, mar is i bpeannaireacht ealaíonta, go minic le gob leathan, atá na háitainmneacha scríofa, ní le cló.
>
> Taobh leis ar an mbord chonaiceamar an léarscáil Ghaeilge a rinne An Seabhac do Chomhlacht Oideachais na hÉireann blianta ina dhiaidh sin. Is léir gur leagan, le háitainmneacha breise, de léarscáil Laoide agus Uí Aodha léarscáil an tSeabhaic. Is féidir a mhaíomh gurb í léarscáil Laoide agus Uí hAodha an eiseamláir do na léarscáileanna ar fad i nGaeilge ó shin.

241. Clúdach léarscáile SL, Uí Aodha, Uí Achair, i gColáiste na Tríonóide

Bhí clúdach le mioneolas ar an léarscáil. Tá sé sa phictiúr ar dheis. Bhí duine eile páirteach i ndéanamh na léarscáile, más iontaofa Breathnach agus Ní Mhurchú agus *ainm.ie.* Ba é sin Pádraig Ó hAichir. Ba mhúinteoir bunscoile é, gairm Uí Aodha freisin. Bhí an bheirt ag teagasc i scoileanna i lár Bhaile Átha Cliath. B'as Sráid na Cathrach i gContae an Chláir dóibh araon. Tá na tagairtí ina mbeathaisnéisíní ar *ainm.ie*. Ar leathanach Thomáis Uí Aodha[172] léimid:

> I gcomhpháirt le Pádraig Ó hAichir, arbh as Sráid na Cathrach dó freisin, chuir sé an chéad léarscáil Ghaeilge d'Éirinn ar fáil do na scoileanna.

[172]s.n. Ó hAodha, Tomás (1866–1935), ceadaithe 17 Bealtaine 2020.

Ar leathanach Phádraig Uí Aichir[173] tá sé seo le fáil:

> I gcomhpháirt le Tomás Ó hAodha chuir sé an chéad léarscáil Ghaeilge d'Éirinn ar fáil do na scoileanna.

Rinne Brian Mac Giolla Phádraig tagairt do Sheosamh in alt a scríobh sé dar teideal 'The location of Coeman, maccoem Patraic' (1943:103). Baineann an sliocht thíos leis an áitainm Kilrea i gCo. Dhoire. 'Cill Réidhe' a mhol an Laoideach.

Joseph Lloyd, M.R.I.A., copied this form in his " Post-Sheanchas" (1905). He also put it on the first school map of Ireland printed in Irish (1908): from this it was copied by the compilers of the Irish geographies and atlases. This wrong form is still taught in the schools. (An uncoloured map of Ireland published in 1939 by the Ordnance Survey has Cill Riaga).

242. Tagairt do léarscáil SL 7rl in alt le Brian Mac Giolla Pádraig

Is fianaise an tagairt seo gur athfhoilsíodh an léarscáil i leabhair thíreolaíochta agus i leabhair mhapaí.

Is oth liom a rá go bhfuair Lulu bás i mí Lúnasa, 2010. Bhí sí 97 bliain d'aois agus ina sláinte agus í bríomhar go dtí an deireadh. Seachas eachtra na léarscáile is beag cuimhne phearsanta a bhí aici ar Sheosamh.

Tá tuilleadh i scéal na léarscáile seo. Bhuail mé le Séamus Mac Mathúna, ó Ollscoil na Gaillimhe, ag Seimineár John McGahern i gCarraig Dhroma Rúisc, mí Bhealtaine na bliana 2012. Tá cónaí ar Shéamus i Sráid na Cathrach i gContae an Chláir, agus is ball d'eagraíocht caomhnaithe áitiúil é, Oidhreacht an Chláir (OaC). Is ábhar spéise do OaC saol agus saothar Thomáis Uí Aodha, agus saol agus saothar Phádraig Uí Achair, toisc gurbh ó Shráid na Cathrach an bheirt acu. Dúirt sé liom gur bhronn Caitríona Nic Éil, garneacht do Thomás Ó hAodha, léarscáil ar Oidhreacht an Chláir, bunleagan nó dréachtleagan den chéad léarscáil Ghaeilge a cruthaíodh, agus go raibh eolas faoin léarscáil seo ar shuíomh idirlín Oidhreacht an Chláir.[174] D'aimsigh mé an réamhfhógra seo faoi lainseáil na léarscáile ar *OaC.ie:*

[173] s.n.Ó Haichir, Pádraig (1871–1914) ceadaithe 17 Bealtaine 2020.
[174] *http://oac.ie/site/content/remembering-tomas-o-haodha* Ceadaithe 5 Iúil 2012.

Remembering Tomás O hAodha

Through the generosity of Catriona McHale and her family, OaC have been most fortunate to acquire the original manuscript of the first Map of Ireland, with places named in Irish. The map was produced by Catriona's grand uncle, Tomás O hAodha, a poet and schoolteacher and native of Miltown Malbay and Pádraig Ó hAichir, (Paddy Hehir) from Doonsallagh, Miltown Malbay . Major conservation work has been carried out on the map and the restored map will be launched at Áras OaC on 27th January 2012. Copies of Ó hAodha's works together with some memorabilia of the Ó hAodha family will be on display also.

7.30pm Reception and launch of the restored map by Catriona McHale.

8.00 pm 'Putting the Irish Language on the Map: Tomás Ó hAodha in Context ' – a talk by Dr. Mathew Staunton.

Bhí beathaisnéisín den Dr. Staunton leis an bhfógra

Originally from Coolock in Dublin, Mathew Staunton is a printing historian currently living and working in Paris. He divides his time between research in Irish Studies and teaching at the Sorbonne and the National School of Decorative Arts.

Catriona McHale & Dr Mathew Staunton at the launch of the restored O hAodha map.
27th January 2012

243. Caitríona McHale agus an Dr Mathew Staunton ag lainseáil na léarscáile

Thug mé féin cuairt ar Áras OaC i Sráid na Cathrach ar an Déardaoin, 5ú Iúl, 2012. Bhí lucht ceoil ag tionól do Scoil Samhraidh Willy Clancy. Bhain mé Áras Oidhreachta an Chláir (thíos) amach gan mórán stró. Tá an dréachtléarscáil thíos. Ní hé an grianghraf is fearr amuigh é; ghlacas le ceamara beag é; an tráthnóna a bhí ann agus ní raibh smacht agam ar an solas.



244. Dréacht-léarscáil SL, Uí Aodha, Uí Achair

Is léir gur dréachtléarscáil atá inti. Fuair Tomás Ó hAodha léarscáil Bhéarla d'Éirinn déanta ag G.W. Bacon agus ghlan sé an Béarla ar fad, nó beagnach ar fad, aisti, ach choinnigh sé an líníocht. Níl aon dabht ann ach gurb é Tomás Ó hAodha a rinne an taighde don léarscáil agus a chéadcheap na háitainmneacha ach chuir Seosamh Laoide na leaganacha údarásacha ar fáil dó, b'fhéidir as

lámhscríbhinn *Post-Sheanchas*, a bheadh á ullmhú aige ag an am; foilsíodh Cuid 1 de sa bhliain 1905. Is le Pádraig Ó hAichir an pheannaireacht ealaíonta, sílim.



245. Cuid de léarscáil G.W. Bacon, an léarscáil bhunaigh

Féach cúinne uachtarach na léarscáile ar chlé. B'fhoilsitheoir céimiúil mapaí, cairteacha agus leabhar é George Washington Bacon (1830-1922) a bhí gníomhach i Londain sa 19ú haois. Feicimid thuas aistriúcháin Uí Aodha breactha ar an mBéarla.

Ní gá ach srachfhéachaint a thabhairt ar chontaetha áirithe chun an tionchar a bhí ag Seosamh Laoide ar an léarscáil a fheiceáil. Tá an tionchar sin soiléir freisin le hainmneacha mar Aonach Urmhumhan, mar Chaiseal Mumhan, mar Chathair Dhún Iascaigh, mar Mhóta Gráinne Óige agus a leithéidí. Tá leaganacha nach gcloistear inniu le feiceáil, 'An Chondae Riabhach' do Loch Garman agus 'Condae na Bainríoghna' ar Laois. Níl ainm ar Chontae Uíbh Fháilí fós ar an dréachtléarscáil seo; bhí leisce orthu is dócha Contae an Ríogh a thabhairt air mar b'aitheantas de chineál é sin ó lucht na Gaeilge do chearta Rí Edward, an rí reatha, ar an dúiche sin.

246. Co. Uíbh Fháilí gan ainm fós

Taobh leis an léarscáil mhór sa seomra úd thuas staighre san Áras i Sráid na Cathrach tá léarscáil bheag nach léarscáil bhalla í ach leathanach d'atlas scoile. Seo thíos í:



247. Leagan atlais scoile den léarscáil chéanna le Comhlacht Oideachais na hÉireann Teo.

Anois féachaimis ar an mioneolas sa chúinne ar dheis ag barr na léarscáile sin. Is é 'Comhlucht Oideachais na hÉireann Teoranta' a d'fhoilsigh í. 'Tomás Ó

hAodha do scríobh. Seosamh Laoide ghlan' an inscríbhinn údair atá air. Sé sin, is é an leagan críochnaithe den léarscáil mhór atá ann. Cúis ionaidh domsa gur foilsíodh í in atlas, agus fosta gurb é Comhlacht Oideachais na hÉireann a d'fhoilsigh í. Sna fichidí, d'fhoilsigh siad a léarscáil Ghaeilge féin. Ba é An Seabhac an t-údar ach ba iad an triúr seo, Tomás Ó hAodha, Seosamh Laoide agus Pádraig Ó hAichir na ceannródaithe maidir le léarscáileanna d'Éirinn i nGaeilge. Ba í an obair do *Post-Sheanchas* a ghin an léarscáil i nGaeilge. Tháinig léarscáileanna Gaeilge eile ach bhíodar uile faoi chomaoin ag an gceann seo.

Ba thosca ríthábhachtach i nGaelú dhreach na tíre an léarscáil seo, agus i gcruthú fhéiníomhá na tíre mar thír le dúchas agus le teanga dá cuid féin. Tháinig athbheochan na Gaeilge agus tíreolaíocht agus cúlra staire an náisiúnachais le chéile den chéad uair i léarscáil an Laoidigh, Uí Aodha agus Uí Achair. Is scéal díomách é stair na cartagrafaíochta i nGaeilge. Chuir Ó hAodhha, Ó hAichir agus an Laoideach tús fíorláidir léi leis an léarscáil seo, tús nár tógadh air seachas caighdeánú agus simpliú Choimisiún na Logainmneacha.

7.5 Leabhar Geograiphe

Rinneamar cur síos ar *Leabhar Geograiphe le haghaidh sgol agus coláistí na hÉireann*, aistriú an Laoidigh (1910) ar leabhar T.A. Finlay, in Aguisín F. Bhí an chartagrafaíocht Gaeilge a bhí foilsithe ag Muintir Uí Fhallamhain ar fáil don leabhar seo agus bhain Seosamh úsáid as an gcóras ainmnithe a bhí aige do *Post-Sheanchas* agus don léarscáil ach bhí difríochtaí ann freisin, ag léiriú gur obair leanúnach a bhí ann socrú ar leagan seasmhach. Feictear chomh maith, sa sliocht thíos ina n-áirítear contaetha agus príomhbhailte Laighean, go raibh roinnt ainmneacha aige nach bhfuil in úsáid a thuilleadh, Sráidbhaile Dhúin Dealgan (Sráidbhaile Mhic Buain) do Dhún Dealgan, An Conntae Riabhach do Loch Garman, Sgeilg Sgeire (Sgeirí) do na Sceirí, Áth Cliath Cualann do Bhaile Átha Cliath.

Laighinn: conntaethe agus árdbhailte

Co. Lughmhaighe, Sráidbhaile Dhúin Dealgan (Sráidbhaile Mhic Buain), Droichead Átha, Baile Átha Fhirdhiadh, Cáirlinn.

Co. na Midhe, …Baile Átha Truim (Áth Truim Uí Laoghaire), An Uaimh (Nuachongbháil), Ceanannas.

Co. Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath (Áth Cliath Cualann, Áth Cliath Duibhlinne, nó Áth Cliath), Dún Laoghaire, Baile Breacáin, Sgeilg Sgeire (Sgeirí).

Co. Cille Mantáin, Cill Mhantáin, An tInbhear Mór, Brí Cualann, Ráth Droma.

An Conntae Riabhach, Loch Garman, Ros Mhic Treoin, Inis Córthadh, Guaire.

Co. Cille Dara, …An Nás, Baile Átha hÍ, Magh Nuadhad, Cill Dara, An Droichead Nua...

Co. Ceatharlach, Ceatharlach, Muine Bheag, Tulach Ó bhFéidhlim (An Tulach), Leithghlinn an Droichid (Droichead Leithghlinne).

Co. Cille Coinnigh, Cill Coinnigh, Calainn, Caisleán an Chomair, Baile Mhic Anndáin.

Co. na Bainríoghna, Port Laoighise, Móinteach Mílic, Cúil an tSúdaire, Móin Rátha.

Co. an Ríogh (Co. Uabh Fáilghe), An Tulach Mhór, Biorra, Éadan Doire, Beannchar.

Co. na hIar-Mhidhe, An Muileann Cearr, Béal Átha Luain, Móta Ghráinne Óige, Cill Bheagáin.

Co. an Longphuirt, Longphort Uí Fhearghail, Gránárd (Gránarad), Meathus Truim.

7.6. Siorramachta na hAlban

Ní raibh dinnseanchas an Laoidigh teoranta d'Éirinn, mar a chonaiceamar. Bhí mír aige in ACS, 8 Lúnasa, 1914, dar teideal 'Siorramachta (contaetha) na hAlban', toradh staidéir, deir sé, do 'sár-obair', nach bhfuair sé dá bharr 'acht cáineadh agus díombhuidheachas'. Caithfidh gurb é *Alasdair Mac Colla* an 'tsár-obair' seo agus gur bhac an Coiste Gnó a foilsiú—ceal airgid, is dócha. Bhíodh sé ag plé le hAlbain freisin agus taighde ar an Fhiannaíocht ar siúl aige. Bhí an réamhrá seo aige dá thábla:

> Dob' éigean damh-sa mórán foghlama agus stuidéir do dhéanamh ar dhinnsheanchas na hAlban le déidheanaighe; is gairid go dtuigfear caidé an fáth. Sár-obair atá ar siubhal agam nach fuaras go dtí seo dá bharr acht cáineadh agus díombhuidheachas chum sásaimh faltanais mo námhad.
>
> Níor cheileas toradh mo shaothair riamh ar an bpobal, ní mó ceilim anois. Deirbhsheartha, mar a adéarfaidhe, d'Éirinn, Alba agus Mana. An Tré-Fhód do-bheirthear ar na trí tíorthaibh seo gur chuireadar Gaedhil fúthu ionnta. Ní fuláir, dá bhrígh sin, don Éireannach do

chuirfeadh min-spéis i n-a lucht éin-chinidh beagán eoluis do chur ar áiteannaibh na hAlban.

Nuair a léigheas ins an Chlaidheamh le deireannaighe rudaí fuathmhara mar 'Loch Lómond' (.i. Loch Laomainn') agus 'abhain na clíde' (.i. abhainn Chlauidhe') tháinig seirbhthean orm. Tosnuighimis mar sin le conndaethibh na hAlban, ag cur an eoluis sin ar an té is sine, nó is mó ar aon tslighe, dár ndeirbhsheathrachaibh.

Admhaíonn sé nár éirigh leis ach an leagan Béarla d'fháil de Peebles, Rosburgh agus Selkirk.

As Saeḋilg uḟḋartásaiġ.	As Saeḋilg na hAlban.	As Béarla.
Obair Deaḋain	Abaireadhain	Aberdeen
Earr-Saoirḋeal	Earraghàidheal	Argyle
Aḋar	Adhar	Ayr
Banḃ	Banabh	Banff
Bearóġ	Bearaig	Berwick
Baoit	Boite	Bute
Caṫ	Gallthaobh	Caithness
Cloċ Manann	Clachmannainn (?)	Clackmannan
Dún Breatan	Dunbreatuinn	Dumbarton
Dún Friś	Dunphris	Dumfries
Lodḃaiḋ Láir / Dún Éidin	Loudaidh / Dùn Eidinn	Midlothian or Edinburgh
Moireoġ	Morthaobh	Elgin or Moray
Fiḋ (Fif)	Fiu	Fife
Maċaire Aonġuis	Farfair	Forfar
Lodḃaiḋ Toir	Loudaidh	Haddington or East Lothian
Inḃear Nois	Inbhearnaoise	Inverness
An Maoirne	Cinnechardainn	Kincardine
Ceann Ros	Cinneros (?)	Kinross
Cill Cuiḃeirt	Cillechuibeirt	Kirkcudbright
Lanarċ (?)	Lanarch	Lanark
Liteú	Lanneuthaich	Linlithgow
Inḃear nAraṁn	Inbhearnarunn	Nairn
Inse hOrc 7 Inse Cat	Arcaibh 'us Sialtuinn	Orkney and Shetland
Ṗoḃlas (?)	[*Peebles*]	Peebles
Peart	Peart	Perth
Rinn Fréaṁ (?)	Renfreudh	Renfrew
Ros 7 Cromḃaiḋ	Ros 'us Crombadh	Ross and Cromarty
Rosbroġ	[*Roxburgh*]	Roxburgh
Eitric	[*Selkirk*]	Selkirk
Struiḃle	Struibhle, Sruileadh	Stirling
Cataiḃ (?)	Cataobh	Sutherland
	Gallthaobh	Wigtown or Galloway

248. Siorramachta (contaetha) na hAlban, de réir SL

Leagann sé amach a léargas ar an 'Tré-Fhód go soiléir, ainm 'do-bheirthear ar na trí tíorthaibh seo gur chuireadar Gaedhil fúthu ionnta'; na deirfiúracha Éire, Alba agus Manainn. Is mór a chuir oidhreacht chultúrtha choiteann an Tré-Fhóid lena leabhair *Fian-Laoithe* agus *Alasdair Mac Colla* agus leis an tras-scríobh ar amhrán Manannach in ómós do John Strachan a d'fhoilsigh sé in IG Iúil 1906 (Féach Aguisín G).

Mhair coincheap an 'Tré-Fhóid' i gcuimhne agus i dtuiscint an Laoidigh i bhfad tar éis dó a chúl a thabhairt don Chonradh. Tá tagairtí dó le fáil fiú sna píosaí a scríobhadh sé agus speabhraídí meabhairghalair fós ag cur as dó. Ní raibh am

aige an coincheap a fhorbairt go céim infheidhme. Bhronnfadh a fheidhmiú réimse i bhfad níos fairsinge do shaothrú na Gaeilge. Bhí impleachtaí eacnamaíochta agus polaitiúla aige chomh maith.

Níor chothaigh an Conradh caidreamh le Gaeltachtaí na hAlban. Bhí na náisiúnaithe dall freisin ar na buntáistí a d'fhéadfadh a theacht as comhlathas cultúrtha dá leithéid. Tá an coincheap ábharach arís, áfach, agus an scarúnachas ag treisiú in Albain. B'fhéidir Tré-fhód nua amach as seo a shamhlú, Éire, Tuaisceart Éireann agus Alba, ag admháil ar a laghad na hoidhreachta comhchoitinne atá acu.

7.7 An Laoideach agus an chomharthaíocht phoiblí

Dúirt an Craobhín (1937:147):

> Badh í seo an bliaidhain thug Seosamh Laoide amach an Post-Sheanchas, leabhar a raibh gádh mór leis. Ní raibh aoinne beó an uair sin a raibh an oiread eolais aige ar áiteachaibh agus ar a n-ainmneachaibh leis an Laoideach, agus ba chóir do'n tír ar fad a bheith buidheach de.

Bhí *Onomnasticon Goedelicum* (1910), mórshaothar céimiúil an Athar Éamonn Uí Ógáin a bhí dírithe ar acadóirí amháin, á chur le chéile aige ó thús an chéid. Tá tagairtí aige d'aistí an Laoidigh a bhí in *Ériu*. Ní léir dom go ndeachaigh an *Onomasticon* i bhfeidhm mórán ar logainmníocht reatha na Gaeilge. Dhírigh an Laoideach a logainmníocht stairiúil agus liteartha féin ar ghnáthphobal na Gaeilge. Ní raibh sí teoranta do IG nó ACS na hirisí léannta. Bhí sí sna tagraí agus na 'háitainmneoirí' sna leabhair a chuir sé le chéile agus a chuir sé in eagar. Tharraing sé aird ach go háirithe ar thionchar na Lochlannach ar áitainmneacha agus ar oidhreacht na Lochlannach tríd is tríd i gcultúr na hÉireann.

Imleabhair don slua a bhí in *Post-Sheanchas 1 & 2*, gléas a bhí de dhíth ar an fheachtas chun polasaí Oifig an Phoist diúltú do litreacha agus do bhearta a raibh seolta orthu i nGaeilge a athrú. Chuidigh siad, thar áis ar bith eile, polasaithe athGhaelaithe agus díghalldaithe an Chonartha a chur ar aghaidh. Bheadh úsáid na Gaeilge i sráidainmneacha agus i gcomharthaí tráchta ar an léiriú b'fheiceálaí den fhéiniúlacht náisiúnta a d'fhéadfaí a thionscnamh. Bhí an náisiúnachas ag treisiú sna húdaráis áitiúla. Ní raibh ar fáil go háisiúil mar fhoinsí do na

leaganacha Gaeilge ach *Post-Sheanchas* 1 agus 2, agus láithreach bhí feidhm eile ag na leabhair mar áiseanna comharthaíochta poiblí.

Ba bhunsraith saothar an Laoidigh sa réimse seo do na forbairtí ar fad in earnáil na comharthaíochta poiblí a tharla ó 1905 i leith. Ba shíolchur a shaothar do na forbairtí a tharla sa logainmníocht, agus a chruthaigh ar ball na forais a chríochnaigh mar An Coimisiún Logainmneacha agus An Brainse Logainmneacha sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tá an ghníomhaíocht i gcur chun cinn na comharthaíochta poiblí i nGaeilge níos bisiúla ná riamh. Tá tacaíocht reachtúil aici anois a dhéanann éigeantach í san earnáil Stáit, ach tá sí leathnaithe go deonach go láithreacha tráchtála agus eile agus an-éileamh uirthi. Sa bhliain 2020 ceadófar an chomharthaíocht phoiblí i nGaeilge sna sé chontae ó thuaidh. Beidh feidhm fós ag *Post-Sheanchas 1* agus *2*, mar chlúdaigh na leabhair sin Aontroim, Ard Mhacha, An Dún, Tír Eoghain, Doire agus Fear Manach.

Bhí an Laoideach lárnach d'fhorbairt chartagrafaíochta na Gaeilge agus, mar thoradh air sin, d'fhorbairt teagaisc na tíreolaíochta trí Ghaeilge. Níl staidrimh agam a léireodh cé mhéad scoil a chuir fios ar an léarscáil bhalla d'Éirinn a cheap Ó hAodha, Ó hAichir agus an Laoideach, díolta ag Muintir Uí Fhallamhain, ach níl áireamh ar na scoláirí a chuir aithne ar an leagan atlais den léarscáil chéanna, díolta ag Comhlacht Oideachais na hÉireann.

Is é córas na gcontaetha an ghné is gallda de struchtúir riaracháin na hÉireann. Níor thuig an Laoideach cén fáth nár theastaigh ó náisiúnaithe fáil réidh leis an gcóras sin. Tá treoirphlean intuigthe in *Post-Sheanchas 1* agus *2* deireadh a chur leo agus dul ar ais go dtí na barúntachtaí agus na ríochtaí agus na dúichí a bhí ann nuair a bhí an Ghaeilge ina meán cumarsáide ag an tír ar fad. B'shin céim nach raibh na náisiúnaithe, dá dhíograisí iad, sásta a ghlacadh. Sa chultúr coiteann, áfach, go háirithe sa spórt, tá féinionnanú suntasach ann i gcónaí leis na ceantair a bhí ann roimh na contaetha mar a shonraigh an Laoideach iad.

Aguisín I

Leabhair an Laoidigh agus an Chonartha—cad a tharla dóibh?

Níor imigh an Laoideach ar fad as comhfhios phobal na Gaeilge. Bhí láithreacht aige, dá thaibhsí í, sna fógraí leabhar a bhíodh in ACS nó i *Misneach* agus *Fáinne an Lae*, leaganacha straitéiseacha ACS, i ndiaidh 1916. Choinnigh an Comhlacht Náisiúnta Oideachais na fógraí seo ar siúl anuas go 1918 mar b'iad díoltóirí oifigiúla an Chonartha iad. Ach ansin d'imigh an Comhlacht Náisiúnta Oideachais as amharc; ba thréimhse mhíshocair do lucht gnó é agus bhí athstruchtúrú ar siúl as ar tháinig an Talbot Press. D'athbheoigh Clódhanna Teo é féin agus thosaigh siad ar dhíol an stoic leabhar bhí ar láimh acu as 25 Cearnóg Parnell ó Nollaig 1920 ar aghaidh.

Bhí an fógra thíos i *Misneach*, 19 Nollaig 1920. Bhí ainm an Laoidigh le *Alasdair Mac Colla*, le *Tonn Tóime*, le *Trí Torpáin* agus le *Madra na nOcht gCos*. Ba leis *Deargruathar Chonaill Chearnaigh* agus *Teacht agus Imeacht an Ghiolla Dheacair* chomh maith, ach níor luadh ainm an údair leis na teidil siúd. Bhí gach leabhar eile ar an liosta curtha in eagar nó ullmhaithe don chló aige ach amháin *Cormac Ó Conaill.*


Leabhair don tSluagh.

SGEALTA DEASA — Luaċ

Íosagán. Pádraic Mac Piarais — 1 6
Bruiḋean Ċaorṫainn. Pádraic Mac Piarais — 2 0
An Ċéad Ċloċ. Pádraic Ó Conaire — 2 0
An Baile seo 'gainne. An Seabac — 2 0
Caṫ Fionntráġa " — 2 0
Cormac Ó Conaill. An tAṫ. Ó Duinnín — 1 0
Eoċaiḋ Mac Rí nÉirinn. Mícheál Ó Máille — 1 0
Eaċtra Robinson Crúsó. T. Ó Murċaḋa — 2 6
Dearg Ruaṫar Ċonaill Ċearnaiġ — 1 6
Teaċt 's Imṫeaċt an Ġiolla Ḋeacair — 1 6
Alasdair Mac Colla. An Laoideaċ — 1 6
Caoiṁġin Ó Ceaṫarnaiġ. L. P. Ó Riain — 1 0
Tonn Tóime. An Laoideaċ — 2 0
Trí Torpáin " — 1 6
Madra na nOċt gCos agus Sgéalta Eile. An Laoideaċ — 1 6
Caṫair Conroí. Beirt Ḟear — 0 9
Conċubar Mac Neasa. Cú Uladh — 1 3

Gaċ leabar saor tríd an bpost ar an luaċ so ṫuas. Cuirtear orduiġeaḋ go dtí an Bainisteoir,

25 Cearnóg Parnell,
Át Cliat.

249. Fógra na leabhar Gaeilge i *Misneach*, 19 Nollaig 1920.

Leabhair don tSluagh.

Christmas Greetings TO All our Friends AND Hopeful Wishes for the New Year From M. ROWAN & Co. The "Seedsmen of Quality." Controllers of the Perfect Seed Service, 51 & 52 Capel St., DUBLIN.

Misneach

Poilini Armtha.

250. Fógra na leabhar Gaeilge i *Misneach*, 25 Nollaig 1920.

An tseachtain dár gcionn bhí liosta níos faide ann, (an liosta thuas, doiléir sa bhunchóip) le catagóirí breise. Bhí liosta amhrán agus dánta ann ina raibh *Duanaire na Midhe, Amhráin Choilm de Bhailís, Fian-Laoithe* agus *Seachrán Chairn tSiadhail*, gan ainm an údair a thabhairt. Sa roinn, 'Sgoileanna agus Colaistí' ainmníodh an Laoideach mar údar *An Ghramadach Dá-Theangach,* agus *Post-Sheanchas*, 1 agus 2. Níor ainmníodh é mar údar do *Deargruathar Chonaill Chearnaigh* ná *Brisleach Mhór Mhaighe Mhuirtheimhne*, ná do *An Cúigeadh Leabhar* ná *Réalta den Spéir*. Ainmníodh é mar chomhúdar *Cláirseach na nGaedheal*. Lean na fógraí seo go stadach go Feabhra 1922, ag athrú ó am go chéile. Go luath i 1922 leachtaigh Clódhanna Teo é féin, nó chuaigh sé chun suain go 1964 nuair a d'athbheoigh an Conradh arís é.

Bhí sé seo ag *ainm.ie*:[175]

> Nuair a chuir an Conradh deireadh lena chomhlacht foilsitheoireachta Clódhanna, is do Mháire (Ní Raghallaigh) a thug siad cúram díolta leabhair an Chonartha i 1922.

251. Fógra d'Fhéile Mháire Ní Raghallaigh, Droim Conrach, 2018

I 1916 d'oscail Máire Ní Raghallaigh siopa leabhar ag 87 Sráid Dorset Uachtarach, Baile Átha Cliath. Chuireadh sí fógraí, teidil amháin gan údair a lua, in ACS (*Fáinne an Lae*) go rialta anuas go dtí 1931 nuair a cuireadh deireadh leis an nuachtán.

Ba é an cnuasach leabhar seo i siopa Uí Raghallaigh an leacht ba nithiúla a bhí ag an sean-Chonradh agus ag an Laoideach ach bhí sé ag cúlú as amharc go tapa. Mar sin féin ba dhroichead chuig an nGúm é. Mar a fheicfear, thógfadh sé i bhfad

[175] s.n. Ní Raghallaigh, Máire (1867–1941), ceadaithe 2 Márta 2020.

ar an nGúm agus tacaíocht an stáit aige a bheith chomh táirgiúil leis an Laoideach agus Coiste na bhFoilseachán.

Cuimhnítear ar Mháire Ní Raghallaigh le féile bhliantúil i nDroim Conrach i gCo. na Mí, áit ar rugadh í. Mhair sí go 1941. Ba í an coimeádaí deiridh í den chnuasach leabhar a sholáthair an Laoideach do phobal na Gaeilge.

Aguisín J Áireamh an Laoidigh ar a shaothar féin.
(Ms G865 NLI—Páipéir an Laoidigh sa Leabharlann Náisiúnta)

'Books brought out (by self)'

1. Amhráin Choilm de Bhailís, 1904*
2. An Ceathramhadh Leabhar, vocab. & ed. 1914#
3. An Ceithearnach Caol-Riabhach, vocab., 1910#
4. An Cruinneolaidhe, ed. 1906
5. An Fibín, vocab. 1905#
6. An Léightheoir Gaedhealach, ed. 1906*
7. An Sgoláire Bocht, vocab., 1913#
8. An tÉinín Órdha,1910*
9. An Treas Leabhar, ed, 1906
10. An Uiseog, vocab, 1905#
11. Bolg an tSoláthar, vocab. 1904#
12. Bréaga Éireann, vocab. and notes. 1910#
13. Cath Fionntrágha, vocab. 1913#
14. Cláirseach na nGaedheal, I-V Laoide, Mac Ruaidhrí, Torna, 1901-08.*
15. Cruach Chonaill, Seosamh Laoide, 1909*
16. Dearg-ruathar Chonaill Cearnaigh, eag., 1907.*
17. Eachtra na nArgonátach, Donnchadha Pléimionn,vocab. 1904.#
18. Eachtra Thaidhg Mhic Céin, An Seabhac, notes and vocab. 1914#
19. Éire, Conan Maol, vocab., 1908#
20. Éan an Cheoil Bhinn, Mícheál Mag Ruaidhrí, 1910*
21. Fionn agus Lorcán, Concubhair Ó Muineacháin, vocab. 1901*
22. Focla Gnótha, Tomás Ó Concheanainn, ed., 1904
23. Foclóir an Leagha, Tomás Mac Coisdealbha, ed., 1905 *
24. Gramadach Dhá-Theangthach, ed. Tadhg Ó Coindealbháin, 1906*
25. Lúb na Caillighe, vocab. Mícheál Mag Ruaidhrí, 1910 #
26. Mac Mic Iasgaire Bhuidhe Luimnighe, Mícheál Mag Ruaidhrí, vocab., 1911 #
27. Madra na nOcht gCos eag. Sgríob Liath an Earraigh, 1907
28. Measgán Múscraighe,1907*
29. Post-Sheanchas 1 SL, 1905*
30. Post-Sheanchas 1911 *.
31. Seachrán Chairn tSiadhail, eag. Mícheál Ua hÍr, 1904*
32. Sgéaluidheacht Chúige Mumhan, 1-VII, vocab. 1903-06 # x 7
33. Sgéalaidhe Fhearnmhuighe, 1901*
34. Sgéalaidhe Óirghiall, 1905 *
35. Sgéal Chú Chulainn ag Cuan Cárn, 1902*
36. Sidheog na Rann, vocab. Colm Ó Gaora, 1911 #
37. Smóilín na Rann, vocab. Fionán Mac Coluim, 1908 #
38. Stair na hÉireann, I—III, vocab., eag. Mícheál Breathnach, 1909-11 #x3
39. Súil Uí Dhubhda le hArd na Ríogh, vocab., 1906, foclóir leis an scéal #
40. Teacht agus Imeacht an Ghiolla Dhea**c**air, Seosamh Laoide & Seaghán Ua hÓgáin do chuir i n-eagar, 1913 *
41. The Irish Language and Irish Intermediate Education (Compilation, 1901. G LPamphlet Series No. 11)*
42. Toradh na Gaedhilge, notes. Tadhg Ó Murchadha, 1905 #
43. Trí Torpáin SL 1910 *
44. Triúr Clainne na Bard-sgolóige, edited with vocab. SL 1910 #
45. Troid Bhaile an Droichid, vocab. Séamus Mac an Bháird, C na G 1907 #
46. Eachtra Mhacaoimh an Iolair, S. Laoide agus Iorard de Teiltiún, Hodges Figgis, 1912 *
47. Leabhar Geograiphe, 1907, 1915*
48. Réalta de'n Spéir, 1915 *
49. Duanaire na Midhe. 1914 *
50. Tonn Tóime, 1915 *
51. Alasdair Mac Colla, 1914 *
52. Sáimhín Sógh, edited with vocab. Seosamh Ó Cléirigh, 1915 #
53. Beirt Ghaedhilgeoirí, edited with notes and vocab. Domhnall Ó Murchadha, 1915 #
54. Brisleach Mhór Mhaighe Mhuirtheimhne, 1915*
55. Fian-laoithe, 1916*



252. Liosta pearsanta SL: 'Books brought out by self'

Bhain mé an sliocht seo thíos as an dréacht den litir a sheol Seosamh chuig an Ardfheis i nDún Dealgan ar 21 Iúil 1915. Tá an dréachtlitir sa Leabharlann Náisiúnta.[176] Tá na staidrimh seo ag Liam Mac Mathúna freisin (2000-2001:97). 'Seadh, do rinneas obair mhór' scríobh sé. 'Seo áireamh do rinneas air le déidheanaighe':

[176] NLI LS G590: 21, 23, 27.

Leabhair do sgríobhas féin ó bhun go barr	31
Gur chuireas foclóirí 7 tagartha leo	36
Do lēigheas 7 do chuireas i n-eagar	73
Sgríbhinní urnua as mo stuaim fēin	68
Chun foghluim do mhéadughadh	120
An t-iomlán go lēir:	**328**

Níor cheart an 328 sin a áireamh mar leabhair amháin: Sa chatagóir 'Sgríbhinní úrnua as mo stuaim fēin', is aistí agus ailt atá i gceist aige. Tá na liostaí pearsanta[177] ar ar bhunaigh sé an t-áireamh thuas agus thíos. Féachaimis ar áireamh an Laoidigh thuas líne ar líne.

a) 'Leabhair do sgríobhas féin ó bhun go barr 31'

Chuir sé an liosta príobháideach thuas le chéile ar ar thug sé 'Books brought out (by self)'. Cuirimis réiltín (*) taobh le gach leabhar sa liosta sin a bhfuil an Laoideach i dteideal a éileamh gurb é an t-údar:

Fágann sin liosta de 26 bunleabhar againn a chuir an Laoideach le chéile ach ní gá a áireamh de 31 ar na 'Leabhair do sgríobhas féin ó bhun go barr' a cheistiú mórán. Is dócha gur áireamh coimeádach é. Mar shampla, ní raibh scríobh na Gaeilge ag Mícheál Mag Ruaidhrí as Maigh Eo ná ag Tadhg Ó Murchadha as Corcaigh. Freisin, is dócha go bhfuil priméir scoile leis ann nach bhfuil a ainm orthu, agus tháinig go leor amhábhair ó chomórtais an Oireachtais.

[177] NLI MS 3496, MS G865.

Aguisín K

‘Gur chuireas foclóirí 7 tagartha leo: 36’

Tá an comhartha ‘#’ taobh leis na foclóirí sa liosta in Aguisín J. Seo na leabhair gur chuir SL ‘foclóirí 7 tagartha’ leo:

1. An Ceathramhadh Leabhar, vocab. & ed. 1914
2. An Ceithearnach Caol-Riabhach, vocab., 1910
3. An Fibín, vocab. 1905
4. An Sgoláire Bocht, vocab., 1913
5. An Uiseog, vocab. 1905
6. Bolg an tSoláthar, vocab. 1904
7. Bréaga Éireann, vocab. and notes. 1910
8. Cath Fionntrágha, vocab. 1913
9. Eachtra na nArgonátach, Donnchadha Pléimionn, vocab. 1904
10. Eachtra Thaidhg Mhic Céin, An Seabhac, notes and vocab. 1914
11. Éire, Conan Maol, vocab.,1908
12. Lúb na Caillighe, vocab. Mícheál Mag Ruaidhrí, 1910
13. Mac Mic Iasgaire Bhuidhe Luimnighe, Mícheál Mag Ruaidhrí, vocab., 1911
14. Sgéalaíocht Chúige Mumhan, 1-VII, vocab. Pádraig Ó Laoghaire 1903-06 x 7
15. Sidheog na Rann, vocab. Colm Ó Gaora, 1911
16. Smóilín na Rann, vocab. Fionán Mac Coluim, 1908
17. Stair na hÉireann, I—III, vocab., eag. Mícheál Breathnach, 1909-11 x3
18. Súil Uí Dhubhdha le hArd na Ríogh, vocab. SL 1906, foclóir leis an scéal
19. Smóilín na Rann, vocab. Fionán Mac Coluim, 1908
20. Stair na hÉireann, I—III, vocab., eag. Mícheál Breathnach, 1909-11 x3
21. Súil Uí Dhubhdha le hArd na Ríogh, vocab. SL 1906, foclóir leis an scéal
22. Triúr Clainne na Bard-sgolóige, edited with vocab. SL 1910
23. Troid Bhaile an Droichid, vocab. Séamus Mac an Bháird, C na G 1907
24. Sáimhín Sógh, edited with vocab. Seosamh Ó Cléirigh, 1915
25. Beirt Ghaedhilgeoirí, edited with notes and vocab. Domhnall Ó Murchadha, 1915
26. Triúr Clainne na Bard-sgolóige, edited with vocab. SL 1910
27. Troid Bhaile an Droichid, vocab. Séamus Mac an Bháird, C na G 1907

Iomlán de 35 leabhar ar chuir an Laoideach foclóirí leo atá san áireamh sin, ag réiteach lena áireamh féin de 36, beagnach. Tá 7 leabhar sa tsraith *Sgéaluidheacht Chúige Mumhan* agus 3 leabhar sa tsraith *Stair na hÉireann* ina measc.

Aguisín L

As a liostaí féin is féidir 89 leabhar a shonrú go bhféadfaí a rá gur chuir an Laoideach in eagar iad:

1. *An Londubh*, Séamus De Chlanndiolúin, 1904
2. *Ireland's Ideal*, Louisa Farquharsan, 1905
3. *Ceatha Ceoil* Hardebeck, Carl G, 1902-1903
4. *The Irish Battle of the Books*
5. *An Cruitire,* Eoghan Laoide do ghléas, 1903
6. *An Cruinneolaidhe,* Seaghán Mac an Bháird, 1906
7. *Áine agus Caoimhghin*, Dráma ,Tomás Mac Domhnall, 1910
8. *Leabhar ar Áireamh*1&2, Mícheál Ó Máille 1910
9. *Algébar 1*, Séan Mac Énrí, 1913
10. *Eachtra FhinnMhic Cumhaill*, Sean Ó Cadhla, 1906
11. *Eachtra Lomnochtáin* McNeill/Bergin, 1903
12. *A Handbook of Irish Teaching,* PT McGinley,Gouin Method, Modh Díreach 1902
13. *Miondrámanna,* Peadar Mag Fhionnlaoich, 3 drámaí, 1901
14. *Beatha Aodha Uí Néill*, Mícheál Mag Ruaidhrí, 1903
15. *Grádh agus Crádh*, Úna Ní Fhearchailligh, 1905
16. *Ceachta na nEaladhan*, Pádhraic Ó Conaire, 1908
17. *An Sgoláire Bocht*, Pádhraic Ó Conaire, 1913
18. *Bairbre Ruadh,* Dráma Pádhraic Ó Conaire, 1908
19. *Deoraidheacht*, Pádhraic Ó Conaire, 1910
20. *Nóra Mharchuis Bhig,* Pádhraic Ó Conaire, 1909
21. *Focla Gnótha* Tomas Bán Ó Coinceannainn, 1904
22. *Gormlaith,* Tomas Bán Ó Coinceannainn,1905
23. *Mac-Ghníomhartha Bhriain,* Tomas Bán Ó Coinceannainn,1905
24. *Mion-Chomhrádh*, Tomas Ó Coinceannainn, 1903
25. *Beirt Fhear ón dTuaith* Séamas Ó Dubhghaill, 1903
26. *Cathair Conroí,* Séamas Ó Dubhghaill 1903
27. *Mionchaint na Midhe* Pádhraig Ua Dubhthaigh, 1905
28. *Amhráin an Oireachtais*, Riobard Ó Duibhir, 1903
29. *An Gioblachán* ,Tomás Ó hAodha, 1903
30. *An Scrabhadó*ir, Dráma, Tomás Ó hAodha, 1909
31. *Seabhac na Ceathramhan Caoile*, Tomás Ó hAodha, 1906
32. *An tSnaidhm*, Dráma, Alphonsus Ó Labhradha, 1910
33. *Amhráin Chlainne Ghaedheal*, Mícheál agus Tomás Ó Máille, 1905
34. *Eochaidh Mac Rí 'n Éirinn* Mícheál Ó Máille, 1904
35. *Ceithearnach Uí Dhomhnaill*, Énrí Ó Muirgheasa, 1912
36. *Seanfhocla Uladh*, Énrí Ó Muirgheasa, 1907
37. *Eachtra Robinson Chrúsó,*Tadhg Ó Murchadha, 1909
38. *Toradh na Gaedhilge*, Tadhg Ó Murchadha, 1905
39. *Céadthach Mac Fhinn*, Eoghan ÓNeachtain 1907
40. *Céimseata 1, 2*, Eoghan Ó Neachtain, 1905-1913,
41. *Dubhaltach Mac Fhirbhisigh,* Eoghan Ó Neachtain, 1902
42. *Stair-Cheachta 1, 2,* Eoghan Ó Neachtain, 1905
43. *Caoimhghin Ó Cearnaigh,* Liam P Ó Riain, 1913
44. *Sidheoga ag Obair,* Liam P Ó Riain, 1904
45. *Bliadhain na bFranncach,* Seághan Ó Ruaidhrí, 1907
46. *Súil Uí Dhubhda le hArd na Ríogh,* Seághan Ó Ruaidhrí, 1906
47. *An Buaiceas*, Conán Maol, 1903
48. *Éire*, Pádraig Ó Séaghadha, 1907

49. *Annála na Tuatha*, Pádraig Ó Séaghadha, 1905-07
50. *Mac Carthaigh Mór*, Pádraig Ó Séaghadha, 1908
51. *Oighreacht Róisín*, Dráma, Pádraig Ó Séaghadha 2 1910
52. *An Baile Seo 'gainne*, An Seabhac, 1913
53. *Sgéalta Goiride Geimhridh*, Seán Mac Meanman 1915
54. *An Chéad Chloch*, Pádhraic Ó Conaire, 1914
55. *Comhrach Fhirdiadh*, Tomás Ó Nualláin, 1914
56. *Giolla na Tána*, Tomás Ó Nualláin, 1914
57. *Conchubhar Mac Neasa*, Peadar Mag Fhionnlaoich, 1914
58. *Faire Phaidí Mhóir*, Séamas Ó Searcaigh, 1914
59. *Duanaireacht do Leanbhaibh*, Fionán Mac Coluim 1914
60. *Cath Fionntrágha*, vocab., 1913
61. *An Ceathramhadh Leabhar*, vocab., & ed 1914
62. *An Ceithearnach Caol-Riabhach*, vocab., 1910
63. *An Cruinneolaidhe*, ed 1906
64. *An Fibín,vocab.*, 1951
65. An Léightheoir Gaedhealach, ed 1906
66. *An Treas Leabhar*, ed 1906
67. *An Uiseog*, vocab., 1905
68. *Bolg an tSoláthair*, vocab., 1904
69. *Bréaga Éireann*, vocab. and notes, 1910
70. *Eachtra na nArgonátach*, vocab., Donnchadha Pléimionn, 1904
71. *Eachtra Thaidhg Mhic Céin*, notes and vocab., An Seabhac, 1914
72. *Lúb na Caillighe*, vocab., Mícheál Mag Ruaidhrí, 1910
73. *Mac Mic Iasgaire Bhuidhe Luimnighe*, vocab., Mícheál Mag Ruaidhrí, 1911
74. *Madra na nOcht gCos* eag. Sgríob Liath an Earraigh, 1907
75. Sidheog na Rann, vocab., Colm Ó Gaora, 1911
76. *Smóilín na Rann*, vocab., Fionán Mac Coluim, 1908
77. *Stair na hÉireann, I—III*, vocab., eag Mícheál Breathnach, 1909-11
78. *Súil Uí Dhubhdha le hArd na Ríogh*, vocab., foclóir leis an scéal
79. *Triúr Clainne na Bard-sgolóige*, edited with vocab., 1910
80. *Troid Bhaile an Droichid*, vocab., Séamus Mac an Bháird, C na G 1907
81. *Sáimhín Sógh*, edited with vocab., Seosamh Ó Cléirigh, 1915
82. *Beirt Ghaedhilgeoirí*, edited with notes and vocab., Domhnall Ó Murchadha, 1915



253. Liosta pearsanta SL:'Books read and edited for other writers'

Aguisín M

Aistí agus Ailt SL

Tá an t-áireamh a rinne Seosamh ar a shaothar féin suas go dtí 1915 ina chóipleabhar sa Leabharlann Náisiúnta (Ms 3496). Ar na liostaí a chuir sé le chéile tá ‘Contributions to learned journals and to the periodicals on historical, topographical and grammatical questions etc.’ agus: ‘Original sketches, articles, letters’. Tá a lán a d’fhoilsigh sé in IG agus in ACS agus in irisí eile sna liostaí seo.

Noda: (G.J.) *Gaelic Journal*, ACS: An Claidheamh Soluis.



Contributions to learned journals + to periodicals on historical, topographical + grammatical questions, &c.

Earl Sigurd's Forlorn Hope (New I. Review)
TráchT Tuirbthen (Eriu)
Triallam timcheall Átha Cliath (Gaelic Journal)
Magh Dumha (An Claidheamh Soluis)
The Identification of the battle-field of Glenn Máma (Journal of the Co. Kildare Arch. Soc.)
Fir Ghorma na hÉireann (An C. S.)
Cnoc Rire (Eriu)
Irish Names of Languages (G.J.)
Irish in Antrim (G.J.)
Irish in Monaghan (G.J.)
Impersonal Passive Forms of the Irish Substantive Verb (Eriu)
Táthar (G.J.)
Linguistic Notes (G.J.)
Mid-Eighteenth Century Conversation (Gadelica)
Diarmuid + Gráinne (Gadelica)
Tairngire Mhaolruain (G.J.)
Crosánacht ó fhilidh de Laighnibh (G.J.)
The Three Munsters (Eriu)
Ar Chruitire Fhinn Mhic Cumhaill (G.J.)
Laoi na hEan-mhná (G.J.)
Teacht Laighne Mhóir (G.J.)
Dia libh, a laochradh Ghaoidheal (set to music) (G.J., &c.)
From the Book of Clanaboy (K. Meyer's Miscellany)
O'Doirnín's Ur-chnoc Chéin mhic Cáinte (G.J.)
Maghnus Mac Ardghail's Nuala (G.J.)
Rev. Paul O'Brien's An Deid-dheas-chailín (G.J.)
Gaedhealg Chondae Mhuineachain (G.J.)
Fionn is Oisín (C.S.)

254. Liosta pearsanta SL: Contributions to learned journals and to the periodicals on historical, topographical and grammatical questions etc.’

Contributions to learned journals and to the periodicals on historical, topographical and grammatical questions etc.'

1. Earl Sigurd's Forlorn Hope (New Ireland Review)
2. Trácht Fuirbthen (Eriu)
3. Triallaim Timpeall Átha Cliath (G. J) Iúl, Lughnasa, Meán Fómhair, 1907 (Caint do Chraobh an Chéitinnigh.)
4. Magh Dumha agus na Lochlannaigh [tráchtas], ACS 20.12.1913; 27.12.1913.3.1.1914; 10.1.1914; 17.1.1914; 24.1.1914
5. Identification of battlefield of Gleann Máma (Journal of Kildare Arch. Soc.)
6. Fir Ghorma na hÉireann (ACS) 8.6.1912; 15.6.1912; 13.7.1912.
7. Cnoc Ríre (Ériu)
8. Irish Names of Languages (G. J)
9. Irish in Antrim(G. J)
10. Irish in Monaghan(G. J)
11. Impersonal Passive Forms of the Irish Substantive Verb (Ériu)
12. Táthar (G. J)
13. Linguistic Notes (G. J)
14. Mid-Eighteenth-Century Conversation (Gadelica)
15. Diarmuid & Gráinne (Gadelica)
16. Tarngaire Mhaoilruáin (G. J)Iúl, 1905
17. Crosántactacht ó Fhilidh de Laighnibh(G. J)
18. The Five Munsters (Ériu)
19. Ar Chruitire Fhinn Mhic Cumhaill(G. J)
20. Laoi na hÉan-Mhná(G. J)
21. Teacht Laighne Mhóir (G. J)
22. Dia Libh a Laochradh Ghaoidheal (set to music) (G. J)
23. From the Book of Clanaboy (Kuno Meyer Miscellany)
24. O'Doirnín's Úrchnoc Chéin Mhic Cáinte (G. J) Samhain 1899. Nollaig, 1899.
25. Maghnas Mac Ardghail's Nuala (G. J)
26. Rev. Paul O'Brien's An Déid-dheas Chailín(G. J)
27. Gaedhealg Chondae Mhuineachain (G. J)
28. Fionn agus Oisín (ACS) 6.8.1910.
29. Parrac Mhal' Bhrighde (Zeitschrift Fur Celtische Philologique)
30. Duan Fraoich (ACS) Ó Clumháin, An Caoch 13.7.1912.
31. Taisteal Mhíleadh (ACS) 31.8.1912.
32. Tuireadh Geilghéire Os Cionn A Fir .i. Caoil Mhic Criomhthainn, 19.4.1913
33. Folcanta Falcanta (G. J)
34. Mid 16th Century Numbers & Phrases (Ériu)
35. The .Legend of Proleek (Co. Louth Archaeological Journal)
36. -Na Sgigirí, (ACS) 16.12.1911. (Faroe Islands---editorial)
37. Laoidhe an Ochtair (ACS)
38. Eoghan Ruadh's (Lament?) Máire Inghean Ní Ghiobúin (G. J)
39. Sgaball Mhuire (G. J)
40. Poems on the Death of Diarmuid (ACS)
41. The Death of Diarmuid (a collaboration) Revue Celtique
42. Reviews of Gadelica (An C. S.) (Mac Tíre)1.6.1912, 18.5.1912, 10.8.1912, 14.12.1912; 22.3.1913, 5.4.1913,12.4.1913, 26.4.1913, 27.12.1913; 31.1.1914.; 10.3.1917
43. Review of the Journal of the Folksong Society (ACS)
44. Review of Soisgéal N. Mhatha (ACS)
45. Coillte Glasa an Triúcha(set to music) (G. J)
46. Treoir an Ollaimh Suueet(G. J) Nollaig, 1906
47. Amhrán an tSrachánaigh (G. J) Iúl, 1906

48. Sgéalaidheacht Choise Céin (ACS) 14.9.1912; 21.9.1912; 28.9.1912; 12.10.1912; 19.10.1912 [Mac Tíre]
49. Finland Today(An C. S.)26.10.1912.
50. Review of Kuno Meyer's Miscellany (ACS) 23.11.1912; 30.11.1912; 7.12.1912.
51. Science Books for Schools (advert) (ACS)
52. The Celtic Annual; Review, 1912 (ACS)
53. Canamhain Chúige Laighean (fá eagar) 25.3.1911; 1.4.1911; 8.4.1911
54. Review of An Briathrachán Beag (ACS) Mac Farlane, Malcolm 28.2.1914
55. Review of G'un do thug spéis don Armuin (ACS)
56. Review of Compánach na Cloinne (ACS)
57. Review of Giesmiu Balsach & Dainu Balsai (An C. S.)21.3.1914.
58. Dainu Balsai 1. II.Melodi (ACS) (An C. S.)16.8.1913
59. Abach, abhac (ACS) 31.8.1912.
60. Mac Cuarta: Ailí Beirneach, Caoin Róis, Iomáin na Bóinne (G. J.)
61. A Dhia Láidir, Aodh Ó Máille (G. J.) Márta, 1896.
62. Ceisteanna
63. Irish Technical Terms For Use At Meetings(G. J.)
64. Inghean an Fhileadh (G.J.) Eanáir, 1898
65. Amhrán an Tae(G. J.)Samhain, 1897
66. Bréaga Éireann Mícheál Mac Ruaidhrí d'innis SL do chuir síos, Irisleabhar na Gaedhilge, Eanáir, 1902
67. Bréaga Éireann (ed.) (G. J.)
68. Tarngaire Choluim Chille ed. (G. J.)
69. Inghean Ríogh Éireann, ed (G. J.)Meitheamh, 1902
70. An Gobán Saor (G. J.)
71. Carolan's Ceataidh Ní Eághra(G. J.)
72. P. Walsh's Ceithre Ceathramhna an Bhogaigh(G. J.)
73. P. Walsh's Fan ar an bhaile 'mo chomhair (G. J.)
74. Amhrán Fir Chúige Mumhan (G. J.)
75. Ag Seoladh na nGamhan faoin bhFásach (G. J.)
76. Díomhaoineas an tSaoghail (G. J.)
77. Fionnghuala ed. (G. J.)
78. Bean an Fhir Ruaidh (G. J.)
79. Seághan an Bhríste Leathair (G. J.)
80. McCartin's Do Chum Donnchadha an Chúil (G. J.)
81. Bóthar an Mhaighre (G. J.)Deireadh Fómhair, 1902.
82. A Question of Apposition (G. J.)
83. Fá Choinne Chruinnighthe Dhúin na nGall (G. J.)
84. A Relic of Irish in Westmeath (G. J.)
85. An Bhainis Pósta bhí i gCána (G. J.)
86. Oisín cct. agus an fuacht ag cur air (G. J.)
87. Mac Cobhthaigh's Aisling (G. J.)Deireadh Fómhair, 1899.(le ceol)
88. An Sean-Chapall Bán (G. J.)
89. Cuimhneachán ar Phádraig Ó Laoghaire (G. J.)
90. Maidin Bhealtaine (G. J.)
91. An Gheilt (G. J.)
92. Oidheadh Conlige (G. J.)
93. Dálta (G. J.)
94. Áluinn Dún Mhic Mhuire (G.J.)
95. Mac Cuarta's Beannacht Bóinne (G. J.)
96. Connspóid idir Ultach agus Connachtach (G. J.)
97. Buile Oisín(G. J.)
98. Dúbhshlán Lucht an Bhéarla(G. J.)
99. McCrae's Laoidh(G. J.)

100. Bean an Tábhairne(G. J.)
101. Na Trí Saighdiúirí(G. J.)
102. McCrae's Crosántacht(G. J.)
103. Geographical Names of Places in Dalkey (G. J.)
104. Sgéal Shéamais a' Reisidhe (G. J., Iúl, Lúnasa 1903 s.n. Druim Luamain Ii.)
105. Cathal Buidhe (G. J.) Máire Ní Mhathúna d'innis. SL do chuir in eagar,Samhain, 1905.



256.Liostaí pearsanta SL : Original sketches, articles, letters

’Original sketches, articles, letters

1. Poll Tighe Liabáin (G. J)Bealtaine, 1902
2. Cuairt in Aistear (G. J)Feabhra, Márta, Aibreán, 1908.
3. Mo Cheann Seachtaine i gCeann Trágha nó Críoch an Sgéil ar Iarraidh (An C. S) 22-8-1914 go 24-10-1914 (1 x 8)
4. Fá Sheol go hÁrainn((ACS)[Mac Tíre] 9/23/Márta, 1907
5. Sgéal ó Laoighis (G. J)[Mac Tíre] [Le gluais] Bealtaine, 1905
6. Baoghal Báis (ACS) 20-7-1912
7. Na Longa ar Eilteoig (ACS)28-9-1912
8. Cogadh na Leithinse Balcanaighe (ACS) 26-10-1912, 2-11-1912, 9-11-1912
9. Cogadh Shléibhe Balcain(ACS) 2-1-1912
10. Cogadh na Traigia (ACS) 9-11-1912
11. Ceannas Oirthear-Dheiscirt na hEórpa (ACS) 16-11-1912
12. Státacht na hAlbáine(ACS) 23-11-1912
13. Míodhaonacht agus Neamhdhuinneachtacht na Seirbeach. (ACS)
14. Meirghe na hAlbáine(ACS) 7-12-1912
15. Síothcháin Lonndain(ACS) 14-12-1912
16. Cath Ianitsa(ACS) 21-12-1912
17. Coisde na Síothchána(ACS)
18. Teaglamadh na Síothchána(ACS) 11-1-1913
19. Amharc na Síothchána(ACS)
20. Síléig na Tráchtála(ACS)25-1-1913
21. Atharrach Ceannais(ACS)
22. Dalbhacht na Tuirce(ACS) 8-2-1913
23. Ath-chogadh (ACS) 15-2-1913
24. Aithdhímbhuaidh ar Thuircibh (ACS) 22-2-1913
25. An Tuirc Sa Déidheannach (ACS) 1-3-1913
26. Gabháil Adrianóible (ACS) 5-4-1913
27. Aith-theacht Síothchána (ACS) 12-4-1913
28. Dubhshlán na nArdstát (ACS) 19-4-1913
29. Gabháil Scodra (ACS) 3-5-1913
30. Connradh Sheadra (ACS)
31 Géilleadh Niocláis(ACS) 17-15-1913
32 Cogadh na gComharach (ACS)
33 Fáilte i Riocht Duine Eile(ACS) 7-6-1913
34 Cóisir Shamhraidh i nGleann Bhrighde(ACS)21-6-1913
35 Ruaig ar an mBulgáir(ACS) 12-7-1913
36 An Bhulgáir ag Iarraidh Síothchána(ACS) 19-7-1913
37 Uimhreacha naPuistiú nó an bob teangadh do bhuail indiach orm, (ACS) 19.7.1913.
38 An Trácht ar Shíothcháin, (ACS) 9.8.1913.
39 Alcohol, a Danger to the Irish-speaking Districts (ACS)Lúnasa 16, 1913
40 Eachtra agus Imtheachta an Cháiptín Cuellar, (Tionntódh--ACS) 23.8.1913; 30.8.1913; 6.9.1913.
41 Síothcháin Bhucarest
42 Cogadh na hEadáile leis an Tuircéis (ACS)
43 The Leinster Dialect, (ACS) 10.12.1910; 31.12.1910
44 An tSín agus an Mhongóil, (ACS) 20.1.1912; 27.1.1912
45 Flaith na hAlbáine, (ACS) 29.11.1913.
46 Ceist na hAlbáine, (ACS) 27.12.1913.
47 Uisge Fá Thalamh san Albáin, (ACS) 17.1.1914.
48 Teorantacht na hAlbáine, (ACS) 6.1.1913.
49 An Albáin agus a Rí (ACS)
50 Rí na hAlbáine, (An C.S.) 13.12.1913
51 Industries in the Gaedhealtacht. (ACS.)Meán Fómhair 7, 1912 :

52 Na Fir Dhíolta Uinneamhan ó Bhreatain Big na Fraince, (ACS.) 9.8.1913.
53 Gadelica, s.n. Rice (ACS.)
54 The Diglots. (ACS.) Lúnasa 24, 1912
55 The Diglots' Reading(ACS.)
56 Rachlainn, (ACS.) 24.2.1912.
57 An Claidheamh Soluis on Scottish Gaelic
58 Bodyke, (ACS.) 1.4.1911. 'Ainm cleite-'Banba')
59 Bás an Caiptín Otbhae Cuffe, (ACS.) 13.1.1912
60 Riaghaltas thar Riaghail, (ACS.) 31.8.1912.
61 Forcamás Cainte, (ACS.) 10.8.1912.
62 Sgéalaidheacht Tuaithe, (ACS.) 28.9.1912
63 Dinnseanchas, 11.1.1913(ACS. agus G. J.)
64 Cóisir Shamhraidh Bhaile hAmuinn, (ACS.) 23.5.1914.
65 Tuireamh ar Phádhraig Ó Laoghaire (G. J.) 1897

Aguisín N

Litir SL chuig Ardfheis 1915

Buaile na Gréine,
Páirc Thighe Lorgáin,
21ú den Iúl, 1915

D'Ardfheis na bl. 1915

Tá lucht millte an Chonnartha ag ligean orthu féin gur díbrigheadh mise as an gComhchorraighe, ach fágfadsa an cheist sin fán Ard-fheis atá os cionn gach aon dream den Chonnradh. Tá muinighin agamsa as macántacht furmhóir na hArdfheise, rud nach bhfuil agam as aon dream eile. Ná bíodh locht ag an Ard-fheis orm féin má labhraim amach go dána dalbha agus baol mór ar an nGaedhilg, uaithi féin agus ó lucht millte an Chonnartha.

Seo mar a sgríobhas chuig an Choisde Gnótha, an 8ú lá den Mhárta, 1914;

> 'Tuigeadh an Coisde Gnótha go gcaithfidh an leitir seo deireadh chur le cúis dá hiarraidh agam ag daoine áirithe mar olc orm fein. Tá rudaí níosa thábhachtaighe agus níosa thruime ar an saoghal so ná bheith ag tabhairt freagartha ar chúiseannaibh míorúin, agus caithfidh mé aire a thabhairt dóibh ar mhaithe le hÉirinn agus leis an nGaedhilg.
>
> Caithfidh an Coisde Gnótha a tharraing chugtha mar smaoineadh feasta go bhfuilim anois mar do bhíos ariamh, im' dhuine chneasta, mhacánta atá ag iarraidh a dhícheall do dhéanamh ar son na hÉireann agus ar son na Gaedhilge. Da bhrí sin, ní healadha (Lch. 2) dóibh a bheith ag tabhairt cluaise do gach aon tsaghas cúlchainte agus biadáin a chuirfeas sgaothairí agus spreallairíní os a gcomhair.agus ná bíonn ann ach cúis dá hiarraidh chugam. Cuirfead síos ar gach ceist do réir a theidil'…..

Sin mar a dhéanfad leis an Ard-Fheis seo leis:

> Éagcóir ar na hughdaraibh agus orm féin do dheasgaibh sprionnlaitheachta agus leathtruim dá nimirt orainn ón gCoisde Gnótha:

An dá Choisde Gnótha is déidheannaighe bhí ann, rugadar barr sprionnlaitheachta ar an saoghal go léir. Féacaidh ar an éagcóir agus ar an lot so im' dhiaidh do rinneadh ar na hughdaraibh bochta:

1. Feargus Finnbhéil, diúltadh dó clóbhuaileadh a leabhair sin, cé gurb iad féin do iarr orm sgríobh chuige dhá rádh leis an leabhbar do chur le chéile dóibh. Do bhriseadar a bhfocal air go dtí so.

2. Catechism of Irish History ó Phádraig na Léime. Ní leigfidís dam é a chur i gcló, d'éis é a bheith ar sheachrán le bliadhantaibh sa soiléar, cé go bhfuil sé d'ualach agus d'fhiachaibh é a chur i gcló agus a ngealladh tugtha aca.

An Baile Seo 'Gainne. Gan aon díol fiach a thabhairt don Seabhac as an leabhar breágh a chuir sé le chéile dhóibh, cé gur thug sé margadh an-saor (Lch. 3) dhóibh agus gur fhan sé do réir a dtairsciona an chéad mhíle chóib, agus níos sia ná soin féin.

3. Gan aon díol fiach a thabhairt do Sheághan Mhac Meanman as an leabhar maith a chuir sé le chéile dhóib .i. Sgéalta Goiride Geimhridh, cé gur thuill sé go maith é agus é ag sgríobhadh i nGaedhilg, rud nach ndéanann acht fíor-bheagán ughdar i dTír Chonnaill, acht an Béarla dá úsáid aca.
4. An Chéad Chloch ó Phádraig Ó Conaire. An gnó náireach a fágadh ormsa .i. a iarraidh ar Phádraig cúig phuintín gortaidh a ghlacadh ar a shaothar mhór. Sin rud nár tairgeadh d'ughdar riamh roimhe sin.
5. Céimseata Trí ó Eoghan Ó Neachtain. Ní chuirfidh siad an leabhar seo i gcló, cé go dteastuigheann sé ó na sgoileannaibh. Rud eile caithfimid na h-ealadhna a nochtadh don phobal tré Ghaedhilg nó is deimhin an bás di.
6. Algébar 2 ó Sheághan Mac hAnraigh---an sgéal céadna go díreach.
7. An Leabhar Geograife ó Thomás Mac Domhnaill gur furus é chur amach agus é fá chló cheana agus gan acht fíor-bheagán cosdais dá leannamhaint sin.
8. Eachtra Thoirdhealbhaigh Mhic Stairn do bhain Seán Ó Muirthile as láimhsgríbhinn le haghaidh a chlóbhuailte. Tá an téx soin as cló agus ba mhór an gar don Chomhchorraighe é fá ath-chló. (Lch.4)
10 Draoithe na hÉireann agus An Bhóinn agus an Bhóchna ó Uilliam Ó Riain, atá le bhliadhantaibh ag duine éigin agus gan iad molta fós aige.
11 Beatha Pharnell ag Séamus Ó Muirgheasa agus an cleas céadna imeartha air ag an duine céadna.
12 Stair na hÉireann ó Chaitlín Nic Gabhainn. Dream éigean cúigidheachais ar an gCoisde Gnótha nach ligfeadh dúinn an cló féin do chongbháil le haghaidh leabhair.

Cuirtear deireadh leis sin agus tugtar cóir agus ceart do na hughdaraibh bochta feasta agus díoltar as a saothar go macánta iad.

Níor chruthuigh agus níor chruinnigh an sprionnlaitheacht agus an cheachardhacht aon ní riamh. Go deimhin féin cuireann siad gach aon ní chun deiridh agus na sgoláirí ar buile. Do híochtaí na filí fadó as a ndéantúsaibh----sin é an sean-nós agus caithfear é chleachtadh indiu le húghdaraibh. Ná bímís ag súil le brabach nó sochar as leabhraibh ach tugamis amach iad mar mhaithe le beathaidh na Gaedhilge. (Lch. 5)

Maireann an sgríbhinn---sin seanfhocal ón Dílinn. Leabhbair a thabhairt amach, sé sin an gnó is fearr de ghnóthaibh na Comh-chorraighe, acht amháin na Coláistí Gaedhealacha, b'fhéidir. De réir a dtig de leabhraibh amach a braithfear an Comh-chorraighe agus a bheas beatha na teangan.

Tá baoghal mór ar bheathaidh na Gaedhilge. Is ar éigin a mhairfhidh sí thar an ficheadh aois seo i láthair. Chomh fada is mhairfeas sí budh cheart litridheacht a thabhairt amach innti. Sin gnó de bhun-ghnóthaibh an Chonnartha i. leabhair agus litridheacht do

thabhairt amach, pé acu a dhíolfaidh siad asta féin nó nach díolfaidh. Tá an rud sain thíos i gCórughadh an Chonnartha mar leanas:

> The study and publication of existing Irish literature and the cultivation of a modern literature in Irish. [Tá fhios agam féin gur i mBéarla do céadscríobhadh soin.]

Tá leithsgéal suarach ag lucht millte an Chonnartha .i. nach fuil na leabhair ag díol asta féin fá láthair. Ná bacaidh leo--níl ann ach leithsgéal. Cad chuige gur bailiughadh airgead an Chonnartha? Nach chun leabhair a thabhairt amach a bailigeadh cuid mhór de? 'Seadh go deimhin. Agus nach beadh an leithsgéal céadna ag Sgoil an Ard-Léighinn i dtaobh gan "Eiriu" thabhairt amach, rud nár dhíol as féin riamh ó thús? Agus cad mar gheall ar an Revue Celtique i bPáras na Frannca? Caithfimíd leabhair a thabhairt amach ar mhaithe leis an nGaedhilg féin .i. í sheachnadh agus do chosaint ar an mbás atá i ndán di i n-éagmuis na litridheachta.

Táid na h-ughdair ag obair go dian agus tnúth aca le hughdaracht .i. ard-fhonn ortha fá n-a ndéantúisibh d'fheicsint (Lch. 6) i gclódh, ach ní leigfidh an dream suarach so den Chonnradh beart do dhéanamh dá réir.

Tá sprionnlaitheacht agus briseadh focail dá imirt ag an gCoisde Gnótha orm féin. Ceithre huaire do bhriseadar a bhfocal orm i dtaobh an tuarasdail agus na gcoinnigheallacha, agus anois atáid ag ligean ortha féin go bhfuilim díbeartha as an gConnradh aca acht ag an Ard-Fheis bíodh breith ar sin. Sprionnlaitheacht thar chionn dá himirt orm le ráithe anuas .i. nár dhíoladar aon tuarasdal liom as an ráithe sin, cé go rabhas ag síor-obair don Chonnradh ag iarraidh na leabhair do chríochnughadh i gcóir an Oireachtais chum nach caillfidís an díol a bheadh ortha fán am sain. Iarraim an tuarasdal sin atá dlighte tuillte agam uatha ar an Ard-Fheis.

COSG AR LEABHRAIBH

Dearbhughadh ar fhírinne mo sgéil-se gurab iad sean-Chlódhanna do chuir cosg ar na leabhraibh .i. cosg éachtach dá chur ortha indiu féin ag an gCoiste Gnótha. An dream do bhí i gClódhanna, 'siad atá ag riaghlughadh an Choiste Gnótha indiu. Dar liom féin nach fuil de ghnó aca acht Connradh na Gaedhilge do lot 7 do bhriseadh as a chéile.

Tá árd-fhuath aca orm-sa 7 sin fáth de na fáthaibh go bhfuilid ag cosg (Lch.7) na leabhar. Toisg an smacht sain aca ar an gCoiste Gnótha 7 an t-árd-fhuath atá aca dhamh-sa. Tá siad ag iarraidh deireadh a chur leis na leabhraibh mar olc orm-sa. A' leigfidh sibh dóibh díoghaltas pearsanta príobhaideach do bhaint amach 7 d'agairt i gcomhchorraighe phuiblidhe mar Chonnradh na Gaedhilge? Badh dhíchéillidhe an bheart díbh dá leigfeadh sibh.

Pé rud do rinneas nó nach dearna, ní rabhas acht ag iarraidh mo cheart féin do chosaint im sgoláire .i. a chead dam an obair do dhéanamh im sheomra foghlama fēin 7 ins na leabharlannaibh puiblidhe, mar do-ní gach sgoláire eile i mBaile Átha Cliath. Bhí an sean-Choisde Gnótha sásta leis sin san am ba mhinicí 7 b'fhairsinge leabhair dá rug riamh ar an gConnradh. (Lch. 8)

Géirleanamhaint Gnáthach Ormsa

Bíodh a fhios agaibh nach féidir liomsa géirleanamhaint ‘fhuiling a thuilleadh ón dream soin. Tá gach aon tsaghas géirleanamhna ar siubhal le aca orm le bliaidhantaibh .i.

1. géirleanamhaint le peann nimhe sa Claidheamh Soluis
2. géirleanamhaint sna coisdibh.
3. géirleanamhaint ins an Coisde Gnótha,
4. géirleanamhaint ins an Ard-fheis nuair a thagann sé
5. géirleanamhaint tríd an bpost le leitreachaibh admhála gur b’éigean dam diúltadh dhóib fa dheireadh.

B’sin iad ag iarraidh cúise chugam i ndáiríribh. Agus le corp éagóra do rinneadh é. Níl fear ar an dtalamh dubh-fhódach so is mó do bhrosduigh ughdair Ghaedhealacha ná mé féin. Níl fear ba shaothraighe ná ba dhícheallaighe ag míniughadh Gaedhilge agus ag léigheadh cló.

Éistigí le meas bhar nUachtaráin agus bhar leas-Uachtaráin ormsa. Deir an Craoibhín:

> I have much pleasure in saying that Mr. Lloyd’s far-reaching services towards the Irish language and literature for the past twenty years are known to all Celtic scholars and have placed thousands of students under obligation to him.
>
> The amount of original research he has done, the immense number of books which he has either written, or helped others to write, or edited, (Lch. 9) the assistance which he has given to others, all give him a place of his own in the world of Irish letters.
>
> No one has made a deeper study of the word forms of modern Irish and its dialects, as well as their relations to the older forms.

Deir Eoin Mhac Néill:

> ‘I know no one who has a fuller and more accurate knowledge of Modern Irish Literature and spoken usage.Mr. Lloyd has also a sound historical knowledge of the Irish language. In the preparation of books of instruction and literary textbooks in modern Irish his experience is unequalled. For work of this kind and similar work done be him, reference may be made to his name in the Index to the National Library’s Bibliography of Irish where however only a fraction of Mr. Lloyd’s work is represented.’

Agus táid teistiméarachta den tsórt sin agam, i sgríbhneoirecht sé sgoláirí déag eile, daoine go bhfuil ard-teist ortha.

'Seadh, do rinneas obair mhór. Seo áireamh do rinneas air le déidheanaighe:

Gur chuireas foclóirí 7 tagartha leo	36
Do lēigheas 7 do chuireas i n-eagar	73
Sgríbhinní urnua as mo stuaim fēin	68
Chun foghluim do mhēadughadh	120
An t-iomlān go lēir:	328

(Lc. 10)

Feacaidh na leabhair a thugas amach i mbliadhna, .i. Duanaire na Midhe, leabhar do chuir an dúthaigh-se féin fá Shráidbhaile Mhic Bhuain fá chomaoin mhóir; Tonn Tóime, leabhar a léirigh mórán de chanamhaint Chiarraighe; agus Réalta den Spéir, leabhar mór toirteamhail do chuir Éire faoi chomaoin agam.

Deirimse libhse, má sgarann sibh liom, go sgarfaidh sibh le fírinne, le dícheall, le dúthracht, le measardhacht, le cuid mhaith de na suáilcíbh atá ann, pé aca a creideannn sibh nó nach creideann sibh.

Pearsantacht an Choisde Gnótha

Tuigthear nach bhfuil aon locht agam ar an gCraoibhínn á ar lucht na céille den gCoisde Gnótha sa sgéal sain na leabhar. Ní misde leo sain leabhair a tabhairt amach. Ar lucht na buile úd atá locht go léir.

Iarraim oraibh gan lucht millte an Chonnartha do thoghadh feasta. Níor cheart fear polaitidheachta do thoghadh ach a oiread. Ní ceist phoiliteamhail teasragan na Gaedhilge, ach ceist tigheasach, .i. economic question. Ní ar leas na Gaedhilge smaoineas an fear polaitidheachta, acht ar a phoiliteadhacht bhig féin agus dá mbainfeadh lucht polaitidheachta Éire amach dhóibh féin, bheadh ceist teasragan na Gaedhilge le réiteach fós ag lucht Connartha na Gaedhilge .i. conas breith air airgead tuarasdail Mheirice atá go h-an-ard agus é ag mealladh Gaedheal thar sáile. (Lch 11) Dá bhrígh sin, 'siad na daoine badh cheart do bheith ar an gCoisde Gnótha daoine nach bhfuil aon lámh aca i bpolaitidheacht ós áird agus nach bhfuil da mbaint den tsaoghal acht teasragan (?) na Gaedhilge(.i. í shábháil ón mbás). Cuirtear gach éinne eile pé duine é, as céim agus as réim feasta, adeirimse.

Na Clódóirí

Táid na clódóirí ró-righin. Níl aon bhreis aca i mbliadhna ar an méid leabhar do chlóbhuaileadar i n-urraidh. Le breis agus trí nó ceathair de bhliadhantaibh tá an sgéal sain amhlaidh. Ní féidir d'aon tigh cló amháin leabhair a thabhairt amach i gceart. Fillimis, adeirimse, ar an sean-nós .i. na clódóirí go léir ag obair in aghaidh a chéile, agus iad ag formad le n-a chéile agus an obair a thabhairt don té is fearr luach agus luaighidheacht aca. Nuair a bhí sin ann, b'shin é an t-am a raibh rath agus slacht ar an gConnradh agus meas mór ag na clódóirí go léir orainn agus rud dá dhéanamh orainn, pé ní a iarrfaimis ar fud Bhaile Átha Cliath agus thar a tórainntibh. Ní ceart dúinn cabhrughadh le h-aon tigh cló .amháin acht cabhrughadh le céird chlódóireachta na hÉireann.

Mise, Seosamh Laoide

I.S. Tuigidh nach féidir liom dul chum an tSráidbhaile , mar an cosdas a bheadh dá leanamhaint . Níl an méid sin airgid sa bhreis agam anois. Ba chruaidhe orm dul go Cill Áirne i n-urraidh.

Bunleagan féinscríofa litir SL chuig Ardfheis 1915(Ls. 590 Leabharlann Náisiúnta)







Tá baoġal mór ar ḃeaṫaiḋ na Gaeḋilge. Is ar éigin a ṁairfiḋ sí ṫar an ḟiċeaḋ aois seo i láṫair. Ċoṁ fada is ṁairfeas sí, ḃuḋ ċeart Litriḋeaċt do ṫaḃairt amaċ innti. Sin gnó de ḃun-ġnóṫaiḃ an Ċonnarṫa, .i. Leaḃair 7 Litriḋeaċt do ṫaḃairt amaċ fé sea díolfaiḋ siad orta féin nó nać díolfaiḋ. Tá an rud soin ṫíos i gCóruġaḋ an Ċonnarṫa mar leanas:

"The study & publication of existing Irish literature & the cultivation of a modern literature in Irish" [tá fios agam féin gur i mBéarla do céad-sgríoḃaḋ soin]

Tá leiṫsgéal suarać ag lucṫ millte an Ċonnarṫa .i. nać ḟuil na leaḃair ag díol orta féin fá láṫair. Ná ḃacaiḋ leo; níl ann aċt leiṫsgéal. Cad ċuige gur ḃailiġeaḋ airgead an Ċonnarṫa? Nać ċum leaḃair a ṫaḃairt amaċ a ḃailiġeaḋ cuid mór de? 'Seaḋ go deiṁin. Agus nać ḃeaḋ an leiṫsgéal céadna ag Sgoil an Árd-Léiġinn i dtaoḃ gan "Ériu" ṫaḃairt amaċ, rud nár díol ar féin riaṁ ó ṫús? Agus cad mar geall ar an Revue Celtique i bPáras na Fraince? Caiṫfimíd leaḃair a ṫaḃairt amaċ mar ṁaiṫe leis an nGaeḋilg féin, .i. í ṡeaċnaḋ 7 do ċosaint ar an mbás atá i ndán di i n-éagmuis na Litriḋeaċta.

Táid na húġdair ag obair go dian 7 tnúṫ aca le húġdarsaċt .i. árd-ḟonn orṫa fá n-a ndéantuisíḃ d'ḟeicsint i





Geirrleanaṁaint ġnáṫaċ orm-sa.

Ḃíoḋ a ḟios agaiḃ noċ ḟéidir liom-sa gairleanaṁaint 'ḟulaing a ṫuilleaḋ ón dream soin. Tá gaċ son tragas gairleanaṁna ar siuḃal acu orm le bliaḋantaiḃ .i. (1) gairleanaṁaint le peann níṁe na Cláiḋeaṁ Soluis, (2) gairleanaṁaint ins na Coisdiḃ, (3) gairleanaṁaint ins an gCoisde Gnóṫa, (4) gairleanaṁaint ins an Árd-Ḟeis nuair a ṫagann sé, (5) gairleanaṁaint tríd an bpost le leitreaċaiḃ adṁála gur ḃ'éigean dom diultaḋ dóiḃ fá deireaḋ.

Ḃ'in rud ag iarraiḋ cuise ċugam i ndáiríriḃ!

Agus le cois eagcóra do rinneaḋ é. Níl fear ann ar an dtalaṁ dearḃ-ḟódaċ so is mó do ḃroduiġ ugdair Gaedealaċa ná mé féin. Níl fear ba ṁoiṫraiġe ná ba díċeallaiġe ag múnuġaḋ Gaedilge 7 ag leiġeaḋ cló.

Eisdiḋ le meas ḃár n-Uaċtaráin 7 ḃár Leas-Uaċtaráin orm-sa:

Dar an Craoiḃín:

"I have much pleasure in saying that Mr. Lloyd's far-reaching services towards the Irish language + literature for the past twenty years are known to all Celtic scholars, and have placed thousands of students under obligation to him.

The amount of original research he has done, the immense number of books which he has either written, or helped others to write, or edited,

the assistance which he has given to others, all give him a place of his own in the world of Irish letters.

No one has made a deeper study of the word-forms of modern Irish, and its dialects, as well as of their ~~old~~ relations to the older forms."

Deir Eoin Mac Néill:

"I know no one who has a fuller and more accurate knowledge of Modern Irish Literature and spoken usage. Mr. Lloyd has also a sound historical knowledge of the Irish language. In the preparation of books of instruction and literary textbooks in Modern Irish his experience is unequalled. For work of this kind and similar work done by him, reference may be made to his name in the Index to the National Library's "Bibliography of Irish" where however only a fraction of Mr. Lloyd's work is represented."

Agus táid teistiméaracta den tsórt céadna agam, i sgríbhneoireacht ré sgoláirí beag eile, daoine go bhfuil árd-theist orra.

Seadh, do rinneas obair mhór. Seo [illegible] do rinneas ar le déidheanaighe

Leabhair do sgríobhas féin ó bhun barr ..	31
" gur chuireas foclóirí 7 tagartha leo ..	36
" do léigheas 7 do chuireas i n-eagar ..	73
Sgríbhní úrnua as mo stuaim féin	68
" chum foghluim do mhéadughadh	120
An tiomlán léir ..	328

Féachaidh na leabhair a thugas amach i mbliadhna .i. Duanaire na Midhe, leabhar do chuir an dúthaigh-se féin atá fá bhráidbhaile Mhic Bhuain fá chomhair mhóir; Tonn Tóime, leabhar a léirigh mórán de chomhairle Chiarraighe; agus Réalta den Spéir, leabhar mór tairbh-eamhail do chuir Éire fá chomhair agam.

Deirim-se libh-se, má thógann sibh liom, go dtógfaidh sibh le fírinne, le dícheall, le dúthracht, le macántacht, le cuid mhaith de na subhailcibh ~~[illegible]~~ atá ann, pé aca creideann sibh sin nó nach gcreideann sibh.

Pearsantacht an Choisde Ghnótha.

Tuigtear nach bhfuil aon locht agam ar an gCraoibhín ná ar lucht na cáille den Choisde Ghnótha fá sgéal sain, na leabhar. Ní mise leo sain leabhar a thabhairt amach. Ar lucht na buile úd atá an locht go léir.

Iarraim orraibh gan lucht mille an Chonnachta do thoghadh feasta. Níor cheart fear polaitidheachta do thoghadh acht a mhéad. Ní ceart polaiticeamhail teagasgan na Gaedhilge, acht ceart tigheasach .i. economic question. Ní nár leat na Gaedhilge [illegible] an fear polaitidheachta, acht ar a pholaitidheacht bheag féin, agus dá mbainfeadh lucht polaitidheachta Éire amach dóibh féin, bheadh ceart teagasgan na Gaedhilge le pléidheadh fós ag lucht Connachta na Gaedhilge .i. Connradh [illegible] Meirice atá go hán-ard 7 é ag mealladh Gaedheal [illegible]

Dá ḃrígh sin, siad na daoine badh
ċeart a ḃeiṫ ar an gCoisde Gnóṫa
daoine nach fuil aon tsuim aca i
bpoilitidheacht ós árd 7 nach fuil
dá mbaint den tsaoġal acht tear-
ragan na Gaeḋilge (.i. i ḟábal an ṁbáig)
Cuirtear gach duine eile, cé duine é,
ar ceiṫ 7 ar réiṫ fearda, adeirim-se

Na Clódóirí.

Táid na clódóirí ro-ruiġin. Níl aon
ḃrais aca i mbliadhna ar an méid leabhar do clóbhuaileadar
i n-uraid. Le brais 7 a trí nó ceaṫair
de ḃliadhantaiḃ tá an sgéal sain aṁlaid.
Ní féidir ~~do~~ d'aon neaċ cló amáin
leabhar a ṫabhairt amaċ i gceart.
Killimtís, adeirim-se, ar an sean-nós,
.i. na clódóirí go léir ag obair i
n-agaidh a chéile 7 iad ag formad le
n-a chéile, 7 an obair á ṫabhairt don
té is fearr luaċ 7 luaiġideacht aca.
Nuair a ḃí sin ann, b'in é an t-am
a raiḃ slaċt 7 raṫ ar an gComhrad
7 meas mór ag na clódóiríḃ go léir
orainn. 7 rud dá déanaṁ orainn, ré
ní d'imṗeaṁtís, ar rud ḃaile Áṫa Cliaṫ
7 ċeir. a conraiṫeoiḃ. Ní ceart dúinn
cabruġad le haon neaċ cló amáin acht
cabruġad le ceird ċlódóireaċta na hÉireann.

Mise
Seosaṁ Laoide

I.S. Tuigid nach féidir liom dul ċum an tSráidbhaile, mar,
an cordan a ḃeaḋ dá leanaṁaint níl an méid sin airgid i mbrais
agam anois. Ba ċruaidh orm dul go hAṫ Cliaṫ i n-uraid.

Leabharliosta an Tráchtais

Aiken, Síobhra, *'Ní cathair mar a tuairisg í': (Mis)Representing the American City in the Literature of the Gaelic Revival?* Éire-Ireland, Volume 53, Numbers 3 & 4, Fall/Winter 2018, pp. 93-118 (Article) St. Paul, Irish American Cultural Institute.

Atkinson, Robert [ed.],*Trí bior-ghaoithe an bháis ('The three shafts of death') of Rev. Geoffrey Keating*, Irish Manuscript Series 2.1, Dublin: Royal Irish Academy, 1890.

An Coimisiún Um Athbheochan na Gaeilge (1958-1963), *An Tuarascáil Dheiridh*, Foilseacháin an Rialtais, Baile Átha Cliath,1963.

Best, R.I, *Bibliography of Irish Philology and of Printed Irish Literature to 1912*, National Library of Ireland, Dublin, 1913.

Bosi, Lorenzo; Reiter, Herbert, *Historical methodologies : archival research and oral history in social movement research*, Oxford University Press, Oxford, 2014, pp. 117-143.

Brooke, Stopford Rev., "The need and use of getting Irish literature into the English tongue" (Irish Literary Society inaugural lecture, Bloomsbury House, March 1893).quoted in *The Irish Literary Revival* by W.P. Ryan, (published by author, Dulwich, London, 1894), p.73.

Bourke, Rev. Canon Ulick J., *Easy Lessons or self-Instruction in Iris*h, Mullaney—Gill, 1860—1885, Dublin.

Bourke, Rev. Canon Ulick J., *The Aryan Origin of the Gaelic Race and Language*, Longmans, London, 1876.

Burke Rev. Canon Ulick J *Easy Lessons or self-Instruction in Irish*, Haverty, BarclayStreet New York 1873.

Borthwick, Norma, 'The art of criticism', *The Leader*, Baile Átha Cliath, 17 Iúil 1901, p. 348.

Borthwick, Norma, *Ceól-sídhe, Irish songs.* I-VII, Muintir na Leabhar Gaeilge, Baile Átha Cliath, 1901-1913.

Breathnach, Diarmad agus Ní Mhurchú, Máire, *Beathaisnéis*1-9, An Clóchomhar Teo., Baile Átha Cliath, (1986–2007).

Browne, Kathleen A. 'The ancient dialect of the baronies of Forth and Bargy. with a number of songs in that dialect, together with translations.' *Journal of Royal Society of Antiquaries of Ireland*, 1927, Series 6 Vol. XVII, p. 127.

Bráithre Críostaí, Na, *Graiméar na Gaedhilge leis na Braithreachaibh Criostamhla*, M.H.Gill, Baile Átha Cliath, 1901.

Carville, Justin, *Photography and Ireland*, Reaksion Books Ltd., 33 Great Sutton Street, London EC4, 2011.

Coláiste na Tríonóide, The Dublin University Calendar, 1894, Hodges Figgis, Grafton Street, Dublin, 1894,

Comyn, David [ed.] *Foras feasa ar Éirinn: The history of Ireland by Geoffrey Keating D. D. Volume I, containing the introduction and first book of the history*, 4 vols, vol. 1, Irish Texts Society 4, London: Irish Texts Society, 1902.

Coolahan. John, *Irish Education, History and Structure*, Institue of Public Administration, Dublin, 1981.

Darwin, Charles, *On the Origin of Species*, John Murray, Albemarle Street London, 1859.

Darwin, Charles, *The Descent of Man*, John Murray, Albemarle Street London, 1871.

Dawson, Ciarán, *Peadar Ó Gealacáin, Scríobhaí,* An Clóchomhar Tta. d'Éigse Oirialla, 1992.

Deane, Seamus, ed. *The Field Day Anthology of Irish Writing,* Field Day Pubications, University Press, Cork.

Doherty. Ronan, Ó Conchubhair Brian, O Leary Philip, eagarthóirí, *Úrscéalta na Gaeilge,* Cló Iar-Chonnacht, 2017.

de Blaghd, Earnán, *Trasna na Bóinne*, Sáirséal agus Dill, Baile Átha Cliath, 1957.

De Buitléir, Máire, (Butler, Mary E.L.) *Two Schools, a Contrast*, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1901.

de Hae, Risteárd, Ní Dhonnchadha. Brighid, *Clár Litridheachta na Nua-Ghaedhilge, 1850-1936*, Oifig Díolta Foilseachán Rialtais, Baile Átha Cliath, 1938-40.

De hÍde, Dubhghlas, *Leabhar Sgeulaiġeachta,* Gill, Sráid Ui Chonaill, Baile Átha Cliath,1889. (*Tadhg Ó Catháin agus an Corpán.* lth. 107-134)

De hÍde, Dubhghlas, *An Sgéaluidhe Gaodhalach*, Cuid III, David Nutt, Londain agus Muintir Ghoill, Baile Átha Cliath, 1901.

De hÍde, Dubhghlas, *Abhráin atá Leagtha ar an Reachtúire* or, Songs ascribed to Raftery being the fifth chapter of the Songs of Connacht now for the first time collected, edited, and translated by Douglas Hyde (An Craoibhín Aoibhínn): Gill, Baile Átha Cliath, 1903.

De hÍde, Dubhghlas, *Abhráin agus Dánta an Reachtarbhraigh,* Oifig Foilseachán an Rialtais, Baile Átha Cliath, 1933.

De hÍde, Dubhghlas, *Mise agus an Connradh (go dtí 1905)* Oifig Díolta Foilseachán an Rialtais, Baile Átha Cliath, 1937.

Derrida, Jacques, *Mal d'Archiv*e, *une impression freudienne*, Galilée, Paris, 1995.

Dottin, Georges. *Contes Irlandais/An Sgéaluidhe Gaedhealach*, with French translations by Georges Dottin and a preface by Donatien Laurent, Rennes, 1893.

de Brún, Fionntán, *Revivalism and Modern Irish Literature: The anxiety of transmission and the dynamics of renewal*. Cork University Press, Cork, 2019.

Dunleavy, Janet Egleson, *Douglas Hyde,* Brucknell University Press, Lewisberg, Pennsylvania 1991.

Dunleavy, Gareth, *Douglas Hyde: A Maker of Modern Ireland,* University of California Press, Berkeley, 1974.

Daly, Dominic, T*he Young Douglas Hyde; the dawn of the Irish revolution and renaissance,* 1874-189, Rowman and Littlefield, Totowa, N.J., 1974.

de Rís, Seán, *Peadar Ó Doirnín,* Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1969.

de Fréine, Celia, *Luíse Ghabhánach Ní Dhufaigh: Ceannródaí, Comhar,* Baile Átha Cliath, 2018.

Edwards, Ruth Dudlley, *Patrick Pearse, the triumph of failure*, Irish Academic Press (1977); Irish Independent Reprint, Dublin, 2006.

Edwards, John, *The Irish Language, an annotated bibliography of sociolinguistic publicatioins, 1772-1982,* Routledge, London, 2014.

English, Richard, *Irish Freedom, The History of Nationalism in Ireland*, Pan McMillan, London, 2006.

Farmar, Tony, *The History of Irish Book Publishing*, History Press, Ireland, 2018.

Farquharson of Invercauld, Louisa E. *Ireland's Ideal*, given before Cumann Gáidlig na Lunnáin, 18th May 1905, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1905.

Farquharson. Col. A.S.L., M19, *Report on Postal Censorship During the Great War* (1914-1919), 1920, The National Archives, Kew.

Featherstone, Mike, 'Archive', *Theory, Culture and Society*, (Journal), Sage Publications, Newbury, Califormia, 2006.

Ferguson, Stephen,*The GPO:200 years of history* (2015), Mercier Press, Cork, 2014.

Foucault, Michel, *L'archeologie du savoir,* Bibliothèque des sciences humaines, Gallimard, Paris, 1969.

Gopal, Priyamvada. *Insurgent Empire: anticolonial resistance and British dissent*, Verso, London/New York, 2020.

Greene, David,*'Robert Atkinson and Irish Studies', Hermathena CII,* TCD. Dublin, *1966 (6-15).*

Gregory, Lady Agusta, *Cuchulainn of Muirthemne,* John Murray, London, 1902.

Hayden, Mary, *Facts about the Irish Language and the Irish Language Movement,* Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1910.

Hutton Clare, ed., *The Irish Book in the 20th Century*, Irish Academic Press, Dublin, 2004.

Hogan, Edmund, S.J. *Onomasticon Goedelicum,* Hodges Figgis, Dublin, 1910 (Irish Texts Society).

Henderson, George, *The Survival Of Belief Among The Celts,* James Maclehose, Glasgow, 1911.

Harrison, Alan *Ag cruinniú meala, Anthony Raymond, (1675-1726), Ministéir Protasúnach, agus Léann na Gaeilge i mBaile Átha Cliath*, Baile Átha Cliath, An Clóchomhar Tta, 1988.

Hussey, Matt, *Fréamh an Eolais, ciclipéid eolaíochta agus teicneolaíochta,* Coiscéim, Baile Átha Cliath, 2011

Hyde, Douglas, LLD, 'The necessity for de-anglicizing Ireland', in *The Revival of Irish Literature and other addrese*s. Project Gutenberg ebook, pp 115-161 (https://www.gutenberg.org/files/32746/32746-h/32746-h.htm) 2010, ceadaithe 17 Eanáir 2021.

Ingheana na hÉireann (Ingheana Bhríghde, an Ardchraobh) *First Annual Report, Session, 1900-1901*, Conradh na Gaeilge, Baile Átha Cliath, 1901.

Joyce, James, *Dubliners*, eagrán OUP, 2000, réamhrá le Jeri Johnson.

Joyce, P.W., *Irish Local Names Explained,* Fred Hanna Ltd., Baile Átha Cliath, 1979 (Athchló).

Joyce, P.W, *English as we speak it in Ireland,* (1910), Wolfhound Press, Baile Átha Cliath, Athchló 1979.

Kavanagh. OSF. Rev. P.F., *Ireland's Defence, Her Language*, Conradh na Gaeilge, Baile Átha Cliath, 1901.

Kiberd, Declan, and Mathews, P.J., eds., *Handbook of the Irish Revival,* Abbey Theatre Press, Dublin, 2015.

Kiberd, Declan, *Idir Dhá Chultúr,* Cosicéim, Baile Átha Cliath, 1993.

Kelly, Liam, Msgr., *The Diocese of Kilmore, c.1100-1800*, Columba Press, Dublin, 2017.

Lloyd, Joseph Henry, Ph. D. *Idioms of the German language, together with the proverbs* (London 1875).

Laoide, Seosamh, *Duanaire na Midhe*, Clódhanna Teo. do Chonradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1914.

Laoide, Seosamh, (eag. agus Réamhrá)**,** *Amhráin Choilm de Bhailís,* Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1904.

Laoide, Seosamh, (eag.), *An LéightheoirGaedhealach,* Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1906.

Laoide, Seosamh, (eag.), *An tÉinín Órdha agus Sgéalta eile,* Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1910.

Laoide, Seosamh, (eag.), *An Treas Leabhar, Gaedhilg agus Béarla,* Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1906.

Laoide, Seosamh, (eag.), *Cláirseach na nGaedheal* Cuid I-V, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1901-1908.

Laoide, Seosamh, (eag.), *Cruach Chonaill: Tiomsughadh spiontóg de sgéalaidheacht an Fhochla,* Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1909.

Laoide, Seosamh, (eag.), *Dearg-ruathar Chonaill Chearnaigh, Sgéal Rughraigheachta***,** Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1907.

Laoide, Seosamh, (eag.), *Éan an Cheoil Bhinn agus Sgéalta Eile*, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1908.

Laoide, Seosamh, (eag.), *Gramadach Dhá-Theangthach le Tadhg Ó Coindealbháin*, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1906.

Laoide, Seosamh, (eag.), *Lúb na Caillighe agus Sgéalta eile*, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1910.

Laoide, Seosamh, (eag.), *Mac Mic Iascaire Bhuidhe Luimnighe: sean-sgéal as Tír Amhalghaidh*, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1909.

Laoide, Seosamh, (eag.), *Measgán Múscraidhe, cnuasach beag sgéalaidheachta***,** Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1907.

Laoide, Seosamh, (eag.), *Post-Sheanchas Cuid 1, Sacsbhéarla-Gaedhilg*, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1905.

Laoide, Seosamh, (eag.), *Post-Sheanchas Cuid 2, Gaedhilg-Sacsbhéarla*, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1911.

Laoide, Seosamh, (eag.), *Seachrán Chairn tSiadhail,* Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1904.

Laoide, Seosamh, (eag.), *Na Trí Préacháin* (*Sgéaluidheacht Chúige Mumhan***,** Pádraig Ó Laoghaire, Cuid 1) Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1904.

Laoide, Seosamh, (eag.), *Páidín Ó Dálaigh* (*Sgéaluidheacht Chúige Mumhan***,** Pádraig Ó Laoghaire, Cuid 2), Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1904.

Laoide, Seosamh, (eag.), *Rí na mBréag* (*Sgéaluidheacht Chúige Mumhan***,** Pádraig Ó Laoghaire, Cuid 3), Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1908.

Laoide, Seosamh, (eag.), *An Chroch Gheal* (*Sgéaluidheacht Chúige Mumhan***,** Pádraig Ó Laoghaire, Cuid 4), Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1905.

Laoide, Seosamh, (eag.), *An Fiolar Fealltach* (*Sgéaluidheacht Chúige Mumhan***,** Pádraig Ó Laoghaire, Cuid 5) Baile Átha Cliath, 1906.

Laoide, Seosamh, (eag.), *Máire Ní Rógái*n (*Sgéaluidheacht Chúige Mumhan***,** Pádraig Ó Laoghaire, Cuid 6), Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1906.

Laoide, Seosamh, (eag.),*Oileán na gCúig mBeann*. (*Sgéaluidheacht Chúige Mumhan***,** Pádraig Ó Laoghaire, Cuid 7) Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1906.

Laoide, Seosamh do chruinnigh, *Sgéalaidhe Fhearnmhuighe***,** Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1901.

Laoide, Seosamh, (eag.) *Sgéalaidhe Óirghiall*. i. *Sgéalaidhe Fearnmhuighe agus tuilleadh leis*, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1905.

Laoide, Seosamh, (eag.) *Sgéal Chúchulainn ag Cuan Cárn*: *sean-sgéal Conallach,* Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1906.

Laoide, Seosamh, (eag., le Seaghán Ua hÓgáin), *Teacht agus Imtheacht an Ghiolla Dheacair agus Tóruigheacht Chonáin agus a Chuideachtan,* Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1905.

Laoide, Seosamh, (eag.) *Trí torpáin: sgéalta sídhe ar n-a gcur i n-oireamhaint do'n oideachas idirmheadhónach*, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1910.

Laoide, Seosamh, (eag.) *TriúrClainne na Bard-Sgolóige*, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1910.

Laoide, Seosamh, (eag. i gcomhar le hIorard de Teiltiún), *Eachtra Mhacaoimh an Iolair Mhic Ríogh na Sorcha le Brian Ó Corcráin*, Hodges Figgis, Baile Átha Cliath, 1912.

Laoide, Seosamh, (eag. agus d'aistrigh), *Leabhar Geograiphe (le haghaidh Scol agus Colaistí na hÉireann)* le T.A. Finlay.Comhlucht Oideachais na hÉireann, Teó., Baile Átha Cliath, 1906.

Laoide, Seosamh, (eag.) *Réalta de'n Spéir, leabhar léightheoreachta iolsgol agus árdsgol,* Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1915.

Laoide, Seosamh, (eag.) *Duanaire na Midhe***,** Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1914.

Laoide, Seosamh, (eag.) *Tonn Tóime:tiomargadh sean-phisreog, sean-rócán, sean-sgéal, sean-cheist, sean-naitheann, sean-fhocal and sean-rádh ó Chiarraiġe Luachra*, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1915.

Laoide, Seosamh, (eag.), *Brisleach Mhór Mhaighe Mhuirtheimhne, Sgéal Rughraigheachta***,** Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1915.

Laoide, Seosamh, (eag.) *Fian-laoithe* Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1918.

Laoide, Seosamh, (eag.) *An Cúigeadh Leabhar: Seosamh Laoide do chuir le chéile agus i n-eagar, agus congnamh leis ó áirdibh ne hÉireann*. Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1914.

Laoide, Seosamh, *Alasdair Mac Colla: sain-eolus ar a ghníomhtharaibh gaisge*, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1914.

Lennon, Joseph, *Irish Orientalism: A Literary and Intellectual History*, Syracuse University Press, 2008.

Lane-Poole, Stanley, *The Irish Battle of the Books*, originally contributed to *The Fortnightly Review*. June 1907, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1907.

Manoff, Marlene, 'Mapping archival silence: Technology and the historical record', *Engaging with Records and Archives: Histories and Theories*, eds. F. Foscarini, H. MacNeil, M. Bonnie, & O. Gillian (pp. 63-82). Facet Publisihng, London WC 2016.

Mitchell, Angus, *Casement (Life and Times)*. Haus Publishing, London, 2003.

Martin, F.X. and Byrne, F.J. *The Scholar Revolutionary, Eoin MacNeill, 1867-1945, and the making of the new Ireland,* Irish University Press, Shannon, 1973.

Moonan, George A., *The Spirit of the Gaelic League*, George A. Moonan 1907. (A lecture originally addressed to the Blackrock and Athlone branches of the Gaelic League), Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1907.

Moriarty, Tim, 'Latin's place in railway history', *Irish Railway Record Society Journal 183*, Irish Railway Record Society Limited, Heuston Station, Dublin 8, February 2014.

Meyer, Kuno, *Cath Finntrága*, eag., Anecdota Oxoniensa, Clarendon Press, Oxford, 1885.

Mac Airt, Seán, eag., *Leabhar Branach, The Book of the O'Byrnes,* School of Celtic Studies. Dublin Institute of Advanced Studies, 1944

McGahern, John, 'Dubliners', *Love of the World* (essays), Faber and Faber, London, 2010.

McGough, Eileen, *Diarmuid Lynch, A Forgotten Irish Patriot*, Mercier Presss, Corcaigh, 2013.

McBain, Alexander, Kennedy, Rev. John, Eag. 'The Scottish Book of Fernaig*'*, *Reliquiae Celticae*, The Northern Press Printing and Publishing Company, 1894.

Mac an tSaoir, Flann, 'Richard Henebry' *Comhar*, Baile Átha Cliath, Samhain 1961-Eanáir 1962.

Mac Dhonnagáin, Tadhg, *Mise Raiftearaí, an Fíodóir Focal*, Futa Fata, An Spidéal, 2015.

Mac Peaircín, Liam, *Gníomh dóchais, Irisleabhar na Gaedhilge (1882-1909),* Coiscéim, Baile Átha Cliath, 2018.

McCone, Kim et al. eag, *Stair na Gaeilge—in ómós do Phádraig Ó Fiannachta,* Roinn na SeanGhaeilge, Coláiste Phádraig, Má Nuad, 1994.

Mac Peaircín, Liam, *Gníomh Dóchais, Irisleabhar na Gaedhilge (1882-1909),* aiste i *Ag Siúl an Bhealaigh Mhóir,* Aistí in ómós do Nollaig Mac Congáil, Comhar Teoranta, Baile Átha Cliath, 2016.

Mac Liammóir, Mícheál, 'Drámaíocht na Gaeilge san am atá le teacht', *Ceo Meala Lá Seaca,* Sáirséal agus Dill, Baile Átha Cliath, 1952 (227-240).

Mag Eacháin, Conchúr, 'Scéal ón Fhiodh, Contae Ard Mhacha : Murchadh Beag agus Murchadh Mór', *Béaloideas 7*9, 2011.

Mag Eacháin, Conchúr, *Téarmaíocht Ghaeilge na hAthbheochana,* Cois Life Teo., Baile Átha Cliath, 2014.

McHale, Most Reverend John, Archbishop of Tuam *A Selection of Moore's Melodies,* translated into the Irish Language (James Duffy, Dublin, 1871).

Mac Mathúna, Liam, eag., *Séadna, Peadar Ua Laoghaire,* Carbad, Baile Átha Cliath, 1987.

Mac Mathúna, Liam, eag, *Séadna: PeadarUa Laoghaire,* Cois Life, Baile Átha Cliath, 2011.

Mac Mathúna, Liam, 'Muintir Neachtain, an nua-aoiseacht agus dúchas Gaelach Bhaile Átha Cliath', *Dublin Historical Record Vol. 6,8 No 2*. Autumn-Winter 2015: 206-225 Old Dublin Society, Baile Átha Cliath 2015.

Mac Mathúna, Liam, *Béarla sa Ghaeilge,* An Clóchomhair, Baile Átha Cliath, 2007.

Mac Mathúna, Liam *Dúchas agus Dóchas, scéal na Gaeilge i m Baile Átha Cliath,* Baile Átha Cliath, Glór na nGael, 1991.

Mac Mathúna, Liam, Ó Conchubhair, B. Comer, N. Ó Seireadáin C, Nic An Bhaird M, eagarthóirí/soláthróirí, *Douglas Hyde, My American Journey,* University College Dublin Press, Dublin, 2019.

Mac Néill, Eoin, *Duanaire Finn, The Book of the Lays of Fionn,* Part I, Published for the Irish Texts Society by David Nutt, 57-59, Long Acre, London, 1908.

McCarthy, Justin, M.P., eag. *Irish Literature,* John D. Morris and Company, Philadelphia, 1904.

Mac Piarais, Pádraig, *Poll an Phíobaire,* Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1906.

Mac Piarais, Pádraig, *Iosagán agus Sgéalta Eile,* Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1907.

Mac Congáil, Nollaig, *Scríbhneoirí Thír Chonaill*, Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, Baile Átha Cliath,1983.

Mac Congáil, Nollaig, 'Bunú Choláiste Laighean 1906', *Feasta* (Eanáir, 2007) Foras na Gaeilge, Baile Átha Cliath, 2007.

Mac Congail, Nollaig, *Lorcan Ó Tuathail: Dramadoir Mhaigh Cuilinn,* Syracuse University Press, 2018.

Mac Aonghusa, Criostóir, *Ó Rosmuc go Rostov,* An Clóchomhair, Baile Átha Cliath, 1972.

Mac Grianna, Seosamh, *Pádraic Ó Conaire agus aistí eile,* Oifig an tSolathair, Baile Atha Cliath, 1969.

Mac Gabhann, Séamas, *Seachrán Chairn tSiadhail: A Rambling Song about a Rambling Man, Dúiche Néill: Journal of the O Neill Country Historical Society, 24 (2017: 226-256).*

Mac Gabhann, Séamas, *Continuity And Transition In The Poetry Of James Tevlin (1798-1873*), *Ríocht na Midhe* Iml. XVI: 2005, 83-104.

MacGinley, P.T., *Possibilities of Irish Industry,* lecture delivered at Rory O'More Branch, Portarlington, 8th October 1905, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1905.

Mac Giolla Phádraig, Brian, 'The location of Coeman, maccoem Patraic'. Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland, Uimh. 73, (100-105), Dublin, 1943

Mac Cormaic, Breandán, eag. *Féiniúlacht, Cultúr agus Teanga i Ré an Domhandaithe,* Coiscéim, Baile Átha Cliath,, 2011.

McLauchlan, Thomas. LL.D (ed.), *The Book of Common Order: commonly called John Knox's liturgy /trans. into Gaelic anno Domini 1567 by John Carswell,* edited by Thomas M'Lauchlan, Edmonston & Douglas, Edinburgh,1873.

Mac Aonghusa, Pronsias, *Ar Son na Gaeilge–Conradh na Gaeilge, 1893-1993,* Conradh na Gaeilge, Baile Átha Cliath*a,* 1993.

Mac Fhionnlaoich, Peadar, *Handbook of Irish Teaching, founded on the* discoveries of *M. Gouin with a set of Gouin series and a vocabulary, here applied to the teaching of the Irish language*. Published by The Gaelic League, Dublin, in 1903.

Mac Fhionnlaoich, Peadar, *Miondrámanna 1*, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1902.

na gCopaleen, Myles, eag., *An Béal Bocht, nó an Milleánach. Drochscéal ar an drochshaol*, An Preas Náisiúnta, Baile Átha Cliath, 1941

Ní Fhaircheallaigh, Úna, *Leabhar an Athar Eoghan*, Gill & Son, Baile Átha Cliath, 1904.

Ní Fhaircheallaigh, Úna, *Grádh agus Crádh, úirsgéilín*, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1901.

Ní Fhaircheallaigh, Úna, *The Reign of Humbug*, Gaelic League, Dublin, 1901 (paimfléad).

Ní Fhrighil, Ríona 'Scéal na murúch i bhfilíocht Nuala Ní Dhomhnaill', in *Aistí ag iompar scéil. in ómós do Shéamas P. Ó Mórdha*, eag Ó Conaire, Breandán, An Clochmhar Tta., Baile Átha Cliath, 2004

Nic Eoin, Máirín, *An Litríocht Réigiúnach*, An Clóchomhar, Baile Átha Cliath, 1982.

Ní Mhaoláin, Lára, *Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne agus Deargruathar Chonaill Cheamaigh: Eagrán Criticiúil (*PhD thesis), National University of Ireland Maynooth. (2008).

Ní Chonghaile, Dr. Deirdre, 'Sagart gan Iomrádh: an tAthair Domhnall Ó Morchadha (1858-1935) agus Amhráin Pennsylvania', aiste i *Litríocht na Gaeilge ar Fud an Domhain, Cruthú, Caomhnú agus Athbheochan*, Imleabhar 1, (191-214). Eagarthóirí: Ríona Nic Congáil, Máirín Nic Eoin, Meidhbhín Ní Úrdail, Comhar, Baile Átha Cliath, 2016.

Nic Pháidín Chaoilfhinn *Fáinne an Lae agus an Athbheochan (1898–1900)*. Cois Life, Baile Átha Cliath, 1998.

Ní Dhonnchadha, Aisling, *An Gearrscéal sa Ghaeilge, 1898-1940*, An Clóchomhar Tta, Baile Átha Cliath, 1981.

Novick, Benn, 'Postal censorship in Ireland, 1914-16', *Irish Historical Studies* Vol. 31, No. 123, pp. 343-356, May, 1999, Cambridge University Press,1999.

Ní Chollatáin, Regina, *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae*, 1889-1932, Cois Life Teoranta, Baile Átha Cliath, 2004.

Ní Chollatáin, Regina, *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae*, 1889-1932, *Innéacs dátheangach Gaeilge agus Béarla*, Cois Life Teoranta, Baile Átha Cliath, 2004.

Ní Chinnéide, Mairéad, *Máire de Buitléir, Bean Athbheochana*, Comhar Tta., Baile Átha Cliath.

Ní Shiúbhlaigh, Máire/Kenny, Edward, *The Splendid Years,* James Duffy, Dublin, 1955.
Nic Congáil, Ríona, *Úna Ní Fhaircheallaigh agus an Fhís Útóipeach Ghaelach,* Arlen House, Baile Átha Cliath, 2010.

Nic Congáil, Ríona, 'Drámaíocht Ghaeilge don aos óg i dtréimhse na hAthbheochana (1900–1920)',sa chnuasach *Laethanta Gréine & Oícheanta Sí: Aistí ar Litríocht agus ar Chultúr na nÓg* curtha in eagar ag Caoimhe Nic Lochlainn agus Ríona Nic Congáil (Leabhair *Comhar*, 2013).

Ní Mhunghaile, Lesa, *Athchóiriú agus Aistriúcháin, Amhráin na Midhe, Cuid a hAon.* le Énrí Ó Muirgheasa, Cumann Seandálaíochta agus Staire na Mí i gcomhair le heagraíochtaí eile, An Uaimh, 2009.

Ní Mhuircheartaigh, Éadaoin agus Mac Congáil, Nollaig eag., *Drámaí Thús na hAthbheochana,* Arlen House, Gaillimh, 2008.

O'Growney, Eugene Rev, *O'Growney's Revised Simple Lessons In Irish, Cuid 1, giving the pronunciation of each word*, edited by Rev. Richard Henebry, Gael Publishing Company, New York, 1902.

O'Sullivan, Donal, *Carolan, The Life and Times of an Irish Harper*, Iml. 1&2, Routledge & Keegan Paul, Londain, (1958).

O'Duffy, Richard, ed. for Society for the Preservation of the Irish Language, *Oidhe Chloinne Tuireann,* M.H. Gill and Son, Dublin, 1901.

O'Nolan, Thomas, M.A. *Sanas Gramadaig,* M.H. Gill, Baile Átha Cliath, 1908.

O'Donovan, John, *Annals of Ireland: Three Fragments,* The University Press, for the Irish Archaeological and Celtic Society, Dublin, 1860.

O'Donovan, John, *Annals of the Kingdom of Ireland, Iml. 2,* Hodges and Smith, Dublin, 1856.

O'Donovan, John, 'Irish proverbs', *The Dublin Penny Journal,* Volume 1 (158-159), 11 October1832.

O' Leary Philip, *The Prose Literature of the Gaelic Revival,* Pennsylvana State University Press, 1994.

O' Leary Philip, T*he Dead Generations: Irish History in the Fiction of the Gaelic Revival, 1882-1916.* (Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium, v. 10 (1990).

O' Leary Philip, eag./aistrigh, *An Bhóinn agus an Bhóchna,* Ó Riain, Liam Þ Arlen House, Baile Átha Cliath, 2019.

Oifig an tSoláthair, *Ainmneacha Gaeilge na mBailte Poist,* Baile Átha Cliath, 1969

O'Rahilly, T.F., 'Irish scholars in Dublin in the early eighteenth cenury', *Gadelica 1*, Baile Átha Cliath, (1912-13).

Ó Beirne, Séamus, *An Dochtúir*, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1904.

Ó Coigligh, Seán, 'Na coláistí Gaeilge mar ghné d'athbheochan na Gaeilge,.1904-1912, (An Clár Dátheangach, 93) Tráchtas Ph. D., 2014. Doras.dcu.ie

Ó Tuathail, Lorcán, *An Deoraidhe*, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1906.

Ó Siadhail, Pádraig, *Stair Dhrámaíocht na Gaeilge, 1900-1970*, Cló Iarchonnacht, 1993.

Ó Fiannachta, Pádraig, *An tÚrscéal sa Ghaeilge, Léachtaí Cholm Cille 21*, An Sagart, Maigh Nuad, 1991.

Ó Duilearga, Séamus, *Leabhar Sheáin Uí Chonaill*, Brún agus Ó Nualláin, Baile Átha Cliath, 1964.

Ó Cuilín, Liam agus Ó Laoi, Tomás, *An Saol in Éirinn*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1976.

Ó Cuív Brian, eag. *A View of the Irish Language*, Stationary Office , Dublin, 1969.

Ó Caithnia, Liam P., *Mícheál Cíosóg*. Leabhair Thaighde, an 39ú himleabhar. An Clóchomhar Tta, Baile Átha Cliath, 1982.

Ó Maolmhuaidh, Proinsias. *Athair na hAthbheochana* [Father of the Revival]. Foilseacháin NáisiúntaTeoranta, Baile Átha Cliath, 1981.

Ó Ciarghusa, Seán, (Leac Logha),'An bás', *The Leader*, Baile Átha Cliath, eagrán 7 Deireadh Fómhair 1939.

Ó Murchú, Máirtín, *CumannBuan-Choimeádta na Gaeilge: Tús an Athréimnithe*, Coiscéim, Baile Átha Cliath, 2001.

Ó Mórdha Seórsa; *An tÚrghort*, Sgéaltha aisdrighthe ó'n Sacsbhéarla ag Pádraig Ó Súilleabháin, Sealy Bryers & Walker, Baile-an-Átha-Cliath, 1902.
Ó Táilliúir, Pádraig, *Ceartliosta de leabhair, paimfléid, etc. foilsithe in Éirinn ag Connrad na Gaedhilge 1893-1918.* Comhar, Baile Átha Cliath, 1964.

Ó hAodha, Tomás, *An Gioblachán (Finnsgéal Nuadh-Dhéanta)*, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1903.

Ó Séaghadha, Pádraig ('ConánMaol'), *An Buaiceas*, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1903.

Ó Séaghadha, Pádraig (Gruagach an Tobair), Annála Na Tuatha, Cuid I-III, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1905-1907.

Ó Súilleabháin, Seán,' 'Bergin, Ó Cuív agus prós an Athar Peadair sa `letiriú *Deoraidheacht* shímplí.'' In *Aon don éigse,* Institiúid Ardléinn Bhaile Átha Cliath, 2015.

Ó hAllmhuráin, Gearóid, *Short History Of Irish Traditional Music,* O'Brien Press. Baile Átha Cliath, 1998.
Ó Dubhghaill, Séamas, (Tadhg Méith) *Cathair Chonroí agus Sgéalta Eile.* Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1903.

Ó Riain, Liam P., *Sidheoga ag Obair,* sgéalta le h-aghaidh an aosa óig, **C**onnradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath. 1903**.**
Ó Riain, Liam P., *Caoimhghin Ó Cearnaigh: sgéal úrnua*, Clódhanna Teo. do Chonnradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1913.

Ó Riain, Liam P., *An Bhóinn agus an Bhóchna*, (Philip O'Leary eag./d'aistrigh) Arlen House, Baile Átha Cliath, 2019.

Ó Cíosáin, Niall, *Print and Popular Culture in Ireland, 1750-1850,* MacMillan Press, Basingstoke, 1997.

Ó Cíosáin, Niall, 'Print and Irish, 1570-1900, (exceptional among the Celtic languages)', *An Radharc,* Vol. 5/7 2005-2006, pp. 73-106. Glucksman Ireland House, New York University, 2004.

Ó Cíosáin, Niall, 'Creating an audience: innovation and reception in Irish language publishing, 1880-1920'. Chapter 1 (5-15), *The Irish Book in the 20th Century*, ed. Hutton. Irish Academic Press, Dublin, 2004.

Ó Conaire, Pádraig, *Deoraidheacht :úirsgeal ar an aimsir seo atá i láthair*. Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath,1910.

Ó Conaire, Pádraig, *Ceachta na nEaladhan,* Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath,1908.

Ó Conaire, Pádraig, *Bairbre Ruadh, dráma,* Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath,1908.

Ó Conaire, Pádraig, *Nóra Mharcuis Bhig agus Sgéalta eile,* Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath,1909.

Ó Conaire, Pádraig, *An Sgoláire Bocht agus Sgéalta eile,* Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath,1913.

Ó Conaire, Pádraig, *An Chéad Chloch*, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath,1914.

Ó Conaire, Breandán, 'Daithí Ó Coimín agus bunú Irisleabhair na Gaeilge', *Comhar*, Aibreán 1980, 10-15.

Ó Caithnia, Liam P., *Mícheál Cíosóg*, Leabhair Thaighde, an 39ú hImleabhar. An Clóchomhar Tta, Baile Átha Cliath 1982.

Ó Coigligh, Ciarán, *Raiftearaí: amhráin agus dánta*, An Clóchomhar, Baile Átha Cliath, 1987.

Ó Conchubhair, Brian, *Fin de Siècle na Gaeilge.* An Clóchomhar Tta., Conamara, 2009.

Ó Conluain, Proinsias agus Ó Céileachair, Donncha, *An Duinníneach*, Sáirséal agus Dill, Baile Átha Cliath, 1958.

Ó Corragáin, Peadar, 'Muineachán agus an Teanga Ghaeilge' *Énrí Ó Muirgheasa* (1874-1945*)* Éigse Fhearmhaí, 1974.

Ó Dálaigh, Brian, 'Tomás Ó Míocháin and the Munster Courts of Gaelic Poetry' c.1730–1804' *Eighteenth-Century Ireland / Iris an dá chultúr* Vol. 27 (2012), pp. 142-161 Roinn na Staire, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath.

Ó Dálaigh, Pádraig, *Riobard Bheldon, file an Chomaraigh*, Comhlucht Oideachais na h-Éireann, Baile Átha Cliath, 1903.

Ó Donnchadha, Tadhg, *Filidheacht Fiannaigheachta*, Comhlacht Oideachais na hÉireann, Baile Átha Cliath, 1933.

Ó Dubhghaill, Séamus, *Leabhar Cainte.* Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1902.

Ó Mórdha Séamas P., 'Saothar Énrí Uí Mhuirgheasa', *Clogher Record, Iml. 3,* 1975: 227-253.

Ó Neachtain Eoghan, *I dTaoibh na hOibre*, paimfléad, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1901. [Leabhairíní Gaedhilge le haghaidh an tSluaigh, III].

Ó Duinnín Pádhraig, An tAthair/Dinneen, Rev. Patrick S. *Dánta Aodhagáin Uí Rathaile*, Cumann na dTéacsanna Gaedhilge, Iml. III, Nutt, Londain, 1900.
Ó Duinnín Pádhraig, An tAthair/Dinneen, Rev. Patrick S. *Amhráin Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin,* , Conradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1901.

Ó Duinnín Pádhraig, An tAthair/Dinneen, Rev. Patrick S. *Amhráin Sheagháin Chláraigh Mhic Domhnaill*, Conradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1902.

Ó Duinnín Pádhraig, An tAthair/Dinneen, Rev. Patrick S. *Dánta Shéafraidh Uí Dhonnchadha an Ghleanna,* , Conradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1902.

Ó Duinnín Pádhraig, An tAthair/Dinneen, Rev. Patrick S. *Beatha Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin*, Conradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1902.

Ó Duinnín Pádhraig, An tAthair/Dinneen, Rev. Patrick S., *Creideamh agus Gorta*, dráma, Ponsonby, Gill, , Conradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1901.

Ó Duinnín Pádhraig, An tAthair/Dinneen, Rev. Patrick S. *Prós Gaedhealach*, McTernan Prize Essasys, published for Society for the Preseservtion of the Irish Language, Gill, Baile Átha Cliath, 1902.

Ó Duinnín Pádhraig, An tAthair/Dinneen, Rev. Patrick S., *Cormac Ua Conaill*, úrscéal, Conradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1901.

Ó Duinnín Pádhraig, An tAthair/Dinneen, Rev. Patrick S.. *Foclóir Béarla agus Gaedhilge*, Gill, do Chonradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1904, Nutt, do , Chumann na dTéacsanna Gaedhilge, Londain, 1904.

Ó Foghludha Risteárd, eag. *Ar Bruach na Coille Muaire: Liam Dall Ó hIfearnáin,* Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1939, lth. 45-51.

Ó Súilleabháin, Donncha, *Connradh ba Gaeilge i Londain, 1894-1917*, Conradh na Gaeilge, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, 1989.

Ó Súilleabháin, Donncha, *Oireachtas na Gaeilge, 1894-1917,* Conradh Na Gaeilge, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, 1997.

Ó Súilleabháin, Donncha, *Cath na Gaeilge sa Chóras Oideachais 1893-1911*, Conradh na Gaeilge, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, 1988.

Ó hÁinle, Cathal eag. *Gearrscéalta an Phiarsaigh*, Cló Thalbóid, Baile Átha Cliath, 1979.

Ó Láimhín, an tAth. Tomás S., *An tAthairTomás Ó Ceallaigh agus a Shaothar*, Complacht Foillsithe an Iarthair TTA, Gaillimh, 1943.

Ó Macháin, Pádhraig 'Fr. Patrick Meany and the Keating Society', *Studia Hibernica* (2011:163-194).

Ó Neachtain, Eoghan, *I dTaobh na hOibre*, Conradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1901.
Ó Fiaich Tomás: *Art Mac Cumhaigh: Dánta*, An Clóchomhair, Baile Átha Cliath, 1973.

Ó Muirgheasa Frainc, 'Énrí Ó Muirgheasa—cúlra an fhir', aiste in *Énrí Ó Muirgheasa (1874–1945),* eag. Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, Baile Átha Cliath, 1974 do Éigse Fhearnmhaí, 1974.

Ó Muimhneacháin Aindrias, *Dóchas agus Duainéis,* Cló Mercier, Corcaigh, 1975.

Ó Muirgheasa Énrí, *Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh*, Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Baile Átha Cliath, 1934.

Ó Muirgheasa, Frainc/Ó Casaide, Peadar, A Man of Farney. Éigse Fhearnmhaí 1974.

Ó Muirgheasa, Énrí,*Amhráin na Midhe Cuid 1*. Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Baile Átha Cliath, 1933. (Athchóiriú ag Lesa Ní Mhunghaile, Cumann Énrí Ó Seandalaíochta agus Staire na Mí 2015)

Ó Muirgheasa, Énrí, *Dánta Diadha Uladh.* Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Baile Átha Cliath, 1936.

Ó Muirgheasa, Énrí (Henry Morris), 'A forgotten patriot', *The Leader*, eagrán 7 Deireadh Fómhair 1939, (227-229).

Ó Séaghadha, Pádraig (Conán Maol), *An Buaiceas*: *Ceithre sgéalta rug craobh an Oireachtais leo sa bhliain 1898*. Seosamh Laoide do chuir in eagar. Connradh na Gaeilge 1903.

Ó Conaire, Breandán. *Na Protastúnaigh, Dubhghlás de hÍde agus an Ghaeilge, Seanchas Ard Mhaca, Iml. 15 Uimh, 2.* 1993, Parochial House. Armagh.

Ó hÓgáin, Daithí, *An File, staidéar ar osnádúrthacht na filíochta sa traidisiún Gaelach*, Oifig an tSolathair, Baile Átha Cliath. 1982.

Ó Searcaigh, Donnchadh, *An Uiseog: dornán amhrán ó Chúigeadh Uladh*. Ar n-a chur amach do Chonnradh na Gaedhilge, i mBaile Átha Cliath, 1905.

Ó Ceallaigh, Seán, *Filíocht na gCallanán*, An Clóchomhar, Baile Átha Cliath, 1967.

Ó Buachalla, Breandán, *Peadar Ó Doirnín, Amhráin*, An Clóchomhar, Baile Átha Cliath, 1969.

Ó Máille, Tomás, *Amhráin Chearbhalláin: the poems of Carolan together with other N. Connacht and S. Ulster lyrics*, Cumann na Scríbheann nGaedhilge, Londain, 1916.

Ó Foghludha, Risteárd, *Log-Ainmneacha: Dictionary of Irish Place-names*, Brún agus Ó Nualláin Tta, Baile Átha Cliath, 1935.

Ó Súilleabháin, Donncha, *Scéal an Oireachtais. 1897-1924*, Conradh na Gaeilge, Baile Átha Cliath, 1993.

Ó Glaisne, Risteárd, *Gaeilge i gColaiste naTríonóide*, 1592-1992, Preas Choláiste naTríonóide, 1992.

Ó Glaisne, Risteárd, *Dúbhglas de h-Íde (1860-1949)*, Conradh na Gaeilge, Baile Átha Cliath, 1993.

Ó Glaisne, Risteárd, *Dúbhglas de h-Íde (1860-1949) ceannródaí cultúrtha*, Conradh na Gaeilge, Baile Átha Cliath, 1991.

Ó Siochfhradha, Pádraig, (An Seabhac) *An Baile s'Againne*, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1913.

Ó Maolfabhail, Art, *Logainmneacha na hÉireann sa Triú Milaois*, An Coimisiún Logainmneacha, BaileÁtha Cliath,1992.

Ó hAilín, Máirtín, 'Irish revival movements', *A View of the Irish Language*, (eag Ó Cuív), Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1969.

Ó Ruairc Maolmhaoidhóg, *I dTreo Teanga Nua***,** Cois Life Teo., Baile Átha Cliath, 1999.

Ó Laoghaire, Pádraig, *Sgéaluidheacht Chúige Mumhan*, Connradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath, 1895. (Cló: Pádraig Ó Briain)

Ó Broin, Leon. *Just Like Yesterday: an autobiography*, Gill and McMillan, Dublin, 1986.

Ó Lúing, Seán. *Kuno Meyer, 1858-1919:A Biography*, Geography Publications, Dublin. 1991

Piatt, Donn, *Mhaireadar san Ardchathair*, F.Á.S. Baile Átha Cliath, 1957.

Pollard, Captain J. B. C., *The Secret Societies Of Ireland: Their Rise And Progress*, London, Philip Alan & Co., 1922.

Potter, Mathew *The Municipal Revolution in Ireland. A handbook of urban government in Ireland since 1800.* Irish Academic Press, Baile Átha Cliath, 2010.

Quiggin, E.C, *A Dialect of Donegal*: *being the speech of Meenawannia in the parish of Glenties*. Cambridge University Press, 1906

Rannóg an Aistriúcháin, *Litriú na Gaeilge, Lámhleabhar an Chaighdeáin Oifigiúil*, (Réamhrá:iv), Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1947

Rolleston T.W., *Ireland, the empire and the war*, Sealy, Bryers and Walker, Dublin 1900.

Rolleston T.W., 'In a quiet watered land', *Oxford Book of English Verse,* Oxford, 1912:1025-6.

Rolleston, Commander C.H., *Portrait of an Irishman, A biographical sketch of T.W. Rolleston,* Methuen, London, 1939.

Ruiséal, T. Ó Néill. ed. *Fíor Chláirseach na h-Eireann or, The True Harp of Erin*: a collection of some of the most popular folk songs and short poems in the Irish language, together with many which have never before been published. M.H. Gill, Dublin, 1900.

Ruiséal, T. Ó Néill. ed. *An Bhoramha Laighean, or The Leinster Tribute,* M.H. Gill, Dubllin. 1901.

Robinson, Tim, 'Listening to the landscape', *Irish Review,* Iml 14 (Autumn), Cork University Press, 1993.

Said, Edward, *Culture and Resistance. Conversations with David Barsamian,* Pluto Press, London, 2003.

Santschi-Cooney. Sascha, *The Dialect of Forth and Bargy*, Wexford County Council, Wexford, 2019

Stokes, Whitley, *Lives of The Saints from The Book of Lismore*, The Clarendon Press, Oxford, 1890.

Strachan, John, 'A Manx folksong' *Zeitschrift für Celtische Philolog*ie, I band (eg. Meyer/Stern) (54-58), David Nutt, London, 1897.

Sweet, Henry, *The History of Language,* J.M Dent, London, 1900.

Schoepperle, Gertrude, 'Irish studies at the University of Illinois', *Studies* an Irish Quarterly Review, Márta, 1918, Imleabhar 7, Uimhinr 25, lth. 100-111.

Society for the Preservation of the Irish Language, *Tóruigheacht Dhiarmuda agus Ghráinne,* Part 1, M.H. Gill, Dublin, 1880.

Titley, Alan, *An tÚrscéal Sa Ghaeilge,* An Clóchomhar, Baile Átha Cliath, 1992.

Trimble, Gearóid, *The Dundalk Democrat agus Oidhreacht na Gaeilge in Oirdheisceart Uladh ag casadh an 20ú h-aois* (1895 go 1915), Coiscéim, Baile Átha Cliath, 2008.

Trimble, Gearóid, '*Filí. mionfhilí agus rannairí in Oirialla', Féilscríbhinn Anraí Mhic Giolla Chomhaill* (pp 45-65), 2011.

'The Irish Texts Society', *The Celtic Review*, Vol. 7. No. 26 (May 1911).pp. 190-192

Uí Chollatáin, Regina, *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae, 1899-1952,* Cois Life Teoranta, Baile Átha Cliath, 2004.

Uí Chollatáin, Regina, *Iriseoirí Pinn na Gaeilge, an cholúnacht liteartha: critic iriseoireachta,* Cois Life Teoranta, BaileÁtha Cliath, 2008.

Uí Fhlannagáin, Fionnuala, Mícheál Ó *Lócháin* agus An *Gaodhal*, An Clóchomhar, Baile Átha Cliath 1990.

Ua Cnáimhsí Pádraig, *Róise Rua.* le Pádhraig Ua Cnáimhsí, Sáirséal Ó Marcaigh, B.Á.C., 1988.

Ua Cnáimhsí Pádraig, *Róise Rua: An Island Memoir* aistrithe ag J.J. Keaveney,Mercier Press, Cork, 2009:

Ua Laoghaire, An tAthair Peadar, *Séadna*, curtha in eagar ag Liam Mac Mathúna, Carbad, Baile Átha Cliath, 1987. (An chéad chló, The Irish Book Company. Baile Átha Cliath, 1904).

Wall, Maureen, 'Decline of the Irish language' *A View of the Irish Language*, (eag Ó Cuív), Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1969.

Woulfe. Rev. Patrick, *Sloinnte Gaedheal is Gall, Irish names and surnames*, (Revised Edition), Irish Genealogical Foundation, Kansas City, 1992.

Williams, J.E. Caerwynn agus Ní Mhuiríosa, Máirín, *Traidisiún Liteartha na nGael*, An Clóchomhar, Baile Átha Cliath, 2001.

Williams, Nicholas, *I bPrionta i Leabhar*, An Clóchomhar, Baile Átha Cliath, 1990.

Williams, Nicholas, 'Téacsanna foghrúla ó Chontae na Mí', *Studia Hibernica*, , Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath, (2000-2001: 277-291).

Walsh, John agus Ó Muircheartaigh, Peadar, *Ag Siúl an Bhealaigh Mhóir*, Aistí in ómós do Nollaig Mac Congáil, Comhar Teoranta, Baile Átha Cliath, 2016.

Foinsí

Innéacsanna

Innéacs ar líne Acadamh Ríoga na hÉireann, corpas.ria.ie., fng.ria.ie

Gníomh Dóchais, Irisleabhar na Gaedhilge 1882-1909 le Liam Mac Peaircín (2018).

Innéacs Uí Chollatáin do ACS An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae 1899-1932(2002)

Suíomhanna Idirlín

archive.org

digital.library.villanova.edu

irishgenealogy.ie

familysearch.org

ainm.ie

logainm.ie

Cartlanna

An Chartlann Náisiúnta

Cartlann an Laoidigh sa Leabharlann Náisiúnta

Cartlann an Laoidigh san Acadamh Ríoga

Cartlann Énrí Uí Mhuirgheasa i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

An Claidheamh Soluis ar líne, Conradh na Gaeilge,

Cartlann Chonradh na Gaeilge.